

Ceachtanna Séasúracha

Ceacht 1: Beatha le Dia go síoraí ar Neamh

Ceacht 2: Ag cuimhneamh ar Naomh Bríd

Ceacht 3: Ár mBráithre agus ár Siúracha Moslamacha

Ceacht 4: An borradh a tháinig orainn i nGrá Dé!

Ceacht 1: Beatha le Dia go síoraí ar Neamh

ÓN GCURACLAM

Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ

Rúndiamhair Dé

- Tá grá ag Dia dom agus tá aithne phearsanta aige orm
- Gheall Dia go gcuirfeadh sé Slánaitheoir chugainn
- Ar Dhomhnach Cásca, thóg Dia an tAthair Íosa ó mhairbh le saol nua a chaitheamh i gcolainn ghlórmhar. Tugtar an t-Aiséirí ar seo

Rúndiamhair Íosa Críost

- Tugtar ‘Slánaitheoir’ ar Íosa de bhrí gur shaor sé sinn ó pheaca lena shaol, a bhás agus a Aiséirí
- Tar éis an Aiséirí, chuaigh Íosa suas ar neamh chun áit a ullmhú dúinne

Muire

- Is eiseamláir thar na bearta/ardcheannasach í an Mhaighdean Mhuire den chreideamh i nDia Uilechumhachtach mar chreid sí ‘nach bhfuil aon rud dodhéanta do Dhia’

An Bheatha Shíoraí

- Mairfidh Ríocht Dé, a thosaigh ar talamh, go deo
- Tá Dia ag iarraidh go mairfimid go sona, leis féin, sna flaithis go deo, trí shlánú Íosa
- Dúirt an Tiarna Íosa: ‘Cibé a chreideann

ionamsa beidh an bheatha shíoraí aige agus ardóidh mé suas é ar an Lá Deireanach’. Creideann Críostaithe agus tá dóchas acu go mbeidh saol nua aiséirithe acu le hÍosa aiséirithe. Tugtar an bheatha shíoraí ar seo (1 Cor 15:23-4)

- ‘Díreach mar atá Críost aiséirithe agus ag maireachtáil go deo, aiséireoidimid ar an lá deireanach’ (ChEC 1016; 1 Cor 15:54-7)
- Creideann Críostaithe go mbeidh siad le Críost agus go bhfeicfidh siad Dia nuair a gheobhaidh siad bás (1 Cor 13:12)
- Creideann Críostaithe go n-aiséireoidh a gcoirp agus a n-anamacha ó mhairbh
- Íomhánna de na Flaithis: beatha, solas, síocháin, fleá na bainise, fíon an Ríochta, teach an Athar, Párthas

BRIATHAR DÉ

An Scrioptúr Naofa

- 1 Cor 13:12; 15:20, 54, 57 An Bheatha Shíoraí
- Salm 139

LIOTÚIRGE AGUS URNAÍ

Urnaí Fhoirmeálta

- Comhartha na Croise
- Paidir ar son iad siúd a fuair bás
- Cré na nAspal

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo ó Eochairchéim 2:

CUSPÓIR FOGHLAMA 1

Foilsíú Dé

Beatha Íosa

f. Ministreacht Íosa.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltai:

- Iarmhairtí agus impleachtaí chaidreamh Íosa le daoine a fháil amach, a phlé agus a fhorbairt.

CUSPÓIR FOGHLAMA 2

c. Adhradh agus Urnaí.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltai:

- Paidreacha a léamh ón Bhíobla, agus ó fhoinsí eile.
- A aithint gur féidir go mbíonn baint ag an urnaí agus ag an adhradh le hócáidí agus le háiteanna speisialta.



SULA DTOSAÍONN TÚ

Ó thús na sraithe *I nGrá Dé*, d'fhoghlaim na páistí faoin mbás. D'fhoghlaim siad sa dúlra, go leanann beatha nua an bás. D'fhoghlaim siad faoi Shollúntas na Naomh Uile agus faoi Chuimhneachán na bhFíréan uile atá Marbh agus faoi bheatha Naomh Thérèse de Lisieux agus Naomh Uinseann de Pól. D'fhoghlaim na páistí gur daoine iad na naoimh, le linn a saoil, gur léirigh siad a ngrá do Dhia trí ghrá a roinnt ar dhaoine eile. Is féidir linn a lán a fhoghlaim ó na naoimh agus is féidir linn guí tríothu agus is féidir leo guí ar ár son.

Ghlac na páistí páirt freisin i seirbhísí urnaí agus ghuigh siad ar son siúd a fuair bás. D'fhoghlaim siad gur shábháil Íosa áit ar neamh dúinn uile. Teastaíonn ó Dhia go mbeadh gach duine againn, a chlann, in éineacht leis go deo ar

neamh. Gheall Íosa dóibh siúd a thugann grá do Dhia agus dá chomharsa agus a mhaireann ar an mbealach gur léirigh sé dúinn go mbeidís go síoraí leis ar neamh.

Is é teagasc na hEaglaise é, go n-athghintear daoine mar clann Dé, trí Shacraimint an Bhaiste. Mar sin féin, cé gur cinnte é go bhfuil Dia i láthair sna sacraimintí, tá Dia é féin níos mó ná na sacraimintí agus faigheann sé bealaí chun teagmháil a dhéanamh le gach duine, lena n-áirítear iad siúd nár chuala riamh an tSoiscéal.

Sa cheacht seo cabhraimid leis na páistí tuiscint a fháil ar choincheap na beatha síoraí – an bheatha shíoraí le Dia. Cloisfidh na páistí an méid a dúirt Naomh Pól le muintir na Corainte faoin bheatha shíoraí.

EOCHAIRFHOCAIL

An Bheatha Shíoraí: Saol síoraí in éineacht le Dia, atá geallta dóibh siúd ar fad a bhfuil grá acu do Dhia agus a mhaireann ar an mbealach a léirigh Íosa dóibh.

Neamh: Téarma a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar shonas na beatha síoraí le Dia.

Lá na Naomh Uile: Lá (1 Samhain) nuair a thugtar onóir do na naoimh go léir. Tugtar Sollúntas na Naomh Uile ar an bhféile seo freisin.

Lá na bhFíréan Uile atá Marbh: Lá (2 Samhain) nuair a chuimhnímid agus nuair a ghuímid ar son gach duine a fuair bás. Tugtar Cuimhneachán na bhFíréan Uile atá Marbh ar an bhféile seo freisin.

Cártaí cuimhneacháin: Cártaí urnaí chun cuimhneamh a dhéanamh ar dhuine a fuair bás.

NITHE A BHEIDH AG TEASTAIL UAIT

- Cártaí cuimhneacháin
- Roinnt scáthán láimhe
- Scáthán

Féachaimis ...

AG COMHRÁ

MAIDIR LE BEATHA AGUS BÁS

NÓTA DON MHÚINTEOIR: D'fhéadfadh eispéireas ar an mbás a bheith faighte ag páistí áirithe le déanaí, mar sin is cóir duit a bheith an-chúramach sa chás sin. Seans go mbeidh ort an comhrá a chur in oiriúint do na riachtanais ar leith atá ag na páistí i do rang, agus cothromaíocht a choinneáil sa chaoi nach bhfuil tú róchosanta faoi réaltacht an bháis ar fud an domhain.

Déan comhrá leis na páistí faoina dtaithí ar bheatha agus ar bhás ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cad atá foghlamtha agat tríd an Clár Glas-Scoileanna faoi shaolré na bplandaí agus na gcrann? Cad a tharlaíonn sa deireadh do gach planda agus crann?
- Faigheann daoine agus ainmhithe bás freisin. An bhfuil aithne agat ar aon duine a fuair bás? Cad a dhéanaimid chun cabhrú linn cuimhneamh ar dhaoine, a bhfuil aithne againn orthu, agus a fuair bás?
- Conas a chuimhníonn an Eaglais ar dhaoine a fuair bás?
- Cén mhí den bhliain a ndéanaimid cuimhneamh

go háirithe ar dhaoine a fuair bás? (Samhain)

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Cá bhfuil súil againn go bhfuil na daoine a fuair bás anois?
- Cén chuma atá ar neamh, dar leat?
- Cén chaoi, meas tú, a bheadh sé a bheith in éineacht le Dia ar neamh?

Lig do na páistí a gcuid ceisteanna féin faoin mbás agus faoin bheatha shíoraí a chur agus a phlé.

Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 94 dá leabhair.

SCÉAL

Sa Bhaile faoi Dheireadh

Bhí deirfiúr Cháit, Aoife agus a fear céile Brian, tar éis imeacht go dtí an Astráil. Bhí sé beartaithe acu teacht abhaile ar cuairt tar éis bliana, ach bliain ina dhiaidh sin d'athraigh cúrsaí dóibh - bhí buachaill óg ag Aoife agus Brian! Mar sin, chuir siad an chuairt siar ar feadh tamaill.

Bhí díomá ar Cháit agus a máthair nach bhféadfaidís Síomón a fheiceáil go pearsanta, ach d'eisigh Aoife grianghraif i ríomhphost gach lá agus labhair siad go minic ar Skype. Bhí Cáit i gcónaí ag caint faoina nia nua. 'Ba mhaith liom Síomón a bheith i mo bhaclainn agam agus a bheith ag súgradh leis agus é a bheathú. Ba mhaith liom iad a theacht abhaile go luath!'

Agus faoi dheireadh, tháinig an lá nuair a d'fhill deirfiúr Cháit agus a teaghlach abhaile ar saoire. Thiomáin Cáit agus a máthair agus a hathair chuig an aerfort chun bualadh leo. Bhí Cáit ar bís. 'Ó teastaíonn uaim iad a fheiceáil! An féidir le Síomón codladh i mo sheomra? An féidir linn Síomón a thabhairt go dtí an zú?'



Ócáid iontach a bhí ann nuair a tháinig Aoife, Brian agus an leanbh Síomón tríd an halla teachta agus aontaíodh an clann ar fad le chéile ar deireadh.

Bhí Cáit ar bís le háthas nuair a bhí a nia ina baclainn aici. 'Nach gleoite é Síomón,' ar sí, 'bhí sé gleoite sna grianghraif ach b'fhearr liom é a bheith i mo bhaclainn agam!' Bhí Cáit ar bís le háthas. 'Tá sé i bhfad níos fearr Síomón a fheiceáil go pearsanta ná ar Skype,' a dúirt sí. 'Is féidir liom a chuid loigíní agus a chatailí gruaige agus a shúile gorma a fheiceáil. Is breá liom an méid sin! Is maith liom é a fheiceáil in aice liom.'

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cá raibh Aoife agus Brian ina gcónaí?
- Cén fáth nár tháinig siad abhaile tar éis bliana, mar a bhí beartaithe acu?
- Cad iad na pleananna a bhí ag Katie don leanbh Síomón?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as

ceisteanna cosúil le:

- Ar labhair tú riamh, ar Skype nó ar Facetime nó ar chineál eile de na meáin shóisialta, le duine nach bhfaca tú le fada? Cén difríocht a bheadh ann dá mbuailfeá leo go pearsanta?
- An dóigh leat gur féidir leat aithne a chur ar dhuine gan bualadh leo go pearsanta? Cén fáth nó cén fáth nach féidir leat? Cad atá difriúil faoi a bheith in éineacht le dhuine, faoi iad a fheiceáil go pearsanta?

PAIDIR

Comhartha na Croise

Múinteoir (ag lasadh an choinneal): Agus muid ag lasadh ár gcoinneal cuimhnímid go bhfuil Dia anseo linn. Bailímid inniu chun cuimhneamh orthu siúd a fuair bás. Le linn mhí na Samhna, ceiliúraimid Lá na Naomh Uile agus Lá na bhFíréan Uile atá Marbh, nuair a chuimhnímid ar na daoine a fuair bás. Is é an freagra ar an urnaí ná: Suaimhneas síoraí tabhair dóibh, a Thiarna, agus go lonraí solas suthain orthu. Áiméan.

Gach duine: Suaimhneas síoraí tabhair dóibh, a Thiarna, agus go lonraí solas suthain orthu. Áiméan.

Múinteoir: Guímis ar son tuismitheoirí, seantuismitheoirí agus sin-seantuismitheora a fuair bás. Suaimhneas síoraí tabhair dóibh, a Thiarna. Guímis.

Gach duine: Suaimhneas síoraí tabhair dóibh, a Thiarna, agus go lonraí solas suthain orthu. Áiméan.

Múinteoir: Guímis ar son uncailí agus aintíní agus gaolta eile a fuair bás. Suaimhneas síoraí tabhair dóibh, a Thiarna. Guímis.

Gach duine: Suaimhneas síoraí tabhair dóibh, a Thiarna, agus go lonraí solas suthain orthu. Áiméan.

Múinteoir: Guímis ar son cairde agus comharsana a fuair bás. Suaimhneas síoraí tabhair dóibh, a Thiarna. Guímis.

Gach duine: Suaimhneas síoraí tabhair dóibh, a Thiarna, agus go lonraí solas suthain orthu. Áiméan.

Múinteoir: A Dhia ghrámhair, gabhaimid buíochas leat as bronntanas na beatha síoraí agus guímid, le cabhair do ghrásta, go lonraí solas na bhFlaitheas orainn i ndiaidh báis. Seasaimis agus guímis an chuid dheireanach de Chré na nAspal le chéile.

Gach duine: Creidim sa Spiorad Naomh, sa Naomh-Eaglais Chaitliceach, i gcomaoín na naomh, i maithiúnas na bpeacaí, in aiséirí na colainne, agus sa bheatha shíoraí. Áiméan.

Amhrán Deiridh: Can iomann/amhrán oiriúnach

Comhartha na Croise

Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.

Foghlaimimis ...

AG COMHRÁ

MAIDIR LEIS AN MBEATHA I NDIAIDH AN BHÁIS

- Tosaigh tríd an scéal ‘Sa Bhaile faoi dheireadh!’ a thabhairt chun cuimhne. Ní raibh Katie agus a teaghlach in ann fanacht chun an leanbh Síomón a fheiceáil go pearsanta agus chun aithne a chur air. Chonaic siad go leor grianghraif den leanbh nua agus chuala siad go leor scéalta faoi, ach ní raibh sé mar an gcéanna le bualadh leis go pearsanta.
- Ansin labhair leis na páistí faoin gcaoi a d’fhéadfaí é seo a chur i gcomparáid lenár gcaidreamh le Dia agus a Mhac, Íosa, ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a léithéid de cheisteanna:
 - » Tá go leor scéalta cloiste agat faoi Dhia agus faoi Íosa. Ar smaoinigh tú riamh cén chaoi a bheadh sé bualadh le Dia, bualadh le hÍosa, go pearsanta?
 - » Dúirt Íosa linn, má mhairimid ar an mbealach a thaispeáin sé dúinn, le grá a thabhairt do Dhia agus don chomharsa, is féidir linn a bheith ag tnúth leis an bheatha shíoraí ar neamh tar éis dúinn bás a fháil, nuair a tiocfaidh deireadh lenár saol ar domhan. Ansin, beimid le Dia agus leo siúd go léir a fuair bás cheana féin agus atá imithe ar neamh. Nuair a tharlaíonn sé sin, beidh aithne níos iomláine againn ar Dhia ná riamh agus beidh freagraí againn ar ár gceisteanna go léir. An mbeifeá ag tnúth lena léithéid?
- » Cé a bhfuil aithne agat orthu a fuair bás? An mbeifeá ag tnúth le bualadh leis na daoine sin ar neamh? Inis dúinn faoi dhuine a fuair bás ar mhaith leat bualadh leo arís ar neamh. Cad a déarfá leo nuair a bhuaileá leo? Cad iad na ceisteanna a chuirfeá orthu?
- Mínigh do na páistí go n-úsáidimid an téarma ‘beatha shíoraí’ le cur síos a dhéanamh ar an saol síoraí le Dia. Seo a theastaíonn ó Dhia do gach duine againn: go mbeimis in éineacht leis go deo ar neamh.
- Cuir i gcuimhne na bpáistí go nguimid i rith mí na Samhna go háirithe ar son anamacha na marbh. Gach uair a théimid ar Aifreann guímid ar son na marbh freisin. Ní dhéanaimid dearmad ar ár ngaolta. Slí amháin ina gcuimhnímid orthu ná trí cárta cuimhneacháin a chuireann i gcuimhne dúinn guí ar a son.
- Tabhair cuireadh do na páistí labhairt faoi na daoine sna cártaí cuimhneacháin a thóg siad ar scoil leo, agus ansin na cártaí a chur sa spás urnaí. Beidh siad in ann a gcuid cártaí a thabhairt abhaile leo nuair a bheidh an ceacht críochnaithe.

AN SCRÍPTÚR NAOFA

AN BHEATHA SHÍORAÍ

Nóta: Beidh scáthán láimhe amháin, nó níos mó, ag teastáil uait.

Tar éis an Aiséirí, nuair a d’fhill Íosa ar a Athair ar neamh, lean ceannairí na ndeisceabal lena obair ag roinnt an Dea-Scéala. Bhí Naomh Pól ar dhuine de na ceannairí sin, a chuala sibh faoi i gceachtanna roimhe seo. Scríobh Naomh Pól go leor litreacha chuig na daoine ag míniú teachtaireacht Íosa dóibh. Uair amháin scríobh sé chuig muintir na Corainte, na Corantaigh, agus d’inis sé an Dea-Scéala dóibh, a mhúin Íosa faoin bheatha tar éis bháis. Dúirt sé leo gurbh é toil Dé é go mairfidís leis go deo ar neamh. Léifimid anois roinnt de na rudaí a mhúin Naomh Pól faoin bheatha shíoraí ina chuid litreacha.

Míníonn an chéad sliocht a bhreathnóimid air, nuair a fhaighimid bás, go bhfreagrófar ár gceisteanna go léir faoin méid a tharlaíonn tar éis bháis, agus go dtuigimid gach rud go soiléir don chéad uair. Bígí ag éisteacht anois leis an dteachtaireacht sin.

Faoi láthair ní fheicimid ach mar a bheadh scáil go doiléir i scáthán ach ar ball gheobhaimid radharc aghaidh ar aghaidh air. Níl ach breaceolas agam faoi láthair ach beidh eolas iomlán agam ar ball, chomh hiomlán leis an eolas atá orm. (1 Corantaigh 13:12)

Tar éis duit an sliocht ón Scríoptúr a léamh, tabhair cuireadh do chúpla páiste, ceo a chur ar scáthán lena n-anáil agus ansin chun breathnú ar an

aghaidh ann. Iarr orthu trácht a dhéanamh ar a bhfeiceann siad sa scáthán ceomhar.

Ansin seiceáil tuiscint na bpáistí ar an sliocht scríoptúrtha ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cén comparáid a dhéanann Naomh Pól idir an dóigh ina dtuigimid rudaí sa saol seo?
- An íomhá shoiléir í íomhá cheomhar i scáthán? Cén fáth nó cén fáth nach íomhá cheomhar í?
- Cad is brí le breathnú ar dhuine, 'aghaidh ar aghaidh'?
- Cad is brí le 'breaceolas' a bheith agat ar rud éigin nó ar dhuine éigin?
- Cad a chiallaíonn 'eolas iomlán' a bheith agat ar rud éigin nó ar dhuine éigin?
- Cé a deir Naomh Pól a bhfuil 'eolas iomlán' aige ar gach duine againn?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- An dóigh leat gur íomhá mhaith í 'íomhá cheomhar' le húsáid don tslí ina dtuigimid Dia? Cén fáth nó cén fáth nach íomhá mhaith í? An féidir leat smaoineamh ar íomhá eile a bheadh oiriúnach chun cur síos a dhéanamh ar an t-eolas atá againn ar Dhia?
- Cad iad na ceisteanna atá agat faoi Dhia, a ba mhaith leat freagraí a fháil orthu, nuair a thagann tú, ar deireadh, aghaidh ar aghaidh le Dia ar neamh?

I gcuid eile dá litir, d'inis Naomh Pól do na Corantaigh, díreach mar a d'aiséirigh Críost ó mhairbh go saol nua, mar sin, éireoidh siadsan freisin ar an lá deiridh.

Ach tá Críost dáiríre aiséirithe ó mhairbh, céadtoradh na muintire atá ina gcodladh... aithbheofar gach duine chomh maith i gCríost... Agus nuair a bheidh an corp somhille seo ina chló domhille...fiorfar ansin an focal úd atá scríofa: 'Tá an bás slogtha siar ag an mbua. Anois, a bháis, cá bhfuil do bhua? A bháis cá bhfuil do chealg?... Buíochas le Dia a thugann dúinn an bua trínar dTiarna Íosa Críost. (1 Cor. 15:20, 22, 54, 55, 57)

Tar éis duit an sliocht ón Scríoptúr a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- An cuimhin leat an scéal faoi Íosa a bheith aiséirithe ó mhairbh maidin Dhomhnach Cásca? Roinn cad is cuimhin leat faoin scéal sin.
- Cé hé an chéad duine a fuair amach go raibh Íosa aiséirithe go beatha nua? (Máire Mhaigdiléana)
- An cuimhin leat cuid de na daoine eile ar bhuail Íosa leo tar éis a Aiséirí? (Máire - máthair Shéamais, Peadar, beirt dheisceabail ar an mbóthar go hEamáús)
- Cén deisceabal a raibh amhras air go raibh Íosa tar éis aiséirí go saol nua? (Tomás)

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Cé a thugann an bua dúinn ar an mbás?
- Cathain a bheidh an bua againn ar an mbás?
- Cad is ainm eile don bheatha shíoraí le Dia tar éis bháis? (saol síoraí)

Dirigh aire na bpáistí chuig leathanach 95 dá leabhair.

GLAC NÓIMÉAD

Ag baint úsáid as na focail seo nó focail cosúil leo, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a thógáil le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh ... Déanaimis machnamh ar an méid a dúirt Naomh Pól in a litir chuig na Corantaigh ... Tar éis dúinn bás a fháil, má bhí grá againn do Dhia agus dár gcomharsa mar a mhúin Íosa, beimid le Dia go deo ar neamh ... agus beidh aithne againn ar Dhia mar

nach raibh aithne againn riamh air ... Smoinigh ar an gciall a bhaineann le sin ... Faoi láthair, tá eolas beag againn ar Dhia, agus tá a lán ceisteanna gan freagraí againn ... Nuair a bhuailimid le Dia ar neamh, freagrófar ár gceisteanna go léir agus beidh aithne iomlán againn air ... Samhlaigh a bheith aontaithe go hiomlán le Dia ... le hÍosa ... le Muire agus leis na naoimh ... agus leo siúd go léir a raibh aithne againn orthu agus a fuair bás ... agus tú ag maireachtáil go deo leo ar neamh ... Nuair atá tú réidh, oscail na súile.

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

IS CUIMHIN LINN

- Tabhair cuireadh do na páistí ainmneacha na ndaoine a bhfuil aithne acu orthu agus a fuair bás, a scríobh sa chóipleabhar don Oideachas Reiligiúnach faoin gceannteideal, 'Suaimhneas síoraí tabhair dóibh, a Thiarna.'
- Iarr orthu na hainmneacha a mhaisiú go geal le dathanna.

Mairimis ...

CAD A MHÚIN TÚ?

Faigheann gach rud beo bás. Do dhaoine, ní thagann an deireadh leis an mbás. Díreach mar a fuair Íosa bás agus ansin d'imigh sé ar ais chuig a Athair ar neamh, sinne a thug grá do Dhia agus a mhair ar an mbealach a mhúin Íosa dúinn, agus le cabhair ghrásta Dé, is féidir linn a bheith ag tnúth le beatha nua glórmhar le Dia agus leo siúd go léir a bhfuil grá acu dó ar neamh. Tugaimid an bheatha shíoraí ar seo - an bheatha shíoraí le Dia. Dúirt Íosa linn gurb é seo a theastaíonn ó Dhia do gach duine againn.

Tar éis d'Íosa dul ar ais ar neamh, scríobh Naomh Pól chuig muintir na Corainte agus chuir

sé i gcuimhne dóibh an Dea-Scéala a mhúin Íosa faoin bheatha shíoraí. D'úsáid sé iomhá de scáthán ceomhar chun cabhrú leo a thuiscint, agus muid ar domhan nach féidir linn Dia a fheiceáil ach ar bhealach páirteach, agus bíonn go leor ceisteanna againn gan freagraí orthu, ach nuair a fhaighimid bás agus nuair a thagaimid i láthair Dé, beidh ár n-eolas ar Dhia iomlán – chomh iomlán le heolas Dé orainn. I mí na Samhna cuimhnimid go háirithe orthu siúd a fuair bás. Guímid ar a son, go mbeidh an bheatha shíoraí acu le Dia.

GNÍOMHAÍOCHT

AG CRUINIÚ AGHAIDH AR AGHAIDH

- Tosaigh ag comhrá leis na páistí faoin difríocht atá ann idir labhairt le duine aghaidh ar aghaidh agus ag caint leo ó i bhfad, cosúil le ar an bhfón nó trí litir nó téacs.
- Ansin iarr ar na páistí péirí a dhéanamh. Mol cuid de na topaicí ónar féidir leo roghnú, cosúil le:

An cluiche boird is fearr liom

An rud is mó a bhfuilim ag tnúth leis faoi láthair

An scannán is fearr a chonaic mé riamh, srl.

- Tabhair cuireadh do na páistí comhrá a dhéanamh faoina rogha topaic ar feadh trí nóiméad lena gcomhpháirtí agus iad ina seasamh droim ar ais ar a chéile.
- Ansin tabhair cuireadh dóibh an rud céanna a dhéanamh arís, ach an t-am seo os comhair a

chéile.

- Ina dhiaidh sin, iarr ar na páistí labhairt faoin méid a d'fhoghlaim siad ón gcleachtadh seo ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:
 - » Cén chaoi a raibh sé bheith ag labhairt le duine droim ar ais lena chéile?
 - » An bhfuil sé níos éasca labhairt le duine aghaidh ar aghaidh? Cén fáth atá le seo?
 - » An dóigh leat go mbeadh sé níos éasca labhairt le Dia dá bhfeicimis é aghaidh ar aghaidh? Cén fáth go mbeadh sé nó cén fáth nach mbeadh sé?
- Cuir i gcuimhne na bpáistí, cé nach féidir linn Dia a fheiceáil aghaidh ar aghaidh, is féidir leis sinn a fheiceáil i gcónaí, agus cloiseann sé i gcónaí cad a deirimid leis. Is féidir linn labhairt le Dia am ar bith is mian linn.



ULLmhúchán:

- Más féidir, bíodh na páistí ina suí thart nó gar don spás urnaí. Mura féidir é seo a dhéanamh, tabhair cuireadh dóibh a gcathaoireacha a chasadh i dtreo an spáis urnaí. A chinntiú go n-áirítear cros chéasta/cros, coinneal agus an Bíobla Naofa sa spás urnaí.
- Roghnaigh seisear léitheoir. Tá na léachtaí ar fáil thíos agus féadfar iad a thaispeáint, nuair is gá, ar an gclár bán idirghníomhach.
- Roghnaigh beirt pháiste chun na nithe seo a leanas a ardú ag an am cuí le linn na seirbhíse: scáthán agus cártaí cuimhneacháin.

Comhartha na Croise

Iomann Oscailte: Can iomann/amhrán oiriúnach.

Múinteoir: Táimid bailithe le chéile anseo inniu chun guí ar son siúd a fuair bás. Is mian le Dia go mbeidh gach duine againn leis ar neamh nuair a fhaighimid bás. Chuir Dia Íosa chugainn chun an ‘bealach’ go dtí na Flaithis a thaispeáint dúinn. Gheall Íosa gur féidir leo siúd a bhfuil grá acu do Dhia agus a mhaireann ar an mbealach a mhúin sé, a bheith ag súil leis an mbeatha síoraí. D’imigh Íosa ar neamh chun áit a ullmhú dúinn.

Sa chéad léacht, cloisfimid an méid a dúirt Naomh Pól leis na Corantaigh maidir le bheith aontaithe le Dia ar neamh tar éis báis.

Páiste 1: Ardaíonn scáthán in airde

Léitheoir 1: Faoi láthair ní fheicimid ach mar a bheadh scáil go doiléir i scáthán ach ar ball gheobhaimid radharc aghaidh ar aghaidh air. Níl ach breaceolas agam faoi láthair ach beidh eolas iomlán agam ar ball, chomh hiomlán leis an eolas atá orm. (1 Corantaigh 13:12)

Briathar an Tiarna.

Gach duine: Buíochas le Dia.

Múinteoir: I Salm 139 léimid faoin mhion-eolas atá ag Dia orainn. Éistimis arís leis an méid a deir an salmaire.

Léitheoir 2: Scrúdaíonn tú mé, a Thiarna, agus is eol duit mé.

Más luí dom, más suí dom, is eol duit é;

is eol duit mo rún is mé i bhfad uait.

Más siúl dom, más suan dom, feiceann tú;

is eol duit mo shlí go léir.

Sula gcluintear focal ar mo theanga, a Thiarna, is eol duit ar fad é. Imdhruideann tú ar chúl is ar bhéal mé; agus leagann tú do lámh orm de shíor.

Is ró-iontach, ró-uasal liom an t-eolas seo; agus téann sé thar m’acmhainn a tuiscint. (Salm 139:1-6)

Múinteoir: Tá a fhios againn go bhfuil Dia linn i gcónaí. Tabharfaimis buíochas agus moladh le chéile do Dhia agus sinn ag guí. Is é an freagra ná: *Éist lenár nguí.*

Léitheoir 3: Gabhaimid buíochas le Dia as sinn a chruthú agus bronnantas na beatha a thabhairt dúinn ar domhan. A Thiarna i do thrócaire ...

Gach duine: Éist lenár nguí.

Páiste 2: Ardaíonn roinnt cártaí cuimhneacháin

Léitheoir 4: Gabhaimid buíochas le Dia as beathaí na naomh agus as na daoine a d’imigh romhainn. Cuimhnímid ar na daoine go léir atá ar na cártaí cuimhneacháin atá bailithe againn. A Thiarna i do thrócaire ...

Gach duine: Éist lenár nguí.

Léitheoir 5: Cuirimid ár muinín i nDia agus guímid go bhfeicfimid é agus iad siúd go léir a fuair bás, aghaidh ar aghaidh, ar neamh. A Thiarna i do thrócaire ...

Gach duine: Éist lenár nguí.

Léitheoir 6: Guímid go dtabharfaimid tacaíocht do dhaoine atá brónach agus uaigheach i gcónaí. A Thiarna i do thrócaire ...

Gach duine: Éist lenár nguí.

Múinteoir: Iarraimid ar Dhia anois go dtabharfaidh sé suaimhneas síoraí dóibh siúd go léir a fuair bás: Suaimhneas síoraí tabhair dóibh, a Thiarna, agus go lonraí solas suthain orthu. Áiméan.

Amhrán Deiridh: Can iomann/amhrán oiriúnach

Comhartha na Croise

Ceacht 2: Ag cuimhneamh ar Naomh Bríd

ÓN GCURACLAM

Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ

Rúndiamhair Dé

- Glaonn Dia ar dhaoine agus freagraíonn siad é (gairm bheatha)

Rúndiamhair Íosa Críost

- Bhí comhbhá ag Íosa le daoine eile, go háirithe leis na bochtáin agus leis na díbeartaigh agus dhéileáil sé leo le trua agus le cothroime

Rúndiamhair na hEaglaise/na Ríochta

- Tugann daoine fianaise do Ríocht Dé agus cabhraíonn siad leis fás trí aire a thabhairt do chruthú Dé, grá a thabhairt do dhaoine eile agus caitheamh leo ar bhealach atá ceart agus cóir
- Tús na Críostaíochta in Éirinn

- Naoimh: naoimh áitiúla

LIOTÚIRGE AGUS URNAÍ

Urnaí

Urnaí Fhoirmeálta

- Comhartha na Croise
- Glóir don Athair

Paidreacha Breise

- Freagraí an Aifrinn
- Paidir chuig Naomh Bríd
- Urnaí Ardmholadh

An Bhliain Liotúirgeach

- I rith na bliana Liotúirgí tugann ár nEaglais aitheantas do shaoil na naomh agus na mairtíreach agus déantar iad a cheiliúradh

SULA DTOSAÍONN TÚ

Tarlaíonn Lá Fhéile Bríde go bliantúil ar 1 Feabhra. Sa ré Cheilteach, roimh theacht na Críostaíochta go hÉireann, tugadh *Imbolg* ar an gcéad lá den earrach. Cuireann Lá Fhéile Bríde tús leis an earrach.

Sa chlár *I nGrá Dé* roimhe seo tugadh na páistí isteach ar Naomh Bríd, leis an bhéim ar a grá do Dhia agus ar a cineáltas do chách. D'fhoghlaim siad faoin mhainistir a bhunaigh Bríd i gCill Dara, áit a d'fhéadfadh le gach duine teacht le chéile chun guí.

Chaith Bríd a saol ag déanamh gnáthrudai ar bhealach neamhghnách. Tá go leor scéalta ann faoi thrócaire Bríd do na boicht, faoin bhronntanas leighis agus teagasc a bhí aici,

faoina flaithiúlacht agus a misneach in aghaidh deacrachtaí éagsúla. Le fada an lá bhí baint ag Bríd le timthriall na breithe agus leis an athbhreith sa dúlra agus i spiorad an duine.

Rugadh Naomh Bríd, ar a dtugtar 'Muire na nGael' uirthi freisin, in aice le Fochaird i gContae Lú timpeall na bliana 454. Tá a mainistir i gCill Dara

fós ina áit urnaí agus oilithreachta, áit ina mbailíonn daoine timpeall ar Thobar Bhríde in onóir di agus chun cuimhneamh ar a beatha.

Caitheann Siúracha san Ord Brigiteach a saoil ar son Dé, ag glacadh Bríd mar inspioráid dóibh féin agus ag leanúint ar aghaidh lena cuid oibre.

EOCHAIRFHOCAIL

Bachall: Fadó, bhain an t-aoire úsáid as bachall – maide cuartha, chun caoirigh a stiúradh ar ais go dtí an tréad. Sa lá atá inniu ann, bíonn bachall ag easpaig chun a ról mar aoirí ar thréad Dé a léiriú. Is minic, i bpictiúir de Naomh Bríd, go mbíonn bachall ina láimh aici.

Mainistir: Ainm ar an áit ina gcónaíonn manaigh agus mná rialta de ghnáth.

NITHE A BHEIDH AG TEASTAIL UAIT

- Bileog mhór de pháipéar ealaíne, ábhair dhathúcháin agus sean-irisí do gach grúpa páiste
- Go leor luachra nó soip ealaíne
- Bileog mhór de pháipéar ealaíne agus ábhair dhathúcháin do gach grúpa
- Coimeádán mór uisce (go hidéalach ó thobar beannaithe áitiúil), roinnt cloch, Cros Bhríde agus coinneal

Féachaimis ...

AG COMHRÁ

MAIDIR LE NAOMH BRÍD AGUS NAOIMH EILE

- Tosaigh trí shaoil na naomh, seachas Naomh Bríd, atá ar eolas ag na páistí cheana féin, a thabhairt chun cuimhne trí úsáid a bhaint as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:
 - » An cuimhin libh aon rud speisialta faoi Naomh Proinsias Assisi? Faoi Naomh Pádraig? Faoi Naomh Treasa de Calcúta (Kolkata)? Faoi Naomh Eoin Pól II?
- Ansin iarr ar na páistí aon scéalta nó fíricí a thabhairt chun cuimhne faoi Naomh Bríd a d'fhoghlaim siad níos luaithe sa chlár. (Chuala na páistí scéalta éagsúla faoi Naomh Bríd sa chlár i Rang a Dó/B4.)
- Abair leis na páistí go bhfuil siad chun scéal a chloisteáil anois faoi chuairt a thug cailín óig ar Thobar Naomh Bríd i gContae Chill Dara.

SCÉAL

NÓTA DON MHÚINTEOIR: Lasadh tine naofa i gCill Dara roimh theacht na Críostaíochta. Tugann scoláirí le tuiscint dúinn go raibh nós ann go mbaileodh bansagairt ar chnoc Chill Dara chun a gcuid tinte a lasadh agus go n-iarrfadh siad ar bhandia darbh ainm di Bríd chun a dtréada a chosaint agus chun fómhar torthúil a sholáthar. Nuair a thóg Naomh Bríd a mainistir agus a séipéal i gCill Dara, lean sí leis an nós a bhí ann an tine a lasadh. Maidir léi féin agus a mná rialta, sheas an tine do sholas nua na Críostaíochta, a tháinig go hÉireann go luath sa chúigiú haois. Cláraíonn roinnt staraí go ndearnadh cúpla iarracht an tine a mhúchadh, ach níor éirigh leo. Mhair an nós b'fhéidir go dtí gur cuireadh na mainistreacha faoi chois sa séú haois déag. Athlasadh an tine/lasair naofa sa bhliain 1993, i gCearnóg an Mhargaidh, Cill Dara. Mary Teresa Cullen, ceannaire na Siúracha Brigideacha ag an am, a las an tine arís, ag oscailt na comhdhála a bhain le ceartas agus síocháin. Eagraíodh an chomhdháil, dar teideal 'Brigid: Prophetess, Earthwoman, Peacemaker' ag Afri (Action from Ireland), eagraíocht ceartais, síochána agus cearta daonna. Ó shin i leith, tugann na Siúracha Brigideacha i gCill Dara aire don lasair, Solas Bhride.

Tugann Megan Cuairt ar Thobar Naomh Bríd

Tráthnóna Dé Domhnaigh a bhí ann. Bhí máthair Megan chun Megan agus a Mamó a thabhairt chuig tobar Naomh Bríd. Agus iad ar a mbealach, labhair Mamó faoi conas, nuair a bhí sí óg, a thabharfadh sí cuairt ar Thobar Naomh Bríd lena máthair agus a hathair ar 1ú Feabhra gach bliain, toisc gurb é sin Lá Fhéile Naomh Bríd. Deiridís paidreacha agus thógaidís uisce abhaile leo, ón dtobar, i mbuidéil bheaga, chun iad féin agus na hainmhithe ar an bhfeirm a bheannú leis. Dúirt Mamó leo gur nós a bhí ann, i measc na ndaoine áitiúla, oilithreachta a dhéanamh, turas naofa, go Tobar Naomh Bríd ar an lá sin.

Faoi dheireadh shroich siad an tobar, agus chuaigh Megan i ndiaidh Mamó síos na céimeanna cloiche go dtí an tobar. Nuair a chuir Megan a lámh isteach san uisce fuar, soiléir, dúirt Mamó léi gur cóir di paidir a rá chuig Naomh Bríd, toisc go raibh sí ag éisteacht i gcónaí.

Ansin chuaigh siad ar aghaidh chun breathnú ar an dealbh de Naomh Bríd a



bhí in aice leis an dtobar. Shíl Megan go raibh cuma an-chairdiúil ar Naomh Bríd, agus go raibh súile lonracha agus fáilteacha aici. Thug sí faoi deara ansin go raibh lasair ag Naomh Bríd, agus d'iarr sí ar Mhamó an chúis a bhí le sin. Mhínigh Mamó di gur thóg Naomh Bríd mainistir ina bhféadfadh daoine guí inti, agus gur las sí agus a compánaigh tine, ar mhaith leo a bheadh ar lasadh de shíor. Ar deireadh múchadh an tine. 'Ach,' a mhínigh Mamó, 'las na Siúracha Brigiteacha, atá ainmnithe i ndiaidh Naomh Bríd

...



• • •

agus a chónaíonn i gCill Dara agus a leanann deashampla Naomh Bríd, an lasair arís blianta fada ina dhiaidh sin, agus coimeádann siad ar lasadh í de lá is d'óiche i gcuimhne Naomh Bríd. Ag seasamh ar a barraicíní bhí Megan in ann a lámh a leagan ar an lasair a bhí i lámh Naomh Bríd.

Thóg mamaí picnic beag léi, ach sular thosaigh siad ag ithe, mhol Mamó go

siúlfaidís timpeall an tobair. Láithreach, thosaigh Mamó ag siúl timpeall an tobair agus an phaidir seo á rá aici: 'A Naomh Bríd, a Mhuire na nGael, guigh orainn'. Lean Mam agus Megan an méid a bhí á rá agus á dhéanamh ag Mamó, agus mhothaigh an triúr acu go hiontach nuair a rinne siad a n-oilithreacht bheag féin.

Faoi dheireadh chuaigh siad abhaile. Rinne Megan machnamh go ciúin faoi Naomh Bríd agus bhí sí ag smaoineamh ar an ainm 'Bríd' a roghnú don Chóineartú.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cén fáth ar shochraigh ar Megan agus a teaghlach dul go dtí Tobar Naomh Bríd?
- Cad a chonaic agus a rinne Megan ag an dtobar?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur ar nós:

- An ndeachaigh tú riamh go dtí tobar naofa? Cén naomh a raibh baint acu leis an dtobar sin? Cad a chonaic tú ann?
- An raibh tú riamh ar oilithreacht nó an bhfuil aithne agat ar éinne a chuaigh ar oilithreacht? Inis dúinn faoi sin.

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

PÓSTAER NAOMH BRÍD

Nóta: *Beidh bileog mhór de pháipéar ealaíne uait, ábhair dhathúcháin agus sean-irisí do gach grúpa páiste.*

- Tabhair cuireadh do na páistí oibriú i ngrúpaí. Tabhair bileog mhór de pháipéar ealaíne, roinnt ábhar ealaíne, cosúil le criáin nó marcóirí, agus roinnt sean-irisí do gach grúpa.

- Iarr ar na páistí póstaer a chruthú a d'fhéadfadh a úsáid chun páistí níos óige a mhúineadh faoi Naomh Bríd.
- Tabhair cuireadh do na páistí a bpóstaeir a chur i láthair an ranga sula gcuirfidh siad sa spás urnaí iad.

PAIDIR

Comhartha na Croise

Múinteoir: Bhí a fhios ag Naomh Bríd go raibh Dia i gcónaí léi. Chonaic sí Dia i saol an dúlra. Chonaic sí Dia sna daoine mórthimpeall uirthi.

Leanaimid Naomh Bríd trínár gcroithe a oscailt chun láithreacht Dé inár saol, go háirithe i rith séasúir an earraigh, nuair a bhíonn beatha nua mórthimpeall orainn. Is é an freagra ar an urnaí ná: *Naomh Bríd, guigh orainn.*

Gach duine: Naomh Bríd, guigh orainn.

Múinteoir: Go bhfeicimis Dia sna crainn agus sna bláthanna atá ag bachlú.

Gach duine: Naomh Bríd, guigh orainn.

Múinteoir: Go bhfeicimis Dia i dtógáil neadacha agus i gceol na n-éan.

Gach duine: Naomh Bríd, guigh orainn.

Múinteoir: Go bhfeicimis Dia sna huain óga sna páirceanna.

Gach duine: Naomh Bríd, guigh orainn.

Múinteoir: Go bhfeicimis Dia i bhfadú na laethanta.

Gach duine: Naomh Bríd, guigh orainn.

Múinteoir: Go bhfeicimis Dia i ngrá agus i gcúram ár dteaghlach.

Gach duine: Naomh Bríd, guigh orainn.

Múinteoir: Go bhfeicimis Dia inár gcairde.

Gach duine: Naomh Bríd, guigh orainn.

Múinteoir: Tá a fhios againn go bhfuil Dia i gcónaí linn. Tabharfaimis buíochas agus moladh do Dhia le chéile anois agus an *Glóir don Athair* á rá againn ag baint úsáid as na gothaí a d'fhoghlaimiomar.

Gach duine: *Glóir don Athair* (Glóir don Athair, agus don Mhac ...)

Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.

Foghlaimimis ...

SCÉAL

Sa finscéal seo faoi Naomh Bríd agus an ceannaire, úsáideann Bríd cros déanta as luachra chun fear atá ag fáil bháis a mhúineadh faoi thrócaire Dé.

Naomh Bríd agus an Ceannaire a bhí ag fáil bháis

Tráthnóna fuar i lár an gheimhridh a bhí ann nuair a chuala Bríd cnag bog ar a doras. Nuair a d'oscail sí an doras, chonaic sí buachaill óg cosnocht ag féachaint go himníoch uirthi.

'Tá mo mháistir, an ceannaire, ag fáil bháis,' arsa an buachaill óg i nguth faiteach. 'Chuir sé chugat mé, féachaint an dtiocfa chuige.'

Tharraing Bríd a brat timpeall ar a cuid gaillí agus d'iarr sí ar an mbuachaill an bealach a thaispeáint di.

Nuair a tháinig siad gar do theach an cheannaire, dúirt an buachaill léi, 'Níl biseach ar an gceannaire le tamall anois, agus nuair a bhíonn sé tinn, bíonn sé an-chantalach.'

Bhí an buachaill ina thost nuair a tháinig siad isteach sa seomra soilsithe, ina raibh an ceannaire ina luí ar leaba, agus ceirtlín déanta de féin cosúil le hainmhí créachtaithe.

Bhí sé soiléir do Bhríd go raibh an fear ag fáil bháis. Bhí a shúile dúnta aige agus bhí sé ag análu go tapa. Ina suí in aice lena leaba, ghlan sí an t-allas go bog óna chlár éadain agus thosaigh sí ag caint leis i nguth suaimhneasach.

Le linn na hoíche, d'éirigh an ceannaire níos ciúine agus a análu níos boige, ach níor oscail sé a shúile. I dtreo is nach dtitfeadh sí ina codladh, thosaigh Bríd ag bailiú cuid de na luachra a bhí scaipthe ar an urlár agus thosaigh sí á gcasadh le chéile i gcruth croise, ag canadh go ciúin fad is a rinne sí amhlaidh. I rith an ama seo, níor thug Bríd faoi deara gur dhúisigh an ceannaire agus go raibh sé ag breathnú uirthi.

'Cad é sin a bhí á canadh agat?' d'iarr sé uirthi, i nguth lag. 'Ní aithním an fonn.'

Stop Bríd leis an méid a bhí ar siúl aici. Bhí a fhios aici go raibh eagla ar an gceannaire, bás a fháil.

Dúirt Bríd leis gur paidir a bhí á canadh aici agus go ndearna sí seo uaireanta chun í



féin a choimeád ar an airdeall nuair a bhí sí an-tuirseach. 'Bím ag canadh liom féin faoi ghrá Dé dúinn uile.'

Chonaic an ceannaire solas iontach i súile Bhríde nuair a labhair sí.

'Nach iontach an Dia sin a chreideann tú ann,' a dúirt sé, mar chreid sé in a lán déithe éagsúla. 'An inseofá liom faoin Dia seo?'

Leis sin, ghlac Bríd an chros a rinne sí. Ansin, ghlac sí lámh an duine a bhí ag fáil bháis, agus thosaigh sí ag insint scéal Íosa, Mac Dé, dó agus conas a tháinig sé ó Dhia chun a thaispeáint dúinn conas maireachtáil le grá agus le trua. D'inis sí dó faoi mar a fuair Íosa bás chun gach duine a shábháil, é féin ina measc. Brúigh sí lámh an cheannaire mar a labhair sí. Go gairid ina dhiaidh sin, thit codladh domhain, síochánta ar an gceannaire.

D'fhan Bríd ag leaba an cheannaire go héirí na gréine.

Ní chuireann an finscéal in iúl dúinn ar tháinig biseach ar an gceannaire nó cé chomh fada agus a mhair sé ina dhiaidh sin. Mar sin féin, cuireann sé in iúl dúinn go raibh tionchar chomh mór sin ag an Dia, a nocht Bríd don cheannaire, gur baisteadh ina Chríostaí é níos déanaí.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cén fáth gur aontaigh Naomh Bríd cuairt a thabhairt ar an gceannaire tinn?
- Conas a mhothaigh sí nuair a chonaic sí an fear ag fáil bháis sa leaba?
- Conas a bhain sí úsáid as an gcros a rinneadh sí as na luachra chun an fear a mhúineadh faoi Dhia?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Cén fáth ar iarr an ceannaire ar Bhríd teacht chuige? Cad a cheapann tú a raibh sé ag súil le?
- Cad iad na bealaí, dar leat, inar chabhraigh Naomh Bríd leis an gceannaire?
- Cad a insíonn an scéal dúinn faoi Naomh Bríd?
- Cad a d'fhéadfá a úsáid chun cabhrú leat scéal Íosa a insint?

Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 97 dá leabhair.

COMHAD FÍRICÍ

CROS BHRÍDE

- Go traidisiúnta is as luachra a dhéantar crosa Bhríde ar an oíche roimh Lá Fhéile Bríde, 1 Feabhra.
- San am atá thart, dhéanadh teaghlaigh Éireannacha Cros Bhríde agus í a chrochadh os cionn doras an tí, mar chosaint ó dhóiteán agus ó thinnis agus mar bheannacht ar gach éinne a tháinig isteach agus a d'imigh.
- I roinnt tithe, dhéanfaí Cros nua Bhríde a chrochadh taobh le cros na bliana roimhe sin. I dtithe eile, dhéanfaí sean Chros Bhríde a dhó nuair a chrochfaí an Chros nua.
- Seo í an phaidir a deirtí go minic agus an Chros

Bhríde nua á cur os cionn an dorais:

Beannacht Dé agus na Tríonóide ar an gcros seo, agus ar an dteach ina bhfuil sí ar crochadh agus ar aghaidh gach duine a bhreathnaíonn uirthi.

- Inniu, cuirtear Cros Bhríde fós ar crochadh i dtithe, i scoileanna agus in áiteanna eile mar chosaint ar thine agus goid, tinneas agus galar, agus mar bheannacht ar gach duine a théann isteach agus a fhágann áiteanna éagsúla.

Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 98 dá leabhair.

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

CROS BHRÍDE

Nóta: *Beidh gá agat le soláthar mór luachra nó soip ealaíne.*

- Tabhair cuireadh do na páistí Cros Bhríde dá gcuid féin a dhéanamh.
- Tá treoracha le fáil ar líne.
- Iarr ar na páistí a gcrosa a chur sa spás urnaí.

SCÉAL

Finscéal é seo faoin gcaoi ar leigheas Naomh Bríd a beirt chompánach.

Naomh Bríd, an Cneasaí

Lá amháin, bhí Bríd agus beirt de na siúracha óna mainistir ag filleadh abhaile ar mhuin capaill. Thaistil an grúpa beag ar aghaidh go ciúin, toisc nach bhféadfadh leis an mbeirt chompánach cloisteáil ná labhairt. Ach mar sin féin, fuair Bríd agus na siúracha, bealaí eile chun cumarsáid a dhéanamh lena chéile, ag baint úsáid as a lámha agus as gothaí gnúise. Bhí siad díreach tar éis scéal grinn a roinnt nuair a rith coinín amach go tobann díreach faoi chosa tosaigh capall Bhríde. Baineadh geit as an gcapall agus leagadh Bríd go talamh. Nuair a thit sí, bhuail a clár éadain cloch géar agus lig sí cnead aisti leis an bpian.

Thuirling na siúracha eile láithreach.



Chuaigh ceann acu chun capall Bhríde a chiúnú, agus chuaigh an tsiúr eile chun aire a thabhairt do Bhríd. Bhí an fhuil ag síleadh ó chlár éadain

...

Bhríde, agus í ina locháinín ar an dtalamh in aice léi. Nuair a bhí an tsiúr ag cabhrú le Bríd, rinne sí teagmháil le fuil Bhríde.

‘Tá Bríd gearrtha go dona,’ a dúirt sí léi féin. ‘B’fhearr dúinn í a thabhairt abhaile go tapa chun í a ghlanadh.’

‘An ndúirt tú rud éigin?’ D’fhiafraigh Bríd, agus í lán de iontas. Is ansin a thuig an tsiúr gurbh é seo an chéad uair a labhair sí, agus an chéad uair a chuala sí guth Bhríde freisin.

Nuair a thuig Bríd an méid a tharla, ghlaigh sí ar an tsiúr eile. Ansin chuir Bríd a hordóg isteach sa locháinín fola, rinne sí marc ar chlár éadain na siúrach eile, agus ghuigh sí d’Íosa le haghaidh leighis. Freagraíodh a cuid paidreacha agus lig an tsiúr eile gáire súgartha amach aisti.

Ní raibh an turas abhaile don mhainistir an tráthnóna sin, cosúil le turas ar bith eile. Labhair agus gháir an triúr acu. Bhí iontas orthu faoin mhíorúilt mhór a tharla, agus ghabh siad buíochas agus moladh do Dhia.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Conas a thaistil Naomh Bríd agus na deirfiúracha go dtí an mhainistir?
- Conas a rinne Naomh Bríd agus na deirfiúracha cumarsáid lena chéile ag tús an scéil?
- Cad a tharla nuair a rith an coinín os comhair capall Bhríde?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Cad é a shílfeá mar a bheadh sé gan a bheith in ann labhairt nó cloisteáil?
- Cad a cheapann tú a bheadh mar ábhar cainte ag an triúr ban agus iad ar a mbealach ar ais go dtí an mhainistir?

Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 98 dá leabhair.

GNÍOMHAÍOCHT

RÓL-IMIRT

- Tabhair cuireadh do na páistí a bheith le chéile i ngrúpaí de thriúr, le gach páiste ag glacadh ról ceann de na siúrach sa finscéal.
- Iarr ar na páistí an comhrá a d’fhéadfadh a bheith ar siúl idir an triúr ban agus iad ag

fillleadh ar ais abhaile an tráthnóna sin go dtí an mhainistir.

- Tabhair cuireadh do pháistí éagsúla a ndrámá a léiriú don rang.

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

COLLAÍS DE NAOMH BRÍD

Nóta: Beidh bileog mhór de pháipéar ealaíne agus ábhair dhathúcháin ag teastáil ó gach grúpa.

- Meabhraigh leis na páistí na gnéithe seo a leanas de scéal Naomh Bríd:
 - » Cros Bhríde
 - » Tobar Naomh Bríd
 - » Lasair Bhríde
 - » Naomh Bríd an múinteoir
 - » Naomh Bríd an cneasaí

- Ansin iarr ar na páistí oibriú i ngrúpaí beaga agus colláis a dhéanamh bunaithe ar shaol Naomh Bríd. Is féidir leo íomhánna, siombailí agus dathanna a úsáid.
- Nuair a bheidh an cholláis críochnaithe acu, tabhair cuireadh do pháistí éagsúla ó gach grúpa a gcuid obair a thaispeáint don rang.
- Iarr ar na páistí a saothar ealaíne a chur sa spás urnaí.

GLAC NÓIMÉAD

Ag baint úsáid as na focail seo nó focail cosúil leo, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a thógáil le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh ... Suigh go ciúin, agus do dhá chos cothrom ar an urlár... agus do dhroim i gcoinne droim do shuíochán ... agus do lámha curtha go réidh ar do ucht ... Tabhair faoi deara do anáil agus é ag bogadh go

mall isteach agus amach as do chorp. Smaoinigh ar Naomh Bríd... cé chomh cineálta agus grámhar agus a bhí sí ... cneasaí ... múinteoir... ceannaire.. duine a thug aire don timpeallacht ... duine le creideamh mór i nDia ... Le do ghuth istigh, b’fhéidir gur mhaith leat a iarraidh ar Naomh Bríd chun cabhrú leat saol grámhar creidmheach a chaitheamh, díreach mar a rinne sí ... Nuair a bhíonn tú réidh, oscail na súile.

Mairimis ...

CAD A MHÚIN TÚ?

Is iomaí scéal agus finscéal atá ann faoi Naomh Bríd. Nochtann siad duine le creideamh mór a bhí ina múinteoir, ina ceannaire, ina cneasaí, a raibh an-ghrá aici do dhaoine agus a thug cúram mór don timpeallacht. Leanann Naomh Bríd de bheith ina eiseamláir do dhaoine creidmhacha sa lá atá inniu ann.

GNÍOMHAÍOCHT CHEARDAÍOCHTA

TOBAR NAOMH BRÍD

Déan Tobar Naomh Bríd leis na páistí le cur i spás urnaí an ranga. Chun é seo a dhéanamh beidh ort:

- Coimeádán mór uisce a fháil chun an tobar a léiriú – go hidéalach le huisce ó thobar naofa áitiúil
- Roinnt clocha le cur timpeall an choimeádáin
- Crois Bhríde
- Coinneal ar lasadh
- Colláisi na bpáistí mar chúltra

Ullmhúchán:

- *Más féidir, socraigh suíocháin na bpáistí i gcorcal timpeall an spáis urnaí, áit a bhfuil 'Tobar Naomh Bríd' agus colláisí 'Naomh Bríd'.*
- *A chinntiú go bhfuil Cros Bhríde ag gach páiste. Tabhair cuireadh do na páistí an Chros Bhríde a bheith ina lámha acu i rith na seirbhíse. Is féidir leo na crosa a thabhairt abhaile leo ina dhiaidh sin.*
- *Roghnaigh cúigear páiste chun na ceisteanna a chur le linn na dialóige.*
- *D'fhéadfadh na páistí na paidreacha a dhéanann idirghuí a scríobh agus iad a úsáid i dteannta na bpaidreacha a thugtar thíos nó ina n-áit.*
- *Go hidéalach, bíodh roinnt uisce ó thobar naofa áitiúil ar fáil don bheannacht ag tús agus/nó ag deireadh na seirbhíse.*

Comhartha na Croise (beannacht roghnach ag baint úsáid as uisce coisricthe)

Múinteoir (ag lasadh an choinneal): Rinne Naomh Bríd solas Chríost a shoilsiú ar dhaoine eile. Déanaimid solas Chríost a shoilsiú freisin agus an choinneal seo á lasadh againn.

Gach duine: Buíochas le Dia.

Amhrán Oscailte: Can iomann/amhrán oiriúnach

DIALÓG

Léitheoir 1: Cén fáth go bhfuil an tseirbhís urnaí speisialta seo againn?

Múinteoir: Toisc gurb é seo an chéad lá de mhí Feabhra, Lá Fhéile Bríde/Toisc gur mian linn cuimhneamh ar Naomh Bríd, ar a lá féile – 1ú Feabhra.

Léitheoir 2: Cé hí Naomh Bríd?

Múinteoir: Is í Naomh Bríd duine de naoimh Cheilteacha móra na hÉireann. Rugadh í na céadta bliain ó shin i bhFochaird, i gContae Lú, agus ina dhiaidh sin bhí cónaí uirthi i gContae Chill Dara.

Léitheoir 3: Cén fáth go bhfuil cáil ar Naomh Bríd?

Múinteoir: Bhí grá ag Naomh Bríd do Dhia. Léirigh sí cairdeas mór agus flaithiúlacht mhór do dhaoine agus don timpeallacht. Bhunaigh sí mainistir freisin.

Léitheoir 4: Cad is mainistir ann?

Múinteoir: Áit is ea mainistir ina gcónaíonn daoine inti chun am a chaitheamh ag guí agus ag cabhrú le daoine eile. Tháinig a lán daoine le chéile sa

mhainistir a bhunaigh Naomh Bríd. Tógadh an mhainistir ar fheirm. Gach lá, nuair a chríochnaigh siad a gcuid oibre, bhíodh Naomh Bríd agus na siúracha eile ag guí le chéile. Chuidigh Naomh Bríd leo a fheiceáil go raibh grá mór ag Dia dóibh.

Léitheoir 5: Cén cineál duine ab ea Naomh Bríd?

Múinteoir: Duine cineálta, grámhar a bhí inti. Bhí sí sásta i gcónaí daoine a mhúineadh faoi Dhia agus chabhraigh sí leo fás ina gcreideamh agus i ngrá Dé. Chuir sí fáilte roimh chuairteoirí chuig an mhainistir. Roinn sí bia leo siúd a raibh ocras orthu nó a bhí ar an ngann chuid. D'fhreastail sí agus chuir sí leigheas orthu siúd a bhí tinn. Léirigh sí meas don dtimpeallacht.

Múinteoir: Is é an freagra ar na paidreacha ná: *Guigh orainn.*

Gach duine: *Guigh orainn.*

Múinteoir: A Naomh Bríd, a bhean urnaitheach ...

Gach duine: *Guigh orainn.*

Múinteoir: A Naomh Bríd, a thug grá don gcruthú ...

Gach duine: *Guigh orainn.*

Múinteoir: A Naomh Bríd, a mhúin grá Dé do dhaoine ...

Gach duine: *Guigh orainn.*

Múinteoir: A Naomh Bríd, a ceannaire dílis ...

Gach duine: *Guigh orainn.*

Múinteoir: A Naomh Bríd, a bhí flaithiúil agus cneasta le gach duine ...

Gach duine: *Guigh orainn.*

Múinteoir: A Naomh Bríd, a leigheas pian agus fulaingt ...

Gach duine: *Guigh orainn.*

Múinteoir: A Naomh Bríd, a éarlaimh na hÉireann ...

Gach duine: *Guigh orainn.*

Tabhair cuireadh do na páistí iad féin a bheannú leis an uisce coisricthe - a tógadh, go hidéalach, ó thobar naofa áitiúil.

IDIRGHUÍONNA

Múinteoir: Guimis ar son siúd atá ag fulaingt ar bhealach ar bith, go mbeidh duine ann i gcónaí



chun cabhrú leo. A Thiarna, éist linn.

Gach duine: A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

Múinteoir: Guímis ar son siúd go léir atá ocrach, go roinnfidh na daoine a bhfuil bia acu leo. A Thiarna, éist linn.

Gach duine: A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

Múinteoir: Guímis ar son siúd atá breoite, go soláthrófar an cúram atá ag teastáil uathu. A Thiarna, éist linn.

Gach duine: A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

Múinteoir: Guímis ar son siúd go léir atá gan dídean, go ndéanfaí tithe a sholáthar dóibh. A Thiarna, éist linn.

Gach duine: A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

Múinteoir: Guímis ar son siúd atá uaigneach, eaglach nó brónach, go bhfaighidh siad cairdeas, misneach agus grá. A Thiarna, éist linn.

Gach duine: A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

Múinteoir: A Dhia ghrámhair, cuidigh linn léiriú Naomh Bríd a leanúint trí chabhrú le daoine eile. Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna.

Gach duine: Áiméan.

Amhrán Deiridh: Can iomann/amhrán oiriúnach

Comhartha na Croise (beannacht roghnach ag baint úsáid as uisce coisricthe)

Seirbhís Urnaí do Chéadaoin an Luaithrigh

NÓTA DON MHÚINTEOIR: Ba chóir an tseirbhís urnaí seo a cheiliúradh ar Chéadaoin an Luaithrigh. B'fhéidir gur mhaith leat a sheiceáil le séiplíneach na scoile féachaint an bhfuil sé/sí nó ionadaí paróiste ar fáil chun teacht go dtí do sheomra ranga chun luaithreach a dháileadh. Mura bhfuil, b'fhéidir go mbeidh tú in ann luaithreach a bhailiú ó shéipéal an pharóiste agus é a dháileadh tú féin ar na páistí. Ní gá duit a bheith i do shagart chun luaithreach a dháileadh, Céadaoin an Luaithrigh. Munar féidir luaithreach a dháileadh, spreag na páistí dul chuig an séipéal lena dteaghlai, tar éis am scoile, chun an luaithreach a fháil.

Ullmhúchán:

- *Más féidir, bíodh na páistí bailithe i gciorcail timpeall nó gar don spás urnaí.*
- *Roghnaigh seisear páiste mar léitheoirí.*
- *Bíodh éadach corcra, in onóir séasúir an Chargais, sa spás urnaí.*
- *Roghnaigh páistí chun na nithe seo a leanas a iompar chuig an spás urnaí fad is atá an t-amhrán oscailte á canadh/seinm:*
- *Bíobla*
- *Coinneal*
- *Cros/cros chéasta*
- *Bronntanais ón dúlra, mar shampla brainsí le bachlóga, bláthanna earraigh*
- *Pacáiste acmhainne Trócaire*
- *Bosca Trócaire*
- *Má tá an sagart ag glacadh páirt sa liotúirge, siúlfaidh sé leis na páistí.*

Nóta: Baineann an téarma 'ceannaire' le duine ar bith atá i gceannas ar an tseirbhís urnaí, cibé acu is sagart, múinteoir nó duine eile é/i sin.

Comhartha na Croise

Amhrán Oscailte: Can iomann/amhrán oiriúnach

Ceannaire: Inniu Céadaoin an Luaithrigh. Tosach an Chargais atá ann, tréimhse nuair a théimid tríd an tSeachtain Mhór go dtí séasúr na Cásca. Gabhaimid buíochas le Dia as an dtréimhse seo agus iarraidimid air a thrócaire agus a ghrá a thaispeáint dúinn agus ár bpeacaí a mhaitheamh dúinn. Le linn an Chargais, cuireann Trócaire i gcuimhne dúinn freisin, na daoine atá ag maireachtáil i mbochtaineacht ar fud an domhain. I mbliana, iarrann Trócaire orainn cuimhneamh ach go háirithe ar [ainm an téama atá ar Phacáiste Acmhainní Trócaire i mbliana].

Ceannaire: A Thiarna, déan trócaire.

Gach duine: A Thiarna, déan trócaire.

Ceannaire: A Chríost, déan trócaire.

Gach duine: A Chríost, déan trócaire.

Ceannaire: A Thiarna, déan trócaire.

Gach duine: A Thiarna, déan trócaire.

Léitheoir 1: Tréimhse atá sa Chargais chun ullmhúchán a dhéanamh don tSeachtain Mhór agus don Cháisc, nuair a thugtar cuireadh dúinn guí agus troscadh a dhéanamh, agus a bheith ag déanamh déirce. Tréimhse atá ann chun iompú chuig Dia agus maithiúnas a iarraidh ar ár bpeacaí. Tréimhse atá ann nuair a dhéanaimid iarracht ár gcuidreamh le Dia agus le daoine eile a dhoimhniú trí ghrá a thabhairt do Dhia agus don chomharsa. Glacaimis sos ar feadh nóiméid chun smaoineamh ar an gcaoi a dhéanfaimid a leithéid le linn an Chargais.

Bíodh machnamh ann ar feadh tamaill.

Léitheoir 2: Tarlaíonn an Cargais nuair a bhíonn fás nua sa domhan nádúrtha ann. Cuirimid fáilte roimh laethanta fada le solas na gréine, nuair a bhíonn na síolta agus na plandaí ar domhan ag tosú ag bogadh. Táimid ag tnúth le saol an dúlra a bheith beo le beatha nua.

Bíodh machnamh ann ar feadh tamaill.

Léitheoir 3: Tréimhse atá sa Chargais le gealltanas nó íobairt a dhéanamh. Is féidir linn rogha a dhéanamh níos mó ama a chaitheamh ag guí. Is féidir linn staonadh ó rud éigin agus roinnt le daoine eile. Is féidir linn rogha a dhéanamh a bheith níos cothroime agus níos cabhraithe lenár dteaghligh agus lenár gcairde. Is féidir linn meas níos mó a thabhairt don dtimpeallacht agus is féidir linn buíochas a ghabháil le Dia as an méid a chruthaigh sé.

Bíodh machnamh ann ar feadh tamaill.

Léitheoir 4: Tréimhse fada atá i ndaichead lá chun staonadh ó rud a thaithníonn linn nó chun iarracht speisialta a dhéanamh chun rud éigin a dhéanamh nach mbaineann linn de ghnáth. Is minic a chuirtear cathú orainn smaoineamh orainn féin amháin. Díreach mar a chabhraigh an

Spiorad Naomh le hÍosa nuair a bhí sé sa bhfásach, cabhróidh an Spiorad Naomh le gach duine againn freisin.

Bíodh machnamh ann ar feadh tamaill.

Léitheoir 5: Léirigh Íosa dúinn conas grá a thabhairt do Dhia agus do dhaoine eile. Nuair a baisteadh Íosa in Abhainn na hIordáine, thóg an Spiorad é isteach sa bhfásach. Éistimis anois ar conas a cuireadh cathú ar Íosa sa bhfásach.

Léitheoir 6: Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh Matha.

Gach duine: (*Agus Comhartha na Croise á ghearradh acu ar an éadan, na beola agus an t-ucht*): Glóir duit, a Thiarna.

Léitheoir 6: *Ansín, seoladh Íosa isteach san fhásach ag an Spiorad le promhadh ag an diabhal. Rinne sé troscadh ar feadh daichead lá agus daichead oíche, agus ina dhiaidh sin bhí ocras air. Tháinig an cathaitheoir ina aice agus dúirt: “Más tú Mac Dé, abair arán a dhéanamh de na clocha seo.”*

Dúirt sé á fhreagairt: “Tá sé scríofa: ‘Ní ar arán amháin a mhairfidh an duine, ach ar an uile fhocal a thagann as béal Dé.’”

Rug an diabhal leis ansin é isteach sa chathair naofa agus chuir sé ar bhinn an

Teampaill é agus dúirt leis: “Más tú Mac Dé, caith thú féin síos: óir tá sé scríofa:

‘Tabharfaidh sé ordú dá aingil i do thaobh agus iompróidh siad thú lena lámha,

sula mbuailfeá do chos in aghaidh cloiche.’”

Dúirt Íosa leis: “Tá sé scríofa freisin: ‘Ní bhainfidh tú triail as an Tiarna do Dhia.’”

Rug an diabhal leis arís é faoi shliabh a bhí an-ard, thaispeáin dó ríochtaí uile an domhain agus a nglóir agus dúirt leis: “Tabharfaidh mé iad sin uile duit ach go n-umhlóidh tú síos do m’adhradh.”

Dúirt Íosa leis ansin: “Imigh leat, a Shátain! óir tá sé scríofa: ‘Adharfaidh tú an Tiarna do Dhia, agus is dó amháin a bheidh tú ag seirbhís.’”

Ansín d’fhág an diabhal é, agus tháinig na haingil chuige agus bhí siad ag freastal air. (Matha 4:1-11) Soiscéal an Tiarna.

Gach duine: Moladh duit, a Chríost.

Téann gach páiste ar aghaidh ag an bpointe seo má bhíonn dáileadh an luaithrigh ar siúl. Is féidir na focail seo a leanas a úsáid.

Ceannaire: Déanaigí aithrí agus creidigí sa Soiscéal.

De réir mar a bhíonn an deasghnáth ar siúl, is féidir ceol machnamhach a sheinm. Nuair a bhíonn an deasghnáth críochnaithe, lean ar aghaidh leis na paidreacha seo.

Ceannaire: I rith tréimhse an Charghais, le cabhair ó ghrásta Dé, tabharfaimis níos mó aire do ghlaó Dé fás i ngrá trí Aithne Íosa a leanúint – grá a thabhairt dá chéile faoi mar a thug seisean grá dúinn. Is é an freagra ar an urnaí ná: *Ná lig sinn i gcathú, ach saor sinn ó olc.*

Gach duine: Ná lig sinn i gcathú, ach saor sinn ó olc.

Ceannaire: Tabharfaimis ár ngealltanais Charghais chun cuimhne. (*Lig do na páistí cuimhneamh a thabhairt ar na gealltanais a rinne siad.*) Iarraimid ar an Spiorad Naomh cabhrú linn a bheith láidir agus ár ngealltanais a choinneáil. Cabhraigh linn cuimhneamh a dhéanamh, fiú má bhrisimid ár ngealltanais, is féidir linn tosú arís agus cabhair Dhé a iarraidh i gcónaí.

Gach duine: Ná lig sinn i gcathú, ach saor sinn ó olc.

Ceannaire: Guímis An Phaidir anois, an urnaí a mhúin Íosa dá dheisceabail.

Gach duine: Ár nAthair (Ár nAthair, atá ar neamh ...)

Ceannaire: A Dhia ghrámhair, le linn an Charghais, guímid go mbeadh síocháin Chríost i réim inár gcroithe agus sinn ag dul ar an dturas grámhar seo. Guímid go mbeidh grá againn do gach duine, go háirithe dóibh siúd a bhfuil grá ag teastáil uathu faoi láthair. Iarraimid é seo trí idirghuí na Maighdine Beannaithe Muire, a bhí dílis i gcónaí do Dhia agus réidh le bheith ina seirbhíseach.

Amhrán Deiridh: Can iomann/amhrán oiriúnach.

Ceacht 3: Ár mBráithre agus ár Siúracha Moslamacha

ÓN GCURACLAM

Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ

Rúndiamhair Dé

- Níl ann ach aon Dia amháin
- Tá Dia ann ar feadh na síoraíochta

Traidisiúin Reiligiúnacha Eile

- Is iad an Giúdachas, an Chríostaíocht agus an Ioslamachas na trí mhór-reiligiúin aondiacha
- Uaireanta tugtar na creidimh Abrahámach ar an nGiúdachas, an Chríostaíocht agus an Ioslamachas de bhrí go dtugann siad urraim do Ábrahám
- Iarrtar ar Chaitlicigh comhrá a dhéanamh le pobail reiligiúnacha eile agus comhoibriú leo
- Iarrtar ar Chaitlicigh a bheith mar fhinnéithe dá gcreideamh féin i gCríost le briathar agus le gníomh
- Cuireann an parabal den Samáarach Maith i gcuimhne dúinn gur ionann 'do chomharsa a ghráú' agus a bheith i do chomharsa ag daoine le traidisiúin reiligiúnacha eile
- Trí 'bheith ag comhrá le daoine a chleachtann reiligiúin eile táimid ag comhlíonadh an ordaithe atá faighte againn ár gcomharsa a ghráú
- Ioslamachas: Creideann Moslamaigh in aon

Dia amháin. Guíonn Moslamaigh cúig uaire sa lá; Glaonn siad Allah ar Dhia agus tá meas acu ar a ainm; is lá speisialta chun urnaithe í an Aoine; glaoch chun urnaithe; ag adhradh sa mhosc; maisiúcháin le patrún agus téacs; ní ghuíonn fir agus mná le chéile; tugtar an Qu'ran ar an leabhar naofa - an chaoi a gcaitear leis. Moscanna Éireannacha

Liotúirge agus Urnaí

Urnaí Fhoirmeálta

- Comhartha na Croise

Móráltacht Chríostaí

Láithreacht ghrástúil agus Cúnamh Dé

- Tá sé de dhualgas ar dhaoine daonna an dlí morálta a leanúint, a spreagann iad chun an rud ceart a dhéanamh agus an t-olc a sheachaint
- 'Gráoidh tú do Thiarna Dia ó do chroí go hiomlán agus ó d'anam go hiomlán agus ó d'aigne go hiomlán agus do chomharsa mar tú féin' is í sin príomhaithne an Dlí
- Mhúin Íosa dúinn nach féidir grá Dé a scaradh ó ghrá don chomharsa

ÓN GCROÍSHIOLLABAS DON OIDEACHAS REILIGIÚNACH

Tógtha ón gCroíshiollabas don Oideachas Reiligiúnach ón Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann (2007).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo ó Eochairchéim 2:

CUSPÓIR FOGHLAMA 3

An Mhóráltacht

b. Meas ar a chéile.

Ba chóir don mhúinteoirí deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- Bheith eolach faoi chultúir agus faoi chreidimh nach mbaineann leo agus meas a léiriú orthu.



SULA DTOSAÍONN TÚ

Sa chlár *I nGrá Dé* i Rang a hAon/B3, Rang a Dó/B4 agus i Rang a Trí/B5, chuala na páistí sraith scéalta ina raibh triúr cara, Salma, Eli agus Muireann ag breathnú agus ag comhrá faoi chleachtais chreidimh agus ionaid adhartha a bhain lena gcreidimh féin: Ioslam, an Giúdachas agus an Caitliceachas.

I Rang a hAon/B3 agus i Rang a Trí/B5 d'fhoghlaim na páistí faoin Ghiúdachas. Sa

Dara Rang/B4 d'fhoghlaim siad go nguionn Moslamaigh sa mhosc. Díreoidh an ceacht seo ar Ioslam. Foghlaimeoidh na páistí go gcreideann Moslamaigh in aon Dia amháin, a ghlaonn siad Allah air. Tabharfaimid na páistí isteach ar cuid de chleachtais urnaí laethúla na Moslamach, leis an méid a tharlaíonn le linn adhartha Dé hAoine ag an mosc, agus leis an Qur'an, téacs naofa Ioslam.

EOCHAIRFHOCAIL

Ioslam: Ainm reiligiún na Moslamach.

Allah: Creideann na Moslamaigh i nDia, a nglaoonn siad Allah air. Is é Allah an focal Araibise do Dhia.

Córán: Ainm téacs naofa na Moslamach.

An Fáidh Mahamad: Creideann na Moslamaigh gur léirigh Dia focail an Chóráin don fháidh Mahamad tríd an aingeal Gaibriél. Scaip Mahamad na focail seo, agus sa tslí sin d'fhás Ioslam.

Iomám: An duine a threoraíonn an urnaí sa mhosc.

Ionad Wudu: An áit ina níonn Moslamaigh iad féin roimh urnaí.

Hidseab: Scaif a chaitheann mná agus cailíní Moslamacha chun a gcuid gruaige agus a muinéal a chlúdach.

NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Leathanaigh A4, ábhair dhathúcháin, siosúr, gliú agus stáplóir do gach grúpa chun bróisiúr páipéir a dhéanamh.

Féachaimis ...

AG COMHRÁ

MAIDIR LE CREIDIMH ÉAGSÚLA AGUS ÁITEANNA ADHARTHA

Tosaigh le cuireadh a thabhairt do na páistí cuimhneamh ar a bhfuil ar eolas acu faoi áiteanna adhartha, agus na ceisteanna seo á n-úsáid agat nó ceisteanna cosúil leo:

- Cá mbíonn an tAifreann ar siúl? Cá ndéanann Giúdaigh adhradh? Cá mbailíonn Moslamaigh le chéile chun guí?
- Ainmnigh cuid de na rudaí a d'fheicfeá in Eaglais Chaitliceach, i Sionagóg agus i Mosc?

Ansin déan comhrá faoi na rudaí éagsúla a d'fhoghlaim na páistí faoi chreidimh eile, ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Cad iad na scéalta is cuimhin leat faoi na cairde Muireann, Eli agus Salma?

- Cad a d'fhoghlaim na cairde faoina dtraidisiúin chreidimh éagsúla ó bheith ag comhrá lena chéile agus trí chuairt a thabhairt ar thithe a chéile?
- Cén fáth go bhfuil an tSabóid tábhachtach do na Giúdaigh? Cén fáth go bhfuil an Domhnach tábhachtach do Chríostaithe?
- An cuimhin leat rud ar bith faoi Bhéile na Sabóide?
- An gcuireann Sabóid na nGiúdach aon rud i gcuimhne duit faoin méid a tharlaíonn ag Aifreann ar an Domhnach?

Dírigh aire na bpáistí go dtí leathanach 100 dá leabhair.

PAIDIR

Nóta: *Minigh do na páistí go nglacfaidh siad páirt i bPaidir Beannachta anois.*

Comhartha na Croise

Múinteoir: Gach uair a ghearraimid *Comhartha na Croise* orainn féin, déanaimid sinn féin a bheannú in ainm Dé - Athair, Mac agus Spiorad Naomh. Is cuimhin linn go bhfuil Dia linn i gcónaí. Is cuimhin linn grá Dé do gach duine againn. Is é ár bhfreagra ar an urnaí ná: *Glóir agus moladh le Dia, Athair, Mac agus Spiorad Naomh.*

Gach duine: Glóir agus moladh le Dia, Athair, Mac agus Spiorad Naomh.

Múinteoir: Guímid ar son ár dteaghlaigh. Go mbeannaí Dia iad agus go dtabharfaidh sé aire dóibh.

Gach duine: Glóir agus moladh le Dia, Athair, Mac agus Spiorad Naomh.

Múinteoir: Guímid ar son ár gcairde. Go mbeidh taithí acu i gcónaí ar ghrá Dé.

Gach duine: Glóir agus moladh le Dia, Athair, Mac agus Spiorad Naomh.

Múinteoir: Guímid ar son ár scoil. Go dtabharfaidh Dia aire di agus síocháin dúinn.

Gach duine: Glóir agus moladh le Dia, Athair, Mac agus Spiorad Naomh.

Múinteoir: Tabharfaimis beannacht agus síocháin Dé dá chéile agus muid ag cur lámha le chéile agus 'Ár nAthair' á canadh againn.

Amhrán Deiridh: 'Ár nAthair'

Comhartha na Croise

Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.

Foghlaimimis ...

NÓTA DON MHÚINTEOIR: Is é Ioslam an dara reiligiún domhanda is mó, le breis agus 1.3 billiún leantóir aige. Moslamaigh a thugtar ar lucht leanúna Ioslam. Creideann Moslamaigh i nDia, a dtugann siad Allah air (focal Araibise do Dhia). Tagraíonn Arabaigh Chríostaí do Dhia mar Allah freisin.

Thosaigh Ioslam san Araib. Creideann na Moslamaigh gur nocht Allah an Qur'an, leabhar naofa Ioslam, chuig an fáidh Mahamad tríd an aingeal Gaibriéil. Creideann Moslamaigh gurb é briathar Dé atá sa Qur'an, a cuireadh ar aghaidh, gan athrú, síos trí na nglúnta. Tá gach creideamh agus cleachtas Ioslamach fréamhaithe sa Qur'an agus i gcleachtais agus nathanna fáidhiúla Mahamad, a dtugtar 'Sunnah' nó 'Hadith' orthu.

Creideann Moslamaigh gurbh é an fáidh Mahamad an fáidh deireanach a sheol Allah, agus go raibh go leor fáithe ann roimh Mahamad, lena n-áirítear Ádhamh, Naoi, Abrahám, Ísmeáéil, Íosác, Iacób, Iósaf, Iób, Maois, Áron, Dáiví, Solamh, Éilias, Ióna, Eoin Baiste agus Íosa.

SCÉAL (CUID 1)

Tabhair chun cuimhne an triúr cara Muireann, Eli agus Salma, Caitliceach, Giúdach agus Moslamach, ar bhuail na páistí leo cheana sa chlár i *nGrá Dé*. Ansin léigh an scéal seo a leanas, ina fhágann Muireann slán le Salma agus í ag dul go Sasana chun cuairt a thabhairt ar a seanmháthair.

Tugann Salma Cuairt ar a Mamó

'Cén t-am a mbeidh tú ag imeacht?' Bhí Muireann ag súgradh le strapáí cnapsac Salma fad is a bhí sí ag pacáil. Bhí Salma ag dul go Birmingham i Sasana chun cuairt a thabhairt ar a mamó, a bhí tinn.

'Táimid ag imeacht chomh luath agus atá an pacáil críochnaithe agam,' d'fhreagair Salma.

Bhí brón ar Mhuireann. 'B'fhearr liom nach raibh tú ag imeacht. Agus ar feadh míosa iomlán freisin ... Tá brón orm go bhfuil do mhamó tinn, ach beidh tú imithe ar feadh i bhfad. Agus chomh maith le sin, beidh tú ar iarraidh do scrúdaithe an tsamhraidh ...'

Bhí Salma ag smaoineamh go mbraithfeadh sí in éagmais Muireann freisin, ach d'iarr a máthair uirthi teacht agus cuidiú léi cúram a thabhairt do Mhamó go dtí go raibh sí in ann aire a thabhairt di féin.

'Céard é seo?' arsa Muireann agus í ag cuardach i gcnapsac Salma.

'Ó, is é sin mo mhata urnaí,' arsa Salma. Bhí sí bródúil as a mata urnaí nua. 'Guímid cúig uair sa lá,' a mhínigh Salma. 'Nuair a bhí mé óg níor ghuigh mé an oiread agus a ghuím anois. Ní gá dom a bheith ag guí fós - ní go dtí go mbím dhá bhliain déag d'aois, ach is maith liom é! Ní gá do Mhoslamaigh mata urnaí a úsáid - ach is fearr liom ceann a úsáid. Is é an fáth atá le mataí urnaí ná go mbeidh tú compordach nuair a bhíonn tú ag guí, nó ar son an tsláinteachais má bhíonn tú ag guí lasmuigh. Tá compás



i roinnt mataí urnaí le cuidiú le duine teacht ar threoir Meice, toisc go ndéanaimid guí i gcónaí sa treo sin. Tá fiú aipeanna ann a chabhróidh leat treo Mheice a aimsiú.'

'Á, nach iontach an méid sin,' d'fhreagair Muireann.

Bhí a fhios ag Muireann gur áit speisialta do Mhoslamaigh a bhí i Meice. D'inis Salma léi faoi roimhe sin.

'Uaireanta,' lean Salma, 'deirimid véarsaí ón gCórán, ár leabhar naofa, mar is eol duit.'

Ní raibh a fhios ag Muireann conas a d'éirigh le teaghlach Salma guí cúig huaire sa lá. Amhail is dá raibh a hintinn á léamh aici, dúirt Salma, 'Tá a fhios agam go mb'fhéidir gur mór an méid urnaí sin - ach níl sé i ndáiríre ... ach go háirithe nuair a bhíonn tú cleachtach air. Guímid ar maidin roimh éirí na gréine, agus díreach i ndiaidh meán lae. Ansin, guímid arís go déanach san tráthnóna, agus arís sa tráthnóna i ndiaidh

...

dul faoi na gréine. Agus guímid uair amháin eile - don uair dheireanach, sula dtéimid a chodladh. 'Bhí Salma agus a teaghlach dáiríre ó thaobh a gcreideamh de. Ní dhearna Muireann dearmad ar an lá, ar scoil, nuair a rinne leanbh eile spraoi faoi ainm 'Allah'. Bhí Muireann trí chéile go mór faoi seo. Ansin mhínigh Bean Coilféir don rang céard a bhí i gceist. Dúirt sí leo go nglaonn na Moslamaigh 'Allah' ar Dhia, agus léiríonn siad meas mór ar ainm Dé i gcónaí.

Bíonn siad trí chéile nuair a dhéanann daoine eile neamhaird ar ainm Dé.

'Salma, an bhfuil tú réidh?' A ghlaigh máthair Salma ón gcarr.

'Ní mór dom imeacht, is dócha,' arsa Salma, beagán brónach. Bhí grá aici dá Mamó, ach níor theastaigh uathí slán a fhágáil lena cara.

Chas Muireann chuig Salma. 'Cuirfidh tú glaoch Skype orm, nach ndéanfaidh tú? Geallann tú?'

'Cinnte,' arsa Salma, ag piocadh a cnapsac aníos agus ag rith síos an staighre.

Sheas Muireann ag an ngeata agus chroith sí lámh le Salma agus a máthair, agus bhí sí ag súil go mór, lena cara a fheiceáil ar líne.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cá raibh Salma ag dul?
- Cad a chonaic Muireann i mála droma Salma?
- Cé mhéad uair a dhéanann Moslamaigh guí gach lá?
- Cén t-ainm atá ag Moslamaigh ar Dhia?
- Cad é leabhar naofa Ioslaim?

- Cad é leabhar naofa na nGiúdach? (Tórá)
- Cad é leabhar naofa na gCaitliceach?
- Cén fáth a dtugtar leabhair naofa ar na leabhair seo, dar leat?
- Cén fáth a mbíonn daoine ag guí? Cén fáth a mbíonn tusa ag guí?
- Cén fáth a ndéanann na Moslamaigh guí, dar leat?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

Now read the second part of the story, in which Muireann finds out more about Salma's visit, in particular about the mosque that Salma attends.

SCÉAL (CUID II)

Léigh anois an dara cuid den scéal, ina bhfaigheann Muireann tuilleadh eolais faoi chuairt Salma, go háirithe faoin mosc ar a bhfreastalaíonn Salma.

Salma and Muireann Send Letters

Bhí trí lá thart ó d'imigh Salma go Birmingham chun a Mamó a fheiceáil. Bhí Muireann ag tosú ag smaoineamh go raibh dearmad déanta ag Salma ar a gealltanais nuair a fuair sí téacs: *Níl aon wifi i dteach mo Mhamó! Ní féidir liom scaidhpeáil. Tá brón orm. Tá biseach ar Mhamó.*

Níor fhreagair Muireann toisc go raibh díomá uirthi nach mbeadh sí in ann Salma a scaidhpeáil. Thug athair Mhuireann faoi deara go raibh brón uirthi.

'Cad atá cearr leat?' d'iarr sé. 'An mbrathann tú Salma ar iarraidh ort?'

Nuair a dúirt Muireann dó nach bhféadfadh léi Salma a scaidhpeáil, mhol a hathair.

'Déarfainn go mbeadh áthas uirthi litir a fháil.'

Shíl Muireann gur smaoineamh amaideach a bhí sa mhéid seo, go dtí níos déanaí ar an lá céanna, fuair sí téacs eile ó Salma. Dúirt an téacs: *Céard faoi litir a scríobh? Haha!!*

'Nach ait an comhtharlú é sin,' a smaoinigh Muireann, 'b'fhéidir nach raibh moladh mo dhaidí chomh haimaideach sin, tar éis an tsaoil!' Agus mar sin, chinn sí triail a bhaint



as litir a scríobh. Bhí go leor ama aici anois nuair nach raibh Salma sa bhaile.

Mar sin, thosaigh Muireann agus Salma ag scríobh lena chéile ... agus faoi dheireadh scríobh siad gach lá. Scríobh Muireann mar gheall ar a madra Blunders, faoin scoil, agus faoin gcaoi a raibh Eli ar an gcailín ab fhearr sa scrúdú Matamaitice ... agus scríobh Salma ar ais agus dúirt sí léi faoi cé chomh mór, aisteach agus uafásach a bhí Birmingham, agus conas

...



• • •

a chuaigh sí ag siopadóireacht lena máthair, agus conas a bhí biseach ag teacht ar Mhamó. Tharraing sí pictiúr de theach Mhamó agus den seomra gréine leis na potaí bláthanna. Tharraing sí pictiúr de Mhamó freisin! D'inis sí le Muireann freisin faoin mosc mór a ndeachaigh siad chuige, agus go raibh sé i bhfad níos mó ná an ceann a bhí acu sa bhaile.

Theastaigh ó Mhuireann níos mó a chloisteáil faoin mosc mór seo, agus mar sin sa chéad litir eile chuir sí go leor ceisteanna ar Salma, an iomarca go bhféadfadh Salma a fhreagairt! Shíl Salma go mbeadh sé níos éasca pictiúr den mhosc a tharraingt chun cur síos a dhéanamh air.

Cúpla lá ina dhiaidh sin, fuair Muireann clúdach mór donn sa phost le go leor leathanaigh líonta le línóichtaí agus le nótaí, agus le litir ceangailte le ceann acu:

Dia duit Muireann,
Níl an t-am agam gach ceist a fhreagairt.
Shocraigh mé ar roinnt pictiúr a tharraingt duit.
Tá súil agam gur mhaith leat iad!
Salma, xx

Bhí Muireann ag gáire agus í ar a bealach timpeall na pictiúir den mhosc. Chonaic sí an seomra urnaí mór le greamán os a chionn ag rá gurb í seo an áit inar ghuigh na daoine a gcuid paidreacha. Tharraing Salma cairpéad mór daite, le línte air, agus scríobh sí in aice leis: 'Gan suíochán ar bith! Cuimhnigh ar

mo mhata urnaí!' Tharraing sí roinnt figiúirí de dhaoine a bhí ina seasamh i línte ar an gcairpéad. Chonaic Muireann an áit ina ndearna na daoine níochán speisialta, a dtugtar *wudu* air, sula nguíonn siad. Tharraing Salma go leor bróga le chéile in áit eile - bhí a fhios ag Muireann cheana féin gur bhain Moslamaigh a gcuid bróga roimh dul isteach sa mhosc. Tarraingigh Salma pictiúir den *mihrab* freisin, áirse leathchiorclach sa bhalla, a léirigh treo Mheice. D'fhéadfadh Muireann a fheiceáil go raibh an *imam* ag léamh ón gCórán, a bhí ar sheastán adhmaid, é lipéadaithe ag Salma *minbar*. Bhí go leor cóipeanna eile den Córán scaipthe timpeall an mhosc. Tharraing Salma seomra nó gailearaí faoi leith ag an taobh, áit a ghuigh na mná agus na cailíní. Agus chuir sí nóta le seo a rá gur minic a ghuigh na mná agus na cailíní taobh thiar de na fir agus na buachaillí sa phríomhcheantar urnaí.

Tharraing Salma imlíne na mballaí taobh amuigh den fhoirgneamh agus bhí cruinneachán mór os cionn an phríomh-halla urnaí. In aice an mhosc tharraing sí *minaret* - miontúr áit a chuireann an *muezzin* glaoch ar na Moslamaigh.

Bhí pictiúir agus nótaí Salma go hiontach! Scríobh Muireann ar ais chuici chun an méid sin a insint di, agus ag iarraidh uirthi an mbeadh sé ceart go leor iad a thabhairt isteach ar scoil chun iad a thaispeáint do gach duine.

Chuir Bean Coilféir an-suim i léaráidí Salma agus sa chur síos a rinne sí ar an mhosc. Gheall sí go dtabharfadh sí an rang chuig mosc áitiúil nuair a thiofadh Salma ar ais, ionas go bhféadfaidís go léir pictiúr de mhosc Éireannach a tharraingt, díreach mar a rinne Salma agus í i mBirmingham.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cén fáth a raibh díomá ar Mhuireann nuair a fuair sí an chéad téacs ó Salma?
- Conas a shocraigh an bheirt chara cumarsáid a dhéanamh leo féin?
- Cad a dúirt Salma faoi Birmingham?
- Cén cur síos a thug Salma do Mhuireann ar an

mosc mór i mBirmingham?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Cad iad na bealaí ina bhfuil mosc cosúil le séipéal Caitliceach? Le sionagóg?
- Cad iad na bealaí ina bhfuil mosc difriúil ó shéipéal Caitliceach? Ó sionagóg?

SCÉAL (CUID III)


Sa chuid dheireanach den scéal seo, tugann Salma agus a teaghlach cuireadh do Mhuireann freastal ar adhradh Dé hAoine ag an mosc leo.

Tugann Mhuireann Cuairt ar Mhosc

D'fhan Salma i mBirmingham ar feadh sé sheachtain, go dtí gur tháinig biseach ar a Mamó agus d'fhéadfadh léi agus a máthair filleadh abhaile. Chun buíochas a ghabháil le Mhuireann as a cairdeas le Salma agus as na litreacha go léir a sheoladh, thug tuismitheoirí Salma cuireadh do Mhuireann freastal ar phaidreacha an Aoine sa mhosc leo. Bhí a fhios ag Mhuireann gur bhain tábhacht faoi leith le paidreacha an Aoine agus go raibh cuireadh speisialta faighte aici. Ba chosúil paidreacha Dé hAoine do chlann Salma agus Sabóid Dé Sathairn do Eli agus Aifreann an Domhnaigh do Mhuireann. 'Ba bhreá liom dul,' a dúirt sí.

Mar sin, d'ullmhaigh Mhuireann an Aoine dár gcionn. Chuir sí na héadaí is fearr a bhí aici uirthi. Bheartaigh sí ar cuaráin a chaitheamh toisc go mbeadh *wudu*, an deasghnáth glanta, níos éasca leo. Nuair a shroich sí teach Salma chonaic sí go raibh Salma, a máthair agus a hathair gléasta ina n-éadaí maithe. Thaitin an bealach ina chuir máthair Salma a scaif chorra timpeall a ceann léi, agus dúirt Salma gur *hijab* a bhí inti. Shíl sí go raibh athair Salma go hálainn ina hata, agus dúirt sé léi gur bairéad cúil nó *taqiyah* a bhí ann.

Sula ndeachaigh siad isteach sa mhosc, bhain gach duine a gcuid bróga díobh agus chuir siad in áit speisialta iad. Ansin, chuaigh Mhuireann agus Salma le máthair Salma chun *wudu* a dhéanamh, agus d'imigh athair Salma chun *wudu* a dhéanamh i gceantar na bhfear. Ansin, tháinig siad go léir isteach sa phríomh halla urnaí, a cheap Mhuireann é a bheith an-lom go dtí gur chuimhnigh sí nach mbíonn suíocháin istigh sa mhosc; ach ina ionad sin, bíonn cairpéad te, bog acu chun suí air. Lean Mhuireann Salma agus a máthair chun áit a fháil in éineacht leis na mná agus na cailíní eile, taobh thiar de na fir agus na buachaillí.



'Cén fáth nach bhfuil dealbha nó pictiúir naofa le feiceáil?' d'iarr Mhuireann ar Salma os íseal, agus í ag smaoineamh ar a séipéal áitiúil.

'Toisc nár theastaigh ón bhfáidh Mahamad go mbeadh íomhánna de chineál ar bith i mosc,' fhreagair Salma. Agus ansin chuir máthair Salma leis an bhfreagra, 'Shíl sé gur seachrán airde a bheadh iontu.'

'Ach féach ar na maisiúcháin agus ar an scríbhneoireacht,' arsa Salma, ag cur na patrúin álainn agus na habairtí ón gCórán, scríofa in Araibis, in iúl di. D'aontaigh Mhuireann go raibh siad go hálainn.

I rith na seirbhíse, d'éist Mhuireann le haitheasc an imam, agus shíl sí go raibh sé cosúil leis an seanmóir a thugann an sagart ag Aifreann an Domhnaigh. Ansin thosaigh an imam na paidreacha. Bhí gach duine ag cantaireacht le chéile in Araibis, agus d'fhéach Mhuireann mar a sheas siad, chrom siad agus luigh siad ar an dtalamh i ndeasghnáth urnaí a dtugtar *Rak'ah* air. Níor thuig sí go leor de na rudaí a chuala sí ach d'aithin sí na focail 'Allah' agus 'Amen', a fhuaimnítear 'Ameen' in Araibis.

Nuair a bhí an tseirbhís thart, sheas daoine lasmuigh ag comhrá le chéile. Chonaic Mhuireann go leor daoine ag cur airgid i mbosca síntiúis in aice leis an doras. Ba mhaith léi rud éigin a chur sa bhosca freisin, ach rinne sí dearmad a sparán a thabhairt léi. Ansin chuir athair Salma euro ina láimh. Bhí bród ar Mhuireann agus í ag rith ar ais chun a síntiús a thabhairt.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cén cuireadh a thug tuismitheoirí Salma do Mhuireann?
- Cén lá ar thug siad cuairt ar an mhosc?
- Cén t-ainm a bhí ar an scaif a bhí á chaitheamh ag máthair Salma? Cén t-ainm a bhí ar an gcaipín cloigeann a bhí á chaitheamh ag a hathair?
- Cén teanga a d'úsáid na hadhraitheoirí agus iad ag guí?

- Cén t-ainm a bhí ar an deasghnáth urnaí a rinne na hadhraitheoirí?
- Cad iad na focail a d'aithin Mhuireann?
- Cad a rinne na hadhraitheoirí ar a mbealach amach as an mosc?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Cad a fuair Mhuireann difriúil sa mhosc ó na rudaí a raibh sí cleachtach leo ina séipéal féin?
- Cén fáth nach raibh aon dealbh nó pictiúir naofa sa mhosc?

URNAÍ MOSLAMACH

- Deir an Qur'an gur chóir do chreidmhígh guí chuig Allah cúig uair in aghaidh an lae:

Roimh éirí na gréine (*Fajr*)
Tar éis meán lae (*Dhuhr*)
Go déanach san iarnóin (*Asr*)
I ndiaidh dul faoi na gréine (*Maghrib*)
Sa tráthnóna (*Isha*)

- Guíonn Moslamaigh in Araibis, agus guíonn siad i gcónaí i dtreo Meice san Araib Shádach.
- Is féidir le daoine guí leo féin sa bhaile nó in aon áit eile, nó le lucht adhartha eile ag an mosc.
- San Ioslam, tarlaíonn an príomhfhoirm adhartha ar an Aoine le linn urnaí i lár an lae, de ghnáth i mosc. Treoraíonn an *imam* an urnaí sa mhosc, agus guíonn sé agus gach duine eile ag éisteacht, agus ansin leanann siad é i ngníomhartha urnaí. Seasann gach éinne in aghaidh an *mihrab*, a léiríonn treo Mheice. Seasann an lucht adhartha i líne dhíreach,

gualainn go gualainn, ag guí lena gcoirp chomh maith le focail agus le cantaireachtaí.

- *Rak'ah* an t-ainm atá ar na gníomhartha speisialta nó gluaiseachtaí a dhéanann Moslamaigh nuair a bhíonn siad ag guí. Tá míniú faoi leith ag gach ceann de na gníomhartha seo.
 - » Ar dtús seasann an t-adhradóir agus ardaíonn sé/sí a lámha, na bosa amach ón gcorp (ag cur in iúl bheith ag éisteacht le Dia/Allah).
 - » Ansin cromann an t-adhradóir agus caolaíonn sé (ag cur in iúl meas ar Dhia/Allah).
 - » Ansin cromann an t-adhradóir go híseal agus déanann teagmháil leis an talamh lena éadan (ag cur in iúl géilleadh do Dhia/Allah).
 - » Críochnaíonn an deasghnáth nuair a shuíonn an t-adhradóir ar ais ar a shála.

Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 101 dá leabhair.



Mairimis ...

CAD A MHÚIN TÚ?

Creideann Moslamaigh in aon Dia amháin, a dtugann siad Allah air. Creideann siad gur nocth Allah an Qur'an, téacs naofa Ioslam, don fháidh Mahamad tríd an aingeal Gaibriél agus gurb é an Córán briathar Dé gan athrú. Tugann na Moslamaigh meas mór don Chórán. Guíonn Moslamaigh cúig uair sa lá, agus an Aoine an lá urnaí speisialta atá acu – sa mhosc de ghnáth. Treoraíonn an *imam* na daoine ag guí sa mhosc. Baineann Moslamaigh a mbróga uathu sula dtéann siad isteach sa mhosc agus déanann siad deasghnátha glantacháin, a dtugtar *wudu* air, sula ndéanann siad guí. Guíonn Moslamaigh lena gcoirp chomh maith le focail agus cantaireacht. Is é *rak'ah* an t-ainm atá ar na gníomhartha nó gluaiseachtaí speisialta a dhéanann Moslamaigh agus iad ag guí.

GNÍOMHAÍOCHT CHRUTHAITHEACH

BRÓISIÚR TURAIS

Nóta: Beidh leathanaigh A4, ábhair dhathúcháin, siosúr, gliú agus stáplóir ag teastáil ó gach grúpa.

- Tabhair cuireadh do na páistí grúpaí a dhéanamh.
- Tabhair roinnt leathanach A4 agus ábhair dhathúcháin do gach grúpa. D'fhéadfadh stáplóir, siosúr agus gliú a bheith uathu chomh maith.
- Tabhair cuireadh do na páistí bróisiúr a ullmhú a d'fhéadfadh turasóirí a úsáid mar threoir do mhosc.
- Ba chóir go gcuirfeadh na páistí an oiread eilimintí den mhosc agus is féidir leo san

áireamh, agus pictiúir agus/nó líníochtaí mar aon le fotheidil a úsáid freisin.

- Nuair a bheidh an tasc críochnaithe ag na páistí, tabhair cuireadh dóibh a gcuid oibre a roinnt le grúpaí eile.
- Ansin tabhair cuireadh do roinnt páiste an rang a threorú timpeall ar mhosc 'samhlaíoch' – sa chás seo, do sheomra ranga!
- Ina dhiaidh sin, iarr ar na páistí a gcuid oibre a chur sa spás urnaí.

PAIDIR

Comhartha na Croise

Múinteoir (ag lasadh an choinneal): Cuireann ár gcoinneal i gcuimhne dúinn go bhfuil Dia i gcónaí linn. An tseachtain seo chualamar an scéal ar an gcaoi ar tugadh cuireadh do Mhuireann freastal ar urnaí an Aoine ag an mosc le Salma agus a tuismitheoirí. Is cuid thábhachtach de gach reiligiún í, urnaí. Labhraíonn daoine le Dia trí urnaí. Agus éistean Dia leo i gcónaí. Is é an freagra ar an urnaí ná: *Moladh le Dia*.

Gach duine: Moladh le Dia.

Múinteoir: Tá Dia linn nuair a sheasaimid ag urnaí.

Gach duine: Moladh le Dia.

Múinteoir: Tá Dia linn nuair a théimid ar na glúine ag urnaí.

Gach duine: Moladh le Dia.

Múinteoir: Tá Dia linn nuair atáimid umhluithe ag urnaí.

Gach duine: Moladh le Dia.

Múinteoir: Tá Dia linn nuair a shuimid ag urnaí.

Gach duine: Moladh le Dia.

Múinteoir: Tá Dia linn nuair a ghuimid lenár gcoirp, i bhfocail agus le ceol.

Gach duine: Moladh le Dia.

Ag baint úsáid as na focail seo nó as focail den chineál céanna, iarr ar na páistí cúpla nóiméad a ghlacadh le haghaidh machnaimh chiúin:

Múinteoir: Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh anois ar feadh nóiméid. Dúnaigí na súile. Mothaigh láithreach Dé leat anseo, anois ... Bíodh a fhios agat go dtugann Dia aire duit ... go dtugann Dia aire dúinn uile ... Ag baint úsáid as do ghuth taobh istigh, b'fhéidir gur mhaith leat labhairt le Dia ... agus a rá leis go bhfuil grá agat dó freisin ... Nuair atá tú réidh, oscail na súile.

Comhartha na Croise

Ceacht 4: An borradh a tháinig orainn i nGrá Dé!



SULA DTOSAÍONN TÚ

Tugann an ceacht deiridh seo i Rang a Ceathair/B6 sa chlár *I nGrá Dé* deis do na páistí athbhreithniú agus machnamh a dhéanamh ar a bhfuil foghlamtha acu. I rith na bliana, iarradh ar na páistí muinín a bheith acu i nDia agus chun freagra a thabhairt ar a bhfuil Dia ag iarraidh orthu a dhéanamh. Smaoinigh siad ar conas is féidir leo é seo a dhéanamh trí urnaí, trí éisteacht lena dtuismitheoirí, lena múinteoirí agus lena sagairt agus trí éisteacht le Briathar Dé.

I mbliana, trí iniúchadh a dhéanamh ar pharabail Íosa, d'fhoghlaim na páistí go raibh Ríocht Dé le fáil áit ar bith ina maireann daoine le grá agus le seirbhís, agus ag tabhairt grá do Dhia agus dá chomharsa. Tá iniúchadh déanta acu ar bhronntanais an mhaithiúnais agus an athmhuintearais, agus tá siad cinnte go mbíonn Dia réidh i gcónaí chun maithiúnas a thabhairt dóibh nuair a admhaíonn siad a bpeacaí agus nuair a iarrann siad maithiúnas i Sacraimint an Athmhuintearais.

I mbliana chuireamar an Ceathrú, an Cúigiú, an Seachtú, an tOchtú agus an Deichiú Aithne in aithne na bpáistí agus chabhraíomar leo a fheiceáil conas is féidir leo freagra a thabhairt ar ghlaoh Dé trí mhaireachtáil de réir na nAitheanta seo agus trí theagasc Íosa ar an ngrá a leanúint.

Tá níos mó foghlamtha ag na páistí faoi thraidisiún na hoilithreachta in Éirinn agus thar lear, agus tá a fhios acu go ndéanfaidh Muire, a Máthair, treoir a thabhairt dóibh i gcónaí agus iad a threorú chuig a Mac.

Chomh maith le creidimh agus cleachtais na hEaglaise Caitlicí a fhiosrú, thugamar na páistí isteach i mbliana do chuid de na hEaglaisí Críostaí eile, agus d'fhoghlaimíomar faoi conas a oibríonn na hEaglaisí éagsúla seo lena chéile chun aontacht a chruthú idir a chéile. Ag teacht leis an dtraidisiún na páistí a chur ar an eolas faoi chreidimh neamh-Chríostaí eile, rinneamar iniúchadh ar chreideamh agus ar chleachtais Ioslam.

Agus sinn ag foghlaim faoin Aifreann, dhríomar ar an gcaoi, ag an Aifreann, a ghabhaimid buíochas le Dia as na hiontais a rinne sé dúinn agus as bronntanas na beatha a thabhairt dúinn agus as a Mhac, Íosa, a chur chugainn chun a thaispeáint dúinn conas maireachtáil. Tá Íosa i láthair go huathúil sa Comaoineach Naofa. Gabhaimid buíochas ag an Aifreann ach go háirithe tríd an Phaidir Eocairisteach. Scrúdaíomar freisin Deasghnáth an Scaoilte, agus conas a sheolann sé sinn amach ón Aifreann chun leanúint le misean Íosa go laethúil.

NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Ba ceart duit cuirí chuig an tseirbhís urnaí a sheoladh amach – má tá sé i gceist agat cuireadh a thabhairt do thuismitheoirí/bhaill teaghlaigh, do shéiplíneach scoile agus/nó ionadaithe an pharóiste
- Réimse d'ábhar ealaíne le haghaidh 'Léirithe Athchuimhne' na bpáistí
- Pota iógairt folamh, roinnt cré nó múirín, cúpla síol, agus stiallacha páipéir (lipéad) do gach páiste

Féachaimis ...

AG COMHRÁ

ÁR mBLIAIN SCOILE

Déan comhrá faoin scoilbhliain ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cad é an rud is fearr a thaitin leat i mblíana ar scoil? Conas a bhí an bhliain seo ar scoil i gcomparáid le blianta eile roimhe sin?
- Cad é an rud is suimiúla a scrúdaigh tú i mblíana?
- Cad é an rud is suimiúla a d'fhoghlaim tú in *I nGrá Dé*?

GNÍOMHAÍOCHT

LÉIRIÚ ATHCHUIMHNE

- Mínigh do na páistí gurb é an tasc a bheidh acu ná achoimre ar a bhfuil foghlamtha acu in *I nGrá Dé* i mblíana a chur i láthair. Is féidir leo an achoimre a dhéanamh ag baint úsáid as focail, pictiúir agus/nó saothar ealaíne.
- Tabhair cuireadh do na páistí grúpaí a dhéanamh. Ag brath ar líon na bpáistí sa rang, roghnóidh gach grúpa téama amháin ar a laghad as na téamaí a clúdaíodh i mblíana. Má tá dóthain páiste sa rang, is féidir le roinnt acu ábhar ó cheann amháin nó níos mó de na ceachtanna séasúracha/breise a roghnú. Déan iarracht a chinntiú nach gclúdaíonn na grúpaí na téamaí nó ceachtanna céanna, ionas go mbeidh oiread agus is féidir de obair na bliana curtha san áireamh sna cur i láthair.
- Tabhair cuireadh do na páistí tosú ag roghnú na réimsí a chlúdóidh siad ina gcur i láthair agus smaointe a roinnt faoin ábhar ar mhaith leo a bheith san áireamh.
- Beidh orthu rogha a dhéanamh freisin ar an gcaoi ina dhéanfaidh siad an t-eolas a thaifeadadh, agus b'fhéidir go mbeidh orthu liosta a dhéanamh de na hábhair a bheidh uathu. Mar shampla d'fhéadfidís a bheartú:
 - » Cur i láthair PowerPoint a chruthú
 - » Mionsamhlacha a dhéanamh ag úsáid taos súgartha, marla, cré, srl.
 - » Cairteacha balla a dhéanamh
 - » Colláis a dhéanamh
- Inis do na páistí cé mhéad ama a bheidh acu don chleachtadh seo.
- Nuair a bheidh an ghníomhaíocht críochnaithe acu, tabhair cuireadh dóibh a gcuid 'Léirithe Athghairme' a chur i láthair don rang.
- Ansin iarr ar na páistí a gcuid oibre a chur sa spás urnaí.

PAIDIR

Nóta: Eagraigh cé na páistí a bheidh i ngach grúpa le haghaidh léamh na véarsaí ó Salm 37. Tá na focail thíos.

Comhartha na Croise

Amhrán Oscailte: Can iomann/amhrán oiriúnach

Múinteoir: Agus muid ag bailiú ag deireadh na scoilbhliana seo, cuimhnímid go bhfuil Dia i láthair i gcónaí inár saol agus go bhfuil sé ag iarraidh orainn fás i ngrá leis. I rith na bliana seo chualamar Dia ag glao orainn. D'fhoghlaimíomar gur féidir linn muinín a bheith againn as Dia mar fhreagraimid a ghlaoh. I rith an urnaí léifimid Salm 37 i ndhá ghrúpa agus is é ár bhfreagra ná: *Cuir do dhóchas sa Tiarna agus déan an mhaith.*

Gach duine: Cuir do dhóchas sa Tiarna agus déan an mhaith.

Múinteoir: Chualamar scéalta faoi dhaoine sa Sean-Tiomna a d'fhreagair glao Dé. Bhí muinín acu as Dia toisc go raibh creideamh acu. Smaoinímid ar Naoi, Abrahám, Sárá, Íosác agus Maois.

Gach duine: Cuir do dhóchas sa Tiarna agus déan an mhaith.

Múinteoir: Smaoinímid freisin ar Zacairía ar Eiliosaibeit agus ar Mhuire as an Tiomna Nua, agus ar na sluaite eile a d'éist agus a raibh muinín acu as Dia agus a d'fhreagair a ghlaoh ar bhealaí éagsúla. Glaonna Dia orainn freisin, agus is féidir linn freagra a thabhairt air toisc go bhfuil muinín againn as.

Gach duine: Cuir do dhóchas sa Tiarna agus déan an mhaith.

Múinteoir: Anois guímis roinnt véarsaí ó Salm



37. Bainimid úsáid as an bhfreagra a bhí againn cheana: *Cuir do dhóchas sa Tiarna agus déan an mhaith.*

Grúpa 1: *Cuir do dhóchas sa Tiarna agus déan an mhaith,*

agus mairfidh tú sa tír go sábháilte.

Má thugann tú taitneamh don Tiarna

tabharfaidh seisean duit mian do chroí.

Gach duine: *Cuir do dhóchas sa Tiarna agus déan an mhaith.*

Grúpa 2: *Taobhaigh do shlí leis an Tiarna;*

cuir do dhóchas ann agus déanfaidh sé beart duit

i dtreo go n-éireoidh d'fhíréantacht mar sholas.

Gach duine: *Cuir do dhóchas sa Tiarna agus déan an mhaith.*

Grúpa 1: *Seachain an t-olc, déan an mhaith*

agus mairfidh tú go buan mar a bhfuil tú.

Óir is geal leis an Tiarna an fhíréantacht

agus ní thréigfidh sé a dhílseoirí go deo.

Gach duine: *Cuir do dhóchas sa Tiarna agus déan an mhaith.*

Grúpa 2: *Stiúrann an Tiarna coiscéimeanna an duine agus déanann slí an té is geal leis sábháilte.*

Má thuislúonn sé ní leagfar ar lár é,

ós é an Tiarna é féin a thaca.

Gach duine: *Cuir do dhóchas sa Tiarna agus déan an mhaith.*

Múinteoir: Tá a fhios againn go bhfuil Dia i gcónaí

linn. Tabharfaimis buíochas agus moladh dó agus

an *Glóir don Athair* á rá le chéile againn, ag baint

úsáid as na gothaí a d'fhoghlaimiomar.

Gach duine (*le gothaí*): *Glóir don Athair (Glóir don Athair, agus don Mhac, ...)*

Amhrán Deiridh: *Can iomann/amhrán oiriúnach*

Comhartha na Croise

Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.

Foghlaimimis ...

AG COMHRÁ

MAIDIR LEIS AN MÉID IS CUIMHIN LINN

- Dírigh aire na bpáistí chuig leathanaigh 103 agus 104 dá leabhair. Tabhair cuireadh dóibh a bheith ag obair ina mbeirteanna ar feadh cúpla nóiméad féachaint an féidir leo a thabhairt chun cuimhne cén scéal a théann le gach pictiúr.
- Ansin déan comhrá leis an rang faoi na cuimhní atá acu ar na scéalta taobh thiar de gach pictiúr. Tabhair cuireadh dóibh na scéalta is fearr a thaitin leo a aithint agus a rá cén fáth ar thaitin siad leo.
- Ansin tochail níos doimhne trí na páistí a spreagadh chun a roinnt a bhfuil foghlamtha acu faoi Dhia agus faoi Ríocht Dé as aon cheann de na scéalta seo.
- Ar deireadh, tabhair cuireadh do na páistí a roinnt cad é mar a spreag na scéalta seo iad chun 'fás i ngrá' le Dia.

GNÍOMHAÍOCHT

NA CUIMHNÍ CINN IS FEARR LIOM

Tabhair cuireadh do na páistí a gcuid rogha féin a thaifeadh ó obair na bliana, agus conas a bhraitheann siad gur fhás siad i ngrá le linn na bliana, trí na habairtí seo a chríochnú sa chóipleabhar don Oideachas Reiligiúnach:

- Ba é an t-amhrán/scéal/dán is fearr liom ná ...
- Ba í an ghníomhaíocht is fearr liom ...
- Ba í an phaidir is fearr liom...
- Rud amháin an-tábhachtach a d'fhoghlaim mé ná ...
- Is dóigh liom go bhfuil mé tar éis fás i ngrá i mbliana mar ...

GNÍOMHAÍOCHT

SAOTHAR CEOIL

- Tosaigh ag cuimhneamh ar an gceol atá cloiste ag na páistí i rith na bliana sa chlár *I nGrá Dé* (m.sh. ceol machnamhach, ceol Arabach, ceol Gaelach).
- Tabhair cuireadh do na páistí dul isteach arís sna grúpaí a bhí acu don 'athchuimhne'. Mínigh dóibh go bhfuil siad chun a rann féin, rap, curfá/amhrán a chumadh a rachaidh leis an dtéama a bhí acu nuair a rinne siad an 'athchuimhne'. Ní mór do gach grúpa cinneadh a dhéanamh ar cad a bheidh mar phríomhtheachtaireacht an téama acu.
- B'fhéidir gur mhaith le páistí áirithe oibriú ar ghothaí nó cnaguirilís a bheith mar cuid den saothar ceoil acu.

GLAC NÓIMÉAD

Ag baint úsáid as na focail seo nó focail cosúil leo, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a thógáil le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh ... Bí ar an eolas faoi do anáil ag dul isteach agus ag fágáil do chorp ... Anois, le do ghuth istigh, gabh buíochas le Dia as a láithreach leat ... Éist le Dia a rá leat, 'Ghlaoigh mé ort i d'ainm; is liomsa thú' ... Déan

machnamh ar a bhfuil foghlamtha agat faoi Ríocht Dé ... Cibé áit a bhfuil grá.. síocháin... áthas... ceartas tá sí le fáil ... nuair a bhíonn gach duine san áireamh agus meas orthu agus ag caitheamh go cothrom leo... Éist le hÍosa ag tabhairt cuireadh duit a bheith mar chuid de Ríocht Dé ... Le do ghuth istigh, inis d'Íosa faoin méid a dhéanfaidh tú Ríocht Dé a bheith i láthair i do theach ... i do scoil ... agus i do phobal ... Nuair atá tú réidh, oscail na súile.

Mairimis ...

CAD A MHÚIN TÚ?

Bhí deis ag na páistí breathnú siar ar an méid a d'fhoghlaim siad i rith na bliana – trí urnaí, machnamh, ceol, comhrá agus íomhánna. Thug siad na scéalta, dánta, amhráin, íomhánna agus paidreacha is fearr leo chun cuimhne. Spreagadh iad chun machnamh a dhéanamh ar conas is féidir leo cabhrú le Ríocht Dé a thógáil. D'fhoghlaim siad conas glaoch Dé a fhreagairt mar dheisceabail dílis, grámhara agus iontaofa d'Íosa trí shampla Mhuire, na naomh agus na heiseamláirí ar fad ar casadh leo i mbliana sa chlár *I nGrá Dé* a leanúint.

GNÍOMHAÍOCHT

FÉACH AIR AG FÁS

Nóta: *Beidh pota iógart folamh, roinnt cré nó múirín, cúpla síol, agus stiallacha páipéir (lipéad) ag teastáil le haghaidh gach páiste.*

- Tabhair cuireadh do na páistí cuimhneamh ar an méid a mhúin Íosa dúinn faoi Ríocht Dé tríd pharabail an tSíl Mhústaird, an Samárach Maith, an Bonn Airgid Caillte, an Caora Caillte, agus an Bhaintreach agus an Breitheamh.
- Cuir i gcuimhne dóibh, díreach mar a fhásann síol beag mustaird chun a bheith ina crann, fásann Ríocht Dé as focail agus as gníomhartha na ndaoine sin go léir a mhaireann de réir teagasc Íosa.
- Ansin mínigh do na páistí go bhfuil siad chun a síolta féin a chur, agus féachaint orthu ag fás, le himeacht ama, isteach i bplandaí. Beidh na síolta seo ag fás i bplandaí ina siombail den chaoi a bhfuil siad ag fás i nGrá Dé agus i nGrá le daoine eile trí theagasc Íosa a leanúint go

laethúil – sa bhaile, ar scoil agus ina bpobail féin.

- Anois tabhair pota iógart folamh do gach páiste, roinnt cré nó múirín, cúpla síol (ar eagla nach néiríonn le roinnt síol), agus stiall de pháipéar chun lipéad a chur ar a bpotaí.
- Tabhair cuireadh do na páistí a gcuid síolta a chur sa phota.
- Tabhair cuireadh dóibh a n-ainm a scríobh ar an stiall páipéir agus é a ghreamú leis an bpota.
- Déan comhrá leo faoin bpota a thabhairt abhaile do laethanta saoire an tsamhraidh, agus aire a thabhairt dó agus féachaint air ag fás mar shiombail ar Ríocht Dé ag fás laistigh agus mórthimpeall orthu.
- Is féidir na potaí a choinneáil sa spás urnaí agus iad a úsáid le linn na seirbhíse urnaí ag deireadh na bliana. Ina dhiaidh sin, is féidir leis na páistí iad a thabhairt abhaile leo.

Ullmhúchán:

- Más féidir, bíodh na páistí ina suí thart nó gar don spás urnaí. Mura féidir é seo a dhéanamh, tabhair cuireadh dóibh a gcathaoireacha a chasadh i dtreo an spáis urnaí.
- Iarr ar na páistí na 'Potaí Fáis' agus na 'Léirithe Athchuidithe' a chur gar don spás urnaí.
- Roghnaigh páistí chun na nithe seo a leanas a iompar go dtí an spás urnaí ag an am cuí: cros chéasta/cros/cros Cheilteach, an Bíobla Naofa agus uisce coisricthe.
- Roghnaigh cúigear léitheoir. Tá na léachtaí agus na freagraí ar fáil thíos agus féadfar iad a thaispeáint, nuair is gá, ar an gclár bán idirghníomhach.
- Iarr ar na páistí a leabhair a bheith leo i dtreo is gur féidir leo an Paidir chuig an Spiorad Naomh agus an Memorare (ar leathanaigh 106 agus 107) a léamh nuair is gá, mura bhfuil siad ar eolas de ghlan mheabhair acu.

Comhartha na Croise

Iomann Oscailte: Can iomann/amhrán oiriúnach

Múinteoir: Lá lúcháireach atá ann inniu chun buíochas a ghabháil le Dia as an bhliain iontach a cheiliúramar inár scoil (*ainm na scoile*). Táimid buíoch as gach duine a tháinig anseo inniu chun ceiliúradh a dhéanamh linn. Ar dtús, tógfaimis nóiméad chun smaoineamh ar láithreach Dé agus ar gcoinneal á lasadh againn.

Lasann an múinteoir an choinneal.

Fócas ar feadh nóiméid ar an gcoinneal lasta agus, nuair atá tú réidh, dún na súile. Tabhair chun cuimhne na bronntanais go léir a thugann Dia duit gach lá ... Análaigh isteach go mall nuair a deirim na focail 'análaigh isteach', agus easanálaigh nuair a deirim na focail 'easanálaigh amach'. Análaigh isteach an grá, an t-áthas, an áilleacht agus an cairdeas go léir a thugann Dia duit anois. Agus tú ag easanálú, cuir an ruaig ar aon rud a chuireann ar seachrán tú ... Déanfaimid é seo cúpla uair go dtí go mbeidh tú socair agus ciúin... Cuimhnigh go bhfuil an Spiorad Naomh leatsa chun cabhrú leat maireachtáil ar nós Íosa, le grá a roinnt ar nós Íosa agus chun guí ar nós Íosa ... Le do ghuth taobh istigh, gabh buíochas le Dia as na bronntanais go léir a thug sé duit. Nuair atá tú réidh oscail do shúile.

Ansin tógann na páistí an chros chéasta/cros/cros Cheilteach, an Bíobla Naofa agus an t-uisce coisricthe

chuig an spás urnaí.

Tabhair cuireadh do na páistí uile, duine i ndiaidh a chéile, a gcuid 'Potaí Fáis!' a iompar go dtí an spás urnaí.

Múinteoir: Fócas ar feadh nóiméid ar choinneal an ranga. Lasamar an choinneal seo gach seachtain i rith na scoilbhliana chun láithreach Dé a chur i gcuimhne dúinn. Gabhaimis buíochas le Dia anois, leis an nguth taobh istigh, as a bheith linn i gcónaí. (Sós)

Iarrafaimid anois ar an Spiorad Naomh tine ghrá Dé a lasadh inár gcroíthe, agus an Paidir chuig an Spiorad Naomh á rá againn:

Gach duine: Paidir chuig an Spiorad Naomh (Tar, a Spioraid Naomh, líon croíthe na bhfíréan ...)

Múinteoir: Seasaimis anois agus cuirimid fáilte roimh an Dea-Scéala, an Soiscéal, agus 'Alleluia' á canadh le chéile againn.

Gach duine (*ag canadh*): 'Alleluia'.

Múinteoir: Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh Matha.

Gach duine: (*Agus Comhartha na Croise á ghearradh acu ar an éadan, na beola agus an t-ucht*): Glóir duit, a Thiarna.

Múinteoir: *D'inis Íosa parabal eile dóibh: 'Is cosúil ríocht na bhflaitheas le giosta a thóg bean agus mheasc sí le buiséal plúir é nó go raibh sé éirithe ar fad.'* (Matha 13:33)

Soiscéal an Tiarna.

Gach duine: Moladh duit, a Chríost.

Tabhair cuireadh do na páistí suí síos.

Múinteoir: Dúirt Íosa dúinn gur féidir le Ríocht Dé fás ar nós an giosta a fhásann i mbuilín aráin nó ar nós an síol beag mustaird a fhásann i bplanda. Anois tóg nóiméad chun d'aire a dhíriú ar do chuid 'Potaí Fáis!' agus smaoinigh ar an gcaoi a gcabhróidh tú le Ríocht Dé, ríocht an ghrá a fhás, i do shaol féin.

Glac sos chun machnamh a dhéanamh.

Múinteoir: A Dhia ár nAthair, cuirimid ár bpaidreacha i do láthair anois.

Léitheoir 1: A Dhia ghrámhair, guímid ar son an Phápa agus ar son ceannairí na hEaglaise; guímid ar son ceannairí na nEaglaisí Críostaí uile



agus ar son ceannairí traidisiúin chreideamh eile; agus guímid ar son ceannairí tíortha agus rialtais éagsúla, go dtabharfaidh an Spiorad Naomh treoir dóibh chun an méid atá ceart a dhéanamh. A Thiarna, éist linn.

Gach duine: A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

Léitheoir 2: A Dhia ghrámhair, guímid ar son an domhan iontach, a chruthaigh tú dúinn, gur féidir linn baint leis mar bhronntanas, agus an bheatha a chosaint i gcónaí. A Thiarna, éist linn.

Gach duine: A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

Léitheoir 3: A Dhia ghrámhair, guímid go mbeidh meas againn ar an Scriptúr Naofa, agus sinn ag éisteacht le teagasc Íosa agus freagra a thabhairt ar an dteagasc sin trí ghníomhartha grá a dhéanamh dár dteaghlaigh, dár gcairde agus dá gcomharsana. A Thiarna, éist linn.

Gach duine: A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

Léitheoir 4: A Dhia ghrámhair, guímid ar son na daoine go léir a chuir ar ár gcumas dul ar scoil. Gabhaimid buíochas leat as ár dteaghlaigh, ár múinteoirí, ár bpríomhoide agus as na daoine go léir a chabhraíonn linn gach lá. A Thiarna, éist linn.

Gach duine: A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

Léitheoir 5: Guímid ar son gach duine a fuair bás. Go mbeidh suaimhneas síoraí acu. A Thiarna, éist linn.

Gach duine: A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

Múinteoir: Mar lucht leanúna Íosa, cuimhnímid go háirithe ar Mhuire, ár Máthair, a éisteann lenár gcuid paidreacha i gcónaí agus a chabhraíonn linn fás i ngrá Dé. Guímis an *Memorare* anois:

Gach duine: An *Memorare* (Cuimhnigh, a Mhaighdean Mhuire róghrámhar...)

Múinteoir: A Dhia ghrámhair, gabhaimid buíochas leat as do ghrá leanúnach neamhchoinníollach. Cabhraigh linn tuiscint a fháil ar do mhuinín agus ar do bhealaí grámhara, mar a rinne do sheirbhísigh dílis Abrahám, Sárá, Maois, Zacairiá, Eiliosaibeit agus Muire. Cabhraigh linn maireachtáil i ngrá le Dia agus le daoine eile mar a mhúin Íosa dúinn. Iarraimid é seo trí Mhuire ár Máthair Beannaithe, na haingil agus na naoimh go léir, agus trí chumhacht an Spioraid Naoimh.

Gach duine: Áiméan.

Amhrán Deiridh: Can iomann/amhrán oiriúnach

Comhartha na Croise

Paidreacha

Comhartha na Croise

In ainm an Athar,
agus an Mhic,
agus an Spioraid Naoimh. Áiméan.

Glóir don Athair

Glóir don Athair,
agus don Mhac,
agus don Spiorad Naomh,
Mar a bhí ó thús,
mar atá anois
agus mar a bheas go brách,
le saol na saol. Áiméan.

Paidir na Maidine

A Dhia, tá grá agat dom.
Bíonn tú liom de lá is d'óiche.
Ba mhaith liom grá a thabhairt duit
Gach nóiméad den lá.
Ba mhaith liom tú a shásamh.
A Athair, cabhraigh liom. Áiméan.

Paidir na hOíche

A Dhia, a Athair, molaim thú
As ucht do chineáltais liom inniu.
As ucht mo chairde molaim thú,
Agus as an teaghlach a thug tú dom.
I ndorchadas na hoíche cosain mé
Solas na maidine go bhfeice mé.
Áiméan.

Altú roimh Bhia

Beannacht ó Dhia orainne atá ag súi
chun boird le chéile.
Beannacht ar an mbia a ithimid inniu.
Beannacht ar na lámha a d'ullmhaigh
dúinn é.
Beannacht a Dhia dílis orainn féin.
Áiméan.

Altú tar éis Bia

Go raibh maith agat, a Dhia, mar is tú
a thug bia dúinn.
Go raibh maith agat, a Dhia, mar is tú
a thug cairde dúinn.
Go raibh maith agat, a Dhia, mar is tú
a thug gach rud dúinn.
Go raibh maith agat, a Dhia. Áiméan.

Paidir chuig an Aingeal Coimhdeachta

A Aingil dhil Dé, cuir mé faoi do
smacht,
mar d'ordaigh Mac grámhar Dé ina
reacht.
Seas le mo thaobh gach am den lá.
Soilsigh is cosain is seol mé slán.
Áiméan.

An Phaidir

Ár nAthair, atá ar neamh,
Go naofar d'ainm,
Go dtaga do ríocht,
Go ndéantar do thoil ar an talamh
Mar a dhéantar ar neamh.
Ár n-arán laethúil tabhair dúinn inniu,
Agus maith dúinn ár bhfiacha,
Mar a mhaithimidne dár bhféichiúna
féin,
Agus ná lig sinn i gcathú,
Ach saor sinn ó olc. Áiméan.

Sé do Bheatha, a Mhuire

Sé do bheatha, a Mhuire,
Atá lán de ghrásta,
Tá an Tiarna leat.
Is beannaithe thú idir mhná,
Agus is beannaithe toradh do bhroinne,
Íosa.
A Naomh Mhuire, a mháthair Dé,
Guigh orainn, na peacaigh,
Anois agus ar uair ár mbáis. Áiméan.

Paidir don Tríonóid Naofa

Moladh don Athair,
Agus don Mhac,
Agus don Spiorad Naomh,
An Triúr ina aon.

Paidreacha chuig an Spiorad Naomh

A Spioraid Naoimh, ba mhaith liom an
rud ceart a dhéanamh. Cabhraigh
liom.
A Spioraid Naoimh, ba mhaith liom
maireachtáil mar a mhair Íosa.
Treoraigh mé.
A Spioraid Naoimh, ba mhaith liom guí
mar a ghuiigh Íosa. Múin dom é.

Tar, a Spioraid Naoimh, líon croíthe na
bhfíréan.
Agus las ionainn tine do ghrá.
Cuir amach uait do Spiorad agus
cruthófar muid,
Agus déanfaidh tú aghaidh na talún a
athnuachan.

A Dhia, a mhúin croíthe na bhfíréan
Le solas an Spioraid Naoimh,
Deonaigh dúinn sa Spiorad céanna a
bheith críonna go fíor,
Agus gairdeas a dhéanamh i gcónaí ina
shólás,
Trí Chríost, ár dTiarna. Áiméan.

Fáilte an Aingil

Tháinig aingeal an Tiarna le scéala
chun Muire,
Agus ghabh sí ón Spiorad Naomh.
Sé do bheatha, a Mhuire...
Féach, mise banóglach an Tiarna,
Go ndéantar liom de réir d'fhocail.
Sé do bheatha, a Mhuire...
Agus ghlac an Briathar colainn
dhaonna,
Agus chónaigh sé inár measc.
Sé do bheatha, a Mhuire...
Guigh orainn, a Naomh-Mháthair Dé
Ionas go mb'fhiú sinn geallúna Chríost.

A Thiarna,
Líon ár gcroíthe le do ghrá,
Agus faoi mar a nocht tú dúinn trí
aingeal
Teacht do Mhic i gcolainn dhaonna,
Treoraigh sinn, dá bhrí sin, trína
fhulaingt agus a bhás
Go glóire a aiséirí,
Mar is é a mhaireann agus a rialaíonn
in éineacht leatsa
agus leis an Spiorad Naomh,
Aon Dia, trí shaol na saol. Áiméan.

Cúram don Domhan

A Dhia ár gCruthaitheoir, thug tú an
talamh, an spéir agus na farraigí
dúinn.
Taispeáin dúinn conas aire a thabhairt
don domhan, ní hamháin don lá atá
inniu ann, ach do na haoiseanna atá
le teacht freisin.
Ná milleadh aon phlean ná obair
againne áilleacht do chruthaithe.
Seol do Spiorad chugainn chun cabhrú
linn aire a thabhairt don domhan
agus don chruthú ar fad.
Áiméan.

Paidir ar an mBíobla a oscailt

Beannaigh mé, a Dhia, ionas
nuair a osclaim an Bíobla seo
go n-osclóidh mé m'intinn agus mo
chroí
do do Bhriathar.
Go gcothaí sé mé
faoi mar a chothaigh sé Íosa.
Áiméan.

Paidir ar an mBíobla a dhúnadh

Beannaigh mé, a Dhia,
agus an Bíobla seo á dhúnadh agam
go gcoinneoidh mé do Bhriathar
i mo chroí agus i m'intinn
faoi mar a rinne Íosa.
Áiméan.

Cré na nAspal

Creidim i nDia,
an tAthair uilechumhachtach,
Cruthaitheoir neimhe agus talún,
agus in Íosa Críost, a Aonmhacsan, ár
dTiarna,
a gabhadh ón Spiorad Naomh,
a rugadh ó Mhuire Ógh,
a d'fhulaing páis faoi Phointias Píoláit,
a céasadh ar an gcros, a fuair bás agus
a adhlacadh,
a chuaigh síos go hifreann,
a d'éirigh an treas lá ó mhairbh,
a chuaigh suas ar neamh,
atá ina shuí ar dheis Dé an tAthair
uilechumhachtach;
as sin tiocfaidh sé chun breithiúnas a
thabhairt ar bheo agus ar mhairbh.

Creidim sa Spiorad Naomh,
sa Naomh-Eaglais Chaitliceach,
i gcomaoín na Naomh,
i maithiúnas na bpeacaí,
in aiséirí na colainne,
agus sa bheatha shíoraí. Áiméan.

An Magnificat

Mórann m'anam an Tiarna,
agus rinne mo spiorad gairdeas i nDia
mo Shlánaitheoir.
Óir dhearc sé le fabhar ar ísle a
bhanóglai;h;
mar féach, déarfadh na glúine uile
feasta gur méanar dom.
Óir rinne an té atá cumhachtach nithe
móra dom agus is naofa a ainm.
Agus tá a thrócaire ó ghlúin go glúin
dóibh seo ar a mbíonn a eagla.
Thaispeáin sé neart a láimhe:
scaip sé an dream a bhí uaibhreach i
smaointe a gcroí.
Leag sé prionsaí óna gcathaoireacha,
agus d'ardaigh sé daoine ísle;
Líon sé lucht an ocras le nithe fóna,
agus chuir sé na saibhre uaidh folamh.
D'fhóir sé ar Iosrael a sheirbhíseach,
ag cuimhneamh dó ar a thrócaire –
de réir mar gheall sé dár n-aithreacha –
d'Abrahám agus dá shliocht go brách.

An Memorare

Cuimhnigh, a Mhaighdean Mhuire
róghrámhár,
nár chualathas trácht ar éinne riamh
a chuir é féin faoi do choimirce
ná a d'iarr cabhair ort
ná a d'impigh d'idirghuí is gur theip tú
air.
Lán de mhuinín asat, dá bhrí sin,
rithimse chugat,
a Mhaighdean na maighdean is a
Mháthair.
Is chugatsa a thagaim, is os do
chomhair a sheasaim,

i mo pheacach bocht atuirseach.
Ó a Mháthair an Aonmhic, ná diúltaigh
do m'urnaithe
ach éist leo go trócaireach agus
freagair iad.
Áiméan.

Paidir ar son na Marbh

Suaimhneas síoraí tabhair dóibh, a
Thiarna, agus go lonraí solas suthain
orthu. Áiméan.

Paidir le Moladh Ard

A Thiarna, molaimid anam (ainm) do
sheirbhíseach, i do láthair;
i bhfianaise an domhain seo tá sé/sí
marbh anois;
ach os do chomhair go maire sé/sí beo
go deo.
Maith dó/di na peacaí a rinne sé/sí trí
laige an duine
agus as ucht do ghrá tabhair
suaimhneas síoraí dó/di.
Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna.
Áiméan.

Lúireach Phádraig

Críost liom.
Críost romham.
Críost i mo dhiaidh.
Críost ionam.
Críost ar mo lámh dheas.
Críost ar mo lámh chlé.
Críost i mo chuideachta is cuma cá
dtéim.
Críost mar chara agam, anois is go
buan. Áiméan.

Gníomh Dóláis

A Dhia, gabhaim buíochas leat as ucht
do ghrá dom.
Tá brón orm faoi mo pheacaí uile:
Nach raibh grá agam duitse ná do
dhaoine eile.
Cabhraigh liom mo shaol a chaitheamh
ar nós Íosa
Agus gan peaca a dhéanamh arís.
Áiméan.

Paidir ag iarraidh Maithiúnais

A Dhia, ár nAthair, cabhraigh liom
cuimhneamh ar na huaireanta
nár mhair mé mar a d'iarr Íosa orm.
Cabhraigh liom brón a bheith orm
agus iarracht eile a dhéanamh.
Áiméan.

Paidir tar éis Maithiúnais

A Dhia, ár nAthair, go raibh maith agat
faoi
mhaithiúnas a thabhairt dom.
Cabhraigh liom grá a thabhairt do
dhaoine eile.
Cabhraigh liom maireachtáil mar a
d'iarr Íosa orm.
Áiméan.

Paidir roimh Chomaoineach Naofa

A Thiarna Íosa, tar chugam.
A Thiarna Íosa, tabhair dom do ghrá.
A Thiarna Íosa, tar chugam agus
tabhair tú féin dom.

A Thiarna Íosa, a chara na bpáistí, tar
chugam.
A Thiarna Íosa, is tú mo Thiarna agus
mo Dhia.
Moladh leat, a Thiarna Íosa Críost.
Áiméan.

Paidir tar éis Comaoineach Naofa

A Thiarna Íosa, gráim agus adhráim
thú.
Is tú mo chara dílis.
Fáilte romhat, a Thiarna Íosa.
Go raibh maith agat as teacht chugam.

Go raibh maith agat, a Thiarna Íosa,
As ucht tú féin a thabhairt dom.
Cabhraigh liom do ghrá a léiriú
Cibé áit a mbím.

Bí taobh liom, a Thiarna Íosa,
Fan in aice liom go deo.
Beannaigh sinn, na páistí, atá faoi do
chúram
Agus tabhair ar neamh sinn chun
cónaithe leat féin.

Táim réidh anois, a Thiarna Íosa,
Tá grá agam go leor.
Táim réidh anois le do ghrá a thabhairt
Sa bhaile is don saol mór. Áiméan.

Paidir Thurais

Éirigh liom, a Dhia,
Fan liom i rith an lae,
Sa bhaile agus ar gach turas,
Ná lig dom dul ar strae. Áiméan.

Paidir ó Chumann na Leanaí

Misinéireachta

Mise ag Íosa

Is Íosa agamsa

'S amhlaidh do leanaí an domhain

Eisean

Ár múineadh is ár

Neartú chun guí agus roinnt ár
gcuid lena chéile go sroichfimid an
bheatha shíoraí. Áiméan.

Paidreacha don Eocairist

NA DEASGHNÁTHA TOSAIGH

Sagart: In ainm an Athar agus an Mhic agus an Spioraid Naoimh.

Pobal: Áiméan.

Beannachtaí

Sagart: Grásta ár dTiarna Íosa Críost agus grá Dé agus cumann an Spioraid Naoimh libh go léir.

Nó

Grásta libh agus síocháin ó Dhia ár nAthair agus ónár dTiarna Íosa Críost.

Nó

Go raibh an Tiarna libh.

Pobal: Agus le do spiorad.

Gníomh Aithrí A

Admhaim do Dhia

uilechumhachtach,
agus daoibhse a bhráithre,
gur pheacaigh mé go trom,
le smaoineamh agus le briathar,
le gníomh agus le faillí,
(ag bualadh a n-ucht a deir siad:)
trí mo choir féin, trí mo choir féin, trí
mo mhórchoir féin.

(Leanann siad orthu:)

Ar an ábhar sin, impím ar Naomh-
Mhuire Síor-Ógh,
ar na hAingil agus ar na Naoimh,
agus oraibhse, a bhráithre, guí ar mo
shon chun ár dTiarna Dia.

Gníomh Aithrí B

Sagart: Déan trócaire orainn, a Thiarna.

Pobal: Óir pheacaíomar i do choinne.

Sagart: Taispeáin dúinn do thrócaire, a Thiarna.

Pobal: Agus tabhair dúinn do shlánú.

A Thiarna, déan trócaire

Sagart: A Thiarna, déan trócaire.

Pobal: A Thiarna, déan trócaire.

Sagart: A Chríost, déan trócaire.

Pobal: A Chríost, déan trócaire.

Sagart: A Thiarna, déan trócaire.

Pobal: A Thiarna, déan trócaire.

Kyrie Eleison

Sagart: Kyrie, eleison.

Pobal: Kyrie, eleison.

Sagart: Christe, eleison.

Pobal: Christe, eleison.

Sagart: Kyrie, eleison.

Pobal: Kyrie, eleison.

An Ghlóir

Glóir do Dhia sna harda,
agus ar talamh síocháin do lucht
dea-thola.

Molaimid thú;
móraimid thú;
adhraimid thú;
tugaimid glóir duit;
gabhaimid buíochas leat as ucht do
mhórghlóire;
a Thiarna Dia, a Rí na bhflaitheas;
a Dhia, a Athair uilechumhachtaigh.

A Thiarna, a Aonmhic, a Íosa Críost.
A Thiarna Dia, a Uain Dé, Mac an
Athar,
tusa a thógann peacaí an domhain,
déan trócaire orainn;
tusa a thógann peacaí an domhain,
glac lenár nguí.

Tusa atá i do shuí ar dheis an Athar,
déan trócaire orainn.
Óir is tú amháin is naofa; is tú
amháin is Tiarna;
is tú amháin is Ró-Ard,
a Íosa Críost,
mar aon leis an Spiorad Naomh: i
nglóir Dé an tAthair.
Áiméan.

LIOTÚIRGE AN BHRIATHAIR

I ndiaidh na Léachta

Léitheoir: Briathar an Tiarna.

Pobal: Buíochas le Dia.

Roimh an Soiscéal

Sagart: Go raibh an Tiarna libh.

Pobal: Agus le do spiorad.

Sagart: Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir A. ...

Pobal: Glóir duit, a Thiarna.

Ag deireadh an tSoiscéil

Sagart: Soiscéal an Tiarna.

Pobal: Moladh duit, a Chríost.

Pobal: Moladh agus onóir duit, a
Thiarna Íosa. (i rith an Charghais)

Guí an Phobail (An Ghuí Chomhchoiteann)

Léitheoir: A Thiarna, éist linn.

Pobal: A Thiarna, bí ceansa agus éist
linn.

Nó

Léitheoir: Guimis chun an Tiarna.

Pobal: A Thiarna, éist lenár nguí.

LIOTÚIRGE NA HEOCAIRISTE

Sagart: Is beannaithe thú, a
Thiarna, a Dhia na cruinne,
mar gur bhronn tú orainn as do
lánmhaireacht an t-arán seo a
ofrálaimid duit: toradh na talún
agus saothar lámha an duine, agus
déanfar de arán na beatha dúinn.
Pobal: Moladh go deo le Dia.

Sagart: Is beannaithe thú, a
Thiarna, a Dhia na cruinne,
mar gur bhronn tú orainn as do
lánmhaireacht an fion seo a
ofrálaimid duit: toradh na finiúna
agus saothar lámha an duine, agus
déanfar de deoch spioradálta dúinn.
Pobal: Moladh go deo le Dia.

Sagart: A phobal Dé, guígí
go nglacfaidh Dia, an tAthair
uilechumhachtach, leis an íobairt seo
uaimse agus uaibhse.

Pobal: Go nglaca an Tiarna leis
an íobairt seo ó do lámha, chun
onóra agus glóire a ainm, agus chun
sochair dúinne agus dá Naomh-
Eaglais uile.

Dialóg na Preafáide

Sagart: Go raibh an Tiarna libh.

Pobal: Agus le do spiorad.

Sagart: Tógaigí bhur gcroithe in
airde.

Pobal: Tá siad tógtha in airde chun
an Tiarna againn.

Sagart: Gabhaimis buíochas lenár
dTiarna Dia.

Pobal: Is ceart agus is cóir sin.

Sanctus

Is Naofa, Naofa, Naofa thú, a
Thiarna Dia na Slua.

Tá neamh agus talamh lán de do
ghlóir.

Hósanna sna harda.

Is beannaithe an té atá ag teacht in
ainm an Tiarna.

Hósanna sna harda.

Rúndiamhair an Chreidimh (Ardmholadh Cuimhneacháin)

Sagart: Rúndiamhair an chreidimh.

Pobal: Táimid ag fógaírt do bháis, a

Thiarna, agus ag comóradh d'aiséirí, nó go dtaga tú.

Nó:

Gach uair a ithimid an t-arán seo agus a ólaimid an chailís seo, fógraímid do bhás, a Thiarna, nó go dtaga tú.

Nó:

A Shlánaitheoir an domhain, slánaigh sinn, tusa a shaor sinn trí do chros agus trí d'aiséirí.

Nó:

Mo Thiarna agus mo Dhia.

DEASGHNÁTH NA COMAOINEACH

An Phaidir

Sagart: Aitheanta an tslánaithe dár dtreorú agus briathar Dé dár dteagasc, tá sé de mhisneach againn a rá:

Pobal: Ár nAthair atá ar neamh, go naofar d'ainm, go dtaga do ríocht, go ndéantar do thoil ar an talamh, mar a dhéantar ar neamh. Ár n-arán laethúil tabhair dúinn inniu, agus maith dúinn ár bhfiacha, mar a mhaithimidne dár bhféichiúna féin, agus ná lig sinn i gcathú, ach saor sinn ó olc.

Sagart: Saor sinn ó gach olc, impímid ort, a Thiarna. Tabhair dúinn go cineálta síocháin lenár linn, ionas go mbeimid, le cúnamh do thrócaire, saor ón bpeaca i gcónaí agus slán ón uile bhuairt agus sinn ag súil leis an dóchas naofa agus le teacht ár Slánaitheora, Íosa Críost.

Pobal: Óir is leatsa an ríocht agus an chumhacht agus an ghlóir trí shaol na saol.

Comhartha Síochána

Sagart: Síocháin an Tiarna libh i gcónaí.

Pobal: Agus le do spiorad.

Sagart: Ofrálaigi comhartha síochána dá chéile.

Agnus Dei

A Uain Dé, a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn.
A Uain Dé, a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn.
A Uain Dé, a thógann peacaí an domhain, tabhair dúinn síocháin.

Cuireadh chuig Comaoineach Naofa

Sagart: Seo é Uan Dé, seo é an té a thógann peacaí an domhain. Is

méanar dóibh siúd a fuair cuireadh chun séire an Uain.

Pobal: A Thiarna, ní fiú mé go dtiocfá faoi mo dhíon, ach abairse an focal agus leigheasfar m'anam.

Ag Glacadh Comaoineach

Sagart: Corp Chríost.

Pobal: Áiméan.

NA DEASGHNÁTHA DEIRIDH

Sagart: Go raibh an Tiarna libh.

Pobal: Agus le do spiorad.

Sagart: Go mbeannaí Dia uilechumhachtach sibh, Athair, Mac agus + Spiorad Naomh.

Pobal: Áiméan.

Gnás Scaipthe

Sagart: Imígi, tá an tAifreann thart.

Nó:

Imígi le Soiscéal an Tiarna a fhógairt.

Nó:

Imígi faoi shíocháin ag glóiriú an Tiarna le bhur mbeatha.

Nó:

Imígi faoi shíocháin.

Pobal: Buíochas le Dia.

Téama 1: Dia

Ceacht 1: Tá plean ag Dia dúinn.
Ceacht 2: Gealltanas Dé d'Ábrám.
Ceacht 3: Conradh Dé le hÁbrahám.

ÓN GCURACLAM

Tógtha ón gCuraclam do Páistí le hAid na Rannsóidí agus na Gaisce. *Curriculum Framework for Religious Education (2015).*

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ

Rúndiamhair Dé

- Tá Dia dílis, trócaireach
- Tá Dia uileolach, uilechumhachtach

Cruthú an Domhain

- Chruthaigh Dia an chruinne ar fad – an domhan is gach a bhfuil ann – lena Bhriathar, as neamhní
- Bhí an oiread sin grá ag Dia dúinn gur chruthaigh sé an domhan agus sinne inár gcónaí ann le go mbeimid in ann a shaol agus a ghrá a roinnt
- Coinníonn Dia gach rud sa bheithsine
- Is neacha spioradálta iad na hAingil a adhrann Dia gan staonadh agus déanann siad freastal ar phleananna Dé chun neacha eile a shábháil

Traidisiúin Reiligiúnacha Eile

- Uaireanta tugtar na creidimh Ábrahámach ar an nGiúdachas, an Chríostaíocht agus an Ioslamachas de bhrí go dtugann siad urraim do Ábrahám

BRIATHAR DÉ

An Scrioptúr Naofa

Plean grámhar Dé don Slánú

- Gein 9:8-17. An Conradh idir Dhia agus gach ní beo (Naoi)
- Gein 12:1-10. Glaoch Ábrahám

- Gein 15:1-6, 18-21. An Gealltanas do Ábrahám
- Gein 17:1-10, 15-22. An Conradh le hÁbrahám agus Sára. Breith Íosac
- Salm 37. Muinín as an Tiarna
- Salm 105:7-9

LIOTÚIRGE AGUS URNAÍ

Urnaí Fhoirmeálta

- An Phaidir
- Paidreacha Breise*
- Freagraí an Aifrinn
- Salm 105
- Paidir don Tríonóid Naofa
- Leabharmharc Naomh Treasa
-

MÓRÁLTACHT CHRÍOSTAÍ

Saoirse agus Freagracht an Duine

- Tugann Dia an saoirse dúinn rogha a dhéanamh idir an mhaith agus an t-olc – comhartha den ghrá atá aige dúinn. Tugtar saor-thoil ar seo
- Teastaíonn cabhair Dé (grásta) uainn chun an saoirse sin a úsáid ar bhealach freagrach
- Tá ról an-tábhachtach ag an urnaí sna cinntí a dhéanaimid

Láithreachtaí ghrástúil agus Cúnamh Dé

- Is é an grásta an cúnamh a thugann Dia dá dhaoine chun a ghlaoch a fhreagairt

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

CUSPÓIR FOGHLAMA 1

Foilsíú Dé

Dia agus an Bíobla

b. Cruthú agus Titim.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- Iontas agus éagsúlacht an Chruthaithe a fhiosrú.
- Fáil amach faoi na héachtaí atá bainte amach ag cruthaitheacht an duine agus machnamh a dhéanamh orthu.
- Scéal an Chruthaithe agus na Titime a chluinstin agus a phlé, agus machnamh a dhéanamh orthu. – Geineasas 1 go 3.

c. Conradh Dé lena chine tofa.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a cur ar fáil do dhaltaí:

- Na scéalta faoi na daoine is mó le rá sa Sean-Tiomna a úsáid lena fháil amach cad is conradh ann, m.sh. Abrahám: Geineasas 12:1–5. Geineasas 17:1–9 agus Maois: Eacsadas 3:1–10, Eacsadas 17:1–16.
- Éisteacht le scéalta a nochtann buanchúram Dé I leith riachtanais, ábhair imní agus deacrachtaí an duine, agus plé a dhéanamh orthu.

CUSPÓIR FOGHLAMA 3

An Mhóráltacht

1. Féinmheas.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- A aithint gur indibhidí iad a bhfuil grá agus meas orthu.
- Forbairt a dhéanamh ar a scileanna fisiceacha, spioradálta, morálta, mothúchánacha agus sóisialta féin.

2. Meas ar a chéile.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- Bheith eolach faoi chultúir agus faoi chreidimh nach mbaineann leo agus meas a léiriú orthu.

3. Meas ar an timpeallacht.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- Plé a dhéanamh ar an mheas ba chóir a thabhairt don chruthú, a thug Dia dúinn mar thíolacadh.
- Plé a dhéanamh ar na deacrachtaí atá ag an duine bheith ina chomhoibrí le Dia le domhan níos fearr a chruthú.

Ceacht 1: Tá plean ag Dia dúinn



SULA DTOSAÍONN TÚ

Tá túis nua tábhachtach i gcónaí. Agus sinn ag cur tús le scoilbhliain nua, stopaimid le machnamh a dhéanamh ar an méid atá ag tarlú i saoil na bpáistí agus chun cuimhneamh a dhéanamh ar an gcéad tús nua, nuair a chruthaigh Dia an domhan. Is minic a thugann páistí dúshlán do scéal an Chruthaithe a chuirtear i láthair sa Bhíobla agus iad tumtha in aois na heolaíochta agus na teicneolaíochta. I mí Dheireadh Fómhair na bliana 1981, in aitheasc chuig an Acadamh Eolaíochta Pontaifiúil, rinne Naomh Eoin Pól II an ráiteas seo a leanas, a d'fhéadfadh a bheith cabhrach dá dtiocfadh an topaic seo chun cinn sa

rang: 'Labhraíonn an Bíobla féin linn faoi bhunús na cruinne, ní d'fhonn cuntas eolaíoch a chur ar fáil dúinn ach d'fhonn an caidreamh ceart idir an chine daonna le Dia agus leis an chruinne a lua. Is mian leis an Scriptor Naofa a dhearbhu go simplí gur chruthaigh Dia an domhan.' Insítear Scéal an Chruthaithe i gcaibidil 1 de Leabhar Geineasas go soiléir go raibh plean ag Dia ón tús don chruthú ar fad. Tá gach duine againn mar chuid de phlean Dé agus, i rith na bliana seo, déanfaimid iniúchadh ar chuid eile den phlean sin leis na páistí.

EOCHAIRFHOCAIL

- **Geineasas:** An t-ainm atá ar an gcéad leabhar sa Bhíobla.
- **Conradh:** Socrú/Comhaontú.
- **Aingil:** Teachtairí ó Dhia a thugann adhradh agus seirbhís dó.

NITHE A BHEIDH AG TEASTAIL UAIT

- Stiall de pháipéar bán do gach páiste le haghaidh a leabhar zigzag
- Píosaí móra de pháipéar siúcra, páipéar daite síoda, siosúir agus gliú do gach 'Fuinneog Gloine Dhaite'
- Roinnt leathanaigh de pháipéar A6 agus píosa fada de chorda nó sreangán

Féachaimis ...

AG COMHRÁ

FAOI CHÉAD LÁ NA BPÁISTÍ I RANG A CEATHAIR/B6

Tabhair cuireadh do na páistí péirí a dhéanamh. Spreag iad chun labhairt faoi conas atá siad ag mothú ar a gcéad lá i Rang a Ceathair/B6, ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cad iad na mothúcháin atá agat? (Néarógach, imníoch, ar bís) Roinn le do pháirtí cén fáth a gceapann tú go bhfuil tú ag mothú mar seo. Cad atá nua, neamhaithnidiúil, difriúil faoi do rang/seomra ranga/scoil i mbliana? Cé acu de na nithe seo a chuireann sceitimíní ort? Cé na cinn

a chuireann imní ort?

- Cad is mó/is lú a bhfuil tú ag tnúth leis i rith na bliana atá amach romhainn?

Tabhair cuireadh do chuid de na páistí a gcuid smaointe a roinnt leis an rang.

Ar deireadh, iarr ar na páistí na dúshláin is tábhachtaí atá amach rompu a aithint agus iad ag dul isteach i Rang a Ceathair/B6.

PAIDIR

Comhartha na Croise

Múinteoir: Tá tosú nua tábhachtach. Agus sinn ag cur tús le bliain nua ar scoil, glacfaimis sos le breathnú ar an gcaoi ar mhaith linn pleanáil don bhliain atá romhainn amach. Tugaim cuireadh daoibh anois na súile a dhúnadh agus smaoineamh ar na gníomhaíochtaí nua, na cairde nua agus na dúshláin nua a mbuailfidh sibh leo i Rang a Ceathair/B6. (Sos)

Nuair atá sibh réidh, osclaigí na súile.

Is cuimhin linn go bhfuil plean ag Dia don domhan uile agus do gach duine againn. Is féidir linn léamh faoi phlean Dé i Leabhar Geineasas sa Bhíobla.

Tosach nua atá againn inniu. Tá scoilbhliain nua os ár gcomhair amach, ag fanacht linn cruth a chur uirthi. Glacfaimis sos ar feadh nóiméid chun aire a dhíriú ar an dtosach nua seo. Tugaim cuireadh daoibh na súile a dhúnadh arís agus samhlaigh ar an méid a d'fhéadfaimis a dhéanamh sa bhliain atá amach romhainn. (Sos) Nuair atá sibh réidh, osclaigí na súile.

Le muinín i ngrá Dé, iarraidimid ar Dhia treoir a thabhairt dúinn agus muid ag dul isteach sa bhliain nua seo sa scoil. (Sos)

Go mbeidh an Spiorad Naomh ag anáilú trinn, linn agus ionainn, ag spreagadh gach nóiméad agus gach cuid dár rang i mbliana. Molaimis agus gabhaimis buíochas le Dia anois agus *An Phaidir don Tríonóid Naofa* a rá ag baint úsáid as na gothaí a d'fhoghlaimíomar.

Gach duine: Moladh don Athair, (*Le lámha sínte amach, bosa na láimhe oscailte go dtí an taobh*)

Moladh don Mhac, (*Le lámha sínte os cionn an chinn*)

Moladh don Spiorad, An Triúr san Aon. (*Lámha le chéile ag guí*)

Áiméan. (*Ceann cromtha agus lámha le chéile ag guí*)

Comhartha na Croise

Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.

Foghlaimimis ...

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

LEABHAR ZIG-ZAG A DHÉANAMH

Nóta: Beidh stiall de pháipéar bán uait do gach páiste. Chun na stiallacha a dhéanamh, fill bileog A4 ina dhá leath. Ansin gearr é i ndhá stiall.

- Tabhair stiall páipéir do gach páiste. Iarr orthu na stiallacha a mharcáil le peann luaidhe thart ar gach ceithre ceintiméadar, agus ansin iad a fhilleadh ar a chéile ag na pointí sin chun seacht bpainéal zigzag a chruthú.
- Mínigh do na páistí go bhfuil siad chun mionleabhar zig-zag a dhéanamh bunaithe ar seacht lá an Chruthaithe mar a thuairiscítear sa Bhíobla. Tarraingeoidh na páistí siombail nó íomhá ar gach painéal, in ord, tar éis dóibh na sleachta ón mBíobla a chloisteáil. Tá na sleachta ón mBíobla ar fáil thíos agus d'fhéadfá iad a thaispeáint nuair is cuí ar an gclár bán idirghníomhach.
- Léigh na véarsaí os ard do na páistí, ag stopadh tar éis gach ceann chun deis a thabhairt do na páistí a siombail nó íomhá a tharraingt ar cheann de na painéil.

An Chéad Lá

I dtús báire chruthaigh Dia neamh agus talamh... Dúirt Dia: “Bíodh solas ann,” agus bhí an solas ann. Chonaic Dia gur mhaith é an solas, agus scar Dia an solas ón dorchadas. Thug Dia “lá” ar an solas agus “oíche” ar an dorchadas. Ba shin an chéad lá, an nóin agus an mhaidin. (Gein. 1:1, 3-5)

An Dara Lá

Dúirt Dia: “Bíodh firmimint i lár na n-uiscí agus scaradh sí na huiscí óna chéile.” Rinne Dia an bhfirmimint agus scar sé na huiscí a bhí faoin bhfirmimint ó na huiscí a bhí os a cionn. Agus bhí sin amhlaidh. Thug Dia “neamh” ar an bhfirmimint. Ba shin an dara lá, an nóin agus an mhaidin. (Gein. 1:6-8)

An Tríú Lá

Dúirt Dia: “Tagadh na huiscí go léir atá faoi neamh le chéile san aon áit amháin, agus bíodh an talamh tirim le feiceáil.” Agus bhí sin amhlaidh. Agus thug Dia “tír” ar an talamh tirim, agus “farragí” ar na huiscí le chéile. Chonaic Dia gur mhaith sin. Dúirt Dia: “Tugadh an talamh an fásra uaidh: An lusra lena shíol, an crann toraidh lena shíol ina thoradh, gach ceann de réir a chineáil ar an talamh.” Agus bhí sin amhlaidh. Thug an talamh an fásra uaidh: lusraí lena síol de réir a gcineáil, crainn toraidh lena síol ina dtoradh, de réir a gcineáil. Chonaic Dia gur mhaith sin. Ba shin an tríú lá, an nóin agus an mhaidin. (Gein. 1:9-13)

An Ceathrú Lá

Dúirt Dia:

“Bíodh soilse i bhfirmimint neimhe chun an lá a scaradh ón oíche, agus bídís mar chomharthaí, do shéasúir, do laethe agus do bhlianta. Bídís ina soilse i bhfirmimint neimhe ag taitneamh ar an talamh.” Agus bhí sin amhlaidh. Rinne Dia dhá sholas mhóra, an solas is mó chun an lá a rialú agus an solas is lú chun an oíche a rialú, agus na réaltaí mar an gcéanna. Chuir Dia i bhfirmimint neimhe iad le taitneamh ar an talamh, chun an lá agus an oíche a rialú agus an solas a scaradh ón dorchadas. Chonaic Dia gur mhaith sin. Ba shin an ceathrú lá, an nóin agus an mhaidin. (Gein. 1:14-19)



An Cúigiú Lá

Dúirt Dia: “Bíodh rath ar na huiscí le hiomad dúl beo, agus bíodh éanlaith ar eitilt os cionn na talún faoi bhfirmimint neimhe.” Chruthaigh Dia na míola móra agus gach uile dhúil chorraitheach bheo de réir a chineáil a chin ó rath na n-uiscí, agus an uile chineál éin a eitlíonn. Chonaic Dia gur mhaith sin. Bheannaigh Dia iad á rá: “Bígí torthach, agus téigí i líonmhaire, agus líonaigí uiscí na bhfarraigí; agus téadh an éanlaith i líonmhaire ar talamh.” Ba shin an cúigiú lá, an nóin agus an mhaidin. (Gein. 1:20-23)

An Séú Lá

Dúirt Dia: “Tugadh an talamh uaidh gach uile dhúil bheo de réir a chineáil, eallach, péisteanna agus ainmhithe allta.” Agus bhí sin amhlaidh. Rinne Dia an uile chineál ainmhí allta, an uile chineál eallaigh, an uile chineál péiste. Chonaic Dia gur mhaith sin. Dúirt Dia: “Déanaimis an duine ar ár ndeilbh féin, ar ár gcosúlacht féin, agus bíodh tiarnas acu ar iasc na farraige, ar éanlaith an aeir, ar an eallach, ar an talamh go léir, agus ar na péisteanna go léir a shníonn ar an talamh.” Chruthaigh Dia an duine ar a dheilbh féin, ar dheilbh Dé is ea a chruthaigh sé é. Fireann agus baineann is ea a chruthaigh sé iad. Agus bheannaigh Dia iad á rá leo: “Bígí torthach, agus téigí i líonmhaire agus líonaigí an talamh agus cuirigí smacht air. Bíodh tiarnas agaibh ar iasc na farraige, ar éanlaith an aeir agus ar an uile dhúil bheo a chorráinn ar talamh.” Chonaic Dia gach a ndearna sé agus, féach! bhí sé go sármhaith. Ba shin an séú lá, an nóin agus an mhaidin. (Gein. 1:24-28, 31)

An Seachtú Lá

Críochnaíodh neamh agus talamh agus a gcóiríú go léir ar an gcuma sin. Ar an seachtú lá chríochnaigh Dia an obair a rinne sé. Scoir sé ar an seachtú lá den obair go léir a rinne sé. Bheannaigh agus naomhaigh Dia an seachtú lá mar scoir sé an lá sin den obair go léir a rinne sé sa chruthú. Sin iad céatúsa neimhe agus talún nuair a cruthaíodh iad. (Gein. 2:1-4)

- Tar éis do na páistí gach ceann de na sleachta ón Scrioptúr a chloisteáil, tabhair cuireadh dóibh seacht bhfocal a roghnú a bheidh in oiriúint

do sheacht lá an Chruthaithe – focal amháin le haghaidh gach lá. Iarr orthu gach ceann de na focail seo a scríobh faoi na híomhánna ar a leabhar zigzag.

- Ansin labhair leis na páistí faoi na siombailí nó íomhánna a d'úsáid siad chun cur síos ar gach ceann de na seacht lá, agus na fáthanna a roghnaigh siad iad.
- Tabhair cuireadh do na páistí a gcuid leabhar zigzag a chur sa spás urnaí.

Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 4 dá leabhar.

AG COMHRÁ

MAIDIR LEIS AN GCUR SÍOS FAOIN GCRUTHÚ ATÁ SA BHÍOBLA

Maidir leis an gcur síos faoin gCruthú atá sa Bhíobla

Déan comhrá leis na páistí faoin gcuntas cruthaithe ón mBíobla ag baint úsáid as na ceistanna seo nó ceistanna cosúil leo:

- Tar éis scéal an Chruthaithe a chloisteáil ó Leabhar Geineasas, an dóigh libh go raibh plean ag Dia ó thús? Cén fáth a gceapann sibh sin?
- De réir an chuntais i Leabhar Geineasas, cén lá ar chruthaigh Dia daoine?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceistanna cosúil le:

- An gcreideann Caitlicigh go ndéanann an cuntas faoin gCruthú i Leabhar Geineasas cur síos

beacht faoi conas a chruthaigh Dia an domhan? Más ea, cad a bhí an scríbhneoir ag iarraidh a chur in iúl dúinn?

- Cén ról atá ag daoine i bplean Dé don chruthú? (Tá dúshlán orainn leanúint ar aghaidh le hobair an Chruthaithe agus a bheith inár gcomhchruthaitheoirí i bplean Dé don domhan. Tugtar cuireadh dúinn ár mbuanna agus ár scileanna a úsáid chun forbairt a chur ar an domhan. Úsáideann roinnt daoine a gcuid buanna agus scileanna i mbealaí neamhghnácha chun áit níos fearr a dhéanamh as an domhan do chách. Bhí Evie Hone ar cheann de na daoine sin agus foghlaimimid níos mó fúithi sa cheacht seo.)

GNÍOMHAÍOCHT TAIGHDE

EALAÍONTÓIRÍ AGUS CUMADÓIRÍ

- Spreag na páistí le taighde a dhéanamh ar ealaíontóir nó cumadóir a dhéantar cuimhneamh orthu ar/gar dá lá breithe, mar shampla de dhuine a d'úsáid a gcuid bronnánais agus buanna chun plean Dé don chruinne a chur chun cinn.
- Tabhair cuireadh do na páistí a gcuid torthaí a roinnt leis an rang.

NASC GRÉASÁIN

FUINNEOGA DAITE LE EVIE HONE

Is féidir gailearaí íomhánna de fhuinneoga gloine dhaite Evie Hone a fheiceáil ag: www.manresa.ie/galleries/evie-hone-manresa. B'fhéidir gur mhaith leat cuid d'obair Hone a thaispeáint do na páistí sula mbogann tú ar aghaidh go dtí an scéal.

NÓTA DON MHÚINTEOIR: Is féidir saothar Evie Hone a fheiceáil sna háiteanna seo a leanas: an eaglais Chaitliceach i mBinn Éadair, Baile Átha Cliath; an séipéal i gColáiste na Carraige Duibhe, Baile Átha Cliath; Teach Dísirt Manresa, Cluain Tarbh, Baile Átha Cliath; Scoil Choill Chluana Gabhann, Cill Dara; an eaglais Chaitliceach in Ard an Rátha i dTír Chonaill. Áirítear na nithe seo a leanas i saothair cháiliúla Evie: sraith fuinneoga a críochnaíodh le haghaidh Aonach Nua-Eabhrac, dar teideal 'My Four Green Fields' (1939); sraith de chúig fhuinneog don eaglais Chaitliceach sa Tulach Bheag, Uíbh Fhailí (1946); ceithre fhuinneog do Shéipéal Mhuire Smál, Dún an Rí, An Cabhán (1947-1948); an tSraith Haiste, i Sráid Haiste, Baile Átha Cliath (1947); agus an fhuinneog ollmhór thoir i Séipéal Choláiste Eton i Windsor, Sasana (1949-52). Féachtar ar Evie mar dhuine de na healaíontóirí gloine dhaite is fearr ar domhan.

Beatha agus Saothar Evie Hone

Rugadh Evie Hone (1894-1955) i gCluain Sceach, Baile Átha Cliath. Ba ó theaghlach ealaíontóirí í.

Nuair a bhí Evie dhá bhliain déag d'aois bhí póilió uirthi. Mar thoradh air seo, bhí sí bacach ar feadh a saoil. In ainneoin seo, bheartaigh sí staidéar a dhéanamh ar an ealaín agus d'fhreastail sí ar ranganna i Londain. Níos déanaí, rinne sí staidéar breise i bPáras. Thug sí cuairt ar Assisi san Iodáil, agus bhí tionchar mór ag an ealaín reiligiúnach a chonaic sí ann uirthi. Sa bhliain 1925, bheartaigh Evie a bheith ina bean rialta chun a beatha a thiomnú do Dhia. Bhain teaghlach Hone le hEaglais na hÉireann, agus mar sin chuaigh Evie isteach i gclochar Anglacánach machnamhach, i gCorn na Breataine i ndeisceart Shasana. Ach, níor oibrigh sé seo amach di agus, mar sin, d'fhág sí an clochar.

Bhí an-tionchar ag na fuinneoga daite in Ard-Eaglais Chartres, agus ag

an ealaín luath-Cheiltigh, ar a cuid samhlaíochta agus, mar sin, chuaigh sí go dtí an Ísiltír agus rinne sí staidéar leis an Ollamh Roland Holst - ealaíontóir gloine dhaite. Nuair a d'fhill sí ar Éirinn, thosaigh Evie ag dearadh a gloine dhaite féin. Chuaigh sí isteach i ngrúpa d'ealaíontóirí gloine dhaite, ball den ghrúpa ba ea Harry Clarke, a bhfuil a chuid oibre fós clúiteach in Éirinn agus thar lear.

Bean chráifeach ab ea í agus sa bhliain 1937 tháinig sí isteach san Eaglais Chaitliceach. Spreag sleachta ón mBíobla agus radhairc an dúlra a lán dá fuinneoga daite áille. Rinne sí iarracht ciall agus mothúcháin a chur in iúl ina cuid oibre, seachas díriú ar mhionsonraí. Tá sé mar aidhm ag gloine dhaite Evie, cosúil le gach ealaín gloine dhaite, iad siúd atá ag breathnú ar an ngloine, domhan eile a shamhlú. Tá a fuinneoga le feiceáil i séipéil ar fud na hÉireann. B'fhéidir go bhféadfá cuairt a thabhairt ar cheann acu má tá ceann in aice leat.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Conas a chuir Evie Hone a creideamh in iúl trína hobair?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- I do thuairimse, ar bhain Evie Hone úsáid as a buanna chun comhoibriú le plean Dé don

chruthú? Más ea, conas a bhain sí é seo amach?

- Conas a chuideoidh a cuid oibre le daoine creidmhacha inniu?
- Cad iad na bealaí inar féidir leat do chreideamh a chur in iúl agus tú ag baint úsáid as do chuid buanna?

Dirigh aire na bpáistí chuig leathanach 5 dá leabhar.

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE**FUINNEOG GHLOINE DHAITE**

- Iarr ar na páistí grúpaí beaga a dhéanamh. Tabhair roinnt bileoga móra páipéir siúcra, páipéar síoda daite, siosúir agus gliú do gach grúpa.
- Tabhair cuireadh do na páistí inspioráid a ghlacadh ó Scéal an chruthaithe i Leabhar

Ghineasas agus ó scéal Evie Hone chun a fuinneoga gloine dhaite féin a dhearadh.

- B'fhéidir go bhféadfaidís a saothar ealaíne a chur i láthair in ionad an pharóiste nó in ionad áitiúil do shean daoine.

GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a thógáil le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh. Déan machnamh ar an nóiméad nuair, as an dorchadas iomlán, chruthaigh Dia solas ... agus thosaigh scéal na beatha ... Samhlaigh taitneamh agus

lúcháir Dé nuair a chonaic sé a chruthú iontach ar fad! ... Le do ghuth istigh, gabh buíochas le Dia as bronntanas na beatha, bronntanas an chruthaithe ... Iarr ar an Spiorad Naomh tú a threorú agus tú i do comhchruthaitheoir le Dia ag cuidiú lena phlean don chruthú a chomhlíonadh. Nuair atá tú réidh, oscail do shúile agus tabhair aire dod' thimpeallacht arís.



GNÍOMHAÍOCHT LEIS AN MBÍOBLA

AMLÍNE

- Ceangail corda ó thaobh amháin den seomra ranga go dtí an taobh eile.
- Iarr ar pháistí éagsúla imeachtaí agus scéalta difriúla ón mBíobla a chlárú (ag baint úsáid as páipéar A6) de réir mar a chríochnaíonn siad na hábhair éagsúla sna ceachtanna sa téama seo.
- Ceangail bileoga na bpáistí le fáiscíní páipéir den chorda.
- Feicfidh an rang an amlíne ag fás agus is féidir leo na míreanna éagsúla a bhogadh más gá chun iad a chur in ord seicheamhach de réir mar a théann an t-am ar aghaidh.

Mairimis ...

CAD A MHÚIN TÚ?

Amanna tábhachtacha is ea túis nua. Tugann cuntas bíobalta ar an gCruthú tuiscint dúinn ar phlean Dé don domhan agus don chine daonna. Leanann plean Dé do gach duine againn ag forbairt le gach tús nua inár saoil.

GNÍOMHAÍOCHT

IS FÉIDIR LINN CABHRÚ LE PLEAN DÉ

- Iarr ar na páistí oibriú le chéile chun liosta a dhéanamh de na dúshláin nó de na fadhbanna a bhaineann le timpeallacht na scoile a d'fhéadfaidís a bheith in ann cabhrú leo. Iarr orthu cuid de na rudaí a ainmniú a bheidh siad in ann cabhrú leo. Mar shampla, comhoibriú chun limistéir saor ó thranglam a chruthú; paiste de thalamh as úsáid a fháil ar ais agus b'fhéidir garraí scóir a chruthú; ealaín a úsáid chun pasáiste a mhaisiú, srl.
- Is féidir leis an ngníomhaíocht seo leanúint ar aghaidh i rith na bliana. Spreag na páistí ar a laghad le cuid de na smaointe a mholann siad a chur i bhfeidhm.

PAIDIR

Ullmhúchán: Roghnaigh cúigear léitheoir. Tá na sleachta ar fáil thíos agus is féidir iad a thaispeáint ar an gclár bán idirghníomhach.

Comhartha na Croise

Múinteoir: Cuirimis tús lenár n-urnaí inniu ag baint úsáid as cuid de na paidreacha agus na freagraí ón Aifreann.

Múinteoir: Go raibh an Tiarna libh.

Gach duine: Agus le do spiorad.

Múinteoir: Tógaigí bhur gcroíthe in airde.

Gach duine: Tá siad tógtha in airde chun an Tiarna againn.

Múinteoir: Gabhaimis buíochas lenár dTiarna Dia.

Gach duine: Is ceart agus is cóir sin.

Las coinneal an ranga.

Iomann Oscailte: Can iomann/amhrán oiriúnach.

Múinteoir: Bímis socair agus ciúin ... Tugaim cuireadh daoibh na súile a dhúnadh anois agus aire a thabhairt don análú. (Sos)

Laistigh díot, tá domhan d'intinn ann: do chuid smaointe, an tslí ina fhéachann tú ar nithe, an acmhainn grinn atá agat. (Sos)

Laistigh díot, tá domhan do chroí: do mhothúcháin, an tslí ina mbíonn tú cairdiúil. (Sos)

Laistigh díot, tá domhan d'anam: an tslí ina mbraitheann tú Dia, do bhealach chun guí. (Sos)

Smaoinigh ar feadh nóiméid faoi cé chomh uathúil is atá gach duine. (Sos)

Cuimhnimis gur ón Dia céanna, Cruthaitheoir na n-uile, a thagann gach duine againn. Éist leis an sliocht seo ó Leabhar Geineasas: Ansin dúirt Dia, '[Agus anois] déanaimis an duine ar ár ndeilbh féin, ar ár gcosúlacht féin ...' (Gein 1:26) (Sos)

Le do ghuth taobh istigh, iarr ar Dhia cabhrú leat foighne agus cairdeas a thaispeáint do dhaoine eile, go háirithe nuair a bhíonn sé deacair é sin a dhéanamh.

Le linn na bliana seo, go gcabhróidh Dia linn aird a thabhairt chun rudaí nua a fheiceáil laistigh dúinn féin ... brionntanais agus buanna nua laistigh dúinn féin agus laistigh dá chéile a aithint ... agus aire a thabhairt don domhan mórtimpeall orainn ar bhealach nua agus spreagúil. Nuair atá sibh réidh, oscail na súile.

Molaimis Dia anois as gnéithe éagsúla den chruthú.

Léitheoir 1: Moladh le Dia as an domhan, na pláinéid agus an chruinne.



Léitheoir 2: Moladh le Dia as na plandaí agus na hainmhithe.

Léitheoir 3: Moladh le Dia as scéalta agus an tsamhlaíocht.

Léitheoir 4: Moladh le Dia as na daoine a chabhraíonn le feabhas a chur ar an domhan, daoine ar nós ... *(tabhair cuireadh do na páistí ainmneacha daoine, a d'úsáid a gcuid buanna agus a d'oibrigh le plean Dé, a lua).*

Léitheoir 5: Moladh le Dia as na daoine a mbuailimid leo gach lá, ach go háirithe baill dár dteaghlaigh agus ár gcairde.

Múinteoir: Críochnóimid ár n-urnaí ag baint úsáid as cuid de na focail a ghuímid ag an Aifreann.

Múinteoir: Tógaigí bhur gcroíthe in airde.

Gach duine: Tá siad tógtha in airde chun an Tiarna againn.

Múinteoir: Gabhaimis buíochas lenár dTiarna Dia.

Gach duine: Is ceart agus is cóir sin.

Iomann deireanach: Can iomann/amhrán oiriúnach.

Comhartha na Croise

Ceacht 2: Gealltanais Dé d'Abrám



SULA DTOSAÍONN TÚ

Ba é Abraham Lincoln an séú uachtarán déag de na Stáit Aontaithe. Bhí cliú agus cáil air de bharr staonadh iomlán ó alcól agus ó tobac a chaitheamh. De réir scéil amháin a dúradh faoi, thairg coirnéal deoch dó uair amháin agus iad in éineacht lena chéile ar aistear. Dúirt Lincoln leis an gcoirnéal, nuair a bhí sé naoi mbliana d'aois, gheall sé dá mháthair ar leaba a báis nach dtógfadh sé deoch go deo nó nach nólfaidh sé tobac. Dúirt sé ansin, 'Gheall mé do mo mháthair nach ndéanfainn choíche, agus go dtí an uair seo choinnigh mé an gealltanais seo! An gcuirfeá comhairle orm an gealltanais sin a bhriseadh?' D'fhreagair an coirnéal, 'Ní chuirfinn, a Uasail Lincoln, ní ceart duit an gealltanais sin a bhriseadh ar son an domhain mhóir. Ba é sin ceann de na gealltanais is fearr a thug tú riamh. Thabharfainn míle dollar inniu dá mbeadh gealltanais mar sin déanta agam le mo mháthair agus é coinnithe agam, mar atá déanta

agatsa.' Sa cheacht seo leanaimid ar aghaidh ag féachaint ar nádúr gealltanais Dé don chine daonna trí scéalta Naoi agus Abrám, beirt a raibh creideamh mór acu.

Déanfaidh na páistí tuilleadh machnaimh ar an bhfíric nach cuntais eolaíochta ná stairiúla atá sna scríbhinní sa Sean-Tiomna, faoi mar a thuigimid eolaíocht agus stair sa lá atá inniu ann. Cuntais chreidimh ó scríbhneoirí a bhí spreagtha agus treoraithe ag an Spiorad Naomh atá iontu. Theastaigh uathu go mbeadh aithne ag na daoine ar Dhia, go mbeadh eolas acu fúthu féin, agus faoin domhan ina mhair siad. Le scéal Áirc Naoi scrúdóidh na páistí na torthaí sóisialta a bhaineann le peaca agus an réaltacht gur mian le Dia i gcónaí a mhuintir a shábháil. Baineann scéal Abrám agus Sáraí, (ar athraigh Dia a n-ainmneacha go hAbrahám agus Sárá), le muinín a bheith acu as Dia agus go dtabharfadh Dia aire dóibh.

NITHE A BHEIDH AG TEASTAIL UAIT

- Péinteanna, pinn luaidhe dathúcháin nó criáin ag meaitseáil seacht ndath an tuar ceatha, cóip de theimpléad an tuar ceatha (thíos) do gach páiste, agus crochadán cótaí amháin nó níos mó
- Leathanach bán A4 do gach páiste
- Cóip den teimpléad, a bhaineann leis na páistí féin, (thíos) do gach páiste
- Ábhair scríbhneoireachta agus dathúcháin

Féachaimis ...

AG COMHRÁ

MAIDIR LE GEALLTANAS

Déan comhrá leis na páistí faoi ghealltanais agus na ceisteanna seo á n-úsáid agat nó ceisteanna cosúil leo:

- Cén fáth a dtugann daoine gealltanais? An bhfuil sé tábhachtach gealltanais a thabhairt? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuil sé tábhachtach?
- An bhfuil sé tábhachtach gealltanais a choinneáil? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuil sé? Cad a tharlaíonn nuair a bhrisimid gealltanais?
- An ndearna tú agus ar choinnigh tú gealltanais

riamh? Conas ar mhothaigh tú faoi sin? An ndearna tú agus ar bhris tú gealltanais riamh? Conas a mhothaigh tú faoi sin?

- An bhfuil gealltanais tugtha agus coinnithe nó briste ag éinne duit? Conas a mhothaigh tú faoi sin?
- Conas a mhothaíonn tú i leith duine a thugann gealltanais agus go mbíonn a fhios agat go gcoimeádfadh siad é?

GNÍOMHAÍOCHT CHOINSIASA

CINNEADH AN RÍ

Cinneadh an Rí

- Tosaigh agus an scéal seo a léamh do na páistí:

Uair amháin bhí ríocht i bhfad i gcéin san Oirthear, áit a raibh cumhacht iomlán ag an rí thar gach éinne. Rí críonna agus fear onórach a bhí ann agus choinnigh sé a ghealltanais i gcónaí.

Sheas coirpeach bocht i gcúirt an Rí. Fuarthas ciontach i gcoir uafásach é, arbh é an bás an pionós an bhí in ann dó. De réir an nós a bhí ann, thug an rí cuireadh don fhear iarratas deireannach a dhéanamh. D'iarr an fear deoch uisce.

Mar a d'ól an fear as an gcrúiscín uisce, thosaigh a lámh ag croitheadh. Thug an rí é seo faoi deara agus dúirt, 'Lig do scíth, bain taitneamh as do dheoch. Geallaim duit go bhfuil do shaol slán go dtí go mbeidh an crúiscín uisce ólta agat.'

Go tobann, chroith lámh an fhir, thit an crúiscín ar an talamh agus doirteadh an t-uisce a bhí fágtha thar urlár an pháláis. Stán na súile go léir sa seomra cúirte ar an rí. D'fhéach an rí ar an gcrúiscín ar an urlár. Ansin dúirt sé ...

- Mínigh do na páistí go bhfuil siad chun rólímirt a dhéanamh ar chríoch an scéil trí aisteoireacht mar chomhairleoirí cúirte don rí.
- Tabhair cuireadh do pháiste amháin páirt an rí a ghlacadh. Roinn an chuid eile den rang i ndhá ghrúpa. Caithfidh grúpa amháin iarracht

a dhéanamh cur ina luí ar an rí a gheallúint a choinneáil agus beatha an choirpigh a shábháil. Caithfidh an grúpa eile iarracht a dhéanamh cur ina luí ar an rí seasamh leis an mbreithiúnas ciontach a tugadh ag an ngiúiré.

- Déan comhrá leis na grúpaí de réir mar a théann an díospóireacht ar aghaidh, ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:
 - » An bhfuil sé ciallmhar gach gealltanais a choinneáil?
 - » An bhfuil sé éasca i gcónaí gealltanais a choinneáil?
 - » An bhfuil sé níos fearr uaireanta gealltanais a bhriseadh ná é a choinneáil? Cathain a d'fhéadfadh sé sin a bheith cóir?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur ar nós:

- » An bhfuil tú in ann smaoineamh ar chásanna ina bhfuil sé ceart go leor gealltanais a bhriseadh?
- » An cuimhin leat am a raibh a fhios agat go raibh sé ceart go leor gealltanais a rinne tú a bhriseadh? Inis dúinn faoi sin.

Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 7 dá leabhar.

Ullmhúchán: B'fhéidir gur mhaith leat ceol machnamhach a sheinm le linn an urnaí seo.

Comhartha na Croise

Múinteoir: Cuirimis tús lenár n-urnaí inniu agus coinneal an ranga a lasadh.

Lasann an múinteoir an choinneal.

A Dhia ghrámhair, coinníonn tú do chuid geallúintí i gcónaí. Tabhair an misneach dúinn gan gealltanais a dhéanamh nach féidir linn a choinneáil nó nach bhfuilimid sásta a choinneáil. Cabhraigh linn fás ar nós leatsa trínár ngeallúintí a choinneáil i gcónaí.

Tugaim cuireadh daoibh anois na súile a dhúnadh agus smaoineamh ar ghealltanais amháin go bhfuil a fhios agat gur chóir duit a dhéanamh, b'fhéidir chuig duine éigin sa bhaile nó ar scoil, nó

b'fhéidir chuig cara agat ... Samhlaigh an duine ... Samhlaigh cé chomh sásta a bheidís dá gcloífeá le do ghealltanais ... Samhlaigh an díomá a bheadh orthu dá mbrisfeá do ghealltanais ... Nuair atá tú réidh, oscail na súile.

Anois, abair na focail seo a leanas i mo dhiaidh, agus sinn ag iarraidh ar Dhia cuidiú linn ár ngealltanais a choinneáil: *A Dhia ghrámhair, cuidigh linn ár ngealltanais a choinneáil i gcónaí.*

Gach duine: A Dhia ghrámhair, cuidigh linn ár ngealltanais a choinneáil i gcónaí.

Comhartha na Croise

Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.

Foghlaimimis ...

AG COMHRÁ

MAIDIR LEIS NA SCÉALTA I LEABHAR GHEINEASAS

Déan comhrá leis na páistí faoi na luathscéalta i Leabhar Gheineasas, ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- An cuimhin libh an scéal a léimear ón chéad leabhair sa Bhíobla, Leabhar Gheineasas? (Scéal an Chruthaithe)
- Cad is cuimhin libh faoi scéal Ádhaimh agus Éabha? (Scrúdaigh na páistí scéal Ádhaimh agus Éabha sa chlár *I nGrá Dé* roimhe seo)

Cuir i gcuimhne na bpáistí conas a chuaigh Ádhaimh agus Éabha i gcoinne phlean Dé nuair nach raibh siad ag cloí le Dia, agus go minic i rith stair an tSean-Tiomna, roghnaigh daoine gan maireachtáil de réir phlean grá Dé.

Anois inis do na páistí go gcloisimid i gcaibidil a naoi de Leabhar Gheineasas an scéal faoi conas narbh fhéidir le Dia ach teacht ar aon duine maith amháin, fear darbh ainm dó Naoi, a bhí toilteanach obair le plean Dé. D'iarr Dia ar Naoi áirc a thógáil agus ionadaithe ó gach speiceas beo: ainmhithe, éin, créatúir farraige agus daoine a thógáil isteach ann. Rinne Naoi mar a d'iarr Dia air. Chuir Dia tuile ansin chun an talamh a scrios. Nuair a ísligh uiscí na tuile, rinne Dia gealltanais do Naoi. Éistfimid anois leis an scéal mar atá sé le fáil i Leabhar Gheineasas.

AN SCRÍPTÚR NAOFA

CONRADH DÉ LE NAOI

Conradh Dé le Naoi (Geineasas 9:8-17)

Dúirt Dia le Naoi agus lena chlann mhac: "Féach, daingním mo Chonradh leatsa agus le do shíol i do dhiaidh; agus mar an gcéanna le gach uile dhúil bheo... an éanlaith, an t-eallach, agus gach ainmhí allta, a dtáinig amach as an áirc, a bhfuil beo ar talamh. Daingním mo Chonradh libh; go deo arís ní scriosfar an uile fheoil le huiscí díleann, ná ní bheidh go deo arís díle ann chun an domhan a scrios." Agus dúirt Dia: "Seo é comhartha an Chonartha a dhéanaim idir mé féin agus sibhse agus gach dúil bheo ar feadh na nglún go léir le teacht. Cuirim mo bhogha sna néalta i gcomhartha an Chonartha idir mise agus an talamh. Nuair a chruinneoidh mé na néalta os cionn na talún agus go bhfeicfear

an bogha sna néalta, cuimhneoidh mé ar an gConradh atá idir mise agus sibhse, agus gach dúil bheo den uile fheoil; agus ní dhéanfaidh díle go deo arís de na huiscí chun an uile fheoil a scrios. Nuair a bheidh an bogha sna néalta, féachfaidh mé air agus cuimhneoidh mé ar an gConradh síoraí atá idir Dia agus an uile dhúil bheo den uile fheoil dá bhfuil ar talamh." Dúirt Dia le Naoi: "É seo comhartha an Chonartha a dhaingnídh mé idir mé agus an uile fheoil dá bhfuil ar talamh."



Tar éis duit an sliocht ón Scríoptúr a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- Cén gealltanais a thug Dia do Naoi agus don chruthú ar fad?
- Cén focal eile a úsáidtear sa scéal thuas a chiallaíonn 'gealltanais' nó 'comhaontú'? (Conradh)
- Cad a dúirt Dia a bheadh ina chomhartha sofheicthe den Chonradh?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Cad a mhúineann an conradh seo dúinn faoi

phlean Dé?

- An bhfuil an chuma ann i gcónaí go gcoinníonn Dia an Conradh seo? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuil?
- An gceapann tú go bhfuil aon rud le déanamh ag daoine ionas gur féidir le gealltanais Dé a thabhairt i gcrích? Conas a tharlódh sé sin?
- An gcreideann tú go gcoimeádann Dia a chuid geallúintí i gcónaí? Cén fáth a gceapann tú é sin?
- An mbíonn míthuiscint ag daoine riamh faoi ghealltanais Dé? Conas a tharlaíonn sé sin?

Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 9 dá leabhar.

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

MÓIBÍL BOGHA BÁISTÍ

- Tabhair cóip den teimpléad bogha báistí (thíos) do gach páiste, agus cinntigh go mbíonn péinteanna, pinn luaidhe dathúcháin nó criáin a mheaitseálann na dathanna (seacht gcinn acu) ar an tuar ceatha/bogha báistí.
- Tosaigh ag comhrá leis na páistí agus na ceisteanna seo á n-úsáid agat nó ceisteanna cosúil leo: An cuimhin libh dathanna an tuar ceatha? (dearg, oráiste, buí, glas, gorm, indeagó agus vialait). Cathain de ghnáth a fheicimid tuar ceatha sa spéir? An féidir libh cuimhneamh ar an mbrí a bhaineann le tuar ceatha, de réir scéal Naoi i Leabhar Gheineasas? (Conradh Dé leis na domhan)
- Ansin iarr ar na páistí móibíl de thuar ceatha a dhearadh agus a dhéanamh. I dtús báire, iarr orthu an teimpléad a dhathú le dathanna an tuar ceatha curtha san ord ceart. Ansin

tabhair cuireadh dóibh seacht bhfocal as scéal Conradh Dé le Naoi a roghnú, agus ceann de na focail seo a scríobh ar gach ceann acu de na dathanna éagsúla ar an mbogha báistí.



- Díriú aire na bpáistí chuig leathanach 9 dá leabhar, áit a gheobhaidh siad sliocht as Conradh Dé le Naoi.
- Ar deireadh, iarr ar na páistí a gcuid bogha báistí a ghearradh amach, poll a dhéanamh ag barr gach ceann acu, agus iad a chrochadh ar chrochadán cótaí, ba chóir a bheith ar chrochadh sa/in aice leis an spás urnaí.

AN SCRÍPTÚR NAOFA

GEALLTANAS DÉ LE HABRÁM

I gcathair Úr i dtír ar a dtugtar Hárán, chónaigh fear darbh ainm dó Abrám. Chuala sé faoi chonradh Dé le Naoi. Bhí a fhios ag Abrám gur choinnigh Dia a ghealltanas le Naoi, lena theaghlach agus leis an gcruthú go léir. Bhí grá ag Abrám do Dhia agus thug sé adhradh dó. Sáraí ab ainm do bhean Abráim. Ní raibh aon chlann

ag Abrám agus Sáraí. Nuair a bhí Abrám cúig bliana déag is trí fichid d'aois, chuala sé Dia ag labhairt leis. Insíonn Leabhar Gheineasas dúinn gur gheall Dia le hAbrám é féin agus a chlann a threorú go tír nua, a dtugtar Canán uirthi, agus go dtabharfadh sé treibh mhór dó. Éistimis anois le scéal ghealltanas Dé le hAbrám mar a insítear é i Leabhar Gheineasas.

Gealltanas Dé le hAbrám (Geineasas 12:1-2, 4-7)

Dúirt an Tiarna le hAbrám: “Imigh ó do thír féin, agus ó do mhuintir féin agus ó theach d’athar chun na tíre a thaispeánfaidh mé duit. Déanfaidh mé cine mór diot agus beannóidh mé thú agus mórfaidh mé d’ainm chomh mór sin go mbeidh sé mar bheannacht ag daoine...”

D’imigh Abrám amach mar sin de réir mar a dúirt an Tiarna leis agus chuaigh Lót in éineacht leis. Bhí Abrám cúig bliana déag is trí fichid nuair a d’fhág sé Hárán. Agus thug sé leis Sáraí a bhean...

Nuair a thánadar go Canán... Thaispeáin an Tiarna é féin d’Abrám agus dúirt: “Is do do shíolsa a thabharfaidh mé an tír seo.”



Tar éis duit an sliocht ón Scríoptúr a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- Cad a d’iarr Dia ar Abrám a dhéanamh?
- Cén gealltanas a thug Dia d’Abrám?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- An dúshlán éasca é seo do Abrám a ghlacadh? Cad a d’fhéadfadh a bheith deacair sa dúshlán seo dó féin agus dá theaghlach?

- Cad iad na focail a d’úsáidfeá chun cur síos a dhéanamh ar Abrám?
- An cuimhin leat am nuair a d’fhág tú rud eolach agus compordach le bogadh ar aghaidh chuig rud éigin nua agus neamhaithnidiúil? Cathain a tharla sé sin? Conas a mhothaigh tú faoi?

Díriú aire na bpáistí chuig leathanach 8 dá leabhar agus chuig an léarscáil ar phóstaer uimh. 1.

RÓLIMIRT

CUIREANN ABRÁM AGUS SÁRAÍ PLEAN DÉ FAOI CHAIBIDIL

- Roinn an rang i ngrúpaí de cheathrar.
- Glacann páiste amháin i ngach grúpa ról Abrám agus páiste eile ról Sáraí. Glacann an bheirt pháiste eile ról a gcuid cairde.
- Tabhair cuireadh do na páistí a shamhlú go bhfuil sé deacair ar Abrám agus ag Sáraí cinneadh a dhéanamh ar cóir dóibh a dhéanamh mar a d'iarr Dia orthu agus a mbaile agus a gcuid talún a fhágáil agus aghaidh a thabhairt ar áit anaithnid. Socraíonn siad comhairle a lorg ó bheirt chara.
- Cuireann duine de na 'cairde' cúiseanna i láthair faoi ba chóir dóibh fanacht, agus deir an duine eile cén fáth ba chóir dóibh a dhéanamh mar a d'iarr Dia orthu.
- Tabhair cuireadh do ghrúpaí éagsúla an dráma a chur i láthair don rang.

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

BOINN NA BEATHA

- Tabhair leathanach bán A4 do gach páiste.
- Iarr orthu imlíne de bhoinn de phéire cuaráin nó bróga a tharraingt.
- Tabhair cuireadh dóibh a thaifeadadh ar bhonn amháin nithe atá éasca faoina saoil faoi láthair, agus ar an mbonn eile nithe atá deacair nó crua faoina saoil anois.
- Iarr orthu na boinn a ghearradh amach, poll a chur ag barr gach ceann acu, agus iad a cheangail le chéile go scaoilte le píosa téad.
- Iarr ar na páistí a gcuid 'Boinn na Beatha' a chur sa spás urnaí.



GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, iarr ar na páistí cúpla nóiméad a ghlacadh le machnamh ciúin a dhéanamh:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh. Le do ghuth istigh, roinn le Dia na rudaí a mbaineann tú taitneamh astu i do shaol faoi láthair ... Anois luaigh rud éigin a mbíonn deacracht agat leis i do shaol faoi láthair ... Iarr ar Dhia cabhrú leat muinín a bheith agat as a phlean duit ... Iarr ar Dhia tú a threorú tríd an scoilbhliain nua atá amach romhainn. Nuair a bhíonn tú réidh, oscail na súile.

GNÍOMHAÍOCHT LEIS AN MBÍOBLA

AMLÍNE

- Tabhair cuireadh do pháistí áirithe scéal chonradh Dé le Naoi a thaifeadadh ag baint úsáid as pictiúir nó siombailí. Iarr orthu iad seo a chur san ord ceart ar an amlíne a thosaigh siad i gCeacht 1.

Mairimis ...

CAD A MHÚIN TÚ?

Coinníonn Dia a chuid geallúintí, fiú nuair a chasann daoine uaidh. Nochtann na scéalta i dtús Leabhar Gheineasas plean Dé don chruthú. Thug Dia cuireadh do Naoi, do Abrám agus do Sháraí (ar athraigh Dia a n-ainmneacha go hAbrahám agus Sárá nuair a tháinig siad go Canán) chun a muinín a chur ann, agus rinne siad mar a d'iarr Dia orthu. Tugann Dia cuireadh do gach duine againn, freisin, ár muinín a chur ann agus creideamh a bheith againn ina phlean dár saoil. Glaonn sé orainn a chreidiúint go gcoimeádfaidh sé a ghealltanais i gcónaí.

GNÍOMHAÍOCHT THAIFEADACH

PLEAN DÉ A CHOMHLÍONADH

- Tabhair cóip den teimpléad thíos do gach páiste.
- Iarr orthu a chlárú conas a fheiceann siad iad féin ag comhlíonadh plean Dé dá saol faoi na ceannteidil curtha ar fáil.



PAIDIR

Nóta: *Beidh a gcuid cóipleabhair don Oideachas Reiligiúnach agus roinnt ábhar scríbhneoireachta agus dathúcháin ag teastáil ó na páistí don urnaí seo. B'fhéidir gur mhaith leat ceol machnamhach a sheinn sa chúlra agus na páistí ag obair.*

Comhartha na Croise

Múinteoir: D'iarr Dia ar Abrám a bhaile agus a thír féin a fhágáil agus imeacht leis go háit i bhfad ó bhaile ... Dúshlán an-deacair a bhí ann d'Abrám ... Bíonn dúshlán dhifriúla agus amanna deacra inár saol againne chomh maith ... Is ansin a iarrann Dia orainn muinín a bheith againn as agus ina ghrá dúinn ...

Tugaim cuireadh daoibh anois an iris/cóipleabhar don Oideachas Reiligiúnach a thógáil amach agus, ag obair go ciúin, tarraing/scríobh cur síos simplí ar thuras Abrám go Canán. I dteannta leis nó faoi sin, tarraing/scríobh faoi eachtra i do shaol féin gur aimsigh tú deacair nó dúshlánach.

Lig go leor ama do na páistí an ghníomhaíocht a dhéanamh.

Múinteoir: Iarraimid ar Dhia cuidiú linn cuimhneamh go bhfuil sé i gcónaí linn, go háirithe sna hamanna deacra. Agus sinn ag cuimhneamh ar cuid de na huaipeanta sin anois, iarraidimid ar Dhia

misneach a thabhairt dúinn leanúint ar aghaidh ... (Sos)

Seasaimis anois agus guímis chuig ár nAthair ar neamh, ag úsáid na gothaí a d'fhoghlaimíomar.

Aitheanta an tslánaithe dár dtreorú agus briathar Dé dár dteagasc, tá sé de mhisneach againn a rá:

Gach duine: Ár nAthair, atá ar neamh (lámha trasna ar an ucht)

Go naofar d'ainm (lámha sínte amach chomh hard leis na guaillí, bosa na láimhe i dtreo na spéire)

Go dtaga do ríocht (lámha sínte amach, bosa na láimhe i dtreo an urláir)

Go ndéantar do thoil ar an talamh mar a dhéantar ar neamh (ceann umhlaithe, lámha le chéile ar tosach)

Ár n-arán laethúil, tabhair dúinn inniu (lámha sínte amach, ag sméideadh i do threo féin)

Agus maith dúinn ár bhfiacha, mar a mhaithimidne dár bhféichiúna féin (an lámh dheas ag bogadh ó chlé go deas agus breathnú sa tsúil orthu siúd in aice leat)

Agus ná lig sinn i gcathú (lámha sínte amach ar tosach, lámha ag brú amach uait)

Ach saor sinn ó olc. Áiméan. (lámha le chéile ar tosach, ceann umhlaithe)

Comhartha na Croise

Ceacht 3: Conradh Dé le hAbrahám

SULA DTOSAÍONN TÚ

Gheall Dia do Abrám go dtabharfadh sé sliocht mhór dó (Gein 17:2). Le himeacht aimsire, neartaigh creideamh agus iontaoibh Abráim i nDia. Chun an caidreamh doimhin seo a mharcáil, d'athraigh Dia ainm Abráim go Abrahám agus ainm Sáraí go Sárá (Gein 17:5, 15). Ciallaíonn an t-ainm 'Abrahám' 'Athair na ndaoine', agus ciallaíonn an t-ainm 'Sárá' 'bean' nó 'bean uasal'.

Nuair a bhí an t-am ceart, chomhlíon Dia a ghealltanas. Lá amháin chuir Dia trí aingeal le teachtaireacht thábhachtach a thabhairt d'Abrahám. Cheap Abrahám gur lucht siúil a bhí ag dul thar a phuball a bhí sna haingil. B'fhéidir gur cheap sé go raibh ocras orthu agus gur theastaigh uathu a scíth a ligean. Mar sin chuir Abrahám fáilte roimh na strainséirí. D'iarr sé ar a sheirbhísigh roinnt bia a ullmhú dóibh. Mar a roinn siad béile le chéile, dúirt na haingil le

hAbrahám go mbeadh mac aige féin agus ag a bhean Sárá gan mhoill. Bean an-sean ba ea Sárá agus thosaigh sí ag gáire nuair a chuala sí go mbeadh leanbh aici ag a aois.

Nuair a bhí an t-am ceart, rugadh an mac. Dúirt Dia le hAbrahám agus le Sárá an t-ainm Íosác a thabhairt don leanbh, ainm a chiallaíonn 'gáire', mar go gcuirfeadh sé i gcuimhne dóibh an gealltanas a thug sé dóibh (Gein 18:1-15, 21:1-8).

Ní ionann bealaí Dé agus ár mbealaí i gcónaí. Nocht Dia a phlean don chine daonna sa ghealltanas sin, trí shliocht Abrahám, go ndéanfaidh sé na daoine go léir ar domhan a bheannú. Sa lá atá inniu ann, ceiliúraimid comhlíonadh gealltanas Dé trí bheatha, bás agus aiséirí Íosa Críost, Mac Dé.

NITHE A BHEIDH AG TEASTAIL UAIT

- (Roghnach) Cnaguirlisí, m.sh. tambóiríní, drumáí beaga
- Bileog A4 do gach páiste
- Bileoga A4, pollaire, ribíní nó píosaí olla

Féachaimis ...

SCÉAL

NÓTA DON MHÚINTEOIR: Roghnaíonn gach Pápa nua ainm agus é ag dul i mbun post an Phápa. B'fhéidir gur spreag scéal Íosa ag athrú ainm Shíomóin go Peadar, an próiseas seo chun ainm nua a roghnú. Léiríonn an t-athrú ó Shíomón go Peadar gur glaoth an t-aspal Peadar chun obair speisialta a dhéanamh; bhí sé le bheith ina cheannaire ar lucht leanúna Íosa, an Eaglais. Tagann an t-ainm Peadar ón bhfocal Gréigise *petra*, a chiallaíonn 'carraig'. Díreach mar a chaithfidh aon fhoirgneamh tosú le bonnchloch mhaith, mar sin, freisin, bhí duine láidir ag teastáil ó lucht leanúna Íosa, an Eaglais, chun iad a threorú tar éis d'Íosa fillleadh ar a Athair ar neamh. Bheadh Naomh Peadar ina chéad Phápa ar an Eaglais Chaitliceach. Cuireann an scéal seo faoi Íosa ag athrú ainm Pheadair, an cuntas sa tSean-Tiomna i gcuimhne dúinn, faoi conas a d'athraigh Dia ainm Abráim go hAbrahám.

Léigh an cuntas seo faoi shaol Naomh Eoin Pól II, a rinne an Pápa Proinsias naomh de ar 27 Aibreán 2014.

Naomh Eoin Pól II

Ar 18 Bealtaine 1920, rugadh Karol J. Wojtyła, a bhí chun bheith ina Phápa Eoin Pól II, i Wadowice, cathair bheag caoga ciliméadar ó Cracow, sa Pholainn. Ba é an mac ba óige den bheirt mhac a bhí ag Karol Wojtyła agus Emilia Kaczorowska. Fuair máthair Karol bás nuair a bhí sé naoi mbliana d'aois, fuair a dheartháir Edmund bás nuair a bhí Karol dhá bhliain déag, agus d'éag a athair, oifigeach airm, nuair a bhí Karol bliain agus scór d'aois.

Nuair a chríochnaigh Karol san ardscoil chuaigh sé go dtí an ollscoil. Chláraigh sé i scoil drámaíochta freisin. Dúnadh an ollscoil tar éis áitiú Naitsíoch na Polainne, agus chaith Karol roinnt blianta ag obair i gcairéal agus i monarcha ceimiceach freisin.

Chuala Karol glaoch Dé chun bheith ina shagart. Rinne sé staidéar sa choláiste sagartachta i gCracow, áit a oirníodh é ina shagart sa bhliain 1946. Le linn a chuid blianta mar shagart bhí sé ina shéiplíneach ar an ollscoil i gCracow agus faoi dheireadh bhí sé ina ollamh sa choláiste sagartachta i gCracow. Ceapadh é mar Ardeaspag Cracow sa bhliain 1964, agus trí bhliain ina dhiaidh sin ceapadh é ina Chairdinéal.

Toghadh Karol mar Phápa ar 16 Deireadh Fómhair, 1978. Roghnaigh sé an t-ainm Eoin Pól

II in onóir an bheirt Phápa a d'imigh roimhe, an Pápa Eoin Pól I agus an Pápa Eoin XXIII.

Bhí an Pápa Eoin Pól II líofa in go leor teangacha agus thug sé cuairt ar 129 tír le linn a phápacht. Tháinig sé go hÉirinn i 1979 - an chéad uair a thug Pápa cuairt ar an tír seo. Thug sé cuairt ar Bhaile Átha Cliath, Droichead Átha, Cluain Mhic Nóis, Gaillimh, Cnoc Mhuire, Luimneach agus Maigh Nuad. Chuaigh níos mó ná 2.5 milliún duine chun é a fheiceáil ag na himeachtaí éagsúla. Ceann de na cúiseanna a bhí leis an gcuairt ná ceiliúradh a dhéanamh ar chomóradh céad bliain de thaispeánadh na Maighdine Muire i gCnoc Mhuire.

Bhí Naomh Eoin Pól II mar Phápa ar an Eaglais ar feadh sé bhliain is fiche. Sa bhliain 1981 lámhachadh é i gCearnóg Naomh Peadar sa Róimh. Dhá bhliain ina dhiaidh sin thug sé cuairt, sa phríosún, ar an bhfear a rinne iarracht é a mharú. Bhí comhrá príobháideach acu agus as sin amach bhí siad cairdiúil le chéile. Labhair an Pápa Eoin Pól II ar a shon agus d'iarr sé go scaoilfí ón bpríosún é. Nuair a scaoileadh ón bpríosún é sa bhliain 2010, d'fhill sé ar ais go dtí an Róimh agus d'fhág sé rósanna bána ar uaigh an Phápa.

Sa bhliain 2014, dearbhaíodh an Pápa Eoin Pól II ina naomh.

Tar éis duit an cuntas faoi shaol Naomh Eoin Pól II a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cén tír inar rugadh Karol Wojtyła?
- Cad a spreag é chun an t-ainm Eoin Pól II a ghlacadh nuair a rinneadh Pápa de?
- Cad iad na háiteanna in Éirinn ar thug sé cuairt orthu?
- Cad a tharla dó sa bhliain 2014?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Cén fáth, dar leat, a ndeachaigh an oiread sin daoine chun an Pápa Eoin Pól II a fheiceáil agus é in Éirinn?
- Dá dtabharfadh an Pápa cuairt ar Éirinn inniu an mbeadh suim agat dul chun é a fheiceáil? Cén fáth nó cén fáth nach mbeadh?

CUIR AITHNE AIR

AN PÁPA PROINSIAS

Tosaigh ag comhrá leis na páistí faoin méid atá ar eolas acu faoin bPápa Proinsias cheana féin, agus na ceisteanna seo á n-úsáid agat nó ceisteanna cosúil leo:

- Cad atá ar eolas agaibh faoin bPápa Proinsias? Cad iad na scéalta atá cloiste agaibh faoi? B'fhéidir go bhfaca sibh ar an dteilifís é nó gur chuala sibh an sagart ag insint scéalta mar gheall air ag an Aifreann? Roinn na scéalta sin leis an rang.
- An féidir libh a insint dom cár rugadh an Pápa Proinsias? (Rugadh an Pápa Proinsias Jorge Mario Bergoglio i mBuenos Aries, san Airgintín)
- An bhfuil aon tuairim agaibh cén fáth ar roghnaigh sé an t-ainm Proinsias? (Roghnaigh an Pápa an t-ainm Proinsias in ómós don naomh Iodálach Proinsias Assisi, a mhair go simplí ag tabhairt seirbhís do na boicht. Mar fhear óg, bhí an Pápa Proinsias spreagtha ag an naomh uamhal seo, a raibh meas ollmhór aige ar bhronntanas an chruthaithe.)

Ansin abair leis na páistí gurb é Proinsias an 266ú Pápa san Eaglais Chaitliceach Rómhánach. Sular

toghadh mar Phápa é sa bhliain 2013, bhí an Pápa Proinsias tar éis a bheith ina Ardeaspag agus ina Chairdinéal araon ar feadh breis agus dáréag bliain.

Ó rinneadh Pápa de, léirigh Proinsias imní iontach do dhaoine atá ag maireachtáil i mbochtaineacht, dóibh siúd atá breoite, don timpeallacht, agus dóibh siúd a mbíonn orthu bogadh óna dtíortha dúchais féin chun sábháilteacht a chuardach agus slí bheatha a dhéanamh dóibh féin agus dá dteaghlaigh.

Scríobh an Pápa Proinsias faoin fhreagracht atá ag daoine aire a thabhairt don domhan ina imlitir *Laudato Si'*, a chiallaíonn 'Moladh duit'. Molann an Pápa Proinsias do dhaoine aire a thabhairt dóibh siúd ach go háirithe atá bocht. Cuireann sé béim i gcónaí ar ghrá Dé do gach duine, is cuma cé hiad nó cad atá déanta acu. Ba mhaith leis go gcreidfeadh daoine go sroicheann trócaire Dé gach duine.

GNÍOMHAÍOCHT TAIGHDE

AN PÁPA PROINSIAS

- Tabhair cuireadh do na páistí níos mó fíricí nó scéalta a fháil faoin bPápa Proinsias (m.sh. rudaí atá ráite nó déanta aige ó rinneadh Pápa de, go háirithe maidir le cúram a thabhairt do na boicht, don timpeallacht, srl).
- Spreag na páistí chun ceisteanna a chur ar dhaoine fásta sa bhaile chun cabhrú leo taighde a dhéanamh faoi seo nó scéalta atá ar eolas acu

faoin bPápa Proinsias a roinnt leo.

- Tabhair cúpla lá do na páistí lena gcuid taighde a dhéanamh agus ansin iarr orthu a gcuid torthaí a roinnt leis an rang.

Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 10 dá leabhar.

PAIDIR

Nóta: Beidh na téacsleabhair ag teastáil ó na páistí don urnaí seo.

Comhartha na Croise

Múinteoir: Sa phaidir ar a dtugtar 'Leabharmharc Naomh Treasa' uirthi, cuireann Naomh Treasa de Ávila i gcuimhne dúinn, nach leanann rudaí maithe nó droch rudaí, go deo. Tá Dia i gcónaí linn agus is leor Dia dúinn. Guimis an phaidir sin le chéile anois. Tá sé le fáil ar leathanach 12 de do leabhar.

Gach duine: Ná cuireadh aon rud isteach ort, Ná cuireadh aon rud eagla ort,

Tá gach rud ag imeacht;

Ach tá Dia gan athrú ar bith.

Tagann gach rud chuig an duine atá foighneach.

Má tá Dia linn, níl rud eile uainn.

Is leor Dia amháin.

Comhartha na Croise

Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.

Foghlaimimis ...

AN SCRÍOPTÚR NAOFA

CONRADH DÉ LE HABRAHÁM

De réir a chéile, d'fhás creideamh agus muinín Abrám i nDia. Chun an fás seo idir Dia agus Abrám a cheiliúradh, d'iarr Dia ar Abrám (ainm a chiallaíonn 'athair ard') a ainm a athrú go 'Abrahám' (ainm a chiallaíonn 'athair na ndaoine'). D'iarr Dia ar Sháraí, freisin (ainm a chiallaíonn 'mo bhanphrionsa') a hainm a athrú go Sára (ainm a chiallaíonn 'bean' nó 'bean uasal'). Léirigh na

hathruithe seo go raibh ceangal níos láidre ann idir an bheirt acu agus conradh Dé agus go raibh siad ag bogadh ar aghaidh ón seansaol a bhí acu. Ar an mbealach seo, léirigh Dia go raibh ról speisialta á tabhairt aige dóibh ina phlean don chine daonna agus don chruthú. Éistimis anois leis an scéal faoi chonradh Dé le hAbrahám agus le Sára mar a insítear é i Leabhar Gheineasas.

Conradh Dé le hAbrahám (Geineasas 17:1-8, 15-19)

Nuair a bhí Abrám nócha naoi mbliana d'aois thaispeáin an Tiarna é féin d'Abrám agus dúirt leis: "Mise Dia na gCumhacht. Iompair thú féin gan locht i mo láthair-sé, agus déanfaidh mé Conradh idir mé agus tú agus cuirfidh mé rath thar na bearta ort." Shléacht Abrám go talamh, agus dúirt Dia leis: "Is leatsa atá mo Chonradh, agus beidh tú i d'athair ar mhórán ciníocha. Ní thabharfar Abrám mar ainm ort feasta, ach tabharfar Abrahám ort, óir tá athair ar mhórán ciníocha á dhéanamh agam díot, agus tiocfaidh ríthe ar do shíol..."

[Beidh mé] i mo Dhia agatsa agus ag do shliocht i do dhiaidh. Agus tabharfaidh mé duitse agus do do shliocht i do dhiaidh tír do dheoraíochta, tír Chanán go léir, i do sheilbh go brách agus beidh mé féin i mo Dhia acu."

"Maidir le Sáraí do bhean," arsa Dia le hAbrahám, "ní thabharfaidh tú Sáraí uirthi, ach Sára a bheidh mar ainm uirthi. Cuirfidh mé mo bheannacht uirthi agus bronnfaidh mé mac ort uathí; cuirfidh mé mo bheannacht uirthi

agus beidh sí ina máthair ar chiníocha; beidh ríthe ciníocha ag cineadh uaithi."

Shléacht Abrahám go talamh agus gháir agus dúirt ina chroí: "An mbéarfai mac don té atá céad bliain d'aois? An mbeidh leanbh ag Sára agus í nócha bliain d'aois?"

[Dúirt Dia] "ach béarfaidh do bhean Sára mac agus tabharfaidh tú Íosác mar ainm air. Daingneoidh mé mo Chonradh leis ina Chonradh síoraí .i. mé a bheith i mo Dhia aige féin agus ag a shliocht ina dhiaidh.



Tar éis duit an sliocht ón Scríoptúr a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- Cén conradh a rinne Dia le hAbrám?
- Cad a d'iarr Dia ar Abrám a dhéanamh?
- Cén t-ainm a thug Dia go hAbrám chun an conradh speisialta eatarthu a mharcáil?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Cén fáth, meas tú, a rinne Dia an conradh seo le hAbrahám, le Sára agus lena sliocht?

Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 11 dá leabhar.

GNÍOMHAÍOCHT FILÍOCHTA

ABRAHÁM AGUS SÁRÁ

Nóta: Tosaigh ag léamh an téacs don rang. Ansin roinn an rang ina dhá ghrúpa. Abair le grúpa amháin páirt Abrahám a ghlacadh agus an grúpa eile páirt Sárá.

Abrahám

Sárá! Sárá! Sárá! Nach agam atá an dea-nuacht! Ní chreidfeá cé leis a raibh mé ag éisteacht.

Sárá

Tóg go bog é, Abrám. Tá a fhios agat agus tú anonn i mblianta gan a bheith spreagtha. Ní raibh tú mar seo leis na cianta.

Abrahám

Sárá, chuala mé m'ainm sa ghlór.

Sárá

Cad atá i gceist agat, a stór?

Abrahám

Dia Uilechumhachtach a labhair liom!
Agus mé i mo sheasamh liom féin.
B'fhéidir gur brionglóid a bhí ann.
Nó glór Dé ard i gcéin.

Sárá

Abrám, Abrám, Abrám! An bhfuil tú as do mheabhair?
Ná cuir na focail seo le chéile: 'Dia' agus 'labhair'.

Abrahám

Agus éist, ní 'Abrám' m'ainm choíche.
Ach 'Ab-ra-hám' ó theacht na hoíche.

Sárá

Ab-ra-hám, Ab-ra-hám? Ainm nach bhfuil mínithe!

Abrahám

Séard is ciall leis, a stór, ná 'athair ar mhórán daoine'.

Sárá

Cad iad na daoine? ... Mínigh dom.

Abrahám

Tá conradh déanta ag Dia liom.

Sárá

Conradh? Cad atá i gceist le sin?
Ní féidir liom ciall a bhaint as sin.

Abrahám

Ag tosú anois, tugann Dia inniu
Conradh a ghrá – do chách, is don chruthú.

Sárá

Dia an ghrá ... ár nDia an ghrá!
Conradh linn, ní thuigim an fáth!

Abrahám

Agus dála an scéil, tá d'ainm athraithe freisin.
Glaofar Sárá ort anois.
Agus éist le seo ... amach anseo ... éireoidh tusa torrach.
Gheall Dia linn, agus sinn beirt sean, bronntanas mac Íosác!

Sárá

Ha, ha, ha, ha, Abrahám. Tá tusa naoi mbliain is nócha.
Ní féidir linn leanbh a bheith againn anois, a ghrá, is dócha.

Abrahám

Sárá, féach orm, féach ar an seanfhear creidmheach.
Rinne mé gáire freisin nuair a chuala mé plean Dé iontach.
Ach tá muinín agam as Dia, bíodh muinín agat as fosta.
Coimeádfaidh sé a ghealltanas go fíor domsa agus tusa.

GNÍOMHAÍOCHT RINCE

RINCE NAOFA ÁRSA

Nóta: D'fhéadfadh sé a bheith oiriúnach tambóiríní agus drumáí beaga a chur ar fáil do na páistí don ghníomhaíocht seo.

- Tabhair cuireadh do na páistí roinnt ina mbeirteanna, le páiste amháin ag glacadh ról Abrahám agus an páiste eile ról Sárá.

- Spreag iad chun an nuacht lúcháireach, go mbeidh mac acu, a cheiliúradh le rince ag tabhairt moladh agus buíochas le Dia.

GNÍOMHAÍOCHT IDIRGHNÍOMHACH

AINMNEACHA AGUS TEIDIL DO DHIA

Mínigh do na páistí gur úsáid daoine ainmneacha agus teidil éagsúla do Dhia chun a thaispeáint conas a thuig siad Dia ag obair ina saolta. Ansin léigh amach na hainmneacha/teidil seo a leanas ar Dhia, tógtha as an tSean-Tiomna, agus tabhair cuireadh do na páistí trácht a dhéanamh orthu.

El Shaddai (Tiarna Dia Uilechumhachtach)

Adonai (Tiarna)

El Olam (An Dia Síoraí)

Elohim (Dia)

Emmanuel (Dia linn)

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

AN t-AINM/TEIDEAL IS FEARR LIOM AR DHIA

Nóta: Cuir i gcuimhne do na páistí oibriú go ciúin ar an ngníomhaíocht seo a leanas chun cuidiú le hatmaisféar ómósach a chruthú. B'fhéidir gur mhaith leat roinnt ceol machnamhach a sheinm sa chúlra.

- Tabhair bileog A4 do gach páiste.
- Tabhair cuireadh do na páistí an t-ainm/teideal is fearr leo do Dhia a roghnú.
- Iarr orthu an t-ainm/teideal seo a scríobh ar an leathanach ag baint úsáid as cló mór, agus ar an dtaobh eile an bhrí a bhaineann leis a scríobh.
- Spreag na páistí a gcuid oibre a mhaisiú le cúram agus aire mhór. Seans gur mhaith leo paidir chiúin a rá agus an obair á dhéanamh acu.
- Tabhair cuireadh do na páistí a gcuid bileoga a chur sa spás urnaí.



GNÍOMHAÍOCHT LEIS AN MBÍOBLA

AMLÍNE

- Tabhair cuireadh do pháistí áirithe scéal chonradh Dé le hAbrahám a thaifeadh ag baint úsáid as pictiúir nó siombailí. Iarr orthu iad seo a chur san ord ceart ar an amlíne a thosaigh siad i gCeacht 1.

Mairimis ...

CAD A MHÚIN TÚ?

Thug Dia dúshlán mór d'Abrám: a shean saol a fhágáil ina dhiaidh agus glacadh le rud éigin nua agus neamhaithnidiúil. D'éiligh an dúshlán seo creideamh mór agus muinín mhór ó Abrám. Gheall Dia bronntanas linbh do Abrám – a mhac, Íosác. D'athraigh Dia ainm Abrám go Abrahám chun an t-am a chur in iúl dó nuair a bheadh sé ina athair agus ina cheannaire ar muintir Dé. Sa lá

atá inniu ann, aithnítear Abrahám mar athair na nGiúdach, mar athair ar fháithe Ioslam agus mar athair creidmheach ar na Críostaithe. Sa tSean Tiomna agus ar fud scéal an chine daonna maidir le caidreamh le Dia, d'úsáid daoine ainmneacha agus teidil éagsúla do Dhia chun a chur in iúl conas a thuig siad Dia a bheith ag obair leo.

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

LEABHRÁN LE FRÁSAÍ NAOFA

Nóta: Beidh sé leathanach bána A4 ag teastáil uait le haghaidh gach grúpa, pollaire, dathanna, ribíní nó píosaí olla.

- Taispeáin na focail ó Salm 37 (thíos) ar an gclár bán idirghníomhach. Ansin léigh na focail os ard:

Cuir do dhóchas sa Tiarna agus déan an mhaith, agus mairfidh tú sa tír go sábháilte.

Má thugann tú taitneamh don Tiarna tabharfaidh seisean duit mian do chroí.

*Taobhaigh do shlí leis an Tiarna;
cuir do dhóchas ann agus déanfaidh sé beart
i dtreo go n-éireoidh d'fhiréantacht mar sholas
agus d'ionracas mar ghrian an mheán lae.*

Glac suaimhneas sa Tiarna agus foighnigh leis: (Salm 37:3-7)

- Roinn na páistí i ngrúpaí de chúigear. Mínigh dóibh go bhfuil gach grúpa chun leabhrán le frásaí naofa a chruthú.
- Tabhair sé leathanach A4 do gach grúpa, agus beidh ceann acu mar leathanach teidil.
- Tabhair uimhir idir a haon agus a cúig do gach páiste chun na laethanta ó Luan go hAoine a léiriú. Tabhair cuireadh dóibh líne a scríobh as Salm 37 do cibé lá a oireann an líne dó.
- Spreag na páistí lena leathanach a mhaisiú. Tabhair cuireadh do pháiste amháin nó níos mó an leathanach leis an dteideal a dhéanamh, ag baint úsáid as na focail 'Frásaí Naofa'.
- Ar deireadh, iarr ar gach grúpa a leathanaigh a chur le chéile, poll a chur iontu, agus ansin iad a chur le chéile ag baint úsáid as roinnt ribín nó olann.

Ullmhúchán:

- *Más féidir, bíodh na páistí ina suí thart nó gar don spás urnaí. Mura féidir é seo a dhéanamh, tabhair cuireadh dóibh a gcathaoireacha a chasadh i dtreo an spáis urnaí.*
A chinntiú go n-áirítear cros chéasta/cros, coinneal, an Bíobla Naofa agus móibílí tuar ceatha na bpáistí sa spás urnaí.
- *Roghnaigh triúr léitheoir. Tá na léachtaí ar fáil thíos agus féadfar iad a thaispeáint, nuair is gá, ar an gclár bán idirghníomhach.*
- *Iarr ar na páistí a saothar ealaíne a bhaineann le 'boinn na beatha' a chur faoina gcathaoireacha le linn na seirbhíse.*

Comhartha na Croise

Múinteoir (ag lasadh an choinneal): Tosaímid agus ár gcoinneal a lasadh. Cuireann ár gcoinneal i gcuimhne dúinn go bhfuil Dia linn.

Iomann Oscailte: Can iomann/amhrán oiriúnach.

Múinteoir: I Leabhar Geineasas, an chéad leabhar den Sean-Tiomna, cuirtear i gcuimhne dúinn plean Dé nuair a léimid faoi Chruthú an Domhain agus na scéalta faoi conas a rinne Dia conradh le Naoi agus ina dhiaidh sin le hAbrahám.

Guímis le chéile anois roinnt línte ó Salm 105.

Gach duine:

*Is é an Tiarna féin ár nDia
a bhfuil a bhreitheanna i réim ar fud na cruinne.
Cuimhníonn sé ar a chonradh go brách,
ar a ghealltanas go dtí míle glúin,
an conradh a cheangail sé le hAbrahám,
an mionn a mhionnaigh sé do Íosác. (Salm 105:7-9)*

Múinteoir: Is é an freagra ar ár bpaidreacha inniu ná: *Cuimhníonn sé ar a chonradh go brách.* Iarraimid ar Dhia cuidiú linn éisteacht lena ghlaó, mar a rinne Naoi.

Léitheoir 1: Cabhraigh linn do ghuth a chloisteáil inár gcroí mar a rinne Naoi.

Gach duine: Cuimhníonn sé ar a chonradh go brách.

Múinteoir: Iarraimid ar Dhia cuidiú linn, mar a chabhraigh sé le hAbrahám, nuair a iarrtar orainn rudaí deacra a dhéanamh.

Iarr ar na páistí a saothar ealaíne 'boinn na beatha' a choinneáil ina lámha. Iarr orthu féachaint ar na focail a scríobh siad ar an dá 'bonn'.

Léitheoir 2: A Dhia ghrámhair, cuidigh linn nuair a bhíonn sé deacair 'tá' nó 'níl' a fhreagairt.

Gach duine: Cuimhníonn sé ar a chonradh go brách.

Tabhair cuireadh do na páistí siúl, duine i ndiaidh a chéile, agus a saothar ealaíne 'boinn na beatha' a chur sa spás urnaí.

Múinteoir: Iarraimid ar Dhia cuidiú linn a bheith foighneach agus láidir inár gcreideamh, ar nós Abrahám.

Léitheoir 3: A Dhia ghrámhair, agus sinn ag tosú ar Rang a Ceathair/B6, cuidigh linn a chreidiúint go bhfuil tú i gcónaí linn, ag tabhairt aire dúinn.

Gach duine: Cuimhníonn sé ar a chonradh go brách.


Spreag gach páiste ceann de na beannachtaí go léir atá acu a lua os ard, mar shampla: sláinte, bia, áit le maireachtáil, teaghlaigh, cairde, deiseanna foghlama agus rudaí nua le déanamh ar scoil, srl. Iarr ar na páistí beannachtaí éagsúla a roghnú más féidir.


Múinteoir: Guímis, ar nós Naomh Treasa de Ávila, gur féidir linn ár muinín a chur i nDia agus fás níos gaire dó. Guímis *Leabharmharc Naomh Treasa* le chéile.

Gach duine: Ná cuireadh aon rud isteach ort,
Ná cuireadh aon rud eagla ort,
Tá gach rud ag imeacht;
Ach tá Dia gan athrú ar bith.
Tagann gach rud chuig an duine atá foighneach.
Má tá Dia linn, níl rud eile uainn.
Is leor Dia amháin.

Iomann deiridh: Can iomann/amhrán oiriúnach.

Comhartha na Croise





Téama 2: An Bíobla

Ceacht 1: An Bíobla, Ár Scrioptúr Naofa Ceacht 2: An Tiomna Nua

ÓN GCURACLAM

Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

BRIATHAR DÉ

An Bíobla

- Cabhraíonn an Spiorad Naomh linn éisteacht le Briathar Dia agus é a thuiscint agus freagra a thabhairt air
- Tá ceithre Shoiscéal ann: an soiscéal de réir Mhata, an soiscéal de réir Mharcais, an soiscéal de réir Lúcais agus an soiscéal de réir Eoin. Tá áit lárnach acu seo sa Bhíobla toisc go bhfuil Íosa Críost mar chroí-lár iontu
- Tá fiche seacht leabhar sa Tiomna Nua a dhéileáileann le saol agus teagasc Íosa agus leis an gcéad phobal Críostaí
- Sa Tiomna Nua tá na Ceithre Shoiscéal, Gníomhartha na nAspal, na hEipistilí nó Litreacha agus Apacailipsis Eoin
- Do Chríostaithe, tá na Soiscéil ag croílár na Scrioptúir
- Cabhraíonn na Soiscéil linn glacadh le hÍosa le lán-chreideamh agus a theagasc a chur i bhfeidhm inár saol féin

An Scrioptúr Naofa

Plean grámhar Dé don Slánú

- Salm 37. Muinín as an Tiarna
- Eiz 1:4-12. Ríchathaoir Dé
- Salm 138:3. D'fhreagair tú mé

Saol Poiblí Íosa

- Lúc 4:18. Misean Íosa

Sleachta Breise

- 1 Eoin 3:22-23. Misneach i láthair Dé.
- 1 Cor 13:4-7. Grá
- Apac 21:3-4. Neamh nua agus Talamh nua
- 2 Tim 3:16-17. Teagasc

LIOTÚIRGE AGUS URNAÍ

Urnaí Fhoirmeálta

- Comhartha na Croise

Paidreacha Breise

- Freagraí an Aifrinn
- Paidir ar an mBíobla a oscailt
- Paidir ar an mBíobla a dhúnadh
- Salm 138:3
- Salm 37:3

MÓRÁLTACHT CHRÍOSTAÍ

Láithreachta ghrástúil agus Cúnamh Dé

- Tá gach duine daonna teoranta, lochtach agus dá bhrí sin thaispeáin Dia a mhór-ghrá dúinn trína theagasc a léiríonn an difríocht idir ceart agus mícheart (ar dtús sa Sean Tiomna áit a bhfuil sé seo léirithe go soiléir sna Deich nAitheanta) agus arís i dteagasc Íosa agus Eipistilí an Tiomna Nua
- Bealach amháin a chabhraíonn leis an gcoinsias an t-eolas cruinn a fháil ná trí mhachnamh a dhéanamh ar Bhriathar Dé

ÓN GCROÍSHIOLLABAS DON OIDEACHAS REILIGIÚNACH

Tógtha ón gCroíshiollabas don Oideachas Reiligiúnach ón Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann (2007).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

CUSPÓIR FOGHLAMA 1

Foilsíú Dé

Dia agus an Bíobla

Briathar Dé.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltai:

- Ábhar agus struchtúr an Bhíobla a iniúchadh agus a fhiosrú.
- Tuiscint a bheith acu go bhfuil cineálacha éagsúla litríochta sa Bhíobla.
- Eolas a fháil ar na háiteanna a n-úsáidtear an Bíobla agus a mbíonn sé faoi urraim.

CUSPÓIR FOGHLAMA 2

An Eaglais Chríostaí

Meas ar a chéile.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltai:

- Fiosrú faoi na luachanna a bhíonn mar chuidiú le pobal a thógáil agus taithí a fháil orthu.
- Na grúpaí éagsúla lena mbaineann siad a aithint.
- Bheith eolach faoi chultúir agus faoi chreidimh nach mbaineann leo agus meas a léiriú orthu.

CUSPÓIR FOGHLAMA 3

An Mhóráltacht

Tús agus fás.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltai:

- Machnamh agus athinsint a dhéanamh ar an méid a d'inis na haspail do dhaoine eile faoi Íosa.

Adhradh agus Urnaí.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltai:

- Paidreacha a léamh ón Bhíobla, agus ó fhoinsí eile.

Ceacht 1: An Bíobla, Ár Scrioptúr Naofa

SULA DTOSAÍONN TÚ

Tá cur amach ag na páistí cheana féin ar scéalta ón Sean-Tiomna agus ón Tiomna Nua. Rinne siad iniúchadh ar struchtúr an Bhíobla i Rang a Trí/B5 sa chlár *I nGrá Dé*. Sa téama seo beimid ag díriú ar an Tiomna Nua agus ar phearsa Íosa, a cheanglaíonn an Sean-Tiomna leis an Tiomna Nua.

Cuirfimid na páistí in aithne don cheithre Shoiscéal, atá lárnach don Tiomna Nua agus a thug Críostaithe urraim dóibh leis na céadta

bliain. Tabharfaimid forbhreathnú do na páistí ar na cuntais seo de beatha, teagasc, bás agus aiséirí Íosa. Déanfaimid iniúchadh ar na siombailí a bhaineann leis na ceithre Soiscéalaithe agus taispeánaimid léiriúcháin de na siombailí seo ó Leabhar Cheanannais do na páistí. Feicfidh na páistí íomhánna ó leabhar ársa Dharú freisin. Táthar ag súil go gcabhróidh eolas ar na leabhair áille seo leo meas a bheith acu ar an urraim a thugtar don Bhíobla leis na cianta.

EOCHAIRFHOCAIL

An Bíobla: Leabharlann is ea an Bíobla – é scríofa ag daoine ar spreag an Spiorad Naomh iad. Tá sé roinnte ina dhá phríomhchuid: an Sean-Tiomna agus an Tiomna Nua.

Tiomna: ‘Conradh’ is brí leis an bhfocal ‘tiomna’. Tá dhá phríomhchuid sa Bhíobla – an Sean-Tiomna agus an Tiomna Nua.

An Tiomna Nua: An chuid sin den Bhíobla a dhíríonn ar shaol agus ar theagasc Íosa. Tá na ceithre Shoiscéal ann.

Soiscéal: ‘Dea-scéala’ is brí leis an bhfocal ‘soiscéal’. Is é an Dea-Scéala atá ann do Chríostaithe ná go bhfuil grá ag Dia do gach duine agus gur chuir sé a Mhac, Íosa, chugainn chun méid a ghrá dúinn a thaispeáint. Úsáidtear an focal freisin chun na chéad cheithre leabhar sa Tiomna Nua, a ainmniú.

Soiscéalaithe: An t-ainm a thugtar ar údair na Soiscéal: Matha, Marcas, Lúcas agus Eoin.

Fáithe: Teachtaire a sheolann Dia chun a Bhriathar a labhairt.

Íocónagrafaíocht: Tagann an focal ‘íocón’ ón bhfocal Gréigise ar ‘íomhá’. Is íomhánna amhairc iad íocóin a tarraingíonn an breathnóir isteach agus a choinníonn a n-aird.

NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Bíobla an Ranga
- Bíobla do gach grúpa
- Póstaer uimh. 2, ceithre phíosca mór de pháipéar bán, pinn luaidhe agus ábhair dathúcháin.

Féachaimis ...

AG COMHRÁ

MAIDIR LE NITHE LUACHMHARA

Déan comhrá leis na páistí faoi rudaí atá luachmhar dóibh, ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Tá rudaí luachmhara ag gach duine againn, rudaí ar fuath linn a chailleadh. An féidir leat aon cheann de na rudaí luachmhara atá agat a ainmniú? (m.sh. grianghraif speisialta; bréagáin speisialta; cuimhní cinn de ócáidí speisialta)
- Ceann de na rudaí is luachmhara do dhaoine creidimhacha ná a Scrioptúr Naofa. Do Chríostaithe, is é seo an Bíobla. Cén fáth a gceapann tú go bhfuil an Bíobla luachmhar do

Chríostaithe? Conas atá sé difriúil ó leabhair eile?

- An féidir leat smaoineamh ar roinnt rudaí a dhéanaimid sa séipéal agus sa seomra ranga, maidir leis an mBíobla, a thaispeánann cé chomh luachmhar is atá an Bíobla dúinn? (m.sh. an Bíobla a láimhseáil le meas agus le cúram; seasamh nuair a léitear sleachta as an mBíobla ag an Aifreann)

Dirigh aire na bpáistí chuig leathanach 13 dá leabhar.

PAIDIR

Ullmhúchán: Cuirfidh na páistí Bíobla an ranga ar aghaidh ó dhuine go duine le linn na seirbhíse. Guífidh siad freisin an Paidir ar an mBíobla a Oscailt agus an Paidir ar Bhíobla a Dhúnadh. Tá na paidreacha seo ar leathanach 13 dá leabhar. Tá na véarsaí ó Salm 37 ar fáil thíos.

Comhartha na Croise

Múinteoir (ag lasadh an choinneal): Tosaímid agus ár gcoinneal a lasadh. Cuireann ár gcoinneal i gcuimhne dúinn go bhfuil Dia linn.

Tá a fhios againn gur leabhar lómhar agus naofa é an Bíobla, agus mar sin ba chóir dúinn cóir agus meas a thabhairt dó i gcónaí. Cuirfimid ár mBíobla ranga ar aghaidh anois ó dhuine go duine, ionas go mbeidh deis ag gach duine é a bheith ina lámha acu. Agus an Bíobla Naofa i do lámha agat, abair le do ghuth taobh istigh, 'Is é seo Briathar Dé chugam'.

Lig do na páistí an Bíobla a chur ar aghaidh ó dhuine go duine. Tabhair cuireadh don pháiste deireanach an Bíobla a chur ar ais sa spás urnaí.

Múinteoir: Guímis anois an Paidir ar an mBíobla a Oscailt le chéile.

Gach duine: Beannaigh mé, a Dhia, ionas Nuair a osclaím an Bíobla seo Go n-osclóidh mé m'intinn agus mo chroí Do do Bhriathar. Go gcothaí sé mé Faoi mar a chothaigh sé Íosa. Áiméan.

Múinteoir: Tá Leabhar na Salm sa tSean-Tiomna. Iomann mholta do Dhia atá sna sailm. Ghuigh daoine na sailm roimh, i rith agus tar éis ré ár dTiarna, Íosa. Úsáidimid na sailm anois mar urnaí agus le linn an Aifrin. Deir Salm 37 dúinn muinín a bheith againn as Dia. Guímis roinnt véarsaí ón salm sin anois.

Gach duine: Cuir do dhóchas sa Tiarna agus déan an mhaith...

Má thugann tú taitneamh don Tiarna tabharfaidh seisean duit mian do chroí.

Taobhaigh do shlí leis an Tiarna; cuir do dhóchas ann agus déanfaidh sé beart [duit]... (Salm 37:3-5)

Múinteoir: Threoraigh Dia muintir an tSean-Tiomna trí cheannairí mar Mhaois a chur chucu. Threoraigh Dia muintir an Tiomna Nua trína Mhac, Íosa Críost, a chur chugainn. Gheall Íosa go gcuirfeadh sé an Spiorad Naomh chuig a lucht leanúna chun iad a threorú nuair nach mbeadh sé leo a thuilleadh. Tá Dia i gcónaí linn, agus é réidh le treoir a thabhairt dúinn gach lá.

Tugaim cuireadh daoibh anois bhuir súile a dhúnadh agus a bheith socair agus ciúin ... Tabhair aire don anáil mar a thagann sí isteach agus mar a fhágann sí do chorp ... Agus tú ag anáil isteach, guigh na focail seo go ciúin: 'Tá muinín agam ...' Agus tú ag easanálú, guigh go ciúin: '... asat, mo Dhia'. Déan é seo cúpla uair ... Nuair atá tú réidh, oscail do chuid súl.



Cuirfimid críoch lenár n-urnaí inniu agus an *Paidir* ar an mBíobla a Dhúnadh a rá le chéile.

Gach duine: Beannaigh mé, a Dhia,
Agus an Bíobla seo á dhúnadh agam
Go gcoinneoidh mé do Bhriathar
I mo chroí agus i m'intinn
Faoi mar a rinne Íosa. Áiméan.

Iomann deiridh: Can iomann/amhrán oiriúnach.

Comhartha na Croise

Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.

Foghlaimimis ...

AG COMHRÁ

MAIDIR LEIS AN MBÍOBLA

Tabhair cuireadh do na páistí cuimhneamh ar a bhfuil ar eolas acu cheana féin faoin mBíobla ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- Cad é an Bíobla? Cad is ainm eile don Bhíobla? (Na Scrioptúir Naofa)
- Uaireanta tugtar leabharlann leabhar ar an mBíobla. Cén fáth atá le sin?
- Cé mhéad cuid atá sa Bhíobla? Cé mhéad leabhar atá sa Sean-Tiomna? (daichead a sé) Cé mhéad leabhar atá sa Tiomna Nua? (fiche

seacht)

- Tá an Sean-Tiomna roinnte i gceithre chuid. An cuimhin libh na hainmneacha atá orthu? (An Peintiteoch, Na Leabhair Stairiúla, Leabhair na hEagna agus Leabhair na bhFáithe)
- Cad é an scéal is fearr leat ón Sean Tiomna?
- Cad é an scéal is fearr leat ón Tiomna Nua?
- Cén t-ainm atá ar an leabhar as a léitear scéalta ón mBíobla le linn an Aifrinn? (An Leicseanár)

CUARDACH BÍOBLA

LEABHAIR AN BHÍOBLA

Nóta: Beidh roinnt Bíobla ag teastáil uait don ghníomhaíocht seo.

- Ag brath ar líon na mBíoblaí atá ar fáil, roinn an rang i ngrúpaí, ag tabhairt Bíobla amháin do gach grúpa.
- Tabhair cuireadh do na páistí teacht ar:
 - » Clár an ábhair
 - » Ainmneacha na gcodanna éagsúla sa Tiomna Nua

- » Ainmneacha dhá cheann de na Leabhair Stairiúla
- » Suíomh Leabhar na Salm
- » Ainmneacha cúigear fáidh as Leabhair na bhFáithe
- » Ainmneacha na Soiscéal
- » Suíomh Gníomhartha na nAspal

COMHAD FÍRICÍ

AN TIOMNA NUA (CUID A HAON)

Inis na fíricí seo faoin Tiomna Nua do na páistí, roinnt atá ar eolas acu cheana féin.

- Baineann an Tiomna Nua, an dara cuid den Bhíobla, le beatha Íosa agus a lucht leanúna.
- Ciallaíonn an focal 'Tiomna' 'conradh' nó 'comhaontú'. D'fhoghlaim sibh faoi chonradh Dé le Maois agus le hAbrahám sa Sean Tiomna. Sa Tiomna Nua feicimid conas a choinnigh Dia a chonradh nó a gheallúint chun Slánaitheoir a chur chugainn nuair a chuir sé a Mhac, Íosa, chun a thaispeáint do dhaoine conas ba chóir dóibh maireachtáil i ngrá Dé agus le daoine eile.
- Tá ceithre Shoiscéal sa Tiomna Nua, a scríobh na Soiscéalaithe: Matha, Marcas, Lúcas agus Eoin.
- 'Dea-scéala' is brí leis an bhfocal 'soiscéal'. Insíonn na ceithre Shoiscéal Dea-Scéala bheatha, theagasc, bás, Aiséirí agus Deascabháil Íosa Críost, Mac Dé.
- Tugtar Soiscéalaithe ar údair na Soiscéal.
- Tá na ceithre Shoiscéal luachmhar do Chríostaithe ar fud an domhain. Léitear sliocht

as ceann de na soiscéil ag an Aifreann i gcónaí. Léann lucht leanúna Íosa na soiscéil, sa lá atá inniu ann, chun foghlaim faoi na rudaí a rinne Íosa nuair a bhí sé ar domhan agus chun maireachtáil mar a iarrann Íosa orthu.

Tar éis duit na fíricí faoin dTiomna Nua a léamh amach, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Cad is brí leis an bhfocal 'Tiomna'?
- Cad iad ainmneacha na Soiscéal?
- Cad is brí leis an bhfocal 'soiscéal'?
- Cén t-ainm/teideal a thugtar ar scríbhneoirí na Soiscéal? (Soiscéalaithe)

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Cén fáth ar scríobh na ceithre Shoiscéalaithe faoi Íosa?
- Cén fáth a bhfuil na Soiscéil tábhachtach do Chríostaithe?

GLAC NÓIMÉAD

- Tabhair cuireadh do na páistí a súile a dhúnadh agus éirí ciúin agus socair. Nuair a bheidh sin déanta acu, léigh amach na nótaí seo a leanas go mall.

Sna meánaoiseanna, nuair a cuireadh lámhscríbhinní álainn cosúil le Leabhar Cheanannais agus Leabhar Dharú le chéile, ní raibh aon idirlíon, aon pháipéar ann agus níor ceapadh an chlódóireacht ag an am. Mar sin, conas a cuireadh na lámhscríbhinní áille sin le chéile? Scríobhadh gach leathanach de na leabhair naofa sin de láimh manaigh, a dtugtar scríobhaithe orthu. Chóipeáil siad na téacsanna reiligiúnacha, focal ar fhocal, ar chraicne ainmhithe a bhí glanta go cúramach agus ullmhaithe roimh ré. Craiceann lao (ar a dtugtar veilleam) nó craiceann caorach (a dtugtar pár air) a bhí sna craicne. Baineadh úsáid as aol chun gruaig a bhaint ó na craicne. Ansin síneadh na craicne trasna frámaí adhmaid chun iad a thriomú, sula bhféadfai iad a ghearradh agus a fhilleadh ina mbileoga. Níos déanaí, chuirfeadh na

scríobhaithe tús leis an tasc fada deacair agus an téacs reiligiúnach a chóipeáil, focal ar fhocal, ar veilleam nó ar phár. Mhaisigh na scríobhaithe agus na healaíontóirí na leabhair naofa seo le híocóin (íomhánna) iontacha ag baint úsáid as go leor dathanna geala. Go minic agus iad ag obair leis na Soiscéil, d'úsáid na manaigh seodra agus miotail lómhara mar mhaisiúcháin. Baineadh úsáid as na leabhair iontacha seo ar an altóir le haghaidh searmanais speisialta, agus i rith mórshiúlta ar laethanta féile. Nuair nár baineadh úsáid astu, bhí siad cosanta go sábháilte ionas nach mbeadh siad goidte ag na Lochlannaigh.

- Mol do na páistí go mb'fhéidir gur mhaith leo buíochas a ghabháil le Dia anois, lena nguth istigh, as na scríobhaithe agus na healaíontóirí a d'úsáid a mbrontanais agus a mbuanna agus a d'oibrigh chomh crua sin chun na lámhscríbhinní áille seo a thabhairt dúinn. Tabhair cuireadh dóibh na súile a oscailt nuair a bhíonn siad réidh.

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

SIOMBAILÍ NA SOISCÉALAITHE

NÓTA DON MHÚINTEOIR: Tá Leabhair na bhFáithe sa Sean-Tiomna. I Leabhar Eizicéil, labhraíonn an fáidh Eizicéil faoi fhís ón Tiarna ina bhfaca sé ceithre shiombail aisteacha agus iontacha. Baineadh úsáid as na siombailí seo leis na blianta chun na ceithre Soiscéalaithe a léiriú. (Féach Eiz 1:4-7, 10)

Nóta: Beidh póstaer uimh. 2, ceithre leathanaigh mhóra de pháipéar bán, pinn luaidhe agus ábhar dathúcháin ag teastáil don ghníomhaíocht seo.

- Cuir i gcuimhne na bpáistí go dtugtar Soiscéalaithe ar scríbhneoirí na soiscéal. Abair leo go n-úsáidtear ceithre shiombail go coitianta chun na Soiscéalaithe a chur in iúl. Tá baint ag na siombailí seo le fís a bhí ag fáidh sa Sean-Tiomna, Eizicéil. Dia a sheol an fhís chuige. Seo a leanas na siombailí:
 - » Fear nó aingeal ar a bhfuil sciatháin an tsiombail atá ann do Mhata.
 - » Leon ar a bhfuil sciatháin an tsiombail atá ann do Mharcas.
 - » Lao ar a bhfuil sciatháin an tsiombail atá ann do Lúcas.
 - » Iolar an tsiombail atá ann d'Eoin.
- Taispeáin póstaer uimh. 2 do na páistí, áit a fheicfidh siad íomhánna agus siombailí na Soiscéalaithe i lámhscríbhinn mhaisithe Fraincise ón gcúigiú haois déag.
- Ansin iarr orthu breathnú ar leathanach 14 dá gcuid leabhar, áit a fheicfidh siad siombailí na Soiscéalaithe ar fhóilió (leathanach) as Leabhar Cheanannais.
- Mínigh go léiríonn na ceithre shiombail an bealach ina léirigh gach ceann de na ceithre Soiscéalaithe Íosa:
 - » *Naomh Matha (fear/aingeal sciathánach):* Tugann an Soiscéal de réir Mhata tuiscint ar conas a bhí Íosa go hiomlán daonna agus cur síos a thabhairt ar chraobh ghinealaigh Íosaef, athair altrama Íosa.
 - » *Naomh Marcas (leon sciathánach):* Tugann an Soiscéal de réir Mharcas tuiscint dúinn faoi mhisneach Íosa.
 - » *Naomh Lúcas (lao sciathánach):* Tugann an Soiscéal de réir Lúcáis tuiscint dúinn faoi neart, seirbhís agus íobairt Íosa.
 - » *Naomh Eoin (iolar):* Cabhraíonn an Soiscéal de réir Eoin linn tuiscint a bheith againn ar Íosa Mac Dé agus conas a oibríonn Dia in Íosa, in éineacht leis agus tríd. Eitlíonn an t-iolar go hard agus is aige atá radharc na súl is láidre i ríocht na n-ainmhithe. Iolar an tsiombail atá ann d'Eoin mar chonaic sé go soiléir an bhrí a bhain le beatha Íosa.
- Roinn an rang i gceithre ghrúpa. Tabhair bileog mhór de pháipéar bán ealaíne, pinn

luaidhe agus ábhair dathúcháin do gach grúpa. Tabhair cuireadh do gach grúpa oibriú le chéile chun ceann amháin de cheithre shiombail na Soiscéalaithe a léiriú. Seans gur mhaith leo véarsa as an Soiscéal dá Soiscéalaí a scríobh faoina siombail.

- B'fhéidir gur mhaith leat ceol machnamhach a sheinm sa chúla agus na páistí ag gabháil leis an ngníomhaíocht seo.
- Tabhair cuireadh do na páistí a gcuid saothar ealaíne a chur nó a chrochadh sa spás urnaí nó in aice leis.

AG COMHRÁ

MAIDIR LE TIONCHAR AN BHÍOBLA

Tabhair cuireadh do na páistí smaoineamh ar cathain agus conas a úsáidtear an Bíobla sa lá atá inniu ann, seachas san eaglais agus in urnaí phearsanta an phobail. Seo roinnt samplaí a d'fhéadfá a roinnt leis na páistí:

- Tugann daoine mionn ar an mBíobla sa chúirt, nuair a thugann siad gealltanas an fhírinne a insint.
- Ba é an Bíobla foinse inspioráide do go leor scannán, mar shampla *Evan Almighty*, a bhaineann le Naoi, agus *Exodus: Gods and Kings*,

a bhaineann le hExodus na nIosraeilteach ón Éigipt.

- Thug an Bíobla an scéal-líne do roinnt ceolseónna, mar shampla *Jesus Christ Superstar*, a bhaineann le hÍosa, agus *Blood Brothers*, a bhaineann le clann mhac Ádhaimh agus Éabha, Cáin agus Áibil.
- Spreagann an Bíobla go leor cumadóirí, ceoltóirí, amhránaithe agus cumadóirí amhrán, mar shampla Handel, na Beatles agus U2.



Mairimis ...

CAD A MHÚIN TÚ?

Leabharlann is ea an Bíobla – é scríofa ag daoine ar spreag an Spiorad Naomh iad. Tá se roinnte ina dháphríomhchuid: an Sean-Tiomna agus an Tiomna Nua. ‘Na Soiscéil’ a thugtar ar na chéad cheithre leabhar sa Tiomna Nua. Tá na Soiscéil

tábhachtach chun tuiscint ar Íosa a thabhairt dúinn. Thug Críostaithe onóir agus urraim, i gcónaí, don Bhíobla. Feictear an onóir seo sna cóipeanna áille de na Soiscéil atá ar fáil i Leabhar Dharú agus i Leabhar Ceanannais.

GNÍOMHAÍOCHT TAIFEADACH

SCÉAL AN BHÍOBLA DO MO BHEATHA

- Tabhair cuireadh do na páistí a aithint agus smaoineamh ar an scéal ón mBíobla is fearr leo. Is féidir an scéal a roghnaíonn siad a bheith as an Sean-Tiomna nó ón Tiomna Nua.
- Iarr orthu pictiúr a tharraingt, bunaithe ar

an scéal seo sa chóipleabhar don Oideachas Reiligiúnach, agus rud amháin a scríobh faoin méid a mhúineann an sliocht seo dóibh faoi conas ba chóir dóibh maireachtáil.

PAIDIR

Ullmhúchán: *Roghnaigh páiste amháin chun Bíobla an ranga a iompar agus páiste amháin ó gach ceann den cheithre ghrúpa a d'oibrigh ar shiombailí na Soiscéalaithe, chun obair ealaíne a ghrúpa a thaispeáint nuair is gá. Beidh ceathrar léitheoir ag teastáil uait freisin. Tá na sleachta ar fáil thíos.*

Gach duine (seas agus can): ‘Alleluia’

De réir mar a bhíonn na páistí ag canadh, tabhair cuireadh don bpáiste leis an mBíobla é a iompar go hard sa mhórshiúl agus é a chur sa spás urnaí.

Comhartha na Croise

Múinteoir (ag lasadh an choinneal): Tosaímid agus ár gcoinneal a lasadh. Cuireann ár gcoinneal i gcuimhne dúinn go bhfuil Dia linn.

Guímis anois an *Paidir* ar an mBíobla a Oscailt le chéile.

Gach duine: Beannaigh mé, a Dhia, ionas Nuair a osclaím an Bíobla seo Go n-osclóidh mé m'intinn agus mo chroí Do do Bhriathar. Go gcothaí sé mé Faoi mar a chothaigh sé Íosa. Áiméan.

Léitheoir 1: Úsáidtear ceithre shiombail de ghnáth chun na Soiscéalaithe a chur in iúl. Fear nó aingeal le sciatháin an siombail atá ann do

Mhata. Sa chuntas a thugann Matha dúinn, is duine daonna é Íosa.

Dalta 1: Ardaíonn obair ealaíne an ghrúpa a bhaineann leis an Soiscéalaí, Naomh Matha.

Léitheoir 2: Leon le sciatháin an siombail atá ann do Mharcas. Sa chuntas a thugann Marcas dúinn, is duine le misneach é Íosa.

Dalta 2: Ardaíonn obair ealaíne an ghrúpa a bhaineann leis an Soiscéalaí, Naomh Marcas.

Léitheoir 3: Lao le sciatháin an siombail atá ann do Lúcas. Sa chuntas a thugann Lúcas dúinn, is duine le neart agus seirbhís é Íosa.

Dalta 3: Ardaíonn obair ealaíne an ghrúpa a bhaineann leis an Soiscéalaí, Naomh Lúcas.

Léitheoir 4: Iolar an siombail atá ann d'Eoin. Sa chuntas a thugann Eoin dúinn, is duine a oibríonn ar son Dé, é Íosa.

Dalta 4: Ardaíonn obair ealaíne an ghrúpa a bhaineann leis an Soiscéalaí, Naomh Eoin.

Tabhair cuireadh do na páistí a gcuid saothair ealaíne a chur nó a chrochadh sa spás urnaí nó in aice leis.

Múinteoir: Go raibh maith agat, a Dhia, as do chonradh a choinneáil le do mhuintir trí do Mhac

féin, Íosa Críost, a chur chugainn. Tá na céadta bliain imithe agus tá go leor Críostaithe dílis fós dod' Bhriathar sa Bíobla. Insíonn an leabhar lómhar seo dúinn an Dea-Scéal faoi shaol, bás agus Aiséirí do Mhac, Íosa, agus a theagasc faoin gcaoi ar chóir dúinn maireachtáil. Go dtabharfaidh a chuid focail agus gníomhartha treoir dúinn inár saol inniu. Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna.

Gach duine: Áiméan.

Cuirfimid críoch lenár n-urnaí inniu agus an *Paidir ar an mBíobla a Dhúnadh* a rá le chéile.

Gach duine: Beannaigh mé, a Dhia,
Agus an Bíobla seo á dhúnadh agam
Go gcoinneoidh mé do Bhriathar
I mo chroí agus i m'intinn
Faoi mar a rinne Íosa. Áiméan.

Comhartha na Croise



Ceacht 2: An Tiomna Nua

SULA DTOSAÍONN TÚ

Faoin am seo ba chóir go mbeadh na páistí eolach ar struchtúr an Bhíobla. Ba chóir go mbeadh siad in ann an dá phríomhchuid den Bhíobla a aithint: an Sean Tiomna agus an Tiomna Nua. I gceacht a haon den téama seo chuireamar na páistí in aithne le scríbhneoirí na gceithre Shoiscéal, a dtugtar na Soiscéalaithe orthu, agus mhíníomar an bhrí atá taobh thiar de na siombailí a bhaineann le gach Soiscéalaí.

An tseachtain seo tabharfaimid na páistí isteach chuig leabhair eile sa Tiomna Nua, cosúil le scríbhinní na n-aspal agus ceannairí eile sa luath-Eaglais a bhí spreagtha ag Íosa agus a d'aithin cé chomh tábhachtach agus a bhí sé a eagna a thabhairt do na glúnta a bhí le teacht. Díreofaimid freisin ar ról lárnach Íosa, a theagasc agus a ghníomhartha, i mbeatha Críostaithe go léir.

EOCHAIRFHOCAIL

Gníomhartha na nAspal: Teideal an leabhair a thagann tar éis na gceithre Shoiscéal sa Tiomna Nua. Déanann sé cur síos ar fhocail agus ar ghníomhartha roinnt de lucht leanúna Íosa.

Na Litreacha: Leabhair sa Tiomna Nua a thagann i ndiaidh Ghníomhartha na nAspal. Scríobh ceannairí na hEaglaise na litreacha seo chun na pobail luath-Chríostaí a mhúineadh agus a threorú.

Apacailipsis Eoin: Seo an leabhar deireanach sa Tiomna Nua. Tá sé lán de shiombailí agus in áiteanna, is deacair é a thuiscint. Déanann sé cur síos ar dheireadh an domhain.

NITHE A BHEIDH AG TEASTAIL UAIT

- Bileog A4 (d'fhéadfadh gur páipéar athchúrsáilte é) agus siosúr do gach páiste
- Roinnt Bíobla
- Cóip den teimpléad den chiúb (thíos) le haghaidh gach páiste
- Cóip de 'Comhairle ó Naomh Séamas' (lch. 18) do gach grúpa

Féachaimis ...

GNÍOMHAÍOCHT DÚSHLÁNACH

DÚSHLÁN TRÍ NÓIMÉAD

Nóta: Is é cuspóir na gníomhaíochta seo ach a léiriú an tábhacht a bhaineann le treoir, agus conas is féidir rudaí a bheith i bhfad níos deacra le déanamh agus le tuiscint le heaspa treorach.

Tabhair leathanach A4 agus péire siosúr do gach páiste. Abair leo go bhfuil trí nóiméad acu chun ciúb a dhéanamh ag baint úsáid as na hábhair seo. Ar an ócáid seo, ní féidir leo aon chabhair ná treoir a iarraidh.

AG COMHRÁ

MAIDIR LE TABHACHT TREORÚ

Déan comhrá leis na páistí faoin eispéireas a bhí acu díreach roimhe seo, ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- An raibh sé éasca an tasc a chríochnú? Cén fáth go raibh nó cén fáth nach raibh sé? Ar chríochnaigh tú an tasc? Cén fáth nár chríochnaigh tú é? Cad a chuideodh leat an tasc a dhéanamh níos éasca?
- Dá dteastódh ó dhuine rud éigin a chnótáil, cad a chabhródh leo an obair a dhéanamh go maith? (patrún) Más rud é go raibh duine ag iarraidh cáca a dhéanamh, cad a chabhródh leo é a dhéanamh i gceart? (oideas). Dá mbeadh teilifís nua ag duine, cad a chabhródh leo é a tiúnáil i gceart? (lámhleabhar)

- Cad a tharlódh sna cásanna atá luaite againn thuas mura raibh treoir/patrún/oideas/lámhleabhar ag an duine?
- An bhfuil leabhar nó lámhleabhar ann chun cabhrú le daoine iad a threorú sna roghanna a chaithfidh siad a dhéanamh go laethúil? An féidir leat leabhar a ainmniú a bheidh in ann daoine a threorú ar mian leo Íosa a leanúint, agus ar mian leo a bheith chuid den phobal Críostaí? (An Bíobla)

Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 16 dá leabhar.

PAIDIR

Ullmhúchán: Roghnaigh léitheoir. Tá an sliocht agus an freagra thíos.

Comhartha na Croise

Múinteoir: Guimis anois an Paidir ar an mBíobla a Oscailt le chéile.

Gach duine: Paidir ar an mBíobla a Oscailt (Beannaigh mé, a Dhia, ionas...)

Múinteoir: Tháinig Íosa ar domhan chun Dea-Scéala ghrá Dé a insint do dhaoine agus chun a léiriú dóibh conas maireachtáil i ngrá le Dia agus le daoine eile. Sular thosaigh Íosa ar an mhisean seo, chuaigh sé isteach sa tsionagóg ina bhaile dhúchais Nazarat, agus léigh sé sliocht as leabhar Íseáia, fáidh, ón tSean-Tiomna. Níos déanaí, scríobh an Soiscéalaí Lúcas na focail seo faoin méid a tharla. Éistimis leis na focail sin anois.

Múinteoir: Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh Lúcas.

Gach duine: (Agus Comhartha na Croise á ghearradh acu ar an éadan, na beola agus an t-ucht):

Glóir duit, a Thiarna.

Léitheoir: “Tá Spiorad an Tiarna orm, mar gur choisric le hola mé. Chuir sé uaidh mé ag tabhairt an dea-scéil do na boicht, ag fógairt a scaoilte do bhránna agus aiseag a radhairc do dhaill; ag scaoileadh lucht géarbhroide saor; ag fógairt bhliain ghrásta an Tiarna.” (Lúcas 4:18-19)
Soiscéal an Tiarna.

Gach duine: Moladh duit, a Chríost.

Múinteoir: Tagann ár bhfreagra inniu ó Salm 138: D'éist tú liom nuair a ghlaigh mé ort; agus chuir tú le neart m'anama.

Gach duine: D'éist tú liom nuair a ghlaigh mé ort; agus chuir tú le neart m'anama.

Múinteoir: A Dhia ghrámhair, tugann tú do Bhriathar dúinn sa Scrioptúr Naofa. Treoraíonn do Bhriathar sna Scriptiúir sinn conas maireachtáil.

Gach duine: D'éist tú liom nuair a ghlaigh mé ort; agus chuir tú le neart m'anama.

Múinteoir: A Dhia ghrámhair, thug tú do Mhac,



Íosa dúinn – an Briathar i gcolainn daonna.
Múineann na Soiscéil dúinn faoi fhocail agus faoi ghníomhartha Íosa. Tugann siad treoir dúinn conas maireachtáil.

Gach duine: D'éist tú liom nuair a ghlaoigh mé ort; agus chuir tú le neart m'anama.

Múinteoir: A Dhia ghrámhair, tugann tú do Spiorad Naomh dúinn chun sinn a threorú. Go dtabharfaidh an Spiorad Naomh spreagadh dúinn chun sampla Íosa Críost, ár dTiarna agus an Slánaitheoir, a leanúint.

Gach duine: D'éist tú liom nuair a ghlaoigh mé ort; agus chuir tú le neart m'anama. Áiméan.

Múinteoir: Cuirfimid críoch lenár n-urnaí inniu agus an *Paidir ar an mBíobla a Dhúnadh* a rá le chéile.

Gach duine: *Paidir ar an mBíobla a Dhúnadh* (Beannaigh mé, a Dhia...)
Comhartha na Croise

Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.

Foghlaimimis ...

CUARDACH BÍOBLA

CUARDAIGH TAGAIRT SA BHÍOBLA

Nóta: Beidh roinnt Bíobla ag teastáil uait don ghníomhaíocht seo.

- Roinn an rang ina mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga ag brath ar líon na mBíoblaí atá ar fáil.
- Ansin téigh siar ar conas tagairt ón mBíobla a sheiceáil, m.sh. Lúcas 4:18-19, ag baint úsáid as na céimeanna seo:
 - » Seiceáil an bhfuil an leabhar sa Sean Tiomna

nó sa Tiomna Nua. Sa tagairt seo, tá an Soiscéal de réir Lúcais sa Tiomna Nua.

- » Uimhir na caibidle a chiallaíonn an chéad uimhir – sa sampla seo, is caibidil 4 den Soiscéal de réir Lúcais atá i gceist.
- » Na véarsaí a chiallaíonn na huimhreacha eile – sa chás seo, véarsaí 18 go 19 de chaibidil 4.

COMHAD FÍRICÍ

AN TIOMNA NUA (CUID II)

Nóta: Bíodh na páistí ina mbeirteanna nó i ngrúpaí, le Bíobla amháin ar a laghad ag gach beirt nó grúpa.

Tosaigh agus dul siar ar na fíricí a d'fhoghlaim na páistí faoin dTiomna Nua i gCeacht 1 den téama seo, ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cén fáth go bhfuil an Tiomna Nua tábhachtach do Chríostaithe?
- Cén téarma a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar scríbhneoirí na gceithre Shoiscéal?
- An cuimhin leat/libh ainmneacha na Soiscéalaíthe?
- Cad iad na siombailí a bhaineann leis an gceathrar scríbhneoir?

Ansin mínigh do na páistí go ndíríonn na leabhair a thagann i ndiaidh na Soiscéil sa Bhíobla ar na focail agus ar ghníomhartha roinnt de lucht leanúna Íosa. Lean na daoine seo ar aghaidh leis an obair a thosaigh Íosa ar domhan tar éis dó filleadh ar a Athair ar neamh. Iarr ar na páistí cuardach ina mBíoblaí chun a fháil amach cá gcríochnaíonn na soiscéil agus cá dtosaíonn na leabhair seo a leanas:

- **Gníomhartha na nAspal:** Leanann an leabhar seo na ceithre Shoiscéal. Féach an féidir leis na páistí an chéad chaibidil agus an chaibidil dheireanach de Gníomhartha na nAspal a aimsiú. Seiceáil an féidir leo an deisceabal d'Íosa atá luaite sna véarsaí deiridh den leabhar seo a ainmniú. (Pól)

- **Na Litreacha nó na hEipistilí:** Leanann an chuid seo den Tiomna Nua Gníomhartha na nAspal. Ar fáil anseo tá fiche a haon litir scríofa ag an Aspal Naomh Pól nó ag ceannairí eile na hEaglaise chun na pobail luath-Chríostaí a theagasc agus a threorú agus iad ag iarraidh Íosa a leanúint. Féach an féidir leis na páistí an chéad leabhar a aimsiú agus a ainmniú sa chuid seo den Tiomna Nua. (An Litir chuig na Rómhánaigh) Ansin iarr orthu daoine eile a ainmniú a scríobh litreacha chuig lucht leanúna Íosa (m.sh. Tiomóid, Peadar, Séamas, Eoin, Iúd). Ar deireadh, iarr ar na páistí cuid de na daoine ar scríobh ceannairí na hEaglaise litreacha chucu (m.sh. Galataigh, Eifisigh, Filipigh).

- **Apacailipsis Eoin:** Seo é an leabhar deiridh sa Tiomna Nua. Tá an leabhar seo lán de shiombailí. Áirítear na nithe seo a leanas sna siombailí: uan ar ríchathaoir, dragan, beithigh scanrúla, agus loch na tine. Scríobh an tAspal Naomh Eoin an leabhar seo ag am nuair a bhí an t-impire Rómhánach ag imirt géarleanúint agus ag marú Críostaithe. Sheol Eoin an teachtaireacht seo i gcód chun Críostaithe a spreagadh fanúint láidir ina gcreideamh. Go dtí an lá atá inniu ann, tá scoláirí fós ag obair chun fíorbhrí go leor de na siombailí a fháil amach.

GNÍOMHAÍOCHT LEIS AN MBÍOBLA

INIÚCHADH A DHÉANAMH AR AN DTIOMNA NUA

- Iarr ar na páistí an **Chéad Litir chuig na Corantaigh** a aimsiú, áit a bhfuil na litreacha le fáil sa Tiomna Nua. Scríobh Naomh Pól an litir seo. I gcaibidil 13 den litir seo léimid cad a bhí Naomh Pól ag iarraidh go dtuigfeadh daoine faoin ngrá. Iarr ar na páistí an tagairt seo a sheiceáil: **1 Corantaigh 13:4-7**.
- Nuair a bheidh na véarsaí aimsithe ag gach duine, iarr ar pháiste amháin iad a léamh os ard don rang ar fad. Seo iad na focail:

Bíonn an grá foighneach agus bíonn sé lách; ní bhíonn éad air; ní dhéanann sé maíomh ná mórtas; ní bhíonn sé mímhúinte ná leithleasach, míchéadfach ná agrach. Ní áil leis an éagóir ach is aoibhinn leis an mhaith. Bíonn sé lán d'fhadfhulaingt, lán de chreideamh, lán de dhóchas agus lán d'fhoighne.

- Ansin labhair leis na páistí faoin dteachtairacht sna véarsaí seo, ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le: An aontaíonn tú le cur síos Naomh Pól ar an ngrá? Cén fáth nó cén fáth nach n-aontaíonn tú? Conas a chuirfeá síos ar an ngrá?
- Tabhair cuireadh do na páistí cur síos a dhéanamh ar an ngrá ina gcuid focail féin tríd an abairt seo a chríochnú ina gcópleabhair don Oideachas Reiligiúnach: 'Séard is brí le grá ná

...' Fiafraigh de pháistí éagsúla a gcuid ráitis a léamh don rang.

- Ansin iarr ar na páistí dul chuig Apacailipsis Eoin agus **Apacailipsis 21:3-4** a aimsiú, áit a bhfaighidh siad an cur síos álainn seo ar neamh agus cad a tharlóidh do dhaoine nuair a rachaidh siad ann:

Agus chuala mé guth tréan ón ríchathaoir á rá: "Féach, tá áitreabh Dé fara daoine, agus cónóidh sé ina measc, agus beidh siad ina bpobal aige, agus beidh Dia féin faru. Glanfaidh sé gach deoir óna súile, agus ní bheidh an bás ann feasta, ná ní bheidh caoineadh ná olagón ná pian ann a thuilleadh, óir tá an seansaol thart."

- Mar a rinne tú cheana, iarr ar pháiste amháin na véarsaí a léamh os ard don rang. Ansin déan comhrá leis na páistí, ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo: Conas a cheapann tú a bhraith na luath-Críostaithe nuair a chuala siad na focail seo? Conas a théann na focail seo i bhfeidhm ort? Cad a shamhlaíonn tú faoi neamh?

Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 17 dá leabhar.

GNÍOMHAÍOCHT CHEARDAÍOCHTA

CIÚB AR AN DTIOMNA NUA

- Tabhair cóip den teimpléad den chiúb (thíos) do gach páiste.
- Iarr orthu an teideal 'An Tiomna Nua' a scríobh sa chearnóg ar barr.
- Ansin iarr orthu ceann amháin de na teidil seo a leanas a scríobh sna ceithre chearnóg eile: Soiscéil; Gníomhartha na nAspal; Litreacha; Apacailipsis Eoin. Iarr orthu an t-ainm 'Íosa' a scríobh sa chearnóg ag an deireadh.
- Nuair a bheidh gach chearnóg ainmnithe ag na páistí, iarr orthu an teimpléad a ghearradh ar na línte seachtracha, agus ansin na chearnóga a fhilleadh i gcruth ciúb. Beidh orthu gliú a

úsáid ar na flapaí beaga chun iad a dhaingniú i bhfoirm ciúb.

- Déan comhrá leis na páistí agus iad ag obair agus na ceisteanna seo á n-úsáid agat nó ceisteanna cosúil leo: An bhfuil sé níos éasca oibriú ó theimpléad ná mar a bhí sé nuair a rinne tú iarracht ciúb a dhéanamh gan ceann? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuil sé? Conas a chabhraíonn teimpléad leat chun an tasc a chur i gcrích?
- Tabhair cuireadh do na páistí a gcuid ciúbanna críochnaithe a chur sa spás urnaí.

GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a thógáil le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh. Táim chun sliocht gairid a léamh anois as an dTiomna Nua, ón Dara Litir a scríobh Naomh Pól chuig Tiomóid. Insíonn an sliocht seo dúinn cén fáth ar cheart dúinn an Scrioptúr Naofa a léamh. Éist go cúramach leis an méid a deir Naomh Pól:

Gach cuid den scrioptúr, tá tinfeadh Dé faoi agus tá tairbhe ann chun teagasc a thabhairt, chun earráidí a bhreagnú, chun daoine a cheartú agus iad a mhúineadh chun fíréantachta ar shlí go mbeadh óglach Dé lánoilte ar a cheird agus ullamh i gcomhair gach cineál dea-oibre. (2 Tim 3:16-17)

Smaoinigh ar na focail sin ar feadh cúpla nóiméad ... agus smaoinigh ar an mbealach ina chuidíonn agus ina threoraíonn an Bíobla tú i do shaol ... Nuair a bhíonn tú réidh, oscail na súile.



Mairimis ...

CAD A MHÚIN TÚ?

Tá pearsa Íosa agus teachtaireacht a ghrá lárnach sna seacht leabhar is fiche sa Tiomna Nua. Tá na ceithre Shoiscéal, Gníomhartha na nAspal, na Litreacha (nó na hEipistilí) sa Tiomna Nua, agus Apacailipsis Eoin. Déanann an Tiomna Nua cur síos ar bheatha agus ar theagasc Íosa agus ar a lucht leanúna (deisceabail) sa luath-Eaglais.

GNÍOMHAÍOCHT RÓL-IMIRT

IARR AR AN SAINEOLAÍ!

Nóta: Beidh cóip de na teimpléid (thíos) de dhíth ort do gach ceannaire grúpa.

- Roinn an rang i ngrúpaí de chúigear nó seisear, ag brath ar líon na bpáistí sa rang.
- Tabhair cuireadh do dhuine amháin i ngach grúpa a bheith ina 'saineolaí ar an dTiomna Nua'. Tabhair cóip do gach 'saineolaí' de na 'Focail chomhairle atá bunaithe ar Litir Naomh Séamas' (thíos). Tabhair cúpla nóiméad do na 'saineolaithe' chun na focail chomhairle seo a léamh agus dul i dtaithí orthu.
- Idir an dá linn, iarr ar na páistí eile i ngach grúpa smaoineamh ar fhadhbanna/dúshlán éagsúla a d'fhéadfadh a bheith acu go laethúil. Iarr orthu aontú ar dhá chás dúshlánacha a d'fhéadfadh a bheith acu i gclós na scoile nó sa bhaile, ar a lorgóidh siad comhairle ón 'saineolaí'.
- Suíonn 'Saineolaí an Tiomna Nua' ar chathaoir i lár an ghrúpa agus tosaíonn an ról-imirt, leis an gcuid eile den ghrúpa ag cur a gcuid cásanna dúshlánacha agus an 'saineolaí' ag tabhairt comhairle. Ní mór an chomhairle a thugtar a fháil ó na moltaí a thug Naomh Séamas.
- Tabhair cuireadh do ghrúpaí éagsúla a ról-imirt a chur i láthair don chuid eile den rang.

Focail chomhairle bunaithe ar Litir Naomh Séamas:

- Guigh ar son eagna
- Ná cuir muinín sa saibhreas
- Féach ar a bhfuil le rá agat
- Bí tapa ag éisteacht ach mall ag labhairt
- Ná tabhair breithiúnas
- Guígí ar son a chéile
- Guígí ar son na n-easlán
- Caith go cothrom le daoine
- Bí foighneach
- Tar in aice le Dia agus tiocfaidh sé in aice leat
- Ná cáin a chéile
- Bí cineálta
- Bí cairdiúil
- Bí síochánta
- Bí uasal
- Tabhair maithiúnas
- Má tá tú i dtrioblóid, bí ag guí
- Má tá áthas ort, gabh buíochas le Dia
- Ná déan gearán



Ullmhúchán:

- *Más féidir, bíodh na páistí ina suí thart nó gar don spás urnaí. Mura féidir é seo a dhéanamh, tabhair cuireadh dóibh a gcathaoireacha a chasadh i dtreo an spáis urnaí.*
- *Iarr ar na páistí na ciúbanna a bhaineann leis an 'Tiomna Nua' a chur faoina gcathaoireacha. Beidh siad in úsáid i rith na seirbhíse.*
- *Roghnaigh ceathrar páiste chun an saothar ealaíne, a bhaineann le siombailí na Soiscéalaithe, a ardú.*
- *Roghnaigh seisear léitheoir. Tá na léachtaí ar fáil thíos agus féadfar iad a thaispeáint, nuair is gá, ar an gclár bán idirghníomhach.*
- *Roghnaigh páiste amháin chun an Bíobla Naofa a iompar go dtí an spás urnaí.*

Comhartha na Croise

Iomann Oscailte: Can iomann/amhrán oiriúnach

Múinteoir: Seasaimis chun fáilte a chur roimh an Scrioptúr Naofa.

Siúlann páiste amháin, leis an mBíobla ardaithe, go dtí an spás urnaí agus cuireann ar an seastán é.

Múinteoir: Suífidimid anois agus glacaimid nóiméad chun a bheith socair agus ciúin. Agus an choinneal á lasadh, cuimhnímid go bhfuil Dia i gcónaí linn. *(Lasann an múinteoir an choinneal) Fócas ar an gcoinneal lasta agus, nuair atá sibh réidh, guímis le chéile an Paidir ar an mBíobla a Oscailt.*

Gach duine: *Paidir ar an mBíobla a Oscailt* (Beannaigh mé, a Dhia, ionas...)

Múinteoir: Osclaímid ár mBíobla inniu ag Leabhar Íseáia fáidh sa tSean-Tiomna. Is cuimhin linn gur léigh Íosa ón leabhar seo sa tsionagóg i Nazarat sular thosaigh sé ar a mhisean. Éistimis le sliocht eile ón leabhar sin anois.

Léitheoir 1: Sliocht as Leabhar Íseáia, fáidh. 'Ceapfaidh mé thú i do sholas do na ciníocha, chun go dté mo shlánú go críocha na cruinne.' (Ís 49:6) Briathar an Tiarna.

Gach duine: Buíochas le Dia.

Múinteoir: Is é Íosa ár solas, ár dtreoraí. Léiríonn sé an bealach do Dhia, Cruthaitheoir na beatha, dúinn. Tógaimis ár gciúbanna, a bhaineann

leis an 'Tiomna Nua', faoinár suíocháin agus coimeádaímid go cúramach inár lámha iad. Glacaimis sos, féachaimis ar ár gciúbanna agus éistimis leis na focail seo arís: Is é Íosa ár solas, ár dtreoraí. Léiríonn sé an bealach do Dhia, Cruthaitheoir na beatha, dúinn ... (Sos)

Tabhair cuireadh do na páistí, a gciúbanna 'Tiomna Nua' a chur sa spás urnaí agus filleadh ar a gcuid suíochán.

Múinteoir: Mar Chríostaithe, táimid faoi threoir na bhfocal agus na ngníomhartha a rinne Íosa. Léimid briathra Íosa sna Soiscéil. Is é an freagra ar na paidreacha ná: *Cuir do dhóchas sa Tiarna agus déan an mhaith.* (Salm 37:3)

Gach duine: Cuir do dhóchas sa Tiarna agus déan an mhaith.

Dalta 1: *Ardaíonn an saothar ealaíne a bhaineann le Naomh Matha an Soiscéalaí*

Léitheoir 2: Fear nó aingeal le sciatháin an tsiombail atá ann do Mhata. Sa chuntas a thugann Matha dúinn, is duine daonna é Íosa. Go ndéanaimis iarracht i gcónaí Íosa a leanúint agus a bheith chomh maith agus is féidir linn.

Gach duine: Cuir do dhóchas sa Tiarna agus déan an mhaith.

Dalta 2: *Ardaíonn an saothar ealaíne a bhaineann le Naomh Marcas an Soiscéalaí*

Léitheoir 3: Leon le sciatháin an tsiombail atá ann do Mharcas. Sa chuntas a thugann Marcas dúinn, is duine le misneach é Íosa. Go mbeadh misneach againn i gcónaí, fiú nuair a theipeann orainn, iarracht a dhéanamh arís.

Gach duine: Cuir do dhóchas sa Tiarna agus déan an mhaith.

Dalta 3: *Ardaíonn an saothar ealaíne a bhaineann le Naomh Lúcas an Soiscéalaí*

Léitheoir 4: Lao le sciatháin an tsiombail atá ann do Lúcas. Sa chuntas a thugann Lúcas dúinn, is duine le neart agus seirbhís é Íosa. Go dtabharfaidh briathra an Scrioptúir Naofa cothú dúinn chun ár gcuid ama agus buanna a chaitheamh ar son daoine eile.

Gach duine: Cuir do dhóchas sa Tiarna agus déan an mhaith.



Dalta 4: Ardaíonn an saothar ealaíne a bhaineann le Naomh Eoin an Soiscéalai

Léitheoir 5: Iolar an tsiombail atá ann d'Eoin. Sa chuntas a thugann Eoin dúinn, is duine a oibríonn ar son Dé, é Íosa. Go dtabharfaimis seans do ghrá Dé a bheith ag obair linn, ionainn agus trín.

Gach duine: Cuir do dhóchas sa Tiarna agus déan an mhaith.


Múinteoir: A Dhia ár nAthair, threoraigh an Spiorad Naomh na haspail agus baill na hEaglaise ó thús. Go dtabharfaidh an Spiorad céanna treoir dúinn inár saol mar Chríostaithe inniu. Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna.

Gach duine: Áiméan.

Múinteoir: Cuirfimid críoch lenár n-urnaí inniu agus an *Paidir ar an mBíobla a Dhúnadh* a rá le chéile.

Gach duine: Beannaigh mé, a Dhia,
Agus an Bíobla seo á dhúnadh agam
Go gcoinneoidh mé do Bhriathar
I mo chroí agus i m'intinn
Faoi mar a rinne Íosa. Áiméan.

Comhartha na Croise



Guigh ar son eagna

Ná cuir muinín sa saibhreas

Féach ar a bhfuil le rá agat

Bí tapa ag éisteacht ach
mall ag labhairt

Ná tabhair breithiúnas

Guígí ar son a chéile

Guígí ar son na n-easlán

Caith go cothrom le daoine

Bí foighneach

Tar in aice le Dia agus
tiocfaidh sé in aice leat

Ná cáin a chéile

Bí cineálta

Bí cairdiúil

Bí síochánta

Bí uasal

Tabhair maithiúnas

Má tá tú i dtrioblóid, bí ag guí

Má tá áthas ort,
gabh buíochas le Dia

Ná déan gearán



Téama 3: Íosa

Ceacht 1: Parabal an Ghráinne Mustaird

Ceacht 2: Parabal: An Samárach Maith

Ceacht 3: Parabal: An Bonn Airgid Caillte

Ceacht 4: An Parabal faoin mBaintreach agus an Breitheamh

ÓN GCURACLAM

Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ

Rúndiamhair na hEaglaise/na Ríochta

- Is réimeas lán le ceartas, síocháin agus grá é Ríocht Dé

Traidisiúin Reiligiúnacha Eile

- Breathnaíonn gach Críostaí ar a gcomharsana ar fad mar shamhail eile dóibh féin
- Cuireann an parabal den Samárach Maith i gcuimhne dúinn gur ionann 'do chomharsa a ghráú' agus a bheith i do chomharsa ag daoine le traidisiúin reiligiúnacha eile
- Trí 'bheith ag comhrá le daoine a chleachtann reiligiúin eile táimid ag comhlíonadh an ordaithe atá faighte againn ár gcomharsa a ghráú

BRIATHAR DÉ

An Scriptor Naofa

Saol Poiblí Íosa

- Lúc 10:25-37. An Samárach Maith
- Lúc 13:18-19. Parabal an Ghráinne Mustaird

- Lúc 15:8-10. Parabal an bhoinn a bhí imithe amú
- Lúc 18:1-8. An Bhaintreach agus an Breitheamh

LIOTÚIRGE AGUS URNAÍ

Paidreacha Breise

- Paidir chuig Naomh Antaine
- 'Ar aon nós' (Curtha i leith Naomh Treasa Calcutta)
- Freagraí an Aifrinn

MÓRÁLTACHT CHRÍOSTAÍ

Teagasc Sóisialta na hEaglaise

- Chonaic Íosa go raibh gach duine luachmhar, speisialta. Dá bhrí sin, iarrtar ar an gCríostaí grá a léiriú do gach duine gan aon eisceachtaí
- Tá meas tuillte ag gach duine, neamhaireach ar a chúlra reiligiúnach, sóisialta nó eitneach
- Tá gach sórt grinnis in aghaidh dlí Dé, bíodh sé bunaithe ar inscne, cine, dath, aicme sóisialta, teanga nó reiligiún

ÓN GCROÍSHIOLLABAS DON OIDEACHAS REILIGIÚNACH

Tógtha ón gCroíshiollabas don Oideachas Reiligiúnach ón Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann (2007).

During this theme of work, the children will engage with the following knowledge and concepts from Key Stage 2:

CUSPÓIR FOGHLAMA 1

Foilsíú Dé

e. Breith agus óige Íosa.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- Machnamh a dhéanamh ar an saol a raibh Íosa beo ann agus é a chur i gcomparáid lena saol féin.

f. Ministreacht Íosa.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- Staidéar a dhéanamh ar theagasc Íosa bunaithe ar pharabail agus ar ráitis thábhachtacha ón

tSeanmóir ar an Sliabh go háirithe, agus an bhaint atá acu le saol an lae inniu a thaispeáint - Lúcas 15; Matha 5:1-12.

CUSPÓIR FOGHLAMA 2

An Eaglais Chríostaí

c. Adhradh agus Urnaí.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- Paidreacha a léamh ón Bhíobla, agus ó fhoinsí eile.
- A aithint gur féidir go mbíonn baint ag an urnaí agus ag an adhradh le hócáidí agus le háiteanna speisialta.

Ceacht 1: Parabal an Ghráinne Mustaird

SULA DTOSAÍONN TÚ

Scrúdaíonn Parabal an Ghráinne Mustaird an cumas atá ag na síolta is lú fás go crann ollmhór. D'úsáid Íosa an sampla seo chun cabhrú lena éisteoirí a thuiscint go bhfásann Ríocht Dé go mall de réir a chéile. Theastaigh ó Íosa go mbeadh a fhios acu, cé go gcuireann ríochtaí an domhain seo an bhéim ar chumhacht, airgead agus dathúlacht, go mbíonn tuiscint éagsúil ar na nithe seo i Ríocht Dé. I Ríocht Dé,

is minic a bhaineann tábhacht le nithe beaga neamhshuntasacha agus is minic freisin go ndéantar luachanna an domhain seo a iompú bun os cionn.

An tseachtain seo rachaidh na páistí i ngleic le Parabal an Ghráinne Mustaird agus smaoinoidh siad ar cé chomh tábhachtach is atá sé dóibh féin agus an méid a mhúineann sé dóibh faoi Ríocht Dé.

EOCHAIRFHOCAIL

Parabal: Scéal simplí a úsáidtear chun rud éigin tábhachtach a mhúineadh. D'inis Íosa parabail go minic chun múineadh do dhaoine faoi Ríocht Dé.

Ríocht Dé: Tugtar Ríocht na bhFlaitheas air freisin. Níl suíomh nó áit ar leith i gceist anseo. Ach tagraíonn sé don chineál domhain a chruthaímid nuair a mhairimid de réir theagasc Íosa. Tá Ríocht Dé le feiceáil cibé áit a gcónaíonn daoine le chéile, go síochánta agus go grámhar.

NITHE A BHEIDH AG TEASTAIL UAIT

- Bileog A4 do gach péire páiste
- Síolta biolair, múirín, pota iógart nó a leithéid do gach páiste
- Cóip den teimpléad 'Gréasán damhán alla' (thíos) do gach páiste

Féachaimis ...

GNÍOMHAÍOCHT

BAINEANN TÁBHACHT LE CRÉATÚIR BHEAGA

- Tabhair cuireadh do na páistí péirí a dhéanamh. Tabhair bileog páipéir A4 do gach péire páiste.
- Iarr ar na páistí an fothéideal seo a scríobh ar bharr an leathanaigh: 'Go raibh maith agat, a Dhia, ar son na créatúir bheaga go léir ar domhan'.
- Ansin tabhair seasca soicind do na páistí chun liosta a dhéanamh de na créatúir bheaga go léir agus is féidir leo. Ná bíodh na créatúir níos mó ná lámh linbh agus is féidir leo maireachtáil ar an talamh, san aer nó san uisce.
- An bhfuil roinnt créatúir bheaga níos tábhachtaí ná créatúir eile? Mínigh cén fáth a gceapann tú sin.

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Conas a nascann gach créatúr leis an gcuid eile den chruthú?
- Ar thug tú faoi deara riamh gur rinneadh neamhaird de dhuine nó d'ainmhí toisc go raibh siad beag? Conas a tharla sé seo? Conas a bhraith tú faoi?

Déan comhrá leis na páistí faoi ról na gcréatúr beaga inár saol, ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- Cén fáth gur chruthaigh Dia gach ceann de na créatúir bheaga seo?

Tabhair cuireadh do na páistí a mbileoga críochnaithe a chur sa spás urnaí.

GNÍOMHAÍOCHT

CUIRIMIS SÍOLTA!

NÓTA DON MHÚINTEOIR: Fásann síolta biolair go tapa agus bíonn siad inite – agus lán le vitimín C. Bealach éifeachtach atá ann chun síol bídeach a chur ag fás agus an fhorbairt a léiriú.

Nóta: Beidh síolta biolair, nó síolta bláthanna fiáine ag teastáil uait, múirín agus pota iógart nó a leithéid do gach páiste.

- Dáil na síolta agus na hábhair eile agus taispeáin do na páistí conas iad a phlandáil.
- Nuair nach féidir an ghníomhaíocht seo a dhéanamh, breathnaigh ar an idirlíon agus síolta á gcur.

AG COMHRÁ

MAIDIR LE CONAS A FHÁSANN NITHE ÉAGSÚLA

Tar éis do na páistí a gcuid síolta a chur, nó amharc ar an idirlíon, dean comhrá leo faoin eispéireas ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cad a tharlóidh do na síolta beaga seo, dar libh? An féidir linn aon rud a dhéanamh chun cabhrú leo fás?
- Cad a chuirfeadh cosc ar na síolta seo bheith ag fás?
- Conas a bhraithfeá mura mbeadh do shíolta ag fás?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- An féidir leat smaoineamh ar aon rud eile a chonaic tú ag fás ó bheith beag go rud éigin i bhfad níos mó (m.sh. peata, deartháir nó

- deirfiúr níos óige)?
- Ar thaitin sé leat féachaint ar an duine/rud seo ag fás, nó ar fhás sé chomh mall sin nár thug tú faoi deara riamh é ag athrú? Mínigh.
- Cad iad na bealaí inar fhás tú ó bhí tú i do leanbh óg?
- An bhfásann daoine ar bhealaí eile seachas ar bhealaí fisiceacha – seachas, mar shampla, éirí níos airde, nó níos troime? Cad iad na bealaí eile ina bhféadfadh daoine fás? (m.sh. b'fhéidir go n-éireodh siad níos fearr ag déanamh nithe éagsúla, éirí níos cineálta, éirí níos grámhara i dtreo daoine eile, éirí níos tuisceana)

Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 19 dá leabhar.

PAIDIR

NÓTA DON MHÚINTEOIR: Ag an Aifreann, tosaíonn Liotúirge na hEocairiste le hullmhú an altóra agus le cur i láthair na mBronntanas.

Nóta: *Iarr ar na páistí a gcuid bileoga gníomhaíochta a bhaineann le 'Tábhacht na gCréatúr Beaga' a bheith leo don urnaí seo. Tig leo iad a stóráil faoina suíocháin.*

Comhartha na Croise

Múinteoir: Guímis anois ag baint úsáid as cuid de na focail a chloisimid ag an Aifreann i rith Liotúirge na hEocairiste. Is é an freagra ná: *Moladh go deo le Dia.*

Múinteoir: Ag an Aifreann, gabhann an sagart buíochas le Dia as an t-arán, a dhéanfar arán na beatha de. Guíonn an sagart: Is beannaithe thú, a Thiarna, a Dhia na cruinne, mar gur bhronn tú orainn as do lánmhaire an t-arán seo a ofrálaimid duit: an talamh agus saothar an duine a thugann é mar thoradh, agus déanfar de arán na beatha dúinn.
Gach duine: Moladh go deo le Dia.

Múinteoir: Gabhann an sagart buíochas le Dia ansin as an bhfíon, a dhéanfar deoch spioradálta de. Guíonn an sagart: Is beannaithe thú, a Thiarna, a Dhia na cruinne, mar gur bhronn tú orainn as do lánmhaireacht an fíon seo a ofrálaimid duit: an

fhíniúin agus saothar an duine a thugann é mar thoradh, agus déanfar de deoch spioradálta dúinn.

Gach duine: Moladh go deo le Dia.

Múinteoir: Gabhaimid buíochas anois as na créatúir go léir, mór agus beag, a chruthaigh Dia ... créatúir na talún, an aeir agus na farraige. Déanaimis cuimhneamh dúinn féin ar ainmneacha roinnt de na créatúir sin.

Tabhair cuireadh do roinnt páistí liostaí 'Tábhacht na gCréatúr Beaga' a léamh os ard.

Múinteoir: A Dhia, ár nAthair agus ár gCruthaitheoir, gabhaimid buíochas leat as bronntanas na gcréatúr seo go léir, agus as na plandaí, mór agus beag. Tá siad uile mar chuid de do chruthú agus cuidíonn siad linn an domhan a dhéanamh níos áille. Is beannaithe thú, a Thiarna, a Dhia na cruinne.

Gach duine: Moladh go deo le Dia.

Comhartha na Croise

Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.

AN SCRÍPTÚR NAOFA

PARABAL AN GHRÁINNE MUSTAIRD

Is minic a d'inis Íosa scéalta simplí, éasca le tuiscint, a dtugtar parabail orthu, nuair a bhí sé ag iarraidh daoine a mhúineadh faoi Ríocht Dé. Sna scéalta seo, labhair Íosa i gcónaí faoi rudaí a bhí ar eolas ag daoine, ionas go dtuigfidís a theachtaireacht. Is minic a d'úsáid sé an dúlra chun inspioráid a thabhairt dó féin. Sa Phalaistín, áit a

raibh cónaí ar Íosa, cuireadh crainn mustaird agus saothraíodh iad, ach d'fhás siad go fiáin freisin, agus mar sin bhí a fhios ag gach duine gur crann an-mhór a bhí i gcrann mustaird agus gur fhás sé ó shíol an-bheag. Ar ócáid amháin, d'inis Íosa an parabal seo faoi ghráinne mustaird.

Parabal an Ghráinne Mustaird (Lúcás 13:18-19)

Agus dúirt [Íosa]: “Cad leis a bhfuil ríocht Dé cosúil? Cad leis a gcuirfidh mé i gcomparáid? Tá sí cosúil le gráinne de shíol mustaird a thóg duine agus a chaith sé uaidh ina gharraí, agus d'fhás sé agus rinne crann mór de agus chuaigh éanlaith an aeir ar foscadh ina chraobhacha.”



Tar éis duit an parabal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- Cén sórt síol a chuir an fear ina pháirc?
- Cad a tharla don síol?
- Cad a dhéantar as torthaí an chrainn mustaird?
- Ar ith tú mustaird riamh? Conas a dhéanfa cur síos ar a bhlas?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Cén fáth, dar leat, ar roghnaigh Íosa scéal a insint faoi shíol mustaird, seachas faoi aon shíol eile, chun cabhrú le daoine Ríocht Dé a thuiscint?
- An féidir leat smaoineamh ar aon rud eile a thosaíonn mar rud beag bideach agus ansin a fhásann chun a bheith an-mhór? (leanbh, ainmhí beag)

- Cad faoi ghníomhartha daoine – rudaí a dhéanann daoine? An bhfásann gníomhartha beaga chun nithe níos mó a bhaint amach? Cad a tharlaíonn, mar shampla, nuair a shocraíonn daoine ar airgead a bhailiú ar son cúis éigin, agus tugann gach duine rud beag? Cad a tharlaíonn don sintiús beag a thugann gach duine?
- Nó nuair a dhéanann duine gníomhaíocht chineálta ar son duine éigin atá ag mothú brónach nó uaigneach? Conas a d'fhéadfadh an gníomhaíocht bheag sin difríocht a dhéanamh?
- Tá síol mustaird an-bheag, ach fásann sé go crann an-mhór. Cad a deir an comparáid idir Ríocht Dé agus síol mustaird linn faoi Ríocht Dé? (Fásann Ríocht Dé as focail agus as gníomhartha na ndaoine sin go léir a mhaireann ar an mbealach a mhúin Íosa dóibh.)

AG COMHRÁ

MAIDIR LE RÍOCHT DÉ

Mínigh do na páistí nach dtagraíonn Ríocht Dé do shuíomh ar leith ná d'aon áit fhisiciúil. Ach go dtagraíonn sé don chineál domhan a thógaimid nuair a mhairimid ar an mbealach sin a iarrann Dia orainn. Thaispeáin Íosa dúinn conas maireachtáil ar an mbealach seo – trí mheas agus grá a léiriú dúinn féin, dá chéile agus do Dhia, agus trí mheas a léiriú do chréatúir eile agus do gach gné de chruthú Dé. Tabhair cuireadh do na páistí machnamh a dhéanamh air seo a thuilleadh trí cheisteanna a chur ar nós:

- Cad a theastaigh ó Íosa go mbeadh ar eolas ag daoine, dar leat, faoi Ríocht Dé?
- An dóigh leat go bhfuil Ríocht Dé anseo inár measc? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuil?
- Cathain a raibh taithí agat ar Ríocht Dé sa bhaile? ar scoil? i do chomharsanacht?
- Cad iad na rudaí a d'fhéadfá a dhéanamh chun cabhrú leat Ríocht Dé a bheith i láthair i do theach? i do scoil? i do chomharsanacht?

Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 20 dá leabhar.

DÁN

Cuir an dán seo i láthair na bpáistí. Tá sé bunaithe ar Pharabal an Ghráinne Mustaird.

An Gráinne Mustaird

An geimhreadh a bhí ann.
Agus sa talamh síolta beaga,
Iad compordach agus cluthar
Ciorclach agus daite,
Ag comhrá le chéile
Go doimhin sa sneachta:
Cé chomh hard is a bheidís
Nuair a thiocfadh an borradh!
'Fásfaidh mise go tapa,'
A dúirt an nóinín le bród,
'Agus beidh mé ag gáire
Is síolta eile faoin bhfód.'
Gháir an caisearbhan buí,
'Fásfaidh tusa go tapa,
Ach tá's ag cách
Nach mbeidh an fás fada.
Fásfaidh mise san earrach,
Le corp ramhar, fada
Agus nuair a thagann an bháisteach
Beidh mo cheann faoi mo hata.'
Ach shuigh an síol mustaird,
An gráinne beag bídeach,
Ag fanacht go ciúin
Le glaoch ón earrach.
Ansin shín sé suas géag
Agus thosaigh ag dreapadh
Le géag is géag eile,
Go crann, is go tapa
Ba é an crann ba mhó
Crann mór ard lách,
Le craobhacha leathana

Ag cur fáilte roimh chách.
Agus i bhfad thíos faoi
D'aontaigh na plandaí uileag
Go ndearna Dia éacht
Le síol bídeach beag.

Tar éis duit an dán a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- An féidir leat na bláthanna a luaitear sa dán a ainmniú?
- Cén séasúr ina mbíonn bláthanna le feiceáil?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Cad a rinne an síol mustaird nuair a bhí na síolta eile ag comhrá eatarthu féin?
- Cad iad na rudaí tábhachtacha, i do thuairim, is gá a tharlú le go bhfásfaidh síolta agus go dtiocfaidh rath orthu?
- Cad faoi dhaoine? Cad iad cuid de na rudaí a theastaíonn ó dhaoine le go bhfásfaidh siad chun a bheith sláintiúil agus láidir?
- Cad iad na rudaí a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ó dhaoine le go mbeadh áthas orthu – leo féin agus lena chéile? Cad a dúirt Íosa gur gá le daoine a dhéanamh?
- Cad atá foghlamtha agat faoi Ríocht Dé ó Pharabal an Ghráinne Mustaird agus ón dán 'An Gráinne Mustaird'?

Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 21 dá leabhar.

GNÍOMHAÍOCHT MHACHNAMHACH

Ó BHEAG GO MÓR

- Iarr ar na páistí smaoineamh agus machnamh a dhéanamh ar chuid de na rudaí beaga a dhéanann siad go han-mhaith. Seans gur rudaí nár thug siad faoi deara go dtí seo atá i gceist; mar shampla, b'fhéidir go bhfuil siad comhbhách nó atruach, go maith ag canadh, seans go bhfuil siad go maith ag Teicneolaíocht Faisnéise (TF), nó ina n-eagraithe maithe, srl.
- Ansin iarr orthu rudaí 'beaga' a aithint gur féidir leo a dhéanamh ionas go mbeidh siad ag baint úsáid as a gcuid bronnánais agus buanna chun iad féin agus saolta daoine eile a fheabhsú agus a fhorbairt; mar shampla, b'fhéidir go rachadh siad isteach i gcór na scoile nó i gcór an pharóiste, airgead a bhailiú do charthanacht éigin, úsáid a bhaint as a ndearcadh nádúrtha dearfach ar an saol chun cabhrú le gliondar a chur ar dhuine atá brónach nó uaigneach, roinnt gníomhartha cineálta a dhéanamh do dhuine atá scothaosta nó breoite, scéal nó mír eile a scríobh do nuachtlitir an pharóiste, aire a thabhairt do pheata duine, srl.
- Tabhair cuireadh do pháistí éagsúla a gcuid moltaí a roinnt leis an rang.
- Thar aon ní eile, spreag na páistí gníomhú ar na smaointe seo. Cuir i gcuimhne dóibh, nuair a dhéanann siad aon cheann de na rudaí seo thuas, go mbíonn siad ag cabhrú le Ríocht Dé a thógáil ina dtithe, ina scoileanna agus ina bpobail.

GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a thógáil le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh. Samhlaigh an ceann is lú de na síolta go léir, an síol mustaird, ag fás de réir a chéile go crann mór ard. Bain úsáid as do shamhlaíocht chun na créatúir a d'fhéadfadh úsáid agus foscadh a fháil ón gcrann mór seo a shamhlú ... Smoainigh freisin ar conas a d'fhéadfadh le rudaí an-bheaga eile forbairt

chun a bheith an-tábhachtach ... Anois cuimhnigh ar rud beag amháin gur féidir leat a dhéanamh go han-mhaith ... Úsáid do shamhlaíocht chun an bronnánais beag bídeach seo a fheiceáil ag fás agus ag forbairt agus tú ag déileáil le daoine eile i do theach ... i do scoil ... agus i do phobal ... Go chiúin, gabh buíochas le Dia as na bronnánais atá i bhfolach laistigh de na nithe is lú sa chruthú ... Ar deireadh, gabh buíochas le Dia as na bronnánais atá i bhfolach laistigh de na rudaí is lú gur féidir leat a dhéanamh ... Nuair a bhíonn tú réidh, oscail do shúile.

Mairimis ...


CAD A MHÚIN TÚ?

I dtuairim Dé ar an domhan, is iad na rudaí a d'fhéadfadh a bheith neamhshuntasach ar dtús, a bheith ar na nithe is suntasaí ar fad. D'inis Íosa parabail chun daoine a mhúineadh faoi Ríocht Dé. Ceann de na parabail sin ba ea Parabal an Ghráinne Mustaird, a léiríonn conas is féidir le rudaí móra teacht ó thosach atá beag. Tá cumas ag na bronntanais a thug Dia dúinn, is cuma cé chomh beag is atá siad, fás agus forbairt, má thugaimid aird orthu. An tseachtain seo thugamar cuireadh do na páistí machnamh a dhéanamh ar a saol féin agus ar chuid de na bronntanais bheaga iomadúla atá ag gach duine, ar féidir leo a úsáid chun cur go mór le Ríocht Dé a thógáil anseo, faoi láthair.

GNÍOMHAÍOCHT TAIFEADACH

MO GHRÉASÁN DAMHÁN ALLA

- Tabhair cóip den teimpléad (thíos) den 'Gréasán Damhán Alla' do gach páiste.
- Iarr ar na páistí bronntanas beag amháin atá acu a roghnú agus go bhfuil siad in ann a chothú agus a fhás chun cabhrú leo féin agus le daoine eile. Mar shampla, b'fhéidir go bhfuil siad comhbhách nó atruach, cabhrach nó cairdiúil, in ann canadh nó damhsa nó péinteáil ... Tabhair cuireadh dóibh ainm an bhronntanais seo a scríobh i lár an ghréasáin.
- Áit a bhfuil uimhir '1' ar an ngréasán, iarr orthu a scríobh mar a fhreastalaíonn a mbronntanas orthu féin.
- Áit a bhfuil uimhir '2', scríobhann siad conas a fhreastalaíonn a mbronntanas ar an dteaghlach.
- Áit a bhfuil na huimhrithe eile ar an ngréasán, scríobhann siad conas a d'fhéadfadh a mbronntanas freastal ar phobal na scoile, ar an bpobal áitiúil nó ar phobal an pharóiste, agus ar an bpobal i gcoitinne.
- Iarr ar na páistí na bileoga críochnaithe a chur ar taispeántas sa spás urnaí.



PAIDIR

Ullmhúchán: A chinntiú go bhfuil na bileoga 'Gréasán Damhán Alla' agus sampla de shíolta atá ag fás ar taispeántas sa spás urnaí. Roghnaigh ceathrar léitheoir. Tá na sleachta ar fáil thíos. Roghnaigh cúpla dalta chun an méid a chuir siad ar a gcuid bileoga 'Gréasán Damhán Alla' a roinnt i rith an urnaí.

Comhartha na Croise

Iomann Oscailte: Can iomann/amhrán oiriúnach

Múinteoir: A Dhia ghrámhair, Cruthaitheoir na beatha uile, mór agus beag, gabhaimid buíochas leat as teagasc Íosa. Mhúin Íosa dúinn faoi do ríocht trí Pharabal an Ghráinne Mustaird. Éistimis leis an bpearabal sin arís.

Léitheoir 1: Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh Lúcas.

Gach duine: (Agus Comhartha na Croise á

ghearradh acu ar an éadan, na beola agus an t-ucht): Glóir duit, a Thiarna.

Léitheoir 1: Agus dúirt [Íosa]: "Cad leis a bhfuil ríocht Dé cosúil? Cad leis a gcuirfidh mé i gcomparáid i? Tá sí cosúil le gráinne de shíol mustaird a thóg duine agus a chaith sé uaidh ina gharraí, agus d'fhás sé agus rinne crann mór de agus chuaigh éanlaith an aeir ar foscadh ina chraobhacha." (Lúcas 13:18-19) Soiscéal an Tiarna.

Gach duine: Moladh duit, a Chríost.

Múinteoir: Is é an freagra ar na paidreacha ná: Is beannaithe thú, a Thiarna, a Dhia na cruinne.

Gach duine: Is beannaithe thú, a Thiarna, a Dhia na cruinne.

Léitheoir 2: A Dhia ár gCruthaitheoir, thug tú dúinn barraí, torthaí agus glasraí an domhain. I nGrá Dé | Rang a Ceathair/B6 | Lámhleabhar an Mhúinteora



Tosaíonn siad ar a saol mar shíolta beaga agus plandaí, agus fásann siad chun go leor bia a thabhairt d'ainmhithe agus do dhaoine.

Gach duine: Is beannaithe thú, a Thiarna, a Dhia na cruinne.

Léitheoir 3: A Dhia ár gCruthaitheoir, thug tú éagsúlacht iontach créatúr dúinn, mór agus beag, sa domhan nádúrtha atá mórthimpeall orainn. Comhartha atá i ngach ceann dóibh, de do mhaitheas agus cruthaitheacht, agus tá ról speisialta acu go léir i do chruthú.

Gach duine: Is beannaithe thú, a Thiarna, a Dhia na cruinne.

Léitheoir 4: A Dhia ár gCruthaitheoir, thug tú do Mhac, Íosa Críost, dúinn. Roinn sé do theachtaireacht leis na daoine ar bhuail sé leo, agus anois tá teachtaireacht na Críostaíochta scaipthe ar fud an domhain uile.

Gach duine: Is beannaithe thú, a Thiarna, a Dhia na cruinne.

Múinteoir: A Dhia ár gCruthaitheoir, thug tú go leor bronnánais do gach duine againn. Is féidir linn na bronnánais sin a úsáid chun freastal ar ár dteaghlaigh, ár scoil, ár bpobal áitiúil/an paróiste agus an pobal níos leithne, agus sa tslí sin freastalaímid ar Dhia.

Tabhair cuireadh do chúpla dalta an méid a scríobh siad faoina gcuid 'Gréasán Damhán Alla' a léamh os ard.

Múinteoir: Gabhaimid buíochas le Dia as gach rud a d'fhoghlaimíomar faoi thábhacht rudaí beaga. Níor mheasadh go raibh cearta comhionanna ag leanaí le daoine eile in aimsir Íosa, ach d'fhéach Íosa ar leanaí mar na daoine ba mhó i ríocht Dé. D'fhéadfadh ár mbronntanais a bheith chomh beag le gráinne mustaird, ach le haird agus le foighne, is féidir leo a bheith ina n-uirlisí cumhachtacha chun cuidiú le ríocht an cheartais, na síochána agus an ghrá a thógáil anseo ar domhan. Iarrann Dia ar gach duine againn cuidiú leis a ríocht a thógáil ar domhan. Is féidir lenár mbronntanais is lú, cabhrú linn fás mar dheisceabail Íosa, ag leanúint leis an obair a thosaigh sé nuair a bhí sé ar domhan. Go n-úsáidimis ár mbronntanais go fial dúinn féin agus ar mhaithe le daoine eile.

Gach duine: Áiméan.

Iomann Deiridh: Can iomann/amhrán oiriúnach

Comhartha na Croise

Ceacht 2: Parabal: An Samárach Maith

SULA DTOSAÍONN TÚ

Tugann Parabal an tSamáraigh Mhaith dúshlán dúinn faoinár gclaontacht maidir le daoine eile. In aimsir Íosa, bhreathnaigh Giúdaigh síos ar na Samáraigh, mar gur cheap siad nár lean na Samáraigh Dlí Dé. Sa réamhrá don pharabal seo, cuireann múinteoir an Dlí ceist ar Íosa: ‘Cé hé mo chomharsa?’ Ní thugann Íosa freagra díreach dó. Ina áit sin, insíonn sé scéal, agus ansin tugann sé cuireadh don cheistitheoir a bhreithiúnas féin a thabhairt faoin gciall a bhaineann le bheith i do chomharsa maith.

Agus an parabal seo á léamh againn, tugtar dúshlán dúinne freisin cinneadh a dhéanamh cé hiad ár ‘gcomharsana’. An inimircigh iad atá ag lorg lóistín agus deis chun tús nua a chur le saol inár bpobal? An iad an teaghlach béal dorais atá againn, agus ar mian linn go mbeadh cónaí orthu in áit éigin eile? Nó an daoine iad cosúil linn féin, daoine nach dtugann dúshlán dúinn,

mar a dhéanann daoine eile, athrú ar bhealach éigin. Tugann Parabal an Samáraigh Mhaith dúshlán dúinn, thar aon rud eile, gan breithiúnas a thabhairt ar dhaoine eile agus gan caitheamh le daoine eile de réir ár gclaontacht. Iarrtar ar lucht leanúna Íosa gníomhú i gcónaí as grá do chách, agus iarracht a dhéanamh i gcónaí daoine eile a fheiceáil mar a fheiceann Dia iad.

I Ríocht Dé is é dlí an ghrá a shocraíonn conas a mhaireann daoine lena chéile agus an chaoi a gcaitheann siad lena chéile. Tá gach duine ar chomhchéim lena chéile agus is ceart go gcaitear leo go léir le dínit agus le meas. I Ríocht Dé ní ghlactar riamh le hidirdhealú maidir le gnéas, cine, creideamh, teanga, dath nó stádas sóisialta.

An tseachtain seo scrúdóidh na páistí Parabal an tSamáraigh Mhaith agus an bhaint atá aige lena saolta.

EOCHAIRFHOCAIL

Comharsa: Do Chríostaithe, is comharsa gach duine. Nuair a dúirt Íosa gur cóir dúinn grá a thabhairt don chomharsa, bhí sé ag rá linn caitheamh le gach duine go cothrom, go cairdiúil agus go grámhar.

Sagart (in aimsir Íosa): Ceannaire an adhartha sa Teampall.

Léivítigh: Fir ó threibh Léiví a chuidigh leis na sagairt lena gcuid oibre sa Teampall.

An Bóthar go hIreachó: In aimsir Íosa, bhí an bóthar ó Iarúsailéim go hIreachó an-chontúirteach.

Giúdaigh: Ainm ar Chine Tofa Dé, sliocht Abrahám.

Samáraigh: Daoine ón tSamáir, príomhchathair Ríocht Thuaisceart Iosrael.

Giúdaigh agus Samáraigh: Níor thaitin na Samáraigh leis na Giúdaigh. Dar leis na Giúdaigh, daoine ísle a bhí sna Samáraigh. Ní shiúlfadh na Giúdaigh ar an taobh ceanna den bhóthar le Samáraigh.

NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Léarscáil de Iúdáia agus den tSamáir sa chéad aois (ar fáil ar líne)
- Nuachtáin, irisí agus ábhair ealaíne don cholláis
- Cóip den teimpléad ‘Lámh’ (thíos) do gach páiste

Féachaimis ...

AG COMHRÁ

MAIDIR LE COMHARSANA MAITHE

Cuir i gcuimhne na bpáistí gur iarr Íosa orainn grá a thabhairt do Dhia agus grá a thabhairt don chomharsa. Nuair a luaigh Íosa ‘comharsa’, ‘gach duine’ a bhí i gceist aige – fiú na daoine nach dtaitníonn linn, nó nach bhfuil aon rud i bpáirt againn leo, nó daoine a cheapaimid atá difriúil. Séard atá i gceist le bheith i do chomharsa mhaith ná caitheamh le daoine eile le meas agus le cineáltas – mar is maith linn go gcaithfear linne.

Ansin fiosraigh leis na páistí an bhrí a bhaineann le bheith i do chomharsa mhaith, ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cad a cheapann tú atá i gceist le bheith i do

chomharsa mhaith agus an aois atá agat faoi láthair?

- An bhfuil sé níos éasca a bheith i do chomharsa mhaith le daoine a bhfuil aithne mhaith agat orthu agus a thaitníonn leat, seachas a bheith i do chomharsa mhaith leo siúd nach bhfuil aithne agat orthu nó nach maith leat iad? Cén fáth a bhfuil cúrsaí amhlaidh?
- An raibh tú riamh i do chomharsa mhaith nuair a bhí sé deacair ort é sin a dhéanamh? Roinn an scéal linn.
- Ar chuir duine ar bith iontas ort agus iad ina chomharsa mhaith leat nuair nach raibh tú ag súil leis? Roinn an scéal linn.

SCÉAL

An Lá Spóirt

Bhí Fionn, Rahman agus Conchúr ina gcónaí in aice a chéile. Bhí Fionn agus Conchúr an-chairdiúil le chéile. Chuaigh siad chuig an scoil chéanna, bhí siad sa chlub CLG céanna, agus uaireanta chuaigh a dteaghlaigh amach le chéile. Chuaigh Rahman chuig scoil eile. D’imir sé sacair, ní raibh aon spéis aige i CLG, agus bhí sé cairdiúil le scata cairde eile.

Nuair a tháinig deireadh seachtaine an Lá Spóirt áitiúil thart, bhí an triúr acu ag glacadh páirt sa rás 1500 méadar. Ba é Rahman rogha na coitiantachta chun an rás a bhuachan; bhuaigh sé an rás sin trí bhliain i ndiaidh a chéile. Bhí Fionn agus Conchúr ag obair go crua ach ní raibh siad an-mhuiníneach go mbeadh siad in ann luas Rahman a bhuachan.

Ar lá an rása, bhí an triúr acu ina seasamh le chéile, séideadh an fheadóg, agus ar aghaidh leo. Sar i bhfad, bhí Fionn chun tosaigh. Bhí an lucht tacaíochta ag béicil os ard, ‘Ar aghaidh leat, Fionn! Is féidir leat!’ Ach mo léan, thit

Fionn go tobann. Chas sé a rúitín agus bhí an phian go dona. D’fhéach Fionn ar ais agus

chonaic Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cé acu den bheirt bhuachaill sa scéal a bhí ina gcairde maithe? Cén chaoi a bhfuil a fhios sin agat?
- Cérbh é rogha na coitiantachta don rás? Cén fáth?
- Cé a bhuaigh an rás?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:



- Cé a raibh Fionn ag súil le cabhair uaidh nuair a thit sé? Cén fáth a mbeadh sé ag súil go gcabhródh Conchúr leis?
- Cén fáth, dar leat, nár stop Conchúr chun cuidiú leis? An stopfá?
- Cén fáth a raibh ionadh ar Fhionn nuair a stop Rahman chun cabhrú leis?
- An dóigh leat go raibh ionadh ar dhaoine eile nuair a chonaic siad Rahman ag stopadh chun cabhrú le Fionn? Cén fáth nó cén fáth nach raibh?
- Cé a ghníomhaigh mar chomharsa mhaith sa scéal seo? Cé a theip air a bheith ina chomharsa mhaith?

- Is dócha go mbeadh an rás buaite ag Rahman munar stad sé chun cabhrú le Fionn. Cad a insíonn sé seo duit faoin gcineál duine ba ea Rahman? Cad a insíonn sé seo duit faoin méid a bhíonn ag teastáil ó dhaoine ar mian leo a bheith ina gcomharsanna maithe?

Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 22 dá leabhar.

DÁN

Cuir an dán thíos in aithne na bpáistí.

Grá Dé agus Grá na Comharsan

Cosúil leis an lá is a sholas,
An ghaoth is a séideadh,
An focal is a bhrí,
An t-arán is a ghoile,
An oíche is a dorchadas,
An t-ainmfhocal is a bhríonna,
An olann is a boige,
An cúpla mar an gcéanna,
An t-uisce is a fhliche,
An croí is a bhuille,
An gáire is a aghaidh,
An lasair is a tine,
An bóthar is a thuras,
An post is a phinsean,

Níl grá Dé ann
Gan grá na comharsan.

Tar éis duit an dán a léamh, seiceáil tuiscint na

bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Ainmnigh cuid de na rudaí a deir an file nach féidir a scaradh.
- An aontaíonn tú nach féidir leis na rudaí seo a bheith scartha? Cén fáth nó cén fáth gur féidir?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Cén fáth, dar leat, go gcríochnaíonn an file an dán le: 'Níl grá Dé ann, gan grá na comharsan'? Cén bhaint atá ag na línte seo leis an chuid eile den dán? Cad a cheapann tú go gciallaíonn an file leis an ráiteas seo?
- An dóigh leat gur féidir grá a thabhairt do Dhia agus gan grá a roinnt le daoine eile? Cén fáth nó cén fáth nach féidir?

Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 24 dá leabhar.

PAIDIR

Ullmhúchán: A chinntiú go bhfuil a gcuid leabhar I nGrá Dé ag na páistí don urnaí seo.

Comhartha na Croise

Múinteoir: Bainimid úsáid as an dán 'Grá Dé agus Grá na Comharsan' mar fhoinsé dár n-urnaí inniu. Oscail na leabhair ag leathanach 24, áit a bhfuil an dán seo ar fáil.

Tabhair cuireadh do gach dalta, duine i ndiaidh a chéile, líne amháin den dán a léamh os ard, go dtí go dtiocfaidh siad chuig an dá líne deiridh. Ansin léifidh na daltaí go léir an dá líne sin le chéile.

Gach duine: Níl grá Dé ann gan grá na comharsan.

Múinteoir: Is comharsa duit gach duine sa seomra seo. Tugaim cuireadh daoibh anois casadh chuig an 'chomharsa' taobh leat agus comhartha síochána a thabhairt dóibh.

Roinneann gach duine comhartha síochána le chéile.

Comhartha na Croise

Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.

Foghlaimimis ...

AG COMHRÁ

MAIDIR LE GIÚDAIGH AGUS SAMÁRAIGH

- Taispeáin an léarscáil ar líne de Iúdáia agus an tSamáir sa chéad aois.
- Inis do na páistí faoin deighilt mhór a bhí ann idir an dá phobal a chónaigh ansin in aimsir Íosa – idir na Giúdaigh a raibh cónaí orthu in Iúdáia agus na Samáraigh a chónaigh sa tSamáir. Mhóthaigh na Giúdaigh níos fearr ná na Samáraigh agus níor thaitin leo a bheith le feiceáil ag baint leo. Chaith Giúdaigh leis na Samáraigh mar dhaoine den dara grád. Giúdaigh a bhí ag taisteal ó Iúdáia go dtí an Ghailí, nó a mhalairt, thrasnódh siad thar Abhainn na hIordáine ionas nach mbeadh orthu

dul tríd an tSamáir.

- Ansin labhair leis na páistí faoi dhaoine sa lá atá inniu ann nach mbaintear go cothrom leo, ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:
 - » An dtugann an chaoi ar chaith Giúdaigh leis na Samáraigh in aimsir Íosa i gcuimhne duit conas nach gcaitear go cothrom le daoine áirithe inniu? Tabhair samplaí.
 - » Conas a bhraitheann daoine nach mbaintear go cothrom leo, meas tú?
 - » Cad is féidir le daoine óga cosúil leatsa a dhéanamh chun féachaint chuige go mbaintear le gach éinne mar an gcéanna?

AN SCRÍOPTÚR NAOFA

PARABAL: AN SAMÁRACH MAITH

Éistimis anois le Parabal Íosa faoin Samárach Maith mar atá sé le fáil sa Soiscéal de réir Lúcais..

Parabal: An Samárach Maith (Lúcas 10:25-37)

D'éirigh dlíodóir ina sheasamh agus dúirt leis, á phromhadh: "A Mháistir, cad tá le déanamh agam chun go mbeinn páirteach sa bheatha shíoraí?"

Dúirt [Íosa] leis: "Cad tá scríofa sa dlí? Cad a léann tú ann?"

D'fhreagair sé agus dúirt: "Gráoidh tú do Thiarna Dia ó do chroí go hiomlán agus ó d'anam go hiomlán agus ó do neart go hiomlán agus ó d'aigne go hiomlán"; agus 'do chomharsa mar thú féin.'"

Dúirt [Íosa] leis: "Thug tú an freagra ceart: déan an méid sin agus beidh an bheatha agat."

Ach ó b'áil leis seo a cheart a phlé, dúirt sé le Íosa: "Agus cé hé mo chomharsa?"

Thug Íosa freagra air á rá: "Bhí fear ag dul síos ó Iarúsailéim go hIreáchó, agus tharla i measc robálaithe é a rinne é lomadh agus é leadradh agus é a fhágáil ina ndiaidh leathmharbh. Ach le halt na haon uaire, bhí sagart ag dul síos an bóthar sin, agus ar a fheiceáil dó, ghabh sé don taobh thall thairis. Mar an gcéanna do Léivíteach: ar theacht chun na háite agus ar a fheiceáil dó, ghabh sé don taobh thall thairis. Ach, Samárach a bhí ag gabháil an bóthar, tháinig sé mar a raibh sé, agus ar a fheiceáil dó, ghabh trua é, agus chuaigh sé

anonn chuige agus chuir ceangal ar a chréachta, tar éis dó ola agus fíon a dhoirteadh iontu; chuir sé ar mhuin a bheithigh féin é, sheol go teach ósta é, agus rinne cúram de. Agus lá arna mhárach, thóg sé amach dhá dhéanar agus thug don óstóir iad agus dúirt: 'Déan cúram de, agus cibé méid a chaithfidh tú thairis sin, íocfaidh mé leat é ag filleadh dom.'

[Ansin dúirt Íosa:] Cé acu den triúr sin, do bharúil, ba chomharsa don té a tharla i líon na robálaithe?"

Dúirt sé: "An té a rinne an trócaire air."

Dúirt Íosa leis: "Imigh leat, agus déan féin mar an gcéanna."



Tar éis duit an parabal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- An cuimhin leat ceachtar de na ceisteanna a chuir múinteoir an DLí ar Íosa ag an tús an scéil seo?
- Cá raibh an fear sa pharabal ag dul agus cad a tharla dó?
- Cé a chabhraigh leis an bhfear?
- Cé a shiúil an taobh eile den bhóthar?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Cén chaoi a bhfuil an scéal seo cosúil leis an scéal faoin Lá Spóirt a chuala tú níos luaithe? Cé a chuireann an sagart agus an Léivíteach sa pharabal i gcuimhne duit ón scéal faoin Lá Spóirt? Cén fáth? Cé a chuireann an Samárach i gcuimhne duit ón scéal sin? Cén fáth?
- Cé uaidh sa pharabal a bheadh an fear gortaithe ag súil le cabhair? Cén fáth, an dóigh

leat, go mbeadh ionadh air nuair a stop an Samárach chun cabhrú leis?

- Cén fáth ar inis Íosa an parabal seo, dar leat? Cad a bhí Íosa ag iarraidh sinn a mhúineadh faoi bhreith a thabhairt ar dhaoine eile? Cad a bhí sé ag iarraidh, a mhúineadh dúinn faoi conas ba chóir dúinn caitheamh le daoine eile? Cad a bhí sé ag iarraidh a mhúineadh dúinn faoi Ríocht Dé?
- Thaispeáin Íosa dúinn sa tslí inar mhair sé conas grá a roinnt lenár gcomharsa/conas a bheith mar 'Samárach Maith'. An cuimhin leat aon scéal faoi Íosa a bheith ina chomharsa maith? (Íosa agus na páistí, ag tabhairt aire do dhaoine a bhí tinn nó ocrach, ag tabhairt maithiúnas do pheacaigh cosúil le Zacháias, é i gcónaí a bheith réidh éisteacht le daoine agus am a chaitheamh leo)

Dírigh aire na bpáistí chuig leathanaigh 22 agus 23 dá leabhar.

PAIDIR GNÍOMHAÍOCHT

VISIO DIVINA

NÓTA DON MHÚINTEOIR: *Lectio divina* (focail Laidine a chiallaíonn 'léitheoireacht naofa')

- modh léitheoireachta agus éisteachta leis na Scrioptúir, a dhéanfaimid iniúchadh níos déine air amach anseo (Téama 6, Ceacht 1). *Visio divina* (focail Laidine a chiallaíonn 'féachaint dhiaga') - modh urnaí a bhaineann úsáid as íomhánna nó meáin amhairc. Le fada an lá tá traidisiún ag an Eaglais Cheartchreidmheach guí le híocóin. Níl an Eaglais san Iarthar chomh heolach agus b'fhéidir chomh compordach leis an gcineál urnaí seo. Tá modh an-simplí de *visio divina* curtha i láthair thíos chun na páistí a thabhairt isteach air. Tig leis na páistí breathnú ar phictiúr Van Gogh ar leathanach 23 dá leabhar, nó b'fhéidir go bhféadfá an pictiúr a thaispeáint ar an gclár bán.

Seo thíos, treoracha céim ar chéim chun na páistí a threorú chun guí, ag baint úsáid as *visio divina*.

Céim 1. Breathnaigh go cúramach ar an bpictiúr, a léiríonn radharc ón bParabal *An Samárach Maith*.

Céim 2. Agus tú ag féachaint ar an bpictiúr, lig do do shúile fanacht leis an gcéad rud a thugann tú faoi deara. Déan iarracht do shúile a choinneáil ó féachaint ar chodanna eile den bpictiúr. Ánálaigh isteach go domhain agus lig duit féin féachaint ag an gcuid sin den bpictiúr ar feadh nóiméid. (*Tabhair roinnt ama do na páistí díriú ar an bpictiúr ina dtost.*)

- **Céim 3.** Anois féach ar an bpictiúr ar fad. Tóg do chuid ama agus féach ar gach cuid den bpictiúr. Féach ar na sonraí go léir. Déan machnamh air ar feadh nóiméad nó dhó. (*Tabhair roinnt ama do na páistí díriú ar an bpictiúr ina dtost.*)

Céim 4. Smaoinigh ar do fhreagra ar na ceisteanna seo a leanas: Cad iad na mothúcháin a bhraitheann tú nuair a fhéachann tú ar an bpictiúr? An gcuireann an pictiúr aon rud i gcuimhne duit, nó an spreagann sé tú chun rud ar bith a dhéanamh? An bhfuil rud ar bith ann ar mhaith leat a rá le hÍosa?



An Samárach Maith le Vincent Van Gogh (ar stíl Delacroix) (1890)

Céim 5. Anois, ag baint úsáid as do ghuth taobh istigh, abair le hÍosa cad iad na smaointe agus na mothúcháin atá agat agus tú ag féachaint ar *An Samárach Maith*. (Lig cúpla nóiméid le haghaidh urnaí agus machnamh).

Ansin tabhair cuireadh do na páistí a gcuid urnaí a thabhairt chun críche trí bhuíochas a ghabháil le Dia as Íosa a chur chugainn chun a thaispeáint dúinn conas maireachtáil agus conas a grá a roinnt.

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

COLLAÍS: 'AN COMHARSA MAITH'

Nóta: Beidh rogha de nuachtáin agus irisí ag teastáil don ghníomhaíocht seo, chomh maith le bileoga móra de pháipéar ealaíne do gach grúpa.

- Tabhair cuireadh do na páistí oibriú i ngrúpaí beaga. Dáil na nuachtáin agus na hirísí i measc na ngrúpaí.

- Iarr ar gach grúpa colláis a dhéanamh trí íomhánna agus ceannlínte a léiríonn scéalta faoi chomharsana maithe a ghearradh amach.
- Tabhair cuireadh do na páistí a gcuid collaísí críochnaithe a chur sa spás urnaí.

GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a thógáil le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh. Smaoinigh ar na samplaí de 'comharsana maithe' a fuair sibh sna nuachtáin agus sna hirísí agus an colláis á dhéanamh agaibh ... Samhlaigh conas a mhothaigh na daoine ar tugadh cúnamh dóibh nuair a tháinig duine éigin chun cabhrú leo ... Tabhair am chun cuimhne nuair a bhí cabhair uait

agus chabhraigh duine éigin leatsa ... Cuimhnigh mar a mhothaigh tú... Le do ghuth inmheánach gabh buíochas le Dia as bronnantas na ndaoine a chabhraíonn le daoine eile ... Gabh buíochas le Dia as na daoine a chaitheann go cothrom le daoine eile agus nach mbreathnaíonn síos orthu riamh ... Cuimhnigh gur féidir leatsa, freisin, cabhrú le daoine eile ... Iarr ar Dhia cabhrú leat a aithint nuair is féidir leat é seo a dhéanamh ... Iarr ar Dhia cabhrú leat a bheith i do 'Samárach Maith' dóibh siúd atá i ngátar... Nuair a bhíonn tú réidh, oscail do shúile.

Mairimis ...

CAD A MHÚIN TÚ?

Tá grá Dé agus grá don chomharsa doscartha. Is comharsa linn gach duine, mar sin tugtar dúshlán dúinn caitheamh le gach duine go cothrom, agus go grámhar i gcónaí. I bParabal an tSamáraigh Mhaith, thaispeáin Íosa dúinn an bhrí a bhaineann le bheith i do chomharsa mhaith. Nuair a ghníomhaímid mar chomharsa maith, táimid ag cabhrú le Ríocht Dé a thógáil.

RÓL-IMIRT

AN SAMÁRACH MAITH

- Tabhair cuireadh do na páistí grúpaí de thriúr a dhéanamh.
- Glacfaidh páiste amháin i ngach grúpa ról tuairisceora do nuachtán, glacfaidh páiste eile ról an fhir ghortaithe sa Pharabal, agus beidh an triúr páiste i ról an Samáraigh Mhaith a chuidíonn leis an bhfear gortaithe.
- Iarr ar na páistí comhrá idir an triúr a aithris.

Is féidir le seo a bheith simplí agus gearr, leis an tuairisceoir ag fiafraí cad a tharla, agus na haisteoirí eile ag tabhairt cur síos ar an méid a tharla.

- Tabhair cuireadh do roinnt grúpaí a gcuid drámaíochta a chur i láthair don rang ar fad.

GNÍOMHAÍOCHT TAIFEADACH

TASC LÁMH – CABHRÚ

- Tabhair cóip den teimpléad ‘Lámh’ (thíos) do gach páiste.
- Tabhair cuireadh do na páistí gníomhartha grá a dhéanamh do bhaill teaghlaigh nó do chairde i rith na seachtaine agus, mar a dhéanann siad amhlaidh, chun a ndea-ghníomhartha a thaifeadadh ar an dteimpléad.
- Iarr orthu a gcuid ‘Tasc Lámh – Cabhrú’ a choinneáil sa spás urnaí nuair nach mbíonn siad ag obair orthu.



PAIDIR

Ullmhúchán: Roghnaigh páiste amháin chun an sliocht ón Scrioptúr a léamh. Tá an sliocht ar fáil thíos.

Comhartha na Croise

Iomann Oscailte: Can iomann/amhrán oiriúnach.

Múinteoir: Tá grá ag Dia dúinn uile. Chuir Dia Íosa chugainn chun a thaispeáint dúinn conas maireachtáil i ngrá leis agus le daoine eile. Ag an Suipéar Déanach, nuair a bhí a fhios ag Íosa go raibh sé chun filleadh ar ais go luath chuig a Athair ar neamh, thug sé cód maireachtála dá dheisceabail. Theastaigh uaidh go mbeadh grá ag a dheisceabail dá chéile, faoi mar a léirigh sé féin dóibh. Ghlaoigh Íosa an Aithne Nua ar an gcód seo. Éistimis anois le hAithne Nua Íosa.

Léitheoir: Dúirt Íosa: ‘Tá aithne nua á tabhairt agam daoibh, go dtabharfadh sibh grá dá chéile; faoi mar a

thug mise grá daoibhse, go dtabharfadh sibhse grá dá chéile. As sin a bheidh a fhios ag cách gur deisceabail liomsa sibh má bhíonn grá agaibh dá chéile.’ (Eoin 13:34-35)

Múinteoir: Bíodh do chorp socair agus ciúin ... B’fhéidir gur mhaith leat do shuíle a dhúnadh ... Tabhair aire do do anáil agus tú ag anáil trí do shrón ... agus amach trí do bhéal. Agus tú ag anáil isteach, tabhair cead do ghrá Íosa do chroí a líonadh ... Agus tú ag easanálú, cuir an ruaig ar na smaointe a iarrann ort breithiúnas a dhéanamh ar dhaoine eile ... nó a bheith éagórach le daoine eile ... nó neamhaird a dhéanamh ar dhaoine eile nuair a d’fhéadfá cabhrú leo ... Le do ghuth taobh istigh, iarr ar Íosa cabhrú leat grá a tabhairt do dhaoine eile ar an mbealach a léirigh sé duit ... Nuair atá tú réidh, oscail do shuíle.

Comhartha na Croise

Ceacht 3: Parabal: An Bonn Airgid Caillte



SULA DTOSAÍONN TÚ

Tá an Parabal faoin mBonn Airgid Caillte ar cheann de thrí pharabal ar an dtéama 'Caillte agus Aimsithe' sa Soiscéal de réir Lúcais. Is iad an dá cheann eile ná an Parabal faoin gCaora Chaillte agus an Parabal faoin Mac Drabhlásach. Sa Pharabal faoin mBonn Airgid Caillte, is ionann an bonn agus an peacach atá caillte agus seasann an bhean do Dhia. Chuir Dia a Mhac, Íosa, ar domhan chun a thaispeáint dúinn go raibh sé i gcónaí ár gcuardach nuair a bhímid caillte. Dúirt Íosa, 'Ní hiad na fíréin ach na peacaigh a bhfuilim tagtha á nglaoch chun aithrí' (Lúcás 5:32). Tá Dia ag iarraidh go mbeadh a fhios againn go bhfuil áit i Ríocht Dé do chách.

Déanann an Parabal faoin mBonn Airgid Caillte iniúchadh ar iarrachtaí na mná chun a bonn caillte a lorg agus a aimsiú, agus an luchtair atá uirthi nuair a aimsítear an bonn. Sa cheacht seo déanfaidh na páistí machnamh ar ghníomhartha na mná, agus tabharfaimid treoir

dóibh féachaint ar a ghníomhartha mar léargas ar ghrá leanúnach Dé dúinn. Ní bhíonn Dia sásta má bhíonn rud ar bith ina chruthú 'caillte'. Bíonn Dia i gcónaí ag cuardach iad siúd atá caillte. Bíonn áthas ar Dhia nuair a fhillann daoine caillte air.

Táthar ag súil go mbeidh roinnt taithí nó eolas ag na páistí faoin gciall a bhaineann le bheith caillte go fisiciúil. Seans go bhfuil scéalta ag cuid acu faoi a bheith leo féin in áit anaithnid. Sa cheacht seo déanfaidh na páistí tosú ar tuiscint a bheith acu faoi bhealaí eile ina d'fhéadfaidís a bheith caillte. Déanfar tuilleadh forbartha ar an dtéama seo i dTéama 10: Athmhuintearas.

Tugann Dia bronnantas na saorthola do gach duine. Tá an tsaoirse ag gach duine againn rogha a dhéanamh faoin méid a dhéanfaimid. Taispeáin Íosa dúinn conas roghanna maithe a dhéanamh ionas go mairfimid mar a iarrann Dia orainn.

EOCHAIRFHOCAIL

Bonn airgid: Is dócha gur drachma a bhí i gceist sa pharabal a bhaineann leis an mbonn airgid a bhí caillte. Sna laethanta sin ní bheadh airgead ag daoine bochta. Dá bhrí sin, bhí luach an-mhór ag an drachma, don bhean.

Grásta: An chabhair a thugann Dia dúinn é a leanúint.

Peaca: Rud ar bith a dhéanaimid nó a deirimid a bhriseann dlí an ghrá a thug Íosa dúinn agus mar thoradh air sin, lagaíonn sé nó maraíonn sé ár gcairdeas le Dia.

Aithrí a dhéanamh: Brón a bheith orainn as ár bpeacaí agus maithiúna Dé a lorg.

NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Íomhá de Naomh Antaine (ar líne)
- Cóip den teimpléad 'Grá Dé Dúinn' (thíos) do gach páiste
- Píosa cárta dronuilleogach do gach páiste, oiriúnach chun leabharmharc a dhéanamh.

Féachaimis ...

AG COMHRÁ

MAIDIR LE RUD LUACHMHAR A CHAILLEADH

Déan comhrá leis na páistí faoi na mothúcháin a bhíonn acu nuair a chailleann siad rud éigin luachmhar, ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- Ar chaill tú rud an-luachmhar riamh, cosúil le bréagán a bhí agat ó bhí tú i do pháiste óg, nó rud éigin a fuair tú mar bhrontanas ó dhuine a raibh grá agat dóibh. Inis dúinn cad a tharla

agus conas a mhothaigh tú.

- Ar shíl tú riamh go raibh rud éigin caillte agat agus ansin tháinig tú air? Conas a bhraith tú ansin?

Ansin léigh 'Caillte agus Aimsithe', a insíonn dúinn faoi chailín a raibh sean-bhréagán a bhí an-luachmhar aici.

SCÉAL

Caillte agus Aimsithe

Bhí Selina naoi mbliana d'aois. Bhí seilbh an-luachmhar amháin aici, seanbhéirín bréige darbh ainm Bonzo. Bhí Bonzo caite, tréigthe agus spónta tar éis blianta fada de eachtraí le Selina. Bronntanas cniotáilte ó Mhamó don triú lá breithe ag Selina, ba ea Bonzo. Nuair a bhíodh Selina ag imirt peile lena club áitiúil, thug sí Bonzo léi mar sonóg. Choinnigh sí Bonzo de ghnáth ar an gcathaoir uilleach in aice lena leaba - agus i rith na hoíche chodail sé in aice léi.

Maidin Shathairn amháin, nuair a d'fhill Selina ó bheith ag fanacht thar oíche ag teach a cara, chuaigh sí díreach go dtí a seomra leapa chun bualadh le Bonzo. Nuair nach raibh sí in ann teacht air in áit ar bith, ghlac sí go dona ina éagmais. Rug sí ar an duivé agus chroith sí é. D'fhéach sí faoi na piliúir agus faoi na héadaí a bhí thart timpeall. Ansin, chuardaigh sí faoin leaba, taobh thiar de na cuirtíní agus in aon áit eile a bhféadfadh sí smaoineamh air.



Ach ní raibh Bonzo le fáil in áit ar bith. Bhí Selina buartha agus uaigneach. Cad a dhéanadh sí anois?

Níos déanaí sa tráthnóna sin, d'iarr Mam ar Selina roinnt éadaí fliucha a chrochadh ar an líne. De réir mar a bhí sé seo á dhéanamh aici, thug sí aird ar rud éigin tréigthe le dath oráiste i gciseán na nóchán. 'Bheul!' a dúirt sí le h-aoibhneas. Tháinig Selina ar a seilbh luachmhar. Ní raibh a fhios ag éinne conas mar a d'éirigh le Bonzo a bheith ansin, ach ba chuma le Selina. Bhí an-áthas uirthi agus í ag léim timpeall an chlóis le Bonzo ina lámha aici ... Ba dheas é a bheith ar ais.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cén fáth a raibh an oiread sin grá ag Selina do Bonzo, dar leat?
- Ar mhothaigh tú riamh cosúil le Selina nuair a chaill tú rud éigin? Inis dúinn faoi.

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Tabhair chun cuimhne rud éigin luachmhar a chaill tú uair amháin agus ansin gur tháinig tú arís air. Conas a mhothaigh tú ag an am a chaill tú é? Conas a mhothaigh tú agus tú á cuardach? Conas a mhothaigh tú nuair a fuair tú é?
- Tá gach duine againn luachmhar in aghaidh Dé. An féidir leat a shamhlú conas a théann

sé i bhfeidhm ar ár gcaidreamh le Dia nuair a chasaimid ar shiúl ó ghrá Dé trí rudaí atá mícheart a dhéanamh? Is féidir linn ár gcaidreamh le Dia a lagú nó a scrios nuair a ghníomhaímid mar seo agus nuair nach mairimid mar a d'iarr Íosa orainn.

- An féidir leat a shamhlú conas a théann sé i bhfeidhm ar ár gcaidreamh le Dia nuair a deirimid go bhfuil brón orainn (athmhuintearas)? Bíonn Dia i gcónaí thar a bheith sásta nuair a deir daoine go mbíonn brón orthu as rud éigin mícheart a rinne siad.

Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 25 dá leabhar.

AITHNE A CHUR AIR

NAOMH ANTAINÉ

NÓTA DON MHÚINTEOIR: Is díthreabhach é duine a chónaíonn leis féin in áit uaigneach, mar shampla ar shliabh nó i bhfásach. Cónaíonn siad ina n-aonar ar chúiseanna creidimh de ghnáth, ionas gur féidir leo níos mó ama a chaitheamh ag guí agus ag machnamh gan bhriseadh, nó go simplí toisc go mbaineann siad taitneamh as a bheith ina n-aonar.

Taispeáin an íomhá (ar líne) de Naomh Antaine. Fiafraigh de na páistí an bhfuil aon íomhánna nó dealbha eile de Naomh Antaine feicthe acu. B'fhéidir gur féidir leo ceann a chuardach ar an gcéad chuairt eile a dhéanann siad ar a séipéal paróiste áitiúil. Ansin léigh an cuntas gairid seo faoi bheatha Naomh Antaine.

Naomh Antaine

Rugadh Naomh Antaine (1195-1231) Fernando Martins i dteaghlach saibhir i Liospóin, sa Phortaingéil. Nuair a bhí Fernando cúig bhliain déag d'aois d'iarr sé Go gcuirfí é go Mainistir Santa Cruz i gCoimbra, a bhí mar phríomhchathair na Portaingéile ag an am sin. Le linn a chuid ama sa Mhainistir rinne sé staidéar sa diagacht (reiligiún) agus i Laidin. Níos déanaí chuaigh sé isteach in Ord na bProinsiasach.

Bhunaigh na bráithre Proinsiasacha díseart beag lasmuigh de Coimbra tiomnaithe do Naomh Antaine na hÉigipte, a mhair mar díthreabhach agus a mheastar a bheith ina bhunaitheoir ar an mhanachas. Nuair

a chuaigh Fernando isteach in Ord na bProinsiasach, d'athraigh sé a ainm go Antaine in onóir Naomh Antaine na hÉigipte.

Iarrann a lán daoine ar Naomh Antaine cuidiú leo chun teacht ar rudaí atá caillte acu. Baineann an chúis go n-iarrann daoine cabhair ó Naomh Antaine teacht ar rudaí éagsúla le hócáid ar leith ina shaol. Seanmóirí ba ea Antaine agus bhí leabhar salm aige ina raibh a nótaí pearsanta scríofa aige. Lá amháin, thug Antaine faoi deara go raibh a leabhar luachmhar ar iarraidh. Ghuigh sé go bhfaigheadh sé an leabhar ar ais. Bhí athrú croí ar an ngadaí a thóg an leabhar agus thug sé an leabhar ar ais d'Antaine.

Tar éis duit an scéal faoi Naomh Antaine a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- Cén fáth go nguionn daoine chuig Naomh Antaine chun cabhair a fháil nuair a chailleann siad rud éigin?
- An bhfuil aithne agat ar éinne a ghuíonn chuig Naomh Antaine? Más ea, b'fhéidir go n-iarrfá

orthu cén fáth a ndéanann siad amhlaidh, agus má tháinig siad ar rud éigin riamh tar éis dóibh guí chuig Naomh Antaine.

Dirigh aire na bpáistí chuig leathanach 27 dá leabhar.

PAIDIR

Comhartha na Croise

Múinteoir: Bhíomar ag caint faoi chuid de na rudaí luachmhara atá againn, agus ar an gcaoi a mbeadh brón orainn iad a chailleadh. Tugaim cuireadh daoibh na súile a dhúnadh ar feadh nóiméid agus smaoineamh ar cé chomh luachmhar is atá gach duine agaibh in aghaidh Dé ... Tá grá mór ag Dia duit ... Bíonn áthas ar Dhia nuair a mhaireann tú ar an mbealach a mhúin Íosa dúinn grá a thabhairt do Dhia agus grá a thabhairt don chomharsa ... Tá a fhios ag Dia go mbíonn sé deacair uaireanta maireachtáil ar an mbealach seo ... agus, nuair a theipeann orainn, bíonn Dia réidh i gcónaí chun

cabhrú linn an bealach ceart a aimsiú ... Smoinigh ar cé chomh maith is atá sé go mbíonn Dia gar duit i gcónaí ... go mbíonn Dia réidh i gcónaí fanacht leat chun labhairt leis ... Le do ghuth taobh istigh, gabh buíochas le Dia as a bheith cairdiúil leat ... Nuair atá tú réidh, oscail na súile.

Comhartha na Croise

Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.

Foghlaimimis ...

AN SCRÍPTÚR NAOFA

AN PARABAL FAOIN MBONN AIRGID CAILLTE

D'úsáid Íosa parabail chun grá neamhchoinníollach Dé do gach duine a mhíniú, lena n-áirítear peacaigh agus iad siúd a raibh imithe ar strae nó nasc caillte acu lena ghrá. Theastaigh ó Dhia go dtuigfeadh gach éinne, i Ríocht Dé, go maithfear gach duine a bhfuil brón orthu agus a lorgaíonn maithiúnas. Roinn Íosa an parabal seo lena éisteoirí:

An Parabal faoin mBonn Airgid Caillte (Lúcás 15:8-10)

"Nó cén bhean a mbíonn deich ndrachma aici, má chailleann sí aon drachma amháin, nach lasann lampa agus an teach a scuabadh agus léirchuardach a dhéanamh nó go bhfaigheann é? Agus nuair a fhaigheann, glaonn sí a cairde agus mná a comharsan le chéile, ag rá: 'Déanaigí comhghairdeas liom, óir, an drachma a bhí caillte agam, fuair mé é.' Is amhlaidh sin, deirim libh, a bhíonn áthas i láthair aingeal Dé faoin aon pheacach amháin a dhéanann aithrí."



Tar éis duit an parabal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- Cad a chaill an bhean?
- Cár lorg an bhean an bonn caillte?
- Cad a rinne sí nuair a fuair sí é?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- An raibh an bonn caillte luachmhar don bhean? Cén fáth, an dóigh leat?
- Conas a mhothaigh sí nuair a chaill sí an bonn?
- Conas a mhothaigh sí nuair a fuair sí é, dar leat?
- Conas atá an scéal seo cosúil le parabal ar bith eile nó scéal eile atá cloiste agat an tseachtain

seo? (Parabal faoin gCaora Chaillte; an scéal 'Caillte agus Aimsithe')

- An raibh tú ar iarraidh riamh? Conas a mhothaigh tú? Cad a raibh súil agat a tharlódh? Cé a tháinig ort?
- Cad iad na scéalta atá cloiste agat faoi Íosa ag teagmháil le duine a bhí caillte? Roinn an méid is cuimhin leat faoi na scéalta sin.
- Cén teachtaireacht a bhí á múineadh do dhaoine ag Íosa, dar leat, sa Pharabal faoin gCaora Chaillte agus sa Pharabal faoin mBonn Airgid Caillte?

AG COMHRÁ

MAIDIR LE MOTHÚ CAILLTE AR BHEALAÍ ÉAGSÚLA

Labhair na páistí faoi rud éigin a chailleadh, agus ansin é a fháil arís. Labhair siad freisin faoi conas a mhothaíonn sé 'a bheith caillte' in áit ar leith, agus ansin conas a mhothaíonn sé nuair a thagtar orthu. Anois mínigh do na páistí go bhfuil siad chun iniúchadh a dhéanamh ar conas a mhothódh duine agus iad 'caillte ar an dtaobh istigh' - nuair a dhéanann siad rudaí a scarann iad ó na daoine a thugann grá dóibh agus ó Dhia. Léigh an gearrscéal seo chun cuidiú leat a léiriú conas a d'fhéadfadh sé seo tarlú:

Chonaic athair Shéamais é ag leadaíocht thart sa teach, agus mar sin d'iarr sé air an bosca d'ábhair in-athchúrsáilte a thabhairt leis go dtí an Ionad Athchúrsáilte síos an bóthar. Lig Séamas osna as agus é ag dul amach. Bheannaigh comharsa, an tUasal Yarsi, Séamas agus é ag dul thar a theach agus mhol sé é as a chuid oibre a dhéanamh ar son na timpeallachta. Ar an toirt, d'athraigh Séamas agus rinne sé aoibh gháire. Bhraith sé go maith ar an dtaobh istigh, toisc gur mhol an t-uasal Yarsi é,

agus bhí a fhios aige gur dócha gur smaoineamh maith a bhí ann athchúrsáil a dhéanamh ar rudaí éagsúla seachas iad a chaitheamh sa ghnáthbhosca bruscair. D'fhoghlaim sé faoi na buntáistí a bhaineann le hathchúrsáil ar scoil.

Agus é ar a bhealach, chonaic Séamas a chairde Ahmed agus Eric. Bhí siad ag dul go dtí an ionad cluichí agus d'iarr siad ar Shéamas dul in éineacht leo. Smoinigh Séamas ar feadh nóiméid, agus ansin chaith sé an mála d'ábhair in-athchúrsáilte thar an mballa in aice leis. Tharla gurbh é balla ghairdín an Uasail Yarsi é.

Chuaigh an triúr acu ar aghaidh chun spraoi a bheith acu. Níos déanaí an tráthnóna sin, d'fhiafraigh athair Shéamais de conas a d'éirigh leis ag an Ionad Athchúrsáilte agus cén fáth nár thóg sé an bosca athchúrsála ar ais go dtí an teach. Go tobann tháinig anbhá agus aiféala ar Shéamas.

Agus an scéal inste agat, lean ar aghaidh mar seo a leanas:

- Iarr ar na páistí dhá líne a dhéanamh os comhair a chéile. Is é an tasc atá acu ná comhairle a thabhairt do Shéamas, nach bhfuil a fhios aige cad is ceart dó a dhéanamh. Tabharfaidh na páistí ar thaobh amháin roinnt comhairle dó, agus na páistí ar an dtaobh eile a mhalairt de chomhairle dó.
- Glacann páiste amháin ról Shéamais. (Is féidir leatsa, an múinteoir, an ról seo a roghnú, nó b'fhéidir go mbraitheann tú go mbeadh sé oiriúnach páiste a bheith sa ról seo.)

- Siúlann Séamas síos i lár an 'lána' cruthaithe ag an dá líne. De réir mar a shiúlann sé ar aghaidh, tugann baill éagsúla den rang comhairle dó faoi cad ba cheart dó a dhéanamh nó a rá.
- Nuair a shroicheann Séamas deireadh an 'lána', déanann sé cinneadh agus fógraíonn sé don rang é.

Ansin seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as ceisteanna ar nós, 'Cad a rinne Séamas?' agus 'Cad é nach ndearna Séamas?'

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cad é mar a mhothaigh Séamas nuair a chuir a dhaidí ceist air faoina thuras go dtí an Ionad Athchúrsáilte? Cén fáth go mbeadh Séamas ag mothú go dona?
- Cén fáth go mbeadh díomá ar athair Shéamais, nó ar an chomharsa Mr Yarsi, faoin méid a rinne Séamas?
- Ar mhothaigh Séamas a bheith 'caillte', meas sibh? Cé uaidh a bhraith sé 'caillte'?
- Cé nó cad a chuideodh le Séamas sa chás seo?
- Cad a tharlódh dá ndéarfadh Séamas an méid a tharla lena athair agus a rá go raibh brón air? Cad a tharlódh dá ndéarfadh Séamas an méid a tharla leis an Uasal Yarsi, go raibh brón air agus go mbaileodh sé an bruscar a chaith sé thar a bhalla?
- Nuair a mhothaíonn tú 'caillte' istigh, cé atá réidh i gcónaí chun grá agus maithiúnas a thabhairt duit?

GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a thógáil le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh. Tabhair aire dod' anáil ag dul isteach agus ag fágáil do chorp ... Lean ar aghaidh ag anáil go ciúin agus go réidh ... Agus tú ag anáil isteach, abair 'Tá Grá Dé'

go ciúin ... Agus tú ag anáil amach, abair go ciúin, '... Laistigh dom' ... Déan é seo cúpla uair ... 'Tá Grá Dé ... laistigh dom' ... Anois, agus tú ag anáil isteach, mothaigh grá Dé mórthimpeall ort agus tú á líonadh le síocháin ... Agus tú ag anáil amach, samhlaigh conas is féidir leat grá Dé a thabhairt leat do dhaoine eile. Nuair a bhíonn tú réidh, oscail na súile.

Mairimis ...

CAD A MHÚIN TÚ?

D'inis Íosa an Parabal faoin mBonn Airgid Caillte dá lucht leanúna. Bhí sé ag iarraidh go mbeadh a fhios acu nach dteastaíonn ó Dhia go mbeadh rud ar bith dá chruthú luachmhar caillte óna ghrá agus go gcuardaíonn sé i gcónaí iad siúd atá caillte. Glacann Ríocht Dé le gach éinne.

GNÍOMHAÍOCHT MHACHNAMHACH


GRÁ DÉ DÚINN

- Tabhair cóip den teimpléad (thíos) 'Grá Dé Dúinn' do gach páiste.
- Iarr ar na páistí siombail/iomhá amháin nó níos mó a tharraingt a léiríonn grá Dé. Spreag iad le smaoineamh conas a d'fhéadfaidís cruthanna agus dathanna a úsáid chun é seo a dhéanamh.
- Iarr ar na páistí na bileoga críochnaithe a chur sa spás urnaí.

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

LEABHARMHARC: 'GRÁ DÉ'

- Tabhair píosa cárta dronuilleogach do gach páiste gur féidir leo a úsáid mar leabharmharc nuair a bhíonn sé maisithe acu.
- Tabhair cuireadh dóibh na focail 'Tá grá Dé' a scríobh ag barr an chárta, agus ansin faoi bhun sin roinnt focail a scríobh a gceapann siad a dhéanann cur síos ar ghrá Dé (m.sh. dílis, cineálta, foighneach, maiteach, fáilteach).
- Tabhair cuireadh dóibh an cárta a dhathú agus a mhaisiú, chun gur féidir leo é a úsáid mar leabharmharc le haghaidh an leabhar is fearr acu, do leabhar urnaí nó don Bhíobla.



PAIDIR

Ullmhúchán: Taispeáin iomhá de Naomh Antaine ar líne do na daltaí agus déan tagairt do fhocail na paidre chuig Naomh Antaine ar leathanach 27 dá leabhar.

Comhartha na Croise

Múinteoir (agus an choinneal á lasadh): Agus ár gcoinneal á lasadh againn cuimhnimid go bhfuil Dia i gcónaí linn. Tá Dia ann i gcónaí chun cabhrú linn.

Is féidir linn paidir speisialta a ghuí chuig Naomh Antaine nuair a chaillimid rudaí atá luachmhar. Oscail do leabhar agus faigh an *Paidir chuig Naomh Antaine* atá ar leathanach 27. Guímid an phaidir sin le chéile i gceann nóiméid, ach ar dtús smaoineigh ar rud éigin a chaill tú, agus nuair a thagann tú chuig an chuid sin den phaidir nuair a ainmníonn tú an rud a chaill tú, is féidir é a lua ansin le do ghuth taobh istigh. Mura féidir leat smaoineamh ar rud ar bith a chaill tú, ní gá duit an líne sin a rá.

Gach duine: A Naoimh Antaine, fuair tú cumhacht speisialta ó Dhia, cabhrú le daoine rudaí a bhí caillte a aimsiú. Cabhraigh liom _____ a chaill mé, a fháil. Cabhraigh liom gan an rud is tábhachtaí ar fad

a chailleadh, is é sin mo chairdeas le Dia. Áiméan.

Múinteoir: Tugaim cuireadh duit do shúile a dhúnadh agus machnamh go ciúin ar feadh nóiméid. An féidir leat cuimhneamh ar am nuair a bhraith tú brónach agus caillte ... b'fhéidir toisc gur ghortaigh tú mothúcháin duine eile ... nó go ndearna tú rud mícheart. Cé/cad a chabhraigh leat do bhealach ar ais a aimsiú? (Sos)

Tá Dia linn i gcónaí. Níl Dia sásta duine ar bith a bheith caillte. Déanann Dia cuardach leanúnach ar dhaoine atá caillte. Tá Dia réidh daoine a fháiltiú ar ais ina ghrá i gcónaí. Nuair atá tú réidh, oscail na súile.

Is féidir linn dul chuig Dia nuair a bhraithimid caillte agus nuair a theastaíonn cabhair uainn. Tá Dia réidh i gcónaí chun cabhrú linn. Tugtar 'grásta' ar chabhair Dé. Guímis chuig Dia anois, lenár nguth taobh istigh, a ghrásta a chur chugainn chun cabhrú linn maireachtáil ar an mbealach a léirigh Íosa dúinn. (Sos)

Comhartha na Croise

Ceacht 4: An Parabal faoin mBaintreach agus an Breitheamh



SULA DTOSAÍONN TÚ

Sa Pharabal faoin mBaintreach agus an Breitheamh, téann baintreach chuig breitheamh, ag pléadail a cearta. In aimsir Íosa, bhí an- chumhacht ag breithimh, agus níor tugadh mórán aird ar bhaintraigh. Bheadh an breitheamh le feiceáil mar dhuine a raibh sé mar ról aige seasamh le Dlí Dé. Tugann an scéal le fios dúinn go raibh an ceart ag an mbaintreach, ach nár éist an breitheamh lena pléadálacha. Sa deireadh, nuair a dhéanann

an breitheamh ceart di, ní chun go bhfaighidh sí an ceartas, ach díreach le bheith réidh léi! Ag deireadh an pharabail deir Íosa fiú má éisteann an breitheamh éagórach lena bpléadálacha leanúnacha, an ea nach ndéanfaidh Dia ceart dá mhuintir thofa féin a bhíonn ag éamh air de lá is d'óiche. An tseachtain seo scrúdóidh na páistí an Parabal faoin mBaintreach agus an Breitheamh féachaint cad is féidir leo a fhoghlaim uaidh dá saol féin maidir le creideamh, urnaí agus ceartas.

EOCHAIRFHOCAIL

Baintreach: Bean a bhfuair a fear céile bás. In aimsir Íosa, ní raibh mórán airgid ná cumhachta ag baintreach.

Creideamh: Nithe éagsúla a chreidiúint.

Suaimhneas: A bheith socair síochánta.

NITHE A BHEIDH AG TEASTAIL UAIT

- Liathróidí boga meánmhéide
- Rogha ábhar ealaíne, m.sh. cré nó ábhar tógála eile, péinteanna nó ábhair dathúcháin eile, páipéar, sreang solúbtha, gliú nó téip ghreamaitheach, siosúir
- Ocht leathanach bán A4

Féachaimis ...

AG COMHRÁ

MAIDIR LE DIANSEASMHACHT AGUS FOIGHNE

Tabhair cuireadh do na páistí scéalta a roinnt faoi amanna nuair a bhí orthu iarracht an-deacair a dhéanamh chun rud éigin a fhoghlaim, cosúil le uirlis ceoil a sheinm, nó fadhb le haghaidh obair bhaile a réiteach, nó céimeanna nua rince nó

teicníocht nua le haghaidh spóirt a fhoghlaim. Spreag iad le labhairt faoi cad a chabhraigh sé leo an scil a bhaint amach, nó, mura éirigh leo, a aithint cén fáth gur tharla sé sin.

CLUICHE

AN LIATHRÓID A CHUR AR AGHAIDH

Nóta: Beidh liathróidí boga meánmhéide uait le haghaidh an ghníomhaíocht seo.

- Socraigh na páistí i sraitheanna. Is é an tasc atá acu ná liathróid a phasáil ó dhuine go chéile gan úsáid a bhaint as a lámha.
- Ina dhiaidh sin, labhair faoin ngníomhaíocht agus na ceisteanna seo á n-úsáid agat nó

ceisteanna cosúil leo:

- » Arbh éasca é seo a dhéanamh? Cén fáth nó cén fáth nárbh éasca é?
- » Cad iad na tréithe a bhí ag teastáil uait chun an tasc a dhéanamh? (foighne, buanseasmhacht, comh-oibriocht)

SCÉAL

An Préachán agus an Chrúiscín

Lá an-te a bhí ann agus bhí an préachán ag fáil bháis le tart. Go tobann, chonaic sé crúiscín agus bhí an chosúlacht ann go raibh roinnt uisce istigh ann. D'éitil sé anonn chuige go háthasach, ach mo léan, ní fhéadfadh sé teacht ar an uisce toisc go raibh muineál an chrúiscín ró-chúng dó. Rinne sé gach rud a d'fhéadfadh sé smaoineamh air chun an t-uisce a fháil, ach theip air. Ansin bhí smaoineamh cliste aige; bhailigh sé go leor clocha beaga agus chuir sé isteach sa chrúiscín iad, ceann i ndiaidh a chéile, go dtí gur ardaigh leibhéal an uisce gar dó. D'ól sé ón gcrúiscín agus é ag smaoineamh leis féin, 'Ba bheag

nach bhfuair mé bás ach amháin teacht ar an uisce sin.'



Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cén fáth nach raibh an préachán in ann teacht ar an uisce sa chrúiscín?
- Cén fáth ar bhailigh an préachán clocha?
- Cén tionchar a bhí ag na clocha ar an uisce?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Cad iad na tréithe a léirigh an préachán lena ghníomhartha sa scéal seo? (dianseasmhacht, foighne)

- Cad a tharlódh dó, dar leat, mura raibh sé foighneach agus dianseasmhach?
- An mbíonn seans níos fearr ag daoine toradh maith a fháil ón méid atá ar siúl acu má bhíonn siad foighneach agus dianseasmhach? Cén fáth nó cén fáth nach mbíonn?
- Roinn roinnt samplaí de chásanna ina mbíonn foighne agus buanseasmhacht ag teastáil chun torthaí maithe a fháil.

Dirigh aire na bpáistí chuig leathanach 28 dá leabhar.

Múinteoir: Gabhaimis buíochas as na beannachtaí go léir inár saol ... ár dteaghlaigh, ár sláinte, an bia a shásaíonn ár n-ocras, an t-uisce a shásaíonn ár dtart, na háiteanna ina gcónaímid ... A Dhia ghrámhair, ná déanaimis dearmad ar na beannachtaí seo go léir. A Thiarna, éist linn.

Gach duine: A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

Múinteoir: Déanaimis machnamh ar na dúshláin éagsúla atá againn: bulaíocht, cóireáil éagórach ó dhaoine eile, idirdhealú, ciníochas. Smaoinigh go ciúin i do chroí féin faoi na rudaí is féidir leat a dhéanamh chun an saol a dhéanamh níos fearr do dhaoine eile, ach go háirithe dóibh siúd a bhíonn ag plé leis na dúshláin luaite thuas. A Dhia ghrámhair, tabhair misneach dúinn iarracht a dhéanamh na rudaí atá cearr inár saol a athrú. A Thiarna, éist linn.

Gach duine: A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

Múinteoir: Guímis ar ár son féin, go bhféadfaimis fás i ngrá agus in eolas Dé, agus go mbeadh an chiall againn na nithe a aithint a chuirfeadh feabhas ar an domhan. A Thiarna, éist linn.

Gach duine: A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

Múinteoir: A Dhia ghrámhair, treoraigh sinn chun tú a leanúint. Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna.

Gach duine: Áiméan.

Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.

Foghlaimimis ...

FÉACH AGUS FREAGAIR

SCRÚDAIGH AN PICTIÚR

Tabhair cuireadh do na páistí breathnú ar an bpictiúr *An Baintreach agus an Breitheamh* ar leathanach 28 dá leabhar.

Tosaigh leis na ceistanna seo, atá i leabhar na bpáistí:

- Cad a fheiceann tú sa phictiúr?
- Cad a thugann tú faoi deara faoin mbreitheamh? Cén chaoi a bhfuil sé ag mothú, dar leat?
- Cad a thugann tú faoi deara faoin mbaintreach? Cén chaoi a bhfuil sí ag mothú, dar leat?
- Cad mar gheall ar an lucht féachana? Cad air a bhfuil siad ag smaoineamh?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceistanna cosúil le:

- Cad a insíonn gothaí láimhe na ndaoine éagsúla sa phictiúr dúinn fúthu?
- Cad a cheapann tú a d'fhéadfadh an bhean a bheith ag iarraidh?



An Baintreach agus an Breitheamh le John F. Shaw (c. 1890)

- Cén freagra a d'fhéadfadh a bheith le fáil aici? Cén fáth?

AN SCRÍPTÚR NAOFA

AN PARABAL FAOIN MBAINTREACH AGUS AN BREITHEAMH

NÓTA DON MHÚINTEOIR: Sa pharabal seo agus i bPabal an tSamáraigh Mhaith, bhí Íosa ag cabhrú lena lucht éisteachta a thuiscint go bhfuil meas tuillte ag gach duine, beag beann ar a inscne nó ar a reiligiún, cúlra sóisialta nó eitneach.

An Parabal faoin mBaintreach agus an Breitheamh (Lúcás 18:2-8)

"Bhí, i gcathair áirithe, breitheamh nach raibh eagla Dé air ná beann ar dhuine aige. Bhí baintreach sa chathair sin freisin agus bhíodh sí ag teacht chuige, ag rá: 'Déan ceart dom in aghaidh fhear mo chúisithe,' ach níorbh áil leis é seal aimsire; ach sa deireadh dúirt sé ina aigne: 'Más ea féin nach bhfuil eagla Dé orm ná beann ar dhuine agam, ina dhiaidh sin, de chionn go mbíonn an bhaintreach seo do mo bhuaireamh, déanfaidh mé ceart di, le heagla go mbeadh sí ag teacht go deo ag crá mo chinn.'"

Agus dúirt an Tiarna: "Éistigí leis an mbreitheamh éagórach, a ndeir sé! Agus an ea nach ndéanfaidh Dia ceart dá mhuintir thofa féin a bhíonn ag éamh air de lá

is d'óiche, agus eisean ag déanamh foighne ina gcás? Deirim libh, déanfaidh sé ceart go grad. Ach nuair a thiocfaidh Mac an Duine, an bhfaighidh sé creideamh ar an talamh?"



Tar éis duit an parabal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- Cén fáth a ndeachaigh an bhaintreach chuig an mbreitheamh?
- Cad é mar a d'fhreagair an breitheamh don bhaintreach?
- Cad a rinne an bhaintreach ansin?
- Cad a shocraigh an breitheamh le déanamh sa deireadh? Cén fáth?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Cé acu a bhí cumhachtach – an breitheamh nó an bhaintreach? Cén fáth a gceapann tú é sin?
- Cad a chabhraigh leis an mbaintreach a cearta a fháil, ag deireadh an scéil?
- Cad a dúirt Íosa go raibh sé ag iarraidh ar dhaoine a fhoghlaim ón scéal seo? Conas a bhraitheann tú faoi Dhia, agus an t-eolas seo agat anois? Maidir le guí chun Dé?

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

PARABAIL ÍOSA

Nóta: Ag brath ar a roghnaíonn siad a dhéanamh, b'fhéidir go mbeadh cré nó ábhair thógála eile ag teastáil ó na páistí, chomh maith le péinteanna nó ábhair dhathúcháin eile, páipéar, sreang sholúbtha, gliú nó téip ghreamaitheach, agus siosúir don ghníomhaíocht seo.

- Roinn an rang i gceithre ghrúpa. Oibreoidh gach grúpa ar thaispeántas a chur i láthair a bhaineann le gach ceann de na parabail a bhuail siad leo i dTéama 3: Parabal an Ghráinne

Mustaird, Parabal an tSamáraigh Mhaith, Parabal an Bhoinn Airgid Chaillte, agus an Parabal faoin mBaintreach agus an Breitheamh.

- Nuair a bheidh a gcuid saothar ealaíne críochnaithe acu, tabhair cuireadh d'ionadaí ó gach grúpa chun labhairt faoina ndearna siad agus a mhíniú cad ba mhian leo a chur in iúl tríd a saothar ealaíne.
- Tabhair cuireadh do na páistí a saothar ealaíne a chur ar taispeáint sa spás urnaí.

Mairimis ...

CAD A MHÚIN TÚ?

Chuala na páistí an Parabal faoin mBaintreach agus an Breitheamh. D'fhreagair an breitheamh éagórach an bhaintreach, a bhí ag lorg ceartais uaidh. Insíonn Íosa dúinn go gcaithimid a bheith

dianseasmhach agus foighneach inár bpaidreacha. Freagraíonn Dia ár paidreacha, ach ní i gcónaí ar an gcaoi a mbímid ag súil léi nó sa tréimhse a theastaíonn uainn.

AG COMHRÁ

MAIDIR LE BHEITH AG GUÍ

Déan comhrá leis na páistí faoi urnaí, ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cathain a ghuíonn tú?
- Cé chuige a ghuíonn tú?
- Cad iad na focail a úsáideann tú agus tú ag guí? An úsáideann tú do chuid focal féin de ghnáth, nó an úsáideann tú paidreacha atá foghlamtha agat?
- Cé na paidreacha foirmiúla a úsáideann tú de ghnáth? Cén ceann is fearr leat?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- An dóigh leat go n-éistean Dia leat agus tú ag guí? Cén fáth a gceapann tú sin?
- Ar mhothaigh tú riamh nár chuala Dia do chuid paidreacha? Cén fáth a bhí le sin?
- Ar mhothaigh tú riamh nár chuala Dia do phaidir, agus ansin tharla rud éigin a d'athraigh d'intinn? Roinn cad a tharla.
- An dóigh leat go bhfreagródh Dia do phaidir trí rud a thabhairt duit nach raibh go maith duit? Cén fáth nó cén fáth nach bhfreagródh?

GNÍOMHAÍOCHT MHACHNAMHACH

AG MAIREACHTÁIL GO MAITH

Nóta: Beidh ocht leathanach bán A4 uait don ghníomhaíocht seo.

- Tosaigh le cuireadh a thabhairt do na páistí a bheith socair agus ciúin. Abair leo go bhfuil tú chun machnamh a léamh amach a cheaptar a bheith scríofa ag Naomh Treasa Calcúta (nó Kolkata). Ní mór dóibh éisteacht go han-chúramach leis an machnamh mar go bhfuil go leor comhairle mhaith ann maidir le conas ba chóir do dhaoine maireachtáil. Ansin léigh an machnamh go mall, ag glacadh sos i ndiaidh gach ráiteas.

Ar Aon Nós

Is minic go mbíonn daoine míréasúnta agus ag smaoineamh orthu féin amháin. Maith dóibh é sin ar aon nós.

Má bhíonn tú cineálta, is minic a cheapann daoine go bhfuil tú glic. Bí cineálta ar aon nós.

Má éiríonn go geal leat, beidh éad ar roinnt cairde agat agus beidh naimhde agat chomh maith. Lean ar aghaidh ar aon nós.

Má bhíonn tú macánta agus dílis, d'fhéadfadh daoine dallamullóg a chur ort. Bí macánta agus dílis ar aon nós.

An méid a chaitheann tú na blianta ag cothú, d'fhéadfadh daoine eile a scriosadh thar oíche. Cruthaigh é ar aon nós.

Má bhíonn suaimhneas agus áthas ort, d'fhéadfadh go mbeadh éad ar dhaoine eile. Bíodh áthas ort ar aon nós.

An tairbhe a bhaineann tú amach inniu, is minic a dhéantar dearmad air go tapa. Bain an tairbhe amach ar aon nós.

Déan do dhícheall, agus ní bheidh sé maith go leor riamh. Déan do dhícheall ar aon nós ...

- Roinn na páistí in ocht ngrúpa. Tabhair ceann de na hocht ráiteas sa mhachnamh thuas do gach grúpa. Tá an machnamh ar leathanach 30 dá gcuid leabhar, mar sin b'fhéidir go mbeadh sé cabhrach dóibh breathnú ar na focail ar an leathanach sin.
- Tabhair bileog páipéir do gach grúpa agus iarr

orthu an dara chuid dá ráiteas a scríobh ar bharr an leathanaigh. Mar shampla, an grúpa ar tugadh an chéad ráiteas dóibh scríobhfaidh siad na focail 'Maith dóibh é sin ar aon nós' ag barr an leathanaigh.

- Ansin tabhair nóiméad amháin do na páistí le scríobh ar a leathanach an oiread cásanna agus is féidir leo smaoineamh orthu a d'fhéadfadh a bheith i gceist ag na focail atá scríofa acu.
- Tar éis nóiméid, iarr orthu na bileoga a chur ar aghaidh i dtreo deiseal.
- Lean ar aghaidh ar an mbealach seo go dtí go mbeidh deis ag gach grúpa a smaointe a chur le

gach bileog. Cuir i gcuimhne na bpáistí nach cóir smaointe a athscríobh arís agus arís eile.

- Nuair a bheidh an tasc críochnaithe ag gach grúpa, tabhair deis dóibh breathnú ar na bileoga go léir agus labhairt faoi na samplaí atá scríofa orthu.
- Ar deireadh, iarr ar na páistí ceann de na samplaí ó aon cheann de na bileoga a thógáil agus é a scríobh sa chóipleabhar don Oideachas Reiligiúnach maidir le conas d'fhéadfaidís an sampla sin a chur i bhfeidhm ina saol féin.
- Iarr ar na páistí a gcuid bileoga a chur sa spás urnaí.



• Ullmhúchán:

Más féidir, bíodh na páistí ina suí thart nó gar don spás urnaí. Mura féidir é seo a dhéanamh, tabhair cuireadh dóibh a gcathaoireacha a chasadh i dtreo an spáis urnaí.

A chinntiú go n-áirítear cros chéasta/cros, coinneal, an Bíobla Naofa, síolta atá ag fás, leabharmharcanna na bpáistí agus bileoga na bpáistí a bhaineann le 'Bronntanais an Ghréasáin', 'Lámha Cabhartha' agus 'Grá Dé Dúinn' sa spás urnaí.

Roghnaigh ceathrar léitheoir. Tá na léachtaí ar fáil thíos agus féadfar iad a thaispeáint, nuair is gá, ar an gclár bán idirghníomhach.

A chinntiú go mbeidh saothar ealáine na bpáistí a bhaineann le Parabail Íosa le feiceáil.

Comhartha na Croise

Iomann Oscailte: Can iomann/amhrán oiriúnach.

Múinteoir (ag lasadh an choinneal): Tosaimid agus ár gcoinneal a lasadh. Cuireann ár gcoinneal i gcuimhne dúinn go bhfuil Dia linn.

Scéalaí iontach ba ea Íosa. Thaitin parabail leis ach go háirithe. Bhailigh daoine thart timpeall air chun a chuid parabail a chloisteáil. Múineann parabail Íosa dúinn faoi Dhia agus faoi Ríocht Dé - conas a oibríonn sí! Guimis go bhfásfaimid mar Phobal Dé, go gcuirimid Ríocht Dé chun cinn agus go mbeadh na parabail beo inár saol.

Éistimis anois le Parabal an Ghráinne Mustaird.

Léitheoir 1: Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh Lúcas.

Gach duine: Glóir duit, a Thiarna.

Léitheoir 1: Agus dúirt [Íosa]: "Cad leis a bhfuil ríocht Dé cosúil? Cad leis a gcuirfidh mé i gcomparáid i? Tá sí cosúil le gráinne de shíol mustaird a thóg duine agus a chaith sé uaidh ina gharraí, agus d'fhás sé agus rinne crann mór de agus chuaigh éanlaith an aeir ar foscadh ina chraobhacha." (Lúcas 13:18-19)

Soiscéal an Tiarna

Gach duine: Moladh duit, a Chríost.

Múinteoir: Déan machnamh anois ar feadh tamaill ar an méid a d'fhoghlaim tú ó Pharabal an Ghráinne Mustaird faoi conas is féidir tús a chur le rudaí móra.

Bíodh machnamh ann ar feadh tamaill.

Múinteoir: Éistimis anois le Parabal an Samárach Maith.

Léitheoir 2: Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh Lúcas.

Gach duine: Glóir duit, a Thiarna.

Léitheoir 2: D'éirigh dlíodóir ina sheasamh agus dúirt leis, á phromhadh: "A Mháistir, cad tá le déanamh agam chun go mbeinn páirteach sa bheatha shíoraí?"

Dúirt [Íosa] leis: "Cad tá scríofa sa dlí? Cad a léann tú ann?"

D'fhreagair sé agus dúirt: "'Gráfaidh tú do Thiarna Dia ó do chroí go hiomlán agus ó d'anam go hiomlán agus ó do neart go hiomlán agus ó d'aighe go hiomlán'; agus 'do chomharsa mar thú féin.'"

Dúirt [Íosa] leis: "Thug tú an freagra ceart: déan an méid sin agus beidh an bheatha agat."

Ach ó b'áil leis seo a cheart a phlé, dúirt sé le Íosa: "Agus cé hé mo chomharsa?"

Thug Íosa freagra air á rá: "Bhí fear ag dul síos ó Iarúsailéim go hIreachó, agus tharla i measc robálaithe é a rinne é lomadh agus é leadradh agus é a fhágáil ina ndiaidh leathmharbh. Ach le halt na haon uaire, bhí sagart ag dul síos an bóthar sin, agus ar a fheiceáil dó, ghabh sé don taobh thall thairis. Mar an gcéanna do Léiviteach: ar theacht chun na háite agus ar a fheiceáil dó, ghabh sé don taobh thall thairis. Ach, Samárach a bhí ag gabháil an bóthar, tháinig sé mar a raibh sé, agus ar a fheiceáil dó, ghabh trua é, agus chuaigh sé anonn chuige agus chuir ceangal ar a chreácht, tar éis dó ola agus fíon a dhoirteadh iontu; chuir sé ar mhuintir a bheithigh féin é, sheol go teach ósta é, agus rinne cúram de. Agus lá arna mháarach, thóg sé amach dhá dhéanar agus thug don óstóir iad agus dúirt: 'Déan cúram de, agus cibé méid a chaithfidh tú thairis sin, íocfaidh mé leat é ag filleadh dom.'

[Ansin dúirt Íosa:] Cé acu den triúr sin, do bharúil, ba chomharsa don té a tharla i líon na robálaithe?"

Dúirt sé: "An té a rinne an trócaire air."

Dúirt Íosa leis: "Imigh leat, agus déan féin mar an gcéanna." (Lúcas 10:25-37)

Soiscéal an Tiarna

Gach duine: Moladh duit, a Chríost.

Múinteoir: Déan machnamh anois ar feadh tamaill ar an méid a d'fhoghlaim tú ón bParabal faoin Samárach Maith faoi conas is cóir dúinn cabhrú le daoine eile.



Bíodh machnamh ann ar feadh tamaill.

Múinteoir: Éistimis anois le Parabal faoin mBonn Airgid Caillte.

Léitheoir 3: Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh Lúcas.

Gach duine: Glóir duit, a Thiarna.

Léitheoir 3: “Nó cén bhean a mbíonn deich ndrachma aici, má chailleann sí aon drachma amháin, nach lasann lampa agus an teach a scuabadh agus léirchuardach a dhéanamh nó go bhfaigheann é? Agus nuair a fhaigheann, glaonn sí a cairde agus mná a comharsan le chéile, ag rá: ‘Déanaigí comhghairdeas liom, óir, an drachma a bhí caillte agam, fuair mé é.’ Is amhlaidh sin, deirim libh, a bhíonn áthas i láthair aingeal Dé faoin aon pheacach amháin a dhéanann aithrí.” (Lúcás 15:8-10)

Soiscéal an Tiarna

Gach duine: Moladh duit, a Chríost.

Múinteoir: Déan machnamh anois ar feadh tamaill ar an méid a d’fhoghlaim tú ón bParabal faoin mBonn Airgid Caillte faoi conas a chuireann Dia fáilte roimh aon pheacach amháin a dhéanann aithrí.

Bíodh machnamh ann ar feadh tamaill.

Múinteoir: Anois éistimis leis an bParabal faoin mBaintreach agus an Breitheamh.

Léitheoir 4: Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh Lúcas.

Gach duine: Glóir duit, a Thiarna.

Léitheoir 4: “Bhí, i gcathair áirithe, breitheamh

nach raibh eagla Dé air ná beann ar dhuine aige. Bhí baintreach sa chathair sin freisin agus bhíodh sí ag teacht chuige, ag rá: ‘Déan ceart dom in aghaidh fhear mo chúisithe,’ ach níorbh áil leis é seal aimsire; ach sa deireadh dúirt sé ina aigne: ‘Más ea féin nach bhfuil eagla Dé orm ná beann ar dhuine agam, ina dhiaidh sin, de chionn go mbíonn an bhaintreach seo do mo bhuaireamh, déanfaidh mé ceart di, le heagla go mbeadh sí ag teacht go deo ag crá mo chinn.’”

Agus dúirt an Tiarna: “Éistigí leis an mbreitheamh éagórach, a ndeir sé! Agus an ea nach ndéanfaidh Dia ceart dá mhuintir thofa féin a bhíonn ag éamh air de lá is d’oíche, agus eisean ag déanamh foighne ina gcás? Deirim libh, déanfaidh sé ceart go grad. Ach nuair a thiocfaidh Mac an Duine, an bhfaighidh sé creideamh ar an talamh?” (Lúcás 18:1-8)

Soiscéal an Tiarna

Gach duine: Moladh duit, a Chríost.


Múinteoir: Déan machnamh anois ar feadh tamaill ar an méid a d’fhoghlaim tú ón bParabal faoin mBaintreach agus an Breitheamh agus faoi conas is cóir dúinn a bheith dianseasmhach agus sinn ag guí.


Bíodh machnamh ann ar feadh tamaill.

Múinteoir: Tugaim cuireadh daoibh na súile a dhúnadh anois. Le do ghuth taobh istigh gabh buíochas le Dia as an eagna a roinn Íosa linn i bParabal an Ghráinne Mustaird ... agus sa Pharabal faoin Samárach Maith ... agus sa Pharabal faoin mBonn Airgid Caillte ... agus sa pharabal faoin mBaintreach agus an Breitheamh ... Nuair atá tú réidh, oscail na súile ...

Amhrán deiridh: Can iomann/amhrán oiriúnach.

Comhartha na Croise





Grá Dé Dúinn

Téama 4: An Aidbhint agus An Nollaig

Ceacht 1: Zachairias agus Eiliosaibeit

Ceacht 2: An Eipeafáine

ÓN GCURACLAM

Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ

Rúndiamhair Dé

- Chabhraigh a gcreideamh le daoine in am an ghátair
- Gheall Dia go gcuirfeadh sé Slánaitheoir chugainn

Rúndiamhair Íosa Críost

- Tugann Íosa síocháin don domhan

Cruthú an Domhain

- Is neacha spioradálta iad na hAingil a adhrann Dia gan staonadh agus déanann siad freastal ar phleananna Dé chun neacha eile a shábháil

Muire

- Tugann an Eaglais grá speisialta do Mhuire an Mhaighdean Bheannaithe, Máthair Dé
- Is eiseamláir thar na bearta/ardcheannasach í an Mhaighdean Mhuire den chreideamh i nDia Uilechumhachtach mar chreid sí 'nach bhfuil aon rud dodhéanta do Dhia'
- Gríosann an Eaglais sinn chun paidreacha áille do Mhuire a rá: m.sh. Fáilte an Aingil

Traidisiúin Reiligiúnacha Eile

- Iarrann Dia ar Chaitlicigh meas a bheith acu ar chreideamh dhaoine eile, ar shaoirse reiligiúnach, difríochtaí a cheiliúradh agus oibriú

le chéile ar son aontachta

BRIATHAR DÉ

An Scrioptúr Naofa

- Lúc 1:5-25. Eiliosaibeit agus Zachairias
- Lúc 1:26-38. Teachtaireacht an Aingil
- Mth 2:1-12. Cuairteoirí ón Oirthear

LIOTÚIRGE AGUS URNAÍ

Urnaí Fhoirmeálta

- Fáilte an Aingil

Paidreacha Breise

- Paidreacha molta
- Freagraí an Aifrinn
- Paidreacha chuig na naoimh

An Bhliain Liotúirgeach

- Aidbhint agus an Nollaig: i rith na séasúr seo bíonn an Eaglais ag ullmhú chun lá breithe Íosa a cheiliúradh
- D'fhan clann Dé go dóchasach le teacht Dé ina measc
- Is é Séasúr na hAidbhint (ceithre sheachtain) tús na bliana Eaglasta
- Féilire na hAidbhint
- Féilte Liotúirgeacha Mhuire: Teachtaireacht an Aingil (25 Márta)
- Féile na hEipeafáine (Lá saoire Eaglasta: Nollaig na mBan)

ÓN GCROÍSHIOLLABAS DON OIDEACHAS REILIGIÚNACH

Tógtha ón gCroíshiollabas don Oideachas Reiligiúnach ón Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann (2007).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

CUSPÓIR FOGHLAMA 1

Foilsíú Dé

Beatha Íosa

e. Breith agus óige Íosa.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- Zachairias agus Eiliosaibeit (Lúcás 1:5-25).
- Freagra Mhuire (Lúcás 1:26-38).
- Cuairteoirí ón Oirthear (Matha 2:1-12)

Ceacht 1: Zachairias agus Eiliosaibeit

SULA DTOSAÍONN TÚ

Tá sé foghlamtha ag na páistí cheana féin gur am feithimh é an Aidbhint, am chun ullmhú le cuimhneamh ar bhreith Íosa um Nollaig agus é a cheiliúradh. Tá siad tugtha isteach cheana féin freisin do fhleasc na hAidbhinte agus do fhéilire na hAidbhinte. Sa cheacht seo cuirimid na páistí in aithne do Zachairias agus Eiliosaibeit, tuismitheoirí Eoin Baiste. Tabharfaidh siad teachtaireacht an aingil chun chuimhne freisin.

Do Chríostaithe, is tráth urnaí agus dóchas í an Aidbhint, agus muid ag fanacht le fáilte a chur roimh Chríost arís isteach inár gcroithe agus isteach inár saoil. Le linn na hAidbhinte cuimhnímid, freisin, mar a d'fhan Muire do bhreith a Mic, Íosa, agus mar a d'fhan Eiliosaibeit agus Zachairias freisin le plean Dé a chomhlíonadh.

EOCHAIRFHOCAIL

Liotúirge: Urnaí phoiblí na hEaglaise.

An Bhliain Liotúirgeach: An t-ainm atá ar na séasúir a cheiliúrtar i bhféilire na hEaglaise.

An Aidbhint: An chéad séasúr sa Bhliain Liotúirgeach. Is í an chiall a bhaineann leis an bhfocal 'Aidbhint' ná 'teacht'. Cuireann an Aidbhint tús le Bliain Liotúirgeach na hEaglaise – tréimhse ceithre seachtaine, a chríochnaíonn Lá Nollag, nuair a cheiliúraimid breith Íosa.

Breith Chríost: Ainm na féile a cheiliúránn breith Íosa Críost, Mac Dé agus Mac Mhuire. Tarlaíonn sé ar 25ú Nollaig agus is lá saoire fógartha eaglaise é.

Giolla: Duine a chuireann é/í féin i seirbhís duine eile. Sa Bhíobla, ciallaíonn 'Giolla Dé' duine atá tiomanta go hiomlán do thoil Dé a leanúint trí shaol grámhar a chaitheamh.

NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Ósais chiorclach, gearrthóga síorghlasa, cúig choinneal (3 vialait, 1 bándearg, 1 bán), cré/taos chun na coinnle a dhaingniú
- Buidéil líomanáide folamha, gaineamh, téip
- Cóip den teimpléad a bhaineann le *Fáilte an Aingil* (thíos) do gach grúpa
- Plátaí páipéir ciorclach, pinn luaidhe agus ábhair dhathúcháin

Féachaimis ...

AG COMHRÁ

MAIDIR LE FLEASC NA HAIDBHINTE

Tabhair cuireadh do na páistí cuimhneamh ar a bhfuil ar eolas acu faoi Fhleasc na hAidbhinte ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cad dó a sheasann na coinne ar Fhleasc na hAidbhinte? (Na seachtainí i séasúr na hAidbhinte a thagann roimh an Nollaig)
- Cén fáth go bhfuil trí choinneal vialait agus coinneal amháin bándearg ar an bhfleasc? (Coinneal le haghaidh gach ceann de cheithre sheachtain na hAidbhinte; úsáidtear an choinneal bhándearg ar an tríú seachtain)
- Cathain a lastar an cúigiú coinneal, an choinneal bhán? (Maidin Lae Nollag)

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

FLEASC NA HAIDBHINTE

Nóta: Chun fleasc na hAidbhinte a dhéanamh beidh na rudaí seo a leanas uait: ósais chiorclach; gearrthóga síorghlasa, cúig choinneal (3 vialait, 1 bándearg, 1 bán), agus cré/taos chun na coinnele a dhaingniú.

- Cuir an ósais ar maos in uisce agus cuir ar thráidire í. Déan é a mhaisiú leis na gearrthóga síorghlasa.
- Cuir an coinneal bhán sa lár agus déan é a dhaingniú le cré/taos.
- Cuir na coinnele eile go rialta timpeall an imill.
- Cuir an bhláthfhleasc sa spás urnaí.

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

ORLÁISTE UIBHE

Nóta: Beidh dhá bhuidéal líomanáide folamha, gaineamh agus téip uait do gach péire páiste. Beidh stopuaireadóir amháin, ar a laghad, uait freisin.

- Tabhair cuireadh do na páistí oibriú ina mbeirteanna chun orláiste uibhe simplí a dhéanamh.
- Iarr orthu seiceáil go bhfuil na buidéil glan agus tirim sula líonfar ceann acu le gaineamh – thart ar dhá thrían iomlán.
- Ansin cuidigh leis na páistí a fháil amach cé mhéad soicind a thomhasann an orláiste uibhe ag baint úsáid as an stopuaireadóir.
- Tabhair cuireadh dóibh barr gach buidéal a chlúdach le téip agus ansin poll a dhéanamh sa téip. Ansin socraíonn siad barr bhuidéil amháin go daingean leis an gceann eile ag baint úsáid as téip.
- Tabhair cuireadh do na páistí na horláistí uibhe a chur sa spás urnaí.

GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a thógáil le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh. Táimid ag tús bliain nua anois i bhféilire na hEaglaise ... Seo séasúr na hAidbhinte, a leanann thart ar cheithre sheachtain ... Tréimhse atá ann le bheith foighneach agus muid ag fanacht le breith Íosa ar bhealach speisialta inár gcroithe um Nollaig ... Cuireann ár

orláistí uibhe i gcuimhne dúinn go bhfuil an t-am ag dul thart ... Bíonn Dia réidh i gcónaí chun cabhrú linn an t-am seo a úsáid go ciallmhar go mbeimid réidh chun fáilte a chur roimh Íosa. Nuair a bhíonn tú réidh, oscail na súile.

Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.

Foghlaimimis ...

AG COMHRÁ

MAIDIR LE BHEITH AG FEITHEAMH

Déan comhrá leis na páistí faoi bheith ag feitheamh, agus na ceisteanna seo á n-úsáid agat nó ceisteanna cosúil leo:

- Sa lá atá inniu ann is féidir le daoine teacht ar fhaisnéis go tapa. An féidir leat samplaí a thabhairt ar an gcaoi ina tharlaíonn sé seo?
- Fiú, agus faisnéis láithreach a bheith againn, bíonn ar dhaoine fanacht ar rudaí fós. An féidir leat samplaí a thabhairt d'amanna nó cásanna ina mbíonn ar dhaoine fanacht? (m.sh. le haghaidh breith linbh, le haghaidh bus, le

haghaidh torthaí scrúduithe)

- Bhí ar mhuintir an tSean-Tiomna fanacht go foighneach agus go dóchasach go dtiocfadh plean Dé chun cinn. An féidir leat an scéal ón tSean Tiomna a léamar, a thabhairt chun cuimhne, faoi lánúin scothaosta a d'fhan le bronnantas an linbh a gheall Dia dóibh? (Abrahám agus Sára)

Ansin léigh an scéal 'Fógraítear Breith Eoin Baiste'.

AN SCRÍPTÚR NAOFA

FÓGRAÍTEAR BREITH EOIN BAISTE

Le linn séasúr na hAidbhinte cuimhnimid ar lánúin scothaosta eile, Zachairias agus Eiliosaibeit, a d'fhan go foighneach agus go dóchasach go dtiocfadh plean Dé chun cinn. Sagart sa Teampall ba ea Zachairias agus col ceathrar le Muire ba ea

Eiliosaibeit. Ní raibh clann ar bith acu. Lá amháin nuair a bhí túis á dhó ag Zachairias ag an altóir sa Teampall, tháinig aingeal ina láthair. Éistfimid anois leis an scéal mar a insítear é sa Soiscéal de réir Naomh Lúcas.

Fógraítear Breith Eoin Baiste (Lúcas 1:8-22, 24)

Tharla, agus é ag déanamh a ghnó sagairt i láthair Dé, ... dul isteach i sanctóir an Tiarna chun túis a dhó; agus bhí cuallacht iomlán an phobail amuigh ag guí in am na túise. Chonacthas dó aingeal ón Tiarna ina sheasamh ar dheis altóir na túise. Agus nuair a chonaic Zachairias é, bhí sé buartha agus tháinig uamhan air. Ach dúirt an t-aingeal leis: "Ná bíodh eagla ort, a Zachairias, óir tá éiste le do ghuí, agus béarfaidh do bhean Eiliosaibeit mac duit, agus tabharfaidh tú Eoin mar ainm air. Beidh áthas ort agus gairdeas, agus beidh mórán ag déanamh áthais faoina shaolú. Óir beidh sé mór i láthair an Tiarna; fíon ná deoch láidir ní ólfaidh; agus beidh sé líonta den Spiorad Naomh fiú amháin ó bhroinn a mháthar, agus iompóidh sé mórán de chlann Iosrael chun an Tiarna a nDia. Gluaisfidh sé roimhe amach le spiorad agus le cumhacht Éilias, chun croíthe na n-aithreacha a iompú i leith na clainne, agus lucht na heasumhla chun eagna na bhfíréan, chun pobal a dhiongbhála a ullmhú don Tiarna." Agus dúirt Zachairias leis an aingeal: "Conas a bheidh a fhios sin agam? Óir táim féin aosta, agus mo bhean anonn i mblianta."

Dúirt an t-aingeal leis á fhreagairt:



"Mise Gaibriél a sheasann i láthair Dé, agus cuireadh mé chun labhartha leat, agus na dea-scéala seo a thabhairt duit. Agus féach, beidh tú i do thost, agus gan ar chumas duit labhairt go dtí an lá a ndéanfar na nithe seo, de bhrí nár chreid tú mo bhriathra a chomhlíonfar ina dtráth féin."

Bhí an pobal ag feitheamh le Zachairias agus ba ionadh leo é bheith ag déanamh moille sa sanctóir. Ach ar theacht amach dó, ní fhéadfadh sé labhairt leo, agus bhí a fhios acu go raibh fis feicthe sa sanctóir aige. Agus bhí sé ag sméideadh orthu, agus d'fhan balbh.

Agus ina dhiaidh sin, ghabh a bhean, Eiliosaibeit, gin ...



Tar éis duit an sliocht ón Scriptúr a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- Cén rud neamhghnách a tharla do Zachairias sa Teampall?
- Cén teachtaireacht a thug an t-aingeal Gaibriél chuig Zachairias?
- Cé a chuir an t-aingeal Gaibriél chuig Zachairias?
- Conas mar a dhiúltaigh Zachairias teachtaireacht an aingil?
- Cad a dúirt an t-aingeal a tharlódh do Zachairias go dtí an t-am go dtiocfadh an gealltanas fíor?

- Conas a bhraith Zachairias nuair a d'fhág an t-aingeal é, meas tú?
- Cad a chabhraigh le Zachairias le linn an ama seo?
- An bhfuil aithne agat ar aon duine eile ar chabhraigh a chreideamh leo in am contúirteach? Inis dúinn faoi sin.
- Dá mbeifeá in áit Zachairias, an dóigh leat go gcreidfeá teachtaireacht an aingil? Cén fáth nó cén fáth nach gcreidfeá?
- Samhlaigh gur tusa duine de na daoine a bhuail le Zachairias nuair a tháinig sé amach as an Teampall. Cad a déarfá leis?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

Dirigh aire na bpáistí chuig leathanaigh 31 agus 32 dá leabhar.

RÓL IMIRT

ZACHAIRIAS AGUS EILIOSAIBEIT

- Tabhair cuireadh do na páistí péirí a dhéanamh le páiste amháin ag glacadh ról Zachairias agus an páiste eile ról Eiliosaibeit.
- Iarr orthu an comhrá a chruthú a d'fhéadfadh a bheith ar siúl idir Zachairias agus a bhean Eiliosaibeit nuair d'fhill Zachairias ón Teampall i

ndiaidh a chruinniú leis an aingeal Gaibriél.

- Tabhair cuireadh do roinnt páiste a gcuid drámaíochta a léiriú don rang.

AN SCRIPHTÚR NAOFA

TEACHTAIREACHT AN AINGIL

Bhí Muire, col ceathrar Eiliosaibeit, ina cónaí i mbaile Nazarat. Bhí Muire geallta le fear darbh ainm dó Iósae. Lá amháin, sé mhí tar éis do Zachairias agus Eiliosaibeit an nuacht a fháil go

mbeidís le bheith ina dtuismitheoirí le mac, tháinig an t-aingeal Gaibriél i láthair Mhuire. Tugtar *Teachtairacht an Aingil* air seo. Éistimis anois leis an scéal mar a insítear é sa Soiscéal de réir Lúcáis.

Fógraítear Breith Íosa (Lúcáis 1:26–38)

Sa séú mí, cuireadh an t-aingeal Gaibriél ó Dhia go dtí cathair sa Ghailíl darbh ainm Nazarat chun maighdine a bhí luaite le fear de theaghlach Dháiví darbh ainm Iósae, agus b'é ab ainm don mhaighdean, Muire. Agus ar a theacht isteach chuici dúirt: "Sé do bheatha, atá lán de ghrásta, tá an Tiarna leat; is beannaithe tú idir mná."

Ach bhí buaireamh uirthi de chionn na cainte, agus bhí sí ag machnamh cén sort beannachadh é seo. Ach dúirt an t-aingeal léi: "Ná bíodh eagla ort, a Mhuire, óir fuair tú gean ó Dhia. Agus féach, gabhfaidh tú gin agus béarfaidh tú mac agus tabharfaidh tú Íosa mar ainm air. Beidh sé mór, agus glaofar Mac an Té is airde air, agus tabharfaidh an Tiarna Dia dó

ríchathaoir Dháiví a athair, agus beidh sé ina Rí ar theaghlach Iacóib go brách, agus ní bheidh deireadh lena ríocht."

Dúirt Muire leis an aingeal: "Conas a bheidh seo amhlaidh, agus gan cuid agam d'fhear chéile?"

Agus dúirt an t-aingeal á freagairt: "Tuirlingeoidh an Spiorad Naomh ort, agus beidh cumhacht an té is airde ina scáil anuas ort, agus sin é an fáth a mbeidh an leanbh naofa; glaofar Mac Dé air. Agus féach, Eiliosaibeit do bhean ghaoil, ghabh sise mac freisin ina seanaois, agus is é seo an séú mí aici siúd a dúradh a bheith aimrid. Óir níl ní ar bith dodhéanta ag Dia."

Dúirt Muire: "Féach, mise banóglaigh an Tiarna; déantar liom de réir d'fhocail." Agus d'imigh an t-aingeal uaithi.

Tar éis duit an sliocht ón mBíobla a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- Cén teachttaireacht a thug an t-aingeal Gaibriél chuig Muire?
- Conas a d'fhreagair Muire do theachttaireacht an aingil?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Conas a mhothaigh Muire nuair a d'imigh an

t-aingeal uathí, meas tú?

- Dúirt Muire, 'Is mise banóglaigh (seirbhíseach) an Tiarna.' Conas a d'aithneofa seirbhíseach Dé?
- An bhféachann tú ort féin mar sheirbhíseach Dé? Cén fáth nó cén fáth nach bhféachann tú ort féin mar sin?

Abair leis na páistí go gceiliúrtar féile *Lá Theachttaireacht an Aingil* ar 25 Márta, naoi mí roimh féile *Bhreith Íosa*.

AG COMHRÁ

MAIDIR LE FÁILTE AN AINGIL

- Déan comhrá leis na páistí faoin dtraidisiún in Éirinn, clog an aingil a glaoch ag meán lae agus ag 6 i.n. gach lá chun a chur i gcuimhne do dhaoine sos a ghlacadh agus *Fáilte an Aingil* a rá - paidir faoi theachttaireacht an aingil agus breith Íosa. Cé nach bhfuil an traidisiún seo chomh forleathan agus a bhíodh sé tráth, glaotar clog an aingil fós in go leor séipéil in Éirinn ag na hamanna seo gach lá. Iarr ar an páistí ar chuala siad riamh clog an aingil ag glaoch ina séipéal áitiúil.
- Mínigh do na páistí, mar gheall ar nádúr ilchultúrtha shochaí na hÉireann sa lá atá inniu ann, go mbíonn na híomhánna a ghabhann le

glaoch clog an aingil ar theilifís RTÉ dhá uair sa lá, roghnaithe chun cabhrú le duine ar bith ar mian leo sos a ghlacadh ar feadh cúpla nóiméad chun machnamh a dhéanamh go laethúil.

- Fiafraigh de na páistí an bhfaca siad riamh na híomhánna seo agus/nó clog an aingil ar an dteilifís. B'fhéidir gur mhaith leat cuireadh a thabhairt do na páistí breathnú amach do chlog an aingil ar an dteilifís agus tuairisc a thabhairt ar ais chuig an rang ar an gcineál íomhánna a léirítear agus an gceapann siad an gcuideadh na híomhánna sin le daoine guí nó machnamh a dhéanamh.

PAIDIR

Ullmhúchán: Roimh nó le linn an phaidir seo a rá, b'fhéidir gur mhaith leat 'Clog an Aingil' a sheinm do na páistí. Tá *Fáilte an Aingil* le fáil ar leathanach 106 de leabhar na bpáistí.

Comhartha na Croise

Múinteoir: Guímis *Fáilte an Aingil* anois, paidir a thugann Teachttaireacht an Aingil agus breith Íosa chun cuimhne dúinn.

Múinteoir: Tháinig aingeal an Tiarna le scéala chun Muire...

Gach duine: Agus ghabh sí ón Spiorad Naomh. Sé do bheatha, a Mhuire ...

Múinteoir: Féach, mise banóglaigh an Tiarna,

Gach duine: Go ndéantar liom de réir d'fhocail. Sé do bheatha, a Mhuire ...

Múinteoir: Agus ghlac an Briathar colainn dhaonna...

Gach duine: Agus chónaigh sé inár measc. Sé do bheatha, a Mhuire ...

Múinteoir: Guigh orainn, a Naomh-Mháthair Dé...

Gach duine: Ionas go mb'fhiú sinn geallúna Chríost.

Múinteoir: A Thiarna,
Líon ár gcroíthe le do ghrá,
Agus faoi mar a nocht tú dúinn trí aingeal
Teacht do Mhic i gcolainn dhaonna,
Treoraigh sinn, dá bhrí sin, trína fhulaingt agus a bhás
Go glóire a aiséirí,
Mar is é a mhaireann agus a rialaíonn in éineacht leatsa agus leis an Spiorad Naomh,
Aon Dia, trí shaol na saol.
Gach duine: Áiméan.

Comhartha na Croise

Mairimis ...

CAD A MHÚIN TÚ?

Cuireann an Aidhint tús le Bliain na hEaglaise, nuair a ullmhaímid chun cuimhne agus ceiliúradh a dhéanamh ar bhreith Íosa um Nollaig agus fáilte a chur roimh Íosa isteach inár gcroíthe ar bhealach speisialta. Tréimhse atá san Aidhint le haghaidh feithimh, paidir agus dóchais. Le linn an ama sin cuimhnímid ar Zachairias agus ar Eiliosaibeit, a ghuigh go mbeadh leanbh acu, agus

d'fhreagair Dia a n-urnaí. Cuimhnímid freisin ar Theachtaireacht an Aingil, a insíonn dúinn conas mar a d'fhreagair Muire glaoch Dé chun a bheith ina máthair dá Mhac, Íosa, agus conas mar a d'fhan sí go foighneach le breith Íosa. Cuireann na scéalta seo ón Scrioptúr Naofa i gcuimhne dúinn go gcuirtear toil Dé i gcrích in aimsir Dé – agus go mbíonn orainn uaireanta fanacht!

GNÍOMHAÍOCHT SHEICHEAMHÚ

FÁILTE AN AINGIL

Fáilte an Aingil

Nóta: Beidh ort cóipeanna den teimpléad (thíos) a dhéanamh, a thaispeánann focail *Fáilte an Aingil*, agus iad a ghearradh i stiallacha.

- Eagraigh an rang i ngrúpaí.
- Tabhair sraith iomlán de 'Fáilte an Aingil' do gach grúpa agus iarr orthu línte an urnaí a chur san ord ceart.

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

CLOG NA hAIDBHINTE

NÓTA DON MHÚINTEOIR: Cuireann an Phaidir chuig an Aingeal Coimhdeachta i gcuimhne na bpáistí gur chruthaigh Dia aingil mar theachtairí agus chun muid a chosaint.

Nóta: Beidh plátaí páipéir ciorclacha, pinn luaidhe agus ábhar dathúcháin ag teastáil don ghníomhaíocht seo.

- Tosaigh ag cuimhneamh leis na páistí gur tréimhse feithimh don Nollaig atá san Aidhint. Fiafraigh díobh an cuimhin leo cad a rinne Muire nuair a bhí sí ag fanacht le breith Íosa. (Thug sí cuairt ar a col ceathrar Eiliosaibeit, a bhí ag súil le leanbh freisin.)
- Spreag na páistí le labhairt faoi rudaí éagsúla a d'fhéadfaidís a dhéanamh le linn na hAidbhinte agus iad ag feitheamh le fáilte a chur roimh Íosa ina gcroíthe um Nollaig.
- Dáil amach na plátaí páipéir agus na hábhair ealaíne. Tabhair cuireadh do na páistí líne ingearach a tharraingt síos lár a pláta, agus ansin líne cothrománach a tharraingt, ionas go roinntear an pláta i gceithre cheathrú.
- Iarr ar na páistí ceann amháin de na teidil seo a leanas a scríobh i ngach ceathrú: **Tabhair Cuairt, Guigh, Cabhraigh, Éist**. Is é an tasc atá acu ná scríobh faoi na ceithre theideal seo gníomhartha grá a dhéanfaidís siad do dhaoine eile le linn na hAidbhinte, mar a bhíonn siad ag

fanacht agus ag ullmhú le haghaidh na Nollag.

- D'fhéadfá roinnt samplaí a thabhairt dóibh, cosúil le:

Tabhair cuairt


ar ghaol/
chomharsa
scothaosta;

Guigh chuig a n-aingeal coimhdeachta chun iad a threorú chun áthas na Nollag a thabhairt do dhaoine eile;

Cabhraigh le máithreacha agus le haithreacha gnóthacha le feighlíocht páistí agus gníomhaíochtaí eile;

Éist le haghaidh clog an aingil gach lá.

- Cuir na 'Cloig Aidbhinte' críochnaithe sa spás urnaí.





PAIDIR

Comhartha na Croise

Iomann Oscailte: Can iomann/amhrán oiriúnach

Múinteoir: Bímis socair agus ciúin ar feadh nóiméid agus sinn ag machnamh ar an Aidbhint, an séasúr nuair a bhímid ag ullmhú chun breith Íosa a cheiliúradh agus chun fáilte a chur roimhe inár gcroí. A Dhia ghrámhair, tabhair dúinn an grásta a theastaíonn uainn fanacht go foighneach le linn an tséasúir seo. (Sos)

Tréimhse atá san Aidbhint nuair a fhanaimid go dóchasach. A Dhia ghrámhair, tabhair dúinn an grásta le dóchas a choinneáil beo inár gcroí le linn an ama seo. Déanfaimid machnamh ar feadh nóiméid anois maidir leis an tslí is fearr chun fáilte a chur roimh Íosa inár gcroí ar bhealach speisialta um Nollaig. (Sos)

Comhartha na Croise

Ceacht 2: An Eipeafáine



SULA DTOSAÍONN TÚ

I rith laethanta dorchá an gheimhridh bímid ag fanacht leis an solas a thugann Críost dúinn um Nollaig. Bíonn na coinne ar lasadh go geal ar Fhleasc na hAidbhinte, bíonn na maisiúchain ag lonradh ar na crainn Nollag, agus cuimhnímid ar an réalta a threoraigh an Triúr Saoithe go Beithil. Is ansin a bhraith siad solas ghrá Dé, nuair a rugadh a Mhac, Íosa.

Sa cheacht seo cuirimid an bhéim ar an Triúr Saoithe, agus ar bhronntanas Íosa mar sholas an domhain. Tabharfaimid na páistí isteach freisin chuig Naomh Laoiseach, a thug solas Chríost isteach i saoil daoine eile.

EOCHAIRFHOCAIL

An Eipeafáine: Ceiliúrtar an lá fhéile seo ar an lá deiridh de shéasúr na Nollag, an 6 Eanáir. Ar an lá seo, smaoinímid ar chuairt an Triúr Saoithe ar an stábla i mBeithil. Tugtar Nollaig na mBan ar an bhféile seo in Éirinn. Lá Saoire Fógartha Eaglaise atá san Eipeafáine.

Laethanta Saoire Fógartha Eaglaise: In Éirinn, tá sé Lá Saoire Fógartha Eaglaise ann:

- Breith ár dTiarna (25 Nollaig)
- An Eipeafáine (6 Eanáir)
- Lá Fhéile Pádraig (17 Márta)
- Deastógáil na Maighdine Beannaithe Muire (15 Lúnasa)
- Na Naoimh Uile (1 Samhain)
- Giniúint gan Smál na Maighdine Beannaithe Muire (8 Nollaig)

Iarrann an Eaglais Chaitliceach ar bhaill na hEaglaise freastal ar Aifreann ar Laethanta Saoire Fógartha Eaglaise.

Mairtíreach: Duine a chuirtear chun báis ar son a chreideamh.

NITHE A BHEIDH AG TEASTAIL UAIT

- Rogha cnaguirilísí
- Cóip den teimpléad leis an réalta (thíos) agus cárta A4 (roghnach) do gach páiste, ábhair dhathúcháin glioscarnach, pollaire, siosúr, sreangán, gliú agus crochadán éadagh amháin nó níos mó
- Bileog páipéir nó cárta A4 do gach páiste
- Mainséar le figiúirí den Triúr Saoithe

Féachaimis ...

AG COMHRÁ

MAIDIR LE SCÉALTA NA NOLLAG SA BHÍOBLA

Déan comhrá leis na páistí faoi na scéalta ar fad faoin Nollaig gur cuimhin leo ón mBíobla. Scríobh ainmneacha na scéalta a chuimhníonn siad orthu ar chairt nó ar an mbord. Is cosúil go ndéanfaidh siad cuid de na scéalta seo a leanas a lua:

- Teachtaireacht an Aingil (An t-aingeal Gaibriél i láthair Mhuire)
- Cuairt na Maighdine Muire ar Eiliosaibeit (cuairt Mhuire ar a col ceathrar Eiliosaibeit)
- Na hAoirí agus na hAingil
- Breith Íosa
- An Triúr Saoithe/an Eipeafáine
- An Toirbhirt sa Teampall
- Anna agus Simeon

AITHNE A CHUR AR

NAOMH LAOISEACH

Le blianta fada, rinne go leor daoine iarracht solas Chríost a thabhairt chuig daoine eile. Ba dhuine de na daoine sin í Naomh Laoiseach.

Scéal Naomh Laoiseach

Rugadh Naomh Laoiseach (ar a dtugtar Naomh Lucia freisin) (c. 283–304) i Sioracús sa tSicil, oileán ar chósta theas na hIodáile. Ré Impireacht na Róimhe a bhí ann ag an am, agus bhí an saol deacair do Chríostaithe. Bhíodh saighdiúirí Rómhánacha ar na sráideanna réidh le Críostaithe a chiapadh, a ghabháil nó a mharú.

Críostaí cráifeach ba ea Laoiseach agus thug a creideamh misneach di. Bhuail sí le Críostaithe eile san oíche faoi rún, i bpluaiseanna faoin talamh, ar a dtugtar na catacóim orthu, agus is ansin a thugaidís adhradh do Dhia go rúnda. Is minic a thug Laoiseach bia do na Críostaithe ansin, a raibh ocras orthu. D'fhonn a bheith in ann níos mó bia a iompar ina dá láimh, lasfadh sí a cosán sa dorchadas le coróin choinnle caite ar a ceann. Dúradh leis na húdaráis an méid a bhí á dhéanamh ag Laoiseach; níor dhiúltaigh sí a creideamh Críostaí, agus mar sin cuireadh chun báis í. Mairtíreach atá inti.

Mar sin féin, ní dhearnadh dearmad ar

an mbean chróga seo. Tar éis a báis, rinneadh naomh di. Déanann daoine ar fud an domhain cuimhneamh ar Naomh Laoiseach fós. Siombail de sholas Chríost, i dtréimhse na heagla agus an dorchadais, atá inti. Éarlamh na súl, foinse solais an choirp, atá inti freisin. Is minic a iarrann daoine le fadhbanna súl cabhair ar Naomh Laoiseach.

Sa tSualainn cuimhníonn daoine ar Naomh Lucia (Naomh Laoiseach) ar 13 Nollaig. Leanann an traidisiún 'borróga Naomh Lucia' a ithe ar an lá sin. Maidin an 13 Nollaig, éiríonn an cailín is óige sa teach go luath agus cuireann sí gúna bán uirthi féin. Ansin cuireann sí coróin choinnle ar a ceann, cosúil le Naomh Lucia. Ansin tugann sí deochanna agus borróga dá clann nuair atá siad fós sa leaba.

Cuireann an maitheas agus an solas a léiríonn Naomh Laoiseach i gcuimhne do dhaoine, go mbuann an solas ar an ndorchadas agus díríonn sé sinn i dtreo Chríost, ár solas. Ceiliúraimid breith an tsolais um Nollaig.

Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 34 dá leabhair.

Nóta: Tá an phaidir chuig Naomh Laoiseach le fáil thíos.

Comhartha na Croise

Múinteoir: Inniu gabhaimid buíochas le Dia as saol na naomh. Tabhair chun cuimhne ar feadh nóiméid cuid de na naoimh atá ar eolas agat.

Déan machnamh ar feadh nóiméid.

Múinteoir: Iarraimid anois ar na naoimh atá ar eolas againn guigh orainn, agus liodán na naomh á rá againn. Is é an freagra ná: *Guigh orainn.*

Naomh Proinsias.

Gach duine: Guigh orainn.

Múinteoir: Naomh Pádraig.

Gach duine: Guigh orainn.

Múinteoir: Naomh Bríd.

Gach duine: Guigh orainn.

Múinteoir: Naomh Uinseann de Pól.

Gach duine: Guigh orainn.

Múinteoir: Naomh Treasa Calcúta (Kolkata).

Gach duine: Guigh orainn.

Múinteoir: Guímis le chéile anois chuig Naomh Laoiseach.

Gach duine: A Naoimh Laoiseach, ‘solas’ an chiall a bhaineann le d’ainm, fuair tú grásta Dé agus mhair tú sa chreideamh. Léirigh tú misneach agus flaithiúlacht mhór i rith do shaol. Cabhraigh liom mo shúile a úsáid go ciallmhar. Go mbeidh mé aireach dóibh siúd a bhfuil cabhair uathu. Tabhair misneach dom solas agus grá Dé a thabhairt dóibh siúd go léir a mbuailim leo gach lá. Áiméan.

Comhartha na Croise

Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.

Foghlaimimis ...

AN SCRÍOPTÚR NAOFA

CUAIRTEOIRÍ ÓN OIRTHEAR

Cuimhníonn an Eaglais ar chuairt an Triúr Saoithe ar an leanbh nuabheirthe Íosa sa stábla i mBeithil, ar fhéile na hEipeafáine, a cheiliúraimid ar 6 Eanáir. Bhí na saoithe tar éis réalta a leanúint, a thug go dtí an stábla iad. D'aithin siad gurbh é Íosa Mac Dé agus thug siad adhradh dó. Seo é an scéal mar a insítear é sa Soiscéal de réir Mhatha.

Cuairteoirí ón Oirthear (Matha 2:1-12)

Nuair a bhí Íosa saolaithe i mBeithil Iúdáia in aimsir Héaróid rí, tháinig saoithe ón aird thoir go dtí Iarúsailéim ag fiafraí: "Cá bhfuil an leanbh seo atá saolaithe, Rí na nGiúdach? Mar chonaiceamar a réalta ag éirí, agus thángamar ag déanamh ómóis dó."

Nuair a chuala Héaród rí an méid sin, bhí sé corraithe, agus Iarúsailéim go léir mar an gcéanna. Thionóil sé le chéile uachtaráin na sagart agus scríobhaithe an phobail, agus d'fhiafraigh díobh cén áit a raibh an Críost le saolú.

D'inis siad dó: "I mBeithil Iúdáia: óir sin é atá sa scríbhinn ón bhfaidh:

'Thusa, a Bheithil, i dtalamh Iúdá, níl tú baol ar an té is lú i measc prionsaí Iúdá, óir is asat a thiocfaidh ceann urra a bheidh ina aoire ar mo phobalsa, Iosrael.'"

Ansin chuir Héaród fios ar na saoithe os íseal agus fuair tuairisc uathu ar an am a bhfacthas an réalta. Chuir sé go Beithil iad ansin agus dúirt: "Imígí agus cuirigí fiafraí ghéar ar an leanbh. Nuair a bhíonn sé faighte agaibh, cuirigí scéala chugam chun go rachainn

féin ann ag déanamh ómóis dó."

Nuair a chuala siad caint an rí, d'imigh siad leo. Agus an réalta, a bhí feicthe acu roimhe sin ag éirí, ghluais sí rompu go dtí gur stad sí os cionn na háite ina raibh an leanbh. Nuair a chonaic siad an réalta, bhí áthas an-mhór orthu. Agus ar dhul isteach sa teach dóibh, chonaic siad an leanbh le Muire a mháthair, agus d'umhlaigh siad go talamh ag déanamh ómóis dó. Agus d'oscail siad a gcistí agus d'ofráil siad tabhartais dó, ór agus túis agus miorra.

Agus ó fuair siad foilsíú i mbrionglóid gan dul ar ais go dtí Héaród, ghabh siad bóthar eile abhaile chun a dtíre féin.



Tar éis duit an sliocht ón mBíobla a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Cén fáth ar lean an Triúr Saoithe an réalta?
- Cé a d'inis do Rí Héaród cá raibh an Meisias le saolú?
- Cén treoir a thug Rí Héaród do na Saoithe ón Oirthear?
- Cad a fuair na Saoithe sa stábla?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Cén fáth nár lean na Saoithe treoracha Héaróid an Rí?
- Conas a bhraith na Saoithe nuair a chonaic siad an leanbh Íosa, meas tú?
- Cén fáth, meas tú, a thug siad bronntanais don leanbh?
- Cén fáth, meas tú, ar tugadh 'An Triúr Saoithe' ar na fir seo?

Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 35 dá leabhar.

GNÍOMHAÍOCHT CHEOIL

BÍMIS AG CEILIÚRADH

- Tabhair cuireadh don rang oibriú le chéile chun píosa ceoil a chumadh a léiríonn cad a tharlaíonn le linn shéasúir na hAidbhinte agus na Nollag. Is féidir leo cnaguirisí a úsáid agus/nó aon uirlisí eile dá rogha féin.
- Is fearr go mairfeadh an píosa nóiméad nó dhó. Mol dóibh dhá stíl/rithimí/luasanna difriúla a úsáid: bíodh an chéad stíl go mall, chun an

Aidbhint agus an t-am a léiríú ag fanacht leis an Nollaig, agus an dara cuid a bheith níos tapúla, chun ceiliúradh a chur in iúl do bhreith Íosa.

- Iarr ar na páistí an píosa a chleachtadh cúpla uair ionas go mbeidh siad in ann é a chur i láthair arís le linn na seirbhíse urnaí ag deireadh an téama.


GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

MÓIBÍLÍ A LÉIRÍONN ‘SOILSE AN DOMHAIN’

Nóta: Beidh cóip den teimpléad leis an réalta (thíos) ag teastáil uait agus cárta A4 (roghnach) do gach páiste, ábhair dhathúcháin glioscarnach, pollaire, siosúr, sreangán agus crochadán éadaigh amháin nó níos mó don ghníomhaíocht seo.

- Tabhair cóip den teimpléad leis an réalta do gach páiste (thíos).
- B’fhearr go ndéanfaidh na páistí an teimpléad a ghreamú ar chárta le gliú ar dtús, roimh an réalta a ghearradh amach.
- Tabhair cuireadh do na páistí a scríobh ar an ‘réalta’ bealaí inar féidir leo solas Chríost a thabhairt do dhaoine eile – sa bhaile, ar scoil nó sa cheantar áitiúil.

- Lig do na páistí a réaltaí a mhaisiú ag baint úsáid as dathanna geala nó ábhair lonracha eile.
- Iarr orthu poll a dhéanamh ag barr a ‘réalta’ agus é a ceangail le crochadán éadaigh le píosa téad.
- Iarr orthu áit a fháil dá réalta sa/in aice leis an spás urnaí.



SCÉAL

SÉASÚR TABHARTHA ATÁ SA NOLLAIG

Leanann séasúr na Nollaig ar feadh dhá lá déag, agus críochnaíonn sé ar fhéile na hEipeafáine. Roinn an scríbhneoir Frank O'Connor (1903–66) an t-eispéireas a bhí aige agus cuairt a thabhairt ar mhainséar na Nollaig agus é ina bhuachaill óg. Seo mar a scríobh sé:

‘Nollaig amháin, thug San Nioclás inneall gaile mar bhronntanas dom. Thóg mé liom é go dtí an clochar, agus bhí mé ag súgradh leis fad is a bhí mo mháthair agus na mná rialta ag comhrá le chéile. Ach ba í bean rialta óg a thóg go dtí an mainséar mé. Nuair a chonaic mé an Leambh Naofa sa mhainséar, bhí mé trí chéile, toisc nach raibh rud ar bith aige ... D’iarr mé ar an mbean rialta óg an amhlaidh nár thaitin bréagáin leis an Leambh Naofa, agus d’fhreagair sí: “Ó, is maith leis bréagáin ach tá a mháthair

ró-bhocht chun iad a cheannach dó.”

Bhí mo mháthair bocht freisin, ach um Nollaig d’éirigh léi rud éigin a cheannach dom, fiú amháin más bosca criáin amháin a bhí ann. Is cuimhin liom go cruinn go ndeachaigh mé isteach sa mhainséar agus chuir mé an t-inneall gaile ina dhá láimh. Is dócha gur léirigh mé dó conas é a thocras chomh maith, toisc nach mbeadh a fhios ag leanbh chomh beag le sin conas é a dhéanamh.’

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cad a fuair an buachaill óg ó Dhaidí na Nollag?
- Cén fáth nach raibh bréagán ar bith ag an leanbh Íosa, dar leis an bhean rialta?
- Cad a chinn an buachaill óg a dhéanamh, agus cén fáth?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Cad a insíonn gníomhartha an ghasúir duit faoi cén cineál duine ab ea é?
- Ar thug tú uait riamh go grámhar rud éigin a bhí ann speisialta duit? Déan cur síos ar conas a bhraith tú ag an am.
- An cuimhin leat bronntanas a fháil riamh a chuaigh i dteagmháil le do chroí go mór? Roinn an scéal.

DÍOSPÓIREACTH RANGA

BRÍ NA NOLLAG

- Tabhair cuireadh do na páistí páirt a ghlacadh i ndíospóireacht ar an tairiscint: 'Is faoi na bronntanais a gheobhaimid a bhaineann brí na Nollag.'
- Roinn an rang i ndhá ghrúpa, grúpa amháin

le tacaíocht a thabhairt don tairiscint agus an grúpa eile chun cur ina choinne.

- Tabhair cúpla nóiméad do na páistí chun smaoineamh ar na hargóintí a dhéanfaidh siad sula dtosaíonn an díospóireacht.

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

BRONNTANAS d'ÍOSA

- Iarr ar na páistí a shamhlú cad a d'fhéadfadh siad a thabhairt mar bhronntanas don leanbh Íosa sa stábla i mBeithil dá mbeidís beo ag an am sin.

- Spreag iad le líníochtaí, focail, siombailí nó cibé rud a cheapann siad atá oiriúnach chun brí an bhronntanais atá i gceist acu, a chur in iúl.

COMHAD FÍRICÍ

NOLLAIG NA MBAN

Mínigh do na páistí go dtugtar 'Nollaig na mBan' ar fhéile na hEipeafáine freisin. Tugtar an t-ainm seo air, mar san am atá thart in Éirinn, rinne mná an chuid is mó den obair chun ullmhú don Nollaig – an chócaireacht, glanadh an tí, na bronntanais a cheannach, srl. – mar sin tugadh lá amháin saoire dóibh ar an 6 Eanáir. Ar an lá seo, dhéanfaidh na fir an obair tí ar fad agus ligfeadh na mná a scíth – iad ag súil le seirbhís a fháil seachas a bheith mar sheirbhíseach do gach éinne eile!

Seiceáil tuiscint na bpáistí ag úsáid ceisteanna cosúil le:

- Cathain a dhéantar Nollaig na mBan a cheiliúradh?
- Conas a thosaigh traidisiún Nollaig na mBan? Cén fáth ar tugadh an t-ainm sin air?
- Conas is féidir leat traidisiún Nollaig na mBan a choinneáil sa bhaile agat? Tabhair samplaí den méid a d'fhéadfá a dhéanamh.

Mairimis ...

CAD A MHÚIN TÚ?

Lean an Triúr Saoithe an réalta geal a thug go dtí an áit inar rugadh Íosa iad. D'aithin siad Íosa mar Mhac Dé agus thug siad adhradh dó. Déanaimid é seo a cheiliúradh ar 6 Eanáir, féile na hEipeafáine. Ceiliúrtar an lá seo go traidisiúnta mar *Nollaig na mBan* in Éirinn freisin. Thóg Naomh Laoiseach (Naomh Lucia) solas Chríost isteach i saoil na ndaoine trína gníomhartha seirbhíse agus grá. Cabhraíonn Íosa, solas an domhain, linn inniu solas a ghrá a thabhairt do dhaoine eile.

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

CÁRTA 'AR DO SHEIRBHÍS'

Nóta: *Beidh bileog páipéir nó cárta A4 ag teastáil le haghaidh gach páiste.*

- Cuir scéal Naomh Laoiseach i gcuimhne do na páistí agus conas mar a fhreastal sí ar dhaoine eile trína gníomhartha grá agus cineáltais.
- Tabhair traidisiún *Nollaig na mBan* chun cuimhne freisin agus cad a chuir tús leis.
- Tabhair cuireadh do na páistí smaoineamh ar conas a d'fhéadfaidís freastal ar na daoine a thugann aire dóibh sa bhaile ar 6 Eanáir, ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:
 - » Smaoinigh orthu siúd a thugann aire duit féin agus ar na daoine eile i do theach. An dóigh leat go mbeadh sé go maith rud éigin speisialta a dhéanamh dóibh ar fhéile na hEipeafáine? Cén fáth nó cén fáth nach mbeadh sé? Más ea, cad a d'fhéadfá a dhéanamh?
- Tabhair bileog pháipéir nó cárta A4 do gach páiste agus tabhair cuireadh dóibh rud éigin a scríobh air a dhéanfaidh siad don duine (nó na daoine) atá ainmnithe acu ar 6 Eanáir. Iarr orthu an cárta a mhaisiú agus é a sheachadadh nuair a théann siad abhaile.

Ullmhúchán:

- Más féidir, bíodh na páistí cruinnithe in aice an mhainséir.
- Bíodh cros chéasta/cros agus coinneal sa spás urnaí.
- Roghnaigh triúr páiste chun na fíoracha de na saoithe a chur sa mhainséar le linn na seirbhíse.
- Roghnaigh léitheoir amháin. Tá an sliocht le fáil thíos agus féadfar é a thaispeáint, nuair is gá, ar an gclár bán idirghníomhach.
- Roghnaigh páiste amháin chun an Bíobla Naofa a iompar go dtí an spás urnaí.

Nóta: Tabhair cuireadh do na páistí carúl Nollag a roghnú a chanfar ag deireadh na seirbhíse.

Deasghnáth: Mórshiúl leis an mBíobla

Glacann dalta amháin an Bíobla Naofa agus tógann go dtí an spás urnaí é. Cuireann an dalta an Bíobla Naofa ar an dtábla, umhlaíonn agus filleann sé/sí ar ais chuig a s(h)uíochán.

Comhartha na Croise

Iomann Oscailte: 'Oíche Chiúin'

Múinteoir: Cuimhnímid gur Briathar inspioráide Dé atá sa Bhíobla. Tá Dia i láthair ina Bhriathar. Éistimid nuair a léitear Briathar Dé. Cloisimid anois faoi mar a lean na saoithe an réalta go dtí gur stop sí thar an mhainséir, áit a chonaic siad an leanbh Íosa, le Muire agus Iósaf.

Tógann an múinteoir an Bíobla ón dtábla agus tugann sé/sí é go sollúnta don pháiste a dhéanfaidh an sliocht a chraobhscaoileadh. Leis an mBíobla ina lámha, seasann an dalta os comhair an ranga.

Léitheoir: Go raibh an Tiarna libh.

Gach duine: Agus le do spiorad.

Léitheoir: Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh Matha.

Gach duine: (Agus Comhartha na Croise á ghearradh acu ar an éadan, na beola agus an t-ucht): Glóir duit, a Thiarna.

Léitheoir: Nuair a chuala siad caint an rí, d'imigh siad leo. Agus an réalta, a bhí feicthe acu roimhe sin ag éirí, ghluais sí rompu go dtí gur stad sí os cionn na háite ina raibh an leanbh. Nuair a chonaic siad an réalta, bhí áthas an-mhór orthu. Agus ar dhul isteach sa teach dóibh, chonaic siad an leanbh le Muire a mháthair, agus d'umhlaigh siad go talamh ag

déanamh ómóis dó. Agus d'oscail siad a gcistí agus d'ofráil siad tabhartais dó, ór agus túis agus miorra. Agus ó fuair siad foilsíú i mbrionglóid gan dul ar ais go dtí Héaród, ghabh siad bóthar eile abhaile chun a dtíre féin. (Matha 2:9-12)

Soiscéal an Tiarna.

Gach duine: Moladh duit, a Chríost.

Múinteoir: Inniu cuimhnímid ar scéal iontach bhreith Íosa. Cosúil leis na saoithe, molaimid Mac Dé, solas an domhain. Guímid go dtabharfaidh solas Chríost treoir dúinn grá agus seirbhís a thabhairt do dhaoine eile i rith na Nollag. Is é an freagra ná: *Bíodh solas Chríost ag éirí inár gcroí.*

Gach duine: Bíodh solas Chríost ag éirí inár gcroí.

Múinteoir: Agus sinn ag féachaint ar an mainséar, cuimhnímid gur chuir Muire agus Iósaf fáilte roimh na saoithe agus thug siad cuireadh dóibh a n-áthas a roinnt. Cuirfimis fáilte roimh gach duine a thagann isteach inár seomra ranga agus inár dtithe an Nollaig seo.

Gach duine: Bíodh solas Chríost ag éirí inár gcroí.

Múinteoir: Agus an chéad saoi á chur sa mhainséar againn, cuimhnímid ar an gcaoi a chonaic na saoithe an réalta geal agus go raibh muinín acu i maitheas Dé. (*Cuireann dalta fíor den chéad saoi sa mhainséar*)

Gach duine: Bíodh solas Chríost ag éirí inár gcroí.

Múinteoir: Agus an dara saoi á chur sa mhainséar againn, cuimhnímid ar an misneach a bhí ag na saoithe agus iad sa dorchadas. (*Cuireann dalta fíor den dara saoi sa mhainséar*)

Gach duine: Bíodh solas Chríost ag éirí inár gcroí.

Múinteoir: Agus an tríú saoi á chur sa mhainséar againn, cuimhnímid ar an gcaoi a choinnigh na saoithe a gcreideamh agus a misneach agus iad ag cuardach Rí na Ríthe. (*Cuireann dalta fíor den tríú saoi sa mhainséar*)

Gach duine: Bíodh solas Chríost ag éirí inár gcroí.

Múinteoir: Glacaimis sos agus féachaimis ar an mhainséar agus sinn ag guí go bhfanfaidh solas Chríost linn i rith séasúr na Nollag. Guímis le chéile: *Glóir do Dhia sna harda.*

Gach duine: Glóir do Dhia sna harda.

Carúl Deiridh: (roghnaithe ag na páistí)

Comhartha na Croise



Tháinig aingeal an Tiarna le scéala chun
Muire ... Agus ghabh sí ón Spiorad Naomh.

Féach, mise banóglach an Tiarna,
Go ndéantar liom de réir d'fhocail.

Agus ghlac an Briathar colainn dhaonna ...
Agus chónaigh sé inár measc.

Guigh orainn, a Naomh-Mháthair Dé ...


Ionas go mb'fhiú sinn geallúna Chríost.

A Thiarna,
Líon ár gcroíthe le do ghrá,

Agus faoi mar a nocht tú dúinn trí aingeal
Teacht do Mhic i gcolainn dhaonna,

Treoraigh sinn, dá bhrí sin, trína fhulaingt agus
a bhás. Go glóire a aiséirí,

Mar is é a mhaireann agus a rialaíonn in éineacht leatsa
agus leis an Spiorad Naomh, Aon Dia, trí shaol na saol.



Téama 5: Muinín i nDia

Ceacht 1: Muinín i nDia.

Ceacht 2: Mair de réir na nDeich nAithne.

Ceacht 3: Tabhair aire do Ghréasán na Beatha.

Ceacht 4: Ag maireachtáil de réir Aithne an Ghrá.

ÓN GCURACLAM

Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ

Rúndiamhair Dé

- Nuair a deir Críostaithe ‘Creidim i nDia’, ciallaíonn siad go bhfuil briathra, oibreacha, geallúintí agus aitheanta Dé ar eolas acu agus go bhfuil muinín acu astu

Rúndiamhair Íosa Críost

- Ba Ghiúdach é Íosa agus bhí sé umhal do Dhlí Dé: cleachtais reiligiúnacha a chomhlíon Íosa, na féilte móra Giúdacha, oilithreachtaí chuig an Teampall, fearg Íosa nuair a truaillíodh an Teampall, Íosa ag obair mar mhac an tsiúinéara, creidimh Ghiúdacha, urnaithe Giúdacha

Rúndiamhair na hEaglaise/na Ríochta

- Tugann daoine fianaise do Ríocht Dé agus cabhraíonn siad leis fás trí aire a thabhairt do chruthú Dé, grá a thabhairt do dhaoine eile agus caitheamh leo ar bhealach atá ceart agus cóir
- Tugtar cuireadh do gach teaghlach Críostaí Dia a adhradh agus freastal ar a bpobal mar a rinne Íosa

Traidisiúin Reiligiúnacha Eile

- Trí 'bheith ag comhrá le daoine a chleachtann reiligiúin eile táimid ag comhlíonadh an ordaithe atá faighte againn ár gcomharsa a ghráú
- Giúdachas*: Creideann Giúdaigh i nDia. Ba Ghiúdach é Íosa. Bíonn lá speisialta Dé acu ó dhul faoi na gréine ar an Aoine –go dul faoi na gréine ar an Satharn. Lá scíth í an tSabóid nuair a dhéantar adhradh agus bíonn béile teaghlaigh acu. Ag dul go dtí an sionagóg chun adhradh a dhéanamh, sionagóga Éireannacha

BRIATHAR DÉ

An Bíobla

- Thug an Spiorad Naomh treoir do na daoine a scríobh leabhair an Bhíobla
- Is é an Bíobla an t-ainm a thugtar ar na Scrioptúir Naofa do Chríostaithe; Tá scríbhinní ann ón Sean Tiomna, scríbhinní atá sáchailte do na Giúdaigh
- Cuireann an Sean-Tiomna síos ar theagaisc agus ar ghníomhartha Dé roimh theacht Íosa Críost. Díríonn sé ar an gconradh a rinne Dia leis na Giúdaigh. Tugtar an ‘Sean-Chonradh’ ar seo chun idirdhealú a dhéanamh idir é féin agus an ‘Conradh Nua’ a rinne Íosa Críost
- Leis an gconradh seo mhúnlaigh Dia a dhaoine agus nocht a Dhlí dóibh trí Mhaois

An Scrioptúr Naofa

Plean grámhar Dé don Slánú

- Eacs 5:1–11:10. Maois agus Faró; gealltanais fuascailte ó Dhia
- Eacs 14. Sábháileann Dia na hIosraelítigh; scéal an Eacsadas
- Salm 31:14-15. Tá mo shaol i do lámha
- Eacs 20-1-17; Deot 5:1-22; Eacs 19:3-8. Na Deich nAitheanta
- Salm 37. Muinín as an Tiarna

LIOTÚIRGE AGUS URNAÍ

Urnaí

Urnaí Fhoirmeálta

- Comhartha na Croise
- Glóir don Athair
- Gníomh Dóláis
- Paidir chuig an Spiorad Naomh
- Sé do bheatha, a Mhuire

Paidreacha Breise

- Freagraí an Aifrinn
- Salm 31:14-15; 37:3-5, 7-8, 18, 34
- Cúram don Domhan

An Bhliain Liotúirgeach

- Tugann Liotúirge an Bhriathair cuireadh dúinn briathar Dé a fhógairt, éisteacht leis agus é a fhreagairt

MÓRÁLTACHT CHRÍOSTAÍ

Dínit an Duine

- Is freagairt ar ghrá Dé é adhradh a dhéanamh agus a bheith umhal d'aitheanta Dé

Saoirse agus Freagracht an Duine

- Teastaíonn cabhair Dé (grásta) uainn chun an tsaoirse sin a úsáid ar bhealach freagrach

Láithreachacht ghrástúil agus Cúnamh Dé

- Tugann an Spiorad Naomh an neart dúinn grá a thabhairt do Dhia agus dá chéile
- Tá gach duine daonna teoranta, lochtach agus dá bhrí sin thaispeáin Dia a mhór-ghrá dúinn trína theagaisc a léiríonn an difríocht idir ceart agus mícheart (ar dtús sa Sean Tiomna áit a bhfuil sé seo léirithe go soiléir sna Deich nAitheanta) agus arís i dteagasc Íosa agus Eipistilí an Tiomna Nua. Lean an Eaglais an sampla diaga seo i gcónaí agus rinne iarracht an difríocht idir ceart agus mícheart a shoiléiriú
- Na Deich nAitheanta (Eacs 20:1-17; Deot 5:6-22). (Nóta: Beidh an obair a dhéanfar ar aitheanta 6 agus 9 ag teacht le polasaí OCG na scoile)
- Is iad na Deich nAitheanta croílár Dlí Dé

- Is treoirlínte chun Dia a ghráú iad an chéad trí aithne; Is treoirlínte iad na seacht n-aitheanta eile chun grá a thabhairt dúinn féin agus do dhaoine eile
- Treoraíonn na haitheanta sinn chun cinntí mórálta a dhéanamh
- Scéalta comhaimseartha faoi eiseamláirí de dhaoine a chaitheann a saol de réir a gcreideamh Críostaí

Teagasc Sóisialta na hEaglaise

- Tá sé de dhualgas orainn aire a thabhairt don chruthú, toisc gur bronntanas ó Dhia do na glúnta ar fad atá ann
- Glaonn Dia ar fhear agus ar bhean a bheith mar mhaoir ar chruthú an domhain

OCG i gComhthéacs Críostaí

- Nóta: Ba chóir go ndíreofaí an obair a dhéantar ar an gcúigiú hAithne ar mheas a chothú ar an mbeatha daonna, ar an gcruthú agus ar an dtuiscint atá acu ar naofacht na beatha daonna agus an tábhacht a bhaineann le haire a thabhairt don chorp

Ón gCroíshiollabas don Oideachas Reiligiúnach

Tógtha ón *gCroíshiollabas don Oideachas Reiligiúnach ón Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann (2007)*.

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo ó Eochairchéim 2:

ÓN GCROÍSHIOLLABAS DON OIDEACHAS REILIGIÚNACH

Tógtha ón *gCroíshiollabas don Oideachas Reiligiúnach ón Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann (2007)*.

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

CUSPÓIR FOGHLAMA 1

Foilsíú Dé

b. Cruthú agus Titim.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- Fiosrú faoin dóigh a mbaineann daoine mí-úsáid as a gcumhacht chruthaitheach.

c. Conradh Dé lena chine tofa.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a cur ar fáil do dhaltaí:

- Na scéalta ar na daoine is mó le rá sa Sean-Tiomna a úsáid lena fháil amach cad is conradh ann, m.sh. Abrahám: Geineasas 12:1-5. Geineasas 17:1-9 agus Maois: Eacsadas 3:1-10, Eacsadas 17:1-16.
- Éisteacht le scéalta a nochtann buanchúram Dé i leith riachtanais, ábhair imní agus deacrachtaí an duine, agus plé a dhéanamh orthu.

CUSPÓIR FOGHLAMA 3

An Mhóráltacht

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- Plé a dhéanamh ar an bhaint atá ag na Deich nAitheanta le saol an lae inniu.

d. Meas ar an dtimpeallacht.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- Plé a dhéanamh ar an mheas ba chóir a thabhairt don chruthú, a thug Dia dúinn mar thíolacadh.
- Plé a dhéanamh ar na deacrachtaí atá ag an duine bheith ina chomhoibri le Dia le domhan níos fearr a chruthú.
- Bheith freagrach as aire a thabhairt don timpeallacht áitiúil agus as í a chaomhnú.

Ceacht 1: Muinín i nDia



SULA DTOSAÍONN TÚ

I Rang a Trí/B5 in *I nGrá Dé* chuireamar na páistí in aithne do Mhaois mar an leanbh Eabhraise a sábháladh ón mbás, agus, nuair a bhí sé níos sine, agus é ag tabhairt aire do chaoirigh ar chnoc, faoi mar a labhair Dia leis ón dtor ar lasadh agus a d'iarr air clann Iosrael (na hEabhraigh) a shaoradh óna sclábhaíocht san Éigipt, áit ar baineadh leo go cruálach. Ba é Maois an duine a fuair na Deich nAitheanta ó Dhia ar Shliabh Shíonáí ar son chlann Iosrael. Rinne Dia cúnant le Maois. Gheall Dia go mbeadh sé in éineacht le Maois agus clann Iosrael (Cine Tofa Dé) i gcónaí, agus d'aontaigh na daoine go gcoimeádfaidh siad aitheanta Dé.

Sa cheacht seo foghlaimoidh na páistí conas

a d'fhreagair Maois glaoch Dé trí dhul go dtí rí (Faró) na hÉigipte a iarraidh air na hIosraeilítigh a shaoradh óna sclábhaíocht, agus conas an dhiúltaigh an rí, ní hamháin uair amháin ach go minic. Foghlaimoidh siad freisin, de bhrí gur dhiúltaigh an rí clann Iosrael a shaoradh, gur sheol Dia deich bplá ar mhuintir na hÉigipte. Gach uair a dhiúltaigh an rí cead a thabhairt do na hIosraeilítigh imeacht saor, chuir Dia plá eile ar na hÉigiptigh. Faoi dheireadh, d'éalaigh na hIosraeilítigh ón Éigipt in ainneoin an rí. Cloisfidh na páistí an scéal faoin gcaoi ar threoraigh Dia Maois agus na hIosraeilítigh go sábháilte trasna an Mhuir Rua. Bhí creideamh ag na hIosraeilítigh i nDia agus ina sheirbhíseach Maois.

EOCHAIRFHOCAIL

Íobairt: Nuair a shéanann daoine rud éigin a thaitníonn leo ar mhaithe le duine éigin eile.

Eabhraigh: Tugadh an t-ainm, na hEabhraigh, ar na Giúdaigh/na hIosraeilítigh a chónaigh in Iosrael fadó. Ba Chine Tofa Dé na daoine seo.

Lócaiste: Cineál dreoilín teaspaigh.

Abhcóide: Duine a impíonn ar son duine eile.

Bigil na Cásca: Déantar Bigil na Cásca a cheiliúradh ar Shatharn na Seachtaine Móire. Léiríonn an liotúirge seo tús na Cásca.

NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Leathanach bán A4 do gach páiste

Féachaimis ...

AG COMHRÁ

MAIDIR LE COINNEÁIL LE RUD

Déan comhrá leis na páistí faoi amanna nuair a bhíonn fonn orthu éirí as rud éigin atá tosaithe acu, ag baint úsáid as na ceistanna seo nó ceistanna cosúil leo:

- Ar thosaigh tú rud éigin riamh, cosúil le ceachtanna snámha nó damhsa, nó bheith i do bhall i gclub, ach ansin bhí fonn ort éirí as sar i bhfad? Cad a rinne tú? Ar éirigh tú as, nó ar lean tú ar aghaidh?
- An ndearna tú gealltanas riamh don Charghas

agus ansin go raibh fonn ort éirí as? Inis dúinn faoi sin. Cad rinne tú? Ar éirigh tú as, nó ar lean tú ar aghaidh cé go raibh sé deacair?

- Cén fáth a mbíonn sé níos éasca uaireanta éirí as ná leanúint ar aghaidh?
- Cén fáth a mbíonn sé ciallmhar uaireanta éirí as? Cén fáth go mbeadh sé sin go maith i gcásanna áirithe?

Ansin léigh an scéal 'An Tomhas Míreanna Mearaí'.

SCÉAL

An Tomhas Míreanna Mearaí

'An raibh lá maith agat ar scoil?' D'iarr Daid, mar a d'fhág Niamh agus Rónán a málaí scoile sa halla.

'Ó bhí,' arsa Rónán. 'Choinnigh an t-Uasal Ó Muirí raifil le haghaidh míreanna mearaí, agus an bhfuil a fhios agat? Bhain mé é! Tá míle píosa ann agus is faoi ainmhithe i mbaol atá sé. Tá mé ar bís le tús a chur leis.'

'Ní bheidh tú in ann é sin a dhéanamh,' arsa Niamh.

'Beidh mé, cinnte. Inniu an Aoine agus beidh mé críochnaithe leis Dé Domhnaigh,' arsa Rónán.

'Cuirfidh mé geall leat, nach mbeidh' arsa Niamh.

Thóg Rónán an bosca míreanna mearaí as a mhála spóirt agus chuir sé ar an mbord sa seomra bia é.

'Is mearaí iontach é sin,' a dúirt a athair, agus é ag féachaint ar na hainmhithe ar chlúdach an bhosca.

Thosaigh Rónán ag cur ord ar na píosaí ...

'B'fhéidir gur fearr leat rud éigin a ithe ar dtús,' a dúirt a dhaid, agus d'aontaigh Rónán leis.

Leath uair an chloig ina dhiaidh sin, chuaigh Rónán ar ais go dtí an seomra bia agus thosaigh sé ar an míreanna mearaí. Bhí sé lán de dhíograis. D'fhéach sé ar na píosaí agus shocraigh sé ar eagar a chur orthu de réir dath agus cruth. Tar éis tréimhse ghearr thosaigh sé ag éirí tuirseach, toisc go raibh go leor de na píosaí an-chosúil lena chéile agus bhí sé deacair buille faoi thuairim a dhéanamh cá gcuirfeá iad. Chuaigh sé amach go dtí a dhaid sa chistin agus dúirt sé, 'Tá mé tuirseach

le seo. Tá sé leadránach.'

'Á,'
d'fhreagair a athair, 'níor thug tú ach tréimhse ghearr dó ...
Bain triail eile as!'

Mar sin, chuaigh Rónán ar ais chun iarracht eile a bhaint as. Rinne sé a dhícheall chun go leor de na píosaí a chur le chéile, ach ní raibh sé éasca. Shíl sé leis féin, 'Tá mé réidh leis anois. Ní bheidh mé in ann é a dhéanamh.'

Díreach ansin tháinig Niamh isteach, féachaint conas a bhí ag éirí leis. 'Ó, an é sin an méid atá déanta agat?' a dúirt sí.

'Sea, tá mé ar tí críochnú leis,' arsa Rónán.

'Sílím go bhfuil an ceart agat,' d'aontaigh Niamh, 'déan dearmad air agus féachaimid ar an dteilifís.'

Ag an nóiméad sin shiúil Daidí isteach sa seomra. 'Cén fáth nach dtabharfaidh mé cabhair duit agus déanfaimid iarracht cuid den míreanna mearaí a dhéanamh sula dtiocfaidh do mham abhaile ón obair?' a mhol sé. 'Má chabhróimid go léir le chéile, beidh sé críochnaithe againn sar i bhfad.'

D'aontaigh Rónán agus Niamh leis agus thosaigh an triúr acu ag obair ar na píosaí.

Ní raibh sé éasca, agus chaith siad an chuid is fearr den deireadh seachtaine chun é a chríochnú, ach nuair a bhí sé críochnaithe, bhraith siad go léir bródúil agus bhí siad sásta go ndeachaigh siad i ngleic leis an dúshlán go dtí an deireadh.





Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cén fáth a raibh Rónán ag iarraidh éirí as, dar leat, go luath?
- Cad a chabhraigh leis a intinn a athrú maidir le héirí as?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

PAIDIR

Nóta: *I rith an urnaí seo, déanfaidh na páistí machnamh ar an gciall a bhaineann le gealltanas a dhéanamh agus a choinneáil. Tabharfar cuireadh dóibh gealltanas a dhéanamh.*

Comhartha na Croise

Amhrán: Can iomann/amhrán oiriúnach

Múinteoir (ag lasadh an choinneal): Bíonn Dia á lorg i gcónaí agus bíonn suim aige ionann i gcónaí. Teastaíonn uaidh go mbeimis gar dó freisin. Cabhróidh Dia linn i gcónaí nuair a bhíonn sé deacair dul ar aghaidh. Is mian le Dia go mbeadh muinín againn as agus go mbeadh a fhios againn go bhfuilimid i gcónaí faoina chúram.

Inniu, guífimid roinnt véarsaí ó Salm 31 agus an freagra a bheidh againn ná: *Is ort atá mo sheasamh, a Thiarna, deirim: “Is tú mo Dhia.”* (Salm 31:15)

Gach duine: Is ort atá mo sheasamh, a Thiarna, deirim: “Is tú mo Dhia.”

Múinteoir: Suigh go ciúin ar do chathaoir, díriú ar an gcoinneal agus lig do scíth i láthair Dé.

Tabhair aire dod’ análú ... análaigh isteach maitheas Dé ... agus easanálaigh rud ar bith a chuireann ar seachrán tú.

Nuair a bhraitheann tú go bhfuil tú socair agus ciúin, iarr ar Dhia, le do ghuth taobh istigh, misneach a thabhairt duit, leanúint ar aghaidh, go háirithe nuair is mian leat misneach a chailleadh. (Sos)

Gach duine: Is ort atá mo sheasamh, a Thiarna, deirim: “Is tú mo Dhia.”

Múinteoir: Déanaimid go léir gealltanais ag amanna éagsúla inár saol. B’fhéidir gur mhaith leat gealltanas a dhéanamh le Dia, faoi conas a dhéanfaidh tú iarracht maireachtáil mar a léirigh Íosa dúinn, as seo amach. (Sos)

Cuimhnigh go dtabharfaidh Dia an grásta duit agus

- An gcuireann tú críoch le rud éigin má éiríonn sé deacair nó leadránach? Cad a mholann duit éirí as?
- Cad a chuidíonn leat cloí le rud éigin a thosaigh tú? Labhair faoi am nuair a rinne tú amhlaidh, agus conas a d’éirigh leat.

Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 37 dá leabhar.

an cúnamh a theastaíonn uait, do ghealltanas a choinneáil. Agus má bhriseann tú an gealltanas, is féidir leat tosú arís i gcónaí.

Abair le Dia anois go bhfuil muinín agat ina ghealltanas go mbeidh sé i gcónaí leatsa, ach go háirithe nuair a bhíonn an saol crua agus gur mhaith leat misneach a chailleadh. (Sos)

Gach duine: Is ort atá mo sheasamh, a Thiarna, deirim: “Is tú mo Dhia.”

Múinteoir: Gabh buíochas le Dia go ciúin i do chroí as an ngrá agus an spreagadh a thugann sé duit i gcónaí. Tá grá Dé leatsa go deo. (Sos)

Gach duine: Is ort atá mo sheasamh, a Thiarna, deirim: “Is tú mo Dhia.”

Múinteoir: Gabh buíochas le Dia as an misneach agus an neart a thugann sé duit a bheith dílis maidir leis na gealltanais a dhéanann tú. (Sos)

Gach duine: Is ort atá mo sheasamh, a Thiarna, deirim: “Is tú mo Dhia.”

Múinteoir: Dia ár nAthair, tugaimid glóir duit agus sinn ag guí an *Glóir don Athair* le chéile ag baint úsáid as na gothaí a d’fhoghlaimíomar sa chlár *I nGrá Dé* níos luaithe.

Gach duine: Glóir don Athair, agus don Mhac, agus don Spiorad Naomh. (*lámha le chéile ag guí*)
Mar a bhí ó thúis, (*Cas agus sín an lámh chlé ar chlé*)
Mar atá anois, (*Sín na lámha i dtreo an urláir*)
Mar a bheas go brách, (*Cas agus sín an lámh dheas ar dheis*)

Le saol na saol. (*Ardaigh na lámha agus tarraing ciorcal san aer leo*)

Áiméan. (*lámha le chéile ag guí*)

Comhartha na Croise

Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.

Foghlaimimis ...

AN SCRÍOPTÚR NAOFA

GEALLANN DIA SAOIRSE DO NA HIOSRAEILÍTIGH

Tosaigh trí réamheolas na bpáistí faoi Mhaois a mheas. Ansin cuir i gcuimhne na bpáistí gur iarr Dia ar Mhaois dul go dtí an rí, (an Faró), san Éigipt agus a iarraidh air clann Iosrael a shaoradh óna gcuid sclábhaíochta ina thír. Bhí eagla ar Mhaois é sin a dhéanamh ar dtús, ach gheall Dia dó go mbeadh sé in éineacht leis. Mar sin d'aontaigh Maois an rud a d'iarr Dia air a dhéanamh. Chuaigh Áron, deartháir Mhaois, in éineacht leis. Ar dtús d'iarr Maois agus Áron ar an rí cead a thabhairt do na hIosraeilítigh dul isteach sa bhfásach ar feadh trí

lá chun adhradh a thabhairt do Dhia. Dhiúltaigh an rí. Ina áit sin, rinne sé an saol níos deacra fós do na hIosraeilítigh. Bhí Maois buanseasmhach agus plean Dé á cur ina luí ar an rí aige. Bhí plean ag Dia chun pionós a ghearradh ar an Faró. Chuirfeadh sé deich bplá ar thír na hÉigipte go dtí gur thoiligh an rí ligean do na daoine imeacht leo. Éist anois le cuid den scéal mar a insítear é i Leabhar Eacsadas. Sa chuid seo de na scéal cloisfidh tú faoi cheann de na plánna a chuir Dia ar na hÉigiptigh - plá na lócaistí.

Maois agus Áron i láthair Rí na hÉigipte (Eacsadas 5:1-9, 10:3-14, 16-20)

Ansin chuaigh Maois agus Áron go Faró agus dúirt leis: "Seo mar a deir an Tiarna Dia Iosrael: 'Lig do mo phobal imeacht go ndéanfaidh siad ceiliúradh domsa san fhásach.'"

Ach dúirt Faró: "Cé hé an Tiarna seo go n-éistfinnse lena ghlór agus Iosrael a ligean chun siúil? Táim dall ar an Tiarna agus ní ligfidh mé Iosrael chun siúil."

"Tháinig Dia na nEabhrach an treo chugainn," ar siad; "tabhair cead dúinn aistear trí lá a dhéanamh isteach san fhásach chun íobairt a dhéanamh don Tiarna ár nDia le heagla go dtiocfadh sé sa mhullach orainn le plá nó le faobhar claimh."

Dúirt rí na hÉigipte leo: "A Mhaois agus a Áron, cad chuige daoibh an pobal a bhreith óna saothar. Téigí i mbun bhur gcuid oibre!" Agus lean Faró air: "Seo iad pobal na tíre dulta i líonmhaire agus an áil libh saoire a thabhairt dóibh óna saothar?"

An lá ceannann céanna sin thug Faró ordú do shaoistí saothair an phobail agus do na maoir: "Ná tugaigí tuí don phobal feasta chun na brící a dhéanamh, rud a dhéanadh sibh - téidís agus cruinnidís tuí dóibh féin. Ach an líon brící a dhéanaidís go dtí seo, bíodh sin de thasc agaibh orthu, gan aon laghdú ar bith air. Díomhaointeas atá orthu; uime sin a ghlaonn siad: 'Téanaigí agus déanaimis íobairt chun ár nDé.' Cuirtear breis oibre ar na fir seo i dtreo go

gcaithfidh siad luí léi agus gan a bheith ag cur spéise i mbriathra baotha."

Chuaigh Maois agus Áron dá bhrí sin isteach go Faró agus dúradar leis: "Seo mar a deir an Tiarna, Dia na nEabhrach: ... 'Óir má dhiúltaíonn tú ligean do mo phobal imeacht, féach seolfaidh mise lócaistí isteach i do chríocha amárach;

agus clúdóidh siad aghaidh na talún i dtreo nach bhfaighidh aon duine radharc ar an talamh; alpfaidh siad a bhfuil fágtha agat... Líonfaidh siad do thithe agus tithe do shearbhóntaí go léir agus tithe na nÉigipteach go léir..." Ansin d'iompáigh sé ar a sháil agus amach leis...

Dúirt a shearbhóntaí le Faró ansin: "An fada a bheidh an fear seo ina chúis tranglaim againn? Lig don phobal imeacht go ndéanfaidh siad íobairt don Tiarna, a nDia..."

Tugadh Maois agus Áron ar ais go Faró dá





• • •

bhrí sin agus dúirt sé leo: “Imí, déanaigí íobairt don Tiarna, bhur nDia. Ach cé tá le himeacht?”

“Tabharfaimid linn ár n-óga agus ár liatha,” arsa Maois...

Ní mar sin a bheidh [arsa Faró]! Téadh na fir agaibh, agus déanadís íobairt don Tiarna. Sin é atá uaibh.”

Ansin dúirt an Tiarna le Maois: “Sín do lámh amach os cionn talamh na hÉigipte chun na lócaistí a thabhairt i dtreo go dtiocfaidh siad anuas ar thalamh na hÉigipte...”

Shín Maois a shlat amach os cionn talamh na hÉigipte agus sheol an Tiarna gaoth anoir thar an talamh agus shéid sí an lá sin agus an oíche sin gan stad, agus leis an láchaint thug an gaoth anoir na lócaistí. Leath na lócaistí ar thalamh na hÉigipte go léir...

Chuir Faró fios le teann deabhadh ar Mhaois agus ar Áron agus dúirt:

“Pheacaigh mé in aghaidh an Tiarna, bhur nDia, agus in bhur n-aghaidh féin.

Maithigí dom mo pheaca mar sin, den turas seo amháin, le bhur dtoil agus impígí ar an Tiarna, bhur nDia, an phlá bháis seo a chur díom.” Chuaigh Maois amach dá bhrí sin ó Fharó agus ghuigh sé chun an Tiarna. Ansin chuir an Tiarna casadh sa ghaoth sa tslí gur shéid sí chomh tréan sin ón iarthar gur sciob sí léi na lócaistí agus iad a bhreith léi go Muir na nGiollcach. Níor fágadh oiread agus lócaiste i dtír na hÉigipte ar fad. Ach chruaigh an Tiarna croí Fharó agus níor lig sé do chlann Iosrael imeacht.

Ba é plá na lócaistí an t-ochtú ceann de dheich bplá a chuir Dia chun pionós a chur ar an rí toisc gur dhiúltaigh sé ligean do na hIosraeilítigh an Éigipt a fhágáil. Chuir Dia naoi bplá eile ar thalamh na hÉigipte sula ndeachaigh na hIosraeilítigh amach san fhásach le Maois.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cén fáth ar theastaigh ó na hIosraeilítigh an Éigipt a fhágáil?
- Cén fáth a raibh an rí ag iarraidh clann Iosrael a choinneáil san Éigipt?
- Ar choinnigh an rí a bhriathar agus a ligean do na daoine imeacht saor?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Ar dhiúltaíodh duit riamh rud éigin a theastaigh uait?
- Dá mbeadh fabhar mór uait ó dhuine éigin, an dtógfá duine eile leat le haghaidh tacaíochta? Cad iad na focail a d’fhéadfá a úsáid agus rud

éigin á iarraidh agat?

- Sheas oifigigh an rí in éineacht le Maois agus Áron i gcoinne an rí. Ba abhcóidí iad. Conas a rinne siad abhcóideacht ar son Mhaois agus Áron? An raibh tú riamh i do abhcóide do dhuine/rud éigin? Inis dúinn faoi sin. An bhfaca tú scannán riamh nó ar léigh tú leabhar ina raibh duine ina abhcóide do dhuine eile?
- Rinne Dia mar a gheall sé. Chuir sé na lócaistí (agus plánna eile ag amanna éagsúla). N’fheadar cad a bhí in aigne Dé nuair a rinne sé é sin?
- Cén focal a chuirfeadh síos ar an rí nuair nach dtabharfadh sé isteach d’iarratas Mhaois, ligean do na daoine imeacht leo? (ceanndána) Ar iompar tú tú féin mar sin riamh? Inis dúinn faoi.

GLAC NÓIMÉAD

Ag baint úsáid as na focail seo nó focail cosúil leo, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a thógáil le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh. Le do ghuth inmheánach gabh buíochas le Dia as na daoine go léir a mbíonn dianseasmhach ar son an chirt ... Nuair atáimid dianseasmhach ar son an rud atá ceart, bímid ag obair ar son an cheartais ...

Anois smaoinigh ar am nuair a sheas tú suas do rud éigin a bhí ceart ... Inis le Dia faoin am sin ... Iarr ar Dhia cabhrú leat seasamh ar son an chirt i gcónaí ... Éist le Dia ag rá leat, ‘Ná bíodh eagla ort’ ... Nuair a bhíonn tú réidh, oscail do shúile.

Tabhair cuireadh do pháistí ar bith ar mian leo a roinnt leis an rang scéal faoi am nuair a sheas siad suas le haghaidh an rud a bhí ceart.

GNÍOMHAÍOCHT SCRÍBHNEOIREACHTA

‘NÁ BÍODH EAGLA ORT’

- Tabhair cuireadh do na páistí na focail seo a leanas a scríobh sa chóipleabhar don Oideachas Reiligiúnach, lena n-ainmneacha féin curtha leis: ‘Ná bíodh eagla ort a _____ óir tá tú fuascailte agam. Ghlaigh mé ort i d’ainm, agus is liomsa thú.’

NÓTA DON MHÚINTEOIR: Léitear an scéal seo as Leabhar Eacsadas gach bliain ag Bigil na Cásca, bigil a cheiliúrtar ar oíche Shathairn roimh Dhomhnach na Cásca. Cuidíonn an scéal seo linn cuimhneamh ar conas a shábháil Dia na hIosraeilítigh. Teastaíonn ó Dhia sinn go léir a shábháil.

Bhí Maois i gceannas ar na hIosraeilítigh ar an turas fada amach ón Éigipt. Lean Dia air ag labhairt le Maois fad is a bhí na hIosraeilítigh á threorú aige trasna an fhásaigh. D'fhan Dia leo ar an aistear ar fad. Threoraigh Dia iad le colún néil sa lá agus le colún tine san oíche. D'aithin Maois láithreach Dé.

Chas Maois ar Dhia cheana féin sa tor ar lasadh agus bhí muinín aige as Dia. Chuaigh arm na hÉigipte sa tóir ar na hIosraeilítigh. Insíonn Caibidil 14 de Leabhar Eacsadas an scéal dúinn faoi conas ar chabhraigh Dia leis na hIosraeilítigh éalú trasna na Mara Rua. Éistimis leis an méid a tharla.

Trasnú na Mara Rua (Eacsadas 14:5-31)

Nuair a insíodh do rí na hÉigipte go raibh an pobal bailithe leo... Ghabh Faró a charbad dá bhrí sin agus thionóil sé a shlua... agus chuaigh sé sa tóir ar chlann Iosrael agus iad ag cur díobh faoi thréanchosaint. Chuaigh na hÉigiptigh sa tóir orthu... agus thángadar orthu agus a gcampa suite acu cois na farraige...

Agus Faró ag druidim leo d'fhéach clann Iosrael ina dtimpeall, agus b'shiúd na hÉigiptigh sa tóir orthu! Tháinig scéin orthu, agus ghlaigh clann Iosrael ar an Tiarna; agus dúradar le Maois: 'Nár phléamar é seo leat san Éigipt? 'Lig dúinn,' a dúramar, 'seirbhís a dhéanamh do na hÉigiptigh; b'fhearr dúinn bheith ag déanamh seirbhíse do na hÉigiptigh ná bás a fháil san fhásach!'"

D'fhreagair Maois an pobal: "Bíodh misneach agaibh!" ar sé; "seasaigí an fód! agus feicfidh sibh conas a fhuasclóidh an Tiarna sibh inniu... Troidfidh an Tiarna ar bhur son..."

Dúirt an Tiarna le Maois: "Cén fáth go bhfuil tú ag glaach orm? Abair le clann Iosrael dul ar aghaidh. Ardaigh do shlat agus sín do lámh os cionn na farraige agus deighil ó chéile í i dtreo go siúlfaidh clann Iosrael ar thalamh tirim tríd an bhfarraige. Agus cruafaidh mé croíthe na nÉigipteach i dtreo go rachaidh siad isteach ina ndiaidh..."

Shín Maois a lámh os cionn na farraige agus thiomáin an Tiarna an fharraige ar ais le gaoth láidir anoir a shéid ar feadh na hoíche, agus rinneadh talamh tirim den fharraige. Dheighil na huiscí óna chéile, agus chuaigh clann Iosrael isteach i lár na farraige ar thalamh tirim agus na huiscí ina mballaí ar dheis agus ar chlé acu.



acu. Chuaigh na hÉigiptigh sa tóir orthu agus isteach leo i lár na farraige ina ndiaidh, le capaill agus carbaid agus marcshlua Fharó go léir. Le ham faire na maidine, d'fhéach an Tiarna anuas ar shluaite na nÉigipteach... Chuir sé rothaí na gcarbaid i ngreim i dtreo gur dheacair dóibh dul chun cinn. Liúigh na hÉigiptigh: "Teithimis ó láthair na nIosraelach mar go bhfuil an Tiarna ag troid ar a son in aghaidh na nÉigipteach."

Ansin dúirt an Tiarna le Maois: "Sín do lámh amach os cionn na farraige i dtreo go bhfillfidh na huiscí ar ais anuas ar na hÉigiptigh ar a gcarbaid agus ar a marcshlua." Shín Maois a lámh amach os cionn na farraige dá bhrí sin agus le breacadh an lae d'fhill an fharraige ar a cúrsa gnáth... Ag filleadh di threascair an tuile carbaid agus marcshlua agus sluaite uile Fharó a lean na hIosraelaigh isteach san fharraige; níor tháinig fear inste scéil slán. Ach shiúil clann Iosrael ar thalamh tirim tríd an bhfarraige agus na huiscí ina mballaí ar dheis agus ar chlé acu.

D'fhuascail an Tiarna clann Iosrael an lá sin ó na hÉigiptigh... Chonaic Iosrael an t-éacht groí a rinne an Tiarna ar na hÉigiptigh agus thugadar ómós don Tiarna; chreideadar sa Tiarna agus i Maois a shearbhónta.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cén plean a bhí ag Dia le cabhrú leis na daoine éalú? Ar oibrigh an plean?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Conas a d'fhreagair Maois nuair a chuir na daoine an milleán air? Ar chuir tú an milleán ar aon duine riamh as rud éigin a tharla? Ar chuir éinne an milleán ortsa riamh?



- Ar iarr tú cabhair ar Dhia riamh? Cén fáth a gceapann tú, go raibh Maois in ann a mhuinín a chur i nDia i gcónaí? Conas a thaispeáin Maois le Dia go raibh muinín aige ann? (Rinne sé an rud a d'iarr Dia air.)
- Má tá creideamh agat i nDia, conas a thaispeánann tú é?
- Chuaigh Dia in éineacht leis na hIosraeilítigh san fhásach mar cholún néil sa lá agus mar cholún tine san oíche. An mbíonn Dia in éineacht le daoine sa lá atá inniu ann? Cá dtugann tú Dia faoi deara i do shaol? Cad an spreagann Dia tú le déanamh?
- An amhlaidh nár thug Dia aire do na hÉigiptigh? (Tá grá Dé neamhchoinníollach. Tugann Dia aire don chine daonna go léir, ní amháin dóibh siúd a dhéanann a thoil. Thug Dia aire do na hÉigiptigh. Thug sé mórán deiseanna dóibh chun a raibh ar siúl acu a athrú. Bhí saor-thoil acu, díreach mar atá againn. Níor athraigh siad a bhí ar siúl acu. Roghnaigh siad gan a bheith faoi

- mar a ghlaonn Dia orainn a bheith.)
- Sheol Dia Maois chuig clann Iosrael chun iad a threorú amach as an Éigipt, ón sclábhaíocht go saoirse. Cad a insíonn sé seo dúinn faoi Dhia?
- Cé hiad na daoine ar gá iad a tharrtháil sa lá atá inniu ann? (m.sh. teifigh, iad siúd atá bocht agus gan dídean, daoine faoi mhíchumas; *spreag na páistí leis na daoine a liostú a cheapann siad gur gá iad a tharrtháil*). Cad a cheapann tú atá in ann ag Dia do na daoine seo?
- Chuir Dia Maois chun na hIosraeilítigh a tharrtháil. Cé a sheolann Dia inniu chun cabhrú leo siúd ar gá iad a tharrtháil? Conas a d'fhéadfadh Dia glaoch orainn chun obair ar son an cheartais, leo siúd nach mbaintear leo nó go gcaitear go héagórach leo nó atá thíos go dona inár sochaí?

Dírigh aire na bpáistí chuig leathanaigh 37 agus 38 dá leabhar.

GNÍOMHAÍOCHT ROINNTE

AG OBAIR AR SON AN CHEARTAIS

- Tabhair cuireadh do na páistí a bheith ina ngrúpaí beaga.
- Iarr orthu, a bhfuil ar eolas acu faoi dhaoine nó eagraíochtaí a oibríonn ar son an cheartais dóibh siúd a gcaitear go dona leo, a roinnt. Mar shampla, b'fhéidir go bhfuil rud éigin ar eolas acu faoi fheachtas FIFA in aghaidh

an chiníochais, nó faoi obair ghrúpaí áitiúla a chuidíonn le daoine atá gan dídean nó ag maireachtáil le deacrachtaí éagsúla.

- D'fhéadfadh na páistí an méid a fhaigheann siad amach a chlárú in aiste nó i bhfoirm ealaíne eile dá rogha féin.
- Tabhair cuireadh do na páistí a gcuid oibre a chur sa spás urnaí.

GLAC NÓIMÉAD

Ag baint úsáid as na focail seo nó focail cosúil leo, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a thógáil le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh ... Bí ar an eolas go bhfuil Dia in éineacht leat ... Bhí Dia

in éineacht leis na hIosraeilítigh in am an ghátair ... tá Dia in éineacht leat anseo, faoi láthair ... Le do ghuth inmheánach b'fhéidir gur mhaith leat buíochas a ghabháil le Dia as a bheith in éineacht leat ... agus as comharthaí a ghrá atá thart timpeall ort ... Nuair a bhíonn tú réidh, oscail na súile.

GNÍOMHAÍOCHT SCRÍBHNEOIREACHTA

DÁN ACRASTACH

- Déan comhrá leis na páistí ar feadh cúpla nóiméid faoi mhuinín a bheith acu as Dia agus as daoine eile. Ansin tabhair cuireadh dóibh dán acrastach a scríobh ina gcóipleabhair don Oideachas Reiligiúnach ag baint úsáid as litreacha an fhocail 'MUINÍN'.

GNÍOMHAÍOCHT DRÁMAÍOCHTA

TRASNÚ NA MARA RUA

- Tabhair cuireadh do na páistí an scéal 'Trasnú na Mara Rua' a chur i láthair mar dráma. Iarr ar pháiste amháin ról Mhaois a ghlacadh agus an chuid eile den rang i ról na nIosraeilíteach.
- Tarlaíonn an dráma ag imeall na Mara

Rua. Fógraíonn an páiste i ról Mhaois do na hIosraeilítigh a bhfuil ráite ag Dia agus an méid atá le déanamh acu. Freagraíonn na hIosraeilítigh.

Mairimis ...

CAD A MHÚIN TÚ?

D'iarr Dia ar Mhaois dul go dtí rí, (Faró) na hÉigipte agus a iarraidh air clann Iosrael a shaoradh ón sclábhaíocht ina thír. D'aontaigh Maois, agus chuaigh sé féin agus a dheartháir ar cuairt chuig an rí. Dhiúltaigh an Rí a n-iarratas. Lean Maois air ag iarraidh. Gach uair a dhiúltaigh an

rí clann Iosrael a shaoradh, chuir Dia plá ar an Éigipt. Chuir Dia deich bplá ar fad ar an dtír. Faoi dheireadh d'éalaigh na hIosraeilítigh ón Éigipt agus threoraigh Maois iad go sábháilte trasna na Mara Rua le cúnamh Dé. Lean arm na hÉigipte iad ach báthadh na hÉigiptigh go léir sa Mhuir Rua.

GNÍOMHAÍOCHT SCRÍBHNEOIREACHTA

MAIDIR LE GEALLTANAIS A CHOIMEÁD

- Cuir i gcuimhne na bpáistí conas mar a léiríonn scéal an Eacsadas dúinn go gcoimeádann Dia a chuid gealltanais. Tá muinín ag Dia asainn na gealltanais a dhéanaimid a choinneáil freisin.
- Tabhair cuireadh do na páistí paidir a scríobh ina gcópleabhair don Oideachas Reiligiúnach ag iarraidh ar Dhia cabhrú leo a ngealltanais a choinneáil.

PAIDIR

Nóta: Sula dtosaíonn tú, labhair leis na páistí faoi 'breacaireacht' (doodling). Mínigh dóibh gur foirm ealaíne í breacaireacht inar féidir leo cruthanna agus dearaí a roghnú agus ansin na cruthanna agus na dearaí sin a dhathú ar bhealach ar bith is mian leo. Mínigh go mb'fhéidir go bhfuil taithí acu cheana féin ar bhreacaireacht a dhéanamh go neamhspleách ar thaobh an chóipleabhair nó in áiteanna eile. Ansin tabhair bileog bán páipéir do gach páiste. Mínigh dóibh, le linn an urnaí inniu, go bhfuil siad chun breacaireacht a dhéanamh mar bhealach chun cabhrú leo guí go ciúin agus go machnamhach.

Comhartha na Croise

Múinteoir: Inniu táimid chun breacaireacht a dhéanamh chun cabhrú linn an ruaig a chur ar ábhar seachráin agus aire a dhíriú ar bheith ag labhairt le Dia. Cruthóidh tú do phictiúr uathúil féin agus tú ag éisteacht le ceol ciúin atá ag seinm sa chúlra.

Seinn ceol machnamhach.

Múinteoir: Ar dtús smaoinimid go ciúin ar fhocail an sailm a ghuíomar ag tús an cheachta: *Is ort atá mo sheasamh, a Thiarna, deirim: "Is tú mo Dhia."*

Scríobh na focail seo i lár do leathanach. Ansin déan na focail a mhaisiú trí bhreacaireacht a dhéanamh mórthimpeall orthu. De réir mar a chruthaíonn tú cruthanna agus spásanna, smaoinigh ar ghrá leanúnach Dé duit.

Fad is atá na páistí ag breacaireacht, léigh an méid seo a leanas go mall:

Múinteoir: Tá grá ag Dia duit díreach anois. (Sos)

Braith grá Dé mórthimpeall ort - ionat, os do chionn, agus fút. (Sos)

Cibé áit a dtéann tú, tá Dia ann ag tabhairt grá duit i gcónaí. (Sos)

Cabhróidh grá Dé leat nuair atá misneach ag teastáil uait rud éigin a dhéanamh, nó grá a thaispeáint do dhaoine eile, nó nuair atá deacrachtaí agat. Is féidir leat cabhair a iarraidh ar Dhia i gcónaí ... agus is féidir leat muinín a bheith agat as go mbeidh a ghrá le fáil agat. (Sos)

Roghnaigh dath chun grá Dé a léiriú. (Sos)

Ar do leathanach, taispeáin grá Dé ag gluaiseacht ionat, tríot agus tharat. Gabh buíochas le Dia as a ghrá. (Sos)

Is féidir leat grá Dé a roinnt le daoine eile. Cé leis/ léi a roinnfidh tú grá inniu? Roghnaigh dath don duine sin. (Sos)

De réir mar a chríochnaíonn tú do leathanach, gabh buíochas le Dia as a chúram go léir duit féin agus do dhaoine eile. (Sos)

Críochnóimid ár n-urnaí tríd an *Sanctus* ón Aifreann a ghuí le chéile.

Gach duine: *Sanctus* (Is Naofa, Naofa, Naofa thú ...)

Amhrán Deiridh: Can iomann/amhrán oiriúnach

Comhartha na Croise





Ceacht 2: Mair de réir na nDeich nAithne

SULA DTOSAÍONN TÚ

D'fhoghlaim na páistí faoin aistear fada deacair a bhí ag na hIosraeilítigh agus iad ag éalú as a sclábhaíocht san Éigipt. Sa chlár *I nGrá Dé* i Rang a Trí/B5 d'fhoghlaim siad freisin gur ghlaoigh Dia ar Mhaois agus gur thug sé na Deich nAithne dó ar Shliabh Shíonáí. Gheall Dia do Mhaois dá mbeadh na daoine dílis do Dhia agus na hAitheanta a choimeád, go mbeidís mar Chine Tofa aige féin. Trí na hAitheanta a choimeád, bheadh na daoine ag maireachtáil de réir cúnant Dé leo.

Tá na Deich nAithne tugtha síos dúinn inniu. Deir an chéad trí Aithne dúinn go gcaithfimid Dia a adhradh, meas a bheith againn ar ainm an Tiarna, agus Lá an Tiarna a choimeád naofa. Cabhraíonn an trí Aithne seo linn fás inár gcuidreamh le Dia. Tá na páistí tugtha isteach ar na trí Aithne seo cheana féin i Rang a Trí/B5. Sa cheacht seo díreoimid ar an gCeathrú, an Cúigiú, an Seachtú agus an tOchtú hAithne, a mhúineann dúinn grá a thabhairt don chomharsa agus meas a bheith againn ar an dtimpeallacht.

EOCHAIRFHOCAIL

Conradh: Socrú/comhaontú/cúnant. Rinne Dia conarthaí éagsúla, a bhfuil cur síos orthu sa Bhíobla, lena mhuintir.

Aithne: Rud a iarrtar ar dhuine a dhéanamh. Thug Dia na Deich nAithne do Mhaois ionas go dtabharfadh sé do na hIosraeilítigh iad, a Chine Tofa, chun cabhrú leo maireachtáil de réir a chonartha leo.

NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Dallóga do leath de na páistí sa rang; 'constaicí' mar a mholtar
- Sraith amháin de luascháirtaí ón dteimpléad (thíos) do gach grúpa d'ochtár páiste
- Cóip amháin de na teimpléid a bhaineann leis na hAitheanta.

Féachaimis ...

AG COMHRÁ

MAIDIR LE CONARTHAÍ A DHÉANAMH

Tabhair cuireadh do na páistí samplaí a roinnt de na conarthaí éagsúla a dhéanann siad go laethúil, cuid acu a bhainfidh le nithe beaga nach bhfuil tábhacht leo, agus d'fhéadfadh cinn eile a bheith i bhfad níos suntasaí. Ansin bog ar aghaidh go dtí an scéal, 'Ar Aghaidh linn! Is Linne an Lá!'

SCÉAL

'Ar Aghaidh Linn! Is Linne an Lá!'

Bhí an cúpla, Orla agus Josh, díreach i ndiaidh a naoú lá breithe a cheiliúradh. Gheall a dtuismitheoirí go bhféadfaidís dul chuig an leabharlann áitiúil leo féin nuair a bheidís naoi mbliana d'aois. Bhí taithí acu cheana féin ar an leabharlann agus thug siad cuairt uirthi go minic lena rang agus lena dtuismitheoirí, ach níor tugadh cead dóibh riamh dul ann leo féin.

Anois bhí an lá sin tagtha. Bhraith Orla agus Josh a bheith fásta anois, toisc go raibh siad ag dul go dtí an leabharlann gan duine fásta in éineacht leo don chéad uair. D'aontaigh siad lena máthair agus a n-athair go siúlfaid siad ann, fanacht sa leabharlann ar feadh uair an chloig, agus, ar an mbealach abhaile, d'fhéadfaidís dul go dtí an siopa agus nithe deasa a cheannach.

Agus iad ar a slí go dtí an leabharlann, thug Orla grúpa daoine óga faoi deara a bhí ar an mbóthar céanna leo agus slata iascaireachta á iompar acu. Smaoinigh sí láithreach ansin go raibh an chanáil díreach in aice leis an leabharlann. 'Josh,' a dúirt sí, ag beir greim ar a lámh, 'tá smaoineamh iontach agam! Cén fáth nach dtéimid go dtí an chanáil agus aga a chaitheamh ag breathnú ar na



báid agus ar na healaí ag dul thart. Tá sé díreach in aice leis an leabharlann.'

D'fhéach Josh ar Orla le hiontas agus d'iarr sé, 'Cad a deirfeadh Mam agus Daid? Ceapann siad go bhfuilimid ag dul go dtí an leabharlann. D'aontaíomar dul chuig an leabharlann.'

'Ní bheidh a fhios acu mura n-inseoidimid dóibh é,' a dúirt Orla. 'Bheadh spraoi i bhfad níos fearr againn ag an chanáil, ar aghaidh linn. Nach deas an lá é a bheith lasmuigh.'

'Agus cad a deirimid nuair a rachaimid abhaile?' D'iarr Josh, agus é ag breathnú buartha.

'Deirimid go raibh sé go deas sa leabharlann. Ní bheidh a mhalairt ar eolas acu. Anois ar aghaidh linn, is linne an lá,' arsa Orla, 'ná bí ag gearán!'

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cad a dúirt tuismitheoirí Orla agus Josh a d'fhéadfaidís a dhéanamh nuair a bheidís naoi mbliana d'aois?
- Cad a theastaigh ó Orla a dhéanamh ina ionad sin?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Rinne Orla agus Josh conradh lena dtuismitheoirí. An ndearna tú conradh den chineál céanna riamh le do thuismitheoirí? Inis dúinn faoi sin. Ar choinnigh tú leis an gconradh?
- An raibh an méid a bhí Orla ag iarraidh a dhéanamh ceart nó mícheart? Cén fáth a gceapann tú é sin?

- Bhí Josh buartha go bhfaigheadh a thuismitheoirí an fhírinne amach. Ar mhothaigh tú riamh faoi bhrú chun rud éigin a dhéanamh a raibh a fhios agat nár cheart duit a dhéanamh? Cad is féidir cabhrú leat an rogha is fearr a dhéanamh nuair a bhíonn tú faoi bhrú ar an mbealach seo?
- Ar léigh tú leabhar nó ar chonaic tú scannán riamh inar mhothaigh duine faoi bhrú chun rud éigin a dhéanamh a raibh a fhios aige/aici a bhí mícheart? Abair linn faoi.
- An gceapann tú go mbeadh an rogha dul go dtí an chanáil a bheith mícheart, fiú muna mbeadh a fhios ag éinne faoin méid a rinne siad?

Dirigh aire na bpáistí chuig leathanach 40 dá leabhar.

GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a thógáil le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh ... Smaoinigh ar chonradh a rinne tú le duine éigin ... I d'intinn, inis le Dia ainm an

duine a rinne tú an conradh leo ... Ar choinnigh tú an conradh sin nó ar bhris tú é ... agus conas a mhothaigh tú ina dhiaidh sin? ... Anois iarr ar Dhia cabhrú leat chun na conarthaí a dhéanann tú a choinneáil, go háirithe na conarthaí a dhéanann tú le do thuismitheoirí/ chaomhnóirí agus le do sheantuismitheoirí ... Nuair a bhíonn tú réidh, oscail na súile.

GNÍOMHAÍOCHT

CONRADH RANGA

- Tabhair cuireadh do na páistí smaoineamh ar chonradh a d'fhéadfaidís a dhéanamh eatarthu féin, mar rang, a mhairfeadh seachtain amháin.
- Roinn smaoine leat faoin gconradh a d'fhéadfadh a bheith acu; mar shampla, d'fhéadfadh siad aontú rud éigin a dhéanamh mar rang ag an tús nó ag deireadh gach lá, a d'fhéadfadh baint a bheith ag na páistí go léir leis. Déan comhrá faoi na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann leis na moltaí a dhéantar.
- Nuair a bhíonn comhaontú bainte amach acu, scríobh amach sonraí an 'chonartha ranga' ar leathanach páipéir agus iarr ar na páistí go léir a n-ainmneacha a chur leis. Cuir i gcuimhne dóibh trí a n-ainmneacha a chur leis go bhfuil siad ag tabhairt gealltanais an conradh seo a choimeád. Más rud é nach dteastaíonn uathu an conradh a choinneáil, níor cheart dóibh a n-ainmneacha a chur leis.
- Taispeáin an conradh in áit fheiceálach sa seomra ranga.
- Ag deireadh na seachtaine, tabhair cuireadh do na páistí meastóireacht a dhéanamh ar a gconradh, ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:
 - » Conas a bhraith sé, conradh ranga a dhéanamh?
 - » Cad a bhí ort/oraibh a dhéanamh chun an conradh a choimeád?
 - » Ar cheap tú gur rud maith é seo don rang le déanamh? Cén fáth nó cén fáth nár cheap tú?

PAIDIR

Comhartha na Croise

Amhrán: Can iomann/amhrán oiriúnach

Múinteoir: Gabhaimid buíochas leat, a Dhia, as na beannachtaí a thug tú dúinn inniu. In ár n-urnaí inniu úsáidfimid roinnt véarsaí ó Salm 37. Insíonn an salm seo dúinn ár muinín a chur i nDia agus tabharfaidh sé aire dúinn dá bharr. Is é an freagra ná: *Ar an Tiarna atá cúram na neamhurchóideach.* (Salm 37:18)

Gach duine: Ar an Tiarna atá cúram na neamhurchóideach.

Múinteoir: Cuir do dhóchas sa Tiarna agus déan an mhaith. (Salm 37:3)

Smaoinigh ar na bealaí éagsúla a raibh muinín agat as daoine eile inniu. (Sos)

Gach duine: Ar an Tiarna atá cúram na neamhurchóideach.

Múinteoir: Má thugann tú taitneamh don Tiarna tabharfaidh seisean duit mian do chroí. (Salm 37:4)

Smaoinigh conas is féidir le do chaidreamh le Dia cabhrú leat a bheith níos fearr mar dhuine. (Sos)

Gach duine: Ar an Tiarna atá cúram na neamhurchóideach.

Múinteoir: Taobhaigh do shlí leis an Tiarna; cuir do dhóchas ann agus déanfaidh sé beart [duit]. (Salm 37:5)

Smaoinigh ar an chéad trí Aithne, ina n-iarrann Dia ort grá a thabhairt dó, ómós a thabhairt dá ainm agus Dé Domhnaigh a choinneáil mar Lá an Tiarna. (Sos)

Gach duine: Ar an Tiarna atá cúram na neamhurchóideach.

Múinteoir: Glac suaimehneas sa Tiarna agus foighnigh leis: *ná bí i bhfeirg, óir ní thiocfaidh di ach dochar.* (Salm 37:7, 8)

Gabh buíochas le Dia as na hamanna a raibh tú foighneach leat féin agus le daoine eile. An féidir leat a thabhairt chun cuimhne uair nuair a bhí tú foighneach leat féin? Inis go ciúin le Dia faoi sin. (Sos)

Gach duine: Ar an Tiarna atá cúram na neamhurchóideach.

Múinteoir: Fan leis an Tiarna; bí dílis dó agus tabharfaidh sé ardú céime duit.

(Salm 37:34)

Iarr ar Dhia an fonn a thabhairt duit an méid a iarrann na hAitheanta orainn a dhéanamh, a chomhlíonadh. (Sos)

Gach duine: Ar an Tiarna atá cúram na neamhurchóideach.

Múinteoir: Críochnóimid ár n-urnaí inniu agus An Gníomh Dóláis a rá le chéile, mar a iarrimid ar Dhia maithiúnas a thabhairt dúinn as na huaireanta nár choimeádamar ár ngealltanais.

Gach duine: An Gníomh Dóláis (A Dhia, gabhaim buíochas leat as ...)

Comhartha na Croise

Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/ caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.

Foghlaimimis ...

GNÍOMHAÍOCHT

SIÚLÓID MHUINÍNEACH

Nóta: D'fhéadfadh an 'Siúlóid Mhuinéach' seo a tharlú laistigh nó lasmuigh den seomra ranga. D'fhéadfadh na constaicí a bheith gnéithe éagsúla sa timpeallacht nádúrtha, cosúil le crainn, plandaí, leapacha bláthanna, nó b'fhéidir gur mhaith leat cóin, bloic, boscaí, srl a shocrú. Beidh dallóga ag teastáil le haghaidh leath de na páistí sa rang. Cuimhnigh polasaí sláinte agus polasaí sábháilteachta na scoile a sheiceáil.

- Tosaigh agus a iarraidh ar na páistí an scéal 'Ar Aghaidh Linn! Is Linne an Lá!' a thabhairt chun cuimhne inar chuir tuismitheoirí Orla agus Josh muinín iontu dul chuig an leabharlann leo féin. Thabhair an Conradh a rinne an rang le déanaí chun cuimhne freisin. Cuir i gcuimhne na bpáistí go mbíonn muinín ag croílár aon chonradh a dhéantar. Chuir Maois muinín i nDia agus chuir Dia muinín i Maois. Tá súil againn go mbeidh na páistí in ann muinín níos fearr a chur i nDia de réir mar a fhoghlaimíonn siad níos mó faoi.
- Roinn na páistí ina mbeirteanna, agus tabhair dallóg do pháiste amháin i ngach péire. Ceannaire a bheidh sa pháiste eile.
- Mínigh conas a oibríonn an 'Siúlóid Mhuinéach': Cabróidh páiste amháin leis an bpáiste ar a bhfuil an dallóg an bealach a dhéanamh thar na constaicí. Ní féidir leis an gceannaire teagmháil a dhéanamh leis an bpáiste atá á stiúradh aige/aici agus ní mór

dóibh iad a threorú agus úsáid a bhaint as focail amháin. Níor cheart don pháiste atá á stiúradh imní a bheith orthu faoi cá bhfuil na constaicí mar go bhfuil muinín aige/aici as an gceannaire.

- Tar éis cúig nóiméad is féidir leis na páistí na ról a athrú, ionas go mbeidh dallóg ar an gceannaire.

Ina dhiaidh sin, déan comhrá leis na páistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Conas mar a mhothaigh sé agus dallóg á caitheamh agat? An raibh eagla ort go mbuailfeá isteach i rud éigin? Cén fáth nó cén fáth nach raibh?
- Conas mar a mhothaigh sé agus páiste eile a bheith i gceannas ort? An raibh sé éasca muinín a bheith agat as do cheannaire? Cad a chabhraíonn leat muinín a bheith agat as duine? Cad a dhéanann sé deacair ort muinín a bheith agat as duine?
- An bhfuil aon rud nua foghlamtha agat maidir le muinín a bheith agat as daoine eile ón ngníomhaíocht seo? Mínigh.
- Ar cheart dúinn muinín a bheith againn i gcónaí as daoine eile? Tabhair samplaí faoi amanna nó cásanna nár cheart duit muinín a bheith agat as daoine eile, nó nuair is gá duit a bheith cúramach sula mbeidh muinín agat as daoine eile.

AN SCRIPHTÚR NAOFA

AN CÚNANT AG SLIABH SHIÓNÁÍ

- Tosaigh agus cuimhneamh ar a bhfuil foghlamtha ag na páistí faoi Mhaois i gCeacht 1 den téama seo.
- Déan eolas na bpáistí a mheas trí a fhiafraí díobh más féidir leo cuimhneamh ar an méid a tharla tar éis do Mhaois agus na daoine éalú ó na hÉigiptigh. (Chuaigh Maois suas sliabh chun bualadh le Dia, agus rinne Dia conradh, nó cúnant, leis na daoine trí Mhaois. Dúirt Dia

le Maois a rá le clann Iosrael má ghéill siad do Dhia agus an cúnant seo a choinneáil, go mbeidís mar Chine Tofa ag Dia agus go mbeadh sé ina Dhia orthu. D'aontaigh na daoine agus dúirt siad go ndéanfadh siad gach rud a d'iarr Dia orthu.

- Ansin iarr ar na páistí éisteacht leis an scéal mar a insítear é sna sleachta seo as Leabhar Eacsadas:

An Cúnant ag Siónaí (Eacsadas 19:3-8)

Ansin chuaigh Maois suas chun Dé agus ghlaoidh an Tiarna air ón sliabh á rá:

"Abair é seo le teaghlach Iacóib... má ghéilleann sibh do mo ghlór agus cloí le mo chonradh beidh sibhse, thar na ciníocha go léir, i mo sheilbhse ar leithrigh, óir is liomsa

an domhan ar fad... D'imigh Maois leis ansin agus gháir chuige seanóirí an phobail agus chuir faoina mbráid na briathra sin go léir a d'ordaigh an Tiarna dó. Agus d'fhreagair an pobal go léir d'aonghuth: "A bhfuil ráite ag

...

...

an Tiarna, comhlíonfaimid." Agus thug Maois freagra an phobail ar ais chun an Tiarna.



Na Deich nAithne (Eacsadas 20:1-17)

Labhair Dia na briathra seo go léir. Dúirt sé:

"Mise an Tiarna do Dhia a thug thú amach as tír na hÉigipte agus as teach na daoirse.
Ná bíodh aon déithe eile agat i mo láthair...
Ná luaigh ainm an Tiarna, do Dhia, le mí-úsáid a bhaint as...
Cuimhnigh ar an tsabóid agus coinnigh naofa í...
Tabhair do d'athair agus do do mháthair onóir...
Ná déan marú.
Ná déan adhaltranas.
Ná déan goid.
Ná tabhair fianaise bhréige in aghaidh do chomharsan.
Ná santaigh teach do chomharsan; ná santaigh bean do chomharsan, ná a dhaor ná a dhaoirseach, ná a dhamh ná a asal, ná aon ní is leis."

Tar éis duit na sleachta ón Scrioptúr a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- Cad a dúirt Dia a bhí le déanamh ag na daoine chun go mbeidís mar Chine Tofa?
- Cén chaoi a bhfuil a fhios agat gur theastaigh ó na hIosraeilítigh an cúnant le Dia a choimeád?
- Cad iad na rudaí sonracha a d'ordaigh Dia do na daoine a dhéanamh?
- Cad a chuir Dia cosc ar na daoine a dhéanamh?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Labhair Dia le Maois ar shliabh. Cá háit a bhféadfá labhairt le Dia inniu? (In urnaí, is féidir linn a bheith saor inár smaointe féin agus éisteacht le Dia. Is féidir linn guí am ar bith agus in áit ar bith.)
- Cé a dúirt Dia ba ea é? Cad a bhí Dia ag iarraidh ó na daoine a dhéanamh? Cé dó a theastaigh ó Dhia go mbeadh na daoine umhal?
- Teastaíonn ó Dhia an cúnant céanna a dhéanamh linne mar a rinne sé le clann Iosrael. Céard é do fhreagra ar Dhia? An bhfuil tú sásta géilleadh do Dhia agus a nAitheanta a choimeád?

GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a thógáil le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh ... Bí ciúin agus tabhair aire dod' anáilú ... Samhlaigh Dia ag

rá leat go bhfuil tú roghnaithe chun a ghrá a roinnt le daoine eile inniu ... B'fhéidir gur mhaith leat buíochas a ghabháil le Dia as grá a thabhairt duit agus a iarraidh air cabhrú leat a ghrá a thaispeáint do dhaoine eile trí gníomhartha cineálta a dhéanamh ... Nuair a bhíonn tú réidh, is féidir leat na súile a oscailt.

AG COMHRÁ

MAIDIR LEIS AN GCEATHRÚ, CÚIGIÚ, SEACHTÚ AGUS AN T-OCHTÚ HAITHNE

NÓTA DON MHÚINTEOIR: Ag an gcéim seo foghlaimíonn na páistí seacht gcinn de na Deich nAithne. Múineann an chéad trí Aithne dúinn grá a thabhairt do Dhia, meas a bheith againn ar ainm an Tiarna agus an Domhnach a choinneáil naofa. Scrúdaigh na páistí na céad trí Aithne seo i Rang a Trí/B5 sa chlár *I nGrá Dé*. Treoraíonn na seacht nAithne eile sinn chun grá a thabhairt dár gcomharsa mar a thugaimid grá dúinn féin. An tseachtain seo dírimid ar an gCeathrú, ar an gCúigiú, ar an Seachtú agus ar an t-Ochtú hAithne.

- Tosaigh tríd an gCeathrú Aithne a thabhairt chun cuimhne:

Tabhair onóir do d'athair agus do do mháthair.

- Tabhair cuireadh do na páistí samplaí a roinnt ar conas a dtaispeánfadh páiste inniu go bhfuil siad ag cloí leis an aithne seo.
- Ansin cuir an cás seo a leanas i láthair na bpáistí agus déan na ceisteanna a phlé i bhfianaise an cheathrú aithne.

Bhí Seán trí bhliain déag d'aois agus a dheartháir Tomás cúig bhliain d'aois. Bhí a n-athair tinn an tseachtain ar fad agus níorbh fhéidir leis dul ag obair. Nuair a tháinig Seán agus Tomás abhaile ón scoil, ní raibh baine ná arán sa teach mar níor mhothaigh a n-athair maith go leor chun siúl go dtí an siopa áitiúil. Bhí Seán agus Tomás ocrach agus tuirseach tar éis a lá ar scoil.

- » Cé acu de na buachaillí a bhí in ann ómós a thabhairt don Cheathrú Aithne trí a thairiscint dul go dtí an siopa?
- » Murar thairg Seán dul go dtí an siopa, cad a tharlódh?
- » Cad a dhéanfa dá mbeifeá i gcás mar seo?
- Ansin, cuimhnigh ar an gCúigiú hAithne: *Ná déan marú.*

San Aithne seo iarrann Dia orainn meas a bheith againn ar an mbeatha ag gach céim. Is bronntanas luachmhar í an bheatha ó Dhia. Tá Dia ag iarraidh orainn caitheamh le gach duine le meas. Tá gach rud beo ceangailte agus gaolmhar le chéile ar bhealaí éagsúla.

- Cuir na cásanna seo a leanas i láthair na bpáistí agus pléigh na ceisteanna i bhfianaise an Chúigiú Aithne.

Bhí Dónal agus Jilly ag imirt peile ar an bhfaiche os comhair na n-árasán. Bhí Morgan ar an dtaobhlíne ag breathnú orthu óna chathaoir rothaí. Thosaigh Dónal ag magadh Jilly agus ansin leag sé í. D'éirigh Jilly feargach le Dónal agus bhuail sí é ina aghaidh. Thosaigh srón Dónaill ag cur fola. Rothaigh Morgan é féin anonn chuig Jilly agus Dónal agus thug sé dúshlán do Dhónall mar gheall ar a iompar.

- » Cad a d'fhéadfadh Jilly a dhéanamh nuair a d'éirigh sí feargach?
- » Cad a d'fhéadfadh Morgan a rá le Jilly agus le Dónal nuair a chonaic sé cad a bhí ag tarlú ón dtaobhlíne?
- » Cad a dhéanfa dá mba tusa Jilly?

Bhí na páistí sa rang ar lá te samhraidh. Tháinig damhán alla isteach sa seomra agus bhí gach duine ar bís. 'Cuirfidh sé isteach orm, tá sé ollmhór!' a scread Seán. 'Gasta, gasta, seo leabhar, déan é a mharú,' a bhéic Emma ó thosach an tseomra ranga. 'Ní féidir leat é sin a dhéanamh,' arsa Jo. 'Féach ormsa,' a dúirt Jessie, mar a d'ardaigh sí a cos chun stampáil ar an damhán alla.

- » Cad a d'fhéadfadh na páistí a dhéanamh leis an damhán alla dá mba mhian leo an Cúigiú

hAithne a leanúint?

- » An dóigh leat go bhfuil sé mícheart stampáil ar damhán alla? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuil sé?
- » Cad a dhéanfa dá mbeifeá sa rang an lá sin?

- Ansin, tabhair an Seachtú Aithne chun cuimhne: *Ná déan goid.*

Mínigh go gcuireann an Aithne seo cosc orainn aon rud nach mbaineann linn a ghoid nó a ghlacadh. Tá Dia ag iarraidh orainn meas a bheith againn ar chearta daoine eile agus spéis a bheith againn iontu. Tá Dia ag iarraidh orainn a bheith cothrom, gníomhú go cóir agus roinnt le daoine eile. Teastaíonn ó Dhia go mbeadh dóthain ag gach duine. Tá Dia ag iarraidh orainn a bheith macánta i gcónaí le daoine eile. Cuir na cásanna seo a leanas i láthair na bpáistí agus déan na ceisteanna a phlé i bhfianaise an Seachtú Aithne.

Bhí Joyce, cailín nua as na hOileáin Philipíneacha tar éis tosú i Scoil Naomh Seosamh. Ní raibh mórán Béarla aici agus mar sin bhí sé deacair uirthi cumarsáid a dhéanamh ach bhí sí ag tnúth leis an teanga a fhoghlaim agus aithne a chur ar na páistí go léir ina rang. Nuair a chuaigh Joyce amach sa chlós le himirt ag am lóin, chuaigh Kelly, páiste eile as an rang céanna, ar ais isteach sa seomra ranga agus ghoid sí sparán Joyce. Nuair a d'fhill Joyce ar an seomra, d'fhéach sí ina mála agus thug sí faoi deara go raibh a sparán ar iarraidh. Bhí sí an-trína chéile. Ní raibh sí riamh ag súil go dtarlódh aon rud mar seo ar an gcéad lá ina scoil nua.

- » Conas a bhris Kelly an Seachtú Aithne?
- » Conas a mhothaigh Joyce, meas tú, nuair a fuair sí amach gur thóg páiste eile sa rang a sparán?
- » Conas a mhothaigh Kelly ina dhiaidh sin, dar leat?

Tagann na boscaí Trócaire chuig an scoil. I mbliana beidh an fócas ar iarrachtaí bailiú airgid Trócaire ar cheartas aeráide, agus teastaíonn uathu a dhóthain airgid a bhailiú chun cabhrú le córais uisce a chur ar fáil san Aetóip, áit a bhfuil triomach dian i réim. Molann Bríd, 'Déanaimis go léir iarracht mhaith chun roinnt airgid a chur sa bhosca Trócaire.' Aontaíonn na páistí eile léi agus pléann siad rudaí eile a d'fhéadfaidís a dhéanamh.

- » Cén chaoi a dtugann na páistí ómós don Seachtú Aithne?
- » Cad a dhéanfa sa chás seo chun a thaispeáint conas atá tú ag maireachtáil de réir an Seachtú Aithne?

- Ar deireadh, tabhair an tOchtú Aithne chun cuimhne:

Ná tabhair fianaise bhréige in aghaidh do chomharsan.

Mínigh do na páistí gur mian le Dia go ndéanfaimid an fhírinne a labhairt i gcónaí, agus ach go háirithe gan bréaga a insint riamh

faoi dhuine eile. Cuir na cásanna seo a leanas i láthair na bpáistí agus pléigh na ceistanna i bhfianaise an tOchtú Aithne.

Chuaigh Mam agus Daid chuig ceolchoirm tráthnóna amháin, ag fágáil Jenny, an iníon is sine acu, i bhfeighil na leanaí níos óige. Fad is a bhí Jenny ag glanadh sa chistin, bhí Vanessa agus Danny ag súgradh leis na cúisíní sa seomra suí. D'éirigh an cluiche garbh agus leag Vanessa an lampa, bronnantas bainise a fuair a dtuismitheoirí. 'Ó,' arsa Danny, 'beidh tú i dtrioblóid mhór.' 'Ní hea, ní bheidh mé,' a d'fhreagair Vanessa, 'déarfaidh mé gur leag tú mé agus ansin gur thit sé.' 'Is bréag é sin,' arsa Danny. 'B'fhéidir gurb ea,' a d'fhreagair Vanessa, 'ach ní bheidh sé sin ar eolas ag Mam agus Daid!'

- » Cén leanbh nach raibh an tOchtú Aithne á leanúint acu? Mínigh.
- » Conas a briseadh an tOchtú Aithne?
- » Cad a d'fhéadfadh Vanessa a dhéanamh dá mbeadh sí chun maireachtáil de réir an tOchtú Aithne?
- » Cad a dhéanfá dá mba tusa Vanessa?

Chuaigh Sam agus Derek go dtí an baile mór chun bronnantas a cheannach do lá breithe a gcara. D'aontaigh Sam lena thuismitheoirí go mbeadh sé abhaile ar a sé a chlog. Bhí siad ag baint suilt as an mbaile mór chomh mór sin nár thug siad faoi deara an t-am ag imeacht. Faoi dheireadh d'fhéach Sam ar a uaireadóir agus dúirt, 'Tá sé leathuair tar éis a sé, bhí orm a bheith sa bhaile faoi a sé a chlog. Cuirfidh mé glaoch abhaile agus déarfaidh mé nár tháinig an bus.' D'fhiafraigh Derek, 'An gcreidfídh do thuismitheoirí tú?' 'Creidfídh,' arsa Sam, 'agus is féidir liom bus a fháil níos déanaí.' 'tá sé sin go breá,' arsa Derek.

- » Cad iad na bealaí inar briseadh an tOchtú Aithne sa scéal seo?
- » Conas a d'fhéadfadh an tOchtú Aithne a bheith comhlíonta sa scéal?
- » Ní raibh aithne ag Sam agus Derek ar thiománaí an bhus. An raibh sé ceart go leor bréaga a insint faoin dtiománaí mar sin? Cén fáth nó cén fáth nach raibh sé?

Dírigh aire na bpáistí chuig leathanaigh 41 agus 42 dá leabhair.

NÓTA DON MHÚINTEOIR: 'Is í an fhirinne nó an fhirinneacht an tsuáilce arb é atá inti an fhíor a léiriú inar ngníomhartha agus an fhíor a rá inár gcaint, ag fanacht glan ar chaimiléireacht, ar chur-i-gcéill agus ar fhimíneacht. (Caiticiosma na hEaglaise Caitlicí uimh. 2505)

GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a thógáil le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh ... Bí ar an

eolas go bhfuil Dia leat anois... B'fhéidir gur mhaith leat a iarraidh ar an Spiorad Naomh cabhrú leat cuimhneamh ar na hAitheanta ionas go mbeidh tú in ann treoir a fháil uathu gach uile lá agus tú ag iarraidh maireachtáil cosúil le hÍosa. Nuair atá tú réidh, oscail na súile.

GNÍOMHAÍOCHT TIMPEALLÁIN

BÍODH NA HAITHEANTA AR EOLAS

Nóta: Beidh ort na luaschártaí a chóipeáil agus a ghearradh amach (thíos) ionas go mbeidh sraith amháin de luaschártaí ag gach grúpa d'ochtár páiste.

- Tosaigh agus cuidigh leis na páistí cuimhneamh ar na seacht nAithne go rabhadar tugtha isteach orthu. (Tá na seacht nAithne a d'fhoghlaim na páistí liostaithe ar lch 42 dá leabhar.) Abair leis na páistí, don ghníomhaíocht seo, nach mbeidh siad ag díriú ach ar an gceithre Aithne a scrúdaigh siad i mbliana.
- Ansin roinn an rang i ngrúpaí d'ochtár. Déanann ceathrar páiste i ngach grúpa ciorcal, agus foirmíonn an ceathrar eile an dara ciorcal mórtimpeall ar an gcéad cheann. Tugann gach páiste sa chiorcal istigh aghaidh amach i dtreo comhpháirtí ar an gchorcail seachtrach a thugann aghaidh isteach.

- Dáil na luaschártaí 'Aitheanta' do na páistí sna ciorcail istigh. Ní mór do na páistí sna ciorcail seachtracha an freagra ceart a sholáthar (m.sh. má léann an luaschárta 'An Ceathrú Aithne', freagraíonn an páiste, 'Tabhair onóir do d'athair agus do do mháthair').
- Nuair a sholáthraíonn tú an comhartha (m.sh. bualadh bos), bogann na páistí sna ciorcail seachtracha céim amháin i dtreo deiseal, agus fanann na páistí sna ciorcail istigh sa suíomh céanna. Mar sin, bíonn gach páiste ina seasamh os comhair páiste nua a bhfuil cárta nua acu, agus a mbeidh freagra difriúil ag teastáil uathu. Ar an mbealach seo, beidh seans ag na páistí eolas a chur ar an gCeathrú, an Cúigiú, an Seachtú agus an tOchtú hAithne.

Mairimis ...

CAD A MHÚIN TÚ?

Rinne Dia cúnant le Maois agus leis na Giúdaigh. D'aontaigh Dia grá agus aire a thabhairt do na daoine i gcónaí. Bheadh sé ina Dhia orthu agus bheidís mar phobal aige. D'aontaigh na daoine a bheith umhal do Dhia agus grá a thabhairt dó. Thug Dia na Deich nAithne do na daoine mar threoir dóibh conas maireachtáil. Ghlac na daoine leis an gcúnant, chuir siad a muinín i nDia agus d'aontaigh siad maireachtáil mar a d'iarr Dia orthu.

Tá na Deich nAithne seo tagtha síos chugainn inniu. Múineann an chéad trí Aithne dúinn conas grá a thabhairt do Dhia. Múineann na hAithne eile dúinn conas grá a thabhairt do dhaoine eile faoi mar a thugaimid grá dúinn féin. Treoraíonn Dia daoine inniu chun maireachtáil de réir na nDeich nAithne. Cabhraíonn an Ceathrú, an Cúigiú, an Seachtú agus an tOchtú hAithne linn fás inár gcaidreamh le daoine eile agus leis an dtimpeallacht.

GNÍOMHAÍOCHT CHIORCLACH

AG MAIREACTÁIL DE RÉIR NA NAITHEANTA

Nóta: *Beidh fótachóip de gach ceann de na teimpléid thíos ag teastáil don ghníomhaíocht seo.*

- Tosaigh trí athbhreithniú a dhéanamh ar an gCeathrú, ar an gCúigiú, ar an Seachtú agus ar an Ochtú hAithne leis na páistí.
 - Roinn an rang i gceithre ghrúpa agus tabhair teimpléad amháin do gach grúpa. Tá ceist scríofa ar gach teimpléad: 'Conas is féidir liom maireachtáil leis an gCeathrú Aithne?', 'Conas is féidir liom maireachtáil leis an gCúigiú hAithne?', 'Conas is féidir liom maireachtáil leis an Seachtú Aithne?', agus 'Conas is féidir liom maireachtáil leis an tOchtú hAithne?'
 - Tabhair seasca soicind do na páistí le teacht ar an oiread freagraí agus is féidir leo ar a gceist.
- Tabhair an ról do pháiste amháin na freagraí a chlárú.
 - Tar éis seasca soicind, iarr ar na páistí na leathanaigh a chur ar aghaidh i dtreo deiseal i dtreo is go mbeidh ceist nua ag gach grúpa le bheith ag obair uirthi.
 - Lean ort go dtí go mbeidh na leathanaigh ar fad líonta isteach ag na grúpaí éagsúla.
 - Nuair a bheidh an ghníomhaíocht críochnaithe, tabhair cuireadh do gach grúpa rangú a dhéanamh, dar leo, ar na bealaí is praiticiúla chun maireachtáil leis an gCeathrú, an Cúigiú, an Seachtú agus an tOchtú hAithne.
 - Tabhair deis do gach grúpa a gcuid freagraí a roinnt leis an rang iomlán.

PAIDIR

Comhartha na Croise

Iomann Oscailte: Can iomann/amhrán oiriúnach

Múinteoir: Thug Dia na Deich nAithne do Mhaois. Tá na hAitheanta seo againn chun cabhrú linn maireachtáil ar an mbealach a léirigh Íosa dúinn – grá a thabhairt do Dhia agus don chomharsa. Iarraimis ar an Spiorad Naomh treoir a thabhairt dúinn maireachtáil ar nós Íosa, go háirithe ar an

mbealach ina gcoimeádaimid na Deich nAithne. Guímis anois an *Paidir don Spiorad Naomh* a d'fhoghlaimíomar.

Gach duine: *Paidir don Spiorad Naomh* (A Spioraid Naomh, ba mhaith liom ...)

Comhartha na Croise

Ceacht 3: Tabhair aire do Ghréasán na Beatha

SULA DTOSAÍONN TÚ

Seans gur fhoghlaim na páistí faoin tábhacht a bhaineann le cúram a thabhairt don chomhshaol trína rannpháirtíocht i gClár na Scoileanna Glasa. Bhain siad úsáid as acmhainní Trócaire agus chuala siad faoi conas atá an Pápa Proinsias tar éis a impí ar gach duine a bheith eolach faoin ngá atá ann an bheatha ar fad ar ár bplainéad a chosaint. Tá gach rud beo ar an domhan seo ceangailte le chéile i ngréasán na beatha, áit a bhfuil gach rud idirspeách.

Chuir Dia Maois chun na Deich nAithne a thabhairt do na hIosraeilítigh. Inniu, chuir Dia an Pápa Proinsias chugainn chun dúshlán a thabhairt dúinn aire a thabhairt don domhan, ár mbaile coiteann. Spás roinnte le chéile atá sa bhaile coiteann seo. Ina imlitir *Laudato Si'*, múineann an Pápa Proinsias, 'Toisc go bhfuil gach créatúr nasctha le chéile, ní mór iad a chothú le grá agus le meas, toisc go bhfuil gach créatúr beo ag brath ar a chéile' (uimh. 42). Chuala na páistí scéal an Chruthaithe ó Leabhar Ghineasas sna Naíonáin Shóisearacha/B1 agus sna Naíonáin

Shinsearacha/B2 sa chlár *I nGrá Dé*, agus rinneamar athbhreithniú ar an scéal sin arís ag tús na bliana seo. Múineann scéal an Chruthaithe dúinn go bhfuil na gnéithe go léir de chruthú Dé idirnasctha agus idirspeách. Glaonn Dia ar an gcine daonna an teacht le chéile laistigh de ghréasán na beatha a chosaint.

Foghlaimoidh na páistí sa cheacht seo go bhfuil go leor speicis beo i mbaol mura n-athraíonn daoine an tslí ina maireann siad. Déanfaimid iniúchadh ar scéal ainmhí amháin den tsórt sin, an eilifint Áiseach. Múineann An Deichiú hAithne dúinn aire a thabhairt do earraí daoine eile, agus áirítear an phláinéid a roinneann gach neach beo, sa mhéid sin. Ar an mbealach seo, is féidir le gach rud beo saol iomlán a chaitheamh inár mbaile coiteann. Níl monaplacht ag éinne ar chruthú Dé. Glaonn an Deichiú hAithne orainn meas a léiriú ar gach gné den chruthú agus dearchtaí a fhorbairt ionainn féin maidir le meas agus flaithiúlacht seachas éad agus saint.

EOCHAIRFHOCAIL

Santaigh: Dúil a bheith agat i nithe a bhaineann le duine eile.

Idirspeách: Ag brath ar a chéile. Ag teastáil ó chéile. Uaireanta úsáidtear an téarma 'idirghaolmhar' chun cur síos a dhéanamh ar an rud ceanna.

Gréasán na beatha: Téarma a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar an gcaidreamh atá ann idir gach rud beo agus an domhan.

Maor: Duine a thugann aire do rud cé nach leis féin é.

NITHE A BHEIDH AG TEASTAIL UAIT

- Sraith luaschártaí agus liathróid sreangán nó olann do gach grúpa páiste
- Cóip den teimpléad 'gréasán' (thíos) do gach páiste
- Páipéar ealaíne agus ábhar dathúcháin do gach páiste

Féachaimis ...

CLUICHE

GRÉASÁN NA BEATHA A CHEANGAL LE CHÉILE

NÓTA DON MHÚINTEOIR: Is é cuspóir na gníomhaíochta seo ná cabhrú leis na páistí a bheith níos eolaí ar an idirnaisc atá ann idir ghnéithe éagsúla an chruthaithe.

Nóta: Beidh dhá luaschárta déag uait le haghaidh gach grúpa páiste, leis an ainm de cheann de na míreanna seo a leanas ón dtimpeallacht scríofa ar gach cárta acu: *Grian, Beach, Bláth, Féar, Péist, Lon Dubh, Crann, Abhainn, Duilleog, Báisteach, Iora, Ithir.* Beidh liathróid olla nó sreangán ag teastáil ó gach grúpa freisin.

- Roinn an rang i ngrúpaí de sheisear nó ochtar. Tabhair sraith iomlán de luaschártaí do gach grúpa. Tabhair an cárta do pháiste amháin i ngach grúpa leis an focal 'Crann' scríofa air. Iarr ar na páistí eile cárta a phiocadh. Ansin tabhair cuireadh do na páistí suí i gciorcal, leis an bpáiste a bhfuil an 'Crann' aige/aici i lár an chiorcail.
- Cuireann na páistí a gcártaí os a gcomhair amach áit ar féidir le gach duine eile sa ghrúpa iad a fheiceáil. Tabhair an liathróid olla nó sreangán don leanbh i

lár baill. Caitheann sé/sí an liathróid chuig páiste eile. Deir an páiste sin conas a idirghníomhaíonn an cárta atá acu leis an 'Crann'. Coimeádann an páiste sin greim ar an olann agus ansin caitheann siad an liathróid chuig páiste eile, a insíonn conas mar atá a mhír ceangailte le cárta an dara páiste, agus mar sin de.

- De réir mar a théann an cluiche ar aghaidh, déantar gréasán as an olann.

Nuair a bhíonn an olann nó an sreangán ag gach páiste, déan comhrá leo ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cad a tharla sa chiorcal?
- Ainmnigh cuid de na naisc a fheiceann tú.
- An dóigh leat go bhfuil gach rud sa chiorcal ceangailte le gach rud eile, i ndáiríre? Mínigh.

- Dá mba rud é go mbainfí mír amháin, cad a tharlódh don ghréasán? (Iarr ar pháiste amháin an snáithe atá acu a ligean ar an urlár!)

Ansin mínigh do na páistí go bhfuil gréasán cruthaithe againn. Is minic a úsáidtear íomhá gréasáin chun cur síos a dhéanamh ar na naisc atá ann idir na nithe beo éagsúla a chruthaigh Dia. Scaipeann gréasán i ngach treo agus níl aon deireadh leis. Tá gach rud sa ghréasán ceangailte lena chéile. Ina imlitir *Laudato Si'*, múineann an Pápa Proinsias, 'Toisc go bhfuil gach créatúr ceangailte lena chéile, ní mór grá agus meas a thabhairt dóibh, mar go bhfuilimid go léir ag brath ar a chéile' (uimh. 42).

Ansin díriú aire na bpáistí chuig an íomhá de ghréasán atá ar leathanach 44 dá leabhair. Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:


- Nuair a fhéachann tú ar ghréasán, cad a fheiceann tú? Cá bhfeicfeá gréasán? An bhfuil aon phointe ar ghréasán nach bhfuil ceangailte le pointí eile?
- Conas atá na spásanna agus na línte ar an ngréasán ceangailte lena chéile?
- Cad a tharlódh dá ngearrfaí ceann de na línte ar an ngréasán?
- An dóigh leat gur íomhá mhaith í íomhá gréasáin chun cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil gach rud ar ár bplainéad ceangailte lena chéile? Cén fáth nó cén fáth nach íomhá mhaith í?

Díriú aire na bpáistí chuig leathanach 43 dá leabhair.

GNÍOMHAÍOCHT THAIFEADACH

GRÉASÁN NA BEATHA

- Tabhair cóip den teimpléad leis an ngréasán (thíos) do gach páiste.
- Tabhair cuireadh do na páistí 'Dia' a scríobh ina lár an ghréasáin agus liosta a dhéanamh ar an ngréasán de na nithe go léir a chruthaigh Dia ar féidir leo smaoineamh orthu, mar shampla daoine, uisce, ithir, crainn, plandaí, ainmhithe, srl.
- Iarr ar na páistí a 'nGréasán na Beatha' a chur sa spás urnaí.



PAIDIR

Nóta: Tá an phaidir Cúram don Domhan le fáil ar leathanach 45 de leabhar na bpáistí.

Comhartha na Croise

Múinteoir: A Dhia, ár gCruthaitheoir, gabhaimid buíochas leat inniu as bronnantas na beatha ar domhan. Iarraimid ort cabhrú linn aire a thabhairt don domhan agus do gach rud beo – gach duine, gach ainmhí agus gach planda. Deirimis le chéile anois an phaidir *Cúram don Domhan*. Is féidir libh gach líne a athrá i mo dhiaidh.

A Dhia, ár gCruthaitheoir, thug tú an domhan, an spéir agus na farraigí dúinn.

Gach duine: A Dhia, ár gCruthaitheoir, thug tú an domhan, an spéir agus na farraigí dúinn.

Múinteoir: Taispeáin dúinn conas aire a thabhairt don domhan, ní hamháin don lá atá inniu ann ach do na haoiseanna atá le teacht.

Gach duine: Taispeáin dúinn conas aire a thabhairt don domhan, ní hamháin don lá atá inniu ann ach do na haoiseanna atá le teacht.

Múinteoir: Ná lig d’aon phlean ná obair againn áilleacht do chruthaithe a mhilleadh.

Gach duine: Ná lig d’aon phlean ná obair againn áilleacht do chruthaithe a mhilleadh.

Múinteoir: Seol do Spiorad chugainn chun aire a thabhairt don domhan agus don chruthú ar fad. Áiméan.

Gach duine: Seol do Spiorad chugainn chun aire a thabhairt don domhan agus don chruthú ar fad. Áiméan.

Comhartha na Croise

Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.

Foghlaimimis ...

AG COMHRÁ

FAOI GHRÉASÁN NA BEATHA

- Tabhair cuireadh do na páistí cuimhneamh ar a bhfuil foghlamtha acu faoi ghréasán na beatha agus an idirnasca agus idirspéachas atá ann idir gnéithe uile an chruthaithe.
- Déan comhrá leo faoin gcaoi a bhfuil siad ag tabhairt aire don timpeallacht trí pháirt a ghlacadh i gClár na Scoileanna Glasa.
- Ansin mínigh dóibh go bhfuil roinnt plandaí agus ainmhithe i mbaol a ndíothaithe. Tugtar speicis i mbaol orthu seo. Fiafraigh díobh an féidir leo aon phlandaí nó ainmhithe atá i mbaol, a ainmniú.

COMHAD FÍRICÍ

EILIFINT ÁISEACH

- Tá an eilifint Áiseach beag agus ní fhásann sé ach go cúpla méadar in airde. Tá na heilifintí Áiseacha ag éirí tearc ina ngnáthóga: i bhforaoisí na hIndia, na Síne agus ar fud an chuid is mó de na tíortha in oirdheisceart na hÁise.
- Baineadh úsáid as eilifintí na hÁise leis na céadta bliain le haghaidh foraoiseachta agus i gcathanna. In go leor áiteanna ar fud na hÁise, coimeádtar eilifintí na hÁise chun go ndéanfadh turasóirí marcaíocht orthu. Tá cáil ar na heilifintí seo de bharr a neart ollmhór agus a gcairdiúlacht i leith daoine.
- Tá an eilifint Áiseach i mbaol toisc go bhfuil na foraoisí báistí á scrios. Is luibhiteoirí iad na heilifintí Áiseacha agus braitheann siad ar acmhainní na foraoise dá gcuid bia, lena n-áirítear féara, plandaí, duilleoga, buinneoga, coirt, torthaí, cnónna agus síolta. Úsáideann na heilifintí a gcuid truncanna chun cabhrú leo a gcuid bia a bhailiú. Úsáideann siad a gcuid truncanna freisin cosúil le snorcal chun cur ar a gcumas análu istigh in uisce domhain.
- Tá daoine freagrach as an meath ar dhaoine eilifint na hÁise toisc gur chuir siad isteach ar thimpeallacht na heilifinte trí chleachtais cosúil le seilg, póitseáil agus na crainn sna foraoisí baistí a ghearradh. 'Eochairspeicis' is ea eilifintí. Ciallaíonn sé seo go mbraitheann beatha go leor orgánaigh eile orthu. Má théann líon na n-eilifintí i laghad cuirfear isteach ar éiceachóras na foraoise agus beidh drochthionchar aige seo ar speicis eile sa chomhshaol.
- San fhoraois, tarraingíonn na heilifintí crainn anuas, briseann siad toir, déanann siad poill uisce a thochailt agus cruthaíonn siad cosáin.
- Glanann siad na foraoisí agus iad ag ithe agus ag ithe. Is féidir leo sé uair a chloig déag a chaitheamh ag bailiú duilleoga, craobhóga, bambú agus fréamhacha. Braitheann ainmhithe agus daoine eile ar na hoscailtí a dhéanann eilifintí san fhoraois. Braitheann na heilifintí freisin ar an poill uisce a dhéanann siad, go háirithe nuair a bhíonn triomach ann.
- Cabhraíonn na nósanna beathaithe atá ag an eilifint Áiseach le hainmhithe eile san éiceachóras. Croitheann an eilifint craobhacha na gcrann arda, agus tugann na duilleoga, na torthaí agus na caora a thiteann bia do na hainmhithe beaga thíos futhu.
- Is maoir iad na heilifintí agus ba mhór an dochar do na héiceachórais ina maireann siad, muna raibh siad ann. Tá bualtrach na n-eilifintí tábhachtach don timpeallacht freisin. Cuardaíonn roinnt ainmhithe, cosúil le babúin agus éin, tríd an mbualtrach chun síolta agus cnónna a fháil.
- Is 'scaipteoirí síolta' iad eilifintí. Itheann siad ollmhór síolta agus iad ag taisteal i bhfad, agus titeann na síolta go nádúrtha agus iad ag taisteal. Fásann na síolta seo ina bplandaí agus ina gcrainn níos déanaí, agus sa tslí sin cuidíonn siad le hathghiniúint nádúrtha na foraoise. Ní fiú roinnt síolta mura dtéann siad trí bholg na heilifinte. Mar sin cruthaíonn eilifintí na hÁise an timpeallacht ina gcónaíonn siad.
- Tá an eilifint Áiseach i mbaol díothaithe. Má thagann laghdú ar an daonra beidh tionchar aige ar an bhforaois, agus cuirfear isteach ar ghréasán nádúrtha na beatha san fhoraois. In ionad eilifintí na hÁise a sheilg agus a mharú, glaothar ar dhaoine speicis den sórt sin a chosaint agus a chaomhnú.

- Tá foraoisí báistí tábhachtach ar go leor cúiseanna. Cónaíonn éagsúlacht mhór de phlandaí agus d'ainmhithe iontu. Cosnaíonn siad in aghaidh tuilte

agus triomach; agus, mar gheall air seo, gníomhaíonn siad in aghaidh athrú aeráide. Is foinsí leigheas agus bia iad. Tacaíonn siad le treibheanna éagsúla de dhaoine a bhfuil cónaí orthu sna foraoisí báistí. Is áiteanna suimiúla iad le cuairt a thabhairt orthu. Tagann leor de na rudaí a úsáidimid ó na foraoisí báistí, lena n-áirítear seacláid, siúcra, spíosraí, rubair agus anann.

Tar éis duit an Comhad Fíricí a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cén fáth go bhfuil eilifintí Áiseacha i mbaol?
- Cén chaoi a bhfuil daoine ag brath ar eilifintí Áiseacha?

Cabhraigh leis na páistí tuiscint bhreise a fháil ar an tábhacht a bhaineann le meas a bheith acu ar na naisc atá ann idir na heilimintí go léir sa timpeallacht ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Cad is cuimhin leat/libh faoi na bealaí éagsúla ina bhfuil an eilifint Áiseach ceangailte le gnéithe eile den chomhshaol – le plandaí, le hainmhithe eile, agus leis na gnáthóga nádúrtha ina bhfuil cónaí orthu?
- Is dáileoir síolta é an eilifint Áiseach. Cad iad na bealaí eile ina scaiptear síolta? Cén fáth go bhfuil sé tábhachtach go scaiptear síolta i bhfad agus go leathan?
- Cad iad na plandaí agus na hainmhithe eile a d'fhéadfá a fheiceáil i bhforaoisí báistí?
- Cén fáth go bhfuil sé tábhachtach na foraoisí báistí a chosaint?

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

SÁBHÁIL AN FHORAOIS BHÁISTÍ!

- Tabhair cuireadh do na páistí a shamhlú gur iarradh orthu T-léine a dhearadh le pictiúr agus mana a spreagfaidh daoine chun na foraoisí báistí a shábháil. Beidh roinnt ama ag teastáil uathu chun smaoineamh ar mhana oiriúnach agus chun íomhánna a aithint a léireoidh tábhacht na bhforaoisí báistí.

- Is féidir leis na páistí an dearadh a tharraingt sa chóipleabhar don Oideachas Reiligiúnach nó ar an ríomhaire.



DÁN

Cuir an dán seo in aithne na bpáistí.

Crainn

Dar liom níl a léithéid ann –
Dán atá chomh hálainn le crann.

Crann a bhíonn ocrach san iarnóin
Ach le bia ar fáil ó chíocha an domhain;

Crann a bhreathnaíonn ar Dhia gach lá,
Is a ghéaga in airde chun paidir a rá;

Crann nach gcuireann an Samhradh uaidh
Gan neadacha spideog ina ghruaig;

Crann ar a luíonn an sneachta fuar;
Is atá in ann an bháisteach a thuar.

Amadán, mar mise, a chumann rann,
Ach Dia amháin a chruthaíonn crann.

Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 45 dá leabhair.

GLAC NÓIMÉAD

Ag baint úsáid as na focail seo nó focail cosúil leo, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a thógáil le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh ... Bí ar an eolas go bhfuil Dia i láthair leat ... Gabh buíochas le Dia as buille do chroí ... as an aer a anáilann tú ... as d'intinn, a úsáideann tú chun smaoineamh, foghlaim agus machnamh ... Gabh buíochas le Dia as na beannachtaí go léir i do

shaol ... Anois tabhair chun cuimhne na nithe beo go léir ar fud an domhain lena bhfuil tú nasctha ... Smaoinigh ar na daoine go léir agus ar na créatúir ar fad a roinneann tú an pláinéad seo leo ... agus faoi mar atá sibh go léir ceangailte i ngréasán na beatha ... Braithimid go léir ar a chéile chun maireachtáil anseo ... Iarr ar Dhia cabhrú leat aire a thabhairt d'eilimintí uile na cruthaithe lena bhfuil tú nasctha leo ... Nuair a bhíonn tú réidh, oscail na súile.

NÓTA DON MHÚINTEOIR: Ba am cuí é seo chun acmhainní Trócaire ar an gCarghas, a dhíríonn ar obair Trócaire ar son an cheartais ar domhan, a úsáid.

AG COMHRÁ

MAIDIR LEIS AN DEICHIÚ HAITHNE

NÓTA DON MHÚINTEOIR: Toirmisceann an deichiú haithne saint mhaoín an duine eile. Is í an tsaint sin is fréamh le gadaíocht, le slad agus le caimiléireacht, nithe atá crosta ag an seachtú haithne. (ChEC uimh. 2534)

- Tabhair an Deichiú hAithne chun cuimhne, 'Ná santaigh cuid do chomharsan', agus fiafraigh de na páistí má tá brí an fhocail 'santaigh' ar eolas acu. Mura bhfuil, tabhair cuireadh dóibh sainmhíniú an fhocail sin a léamh ar leathanach 43 dá leabhar.
 - Mínigh na príomhphointí seo a leanas maidir leis an Deichiú hAithne:
 - » Glaonn an Deichiú hAithne ar gach duine aire agus meas a thabhairt do chruthú Dé ar fad, agus go háirithe meas a thabhairt don idirnaisc atá ann idir gnéithe uile na cruthaithe.
 - » Glaonn an Deichiú hAithne orainn a bheith fial. Nuair atáimid flaithiúil ní sclábhaí sinn d'airgead nó do shealúchas. Cuidíonn sé seo linn teagmháil a dhéanamh leo siúd ar imeall na sochaí – do dhaoine atá ag maireachtáil le bochtaineacht nó faillí nó cineálacha eile riachtanas, nó a bhraitheann nach mbaineann siad lenár sochaí. Cuidíonn sé linn freisin cásanna a thabhairt faoi deara a éilíonn síocháin agus ceartais.
 - » Uaireanta is féidir éad a bheith orainn nuair a bhíonn an rud atá uainn ag daoine eile. Níl sé mícheart mothúcháin éadmhar a bheith againn. Ach is nuair a ghníomhaímid de réir mothúcháin den sórt sin a bhrisimid an Deichiú hAithne agus déanaimid peaca. Tá Dia ag iarraidh orainn muinín a bheith againn go gcomhlíonfaidh sé ár gcuid riachtanas go léir agus mar sin gur cóir dúinn a bheith fial le gach a bhfuil againn.
 - » Insíonn an Deichiú hAithne linn nár cóir dúinn rud ar bith a iarraidh, nó a ghlacadh nó a scríos a bhaineann le duine eile. Mar an gcéanna, ní ceart dúinn rudaí sa timpeallacht a bhaineann le daoine eile a ghlacadh nó a úsáid dúinn féin amháin. Mar sin, ní cóir dúinn gnáthóga créatúr a scríos, nó an t-uisce a úsáideann gach duine a thruailliú.
 - Anois léigh amach na cásanna seo a leanas agus pléigh na ceisteanna a leanann i bhfianaise an Deichiú hAithne.

Thaitin le Pádraigín cith fada a bheith aici roimh dhul ar scoil, agus mar an gcéanna leis na baill eile den chlann. Maidin amháin shocraigh Pádraigín fanacht istigh sa chith chomh fada sin gur úsáid sí an t-uisce te go léir. Bhí ar a tuismitheoirí agus ar a deartháir níos óige agus ar a deirfiúr cithfholcadh fuar a ghlacadh an mhaidin sin.

 - » Cad iad na slite inar theip ar Phádraigín an Deichiú hAithne a choimeád? (Theip uirthi a bheith flaithiúil agus a roinnt le daoine eile; thóg sí di féin rud éigin a raibh ceart úsáide ag a tuismitheoirí agus ag a siblíne freisin; chuir sí uisce amú, atá ina acmhainn luachmhar a ba cóir a úsáid go ciallmhar; léirigh sí easpa meas dá tuismitheoirí agus dá siblíne.)
- Lá breithe Sheáin a bhí ann agus fuair sé bronntanas de phéire bróga reatha óna aintín. Bhí**

Seán bródúil. Chaith sé na bróga reatha ar scoil agus bhí meas ag gach duine orthu, ach ní raibh ag Pól, agus dúirt sé, 'Ní haon mhaith iad. Níl branda aitheanta acu, fiú amháin.'

- » Cad a cheapann tú faoin méid a dúirt Pól le Seán? Cén fáth, dar leat, a dúirt sé é sin? Conas nach raibh an Deichiú hAithne á coimeád ag Pól ar an ócáid seo?

» Ar mhothaigh tú éadmhar riamh faoi rud éigin a bhí ag duine eile? An gceapann tú go bhfuil sé ceart go leor éad a mhothú? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuil?

- Tabhair cuireadh do na páistí samplaí eile a roinnt faoi na hamanna agus na háiteanna inar deineadh neamhaird don Deichiú hAithne nó inar briseadh í.

AG COMHRÁ

MAIDIR LEIS AN DEICHIÚ HAITHNE AGUS ÁR BPLÁINÉAD

Seiceáil gur thuig na páistí an ceangal atá ann idir an Deichiú hAithne agus

ár bhfreagracht aire a thabhairt don phláinéad go léir agus don timpeallacht a roinnimid leis na créatúir eile trí na ceisteanna seo a leanas a chur orthu nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cén fáth go bhfuil Clár na Scoileanna Glasa ann? An gceapann tú gur maith an rud é? Cén fáth nó cén fáth nach gceapann tú?
- An bhfuil Brat Glas tuillte ag do scoil? Cad a tharlaíonn do dhramhpháipéar agus d'ábhair in-athchúrsáilte eile i do scoil? Cad a tharlaíonn do bhia nach n-itear i do scoil? Conas a chaomhnaítear fuinneamh i do scoil? An spreagann do scoil na daltaí chun uisce a chaomhnú?
- Cén baint atá ag Clár na Scoileanna Glasa, dar leat, leis an Deichiú hAithne?

GNÍOMHAÍOCHT

STÍL BHEATHA A SHEICEÁIL!

- Tabhair cuireadh do na páistí a stíl mhaireachtála a mheas trí chlárú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas ar lá amháin i rith na seachtaine seo:
 - » Conas a laghdaíonn siad, a n-úsáideann agus a athchúrsáileann siad nithe éagsúla
 - » Cad a chaitheann siad sa bhosca bruscair
 - » An úsáid a bhaineann siad as uisce
 - » An úsáid a bhaineann siad as páipéar
 - » An úsáid a bhaineann siad as leictreachas
 - » An úsáid a bhaineann siad as córais iompair
- Nuair a bheidh sé seo críochnaithe ag na páistí go léir, tóg cúpla nóiméad chun comhrá a dhéanamh leo faoin méid a fuair siad amach ón gcleachtadh faoin gcaoi a n-úsáideann siad acmhainní an domhain.
- Tabhair cuireadh dóibh athruithe a d'fhéadfadh siad a dhéanamh a aithint dá stíl mhaireachtála chun níos lú d'acmhainní luachmhara an phláinéid a úsáid as seo amach.

Mairimis ...

CAD A MHÚIN TÚ?

Tá gach ní beo agus gach gné den chruthú idirnasctha agus idirspiléach, agus tá sé seo léirithe san íomhá ‘gréasán na beatha’. Ba mhaith le Dia go mbeadh gach rud beo ar aon dul lena chéile agus leis an gcruthú ar fad. Iarrann an Deichiú hAithne orainn aire a thabhairt do earraí agus do mhaoín daoine eile, agus áirítear leis sin cúram a thabhairt don phláinéad a roinneann gach neach beo; ‘sé sin le rá, a bheith inar maoir mhaithe ar chruthú Dé.

Tá córais bheo ár bpláinéad á scrios mar gheall ar mhí-úsáid agus faillí daoine ar acmhainní an domhain. Tá gréasán na beatha ilroinnte agus dícheangailte anois. Milleann sé seo gach cuid den éiceachóras. Tá an eilifint Áiseach gar do dhul in éag. Cabhraíonn rannpháirtíocht i gclár na Scoileanna Glasa le páistí tuiscint a fháil ar conas a bheith ina maoir ar chruthú Dé agus cabhraíonn sé leo meas a fháil ar an dtimpeallacht.

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

AIRE A THABHAIRT DON DOMHAN

Nóta: *Beidh bileog páipéir ealaíne agus ábhair dhathúcháin ag teastáil ó gach páiste.*

- Tabhair bileog páipéir ealaíne do gach páiste agus tabhair cuireadh dóibh an teideal ‘Ag Maireachtáil leis an Deichiú hAithne’ a scríobh ag barr an leathanaigh.
- Iarr ar na páistí clárú a dhéanamh le siombailí

agus/nó le híomhánna ar chuid de na bealaí ina ndéanann siad iarracht a bheith ina maoir ar an gcruthú sa bhaile, ar scoil agus ina bpobail áitiúla. Spreag iad chun an leathanach a dhathú agus a mhaisiú.

- Iarr ar na páistí a saothar ealaíne a chur sa spás urnaí.

PAIDIR

Ullmhúchán: *Tabhair cuireadh do na páistí seasamh i gciorcal. Minigh dóibh go ndéanfaidh siad gothaí agus go mbeidh siad ag bogadh i rith an urnaí seo. Trí na gluaiseachtaí éagsúla beidh siad ag nascadh lena chéile agus ag brath ar a chéile. Tá an phaidir Cúram don Domhan le fáil ar leathanach 45 de Leabhar na bPáistí.*

Comhartha na Croise

Múinteoir: Deirimis le chéile anois an phaidir Cúram don Domhan.

Gach duine: Cúram don Domhan (A Dhia, ár gCruthaitheoir, thug tú an domhan ...)

Tabhair cuireadh do gach páiste casadh ar dheis agus a lámh dheas a chur ar ghualainn dheas an duine in aice leo.

Ansin iarr ar na páistí sé chéim a thógáil agus ‘Táimid idirnasctha’ a rá in éineacht le gach céim. Ansin iarr orthu stopadh agus a lámh a bhaint ó ghualainn an duine agus é a chur ar a t(h)aobh.

Anois tabhair cuireadh do na páistí casadh ar chlé

agus a lámh chlé a chur ar ghualainn chlé an duine in aice leo.

Ansin iarr ar na páistí sé chéim a thógáil agus ‘Táimid idirnasctha’ a rá in éineacht le gach céim.

Ansin iarr orthu stopadh agus féachaint isteach go lár an chiorcail.

Ar deireadh, tabhair cuireadh do na páistí a ngéaga láimhe a thrasnú os a gcomhair agus bos a chur le chéile leis na daoine in aice leo.

Iarr orthu ansin, sé chéim a thógáil ar dheis agus ‘Táimid idirspiléach’ a rá le gach céim.

Ansin iarr orthu stopadh agus bogadh ar chlé agus ‘Táimid idirspiléach’ a rá le gach céim. Ansin, stopann gach duine agus scaoileann siad a lámha ó chéile.

Cuireann gach duine a lámha le chéile fad is atá an Glóir don Athair á rá acu.

Gach duine: *Glóir don Athair (Glóir don Athair, agus don Mhac, ...) Áiméan.*

Comhartha na Croise

Ceacht 4: Ag maireachtáil de réir Aithne an Ghrá

SULA DTOSAÍONN TÚ

Tá béim curtha ag an téama seo ar thábhacht muinín a chur i nDia. D'fhoghlaim na páistí go bhfásann muinín de réir mar a fhásann an caidreamh a bhíonn againn le daoine eile. Cuirimid muinín iontu siúd is mó a bhfuil aithne mhaith againn orthu. Cuirimid aithne ar Dhia trí ghuí leis agus trí éisteacht leis na scéalta ón mBíobla faoin méid atá déanta ag Dia.

D'fhoghlaim na páistí go n-iarrtar orthu grá a thabhairt do Dhia lena chroí go hiomlán agus a chomharsa mar iad féin. D'fhoghlaim siad nach féidir grá Dé a scaradh ó ghrá na comharsan.

Sa cheacht seo díreoidh na páistí ar conas is féidir leo a gcumais agus a mbuanna a úsáid chun glóir a thabhairt do Dhia, chun a bhfás féin a chothú agus ar son folláine daoine eile. Cabhraímid leo a bheith níos feasaí ar ghlaoch Dé ina saoil féin. Tá an dínit chéanna ag gach duine i súile Dé, agus glaonn Dia orainn grá agus meas a thabhairt do gach duine go cothrom. Níl aon bhunús le hidirdhealú i ríocht Dé toisc gur chruthaigh Dia gach duine ina íomhá agus ina chosúlacht féin agus glaotar ar gach duine chun beatha iomlán a bheith acu.

EOCHAIRFHOCAIL

Idirdhealú: Caitheamh le duine nó grúpa daoine go héagórach mar gheall ar a ndath, inscne, reiligiún, náisiúntacht, eitneacht, cine nó tréithe pearsanta eile.

Dínit: An meas a thugtar do gach duine toisc gur leanbh Dé gach duine againn, dá bhrí sin, táimid speisialta.

NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Páipéar ealaíne, páipéar síprise daite, bileoga A4, péinteanna agus ábhair dhathúcháin eile, siosúr, téip ghreamaitheach agus gliú
- Cóip den teimpléad réalta (thíos) do gach páiste, cárta A4 agus gliú (roghnach), siosúr agus ábhair dhathúcháin
- Páipéar póstaer, pinn luaidhe agus ábhair dhathúcháin le haghaidh gach páiste

Féachaimis ...

AG COMHRÁ

MAIDIR LE BHEITH COTHROM

Déan comhrá leis na páistí faoi choincheap na cothroime, agus conas, go minic, nuair is cosúil go bhfuil rud éigin éagórach ag tarlú, go mbíonn sé bunaithe go gcaitear go dona le duine eile nó go mbraitheann siad go gcaitear go dona leo. Cuir ceisteanna ar nós:

- An féidir leat roinnt samplaí a thabhairt dom de rudaí nach bhfuil 'cothrom', agus inis dom cén fáth a gceapann tú nach bhfuil siad cothrom?
- Ar caitheadh go héagórach leat riamh? Conas a

bhraitheann sé nuair nach gcaitheann duine go cothrom leat? Roinn bhur scéalta.

- An bhfaca tú aon duine eile riamh á mbaint leo go héagórach? Conas a mhothaigh sé sin? Cad a rinne tú?
- Cén fáth ar cóir dúinn caitheamh go cothrom le daoine?

Ansin léigh an scéal 'Níl sé Cothrom!'.

SCÉAL

Níl sé Cothrom

Bhí páistí Bhaile Síorghlas ag baint taitnimh as an lá deiridh den tionscadal samhraidh agus bhí tús áite ag an gcéad seachtain de laethanta saoire na scoile. Bhain Inga agus Antóin an-taitneamh as an tseachtain lena gcairde. Rinne siad cairde nua freisin, agus bhí siad ag tnúth le bualadh leo i rith laethanta saoire an tsamhraidh. An tráthnóna sin, tháinig Antóin abhaile agus dúirt sé lena mháthair agus lena dhaidí, 'Níl sé cothrom, níl sé cothrom in aon chor.'

'Lig fút,' arsa a dhaidí, 'cad é nach bhfuil cothrom?'

'Dúirt athair Thomáis go dtógfadh sé mise, Inga agus beirt dár gcairde leis, go dtí an pháirc eachtraíochta, le linn na laethanta saoire agus go bhféadfaimis picnic a thabhairt linn.'

'Ceart go leor,' d'fhreagair a dhaidí, 'nach deas é sin. Mar sin, cén fáth go ndeir tú nach bhfuil sé cothrom?'

'D'iarr mé an bhféadfadh Doireann teacht linn mar tá sí an-ghreannmhar?' arsa Antóin, 'ach dúirt Peadar nach féidir léi teacht toisc go gcaithfeadh sí a madra a thabhairt léi, toisc gur cailín lagamhairc í, agus ní bheadh aon áit sa charr don mhadra.'

'Mo léan,' arsa Daid.

Ansin dúirt Inga, 'Tá smaoineamh iontach agam ... Daid, tá a fhios agam go



n-úsáideann tú an carr chun dul ag obair gach lá.

An bhféadfá dul ar an mbus? ... le do thoóoil ... agus ansin bheadh an carr ag Mam. D'fhéadfadh léi Doireann agus Rags, agus mise agus Susie, a thógáil agus d'fhéadfaimis bualadh leis na daoine eile sa pháirc eachtraíochta.'

'Ceart go leor,' arsa Daid, 'is maith an smaoineamh é sin.'

Bhí áthas ar Antóin anois, 'Go raibh maith agat a Dhaid, is dóigh liom nach mbeadh sé ceart Doireann a fhágáil sa bhaile ... toisc go bhfuil a fhios againn nach féidir léi taisteal gan Rags. Glaofaigh mé ar Doireann anois chun cuireadh a thabhairt di teacht linn ... Yippeeee!'

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- An raibh baint agat riamh le tionscadal samhraidh? Cén chaoi a raibh sé?
- Cén fáth a raibh Antóin míshásta?
- Cén fáth go raibh ar Dhoireann a madra a thabhairt léi ar an dturas?
- Cén réiteach a bhí ag Inga?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- An dóigh leat go mbeadh sé éagórach gan Doireann a chur san áireamh? Cén fáth nó cén fáth nach mbeadh sé?
- Conas a mhothódh Doireann, dar leat, dá mbeadh a fhios aici nach bhféadfadh sí dul ar an dturas mar nach raibh spás sa charr dá madra?
- Cé eile a bhíonn sé tairbheach dóibh madra oilte

a bheith in éineacht leo?

- An féidir i gcónaí rud éigin a dhéanamh faoi rudaí atá éagórach? Tabhair roinnt samplaí de ghníomhaíochtaí a dhéanann daoine aonair nó grúpaí daoine chun cásanna atá éagórach a athrú.
- An bhfuil aithne agat ar aon leanaí a mhothaíonn eisiata toisc nach féidir leo páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí éigin a mbaineann leanaí eile taitneamh astu – b'fhéidir toisc go bhfuil míchumas coirp orthu nó lagú eile? Cad a d'fhéadfadh cabhrú leis an gcás sin a athrú? Cad a d'fhéadfadh a dhéanamh? Cad a d'fhéadfadh na daoine a chuireann áiseanna ar fáil a dhéanamh? Cad a d'fhéadfadh do phobal a dhéanamh chun cabhrú?

Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 46 dá leabhair.

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

COTHROM NÓ GAN A BHEITH COTHROM?

NÓTA DON MHÚINTEOIR: Is é cuspóir na gníomhaíochta seo ná grúpa amháin a chur faoi mhíbhuntáiste trí ábhair theoranta nó droch-cháilíochta a thabhairt dóibh lena dtasc a chur i gcrích, d'fhonn a thaispeáint dóibh conas a d'fhéadfadh sé a bheith níos deacra agus níos dúshlánaí do dhaoine a gcaitear go héagórach leo nó atá faoi mhíbhuntáiste maireachtáil go laethúil.

Nóta: Beidh páipéar ealaíne, páipéar síprise daite, leatháin A4, péinteanna agus ábhair dhathúcháin eile, siosúir, téip ghreamaitheach agus gliú ag teastáil don ghníomhaíocht seo.

- Roinn an rang ina dhá ghrúpa.
- Tabhair roinnt páipéar ealaíne ar ardchaighdeán, do Ghrúpa 1 chomh maith le péinteanna agus ábhair dhathúcháin eile, péire siosúr do gach páiste, téip ghreamaitheach agus gliú.
- Tabhair roinnt páipéar A4 do Ghrúpa 2, péire siosúr amháin agus gliú.
- Tabhair cuireadh do na páistí rud ar nós a bláth páipéir, bábóg pháipéir nó eitleán/carr páipéir a chruthú.
- Lig do na grúpaí oibriú ar feadh sé nóiméad nó mar sin.
- Iarr ar na páistí go léir na rudaí a chruthaigh siad a chur sa spás urnaí.

Nuair a bheidh an ghníomhaíocht críochnaithe ag na páistí, déan comhrá leo faoin eispéreas ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- An raibh an ghníomhaíocht seo cothrom nó éagórach? Cén fáth?

- Cé a cuireadh faoi mhíbhuntáiste? Conas a chuir sé sin isteach ar an mbealach ina rinne siad an tasc? Cén tionchar a bhí aige ar an méid a chruthaigh siad?
- Cad é mar a dhéanfa cur síos ar an mbealach inar mhothaigh an grúpa nach raibh mórán acmhainní acu? An bhfuil focal ann a dhéanfaid cur síos ar an mbealach inar caitheadh leo? (*Tabhair leid:* Iarr ar na páistí an 'Eochairfhocail' don cheacht seo ar leathanach 46 dá leabhar a sheiceáil, áit a bhfaighidh siad sainmhíniú ar an bhfocal 'idirdhealú'.)
- Cad atá foghlamtha agat ón ngníomhaíocht seo faoin nasc atá ann idir cásanna éagóracha agus daoine nach gcaitear go cothrom leo?
- Conas a d'fhéadfadh an méid a d'fhoghlaim tú a bheith bainte mar shampla, leo siúd atá ag fulaingt le míchumas fisiciúil, nó leo siúd nach bhfuil an t-airgead acu chun íoc as rudaí a mbaineann daoine eile taitneamh astu, nó leo siúd a gcaitear go héagsúil leo mar gheall ar a náisiúntacht, nó dath, nó creideamh, nó tréithe pearsanta eile?

Ullmhúchán: Bíodh éagsúlacht na n-ábhar ón 'nGníomhaíocht Ealaíne' le feiceáil go soiléir ag na páistí uile.

Comhartha na Croise

Múinteoir: Agus sinn ag féachaint ar na hábhair ealaíne, tosóimid an urnaí inniu lenár mothúcháin a roinnt lena chéile. Má tá duine ar bith sásta leis an méid a rinne siad, b'fhéidir gur mhaith leo an mothúchán sin a roinnt leis an rang. (*Lig do chuid de na páistí sin a mothúcháin a roinnt.*) Má tá duine éigin míshásta leis an méid a rinne siad, nó leis an gcaoi inar eagraíodh an ghníomhaíocht, b'fhéidir gur mhaith leo a gcuid mothúchán a roinnt leis an ngrúpa. (*Lig do chuid de na páistí sin a mothúcháin a roinnt.*)

Tá a fhios againn go bhfuil Dia ag iarraidh orainn a bheith cóir agus cothrom. Taithníonn sé linn nuair a bhíonn daoine cóir linn. Tá a fhios againn nach mbíonn an saol cothrom i gcónaí agus nach gcaitear go cothrom le daoine i gcónaí. Uaireanta nílimid cothrom le daoine eile. Tá an freagra ar ár n-urnaí inniu tógtha ó Salm 37: *Cuir do dhóchas sa Tiarna agus déan an mhaith.*

Gach duine: Cuir do dhóchas sa Tiarna agus déan an mhaith.

Múinteoir: A Dhia ghrámhair, ba mhaith leat go mairimid mar dheisceabail Íosa, trí ghrá a roinnt ar a chéile agus trí mheas, maithiúnas agus cothrom na féinne a thabhairt do gach duine. Cabhraigh linn an méid is féidir linn a dhéanamh chun an éagóir a athrú. Cabhraigh linn muinín a bheith againn as do mhaitheas agus do chúram.

Gach duine: Cuir do dhóchas sa Tiarna agus déan an mhaith.

Múinteoir: A Dhia ghrámhair, is breá leat an ceartas agus an cothroime. Cabhraigh linn meas a bheith againn as gach rud atá againn agus an méid atá againn a roinnt le daoine eile.

Gach duine: Cuir do dhóchas sa Tiarna agus déan an mhaith.

Múinteoir: A Dhia ghrámhair, léirigh do Mhac Íosa dúinn conas an méid atá againn a roinnt le daoine eile. Chabhraigh sé i gcónaí le daoine a bhí ar an ngann chuid cibé áit a tháinig sé orthu. Cabhraigh linn an rud céanna a dhéanamh. Cabhraigh linn aire a thabhairt dóibh siúd atá ocrach agus i ngátar ar bith.

Gach duine: Cuir do dhóchas sa Tiarna agus déan an mhaith.

Múinteoir: A Dhia ghrámhair, tá a lán daoine uaigneacha ann, agus iad trína chéile ar chúiseanna éagsúla. Cabhraigh linn bheith ar an airdeall dóibh siúd agus tacaíocht a thabhairt dóibh ar bhealach ar bith is féidir linn.

Gach duine: Cuir do dhóchas sa Tiarna agus déan an mhaith.

Amhrán Deiridh: Can iomann/amhrán oiriúnach

Comhartha na Croise

Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.

Foghlaimimis ...

AG COMHRÁ

MAIDIR LE BUANNA AGUS CUMAIS

Déan comhrá leis na páistí faoin gcaoi a thug Dia gach duine againn buanna agus cumais éagsúla, ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cad iad na buanna agus na cumais atá agat? Conas a úsáideann tú na bronntanais sin?
- Cad iad na buanna uathúla a aithníonn tú i measc na bpáistí eile sa rang? An bhfuil tallann ag duine eile gur mhaith leat a bheith agat? An raibh éad ort riamh le duine a raibh tallann acu a theastaigh uait?
- Cad a chiallaíonn sé, dar leat, le saol iomlán a chaitheamh? An dóigh leat go gcaitheann tú saol iomlán? Conas a chuidíonn do bhuanna

agus do chumais leat é sin a dhéanamh?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur ar nós:

- An dtugann Dia na buanna agus na cumais céanna do gach duine? Mínigh do fhreagra.
- An gceapann tú go bhfuil daoine ann nach bhfuil buanna nó cumais ar bith acu? Mínigh.
- An bhfuil daoine ann a bhfuil cosc orthu úsáid a bhaint as a gcuid buanna agus cumais? Cé a cheapann tú a d'fhéadfadh sé seo tarlú dóibh?

Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 46 dá leabhair.

GLAC NÓIMÉAD

Ag baint úsáid as na focail seo nó focail cosúil leo, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a thógáil le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh. Smaoinigh ar dhaoine a bhfuil cumais neamhghnáthacha acu ... Samhlaigh an cleachtadh a rinne siad chun na leibhéil sin a bhaint amach ...

Anois machnamh ar do bhuanna agus cumais féin ... Is bronntanas ó Dhia iad gach ceann de do chuid buanna agus cumais ... Níl buanna agus cumais duine ar bith níos fearr ná iad siúd atá ag daoine eile ... Tá buanna agus cumais ar leith againn go léir ... Gabh buíochas le Dia as na cumais atá tugtha aige duit ... Iarr ar Dhia cabhair, nó grásta, a thabhairt duit na cumais sin a úsáid go maith. Nuair a bhíonn tú réidh, oscail na súile.

AN SCRÍPTÚR NAOFA

MÚINEADH ÍOSA FAOIN NGRÁ

NÓTA DON MHÚINTEOIR: Tarlaíonn 'idirdhealú' nuair a chaitear go héagórach le duine nó le grúpa daoine. Tá naoi gcúis i ndlí na hÉireann ar a bhféadfaí idirdhealú neamhdhleathach a bhunú: inscne, stádas pósta, stádas teaghlach, aois, cumas, cine, claonadh gnéasach, creideamh reiligiúnach agus ballraíocht den Lucht Siúil. Ba iad grá agus cuimsiú freagairt Íosa don idirdhealú i gcónaí.

Dírigh aire na bpáistí chuig teagasc Íosa, atá ar leathanach 47 de Leabhar na bPáistí:

An Aithne Nua

'Gráigí a chéile. Faoi mar a thug mise grá daoibhse, tugaigí grá dá chéile.' (Eoin 13:34)

An Phríomhathne

'Gráfaidh tú do Thiarna Dia ó do chroí go hiomlán agus ó d'anam go hiomlán agus ó do neart go hiomlán agus ó d'aigne

go hiomlán; agus do chomharsa mar thú féin.' (Lúcás 10:27)

An Riail Órga

'De réir mar ab áil libh daoine a dhéanamh daoibh, déanaigí dóibh sin mar an gcéanna.' (Lúcás 6:31)

Déan comhrá leis na páistí faoi theagasc Íosa maidir leis an ngrá agus na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo á n-úsáid agat:

- Conas a dúirt Íosa go gcaithfeadh daoine lena chéile?
- Cad a dúirt Íosa faoin gcaoi ar cheart do dhaoine grá a thabhairt dá chéile?
- Cad a dúirt Íosa faoi ghrá a thabhairt dár gcomharsa? Cé a bhí i gceist ag Íosa nuair a

d'úsáid sé an focal 'comharsa'? (gach duine)


- Cad é do bharúil faoin 'Riail Órga'? An bhfuil sé éasca nó deacair an riail a leanúint? Mínigh.
- An aontaíonn tú le teagasc Íosa faoin ngrá? Cén fáth nó cén fáth nach n-aontaíonn tú leis?
- Conas a bheadh an domhan, dar leat, dá mbeadh gach duine ag maireachtáil de réir theagasc Íosa?

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

RÉALTAÍ DON RIAIL ÓRGA

Nóta: Beidh cóip den teimpléad réalta ag teastáil uait (thíos) do gach páiste, cárta A4 agus gliú (roghnach), siosúr agus ábhair dhathúcháin.

- Tabhair cóip den teimpléad réalta do gach páiste (thíos).
- B'fhearr go ndéanadh na páistí an leathanach a ghliú ar chárta ar dtús, roimh an réalta a ghearradh amach.
- Tabhair cuireadh do na páistí focail an 'Riail Órga' a scríobh ar an réalta agus í a mhaisiú.
- Iarr ar na páistí na réaltaí leis an 'Riail Órga' a chur sa spás urnaí.



Mairimis ...

CAD A MHÚIN TÚ?

Thug Dia buanna agus cumais uathúla do gach duine. Ní mór cead a thabhairt do gach duine úsáid a bhaint as agus a gcuid buanna agus cumais a fhorbairt gan idirdhealú a bheith déanta ina choinne nó gan caitheamh go héagórach leis. Níl buanna agus cumais duine amháin níos fearr ná iad sin atá ag duine ar bith eile. Mhúin Íosa dá dheisceabail i gcónaí grá a thabhairt dá chéile.

Ní dhearna Íosa idirdhealú nó eisiata riamh in aghaidh aon duine. Thug sé an Aithne Nua agus an Phríomhaithne dúinn chun treoir a thabhairt dúinn ar an gcaoi ar chóir dúinn grá a thabhairt dá chéile. Thug Íosa an Rial Órga dúinn freisin, chun a chur i gcuimhne dúinn caitheamh le daoine eile mar ab áil linn go gcaithfidís linn.

MACHNAMH AGUS DÉAN CINNEADH

AN IDIRDHEALÚ ATÁ I GCEIST ANSEO?

- Léigh gach ceann de na cásanna seo a leanas, ceann i ndiaidh a chéile, do na páistí. Glac sos tar éis gach ceann a léamh agus iarr ar na páistí díospóireacht agus cinneadh a dhéanamh maidir le cibé an gceapann siad an bhfuil idirdhealú ar siúl sa chás sin. Má cheapann siad go bhfuil idirdhealú ann, iarr orthu an cineál idirdhealaithe a mhíniú atá ar siúl agus conas a d'fhéadfadh sé cur isteach ar an duine nó ar na daoine atá i gceist.

Cás 1: Bhí na buachaillí agus na cailíní i gclós na scoile ag am lóin. Bhí cluiche peile á imirt acu. Tugadh an tasc d'Aindriú agus d'Ailís na foirne a phiocadh. Nuair a bhí Aindriú ar tí an ball deiridh dá fhoireann a phiocadh, dúirt duine dá chairde, 'Ná roghnaigh Aoife. Roghnaigh buachaill ina hionad.'

Cás 2: Bhí April agus Josh ag súgradh le chéile tar éis na scoile. Dúirt April le Josh, 'Tá mo mhamaí chun mé a bhogadh chuig scoil eile mar cheapann

sí go bhfuil an iomarca páiste ó thíortha eile nach labhraíonn Gaeilge/Béarla go maith sa scoil seo.'

Cás 3: Bhí na páistí ag dul ar thuras scoile. Dúradh le Síle, a raibh riachtanais speisialta aici, nach raibh sí in ann taisteal ar an mbus toisc nach raibh áit ann do chathaoir rothaí.

Cás 4: Lá breithe Aoife a bhí ann. Theastaigh uaithi cuireadh a thabhairt do chailíní amháin a raibh cónaí orthu in aici léi chuig cóisir a lá breithe.

Cás 5: Bhí Breandán, cóitseálaí CLG, ag roghnú foireann buachaillí agus cailíní chun cluiche measctha a imirt. Dúirt sé le Deirdre nach roghnófaí í toisc go raibh sí ró bheag.

- Anois iarr ar na páistí machnamh a dhéanamh ar aon eispéireas a bhí acu féin, agus scéalta a roinnt, faoi amanna nuair a chonaic siad idirdhealú á dhéanamh nó faoi amanna nuair a deineadh idirdhealú orthu féin.

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE


PÓSTAER FRITH-IDIRDHEALAITHE

Nóta: Beidh páipéar póstaer, pinn luaidhe agus ábhair dhathúcháin ag teastáil ó gach páiste.

- Dáil amach an páipéar ealaíne, na pinn luaidhe agus na hábhair dhathúcháin.
- Tabhair cuireadh do na páistí póstaer a dhearadh a spreagann daoine meas a bheith acu ar dhaoine eile, beag beann ar a gcumas, inscne, dath, creideamh, náisiúntacht, eitneachas, cine, nó aon cheann de thréithe pearsanta eile a d'fhéadfaí a úsáid mar bhonn idirdhealaithe.
- Tabhair cuireadh do pháistí éagsúla cur i láthair

agus míniú a thabhairt a gcuid oibre don rang.

- Iarr ar na páistí a gcuid póstaer a chur sa spás urnaí.



Ullmhúchán:

- *Más féidir, bíodh na páistí ina suí thart nó gar don spás urnaí. Mura féidir é seo a dhéanamh, tabhair cuireadh dóibh a gcathaoireacha a chasadh i dtreo an spáis urnaí.*
- *A chinntiú go n-áirítear cros chéasta/cros agus coinneal sa spás urnaí.*
- *Roghnaigh ceathrar léitheoir. Tá na léachtaí agus an phaidir Cúram don Domhan ar fáil thíos agus féadfar iad a thaispeáint, nuair is gá, ar an gclár bán idirghníomhach.*
- *Roghnaigh ceathrar páiste chun na nithe seo a leanas a iompar go dtí an spás urnaí le linn na seirbhíse: an 'Comhaontú Ranga', an Bíobla Naofa, saothar ealaíne na bpáistí 'Gréasán na Beatha' agus na póstaear 'In aghaidh Idirdhealú'.*

Comhartha na Croise

Iomann Oscailte: Can iomann/amhrán oiriúnach.

Múinteoir: Le linn an urnaí seo tabharfaimid ár siombailí go dtí an spás urnaí chun gach rud a d'fhoghlaimíomar, maidir le muinín a bheith againn as Dia, agus freagra a thabhairt ar a ghlaoch chun grá agus meas a thabhairt do dhaoine eile, a thabhairt chun cinn.

Ar dtús, bímis socair agus ciúin agus cuimhnigh go bhfuil Dia i láthair linn. (*Lasann an múinteoir an choinneal.*) Fócas ar an gcoinneal soilsithe agus, nuair atá tú réidh, dúnaigí na súile ... Tabhair chun cuimhne gach bronntanas an ghrá a thugann Dia duit gach lá ... Análaigh isteach an grá, an t-áthas, an áilleacht agus an cairdeas go léir a thugann Dia duit anois. Agus tú ag easanáil, cuir an ruaig ar aon rud a chuireann ar seachrán tú ... Cuimhnigh go bhfuil an Spiorad Naomh leatsa chun cabhrú leat maireachtáil ar nós Íosa, le grá a roinnt ar nós Íosa agus chun guí ar nós Íosa ... Le do ghuth taobh istigh, gabh buíochas le Dia mar a osclaíonn tú do shúile.

Dalta 1: Ardaíonn an 'Comhaontú Ranga' suas agus tógann go dtí an spás urnaí é.

- **Múinteoir** (ag glacadh sos tar éis gach ceist chun ligean do na páistí freagairt):
Cén fáth a ndearnamar comhaontú ranga? An raibh sé éasca an comhaontú seo a choinneáil? Cén fáth go raibh nó cén fáth nach raibh? An féidir leat cuimhneamh ar an gcomhaontú, nó ar an gconradh, a rinne Dia leis na Giúdaigh trí Mhaois? (Dúirt Dia le Maois, dá

gcoimeádfadh na daoine dlí an ghrá agus an conradh, go mbeidis mar Chlann Tofa aige agus go mbeadh seisean ina Dhia acu). Cad a thug Dia do na daoine chun cabhrú leo an comhaontú a choinneáil? (na Deich nAithne)

Léitheoir 1: A Dhia ár nAthair, gabhaimid buíochas leat as do Bhriathar. D'iarr tú ar Mhaois na hIosraeilítigh a iompar as a sclábhaíocht san Éigipt. D'éist Maois leat agus d'fhreagair sé do ghlaoch mar gheall ar an muinín a bhí aige as do ghrá agus do chúram. Rinne tú comhaontú leis na daoine agus thug tú na Deich nAithne dóibh chun cabhrú leo maireachtáil mar ba mhian leat. Is cuimhin linn na comhaontuithe a dhéanaimid le daoine eile, amhail ár dtuismitheoirí, ár múinteoirí, ár gcairde.

Tabhair cúpla nóiméad do na páistí machnamh a dhéanamh ar a gcuid comhaontuithe.

Dalta 2: Ardaíonn sé/sí an Bíobla Naofa agus tógann go dtí an spás urnaí é.

Múinteoir: Éistimis anois leis na Deich nAithne faoi mar a luaitear iad i Leabhar Eacsadas.

Léitheoir 2: Labhair Dia na briathra seo go léir. Dúirt sé: "Mise an Tiarna do Dhia a thug thú amach as tír na hÉigipte agus as teach na daoirse.

Ná bíodh aon déithe eile agat i mo láthair...

Ná luaigh ainm an Tiarna, do Dhia, le mí-úsáid a bhaint as...

Cuimhnigh ar an tsabóid agus coinnigh naofa í...

Tabhair do d'athair agus do do mháthair onóir...

Ná déan marú.

Ná déan adhaltranas.

Ná déan goid.

Ná tabhair fianaise bhréige in aghaidh do chomharsan.

Ná santaigh teach do chomharsan; ná santaigh bean do chomharsan, ná a dhaor ná a dhaoirseach, ná a dhamh ná a asal, ná aon ní is leis." (Eacs 20:1-17)

Briathar an Tiarna.

Gach duine: Buíochas le Dia.

Dalta 3: Ardaíonn sé/sí saothar ealaíne na bpáistí

'Gréasán na Beatha' agus tógann go dtí an spás urnaí é.

Múinteoir: Éistimis anois le roinnt de na rudaí a dúirt an Pápa Proinsias faoin domhan, ár mbaile coitiann.

Léitheoir 3: Dúirt an Pápa Proinsias na nithe seo a leanas ina imlitir, ar a dtugtar *Laudato Si'*, teideal a chiallaíonn 'Moladh duitse':

'Cuireann Naomh Proinsias Assisi i gcuimhne dúinn gur cosúil le deirfiúr é ár mbaile coiteann, lena bhféadfaimis ár mbeatha a roinnt léi agus gur máthair álainn é a osclaíonn a ngéaga láimhe chun barróg a thabhairt dúinn.' (uimh. 1) Tá an domhan, ár mbaile, i ndiaidh a chéile ag breathnú cosúil le carn mór brocamais. (uimh. 21)

Is cuid den Leas Coiteann í an aeráid, a bhaineann le gach duine agus atá le tairbhe gach duine. (uimh. 23)

Tá tábhacht ag baint le huisce óil úr, os rud é go bhfuil sé fíor-riachtanach le saol an duine. (uimh. 28)

Cailltear na mílte speiceas plandaí agus ainmhithe gach bliain. Téann an formhór in éag de bharr cúiseanna a bhaineann le gníomhaíocht an duine. (uimh. 33)

Múinteoir: Deirimis le chéile anois an phaidir *Cúram don Domhan*.

Gach duine: *Cúram don Domhan* (A Dhia, ár gCruthaitheoir, thug tú an domhan ...)

Dalta 4: *Ardaíonn sé/sí na póstaear 'In aghaidh Idirdhealú' agus tógann go dtí an spás urnaí iad*

Múinteoir: Tá go leor idirdhealú ar an saol. Éistimis anois leis an méid a mhúineann an Eaglais faoin idirdhealú.

Léitheoir 4: Tá Ríocht Dé ann do gach duine. Faightear Ríocht Dé nuair a bhíonn daoine cóir lena chéile, áit a mbíonn muinín ag daoine as a chéile, agus áit a mbíonn grá acu le Dia agus don chomharsa. Ní bhaineann aon chineál idirdhealaithe le Ríocht Dé. Bíonn Ríocht Dé ann áit a mhaireann daoine leis na Deich nAithne agus Aithne an ghrá a thug Íosa dúinn.

Múinteoir: A Dhia ghrámhair, gabhaimid buíochas leat as an domhan ina bhfuil cónaí orainn. Gabhaimid buíochas leat as conradh nua an ghrá a rinne Íosa linn. Guímid go bhféadfaimis, le cabhair do ghrásta, maireachtáil le maitheas, síocháin agus áthas agus muid ag tógáil do Ríocht anseo ar domhan.

Gach duine: Áiméan.

Amhrán Deiridh: Can iomann/amhrán oiriúnach

Comhartha na Croise

An Ceathrú hAithne

An Cúigiú hAithne

An Seachtú hAithne


An tOchtú hAithne

Conas is féidir liom maireachtáil leis an gCeathrú hAithne

Conas is féidir liom maireachtáil leis an gCúigiú hAithne

Conas is féidir liom maireachtáil leis an Seachtú hAithne

Conas is féidir liom maireachtáil leis an Ochtú hAithne



Téama 6: Ag Tógáil Ríocht Dé

Ceacht 1: Tá coinsias agam. Is féidir liom rogha a dhéanamh.

Ceacht 2: Fásann Ríocht Dé trínár ngrá.

ÓN GCURACLAM

Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ

Rúndiamhair Dé

- Tugann an creideamh dúshlán do Chríostaithe oibriú ar son na Ríochta/Réimis Dé

Rúndiamhair Íosa Críost

- D'iarr Íosa ar dhaoine aithrí a dhéanamh agus an Dea-Scéal a chreidiúint, is é sin, teacht Ríocht Dé

Rúndiamhair an Spioraid Naoimh

- Tugann an Spiorad Naomh grásta do phobal uile Dé

Rúndiamhair na hEaglaise/na Ríochta

- Is réimeas lán le ceartas, síocháin agus grá é Ríocht Dé
- Tugann daoine fianaise do Ríocht Dé agus cabhraíonn siad leis fás trí aire a thabhairt do chruthú Dé, grá a thabhairt do dhaoine eile agus caitheamh leo ar bhealach atá ceart agus cóir

Traidisiúin Reiligiúnacha Eile

- Breathnaíonn gach Críostaí ar a gcomharsan ar fad mar shamhail eile dóibh féin
- Iarrtar ar Chaitlicigh a bheith mar fhinnéithe dá gcreideamh féin i gCríost le briathar agus le gníomh

BRIATHAR DÉ

Saol Poiblí Íosa

- Mth 13:33; Lúc 13:20-1. Parabal an giosta
- Mth 13:44-46. An taisce agus an péarla
- Lúc 10:25-37. An Samárach Maith

LIOTÚIRGE AGUS URNAÍ

Urnaí

- Dúirt Íosa lena lucht leanúna aon rud a bhí uathu a fhiafraí ar Dhia 'ina ainm'
- Trí urnaí is féidir le Críostaithe oibriú le chéile ar son theacht na Ríochta

Urnaí Fhoirmeálta

- Cré na nAspal
- Paidir na Maidine
- Tar a Spioraid Naoimh
- Paidir chuig an Spiorad Naomh
- Gníomh Dóláis
- An Phaidir
- An Fhaoistin Choiteann

Paidreacha Breise

- Urnaí na Naomh
- Freagraí an Aifrinn

MÓRÁLTACHT CHRÍOSTAÍ

Dínit an Duine

- Cuireann Dia a mhuinín sa chine daonna oibriú ar son Ríocht Dé ar domhan

Saoirse agus Freagracht an Duine

- Tugann Dia an tsaoirse dúinn rogha a dhéanamh idir an mhaith agus an t-olc-comhartha den ghrá atá aige dúinn. Tugtar saor-thoil ar seo
- Teastaíonn cabhair Dé (grásta) uainn chun an tsaoirse sin a úsáid ar bhealach freagrach
- Tá ról an-tábhachtach ag an urnaí sna cinntí a dhéanaimid

Láithreach ghrástúil agus Cúnamh Dé

- Seo é an riail órga: 'Nithe ar bith ab áil libh daoine a dhéanamh daoibhse, déanaigí amhlaidh sin dóibh'
- Tá gach duine daonna teoranta, lochtach agus dá bhrí sin thaispeáin Dia a mhór-ghrá dúinn trína theagaisc a léiríonn an difríocht idir ceart agus mícheart (ar dtús sa Sean Tiomna áit a bhfuil sé seo léirithe go soiléir sna Deich nAitheanta) agus arís i dteagasc Íosa agus Eipistilí an Tiomna Nua. Lean an Eaglais an sampla diaga seo i gcónaí agus rinne iarracht an difríocht idir ceart agus mícheart a shoiléiriú
- Tá sé de dhualgas ar dhaoine daonna an dlí morálta a leanúint, a spreagann iad chun an rud ceart a dhéanamh agus an t-olc a sheachaint (GS 16). Cloiseann siad an dlí seo ina gcoinsias

- Bealach amháin a chabhraíonn leis an gcoinsias an t-eolas cruinn a fháil ná trí mhachnamh a dhéanamh ar Bhriathar Dé
- Faigheann Críostaithe an t-eolas dá gcoinsias trí urnaí laethúil a dhéanamh agus trí bheith dílis do theagasc na hEaglaise
- Is treoirlínte chun Dia a ghráú iad an chéad trí aithne; Is treoirlínte iad na seacht n-aitheanta eile chun grá a thabhairt dúinn féin agus do dhaoine eile
- Treoraíonn na haitheanta sinn chun cinntí mórálta a dhéanamh

ÓN GCROÍSHIOLLABAS DON OIDEACHAS REILIGIÚNACH

Tógtha ón gCroíshiollabas don Oideachas Reiligiúnach ón Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann (2007).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

CUSPÓIR FOGHLAMA 1

Foilsíú Dé

b. Cruthú agus Titim.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltai:

- Fáil amach faoi na héachtaí atá bainte amach ag cruthaitheacht an duine agus machnamh a dhéanamh orthu.
- Fiosrú faoin dóigh a mbaineann daoine mí-úsáid as a gcumhacht chruthaitheach.

Beatha Íosa

f. Ministreacht Íosa.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltai:

- Iarmhairtí agus impleachtaí chaidreamh Íosa le daoine a fháil amach, a phlé agus a fhorbairt.
- Staidéar a dhéanamh ar theagasc Íosa bunaithe ar pharabail agus ar ráitis thábhachtacha ón tSeanmóir ar an Sliabh go háirithe, agus an bhaint atá acu le saol an lae inniu a thaispeáint - Lúcas 15; Matha 5:1-12.

CUSPÓIR FOGHLAMA 3

An Mhóráltacht

a. Féinmheas.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltai:

- A aithint gur indibhidí iad a bhfuil grá agus meas orthu.
- Machnamh ar fhás agus ar fhorbairt a n-intinne agus a gcoirp.
- Forbairt a dhéanamh ar a scileanna fisiceacha, spioradálta, mórálta, mothúchána agus sóisialta féin.
- Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar dhearcthaí dearfacha maidir lena dtallanna, a saintréithe agus a luachanna féin.

b. Meas ar Dhia.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltai:

- Plé a dhéanamh ar an bhaint atá ag na Deich nAitheanta le saol an lae inniu.
- Fiosrú a dhéanamh ar an bhaint atá ag na Deich nAitheanta leis an dá aithne a thug Íosa dúinn.

Ceacht 1: Tá coinsias agam. Is féidir liom rogha a dhéanamh



SULA DTOSAÍONN TÚ

Ó thús na sraithe *I nGrá Dé* dheimhníomar do na páistí plean grámhar neamhchoinníollach Dé dóibh. I mbliana smaoinigh na páistí arís ar an gcúnant a rinne Dia le Maois agus, tríd, le gach duine againn. Tá na páistí tugtha isteach againn freisin ar na Deich nAithne, a thug Dia dúinn chun a thaispeáint dúinn conas grá a thabhairt dó agus conas grá a thabhairt don chomharsa.

Sa cheacht seo múinimid do na páistí gur thug Dia coinsias do gach duine againn, a chabhraíonn linn breithiúnas a thabhairt maidir le rud éigin a bheith ceart nó mícheart agus cad iad na

roghanna ar chóir dúinn a dhéanamh i gcásanna éagsúla. Tá ár gcoinsias bunaithe ar sraith de phrionsabail mhorálta agus eiticiúla. Cabhraimid leis an páistí 'a gcoinsias a chur ar an eolas' trí mhachnamh a dhéanamh ar Bhriathar Dé sa Scriptúr Naofa agus ar theagasc na hEaglaise. Cabhraimid leo freisin tuiscint a fháil ar an tábhacht a bhaineann le fiafraí de Dhia trí urnaí chun grásta a thabhairt dóibh chun a fháil amach cad atá ceart, agus an misneach a bheith acu gníomhú dá réir.

EOCHAIRFHOCAIL

Coinsias: An tuiscint atá againn go bhfuil rud éigin ceart nó mícheart. Tugann Dia bua an choinsiasa dúinn chun cuidiú linn breithiúnas maith a dhéanamh.

Grásta: An cúnamh a thugann Dia dúinn maireachtáil ar an mbealach a léirigh Íosa dúinn.

Lectio Divina: Focail Laidine a chiallaíonn 'Léitheoireacht Naofa'. Modh ársa léitheoireachta é, ag dul siar go dtí an ceathrú haois, chun na Scriptúir a léamh go cráifeach.

NITHE A BHEIDH AG TEASTAIL UAIT

- Cóip den teimpléad 'ceart nó mícheart' (thíos) le haghaidh gach péire nó grúpa páiste

Féachaimis ...

AG COMHRÁ

MAIDIR LE ROGHANNA A DHÉANAMH

Tosaigh ag comhrá leis na páistí faoi na roghanna a dhéanaimid, ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- An féidir leat smaoineamh ar roinnt roghanna a rinne tú inniu? Ar roghanna a dhéanann tú go seachtainiúil?
- An maith an rud é a bheith saor chun rogha a dhéanamh? Cén fáth nó cén fáth nach maith an rud é?

- An mbíonn sé éasca i gcónaí rogha a dhéanamh? Cathain a bhíonn sé deacair rogha a dhéanamh?
- An raibh ort rogha a dhéanamh riamh idir rud éigin a dhéanamh a raibh a fhios agat a bhí ceart agus rud éigin a dhéanamh a raibh a fhios agat a bhí mícheart? Conas a mhothaigh tú faoi sin?
- Nuair a bhíonn rogha agat, bíonn ort breathnú ar roghanna éagsúla. An maith leat roghanna a bheith agat nó ar mhaith leat gan roghanna a bheith agat?

GNÍOMHAÍOCHT MHACHNAMHACH

ROGHANNA

- Iarr ar na páistí liosta a dhéanamh de na roghanna go léir a rinne siad ó d'éirigh siad ar maidin.
- Ansin tabhair cuireadh dóibh breathnú ar a liosta agus cinneadh a dhéanamh ar na roghanna a bhí deacair orthu a dhéanamh agus na cinn a bhí éasca orthu.

- Iarr orthu a aithint an raibh roghanna i gceist a raibh orthu rogha a dhéanamh idir rud éigin a bhí ceart agus rud éigin a bhí mícheart.

Dirigh aire na bpáistí chuig leathanach 49 dá leabhair.

PAIDIR

Nóta: Mura bhfuil na focail de Chré na nAspal ar eolas de ghlan mheabhair ag na daltaí, d'fhéadfá a iarraidh orthu a gcuid leabhar a oscailt ag leathanach 107 ag an am cuí. Tá an freagra don phaidir le fáil thíos.

Comhartha na Croise

Múinteoir: Bailímid le chéile inniu chun buíochas a ghabháil le Dia as na deiseanna atá againn roghanna a dhéanamh inár saol. Baineann cuid de na roghanna a dhéanaimid le nithe neamhshuntasacha agus cuid eile le roghanna idir rudaí atá ceart agus rudaí atá mícheart. Uaireanta níl sé éasca go mbeadh a fhios agat cad atá le déanamh. Glac sos ar feadh nóiméid agus déan machnamh ar na roghanna a rinne tú inniu sa bhaile nó ar scoil. Smoinigh an bhfuil tú sásta leis na roghanna sin, nó an mbeadh na roghanna sin éagsúil dá mbeadh an seans agat iad a dhéanamh arís. (Sos)

Is é an freagra ar ár n-urnaí inniu ná: *Seo mé, a Thiarna, ba mhaith liom do thoil a dhéanamh leis na roghanna a dhéanfaidh mé gach lá.*

Gach duine: Seo mé, A Thiarna, ba mhaith liom do thoil a dhéanamh leis na roghanna a dhéanfaidh mé gach lá.

Múinteoir: A Dhia ár nAthair, chuir tú Íosa ar domhan chun a dheisceabail a mhúineadh grá a thabhairt dá chéile. Beidh a fhios ag daoine gur deisceabail atá ionainn má léirímid grá lena chéile. Déanaimid cuimhne ar ghníomhartha an ghrá atá déanta againn sa bhaile nó ar scoil inniu. (Sos) Guímis.

Gach duine: Seo mé, A Thiarna, ba mhaith liom do thoil

a dhéanamh leis na roghanna a dhéanfaidh mé gach lá.

Múinteoir: A Thiarna Íosa, gabhaimid buíochas leat as an deashampla a thug tú dúinn maidir le grá a thabhairt do Dhia agus don chomharsa. Iarrann tú orainn an rud céanna a dhéanamh. Déanaimis smaoineamh ar feadh nóiméid faoi chomharsa a d'fhéadfaimis cabhrú leo. Tóg sos agus smoinigh ar an méid a dhéanfaidh tú chun cabhrú leis an chomharsa seo. (Sos) Guímis.

Gach duine: Seo mé, A Thiarna, ba mhaith liom do thoil a dhéanamh leis na roghanna a dhéanfaidh mé gach lá.

Múinteoir: A Spioraid Naoimh, tabhair treoir dúinn maireachtáil i gcónaí ar nós Íosa, grá a roinnt ar nós Íosa agus guí ar nós Íosa. Cabhraigh linn a bheith in ann an méid atá ceart agus cad atá mícheart a aithint, agus an rud ceart a roghnú i gcónaí. Guímis.

Gach duine: Seo mé, A Thiarna, ba mhaith liom do thoil a dhéanamh leis na roghanna a dhéanfaidh mé gach lá.

Múinteoir: Nuair a ghuímid *Cré na nAspal*, luaimid ár gcreideamh sa Tríonóid Naofa: an tAthair, an Mac agus an Spiorad Naomh. Guímis *Cré na nAspal* le chéile anois.

Gach duine: Cré na nAspal (Creidim i nDia, an tAthair uilechumhachtach ...)

Comhartha na Croise

Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.

Foghlaimimis ...

MACHNAMH AGUS DÉAN CINNEADH

CEART NÓ MÍCHEART?

Nóta: Beidh cóip den teimpléad ‘ceart nó mícheart’ uait (thíos) do gach péire nó grúpa páiste.

- Tabhair cuireadh do na páistí oibriú i mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga. Tabhair cóip den teimpléad ‘ceart nó mícheart’ (thíos) do gach grúpa agus tabhair cuireadh dóibh machnamh agus díospóireacht cúramach a dhéanamh ar gach cás, agus cinneadh a dhéanamh ar cad atá ‘ceart’ agus cad atá ‘mícheart’ i ngach cás.
- Tar éis do na páistí roinnt ama a chaitheamh ag

plé na gcásanna éagsúla, déan comhrá leo ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- » An raibh taithí agat riamh ar chás ar bith cosúil leo seo? Roinn cuid de na heispéiris sin. Cén fáth ar ghníomhaigh tú mar a rinne tú?
- » Conas a shocraíonn tú cé acu an bhfuil do ghníomhartha ceart nó mícheart? Cá bhfoghlaimíonn tú faoi roghanna a dhéanamh i gcásanna éagsúla?

AG COMHRÁ

MAIDIR LE COINSIAS

- Tosaigh ag fiafraí de na páistí conas a shocraíonn siad ar an méid atá ceart agus mícheart. Cé nó cad a chabhraíonn leo cinntí cearta a dhéanamh? An mbíonn siad cinnte i gcónaí faoin méid is ceart le déanamh?
- Ansin mínigh do na páistí gur thug Dia coinsias do gach duine againn, rud a chabhraíonn linn breithiúnas a thabhairt maidir le rud éigin a bheith ceart nó mícheart agus chun roghanna a dhéanamh faoi cad ba cheart dúinn a dhéanamh i gcás ar bith. Tá ár gcoinsiasa cosúil le guth inmheánach a chuidíonn linn cinntí maithe a dhéanamh. Nuair a éistimid lenár dtuismitheoirí, lenár múinteoirí agus lenár

sagairt, foghlaimimid níos mó faoin méid atá ceart agus mícheart. Nuair a léimid nó éistimid le scéalta ón mBíobla, foghlaimimid ó Íosa agus ó dhaoine eile faoi cad ba cheart nó nár cheart dúinn a dhéanamh. Cuidíonn siad seo go léir linn ár gcoinsias a fhoirmiú ionas gur féidir linn roghanna maithe a dhéanamh. Bronntanas ó Dhia don chine daonna is ea a bheith in ann roghanna a dhéanamh. Tugann Dia bronntanas an ghrásta dúinn freisin chun cabhrú linn maireachtáil ar an mbealach a léirigh Íosa dúinn. Is féidir linn a iarraidh ar an Spiorad Naomh freisin sinn a threorú agus roghanna a dhéanamh againn.

GNÍOMHAÍOCHT

MAIDIR LE ROGHANNA A DHÉANAMH

- Tabhair cuireadh do na páistí smaoineamh ar an gceist seo ar feadh cúpla nóiméad: *Cad iad na ceisteanna a d’fhéadfainn a chur orm féin sula ndéanfaidh mé rogha faoi cé acu an bhfuil an gníomh atá á dhéanamh agam ceart nó mícheart?*
- Ansin iarr ar na páistí a gcuid freagraí a roinnt leis an rang. Agus iad ag déanamh amhlaidh, scríobh freagraí na bpáistí ar an gclár bán.
- Cuir na rudaí seo a leanas le moltaí na bpáistí muna bhfuil siad liostaithe cheana:
 - » An bhféadfadh an rogha a dhéanfainn dochar a dhéanamh do mhothúcháin duine éigin eile?
 - » An bhfuil an rogha atá mé ar tí a dhéanamh cothrom?

- » An bhfuil an rogha ba mhaith liom a dhéanamh ag teacht leis an Riail Órga: ‘De réir mar ab áil libh daoine a dhéanamh daoibh, déanaigí dóibh sin mar an gcéanna.’ (Lúcás 6:31)?
- » Ar dúradh liom riamh go bhfuil an beart atá mé ar tí a dhéanamh mícheart?
- » Conas a mhothóidh mé níos déanaí má ghníomhaím ar an mbealach seo?
- » Cad a déarfadh na daoine fásta i mo shaol liom faoin rogha seo?

Dírigh aire na bpáistí chuig leathanaigh 49 agus 50 dá leabhair.

DÁN

Cuir an dán thíos in aithne do na páistí.

Rogha

Ní dhúisíonn rós
Ar maidin ag rá,
'Éadaí gorma inniu
Cosúil le coinnle corra.'

Ní chanann an smólach,
'Níl mé ag eitilt go hard.
Ach ag snámh leis an eala
Go bródúil, thart.'

Ní deir an chaora
Ag cogaint an fhéir,
'Is madra mise
Ag léim san aer.'

Déanaim rogha gach lá,
Gan dobhrón ar bith.
Maidir le héadaí is bia,
Cathain siúl, cathain rith.

Tig liom a bheith cairdiúil
Leatsa is leisean,

Duine atá ionat,
Bíodh rogha agat freisin.

Thug Dia dúinn rogha,
Nach beannaithe sinn?
Le buíochas is cabhair
Ar aghaidh go geal linn.

Tar éis duit an dán a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cén cineál rogha a deir an duine sa dán gur féidir leo a dhéanamh?
- Cén fáth go ndeir an carachtar sa dán go bhfuil siad 'beannaithe'?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur ar nós:

- Ainmnigh difríocht amháin idir daoine agus na créatúir eile a dhíríonn an dán seo orthu.
- An dóigh leat gur rud maith é rogha a bheith agat? Cén fáth nó cén fáth nach rud maith é?

Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 51 dá leabhair.

GLAC NÓIMÉAD

Ag baint úsáid as na focail seo nó focail cosúil leo, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a thógáil le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh ... Smaoinigh ar na rudaí beo go léir ón domhan nádúrtha a luaitear sa dán... an rós ... an coinnle corra ... an smólach ... an eala ... an chaora ... an madra ... An féidir le haon cheann díobh seo roghanna a dhéanamh? ... Anois smaoiniamh ort féin ... Thug Dia bronnantas na rogha duit ... Tugadh

an bronnantas seo do dhaoine amháin ... Smaoinigh ar rogha éigin a rinne tú inniu ... B'fhéidir gur chuir tú áthas nó brón ar dhuine éigin inniu trí rogha a rinne tú ... Le do ghuth istigh, iarr ar an Spiorad Naomh cabhrú leat chun roghanna a dhéanamh a bheidh go maith ... duit féin ... do dhaoine eile ... don timpeallacht ... Gabh buíochas le Dia as an duine a scríobh an dán seo agus a chabhraigh linn cuimhneamh gur bronnantas ó Dhia é bheith in ann roghanna a dhéanamh ... Nuair a bhíonn tú réidh, oscail na súile.

AG COMHRÁ

MAIDIR CONAS A CHABHRAÍONN NA DEICH NAITHNE LINN ROGHANNA A DHÉANAMH

Cuir i gcuimhne na bpáistí gur thug Dia na Deich nAithne dúinn chun sinn a threorú sna roghanna a dhéanaimid maidir le grá a thabhairt do Dhia, don chomharsa agus mar a thugaimid aire do gach gné de chruthú Dé.

Seiceáil an méid atá ar eolas ag na páistí faoi na Deich nAithne agus cad atá i gceist ag gach ceann acu agus na ceisteanna seo á n-úsáid agat nó ceisteanna cosúil leo:

- Cé acu de na hAitheanta a threoraíonn muid conas ár ngrá agus ár meas do Dhia a thaispeáint? (An chéad trí Aithne) Cad a iarrann na hAitheanta seo orainn a dhéanamh chun a thaispeáint go bhfuil grá againn do Dhia?

- Cad a iarrann an Ceathrú hAithne orainn a dhéanamh? (Chun ómós a thabhairt dár dtuismitheoirí)
- Cén Aithne a insíonn dúinn nár ceart dúinn nithe a thógáil a bhaineann le daoine eile? (An Seachtú hAithne)
- Cén Aithne a insíonn dúinn meas a bheith againn ar an mbeatha ar fad agus gan aon rud a dhéanamh a dhéanadh dochar don bheatha? (An Cúigiú hAithne)
- Cén Aithne a insíonn dúinn gan éad a bheith orainn maidir le daoine eile? (An Deichiú hAithne)
- Cén Aithne a insíonn dúinn gan bréaga a insint faoi dhaoine eile? (An tOchtú hAithne)

LECTIO DIVINA

NÓTA DON MHÚINTEOIR: Modh ársa léitheoireachta agus modh éisteachta leis na Scriptúir, a thagann ón gceathrú haois, atá i *Lectio divina*. Frása Laidine é *Lectio divina* a chiallaíonn 'léitheoireacht naofa'. Séard atá i gceist i *Lectio divina* ná am a chaitheamh ag éisteacht go cúramach leis an méid a d'fhéadfadh Dia a bheith á rá linn trí théacs Scriptúrtha. Is gnách go mbíonn cúig chéim i *Lectio divina*: *lectio* (léitheoireacht), *meditatio* (machnamh), *contemplatio* (rinnfheithreamh), *oratio* (urnaí) agus *actio* (gníomh). Os rud é go bhfuil na páistí á dtabhairt isteach ar an modh urnaí seo, úsáidimid leagan mionathraithe de na céimeanna thuas chun cabhrú leo machnamh a dhéanamh ar an méid atá á rá sa Pharabal faoin Samárach Maith.

- Minigh do na páistí go bhfuil siad chun triail a bhaint as modh nua urnaí, ina mbeidh sliocht ó na Scriptúir á léamh go cúramach, chun machnamh a dhéanamh ar an méid a d'fhéadfadh Dia a bheith á rá leo sa sliocht sin. Inis dóibh go dtugtar *lectio divina* ar an modh urnaí seo, focail a chiallaíonn 'léitheoireacht naofa'. An sliocht ón Scriptúr a scrúdóidh siad ná an Parabail faoin Samárach Maith. (Má chuaigh na páistí i ngleic leis an ghníomhaíocht *visio divina* ('féachaint dhiaga') maidir leis an bParabal faoin Samárach Maith i dTéama 3, b'fhéidir gur mhaith leat iarraidh orthu cuimhneamh ar na rudaí a mheabhraíonn siad faoin ghníomhaíocht sin ag an bpointe seo.) Ag ullmhú don chleachtadh seo a dhéanamh ar *lectio divina*, iarr ar na páistí a gcuimhní faoi chúlra an Pharabail faoin Samárach Maith a roinnt, ach go háirithe maidir leis an gcaidreamh a bhí ann idir Giúdaigh agus Samáraigh in aimsir Íosa. B'fhéidir gur mhaith leat a mholadh dóibh an achoimre ghearr faoin gceannteideal 'An Samárach Maith' ar leathanach 22 dá leabhar a léamh chun cuidiú leo comhthéacs an pharabail a thabhairt chun cuimhne. Tabhair cuireadh do na páistí an méid a chuimhníonn siad faoin bparabal a roinnt, ag baint úsáid as ceisteanna cosúil leo seo: Cad a tharla don fhear a bhí ina luí ar an mbóthar? Cé a chuaigh tharais gan cabhrú leis? Cé a chabhraigh leis agus cad a rinne siad? Ansin, téigh ar aghaidh leis an *lectio divina* ag baint úsáid as na treoirlínte seo:

- **Céim 1: LÉITHEOIREACHT**
Sula léitear an Parabail faoin Samárach Maith, iarr ar na páistí a bheith socair agus ciúin, ag baint úsáid as na focail seo a leanas nó focail den chineál céanna:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Tig libh na súile a dhúnadh ... Bíodh a fhios agaibh go bhfuil sibh ag ullmhú

chun Briathar Dé a chloisteáil ... Caithfidh sibh éisteacht go cúramach leis an méid atá á rá ag Dia libh tríd an sliocht seo ... mar sin déan iarracht dearmad a dhéanamh ar gach rud eile ach amháin na focail a chloiseann sibh ón Scriptúr Naofa.

Ansin léigh an Parabail faoin Samárach Maith (Lúcás 10:25-37).

- **Céim 2: MACHNAMH**

Tabhair cuireadh do na páistí smaoineamh ar an bparabal a chuala siad. Is féidir leo a súile a choinneáil dúnta mar a threoraíonn tú iad ag machnamh go ciúin leis na ceisteanna seo a leanas nó le ceisteanna cosúil leo:

Cad a tharla sa pharabal seo? Cad iad na roghanna a rinne an sagart sa pharabal? ... an Léivíteach? ... an Samárach? Cén fáth go ndearna siad na roghanna sin? Cé acu is fearr leat? Cad a cheapann tú a ndéanfadh Íosa sa chás sin? Samhlaigh cad a dhéanfa dá mbuailfeá leis an bhfear a ndearnadh ionsaí air ... nó dá mbuailfeá leis an duine a rinneadh ionsaí air.

- **Céim 3: URNAÍ**

Tabhair cuireadh do na páistí guí a dhéanamh, á ngríosadh le ceisteanna nó le moltaí cosúil le: An bhfuil rud éigin ar mhaith leat a rá le hÍosa, ag baint úsáid as do ghuth istigh, faoin bparabal a chuala tú? ... B'fhéidir gur mhaith leat labhairt leis faoi chuid de na carachtair sa pharabal ... An bhfuil rud ar bith ar mhaith leat a iarraidh ar Íosa faoin bparabal? ... Tá Íosa ag éisteacht leat anois ... Inis dó cibé smaointe nó ceisteanna atá i d'intinn agat ...

- **Céim 4: ÉISTEACHT**

Tabhair cuireadh do na páistí éisteacht leis an méid a d'fhéadfadh Íosa a bheith á rá leo anois, ag baint úsáid as na focail seo nó focail den chineál céanna:



Táimid tar éis guí a dhéanamh le hÍosa faoin bparabal. Anois beimid ciúin agus éistimid leis an méid a d'fhéadfadh Íosa a bheith á rá linn ... B'fhéidir go bhfuil Íosa ag insint dúinn conas is féidir linn a bheith cosúil leis an Samárach Maith nuair a thagaimid ar dhaoine i ngátar.

Bíodh aga ann le haghaidh machnaimh.

- **Céim 5: GNÍOMH**

Tabhair cuireadh do na páistí an méid a cheapann siad a bhí le rá ag Íosa leo tríd an bparabal seo faoin gcaoi ar chóir dóibh maireachtáil ar an saol. Tabhair nod dóibh le ceisteanna dála na cinn a leanas:

Cén chaoi a d'fhéadfadh an parabal seo tú a

threorú sna roghanna atá le déanamh agat i do shaol féin?

Déan iarracht smaoineamh ar an méid a d'fhéadfá a dhéanamh dá dtiocfá ar dhaoine a dteastaíonn cabhair uathu – sa bhaile, sa scoil nó i do phobal – ionas go mbeidh tú cosúil leis an Samárach Maith seachas na daoine a d'imigh thar an duine gortaithe.

Cuir i gcuimhne do na páistí guí chuig an Spiorad Naomh chun iad a threorú fás i ngrá le Dia agus le daoine eile trí roghanna maithe a dhéanamh. Guígí ansin an *Phaidir chuig an Spiorad Naomh* (A Spioraid Naoimh, ba mhaith liom an rud ceart a dhéanamh. Cabhraigh liom ...)

Mairimis ...

CAD A MHÚIN TÚ?

Thug Dia bronnantas dúinn a bheith in ann roghanna a dhéanamh. Uaireanta déanaimid roghanna maithe agus uaireanta eile déanaimid droch-roghanna. Téann na roghanna a dhéanaimid i bhfeidhm ar ár gcaidreamh le Dia, le daoine eile, leis an dtimpeallacht agus linn féin. Cuidíonn ár gcoinsias linn roghanna maithe a dhéanamh.

Foghlaimíonn ár gcoinsias ó na daoine a mhúineann muid conas maireachtáil go maith, trí ghuí, trí mhachnamh a dhéanamh ar Bhriathar Dé agus trí ghrásta Dé a iarraidh. Is féidir linn ár gcaidreamh le Dia a dhoimhniú agus a Bhriathar a thuiscint níos fearr trí dhul i mbun *lectio divina*.

MACHNAMH AGUS DÉAN CINNEADH

CÉN ROGHA IS FEARR?

- Tabhair cuireadh do na páistí a bheith ina mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga.
- Léigh gach ceann de na cásanna seo a leanas, ceann i ndiaidh a chéile, do na páistí. Glac sos tar éis gach ceann a léamh agus iarr ar na páistí díospóireacht a dhéanamh agus cinneadh a dhéanamh lena gcomhpháirtí cén rogha is fearr a dhéanamh sa chás sin. Muna dtaitníonn aon cheann de na roghanna leo, ligeann rogha E dóibh teacht ar a rogha féin.
- Sula mbogann tú ar aghaidh go dtí an chéad chás eile, tabhair cuireadh do roinnt de na páistí a rogha a roinnt agus a mhíniú don rang.

Cás 1: Tá tú ag seiceáil céard atá ar siúl ag do chairde ar na meáin shóisialta agus aimsíonn tú go bhfuil Jack agus Amy, beirt pháiste i do rang, ag postáil droch-rudaí faoi Holly, atá i do rang freisin. Cé acu de na roghanna seo a leanas a roghnófa?

A: Inis don oiread páiste eile agus is féidir leat féachaint ar na rudaí atá á rá faoi Holly.

B: Téigh agus inis do Holly faoi na rudaí atá á rá ag Jack agus Amy fuithi.

C: Inis don mhúinteoir an méid atá Jack agus Amy á dhéanamh.

D: Labhair le Jack agus Amy agus a rá leo go bhfuil an méid atá á dhéanamh acu mícheart.

E: (*Do mholadh féin a bheith agat*)

Cás 2: Is breá le do dheirfiúr, Lisa, a bheith ag canadh. Cloiseann tú go bhfuil Seán, atá i bhfeighil cór sa séipéal, ag lorg amhránaithe don chór. Cé acu de na roghanna seo a leanas a roghnófa?

A: Abair le Seán gur ceart dó labhairt le do dheirfiúr Lisa mar is amhránaí an-mhaith í.

B: Déan cinneadh gan do dheirfiúr a lua le Seán ... agus gan a insint dod' dheirfiúr faoin gcór ach an oiread.

C: Smaoinigh duit féin, 'Ba bhreá le Lisa é sin,' agus ansin téigh agus inis do Lisa faoi.

D: Abair le Seán gur bhreá leat a bheith páirteach sa chór, agus ansin inis dod' dheirfiúr go bhfuair tú an áit dheireanach sa chór.

E: (*Do mholadh féin a bheith agat*)

Cás 3: Tá cailín nua i do rang agus tá hijab á caitheamh aici. Tá cuid den rang ag cogar fúithi agus ag fiafraí cé acu gruaig fhada nó gruaig ghearr atá aici. Tá tú an-fhiosrach. Cé acu de na roghanna seo a leanas a roghnófa?

A: Téigh go dtí an ríomhaire agus féach an féidir leat tuilleadh a fháil amach faoin hijab agus cén fáth go gcaitheann roinnt cailíní Muslamacha é.

B: Déan cinneadh cairdeas a dhéanamh leis an gcailín agus ceist a chur uirthi cén fáth a gcaitheann sí hijab.

C: Déan cinneadh nach mbaineann an hijab leatsa ar cor ar bith.

D: Magadh a dhéanamh den chailín agus a rá léi gur rud amaideach atá san hijab.

E: (*Do mholadh féin a bheith agat*)

Cás 4: Páiste ciúin í Jenny agus is minic a bhíonn sí fágtha amach as cluichí agus gníomhaíochtaí na bpáistí eile ar scoil mar go gceapann siad go bhfuil sí leadránach agus nach bhfuil go leor spraoi inti. Lá Spóirt atá ann agus tá gach éinne ar an bhfód don rás trí chois. Níl aon pháirtí agat agus níl aon duine eile fágtha ach Jenny. Cén rogha a d'fhéadfá a dhéanamh?

A: Suigh ar an gclai agus gan páirt a ghlacadh in áit a bheith páirteach le Jenny.

B: Fiafraigh de Jenny ar mhaith léi a bheith sa rás leat.

C: Díomá a bheith ort agus imeacht ón bpáirc.

D: Déan cinneadh ar sheans a thabhairt do Jenny agus gan breithiúnas a thabhairt uirthi. B'fhéidir go

mbeidh an oiread spraoi inti agus atá in aon pháiste eile.

E: (*Do mholadh féin a bheith agat*)

Cás 5: Thar an deireadh seachtaine, agus tú féin agus do thuismitheoirí as baile, agus do dheartháir níos sine fágadh i bhfeighil an tí, d'fhág duine éigin an buacaire sa seomra folctha thuas staighre ag rith agus tháinig an t-uisce tríd an tsíleáil agus scriosadh an seomra suí. Tá do mham agus d'athair an-trína chéile nuair a thagann siad abhaile go déanach Dé Domhnaigh agus nuair a fheiceann siad an méid a tharla. Deir do mhamáí go gcaithfidh gach duine cabhrú agus an áit a

ghlanadh. Cén rogha a d'fhéadfá a dhéanamh?

A: Brón a bheith ort faoin bpraiseach ach, os tusa an duine is óige sa teaghlach, ní dóigh leat go bhfuil rud ar bith ann gur féidir leatsa a dhéanamh chun cabhrú le cúrsaí.

B: Abair go bhfuil tú tuirseach agus téigh a chodladh láithreach.

C: A thuiscint dá mhéad cabhrach atá ar fáil, is ea is lú oibre a bheidh le mamaí agus daidí a dhéanamh, mar sin tairgeann tú cúnamh a thabhairt.

D: Abair nach ortsa a bhí an milleán agus diúltaigh cabhair a thabhairt.

E: (*Do mholadh féin a bheith agat*)

PAIDIR

Nóta: *Mura bhfuil an Phaidir chuig an Spiorad Naomh de ghlan mheabhair ag na páistí, d'fhéadfá a iarraidh orthu leathanach 106 dá leabhar a oscailt ag an am cuí.*

Comhartha na Croise

Múinteoir: Le linn an urnaí seo, déanfaimid machnamh ar roinnt de na roghanna a dhéanaimid inár saol gach lá, agus ar an mbealach a choimeádaimid na Deich nAithne agus Príomhaithne Íosa faoin ngrá. Ar dtús iarraimis ar an Spiorad Naomh cabhrú linn a bheith macánta agus sinn ag machnamh ar na roghanna a rinneamar, agus treoir a thabhairt dúinn nuair a dhéanaimid roghanna sa todhchaí. Guímis.

Gach duine: *Paidir chuig an Spiorad Naomh (A Spioraid Naomh, ba mhaith liom an rud ceart a dhéanamh. Cabhraigh liom ...)*

Múinteoir: Tugaim cuireadh daoibh na súile a dhúnadh anois agus a bheith socair agus ciúin ... Thug Dia coinsias do gach duine againn chun cuidiú linn breithiúnas a dhéanamh idir an rud atá ceart agus an méid atá mícheart, ionas go mbeimid in ann roghanna maithe a dhéanamh ... Tá mé chun cabhrú libh an coinsias a scrúdú trí chuireadh a thabhairt daoibh cuid de na roghanna a dhéanann sibh a thabhairt chun cuimhne go ciúin ...

Tugann an Chéad Aithne, an Dara agus an Tríú hAithne treoir dúinn grá a thabhairt do Dhia agus fás inár gcuidreamh le Dia ... An smaoiníonn tú riamh ar an gcaoi a bhféadfadh rogha a dhéanann tú, difear do dhaoine ar bhealach maith nó ar bhealach nach bhfuil maith? ... Smaoinigh ar rogha amháin a rinne tú, a rinne difear do dhuine eile ar bhealach maith ... Smaoinigh ar rogha amháin a rinne tú a rinne difear do dhuine eile ar bhealach nach raibh go maith ... An mbíonn tú riamh ag

éileamh rudaí nach bhfuil tábhachtach? ... An bhfuil tábhacht ag baint le Dia i do shaol? Cén chaoi a léiríonn tú sin? ... An gcaitheann tú am ag caint le Dia? ... An dtugann tú onóir d'ainm Dé? ... Conas a chaitheann tú An Domhnach? ... An dtéann tú ar Aifreann? ...

Cuidíonn an Ceathrú, an Cúigiú, an Seachtú, an t-Ochtú agus an Deichiú hAithne linn a fháil amach conas ba chóir dúinn deileáil lenár dteaghlach agus lenár gcairde, le daoine ar scoil agus leis an dtimpeallacht ... An mbíonn tú umhal do do thuismitheoirí? ... Ar chabhraigh tú sa bhaile gan é a iarraidh? ... An dtugann tú meas do do mhúinteoirí ar scoil agus do na daoine atá i bhfeighil na gclubanna a fhreastalaíonn tú orthu? ... An ndearna tú riamh mothúcháin daoine eile a ghortú? ... An bhfuil tú foighneach le daoine eile? ... Ar thóg tú rud a bhain le duine eile? ... An bhfuair tú rud éigin ar iasacht agus gan é a thabhairt ar ais? ... An bhfuil tú cothrom sna cluichí a imríonn tú agus san obair a dhéanann tú? ... An bhfuil tú macánta? ... Ar inis tú bréaga? ... An raibh tú éadmhar le do dheartháireacha nó le do dheirfiúracha, le do chairde nó leis na páistí eile sa rang? ... An raibh meas agat ar bhronntanais an chruthaithe? ... An dtugann tú aire don timpeallacht agus do chréatúir Dé? ... An gcabhraíonn tú le daoine eile agus an roinneann tú leo? ... An gcoimeádann tú Aithne an ghrá? ... An gcaitheann tú le daoine eile faoi mar is mian leat go gcaithfí leatsa? An raibh tú i do chomharsa maith? ...

Guímis *An Gníomh Dóláis* anois.

Gach duine: *An Gníomh Dóláis (A Dhia, gabhaim buíochas leat ...)*

Comhartha na Croise

Ceacht 2: Fásann Ríocht Dé trínár ngrá



SULA DTOSAÍONN TÚ

D'fhoghlaim na páistí faoi conas a chabhraíonn an coinsias leo roghanna maithe a dhéanamh. Tá siad tugtha isteach ar choincheap 'Ríocht Dé' trí éisteacht le agus machnamh a dhéanamh ar roinnt parabail. Tá siad tugtha isteach freisin do dhlí an ghrá a thug Íosa dá lucht leanúna, ag taispeáint dóibh conas maireachtáil i Ríocht Dé. Má táimid caillte ar ár mbealach agus muna raibh teagasc Íosa á leanúint againn agus má tá nithe míchearta déanta againn is féidir linn a shochrú filleadh ar an ngrá mar a d'iarr Íosa orainn, agus beidh Dia réidh chun fáilte a chur chugainn ar ais isteach ina ghrá.

Sa cheacht seo tuigimid go mbíonn Ríocht Dé le feiceáil cibé áit ina gcónaíonn daoine leis na luachanna seo a leanas: ceartas, síocháin, trócaire agus grá, agus pé áit ina gcuirtear fáilte

roimh gach éinne, lena n-áirítear peacaigh ina measc. Baineann gné ghníomhach le Ríocht Dé sa mhéid is go bhfuil sé beo agus scaipthe mar giosta (Matha 13:33), fásann sí ó thús beag cosúil le síol mustaird (Matha 13: 18-19, Marcas 4: 30-32), tá sí i bhfolach agus ní mór í a fháil agus cúram a thabhairt di, cosúil le taisce (Matha 13:44), agus tá sí luachmhar agus ní mór í a lorg agus a cothú mar phéarla lómhar (Matha 13:45-46). Toisc go bhfuil an bronntanas de saorthoil againn, is féidir linn a roghnú gan a bheith páirteach i Ríocht Dé sa tslí ina mhairimid. Is féidir linn Ríocht Dé a chothú trí ghníomhú go cóir, maireachtáil go síochánta, grá a thabhairt do dhaoine eile agus aire a thabhairt do chruthú Dé. Is féidir linn guí freisin go dtaga Ríocht Dé.

EOCHAIRFHOCAIL

Buiséal: Seanfhocal ar 'babhla'.

Cóir: Cothroime.

Síocháin: An staid chomhréiteach atá ann nuair a bhíonn dea-chaidreamh idir daoine.

Giosta: Comhábhar a úsáidtear agus duine ag bÁCáil, chun an taos a ardú.

NITHE A BHEIDH AG TEASTAIL UAIT

- Dhá chupán, sé spúnóg bhoird de phlúr, dhá unsa (ceathrú cupáin) uisce agus ceathrú taespúnóg giosta

Féachaimis ...

AG COMHRÁ

MAIDIR LE HARÁN

Tosaigh ag comhrá leis na páistí faoi arán ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- An maith leat arán? Cad is maith leat faoi?
- Cad iad na cineálacha aráin a thaitníonn leat?
- Cad iad na comhábhair a úsáidtear chun arán a dhéanamh?
- An bhfuil a fhios agat cad is giosta ann agus cén fáth a n-úsáidtear é nuair a bhíonn arán á dhéanamh? (Cuidíonn giosta leis an arán a ardú.

Gan giosta, bheadh an t-arán leibhéalta.)

- An ndéanann tú arán sa bhaile? Nó b'fhéidir go bhfaca tú arán á dhéanamh? Conas a thabharfá faoi arán a dhéanamh?
- Cad is ainm don áit ina dhéantar arán agus cácaí?

TURGNAMH

GIOSTA AG OBAIR!

Nóta: *Beidh na nithe seo a leanas ag teastáil uait:*

Dhá chupán, sé spúnóg bhoird de phlúr, dhá unsa (ceathrú cupáin) uisce agus ceathrú taespúnóg giosta.

- I gcupán amháin déan trí spúnóg bhoird de phlúr a mheascadh le ceathrú taespúnóg giosta. Measc iad in unsa uisce.
- I gcupán eile measc trí spúnóg bhoird de phlúr

le hunsu uisce.

- Tabhair cuireadh do na páistí boladh an ghiosta a fháil agus buile faoi thuairim a thabhairt ar an méid a tharlódh.
- Ansin cuir an dá chupán ar sheif agus fan go bhfeiceáil an n-oibríonn an giosta.

PAIDIR

Ullmhúchán: *Taispeáin an dá chupán ina bhfuil an meascán ón dturgnamh. Seinn ceol machnamhach.*

Comhartha na Croise

Múinteoir (ag lasadh an choinneal): Agus muid ag lasadh coinneal an ranga cuimhnimid go bhfuil Dia linn agus go bhfuil sé ag iarraidh orainn fás i ngrá leis. Déanaimid machnamh ar an giosta agus ar an éifeacht a bhí aige ar an dtaos. Rinne an giosta difríocht don taos. Is é sin an chaoi ar mhaith le hÍosa go mbeimis mar dheisceabail. Ba mhaith le hÍosa go ndéanfaimis difríocht ar fud an domhain trí na roghanna a dhéanaimid agus an muintearas a bhíonn againn le daoine eile. Guímis *Paidir na Maidine* le chéile anois.

Gach duine: *Paidir na Maidine* (A Dhia, tá grá agat dom ...)

Múinteoir: Rinne an giosta difríocht don arán trí bheith ag obair leis na comhábhair eile. Bhí an plúr agus an t-uisce ag teastáil ón ngiosta. Is féidir linn difríocht a dhéanamh don domhan

mórtimpeall orainn nuair a roinnimid grá Dé le daoine eile. Roinnimid grá Dé trí ghníomhartha grá a dhéanamh. Freagraimid na paidreacha le ceann de na frásaí ón *bPaidir*: *Go dtaga do ríocht.*

Gach duine: Go dtaga do ríocht.

Múinteoir: Chuidigh an giosta leis an t-arán a ardú. Go ndéanfaimis difríocht i saoil daoine eile trí ghníomhartha grá agus flaithiúlachta, trí ghníomhartha maithiúnais, agus trí bheith cóir agus measúil ag déileáil le daoine eile. Go ndéanfaimis difríocht don timpeallacht trí chúram a thabhairt do chréatúir Dé agus trí bheith inár maoirseoirí maithe ar an gcruthú.

Gach duine: Go dtaga do ríocht.

Múinteoir: Guímis *An Phaidir* anois ag baint úsáid as na gothaí a d'fhoghlaimíomar.

Gach duine (le gothaí): (Ár nAthair, atá ar neamh ...)

Múinteoir: A Dhia ár nAthair, cuidigh linn a bheith cosúil leis an giosta sa taos ionas gur féidir linn

difríocht a dhéanamh ar domhan agus cabhrú leat do ghrá a scaipeadh ar dhaoine eile. Go mbeadh ár mbeatha líonta le do ghrá, do shíocháin agus d'áthas. Iarraimid é seo trí chumhacht an Spioraid Naoimh agus trí Íosa Críost ár dTiarna.

Gach duine: Áiméan.

Amhrán Deiridh: Can iomann/amhrán oiriúnach.

Comhartha na Croise

Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.



Foghlaimimis ...

AG COMHRÁ

MAIDIR LE RÍOCHT DÉ

Tabhair chun cuimhne na bpáistí faoi mar a mhúin Íosa na daoine faoi Ríocht Dé trí scéalta ar a dtugtar parabail a insint dóibh. Tabhair cuireadh dóibh an méid is cuimhin leo faoi na parabail seo a leanas a roinnt ar a chéile: Parabal an Ghráinne Mustaird, An Samárach Maith, An Bonn Airgid Caillte agus an Parabal faoin mBaintreach agus an

Breitheamh, agus an méid a raibh á theagasc ag Íosa linn faoi Ríocht Dé trí na parabail sin.

Ansin inis do na páistí go bhfuil siad chun éisteacht leis agus chun scrúdú a dhéanamh ar níos mó parabail sa cheacht seo: Parabal an Ghiosta, Parabal an Stór a bhí i bhfolach agus Parabal an Phéarla.

AN SCRÍOPTÚR NAOFA

PARABAL AN GHIOSTA

NÓTA DON MHÚINTEOIR: Tugtar Réimeas Dé ar Ríocht Dé freisin. Ainm eile fós ar Ríocht Dé ná Ríocht na bhFlaitheas.

Chuir Íosa Ríocht Dé i gcomparáid le giosta i dtaos.

Parabal an Ghiosta (Matha 13:33)

D'inis Íosa parabal eile dóibh: 'Is cosúil ríocht na bhflaitheas le giosta a thóg bean agus mheasc sí le buiséal plúir é nó go raibh sé éirithe ar fad.'



Tar éis duit an parabal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- Cén fáth ar úsáid an bhean giosta leis an bplúr? Cén éifeacht a bhí ag an ngiosta?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur ar nós:

- Cén fáth a dtugtar Ríocht na bhFlaitheas ar Ríocht Dé uaireanta?
- Samhlaigh an domhan mar phíosá taos agus

is tusa an giosta. Cad is féidir leat a dhéanamh chun feabhas a chur ar chúrsaí, díreach mar a dhéanann giosta arán a ardú?

- An dóigh leat gur íomhá mhaith é giosta le húsáid chun cabhrú le daoine tuiscint a fháil ar Ríocht Dé? Cén fáth nó cén fáth nach íomhá mhaith é?

Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 52 dá leabhair.

GLAC NÓIMÉAD

Ag baint úsáid as na focail seo nó focail cosúil leo, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a thógáil le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh ... Samhlaigh gur taos tú... agus lig dod' chorp titim ar bharr do dheasc ... Braitheann tú trom agus níl aon fhuinneamh agat ... Ansin, mar atá tú ag anáilú isteach, samhlaigh go meascann duine éigin giosta leis an taos ... Go mall tuigeanntú go bhfuil gach uile chuid agat ag fás ... agus braitheann tú níos

éadroime agus níos gile agus lán de fuinneamh ... Is taos fós tú ... ach ag an am chéanna tá tú anois i bhfad níos mó ná taos ... Anois smaoinigh ar an bhfáth ar bhain Íosa úsáid as an íomhá giosta i dtaos chun sinn a mhúineadh faoi Ríocht Dé ... Tugann an giosta beatha nua don taos ... díreach mar a chabhraímid chun Ríocht Dé a bheith beo nuair a mhairimid mar lucht leanúna Íosa ... Is sinne an giosta a chabhraíonn le Ríocht Dé ardú agus fás inár dtithe, ar scoil agus sa phobal ... Nuair a bhíonn tú réidh, oscail na súile.

AN SCRÍPTÚR NAOFA

PARABAL: AN STÓR A BHÍ I BHFOLACH

Chuir Íosa Ríocht Dé i gcomparáid le stór a bhí i bhfolach i ngort.

Parabal: An Stór a bhí i bhFolach (Matha 13:44)

'Is cosúil ríocht na bhflaitheas le stór a bhí i bhfolach i ngort, agus an fear a d'aimsigh é d'fholaigh, gur imigh le barr áthais ag díol a raibh aige gur cheannaigh an gort sin.'



Tar éis duit an parabal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- Cá bhfuair an fear an taisce/stór?
- Cén fáth ar chlúdaigh sé an taisce nuair a d'aimsigh sé í?
- Cén fáth ar cheannaigh sé an pháirc/an gort?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur ar nós:

- Cad a thagann isteach i d'intinn nuair a smaoiníonn tú ar an bhfocal 'Stór' agus cad a

chiallaíonn sé?

- Cad a dhéanann daoine de ghnáth nuair a aimsíonn siad rud fíorluachmhar cosúil le stór?
- Cén fáth, dar leat, a dúirt Íosa go raibh Ríocht Dé cosúil le stór? Conas a d'fhéadfadh Ríocht Dé a bheith cosúil le stór?
- An dóigh leat gur íomhá mhaith í 'Stór i bhfolach' do Ríocht Dé? Cén fáth nó cén fáth nach íomhá mhaith í?
- Samhlaigh go bhfuair tú taisce, a raibh aithne agat gur bhain sí le Ríocht Dé. Cad a d'fhéadfadh a bheith ann, meas tú?

GLAC NÓIMÉAD

Ag baint úsáid as na focail seo nó focail cosúil leo, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a thógáil le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh ... Tabhair aire dod' anáil ag dul isteach agus amach as do chorp ... Samhlaigh go dtagann tú ar áit ina bhfuil Ríocht Dé thart timpeall ort ... Tá gach duine san áit sin ag maireachtáil ar an mbealach a léirigh Íosa dúinn ... ag tabhairt grá do Dhia agus don

chomharsa ... Tá síocháin ... áthas... cineáltas ... flaithiúlacht ... agus maithiúnas i ngach áit ... Samhlaigh go léiríonn gach rud a fheiceann tú agus na rudaí go léir a chloiseann tú Ríocht Dé ... Is cuimhin leat parabal Íosa faoi Ríocht Dé a bheith cosúil le stór i bhfolach agus anois tá a fhios agat cén fáth a roghnaigh sé an íomhá sin ... Gabh buíochas le hÍosa, le do ghuth istigh, as a thaispeáint duit conas cabhrú le Ríocht Dé a theacht ar an saol ... Nuair a bhíonn tú réidh, oscail na súile.

AN SCRÍPTÚR NAOFA

PARABAL AN PHÉARLA

Dúirt Íosa go raibh Ríocht Dé cosúil le péarla luachmhar.

Parabal an Phéarla (Matha 13:45-46)

‘Nó fós is cosúil ríocht na bhflaitheas le ceannaí a bhí ag lorg péarlaí breátha. Tharla aon phéarla amháin leis a bhí róluachmhar, agus d’imigh agus dhíol a raibh aige gur cheannaigh sé é.’



Tar éis duit an parabal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- Cén fáth go raibh an fear ar lorg péarlaí?
- Cad a dhéanann an fear nuair a fhaigheann sé an péarla?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur ar nós:

- Cén fáth ar dhíol an fear gach rud a bhí aige chun an péarla a ceannach?
- An gcuireann sé seo parabail ar bith eile i gcuimhne duit atá cloiste agat? Tabhair

cúiseanna le do fhreagra. (Parabal an stór a bhí i bhfolach; Parabal na Caorach Caillte)

- An ndíolfá gach a raibh agat chun rud a theastaigh uait a ceannach? Más ea, cad a bheadh i gceist?
- Cén fáth a ndearna Íosa comparáid idir Ríocht Dé agus péarla luachmhar, dar leat?
- Samhlaigh duine a dhíolfadh gach rud a bhí acu chun Ríocht Dé a fháil. Cad a déarfadh sé sin faoi Ríocht Dé?

Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 53 dá leabhair.

GNÍOMHAÍOCHT MHACHNAMHACH

MO ÍOMHÁNNA DO RÍOCHT DÉ

- Tabhair chun cinn leis na páistí na híomhánna go léir a d’úsáid Íosa ina pharabail chun Ríocht Dé a chur in iúl.
- Ansin iarr ar na páistí teacht ar a gcuid íomhánna féin chun Ríocht Dé a léiriú agus

iad a chlárú sa chóipleabhar don Oideachas Reiligiúnach. Is féidir leo focail nó pictiúir a úsáid.

- Tabhair cuireadh do roinnt pháiste a smaointe cur i láthair agus a mhíniú don rang.

Mairimis ...

CAD A MHÚIN TÚ?

I dTéama 3 den chlár seo tugadh na páistí isteach ar choincheap Ríocht Dé agus scrúdaíomar teagasc Íosa faoin Ríocht i bparabail an Ghráinne Mustaird, an Samárach Maith, an Bonn Airgid Caillte agus an Bhaintreach agus an Breitheamh. Sa cheacht seo chuireamar na páistí in aithne do roinnt eile

parabail d'Íosa faoi Ríocht Dé: Parabal an Ghiosta, Parabal an stór a bhí i bhfolach agus Parabal an Phéarla, agus rinneamar iarracht iad a threorú chuig tuiscint níos doimhne ar na luachanna is bunús le Ríocht Dé.

GNÍOMHAÍOCHT

AG MAIREACHTÁIL I RÍOCHT DÉ

Nóta: *Beidh cóip den teimpléad thíos ag teastáil ó gach páiste.*

- Tabhair cóip den teimpléad 'Is ball de Ríocht Dé me' (thíos) do gach páiste.

- Iarr ar na páistí a chlárú faoi na ceannteidil faoi mar a mhaireann siad le luachanna Ríocht Dé go laethúil. Is féidir leo focail, siombailí nó líníochtaí a úsáid.

Ullmhúchán:

- *Más féidir, bíodh na páistí ina suí thart nó gar don spás urnaí. Mura féidir é seo a dhéanamh, tabhair cuireadh dóibh a gcathaoireacha a chasadh i dtreo an spáis urnaí.*
- *A chinntiú go n-áirítear cros chéasta/cros, coinneal agus an Bíobla Naofa sa spás urnaí.*
- *Roghnaigh triúr léitheoir. Tá na léachtaí ar fáil thíos agus féadfar iad a thaispeáint, nuair is gá, ar an gclár bán idirghníomhach.*

Comhartha na Croise

Iomann Oscailte: Can iomann/amhrán oiriúnach.

Múinteoir: Iarraimid inniu ar Dhia an grásta a thabhairt dúinn a bheith páirteach i Ríocht Dé. Ar dtús, glacaimis nóiméad chun cuimhne a dhéanamh, go bhfuil Dia i láthair linn agus an choinneal á lasadh againn. (*Lasann an múinteoir an choinneal.*) Fócas ar an gcoinneal lasta agus, nuair atá tú réidh, dún na súile. Tabhair chun cuimhne bronntanas an ghrá a thugann Dia duit gach lá ... Análaigh isteach an grá, an t-áthas, an áilleacht agus an cairdeas go léir a thugann Dia duit anois. Agus tú ag easanálú, cuir an ruaig ar aon rud a chuireann ar seachrán tú ... Cuimhnigh go bhfuil an Spiorad Naomh leatsa chun cabhrú leat maireachtáil ar nós Íosa, le grá a roinnt ar nós Íosa agus chun guí ar nós Íosa ... Le do ghuth taobh istigh, gabh buíochas le Dia mar a osclaíonn tú do shúile.

Tabharfaimis chun cuimhne na roghanna a dhéanaimid gach lá. Uaireanta déanaimid roghanna atá go maith dúinn féin agus do dhaoine eile agus don dtimpeallacht. Uaireanta eile ní dhéanaimid smaoineamh ar thorthaí na roghanna a dhéanaimid agus déanaimid dochar dár gcairdeas le Dia agus le daoine eile. Deirimis le Dia anois go bhfuil brón orainn agus an *Fhaoistin Choiteann* a rá le chéile.

Gach duine: An *Fhaoistin Choiteann* (Admhaím do Dhia Uilechumhachtach ...)

Múinteoir: Cuireann an dán 'Rogha' a d'fhoghlaimíomar, i gcuimhne dúinn gur thug Dia saorthoil do dhaoine. Deirimis anois na línte deireannacha den dán sin le chéile.

Gach duine: Thug Dia dúinn rogha, Nach beannaithe sinn?

Le buíochas is cabhair
Ar aghaidh go geal linn.

Múinteoir: Is féidir leis na roghanna a dhéanaimid, cabhrú chun ríocht Dé a thógáil ar domhan. D'inis Íosa go leor parabail do dhaoine chun iad a mhúineadh faoi Ríocht Dé. Éistimis anois leis an bParabal faoin Stór a bhí i bhFolach.

Léitheoir 1: Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh Matha.

Gach duine: (*Agus Comhartha na Croise á ghearradh acu ar an éadan, na beola agus an t-ucht*): Glóir duit, a Thiarna.

Léitheoir 1: 'Is cosúil ríocht na bhflaitheas le stór a bhí i bhfolach i ngort, agus an fear a d'aimsigh é d'fholaigh, gur imigh le barr áthais ag díol a raibh aige gur cheannaigh an gort sin.' (Matha 13:44) Soiscéal an Tiarna.

Gach duine: Moladh duit, a Chríost.

Múinteoir: Glac sos ar feadh nóiméid agus déan machnamh ... Samhlaigh an fear ag siúl tríd an ngort agus é ag teacht ar an stór a bhí i bhfolach ... Tá a fhios aige gur rud an-luachmhar atá ann ... cé go bhfuil sé i bhfolach ... Tá a luach ar eolas aige agus mar sin clúdaíonn sé é, ar aghaidh leis agus díolaíonn sé gach a bhfuil aige ... agus ansin téann sé ar ais chun an gort a cheannach ... Samhlaigh cén sort stór atá i Ríocht Dé ... Cad a bheithfeá sásta a dhéanamh chun baint a bheith agat le Ríocht Dé agus chun cabhrú le domhan a thógáil ina mbeadh grá, áthas, síocháin, cairdeas, ceartas agus maithiúnas ar fáil do gach duine?

Éistimis anois le Parabal an Ghiosta.

Léitheoir 2: Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh Matha.

Gach duine: (*Agus Comhartha na Croise á ghearradh acu ar an éadan, na beola agus an t-ucht*): Glóir duit, a Thiarna.

Léitheoir 2: D'inis Íosa parabal eile dóibh: 'Is cosúil ríocht na bhflaitheas le giosta a thóg bean agus mheasc sí le buiséal plúir é nó go raibh sé éirithe ar fad.' (Matha 13:33) Soiscéal an Tiarna.

Gach duine: Moladh duit, a Chríost.



Múinteoir: Glac sos ar feadh nóiméid agus déan machnamh ... Samhlaigh an plúr agus an t-uisce sa bhabhla ... tá siad ag fanacht leis an ngiosta, rud a chabhródh leis an t-arán a ardú ... Déanfaidh an giosta difríocht mhór don arán ... Samhlaigh dá mbeifeá cosúil leis an ngiosta sa taos i rith do shaol ... ag scaipeadh grá Dé do gach duine atá ar aithne agat ... Samhlaigh dá mbeadh do theaghlach ar fad cosúil le giosta sa taos ... Samhlaigh dá mbeadh an rang iomlán agus an scoil ar fad cosúil le giosta sa taos, ag scaipeadh grá Dé agus an Dea-Scéala thall is abhus ... Samhlaigh cén cruth a bheadh ar an domhan ansin ...

Éistimis anois le Parabal an Phéarla.

Léitheoir 3: Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh Matha.

Gach duine: (Agus Comhartha na Croise á ghearradh acu ar an éadan, na beola agus an t-ucht): Glóir duit, a Thiarna.

Léitheoir 3: *‘Nó fós is cosúil ríocht na bhflaitheas le ceannai a bhí ag lorg péarlaí breátha. Tharla aon phéarla amháin leis a bhí róluachmhar, agus d’imigh agus dhíol a raibh aige gur cheannaigh sé é.’* (Matha 13:45-46)

Soiscéal an Tiarna.

Gach duine: Moladh duit, a Chríost.

Múinteoir: Glac sos ar feadh nóiméid agus déan machnamh ... Samhlaigh go dtéann tú thar siopa seodaire agus go dtugann tú faoi deara go bhfuil

sraith álainn péarlaí san fhuinneog ... Samhlaigh cé chomh lómhar agus cé chomh luachmhar is atá na péarlaí sin ... Cad atá luachmhar i do shaol agat? ... An bhfuil seans ann go bhfuil rud eile ann atá níos luachmhaire ná sin ... rud atá níos tábhachtaí ná rud ar bith gur féidir leat a cheannach? ... Smaoinigh ar feadh nóiméid faoi rud atá tábhachtach i ndáiríre ... rud nach féidir le haon airgead a cheannach ...

Guimis le chéile paidir a deirimid ag an Aifreann a chuireann Ríocht Dé in iúl dúinn. Is i ndiaidh *An Phaidir* a ghuimid í. Seo mar a théann sí: *Óir is leatsa an ríocht agus an chumhacht agus an ghlóir trí shaol na saol.*

Gach duine: Óir is leatsa an ríocht agus an chumhacht agus an ghlóir trí shaol na saol.

Múinteoir: A Dhia ghrástúil, glaonn tú orainn ríocht do ghrá a chur ar bun ar domhan. Cabhraigh linn i gcónaí le do ghrásta, a bheith dílis de luachanna na ríochta - luachanna an cheartais, na síochána agus an ghrá. Líon ár gcroí le dúil a bheith againn aithne a chur ar do ríocht ar fud an domhain. Iarraimid é seo in ainm Íosa an Tiarna trí chumhacht an Spioraid Naoimh.

Gach duine: Áiméan.

Amhrán Deiridh: Can iomann/amhrán oiriúnach.

Comhartha na Croise

1. Bhris Alannah an babhla torthaí ab fhearr a bhí ag a mamaí faoi thimpiste, agus ansin chuir sí an milleán ar a cara Jake.
2. Chuidigh Josh i gcónaí le tascanna sa bhaile.
3. Bhreathnaigh Sophia ar an dteilifís in ionad a cuid obair bhaile a dhéanamh mar a gheall sí.
4. Thóg Leroy airgead as póca cóta a athar gan cead a iarraidh.
5. Dúirt Naoi lena mhamaí go raibh sé chun cuairt a thabhairt ar chomharsa, ach chuaigh sé go dtí an pháirc lena chairde ina ionad.
6. Roinn Gill a milseáin lena deartháir agus lena deirfiúr.
7. Bheartaigh Seán agus a chara neamhaird a dhéanamh de leanbh eile sa rang.
8. Bhí Gobnait agus Dónall an-chiúin sa leabharlann mar bhí a fhios acu go raibh daoine eile ag iarraidh léamh.
9. D'fholmhaigh Mia a buidéal uisce isteach sa bhosca bruscair athchúrsála mar bhí sí ró-leisciúil siúl go dtí an doirteal.
10. Dúirt Mamó Chiain leis gan an doras a bhualadh. Bhí Cian ar buile, mar sin thug sé bang crua dó.

Is ball de Ríocht Dé mé

Is mar seo a léirím grá do Dhia ...

Is mar seo a léirím grá do mo theaghlach ...

Is mar seo a léirím grá do na daoine go léir sa scoil ...

Is mar seo a léirím grá do na daoine sa phobal/sa pharóiste ...

Is mar seo a léirím grá do bhronntanas an chruthaithe ...

Téama 7: An tSeachtain Mhór agus an Cháisc

Ceacht 1: ‘Déanaigí é seo mar chuimhne orm’.

Ceacht 2: Aoine an Chéasta: Faigheann Íosa bás ar an gCros.

Ceacht 3: An Cháisc: Aiséirí Íosa

ÓN GCURACLAM

Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ

Rúndiamhair Dé

- Gheall Dia go gcuirfeadh sé Slánaitheoir chugainn
- Chuir Dia Íosa chugainn chun sinn a shábháil ónár bpeacaí
- Ar Dhomhnach Cásca, thóg Dia an tAthair Íosa ó mhairbh le saol nua a chaitheamh i gcolainn ghlórmhar. Tugtar an t-Aiséirí ar seo

Rúndiamhair Íosa Críost

- Tugtar ‘Slánaitheoir’ ar Íosa de bhrí gur shaor sé sinn ó pheaca lena shaol, a bhás agus a Aiséirí
- Bhí Íosa toilteanach fulaingt agus bás a fháil le méid a ghrá do Dhia a Athair agus dúinne a léiriú
- D’oibráil Íosa é féin do Dhia ag an Suipéar Déanach agus ar Chalvaire
- Tugtar ‘An Tiarna’ ar Íosa, mar i gcomhpháirt leis an Athair tugann sé beatha do gach rud agus cuireann sé ar ár gcumas caidreamh a bheith againn leis an Athair
- Tugann Íosa síocháin don domhan
- Thaispeáin Íosa é féin aiséirithe ó na mairbh do Mháire Mhaigdiléana agus roghnaigh sé í le bheith ina ‘haspal do na haspail’

BRIATHAR DÉ

An Scriptúr Naofa

Plean grámhar Dé don Slánú

- Eacs 12. Cáisc na nGiúdach

Páis agus Bás Íosa

- Lúc 22:13-23. An Suipéar Déanach
- Lúc 22:66-71, Lóc 23:1-43. An triail agus an céasadh
- Eoin 19:1-16. An choróin spíne/deilge
- Eoin 19:18, 25, 30, 38-42. Faigheann Íosa bás ar an gcrois
- Eoin 19:26-27. A bhean, seo é do mhac

Aiséirí agus Deascabháil Íosa

- Eoin 20:1-9. Peadar agus Eoin ag an tuama
- Eoin 20:19-23. Taispeánann Íosa é féin dá dheisceabail

LIOTÚIRGE AGUS URNAÍ

Urnaí

Urnaí Fhoirmeálta

- Paidir na Maidine
- Altú roimh Bhia
- Altú tar éis Bia
- An Phaidir
- Sé do bheatha, a Mhuire
- Glóir don Athair

Paidreacha Breise

- Turas na Croise
- Freagraí an Aifrin

Liotúirge

- Is é an liotúirge urnaí poiblí na hEaglaise, ina ndéantar ceiliúradh ar bhás agus Aiséirí Chríost-cúis ár slánaithe. Bailíonn baill na hEaglaise le chéile, go hiondúil i séipéal, chun páirt a ghlacadh sa liotúirge le chéile. Cabhraíonn an Spiorad Naomh linn urnaí a dhéanamh le hÍosa chun Dia ár nAthair rud a aontaímid le Dia agus lena chéile. Is féidir le comharthaí, siombail, focail agus gníomhartha, amhráin agus ceol agus ealaín sacráilte a bheith mar chuid den cheiliúradh liotúirgeach
- Is é Íosa Críost, ár Slánaitheoir, a threoraíonn an liotúirge
- Tógann na heaspaig, na sagairt agus na deochaine áit Chríost ag treorú urnaí agus adhradh

An Bhliain Liotúirgeach

- I rith na bliana Liotúirgí taistealaíonn teaghlach na hEaglaise le hÍosa trí mhór eachtraí a shaoil
- Tá an bhliain Liotúirgeach roinnte i séasúir: Aidbhint, An Nollaig, Tráth Saor na Bliana, An Carghas, An Cháisc
- Dathanna na n-éidí eaglasta a úsáidtear ar an Domhnach i rith na séasúr éagsúla den bhliain



- liotúirgeach: Dearg- Aoine an Chéasta; Bán-Déardaoín na Comaoineach, An Cháisc
- Le linn na Seachtaine Móire cuimhnímid gur roinn Íosa é féin ar ár son: Ag an Suipéar Déanach/ar an gcrois
 - Ar Dhéardaoín na Comaoineach tugann an Eaglais gach ar tharla ag an Suipéar Déanach chun cuimhne
 - Ar Aoine an Chéasta, tugann lucht leanúna Íosa a bhás agus a adhlacadh chun cuimhne agus iad ag machnamh ar Thuras na Croise

- Cuireann an chrois chéasta i gcuimhne do Chríostaithe an méid a d'fhulaing Íosa agus an grá a bhí aige don Athair agus dúinne
- Is í an Cháisc an fhéile is mó i mbliain na hEaglaise nuair a cheiliúránn Críostaithe bás agus aiséirí Íosa
- I rith Séasúr na Cásca ceiliúránn Críostaithe a saol nua sa Tiarna aiséirithe
- Ealaín agus ceol liotúirgeach na hÉireann

ÓN GCROÍSHIOLLABAS DON OIDEACHAS REILIGIÚNACH

Tógtha ón gCroishiolllabas don Oideachas Reiligiúnach ón Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann (2007).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

CUSPÓIR FOGHLAMA 1

Foilsíú Dé

g. Páis, bás agus aiséirí Íosa.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí: Laethanta deiridh shaol Íosa a insint agus plé a dhéanamh orthu, lena n-áirítear:

- An Suipéar Déanach - Lúcas 22:7-20.
- Triail Íosa - Marcas 14:53-65 agus 15:1-15.
- Céasadh, bás agus adhlacadh - Marcas 15:16-47.
- Aiséirí agus taispeántaí - Marcas 16; Lúcas 24:13-35.



Ceacht 1: 'Déanaigí é seo mar chuimhne orm'

SULA DTOSAÍONN TÚ

Sa chláir *I nGrá Dé* roimhe seo cuireadh na páistí ar an eolas faoi imeachtaí éagsúla a chuimhnítear le linn na Seachtaine Móire. I Naíonáin Shóisearacha/B1 agus i Naíonáin Shinsearacha/B2 tugadh isteach iad ar Dhéardaoín na Comaoineach agus chuala siad an scéal faoin Suipéar Déanach. Sna Naíonáin Shinsearacha/B2 rinne siad iniúchadh freisin ar Níochán na gCos.

I mbliana déanaimid machnamh arís ar bhéile speisialta a roinnt le chéile. Tugaimid béile Cháisc na nGiúdach chun cuimhne, béile a cheiliúrann na Giúdaigh gach bliain chun comóradh a dhéanamh ar éalú na nIosraeilíteach as an Éigipt.

Do na Giúdaigh, is imeacht thábhachtach í scéal Cháisc na nGiúdach faoi conas a rinneadh Cine Tofa Dé díobh.

Béile Cháisc na nGiúdach a bhí sa Suipéar Déanach a roinn Íosa lena haspail an oíche sula bhfuair sé bás. Is cuimhin linn an Suipéar Déanach gach uair a cheiliúraimid an Eocairist. Nuair a cheiliúraimid an Eocairist déanaimid mar a d'iarr Íosa orainn nuair a dúirt sé, 'Déanaigí é seo mar chuimhne orm.' Cuireann an dá bhéile seo gníomhartha sábháilte Dé i gcuimhne dúinn sa Sean Tiomna agus i bhfocail agus i ngníomhartha Íosa sa Tiomna Nua, go háirithe ina pháis agus ina bhás ar an gCros.

EOCHAIRFHOCAIL

Cáisc na nGiúdach: Féile Ghiúdach a cheiliúrtar go bliantúil chun saoradh na nIosraeilíteach ó sclábhaíocht san Éigipt a cheiliúradh. Tagraíonn an fhéile don chaoi a ndeachaigh aingeal an bháis thar thithe na nIosraeilíteach i dtreo is go mbeadh siad slán beo.

Deasghnáth: Searmanas nó gníomhartha a dhéantar de réir rialacha nó teoracha sonracha.

Craobh hiosóipe: Píosa beag de phlanda atá gaolta le miontas.

NITHE A BHEIDH AG TEASTAIL UAIT

- Póstaer uimh. 7: An tSeachtain Mhór agus an Cháisc

Féachaimis ...

AG COMHRÁ

MAIDIR LE CUIMHNEAMH AGUS CEILIÚRADH

Déan comhrá leis na páistí faoi chuimhneamh agus ceiliúradh ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Conas a cheiliúránn tú do bhreithlá le do theaghlach gach bliain? An mbíonn béile speisialta agaibh?
- Cad iad na himeachtaí eile is cuimhin libh agus a dhéanann sibh a ceiliúradh le béile speisialta?
- Cad mar gheall ar ár ngaolta a fuair bás? Conas is cuimhin linn iad gach bliain?
- Cén fáth a gcuimhnímid ar chomórthaí?
- An bhfuil bealaí eile ann ina gcuimhnímid ar

imeachtaí seachas béile a roinnt? Cad iad na himeachtaí as ár stair gur cuimhin linn agus/nó go ndéanaimid a cheiliúradh?

- An bhfuil aon tionscadal déanta agat le cuimhneamh a dhéanamh ar imeachtaí speisialta? An bhfuil figiúirí stairiúla ann go ndéanaimid cuimhneamh orthu? Conas a dhéanaimid é sin? Cén fáth go ndéantar cuimhneamh ar roinnt daoine sa stair níos mó ná daoine eile?

Ansinn tabhair isteach an cluiche 'Siopadóireacht'.

CLUICHE

SIOPADÓIREACHT

- Cuir na páistí i ndhá nó trí ghrúpa, ag brath ar líon na bpáistí i do rang, agus iarr orthu ciorcail a dhéanamh.
- Iarr ar gach páiste a shamhlú go ndeachaigh siad chuig an ollmhargadh agus gur cheannaigh siad rud éigin. Mar chuid den chluiche ainmneoidh siad an mhír a cheannaigh siad, agus déanfaidh siad iarracht freisin chun cuimhneamh air agus chun na míreanna a cheannaigh na leanaí eile, a ainmniú.
- Mar sin, cuirfidh an chéad páiste i ngach grúpa tús leis an gcluiche ag rá, mar shampla, 'Chuaigh mé go dtí an ollmhargadh agus cheannaigh mé úlla'. Déanfaidh an chéad páiste eile an mhír 'úlla' a rá arís agus cuirfidh sé/sí mír eile leis, ag rá, mar shampla, 'Chuaigh mé go dtí an ollmhargadh agus cheannaigh mé úlla agus cáis'. Ainmniú an tríú páiste ainmneacha na míreanna liostaithe cheana féin agus cuireann sé/sí mír eile leis. Leanann an cluiche ar aghaidh go dtí go gcuireann gach duine mír leis an liosta.

Tar éis do na páistí an cluiche a imirt, déan comhrá leo ag baint úsáid as na ceisteanna seo a leanas nó ceisteanna cosúil leo:

- An raibh sé éasca cuimhneamh ar na míreanna go léir? An bhfuil sé éasca cuimhneamh ar na rudaí go léir a fhoghlaimíonn tú ar scoil? Cad faoi na rudaí a deir do thuismitheoirí leat – an cuimhin leat na rudaí sin i gcónaí?
- An bhfuil rudaí ann ar féidir linn a dhéanamh chun cabhrú linn cuimhneamh? Cad is féidir linn a dhéanamh?
- Cén fáth go bhfuil sé tábhachtach cuimhneamh a dhéanamh? (Cuir i gcuimhne na bpáistí gurb é an chúis is mó a dhéanaimid rudaí ar nós béilí speisialta agus imeachtaí eile a eagrú ná chun cabhrú linn cuimhneamh ar chuimhneacháin thábhachtacha, ar chomórthaí agus ar dhaoine inár saol.)

PAIDIR

Comhartha na Croise

Múinteoir: A Dhia ghrámhair, ba mhaith linn cuimhneamh ort gach lá agus sinn ag guí mar is mian linn buíochas a ghabháil leat agus moladh a thabhairt duit. Déanfaimid é sin anois agus *Paidir na Maidine* á rá le chéile againn.

Gach duine: *Paidir na Maidine* (A Dhia, tá grá agat dom ...)

Múinteoir: A Dhia ghrámhair, ba mhaith linn cuimhneamh ort gach uair a ithimid bia. Cuirimis an *t-Altú roimh Bhia* i gcuimhne dúinn agus an phaidir sin á rá le chéile anois.



Gach duine: *Altú roimh Bhia* (Beannacht ó Dhia orainne ...)

Múinteoir: A Dhia ghrámhair, uaireanta ní thugaimid aire don bhia a ithimid. Agus uaireanta eile ní thugaimid aire don ithir ina fhásann an bia agus do na mianraí san ithir a chabhraíonn leis an mbia fás. Cuirimis an *t-Altú tar éis Bia* i gcuimhne dúinn agus an phaidir sin á rá le chéile anois.

Gach duine: *Altú tar éis Bia* (Go raibh maith agat, a Dhia...)

Múinteoir: A Dhia ghrámhair, creidimid gur roghnaigh tú Muire chun a bheith ina Máthair dod' Mhac. Tá a fhios againn gurb í Muire an chéad deisceabal a bhí ag Íosa agus gur coimeádadh í saor ón bpeaca ó thús a beatha. Tuigimid cé chomh

tábhachtach is atá sé cuimhneamh go bhfuil Muire ina máthair orainn chomh maith agus cuimhneamh ar conas a d'fhreagair sí do ghlaoch. Déanaimid cuimhneamh ar chreideamh agus ar ghrá Mhuire nuair a ghuímid *Fáilte an Aingil*. Guimis *Fáilte an Aingil* le chéile anois.

Gach duine: *Fáilte an Aingil* (Tháinig aingeal an Tiarna le scéala chun Muire ...)

Comhartha na Croise

Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.

Foghlaimimis ...

AG COMHRÁ

MAIDIR LE HÓCÁIDÍ I SAOL ÍOSA

Déan measúnú ar réamheolas na bpáistí ar imeachtaí éagsúla i saol Íosa ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cad is cuimhin leat faoi luathshaol Íosa? Cá raibh cónaí air?
- Cén fhéile a cheiliúir sé lena theaghlach gach bhliain? (Cáisc na nGiúdach) Cén fáth ar cheiliúir na Giúdaigh Cáisc na nGiúdach?
- An cuimhin leat an scéal faoi Íosa a bheith caillte sa Teampall? Roinn an méid is cuimhin leat faoi sin.
- Cad iad na scéalta eile faoi Íosa gur cuimhin leat?
- Conas a cheiliúraimid aon cheann de na himeachtaí i saol Íosa inniu?

AN SCRÍOPTÚR NAOFA

AN CHÉAD CHÁISC NA NGIÚDACH

NÓTA DON MHÚINTEOIR: Déanann Leabhar Eacsadas cur síos ar shaol Mhaois agus insíonn sé conas a d'éirigh leis, na hIosraeilítigh a thógáil as a sclábhaíocht san Éigipt. Tagann an focal 'eacsadas' ó fhocal Gréigise a chiallaíonn 'dul amach'.

Sula léann tú scéal Cháisc na nGiúdach, seans gur mhaith leat a thabhairt chun cuimhne na bpáistí conas a ghlaoigh Dia ar Mhaois chun na hIosraeilítigh a threorú amach as a sclábhaíocht san Éigipt, agus na himeachtaí eile a tharla ar an Eacsadas sin, ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Conas a chaith na hÉigiptigh leis na hIosraeilítigh nuair a bhí siad san Éigipt? Cad a ghlaoigh Dia ar Mhaois a dhéanamh? An tasc éasca ab ea é do Mhaois? Cén fáth nó cén fáth nach raibh sé éasca?
- Cad a rinne Maois nuair a dhiúltaigh Faró dá iarratas ligean do na daoine imeacht? Ar éirigh sé as a thasc?
- Cad a rinne Dia nuair a dhiúltaigh Faró ligean do na daoine dul saor? (Chuir Dia plánna ar na hÉigiptigh; tá an scéal cloiste ag na páistí faoin gcéad phlá, plá na lócaistí. Chuir Dhia naoi bplá eile sula ndeachaigh na hIosraeilítigh saor isteach san fhásach agus trasna na Mara Rua le Maois. Chuir Dia Aingeal an Bháis ansin chun céadghin uile na nÉigipteach a mharú.)

Ansin tabhair cuireadh do na páistí éisteacht le scéal Cháisc na nGiúdach mar atá sé le fáil i Leabhar Eacsadas.

An Chéad Cháisc na nGiúdach (Eacsadas 12:21-27)

Ghairm Maois chuige seanóirí Iosrael go léir agus dúirt leo: "Seo libh agus tógaigí uain ón tréad daoibh féin de réir bhur líon tí agus maraigí an t-uan Cásca. Gabhaigí craobh hiosóipe in bhur láimh, tumaigí í san fhuil atá san umar agus buailigí an fhuil ón umar ar an bhfardoras agus ar an dá ursain, ná téadh duine agaibh thar dhoras a thí amach go maidin. Óir gabhfaidh an Tiarna thar bráid chun na hÉigiptigh a mharú; agus nuair a fheicfidh sé an fhuil ar an bhfardoras agus ar an dá ursain, rachaidh an Tiarna thar bhur ndoras agus ní

ligfidh sé don scriostóir dul isteach in bhur dtithe d'fhonn bhur mbásaithe. Coimeádfaidh sibh an searmanas seo mar reacht daoibh féin agus do bhur gclann go brách. Nuair a shroichfidh sibh an tír atá ag an Tiarna á thabhairt daoibh, mar a gheall sé, ní foláir daoibh an searmanas seo a chomhlíonadh. Agus nuair a chuirfidh bhur gclann an cheist chugaibh: 'Cad is ciall leis an searmanas seo agaibh?' déarfaidh sibh: 'Is é íobairt Chásca an Tiarna é mar ghabh sé thar thithe chlann Iosrael san Éigipt, nuair a mharaigh sé na hÉigiptigh ach gur chaomhnaigh sé ár dtithe.'"



Tar éis duit an sliocht ón Scrioptúr a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- Cé a ghlaoigh ceannairí Iosrael go léir le chéile?
- Cad iad na treoracha a thug Maois do na ceannairí?
- Cén fáth, dar leat, a dtugtar Cáisc na nGiúdach ar an bhféile seo?
- Cén fáth ar theastaigh ón Tiarna go ndéanfadh na Giúdaigh an deasghnáth seo a cheiliúradh go deo?
- Cá as dtagann an t-ainm ‘Cáisc na nGiúdach’, dar leat?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Cad a d’iarr Dia ar a mhuintir a dhéanamh chun cuimhneamh ar an gCáisc?
- D’fhás Íosa aníos mar bhuachaill Giúdach. Cén fáth go bhféadfadh sé a bheith tábhachtach dó féin agus dá theaghlach féile Cháisc na nGiúdach a cheiliúradh gach bliain?
- Conas a d’fhéadfadh na Giúdaigh leanúint ar aghaidh agus an deasghnáth seo a cheiliúradh sa lá atá inniu ann?

Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 55 dá leabhair.

GLAC NÓIMÉAD

Ag baint úsáid as na focail seo nó focail cosúil leo, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a thógáil le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh ... Déan machnamh ar scéal Cháisc na nGiúdach ... Bhí Dia in éineacht leis na hIosraeilítigh agus iad ag fulaingt ag lámha na nÉigipteach ... Bhí clann Iosrael bocht agus faoi chois ach chuir siad a muinín i nDia ... Rinne Dia cinnte de nach

mbeadh aon cheann acu caillte nó fágtha i leataobh ... Choinnigh Dia slán iad ... B’iad Clann Tofa Dé ... Déanann na Giúdaigh an ócáid mhór seo a chomóradh gach bliain ag féasta Cháisc na nGiúdach ... Roghnaigh Dia tusa freisin ... Tá d’ainm ar eolas aige ... Tá tusa, freisin, luachmhar in aghaidh Dé, agus is féidir leat do mhuintir a chur ann ... Le do ghuth istigh gabh buíochas le Dia anois as na rudaí iontacha atá déanta aige duit ... Nuair a bhíonn tú réidh, oscail na súile.

AN SCRÍOPTÚR NAOFA

AN SUIPÉAR DÉANACH

NÓTA DON MHÚINTEOIR: Cuireadh na páistí ar an eolas faoi imeachtaí uile na Seachtaine Móire roimhe seo sa chlár *I nGrá Dé*. Tá sé foghlamtha acu go dtosaíonn an tSeachtain Mhór le Domhnach na Pailme, nuair is cuimhin linn an lá a mharcaigh Íosa isteach in Iarúsailéim ar asal chun féile Cháisc na nGiúdach a cheiliúradh.

Bhí a fhios ag Íosa cad a bhí in ann dó i rith na Seachtaine Móire, agus mar sin bhí sé ag iarraidh a bhéile Cháisc dheireanach a cheiliúradh lena chairde. Chuir sé na haspail Peadar agus Eoin amach chun an méid a bhí ag teastáil do Bhéile Cháisc na nGiúdach a sholáthar. Tugtar an Suipéar Déanach ar an mbéile seo, a roinn Íosa lena haspail

ar an oíche sula bhfuair sé bás. Gach bliain ar Dhéardaoin na Comaoineach ceiliúrann an Eaglais Suipéar an Tiarna mar cuimhneachán ar an Suipéar Déanach seo a bhí ag Íosa lena chairde le linn fhéile Cháisc na nGiúdach. Éistimis anois le cuntas na hócáide sin mar atá sé le fáil sa Soiscéal de réir Lúcais.

An Suipéar Déanach (Lúcas 22:13-20)

D’imigh [Peadar agus Eoin] agus fuair siad de réir mar a bhí ráite aige leo, agus d’ullmhaigh an cháisc.

Nuair a tháinig an uair, lig sé faoi ag bord agus na haspail mar aon leis. Agus dúirt sé leo:

“Ba mhór ba mhian liom an cháisc seo a ithe in éineacht libh roimh fhulaingt dom...”

Agus ghlac sé cupa, agus ar altú

dó dúirt: “Tógaigí é seo agus roinnigí eadraibh é...”

Ansin, thóg sé arán, agus ar altú dó, bhris, agus thug dóibh é ag rá: “Is é seo mo chorp atá le tabhairt ar bhur son. Déanaigí é seo mar chuimhne orm.”

Agus mar an gcéanna an cupa, tar éis na proinne, ag rá: “Is é an cupa seo an tiomna nua i m’fhuil atá le doirteadh ar bhur son.”



Tar éis duit an sliocht ón Scrioptúr a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- Cé a d'ullmhaigh béile Cháisc na nGiúdach d'Íosa?
- Cad a dúirt Íosa lena dheisceabail nuair a thug sé an fion dóibh?
- Cad a dúirt Íosa lena dheisceabail nuair a thug sé an t-arán dóibh?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Cén áit agus conas a dhéanaimid cuimhneamh agus athrá ar an méid a tharla ag an Suipéar Déanach? (Ag an Aifreann, nuair a thógann an

sagart an t-arán agus an fion, beannaíonn sé iad agus nuair a deir sé na focail os a gcionn a dúirt Íosa ag an Suipéar Déanach. Athraítear an t-arán agus an fion go Corp agus Fuil Íosa, a fhaighimid sa Chomaoineach Naofa.)

- Nuair a dúirt Íosa, 'Is é seo mo chorp, atá le tabhairt ar bhur son', cad dó a raibh sé ag tagairt, dar leat? (A bhás ar an gCros, a dhéanaimid cuimhneamh air Aoine an Chéasta)
- An dóigh leat go bhfuil sé go maith cuimhneamh a dhéanamh ar an Suipéar Déanach? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuil sé go maith?

Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 56 dá leabhair.

DÁN

Tabhair na paistí isteach ar an dán seo:

Cuimhnígí

'Cuimhnígí,' a dúirt Íosa,
'Ar na hagaí a bhí againn,
Nuair a bhíomar lánsásta,
Nó nuair a bhí an-bhrón orainn,
Agaí a chaitheamar le chéile
I ndorchadas 's sa solas.
Cuimhnígí air anocht,
Cuimhnígí ar an muintearas.'

'Cuimhnígí,' a dúirt Íosa,
'Ar an gcaoi ar roinneamar.
Nuair a bhí aon rud uaibh
Ar an gcúram a thaispeánamar.

Cuimhnígí anois ar an gcairdeas
A bhí ann riamh agus choíche.
Cuimhnígí mar a roinneamar,
Cuimhnígí air istoíche.'

'Cuimhnígí,' a dúirt Íosa,
'Ar an ábhar is cúram dom.
Tógaim arán agus fíon simplí
Go mbeidh sibh in éineacht liom.
Cuimhnígí orm amach anseo,
Cuimhnígí agus sibh ag roinnt
An aráin agus an fhíona seo
Gur mise atá ag caint.'

Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 57 dá leabhair.

Mairimis ...

CAD A MHÚINTÚ?

D'iarr Dia ar na hIosraeilítigh féile Cháisc na nGiúdach a cheiliúradh go deo mar chuimhneachán faoi mar a shábháil sé iad ón sclábhaíocht san Éigipt. Leanann na Giúdaigh orthu ag ceiliúradh Cháisc na nGiúdach inniu i gcuimhne faoi mar a shábháil Dia a sinsir. Tá ceangail ann idir bhéile Cháisc na nGiúdach sa Sean-Tiomna agus an Suipéar Déanach sa Tiomna Nua. D'iarr Dia ar na hIosraeilítigh uan a íobairt do bhéile Cháisc na nGiúdach. Thug Íosa a bheatha mar íobairt chun sinn a shábháil, agus sin é an fáth go dtugtar 'Uan Dé' ar Íosa.

Giúdach ab ea Íosa, agus mar sin rinne sé féin agus a chlann Cáisc na nGiúdach a cheiliúradh freisin. Ba é an Suipéar Déanach an Béile Cháisc na nGiúdach deireanach a roinn Íosa lena dheisceabail ar an oíche sula bhfuair sé bás. Ag an mbéile sin rinne Íosa cúnant nua lena dheisceabail nuair a thug sé a Chorp agus a Fhuil dóibh agus nuair a dúirt sé leo 'Déanaigí é seo mar chuimhne orm'. Déanann Caitlicigh mar a d'iarr Íosa orthu trí dhul go dtí an Aifreann agus an Comaoineach Naofa a fháil.

GNÍOMHAÍOCHT

'DÉANAIGÍ É SEO MAR CHUIMHNE ORM'

- Tabhair na focail seo ó Íosa ag an Suipéar Déanach chun cuimhne na bpáistí: 'Déanaigí é seo mar chuimhne orm', agus conas a dhéanaimid mar a d'iarr Íosa orainn nuair a fhaighimid an Comaoineach Naofa ag an Aifreann.
- Ansin iarr ar na páistí gníomhartha eile a ainmniú gur féidir leo a dhéanamh go laethúil 'i gcuimhne ar Íosa' – gníomhartha ina mhaireann siad de réir teagasc agus sampla Íosa.
- Cláraigh freagraí na bpáistí ar an clár bán.
- Seo roinnt moltaí má tá leid ag teastáil ó na páistí:
 - » Bí flaithiúil, go háirithe le daoine atá i ngátar.
 - » Bí cineálta, go háirithe le daoine a d'fhéadfadh a bheith ag mothú brónach, uaigneach nó eisiata.
 - » Gabh maithiúnas dóibh siúd a ghortaigh nó a chuir olc ort.
 - » Caith le gach duine le meas.
 - » Bí mall ag tabhairt breithiúnais ar dhaoine eile.
 - » Tabhair aire don dtimpeallacht agus ná cuir acmhainní cosúil le huisce, páipéar nó leictreachas amú.
 - » Abair 'go raibh maith agat', 'tá brón orm' agus 'le do thoil'.
 - » Déan gníomhartha grámhara do dhaoine eile.
 - » Géill do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí.

PAIDIR

Comhartha na Croise

Amhrán Oscailte: 'Agnus Dei (A Uain Dé)'

Múinteoir: A Dhia ár nAthair, gabhaimid buíochas leat as bronntanas na cuimhne. Is é an freagra ar ár n-urnaí ná: *Shábháil an Tiarna mé. Molfaidh mé é.* Sínfimid ár lámha amach gach uair a ghuifimid an freagra seo.

Gach duine (*le lámha sínte amach*): Shábháil an Tiarna mé. Molfaidh mé é.

Múinteoir: A Dhia ár nAthair, gabhaimid buíochas leat as Íosa a chur chugainn chun a bheith ina Shlánaitheoir orainn.

Gach duine (*le lámha sínte amach*): Shábháil an Tiarna mé. Molfaidh mé é.

Múinteoir: A Dhia ár n-Athair, molaimid thú as Íosa, a shábháil sinn ónár bpeacaí trína shaol, a bhás agus a aiséirí.

Gach duine (*le lámha sínte amach*): Shábháil an Tiarna mé. Molfaidh mé é.



Múinteoir: A Thiarna Íosa, cuimhnímid conas a thug tú, tú féin mar bhronntanas dúinn ag an Suipéar Déanach agus faoi mar a dúirt tú leis na haspail, ‘Déanaigí é seo mar chuimhne orm.’ Gabhaimid buíochas leis na daoine go léir a scaipeann do chuid focal dúinn inniu, ionas gur féidir linn an méid a d’iarr tú orainn a dhéanamh.

Gach duine (*le lámha sínte amach*): Shábháil an Tiarna mé. Molfaidh mé é.

Múinteoir: A Thiarna Íosa, gabhaimid buíochas leat as sinn a chothú sa Chomaoineach Naofa ionas go bhféadfaimis finiase a thabhairt duit trí ghrá a roinnt.

Gach duine (*le lámha sínte amach*): Shábháil an Tiarna mé. Molfaidh mé é.

Múinteoir: A Dhia ghrámhair, féach orainn le cairdeas agus le grá agus tabhair dúinn do shíocháin agus do thrócaire. Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna.

Gach duine: Áiméan.

Amhrán Deiridh: Can iomann/amhrán oiriúnach.

Comhartha na Croise



Ceacht 2: Aoine an Chéasta: Faigheann Íosa bás ar an gCros

SULA DTOSAÍONN TÚ

Tá cur amach ag na páistí cheana féin ar scéal Aoine an Chéasta. Sa chlár *I nGrá Dé* do Naíonáin Shóisearacha/B1, Naíonáin Shinsearacha/B2 agus Rang a hAon/B3 cuireadh scéal an céasta os comhair na bpáistí. I Rang a Dó/B4 tugadh na páistí isteach ar roinnt de Stáisiúin na Croise. I Rang a Trí/B5 dhírigh na páistí ar an radharc ag bun na Croise, nuair a labhair Íosa le Muire, a mháthair, agus le hEoin, a dheisceabal ionúin. D'fhoghlaim na páistí freisin agus ghuigh siad rúndiamhra Dólásacha na Corónach Muire.

I mbliana cuimhnímid ar a bhfuil foghlamtha ag na páistí cheana féin faoi imeachtaí na Seachtaine Móire agus déanaimid iarracht cur le tuiscint na bpáistí ar pháis agus ar bhás Íosa trí iniúchadh agus guí a dhéanamh ar Stáisiúin na Croise. Sa cheacht seo tabharfaimid cuireadh do na páistí 'Turas na Croise' a thaisteal - an turas a thaistil Íosa ar a bhealach go Calvaire, trí stopadh, machnamh agus paidir a rá ag ceithre stáisiún déag de Thuras na Croise.

EOCHAIRFHOCAL

Calvaire: Ainm an chnoic ar ar céasadh Íosa. Tugtar Golgatá air freisin.

NITHE A BHEIDH AG TEASTAIL UAIT

- Ceithre chóip déag de theimpléad na croise (thíos)
- Cóip de theimpléad na láimhe (Féach Téama 3) do gach páiste

Féachaimis ...

GNÍOMHAÍOCHT

AG CUIMHNEAMH AR AN TSEACHTAIN MHÓR

- Tabhair cuireadh do na páistí a bhfuil ar eolas acu, maidir le himeachtaí na Seachtaine Móire agus na daoine a bhí i láthair, a roinnt lena chéile.
- Agus na páistí ag freagairt, scríobh síos na cuimhní atá acu ar chairt nó ar an gclár bán/dubh.
- B'fhéidir gur mhaith leat iad a spreagadh leis na ceisteanna thíos nó le ceisteanna cosúil leo:
 - » Cathain a thosaíonn an tSeachtain Mhór?
 - » Cé hé príomhcharachtar na Seachtaine Móire?
 - » Cé acu de chairde Íosa a bhí in éineacht leis i rith na Seachtaine Móire?
 - » Cad iad na príomhimeachtaí a tharla i rith na Seachtaine Móire?
 - » Cathain is cuimhin linn aistear deiridh Íosa isteach in Iarúsailéim lena dheisceabail?
 - » Cathain is cuimhin linn an Suipéar Déanach?
 - » Cad a tharla tar éis an tSuipéir Dhéanaigh?
 - » Cad a thugaimid ar an lá a leanann Déardaoin na Comaoineach? (Aoine an Chéasta)

RÓL IMIRT

AG CUIMHNEAMH AR ÍOSA

- Tabhair chun cuimhne na bpáistí faoi mar a roinn Íosa a bhéile deireanach Cháisc na nGiúdach lena chairde ar an oíche sula bhfuair sé bás, agus faoi mar a d'iarr sé ar a aspail Peadar agus Eoin cuidiú leis chun ullmhú don bhéile sin.
- Tabhair cuireadh do na páistí péirí a dhéanamh le páiste amháin ag glacadh ról Pheadair agus an páiste eile i ról Eoin.
- Iarr orthu a shamhlú gur sheol Íosa amach iad chun bia a fháil do bhéile Cháisc na nGiúdach. Tá orthu ról imirt a dhéanamh ar an gcomhrá idir an bheirt aspal ina labhraíonn siad faoina gcairdeas le hÍosa agus na hamanna a chaith siad in éineacht leis.

Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 58 dá leabhair.

PAIDIR

NÓTA DON MHÚINTEOIR: Is é an freagra a úsáidtear san urnaí seo ná an phaidir a deir daoine de ghnáth agus iad ina seasamh os comhair gach Stáisiún i dTuras na Croise: 'Adhraidimid thú, a Chríost, agus molaimid thú, mar d'fhuascail tú an domhan le do Naomh-Chros.' Bhuail na páistí níos luaithe in *I nGrá Dé* leis na scéalta a bhaineann le feall Iúdáis agus le diúltú Pheadair d'Íosa.

Ullmhúchán: Bíodh an chros chéasta/cros in áit fheiceálach sa spás urnaí. Más féidir, bailigh na páistí timpeall an spáis urnaí.

Comhartha na Croise

Amhrán Oscailte: 'Agnus Dei (A Uain Dé)'

Múinteoir: Tréimhse speisialta atá sa tSeachtain Mhór, nuair is cuimhin linn gur fhulaing Íosa, ár Slánaitheoir, agus go bhfuair sé bás ar ár son le linn na seachtaine sin. Tugaim cuireadh daoibh seasamh don urnaí seo. Is é an freagra ar na paidreacha ná: *Adhraidimid thú, a Chríost, agus molaimid thú, mar d'fhuascail tú an domhan le do Naomh-Chros.* Gach

uair a deirimid an phaidir seo, cuirfimid ár lámha le chéile agus cromfaimid ár gcinn agus sinn ag cuimhneamh gur shábháil Íosa sinn. Guimis an phaidir sin le chéile anois.

Gach duine (*lámha le chéile agus ceann cromtha*): Adhraidimid thú, a Chríost, agus molaimid thú, mar d'fhuascail tú an domhan le do Naomh-Chros.

Múinteoir: Ar Dhomhnach na Pailme cuimhnímid ar an tslí a chuaigh Íosa isteach in Iarúsailéim ar asal, chun a dheisceabail a bhailiú le chéile, ionas go bhféadfaidís an Suipéar Déanach a roinnt leis.

Gach duine (*lámha le chéile agus ceann cromtha*): Adhraidimid thú, a Chríost, agus molaimid thú, mar



d'fhuascail tú an domhan le do Naomh-Chros.

Múinteoir: Cuimhnímid ar an bhfeall a rinne Iúdás ar Íosa, Déardaoín na Comaoineach, trí é a thabhairt suas chuig na saighdiúirí. Fuair Iúdás tríocha píosa airgid dá bharr seo. Tóg sos ar feadh nóiméid agus smaoinigh an ndearna tú feall riamh ar aon duine. Má rinne tú amhlaidh, b'fhéidir gur mhaith leat a rá le hÍosa anois, le do ghuth taobh istigh, go bhfuil brón ort. B'fhéidir gur mhaith leat a rá leis an duine a ndearna tú feall orthu, go bhfuil brón ort freisin. Guímis.

Gach duine (*lámha le chéile agus ceann cromtha*): Adhraimid thú, a Chríost, agus molaimid thú, mar d'fhuascail tú an domhan le do Naomh-Chros.

Múinteoir: Ar Déardaoín na Comaoineach agus gach uair a cheiliúrtar an t-Aifreann cuimhnímid ar an méid a rinne Íosa ag an Suipéar Déanach nuair a ghlac sé arán agus fíon, bheannaigh agus roinn

sé iad, agus d'iarr sé ar na hAspail, agus iad siúd a leanfadh iad: 'Déanaigí é seo i gcuimhne ormsa'.

Gach duine (*lámha le chéile agus ceann cromtha*): Adhraimid thú, a Chríost, agus molaimid thú, mar d'fhuascail tú an domhan le do Naomh-Chros.

Múinteoir: Cuimhnímid conas a tugadh cros le hiompar d'Íosa. Cros adhmaid a bhí ann. Cad as a tháinig an t-adhmad? An gceapann tú gur ceart crainn a úsáid ar an mbealach seo? Guímis.

Gach duine (*lámha le chéile agus ceann cromtha*): Adhraimid thú, a Chríost, agus molaimid thú, mar d'fhuascail tú an domhan le do Naomh-Chros.

Comhartha na Croise

Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.

Foghlaimimis ...

AG COMHRÁ

MAIDIR LE TURAS NA CROISE/STÁISIÚIN NA CROISE

NÓTA DON MHÚINTEOIR: Ag féachaint agus ag machnamh ar gach ceann de cheithre Stáisiún déag na Croise, is foirm urnaí agus machnaimh é ar na céimeanna den turas a rinne Íosa ó theach Phíoláit in Iarúsailéim, áit ar daoradh chun báis é, go Calvaire, áit ar céasadh é. Tá na stáisiúin seo ar taispeáint i ngach eaglais Chaitliceach. Uaireanta tugtar Turas na Croise ar Stáisiúin na Croise mar go leanann siad bealach an Via Dolorosa in Iarúsailéim – bealach turas deiridh Íosa ar domhan. Tá sé tábhachtach a insint do na páistí gurbh iad na Rómhánaigh a mharaigh Íosa agus nach na Giúdaigh a mharaigh é, mar ag tréimhsí éagsúla i rith na staire cuireadh an míleán maidir le bás Íosa ar na Giúdaigh.

- Tosaigh ag déanamh comhrá leis na paistí faoi stáisiúin éagsúla a d'fhéadfadh a bheith ar eolas acu, cosúil le stáisiún na traenach, stáisiún bus, stáisiún tram. De ghnáth is pointí stad ar thuras iad, stáisiúin.
- Ansin cuir i gcuimhne na bpáistí gur féidir linn cuimhneamh ar thuras deiridh Íosa ar domhan trí mhachnamh a dhéanamh ar Stáisiúin na Croise, a thugtar Turas na Croise air uaireanta. Ag Stáisiúin na Croise déanaimid machnamh ar chuid de na rudaí a tharla d'Íosa agus é ag iompar a Chros go Calvaire.
- Déan measúnú ar eolas na bpáistí ar Stáisiúin na Croise trí na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo a chur orthu:
 - » Cá bhféadfá Stáisiúin na Croise a fheiceáil?
 - » Cé a thug a Chros d'Íosa? Cad a chuir na saighdiúirí ar cheann Íosa? Cén fáth a rinne siad amhlaidh?
 - » Cé leo ar bhuail Íosa ar an mbealach go Calvaire? Cé a chabhraigh le hÍosa a Chros a iompar?
 - » Cad a tharla trí huaire d'Íosa ar an mbealach?
 - » Cén fáth go dtugtar Stáisiúin na Croise ar aistear Íosa?

FÍSEÁN

STÁISIÚIN NA CROISE

Taispeáin an físeán ar líne do na páistí, a chuireann turas treoraithe ar Stáisiúin na Croise in Ard-Eaglais Naomh Mel sa Longfort, ar fáil.

Taispeántas Sleamhnán Stáisiúin na Croise

Tá taispeántas sleamhnán ar líne de Stáisiúin na Croise in Ard-Eaglais Naomh Mel, An Longfort go bhféadfá a úsáid chun na páistí a threorú agus iad ag guí agus ag machnamh ar na Stáisiúin. Cuideoidh na nótaí ar fáil thíos leis an ngníomhaíocht seo.

An Chéad Stáisiún: Daortar Íosa chun báis

Insíonn an Soiscéal de réir Eoin dúinn, tar éis do na saighdiúirí Íosa a fuipeáil, gur chuir siad róba corcra air agus chuir siad iallach air coróin dealga a chaitheamh ar a cheann (Eoin 19:1-2). Agus sibh ag féachaint ar an íomhá seo, tabhair faoi deara an buachaill beag atá ag breathnú amach orainn. Cad,

an dóigh libh, go bhféadfadh sé a bheith ag rá linn? Cad iad na smaointe atá ag Píoláit agus a bhean chéile? An dtugann sibh na litreacha INRI ag bun na Croise faoi deara? Seasann na litreacha sin do 'Íosa Nazairéanach, Rí na na Giúdaigh'. Sin iad na focail a scríobh Píoláit, agus a cuireadh ar an gCros (Eoin 19:19). An bhfeiceann sibh an t-iasc ar thaobh na láimhe deise sa phictiúr? Is siombail luath-Chríostaí do Chríost í seo, ar a dtugtar an *ichthus*. Tagann sé ón bhfocal Gréigise d'iasc (*ichthus*), a thugann a litreacha tosaigh 'Íosa Críost, Mac Dé, Slánaitheoir', dúinn.

An Dara Stáisiún: Tugtar a Chros d'Íosa

San íomhá seo feicimid Íosa ag iompar a Chros throm ar a ghualainn agus é ag tosú ar a thuras go dtí Calvaire. Seasann Peadar taobh thiar de Íosa. Cad a d'fhéadfadh sé cuimhneamh air agus é ag breathnú ar Íosa ag iompar a Chros? (B'fhéidir faoin gcaoi ar shéan sé Íosa faoi thrí



níos luaithe). Tá beirt de lucht leanúna Íosa ina seasamh os a chomhair. Féach orthu. Cad iad na smaointe a d'fhéadfadh a bheith acu? Is é Íosa an figiúr lárnach san íomhá. Cuireann na focail atá scríofa ag deireadh an phainéil i gcuimhne dúinn go bhfuair Íosa bás chun sinn a shábháil ónár bpeacaí: 'Ina Chros tá slánú agus beatha le fáil' (Gal 6:14). Sin é an fáth go dtugtar ár Slánaitheoir ar Íosa.

An Tríú Stáisiún: Titeann Íosa den chéad uair
Seo é an chéad uair gur thit Íosa faoi mheáchan na Croise. Titeann Íosa go talamh agus titeann an Chros leis. Cén fáth, dar libh, go dtiteann Íosa? Cad a d'fhéadfadh sé a bheith ag mothú? Féach ar an mbeirt saighdiúir. Cad iad na smaointe atá ag an saighdiúir ar chlé, dar libh? Cad atá an saighdiúir ar dheis ar tí a dhéanamh? Tá duine óg ina sheasamh ar dheis an phictiúir. Conas a cheapann tú a bhfuil an duine óg seo ag mothú? Taobh thiar den saighdiúir Rómhánach feicimid cros ar chnoc Golgatá ag marcáil na háite ina gcéasfar Íosa.

An Ceathrú Stáisiún: Castar a mháthair ar Íosa
Tugann an Ceathrú Stáisiún seo nóiméad sólais agus compord agus Íosa agus a mháthair ag síneadh amach i ngrá lena chéile. Conas a mhothaíonn Muire, dar libh ag an bpointe seo? Conas a mhothaíonn Íosa, dar libh? Tabhair faoi deara cad atá ag tarlú ar thaobh na láimhe deise den phictiúr. Cé leis an lámh, meas tú, atá ag iarraidh Íosa a tharraingt ar shiúl? Cad a thugann tú faoi deara taobh thiar de dhroim Mhuire? Cuireann sé seo i gcuimhne dúinn na focail a labhair Simeon chuig Muire nuair a cuireadh Íosa i láthair sa Teampall agus é ina leanbh óg: 'Agus gabhfaidh claíomh trí d'anam féin' (Lúcás 2:35). Léiríonn na céimeanna taobh thiar de Mhuire agus Íosa go bhfuil oscailt ann, rud a chonaic an t-ealaíontóir mar ghealltanais go raibh glóir Dé le teacht.

An Cúigiú Stáisiún: Cuidíonn Síomón Cuiréanach le hÍosa a Chros a iompar
Léimid sna Soiscéil go raibh 'fear ón gCíréiné darbh ainm dó Síomón ag teacht isteach sa chathair ón tuath' (Lúcás 23:26) agus bhuail siad an Chros air lena hiompar i ndiaidh Íosa. Fear maith ba ea Síomón agus seasann sé d'aon duine atá sásta cabhrú lena chomharsa. An cuimhin libh Parabal an tSamáraigh Mhaith, agus faoi mar a ghlaigh Íosa orainn grá a thabhairt dár chomharsa? (Lúcás 10:25-37) Chuir an t-ealaíontóir na 'Samáraigh Maithe' go léir ar fud an domhain i láthair sa stáisiún seo trí na plúiríní sneachta agus na lusanna den chromchinn a chur ag fás taobh thiar de Shíomón. An bhfeiceann sibh an lucht? Beidh an créatúr beag seo le feiceáil arís sa Tríú Stáisiún Déag, agus cloisfimid ansin cad is brí leis. Iarrann an t-ealaíontóir orainn freisin cuimhneamh gur

siúinéir ba ea Íosaef, athair altrama Íosa, agus gur chruthaigh sé gaistí lucht.

An Séú Stáisiún: Glanann Veronica aghaidh Íosa
Cuireann an Stáisiún seo duine eile i gcuimhne dúinn a chabhraigh le hÍosa ar Thurs na Croise. Cuirtear Veronica in aithne dúinn, bean atruach a ghlan aghaidh Íosa. Tá an t-éadach a d'úsáid Veronica fós ann agus taispeánann sé imlíne aghaidh Íosa. Tagann an focal Veronica ón ainm 'Vera' (Laidin le haghaidh 'fíor') agus *eikon* (Gréigis do 'íomhá') agus tagraíonn sé don bpictiúr ar an éadach. Seo é an Stáisiún ina bhreathnaíonn Íosa díreach amach orthu siúd atá ag féachaint air. Tabhair an bláth faoi deara. 'Lile Claímh' atá ann, a léiríonn brón Mhuire de bharr fhulaingt a Mac.

An Seachtú Stáisiún: Titeann Íosa den dara huair
Sa radharc seo titeann Íosa den dara huair ag Geataí Iarúsailéim. Cé hé an bhean ar a glúine os comhair Íosa? Cad iad na smaointe a d'fhéadfadh a bheith ag an bhean seo? Lean na mná Íosa i gcónaí. Níor thréig siad é. Tabhair faoi deara an bheirt ag barr an phictiúir. Cad atá acu? An gceapann sibh go bhfuil trua acu d'Íosa? Cén fáth a gceapann sibh é sin?

An tOchtú Stáisiún: Labhraíonn Íosa le mná Iarúsailéim
Féach ar Íosa. Téann sé i dteagmháil leo siúd atá trína chéile. Tá sé ar tí dul trí gheataí Iarúsailéim go dtí an cnoc íseal a dtugtar An Cloigeann air, carn fuílligh atá ann, áit a chéasfar é. Síneann leanbh óg a lámha amach i dtreo Íosa agus tá cailín beag ag caoineadh. Cén fáth go bhfuil sí ag caoineadh, dar libh? Cuimhnimid ar fhocail Íosa faoi pháistí, 'Lig do na páistí teacht chugam agus ná cuir bac orthu. Tá grá ag an Athair orthu ar bhealach an-speisialta.' Baineann Íosa go héadrom le méara na mná atá ar a glúine os a chomhair. I rith a shaoil shín Íosa amach agus bhain sé le daoine a bhí tinn. An cuimhin libh cuid de na daoine a bhain Íosa leo? (an lobhar, an fear dall, an fear bodhar, srl.) Gach lá tugann Íosa cuireadh dúinn, a dheisceabail, teagmháil a dhéanamh leo siúd atá ag fulaingt.

An Naoú Stáisiún: Titeann Íosa den tríú huair
Seo an tríú huair a thiteann Íosa go talamh. An bhfeiceann tú éinne de lucht leanúna Íosa in aice leis? Cén fáth, dar leat, a bhfuil cúrsaí amhlaidh? An cuimhin leat am ar bith eile nuair a bhí Íosa tréigthe ag a lucht leanúna? (i nGairdín Geitséamainí). Tá a fhios againn gur lean Íosa an bealach ar fad go dtí a bhás ar an gCros chun a ghrá dá Athair agus dúinne a thaispeáint. Tá súil agam go mbeimid in ann bealach an ghrá a leanúint freisin, is cuma cé chomh deacair agus a bheadh sé.



An Deichiú Stáisiún: Baintear a chuid éadaí d'Íosa

Tá Íosa faoi náiriú go hiomlán sa Stáisiún seo, nuair a bhaineann na saighdiúirí a chuid éadaí de. Ní chuireann sé i gcoinne na mbuillí agus an fhulaingt atá a fhulaingt aige. Cén planda a fheiceann tú sa phictiúr? (feochadán). Is siombail an bhróin é an feochadán. Cuimhnimid ar fhocail Íosa, 'Níl grá ag aon duine níos mó ná seo go dtabharfaidh duine a anam ar son a chairde' (Eoin 15:13). Tabhair an díse faoi deara. Ar bhain tú úsáid as díse riamh? Cén fáth? Léiríonn an díse anseo conas a chaith na saighdiúirí crannchur ar son éadaí Íosa. 'Tar éis dóibh é a chéasadh, roinn siad a chuid éadaigh eatarthu, á gcur ar chrainn' (Matha 27:35). Tá ceann de na saighdiúirí ag caitheamh clogad a bhaineann leis an gCéad Chogadh Domhanda. Cén bhrí atá le seo, meas tú?

An tAonú Stáisiún Déag: Tairneáltar Íosa den Chros

Cad a thugann tú faoi deara faoin íomhá seo? Cén chaoi atá ar na daoine san íomhá? Cad atá á dhéanamh ag an bhfear ar chlé ag bun na híomhá? Cén focal a d'úsáidfeá chun cur síos a dhéanamh ar an íomhá seo? Cuirtear i gcuimhne dúinn focail an fháidh Íseáia nuair a dúirt sé faoi Íosa: 'mar a bheadh uan á chinnireacht chuig an seamlas' (Ís 53:7). Is siombail é an t-uan d'Íosa. Ag an Aifreann ardaíonn an sagart an abhlann in airde agus deir sé, 'Seo é Uan Dé, seo é an té a thógann peacaí an domhain.' Tar éis do na saighdiúirí Íosa a chur ar an gCros, ghuigh Íosa, 'A Athair, maith dóibh óir níl a fhios acu cad tá siad a dhéanamh' (Lúcás 23:34).

An Dara Stáisiún Déag: Faigheann Íosa bás ar an gCros

De réir mar a fhaigheann Íosa bás ar an gCros, tá a airm sínte amach go hiomlán dá Athair. Tugtar ár Slánaitheoir ar Íosa mar gheall ar a bheatha, a bhás agus a Aiséirí a shaor sinn ónár bpeacaí. Cé hiad na daoine a céasadh freisin, duine ar gach taobh d'Íosa? (na gadaithe). Deir duine acu le hÍosa, 'A Íosa, cuimhnigh ormsa nuair a thiocfaidh tú faoi réim do ríochta!' (Lúcás 23:42). Casann Íosa chuige agus deir sé leis, 'Deirim leat go fírinneach, beidh tú in éineacht liom inniu i bparthas' (Lúcás 23:43). Cén bhrí a bhaineann leis na focail briste ar an gCros, meas sibh? (Corp briste Íosa) Is iad na focail sin ná 'Cuimhnigh orm'. Cad a cheapann sibh ba mhaith leis an ealaíontóir go mbeadh

inár smaointe againn nuair a fhéachaimid ar an íomhá seo? Cé atá ina seasamh ag bun na Croise? (Muire agus Eoin) An cuimhin libh an méid a dúirt Íosa le Muire, a mháthair, agus le hEoin agus iad ina seasamh ag bun na Croise? (Dúirt Íosa lena mháthair, 'Sin é do mhac' (Eoin 19:26), agus do Eoin dúirt sé, 'Sin í do mháthair' (Eoin 19:27).

An Tríú Stáisiún Déag: Tógar corp Íosa anuas den Chros

Insíonn Naomh Eoin dúinn sa Soiscéal nuair a chonaic na saighdiúirí go raibh Íosa marbh gur pholl siad a thaobh le sleá agus láithreach doirteadh fuil agus uisce amach as an gcréacht (Eoin 19:34). An bhfeiceann sibh an chailís? Cén áit eile a d'fheicfeá cailís? (ar an altóir ag an Aifreann). Go minic léiríonn an Stáisiún seo corp marbh Íosa ina bachlann ag Muire. Cad atá á dhéanamh ag Muire san íomhá seo? Cad atá á dhéanamh ag an bhfear ar thaobh na láimhe deise den íomhá? Conas a shroichfidh sé na tairní? An cuimhin libh an luch sa Chúigiú Stáisiún? Tá sé le feiceáil arís sa Stáisiún seo agus míníonn an t-ealaíontóir dúinn go seasann sé don Diabhal, a cheapann go bhfuil Íosa buaite aige toisc go bhfuair Íosa bás ar an gCros. Ní thuigeann sé go n-aiséireoidh Íosa ó mhairbh ag an Aiséirí.

An Ceathrú Stáisiún Déag: Leagtar corp Íosa sa tuama

Cad a fheiceann sibh san íomhá seo? Insíonn an t-ealaíontóir dúinn go seasann an leac chloiche ar ar leagadh corp Íosa sa tuama, don altóir ar a cheiliúrtar an tAifreann. Ardaíonn duine de na haspail lámh dheas Íosa. Cá háit ina phointeálann an lámh seo? Féach ar an gCros ar chúl na híomhá. Cad a thugann tú faoi deara? Cén bhrí a bhaineann leis na buinneoga glasa? Tá an focal Gréigise NIKA scríofa ar bharr an bealach isteach. Ciallaíonn an focal seo 'buaiteoir' – nó an duine a bhuaigh. Táimid go léir sa tuama ag breathnú amach. Tabhair an aingeal faoi deara. Cén focal atá i lámha an aingil? Cén t-am eile i mbeatha Íosa a dúirt na haingil an focal seo? Cén fáth, meas sibh, gur chuir an t-ealaíontóir na focail 'Cad a bheir daoibh a bheith ar lorg an bheo i measc na marbh' (Lúcás 24:5) faoin íomhá seo?

Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 59 dá leabhair.

DÁN

Cuir an dán seo i láthair na bpáistí. Tá sé bunaithe ar iomann ón tríú haois déag faoi conas a d'fhulaing Muire agus í ag faire ar a Mac, Íosa, ag fáil bháis ar an gCros.

Stabat Mater

Sheas an Mháthair bhrónach chráite
Le hais na Croise, le deora báite,
Gar d'Íosa go dtí an chríoch.

Uair an dorchadais le feiceáil,
Grá na Máthar, fós le cloisteáil,
Gar dá Mac ar Chalvaire.

Muire ag caoineadh uisce a cinn.
Íosa ag fáil bháis go mall righin.
Céasta ar an gCros adhmaid.

A cheann cromtha, a chorp briste,
Anáil imithe, Briathar Dé ráite,
'Abba, a Athair! Áiméan.'

Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 60 dá leabhair.

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

TURAS NA CROISE


NÓTA DON MHÚINTEOIR: 'Séard is cros chéasta ann ná cros ar a bhfuil íomhá d'Íosa uirthi. Níl aon íomhá d'Íosa ar chros. Is príomhshíombail í an chros do Chríostaithe. Taispeántar cros nó cros chéasta chun a mheabhrú dúinn go bhfuair Íosa, ár Slánaitheoir, bás ar an gCros ar Aoine an Chéasta. Tugann an Eaglais an ócáid mhór seo chun cuimhne ag an liotúirge speisialta ar Aoine an Chéasta, nuair a théann daoine ar aghaidh go dtí an altóir chun ómós/nó póg a thabhairt don chros.

Nóta: Beidh ceithre chóip déag den chros ar an dteimpléad ag teastáil uait (thíos) don ghníomhaíocht seo.

- Tosaigh ag comhrá faoin gcros mar shíombail do Chríostaithe, ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:
 - » Cad iad na háiteanna éagsúla ina bhfeicfeá cros?
 - » An bhfaca tú cros ar crochadh i dteach duine éigin riamh? Cén fáth a mbeadh cros ar crochadh ina dteach acu?
 - » An bhfaca tú duine ariamh agus cros á caitheamh acu ar an mhuineál? Cén fáth a dhéanfadh duine é sin?
 - » Cad é an difríocht idir cros agus cros chéasta? (Tá íomhá Íosa ar chros chéasta)
 - » Cad a chuireann cros nó cros chéasta i gcuimhne do Chríostaithe?
- Ansin cuir na páistí i gceithre péire déag nó grúpaí, ag brath ar líon na bpáiste sa rang.
- Dáil cóip den teimpléad leis an gcros (thíos)

do gach péire nó grúpa. Ar an gcros tabhair cuireadh do gach grúpa chun ionadaíocht a dhéanamh ar cheann amháin de Stáisiúin na Croise trí théacs Scriptortha a scríobh nó radharc suntasach a tharraingt nó símbail a bhaineann

- leis an stáisiún sin a chur ar an dteimpléad.
- I dtreo is go mbeidh ról ag gach páiste sa ghníomhaíocht seo, is féidir leis na tascanna go léir a bhaineann leis an ngníomhaíocht a dháileadh amach.
- Tabhair cuireadh do na páistí a gcuid Saothar ealaíne de 'Stáisiúin na Croise' a chur ar taispeáint sa spás urnaí.



GLAC NÓIMÉAD

Ag baint úsáid as na focail seo nó focail cosúil leo, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a thógáil le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh ... Samhlaigh tú féin ar an mbealach le hÍosa agus é

ag siúl Turas na Croise ... Samhlaigh Íosa ag fáil a Chros ... Ualach trom a bhí ann dó ach d'iompair sé é go dtí an deireadh. Déan machnamh ar conas a mhothaigh Íosa agus é ag siúl ar aghaidh ... faoi mar a thit sé ... mar a scairt na saighdiúirí agus mar a bhuail siad é ... Smaoinigh ar na daoine ar bhuail Íosa leo ar an dturas seo ... a mháthair



Muire ... na mná ... Veronica ... agus Símon ... Bíonn crosta troma á iompar ag daoine sa lá atá inniu ann ... ní crosta fisiceacha déanta as adhmaid atá i gceist, ach rudaí a chuireann imní orthu, ... rudaí a chuidíonn leo a bheith tuirseach, brónach, imníoch, eaglach ... Smaoinigh, mar shampla, ar dhuine scothaosta a bhfuil aithne agat orthu nach féidir leo gach rud a d'fhéadfadh siad a dhéanamh uair amháin a dhéanamh anois ... nó faoi leanbh tinn nach bhfuil in ann súgradh lena chairde ... nó faoi leanbh a chaithfidh dul i ngleic le bás duine is breá

leo... Smaoinigh ar an dtacaíocht a tugann daoine eile nuair a fheiceann siad daoine a bhfuil cabhair de dhíth orthu ... Anois iarr ar Dhia na daoine go léir a bhfuil crosta le hiompar acu a bheannú ... agus na daoine go léir a chuidíonn le daoine eile sna cásanna seo a bheannú freisin ... Iarr ar Íosa a thaispeáint duit conas is féidir leat cabhrú le daoine eile a gcrosta a iompar ... An bhfuil cros agat le hiompar? Más ea, inis le hÍosa faoi ... Nuair a bhíonn tú réidh, oscail na súile.

GNÍOMHAÍOCHT DRÁMAÍOCHTA

TURAS NA CROISE

- Sa ghníomhaíocht seo, rachaidh na páistí isteach i ngrúpaí agus déanfaidh siad dráma ar Stáisiún na Croise bunaithe ar na híomhánna de na stáisiúin in Ard-Eaglais Naomh Mel, sa Longfort.
- Bealach amháin chun líon na bpáistí a eagrú ná iad a mheaitseáil le líon na gcarachtar a léirítear in íomhá áirithe. Mar shampla, bheadh ceathrar páiste ag teastáil chun an Tríú

Stáisiún a léiriú. Má tá níos mó páiste sa rang ná carachtair sna híomhánna, is féidir leis na páistí breise gníomhú mar lucht féachana ag breathnú ar na himeachtaí.

- Nuair a bhíonn na páistí réidh, tabhair cuireadh dóibh aisteoireacht a dhéanamh ar na Stáisiúin in ord.

Mairimis ...

CAD A MHÚIN TÚ?

D'iompair Íosa an Chros go Calvaire. Chabhraigh roinnt daoine leis ar an mbealach, agus rinne daoine eile é a mhagadh agus bhuailead siad é. Trí bhás a fháil ar an gCros, rinne Íosa íobairt ghrámhar dúinn. Ar an mbealach seo, shábháil sé sinn ónár bpeacaí. Sin é an fáth a dtugaimid ár Slánaitheoir ar Íosa. Tugann an Eaglais an íobairt iontach seo chun cuimhne ar Aoine an Chéasta trí cheiliúradh speisialta a thionól ina dtugann daoine onóir, nó póg, don Chros. Díreach mar rinne Íosa íobairt ghrámhar dúinne, is féidir linne freisin íobairt a dhéanamh as grá do dhaoine eile.

GNÍOMHAÍOCHT

ÍOBAIRTÍ AGUS GNÍOMHARHA GRÁ

Nóta: Beidh cóip den teimpléad láimhe ag teastáil uait (Téama 3) do gach páiste.

- Tosaigh ag míniú do na leanaí go ndéanann daoine íobairtí trí rudaí a dhéanamh ar son daoine eile a d'fhéadfadh a bheith deacair, ach go ndéanann siad na gníomhartha grámhara seo ar mhaithe le daoine eile. Seo é an rud a rinne Íosa nuair a d'íobair sé a bheatha ar ár son ar an gCros.
- Ansin iarr ar na páistí daoine a aithint a dhéanann íobairtí ar son daoine eile agus an cineál íobairtí a dhéanann siad, m.sh. téann tuismitheoirí go minic gan rudaí is mian leo dóibh féin d'fhonn nithe a sholáthar dá bpáistí; tugann daoine aire do bhaill teaghlaigh breoite nó scothaosta nó is minic a thugann cairde a gcuid ama saor nó an seans post dea-íochta a bheith agat chun fanacht lena ngaolta agus aire a thabhairt dóibh; tugann daoine a gcuid ama chun airgead a bhailiú do charthanachtaí éagsúla.
- Mínigh do na páistí nach dócha go n-iarrfaí orthu íobairtí móra a dhéanamh ar son daoine eile ag an gcéim seo ina saol, ach tá gníomhartha grá ann i gcónaí gur féidir le páistí a dhéanamh do dhaoine eile, agus uaireanta b'fhéidir go mbeadh gá acu am saor nó fiú cuid dá airgead phóca a thabhairt.
- Anois dail na teimpléid láimhe amach. Iarr ar an páistí na focail 'Mo hÍobairtí agus Gníomhartha an Ghrá' a scríobh ag barr a mbileoga. Ansin tabhair cuireadh dóibh íomhánna nó siombailí a chlárú ar an mbileog - nithe a léiríonn gníomhartha an ghrá gur féidir leo a dhéanamh do dhaoine eile sa bhaile, ar scoil nó sa chomharsanacht.
- Iarr ar na páistí na bileoga críochnaithe a chur sa spás urnaí.

PAIDIR

Nóta: I rith an urnaí seo déanfaidh na páistí machnamh fad is atá siad ag guí os comhair gach ceann de na Stáisiúin i dTuras na Croise. D'fhéadfá an taispeántas sleamhnán nó saothar ealaíne na bpáistí ar Thuras na Croise a úsáid nó b'fhéidir gur mhaith leat na páistí a thógáil chuig an séipéal áitiúil. Sula dtosaíonn tú, déan feacadh glúine leis an nglúin dheas, a chleachtadh agus an ceann a chromadh fad is atá an phaidir seo a leanas á rá acu: Adhraidimid thú, a Chríost, agus molaimid thú, mar d'fhuascail tú an domhan le do Naomh-Chros.

Comhartha na Croise

Bain úsáid as an modh seo a leanas chun machnamh agus guí a dhéanamh ag gach Stáisiún i dTuras na Croise:

Múinteoir (Ag seasamh os comhair an Stáisiúin leis na páistí): Seo é (uimhir) Stáisiún. Déanaigí machnamh ar an Stáisiún seo. (Sos) Guímis.

Gach duine: Adhraidimid thú, a Chríost, (le feacadh glúine agus ceann cromtha) agus molaimid thú, mar d'fhuascail tú an domhan le do Naomh-Chros.

Tar éis do na páistí Turas na Croise ar fad a chríochnú, cuir críoch leis an urnaí agus An Phaidir, Sé do Bheatha a Mhuire agus an Glóir don Athair a ghuí le chéile.

Comhartha na Croise

Ceacht 3: An Cháisc: Aiséirí Íosa

SULA DTOSAÍONN TÚ

Tá aithne curtha ag na páistí faoi Aiséirí Íosa sa chlár *I nGrá Dé* roimhe seo i Naíonáin Shóisearacha/B1, Naíonáin Shinsearacha/B2, Rang a hAon/B3 agus i Rang a Dó/B4.

An tseachtain seo cloisfidh na páistí gurb í Máire Mhaigdiléana a d'aimsigh tuama folamh Íosa den chéad uair. Rith sí chun an scéala seo a insint do Pheadar agus d'Eoin, agus ansin chuaigh siad chun an tuama folamh a fheiceáil

dóibh féin. Glaotar 'aspal do na haspail' ar Mháire Mhaigdiléana toisc gurbh ise a d'inis do na haspail Peadar agus Eoin go raibh an tuama folamh. Cloisfidh na páistí freisin gur, níos déanaí sa tráthnóna sin, ar Dhomhnach Cásca, thaispeáin Íosa é féin do ghrúpa dá dheisceabail a chuir iad féin faoi ghlas i seomra toisc go raibh eagla orthu.

EOCHAIRFHOCAIL

An tAiséirí: Maidin Dhomhnach Cásca, trí lá tar éis a chéasta, d'aiséirigh Íosa go beatha nua i gcorp glórmhar. Tugtar an tAiséirí air seo.

Alleluia: Focal Eabhraise a chiallaíonn 'Moladh le Dia'.

Raibí: Ceannaire reiligiúnach Giúdach.

NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Leathanaigh mhóra páipéir, páipéar daite, marcóirí, criáin agus péinteanna do gach grúpa páiste
- Cóip den teimpléad den ubh Cásca (thíos) do gach páiste

Féachaimis ...

AG COMHRÁ

MAIDIR LE BHEITH CREIDMHEACH

Tosaigh ag comhrá leis na páistí faoin méid a bhaineann le creideamh a bheith acu i rud éigin, ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cad atá i gceist againn nuair a deirimid go 'gcreidimid' i rud éigin? Cad atá difriúil faoi creideamh a bheith agat agus a bheith ag

smaoineamh go bhféadfadh rud éigin a bheith fíor?

- Ainmnigh cuid de na rudaí a chreideann tú – cuid de na rudaí a bhfuil tú cinnte fúthu.
- Ainmnigh roinnt rudaí nach gcreideann tú, nó rudaí nach bhfuil tú cinnte fúthu.

CLUICHE

CREID NÓ NÁ CREID?

- Cuir na páistí i ngrúpaí de cheathrar nó de chúigear.
- Mínigh do na páistí go bhfuil gach grúpa chun dhá scéal a insint don rang: ceann faoi imeacht atá fíor, agus an ceann eile faoi rud atá bréagach. Caithfidh an rang cinneadh a dhéanamh cé acu atá fíor.
- Don **scéal fíor**, d'fhéadfadh na páistí a insint faoi rud a tharla i ndáiríre do pháiste sa ghrúpa, nó do dhuine a bhfuil aithne acu orthu. Beidh ar na páistí beagán ama a chaitheamh agus scéalta á roinnt acu go dtí go dtagann siad ar cheann a fhuaimneann suimiúil ach atá beagán dochreidte ag an am céanna. Mar shampla, b'fhéidir go mbeadh scéal ag páiste faoi a fháil amach gur goideadh a gcarr díreach mar a bhí a mamaí ar tí iad a thógáil ar scoil, nó b'fhéidir go mbeadh scéal acu faoi theacht chuig cóisir lá breithe duine éigin, chun a fháil amach gur tháinig siad ar an lá mícheart!
- Don **scéal bréagach**, cumfaidh na páistí scéal faoi rud éigin nár tharla ach a fhuaimíonn beagán dochreidte freisin.
- Nuair a bhíonn na páistí réidh, is féidir tús a chur leis an gcluiche. Déanfaidh páiste amháin nó beirt ó gach grúpa a gcuid scéalta a roinnt. Caithfidh an rang ar fad cinneadh a dhéanamh maidir le cén scéal atá fíor.
- Is féidir leat méid áirithe ama a dháileadh, b'fhéidir nóiméad nó dhó, chun gach scéal a insint. D'fhéadfá cuireadh a thabhairt dóibh siúd a 'chreideann' i scéal a lámha a chur in airde. Ansin nochtfaidh na scéalaithe cén scéal a bhí fíor agus cén ceann a bhí bréagach.
- Chun an ghníomhaíocht seo a chríochnú, labhair leis na páistí faoin gcaoi a mbíonn sé deacair uaireanta scéalta a chreidiúint a mbíonn cuma dochreidte orthu; ach, uaireanta, tá an dochreidte fíor! (An tseachtain seo cloisfidh na páistí scéal an Aiséirí arís. D'fhág Aiséirí Íosa agus na himeachtaí timpeall ar an tuama folamh go leor de dheisceabail Íosa trína chéile maidir leis an méid a bhí fíor agus an méid a bhí bréagach.)

PAIDIR

Comhartha na Croise

Amhrán Oscailte: 'Alleluia'

Múinteoir: Bailímid le chéile chun guí a dhéanamh i rith an earraigh. Is cuimhin linn go bhfuair Íosa bás ar an gCros ag an am seo den bhliain agus gur aiséirigh Dia an tAthair, Íosa ón mbás go beatha nua. Tugtar an tAiséirí ar seo. Is é 'Alleluia' an freagra ar ár n-urnaí inniu, focal a chiallaíonn 'tugtar moladh do Dhia'. Gabhaimid buíochas le

Dia as Íosa a aiséirí go beatha nua nuair a deirimid nó nuair a chanaimid 'Alleluia'.

Gach duine (ag canadh): 'Alleluia'

Múinteoir: A Dhia ár gCruthaitheoir, thug tú bronntanas luachmhar na beatha dúinn. Múscail ár gcroí, ár n-intinn agus ár spioraid chuig iontais do chruthú. Go dtabharfaimis aire d'áilleacht agus de iontas na mbronntanas go léir a thug tú dúinn. Canaimis focal molta le chéile.

Gach duine (ag canadh): 'Alleluia'



Múinteoir: A Dhia ár gCruthaitheoir, gabhaimid buíochas leat as bronnantas an earraigh, nuair a bhíonn beatha nua thart timpeall orainn. Smaoinímid ar na huain nuabheirthe sna páirceanna, na bachlóga a thagann ar na crainn, na torbáin agus na créatúir eile sna locháin agus sna srutháin. Canaimis focal molta le chéile.

Gach duine (ag canadh): ‘Alleluia’

Múinteoir: A Dhia ár gCruthaitheoir, gabhaimid buíochas leat as an ithir ina bhfuil na síolta ag fás. Tá a fhios againn nach bhfásfadh na síolta dá mbeadh an ithir nimhiúil. Tá an ithir ar nós craiceann a chosnaíonn an talamh, díreach mar a chosnaíonn craiceann ár gcoirp. Is ríthábhachtach í an ithir don bheatha ar domhan. Canaimis focal molta le chéile.

Gach duine (ag canadh): ‘Alleluia’

Múinteoir: A Dhia ár gCruthaitheoir, i séasúr nua seo an earraigh, oscail ár gcroí chuig do ghrá agus do fhuinneamh ionas go mbeimid in ann maireachtáil lenár dteaghlaigh agus lena gcairde

ar bhealach síochánta agus áthasach. Canaimis focal molta le chéile.

Gach duine (ag canadh): ‘Alleluia’

Múinteoir: Le linn Ochtach na Cásca, ocht lá na Cásca, críochnaíonn an sagart an t-Aifreann trí ‘Imigí faoi shíocháin, alleluia, alleluia’, a rá leis an bpobal agus freagraíonn an pobal, ‘Buíochas le Dia, alleluia, alleluia’. Cuirfimid críoch lenár n-urnaí anois agus na focail chéanna a rá: Imigí faoi shíocháin, alleluia, alleluia.

Gach duine: Buíochas le Dia, alleluia, alleluia.

Comhartha na Croise

Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.

Foghlaimimis ...

AG COMHRÁ

MAIDIR LEIS AN AISÉIRÍ

Déan measúnú ar réamheolas na bpáistí ar an Aiséirí trí na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo a chur orthu:

- Cad a tharla ar Aoine an Chéasta? Cár adhlacadh Íosa?
- Cad a tharla nuair a chuaigh Máire Mhaigdiléana chuig an tuama maidin Dhomhnach Cásca? Cad a chonaic sí? (chonaic sí go raibh an chloch curtha i leataobh agus go raibh corp Íosa ar iarraidh)
- Cad a rinne Máire ansin? Cad a cheap sí a tharla do chorp Íosa? (De réir sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Eoin deirtear linn gur rith Máire chun a insint do Shíomón Peadar agus don deisceabal eile [Tá's againn anois gur Eoin a bhí i gceist] gur thóg duine éigin corp an Tiarna ón dtuama)

Ansin léigh an cuntas ón Soiscéal de réir Eoin faoin méid a tharla ansin.

AN SCRÍPTÚR NAOFA

PEADAR AGUS EOIN AG AN TUAMA

Bhí Máire Mhaigdiléana trína céile nuair a d'fhill sí go luath ar an dtuama maidin Dhomhnach Cásca agus nuair a chonaic sí go raibh an tuama folamh. Tugtar 'Aspal chuig na haspail' ar Mháire

Mhaigdiléana toisc gurbh í a d'inis do na haspail Peadar agus Eoin go raibh corp Íosa ar iarraidh. Éistimid anois leis an méid a tharla nuair a thug Máire an nuacht seo do Pheadar agus d'Eoin.

Peadar agus Eoin ag an Tuama (Eoin 20:3-10)

Amach le Peadar agus leis an deisceabal eile ansin agus chuaigh siad chun an tuama. Chrom siad a mbeirt ar rith in éineacht agus rith an deisceabal eile níos luaithe ná Peadar agus is é is túisce a tháinig go dtí an tuama. Nuair a chrom sé síos chonaic sé na línéadaí ina luí ansiúd, ach ní dheachaigh sé isteach. Ansin tháinig Síomón Peadar ina dhiaidh agus chuaigh sé isteach sa tuama, agus chonaic sé na línéadaí agus an brat a bhí ar a cheann – ní i dteannta na línéadaí a bhí sé, ach fillte in aon áit amháin leis féin. Ansin an deisceabal eile, a tháinig ar dtús chun an tuama, chuaigh sé isteach agus chonaic

agus chreid sé. Óir níor thuig siad go fóill an scríoptúr nárbh fholáir é a aiséirí ó mhairbh. Ansin d'imigh na deisceabail abhaile arís.



Tar éis duit an sliocht ón Scríoptúr a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- Cé a chuaigh go dtí an tuama maidin Dhomhnach Cásca?
- Sa sliocht seo, tagraítear d'Eoin mar 'an deisceabal eile'. Cad a rinne Eoin nuair a shroich sé an tuama?
- Cad a rinne Peadar nuair a shroich sé an tuama?
- Cá ndeachaigh Peadar agus Eoin i ndiaidh dóibh a fheiceáil go raibh an tuama folamh?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Cén fáth, dar leat, gur rith Máire Mhaigdiléana chun a insint do Pheadar agus d'Eoin an méid a chonaic sí?
- Cad a cheap siad, dar leat, a tharla d'Íosa?
- Cad a tharla d'Íosa, dar leat?
- Conas a mhothaigh Peadar agus Eoin ag an am seo? Conas a cheapann tú go mbraithfeá?

Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 61 dá leabhair.

GLAC NÓIMÉAD

Ag baint úsáid as na focail seo nó focail cosúil leo, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a thógáil le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh ... Samhlaigh a bheith i láthair ag an dtuama folamh le Peadar agus Eoin ... Tá siad trína chéile agus

díchreidmheach ... Samhlaigh conas atá tú ag mothú agus tú ag seasamh ansin leo... Cad a déarfá leo? ... Cad a d'fhéadfá a iarraidh orthu faoi Íosa? ... Ba dheisceabail Íosa iad Peadar agus Eoin agus bhí aithne mhaith acu air ... mar sin b'fhéidir go mbeidh siad in ann rud éigin a insint duit faoi Íosa ... Cad é an rud is fearr a d'fhéadfaidís a insint duit faoi Íosa? ... Nuair a bheidh tú réidh, oscail na súile.

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

PÓSTAER FAOIN AISÉIRÍ

Nóta: Beidh bileoga móra de pháipéar ealaíne agus rogha de pháipéar daite, péinteanna, marcóirí nó criáin ag teastáil.

- Tabhair cuireadh do na páistí grúpaí de cheathrar a dhéanamh. Tabhair bileog mhór páipéir do gach grúpa agus a rogha páipéar daite, péinteanna, marcóirí nó criáin dóibh.
- Iarr ar na páistí póstaer a chruthú á fhógraíonn Aiséirí Íosa. Spreag iad chun dathanna agus cruthanna a úsáid chun ionadh agus iontas a chur in iúl. D'fhéadfaidís teideal oiriúnach a chur ar a bpóstaer.
- Tabhair cuireadh do na páistí a bpóstaer a chur sa spás urnaí.

AN SCRÍPTÚR NAOFA

ÍOSA Á THAISPEÁINT FÉIN DÁ DHEISCEABAIL

NÓTA DON MHÚINTEOIR: Íosa á thaispeáint féin dá dheisceabail an bonn is tábhachtaí do chreideamh Críostaithe san Aiséirí.

Mínigh do na páistí gur bhailigh Eoin agus Peadar i seomra leis na deisceabail eile, níos déanaí ar Dhomhnach Cásca. Bhí siad i bhfolach mar bhí

eagla orthu. Éistfimid anois leis an méid a tharla mar a insítear é sa Soiscéal de réir Eoin.

Íosa á Thaispeáint Féin dá Dheisceabail (Eoin 20:19-23)

Tráthnóna an lae chéanna, an chéad lá den tseachtain, agus na doirse faoi ghlas le heagla na nGiúdach, san áit ina raibh na deisceabail, tháinig Íosa agus sheas ina measc agus dúirt leo: "Síocháin daoibh!" Á rá sin dó, thaispeáin sé dóibh a lámha agus a chliathán. Bhí áthas ar na deisceabail nuair a chonaic siad an Tiarna. Dúirt Íosa leo ansin arís: "Síocháin daoibh! Amhail mar a chuir an tAthair uaidh mise, táimse do bhur gcursa uaim freisin." Arna rá sin dó, d'análaigh sé orthu agus dúirt leo: "Glacaigí an Spiorad Naomh. Na daoine a maithfidh sibh a

bpeacaí dóibh, beidh siad maite dóibh; na daoine a gcoinneoidh sibh a bpeacaí, beidh a bpeacaí coinnithe."





Tar éis duit an sliocht ón Scrioptúr a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- Cathain a bhailigh na deisceabail sa seomra? Cén fáth ar chuir siad na doirse faoi ghlas?
- Cé a tháinig agus a sheas ina measc sa seomra?
- Conas a bheannaigh Íosa dá dheisceabail? Agus cad a rinne sé ansin?
- Conas a d'fhreagair na deisceabail nuair a chonaic siad é seo?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Cén fáth a mbeadh eagla ar na deisceabail roimh na húdarais Ghiúdacha?
- Cén fáth gur thaispeáin Íosa a lámha agus a chosa dá dheisceabail, meas tú?
- Insíonn Naomh Eoin dúinn go raibh na deisceabail 'líonta le lúcháir ar an Tiarna a fheiceáil'. Conas a cheapann tú go mbraithfeá

dá mbeifeá sa seomra sin nuair a sheas Íosa Aiséirithe i measc na ndeisceabal agus labhairt leo?

- Cad a bhí i gceist ag Íosa, dar leat, nuair a dúirt sé, 'amhail mar a chuir an tAthair uaidh mise, táimse do bhur gcursa uaim freisin'? An bhféadfadh sé a bheith ag rá leo dul amach agus an Dea-Scéala faoina Aiséirí a scaipeadh? Cé leo a bhféadfá an Dea-Scéala seo a insint?
- Cén fáth ar thug Íosa an Spiorad Naomh do na deisceabail? Conas a mhothaigh siad nuair a fuair siad an Spiorad Naomh? An raibh a n-eagla imithe uathu?
- Cad a chuidíonn an Spiorad Naomh linn a dhéanamh? Conas a chabhródh an Spiorad Naomh linn an Dea-Scéala a roinnt le daoine eile?

Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 62 dá leabhair.

DÁN

Cuir an dán seo in aithne na bpáistí:

Íosa Aiséirithe

Chrom sé, thadhaill sé, leigheas sé,
Ghlaoigh sé as a n-ainm.
Ghlac sé lámh mháthair chéile Pheadair
Agus chabhraigh léi a bheith slán.

Raibí le tuiscint a bhí ann
Go gcaithfí ocráigh a chothú,

Focail is gníomhartha sníofa le chéile,
Arán beannaithe briste a bheannú.

Eisean scéal na Cásca,
Aiséirithe ó mharbh slán.
Eisean solas na Cásca,
A mhaireann go fíor san arán.

Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 63 dá leabhair.

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

CÚINNE NA CÁSCA

- Tabhair chun cuimhne leis na páistí na carachtair agus na siombailí atá le feiceáil sna scéalta Scrioptúrtha éagsúla a bhaineann leis an tSeachtain Mhór. Spreag na páistí chun freagraí a thabhairt trí laethanta na Seachtaine Móire a ainmniú ar chairt nó ar an gclár bán agus na himeachtaí a tharla ar na laethanta sin a lua.
- Cláraigh freagraí na bpáistí de réir mar a ghlaonn siad amach iad. Mar shampla:

Domhnach na Pailme: asal, pailmeacha
Déardaoin na Comaoineach: arán agus fíon, báisín, tuáille, Íosa, na deisceabail
Aoine an Chéasta: an Chros, a Muire, na mná,

Síomón Círéinéach, saighdiúirí, Píoláit
Domhnach Cásca: an tuama, aingeal, éadaí bána,

Máire Mhaigdiléana, Eoin, Peadar, Íosa ina sheasamh i measc na ndeisceabal sa seomra faoi ghlas

- Ansin iarr ar na páistí oibriú i ngrúpaí agus rudaí nó íomhánna ón ríomhaire a bhailiú chun 'Cúinne na Cásca' a dhéanamh agus a chur leis an spás urnaí. Seans go mbeidh orthu roinnt nithe a fháil sa bhaile agus iad a thabhairt isteach an lá dár gcionn.

Mairimis ...

CAD A MHÚIN TÚ?

Ba í Máire Mhaigdiléana an chéad duine a tháinig ar an dtuama folamh maidin Dhomhnach Cásca. Rith sí agus d'innis sí an méid a chonaic sí do na deisceabail Peadar agus Eoin. Láithreach rith siad go dtí an tuama folamh chun é a fheiceáil dóibh féin. Níos déanaí an lá sin, chuir na deisceabail iad féin faoi ghlas istigh i seomra mar go raibh eagla orthu roimh údaráis na nGiúdach. Go

tobann tháinig Íosa agus sheas sé ina measc sa seomra a bhí faoi ghlas. Bheannaigh sé iad leis na focail 'Síocháin daoibh!' agus thug sé bronntanas an Spioraid Naoimh dóibh. Dúirt sé leo go raibh sé á gcur uaidh, díreach mar a chuir an tAthair eisean chun an Dea-Scéala a fhógairt, agus chun a shíocháin agus a lúcháir agus a mhaithiúnas a thabhairt do dhaoine eile.

GNÍOMHAÍOCHT MHACHNAMHACH

TÁ ÍOSA UM CHUR UAIDH CHUN ...

Nóta: Beidh cóip den teimpléad leis an ubh Cásca uait (thíos) do gach páiste.

- Tosaigh agus tabhair chun cuimhne na bpáistí gur thug Íosa bronntanas na síochána do na deisceabail a bhí bailithe sa seomra faoi ghlas. Thug sé an Spiorad Naomh dóibh agus chuir sé amach iad chun an Dea-Scéala a roinnt le daoine eile. D'inis sé dóibh freisin cé chomh tábhachtach agus a bhí sé maithiúnas a thabhairt.
- Ansin tabhair teimpléad den ubh Cásca (thíos) do gach páiste agus tabhair cuireadh dóibh an ubh a ghearradh amach.
- Iarr ar na páistí a chlárú ar thaobh amháin den ubh bealaí ina roinnfidh siad an Dea-Scéal trí mhaithiúnas a thabhairt agus síocháin a dhéanamh le daoine eile agus trí ghníomhartha

grámhara a dhéanamh. Tabhair cuireadh dóibh na focail 'Tá Íosa um chur uaidh chun ...' a scríobh ar an ubh.

- Tabhair cuireadh dóibh freisin dán Cásca a scríobh ar an dtaobh eile den ubh.
- Tabhair cuireadh do pháistí éagsúla na dáin Cásca a léamh don rang.
- Iarr ar na páistí a gcuid 'uibheacha Cásca' a chur sa spás urnaí.





NÓTA DON MHÚINTEOIR: Leanann séasúr na Cásca ar feadh caoga lá agus críochnaíonn sé le ceiliúradh teacht an Spioraid Naoimh ar na deisceabail, Domhnach Cincise. Le linn an Charghais, a leanann ó Chéadaoin an Luaithrigh go dtí Déardaoin na Comaoineach, ní úsáidtear an focal 'Alleluia' sa liotúirge. Úsáidtear 'Alleluia' arís ó Bhigil na Cásca, Satharn na Seachtaine Móire.

Ullmhúchán:

- *Más féidir, bíodh na páistí ina suí thart nó gar don spás urnaí. Mura féidir é seo a dhéanamh, tabhair cuireadh dóibh a gcathaoireacha a chasadh i dtreo an spáis urnaí.*
- *A chinntiú go n-áirítear cros chéasta/cros, coinneal, an Bíobla Naofa, póstaer na bpáistí faoin 'Aiséirí' agus a gcuid machnaimh/dánta faoi 'Uibheacha na Cásca' sa spás urnaí.*
- *Roghnaigh naonúr léitheoir. Tá na léachtaí ar fáil thíos agus féadfar iad a thaispeáint, nuair is gá, ar an gclár bán idirghníomhach.*

Comhartha na Croise

Múinteoir: Féachaimis ar dtús, ar feadh cúpla nóiméid, ar chúinne na Cásca a rinne sibh chun an tSeachtain Mhór agus Domhnach na Cásca a thabhairt chun cuimhne. Fócas ar cheann de na siombailí nó ar charachtar amháin. Tabhair faoi deara ... an siombail báis nó aiséirí é? Tabharfaimis chun cuimhne anois imeachtaí agus siombailí na Seachtaine Móire agus féachfaimis ar an ról a bhí acu i saol Íosa.

Léitheoir 1: Domhnach na Pailme, ag tús na Seachtaine Móire, cuimhnímid gur tháinig Íosa isteach in Iarúsailéim ar asal. Sheas na daoine ar thaobh an bhóthair agus chaith siad duilleoga pailme agus a gcuid éadaí ar an talamh mar chomhartha fáilte roimhe. Chan siad 'Hosanna sna harda'. Guímid an *Sanctus* ag an Aifreann, rud a chuireann in iúl dúinn conas a chuir na daoine fáilte roimh Íosa ar an lá sin. Guímis an phaidir sin le chéile anois.

Gach duine: *Sanctus* (Is Naofa, Naofa, Naofa thú ...)

Léitheoir 2: Déardaoin na Comaoineach, cuimhnímid ar an Suipeár Déanach a bhí ag Íosa lena dheisceabail. Theastaigh ó Íosa béile Cháisc na nGiúdach a roinnt lena chairde, mar sin bhailigh sé féin agus a dheisceabail le chéile. Rinne Íosa rud an-speisialta ag an mbéile seo. Sheas sé ón mbord agus nigh sé cosa a dheisceabal, chun a léiriú dóibh cé chomh tábhachtach agus a bhí sé do cheannaire seirbhís a thabhairt do dhaoine eile. Ba dheacair do na deisceabail é seo a thuiscint. Ag an Suipeár

Déanach, thug Íosa é féin mar bhronntanas do na deisceabail, san arán agus san fhíon. Ghlac sé an t-arán, bheannaigh sé é, bhris sé é agus thug dá dheisceabail é. Rinne sé an rud céanna leis an bhfíon. Ansin dúirt sé leo: "Déanaigí é seo i gcuimhne ormsa." Cuimhnímid ar na gníomhartha seo agus ar fhocail Íosa nuair a cheiliúraimid an t-Aifreann. Go mbeimis buíoch le hÍosa i gcónaí as é féin a thabhairt dúinn mar bhronntanas. Guímis anois ceann de na paidreacha a úsáidtear tar éis Comaoineach.

Gach duine: Go raibh maith agat, a Thiarna Íosa, As ucht tú féin a thabhairt dom. Cabhraigh liom do ghrá a léiriú Cibé áit a mbím.

Léitheoir 3: Ar Aoine an Chéasta shiúil Íosa Turas na Croise. Thug na saighdiúirí cros throm dó le hiompar ar an mbealach go Calvaire, áit a chéas siad é. Tá crosa le hiompar againne freisin, ach bíonn sólas le fáil againn, mar a bhí ag Íosa, nuair atá a fhios againn go mbíonn daoine ann chun tacú linn agus chun cabhrú linn ar ár mbealach. Cuirtear turas Íosa go dtí a bhás ar an gCros, i gcuimhne dúinn, nuair a fhéachaimid ar cheithre Stáisiún déag na Croise. Is féidir linn stopadh agus guí a dhéanamh ag na Stáisiúin seo, agus cuimhneamh a dhéanamh ar thuras pianmhar Íosa. Guímis.

Gach duine: Adhraimid thú, a Chríost, agus molaimid thú, mar d'fhuascail tú an domhan le do Naomh-Chros.

Léitheoir 4: Satharn na Seachtaine Móire cuimhnímid gur cuireadh Íosa sa tuama. Bhí a mháthair, Muire agus a dheisceabail, an-bhrónach. Cuimhnímid ar bhás Íosa ar an lá sin. Guímis.

Gach duine: Adhraimid thú, a Chríost, agus molaimid thú, mar d'fhuascail tú an domhan le do Naomh-Chros.

Léitheoir 5: Ceiliúraimid Aiséirí Íosa ar Dhomhnach na Cásca. Tá a fhios againn go ndeachaigh Máire Mhaigdiléana go dtí an tuama maidin Dhomhnach na Cásca agus go raibh ionadh uirthi. Bhí mearbhall uirthi freisin agus bhí sí brónach nuair a chonaic sí go raibh corp Íosa imithe. Rith sí chun an scéal a insint do na haspail



Peadar agus Eoin. Éistimis anois leis an scéal ón Soiscéal de réir Naomh Eoin.
Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh Eoin.
Gach duine: Glóir duit, a Thiarna.

Léitheoir 5: *Amach le Peadar agus leis an deisceabal eile ansin agus chuaigh siad chun an tuama. Chrom siad a mbeirt ar rith in éineacht agus rith an deisceabal eile níos luaithe ná Peadar agus is é is túisce a tháinig go dtí an tuama. Nuair a chrom sé síos chonaic sé na línéadaí ina luí ansiúd, ach ní dheachaigh sé isteach. Ansin tháinig Síomón Peadar ina dhiaidh agus chuaigh sé isteach sa tuama, agus chonaic sé na línéadaí agus an brat a bhí ar a cheann – ní i dteannta na línéadaí a bhí sé, ach fillte in aon áit amháin leis féin. Ansin an deisceabal eile, a tháinig ar dtús chun an tuama, chuaigh sé isteach agus chonaic agus chreid sé. Óir níor thuig siad go fóill an scríoptúr nárbh fholáir é a aiséirí ó mhairbh. Ansin d'imigh na deisceabail abhaile arís. (Eoin 20:3-10)*
Soiscéal an Tiarna.
Gach duine: Moladh duit, a Chríost.

Léitheoir 6: Tá a fhios againn go raibh na deisceabail bailithe le chéile, i seomra faoi ghlas, tráthnóna Dhomhnach na Cásca. Bhí eagla orthu roimh na húdaráis Giúdacha. Ansin tharla rud iontach. Tháinig Íosa ina measc agus dúirt sé leo: 'Síocháin daoibh'. Samhlaigh an t-áthas a bhí orthu Íosa a fheiceáil arís. Thaispeáin sé a lámha agus a chliathán dóibh ionas nach bhféadfadh aon amhras a bheith orthu gurb é a bhí ann. Ansin léirigh Íosa é féin dóibh agus dúirt sé: 'Amhail mar a chuir an tAthair uaidh mise, táimse do bhur gcursa uaim freisin.'

Múinteoir: Guímis anois le Dia, a bhfuil grá agus cúram aige dúinn. (Sos)

Léitheoir 7: A Dhia ghrámhair, gabhaimid buíochas leat as do Bhriathar. Treoraíonn do Bhriathar sinn chun an méid is mian leat a dhéanamh. Chuir tú Íosa chugainn chun an Dea-Scéala a thabhairt dúinn. Anois, tá Íosa á gcur chun an Dea-Scéala a scaipeadh lenár gcomharsana.

Tabhair dúinn do ghrásta chun é seo a dhéanamh. A Thiarna, éist linn.

Gach duine: A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

Léitheoir 8: Guímis ar son bronntanas na síochána, go mbeimid síochánta i gcónaí. Nuair a oibrímid ar son na síochána, déanfaimid ár gcairdeas le Dia agus le daoine eile a neartú agus ligimid don tsíocháin ár gcroí féin a líonadh freisin. A Thiarna, éist linn.

Gach duine: A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

Léitheoir 9: Nuair a tháinig Íosa i measc a dheisceabal, chruthaigh sé dóibh gurbh é féin a bhí ann. Thaispeáin sé a lámha agus a chliathán dóibh. Guímid inniu ar son bronntanas an chreidimh, go bhfeicfidimid comharthaí láithreacha Íosa i ngach áit. A Thiarna, éist linn.

Gach duine: A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

Múinteoir: Ar an gcéad mhaidin Cásca sin nuair a d'aiséirigh Íosa go beatha nua, theastaigh uaidh go mairfeadh daoine ar bhealach nua. Bealach an ghrá a bhí i gceist aige. Bhuaileamar le go leor daoine sa chlár *I nGrá Dé* a rinne iarracht fás i ngrá le Dia agus lena chéile. Smaoinímid ar na naoimh agus ar na daoine maithe eile a bhuaileamar leo. Smaoinímid freisin ar ár dtuismitheoirí, baill dár dteaghlach, ár gcairde agus ár bpobal paróiste.


Glacaimid sos agus déanaimid smaoineamh ar an gcéad Domhnach Cásca agus ar an gcaoi a bheannaigh Íosa a dheisceabail go síochánta ... agus conas a thairg sé an Spiorad Naomh dóibh agus conas a d'iarr sé orthu maithiúnas a thabhairt dá chéile.


Tabhair cúpla nóiméid chun machnamh a dhéanamh.

Múinteoir: Anois déanaimis sinn féin a bheannú in ainm an Athar agus an Mhic agus an Spioraid Naoimh.

Comhartha na Croise

Amhrán Deiridh: Can iomann/amhrán oiriúnach.





Téama 8: An Eaglais

Ceacht 1: An Spiorad Naomh, Tabharthóir Tíolachtaí.

Ceacht 2: Teaghlach aonta Dé is ea an Eaglais.

Ceacht 3: Ag leanúint ar aghaidh le Misean Íosa inniu.

Ceacht 4: Ag Obair ar son Aontacht Chríostaí.

ÓN GCURACLAM

Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ

Rúndiamhair Dé

- Is é Dia an tAthair, an Mac agus an Spiorad Naomh
- Cuireann Dia ár nAthair an Spiorad Naomh chugainn chun cabhrú linn maireachtáil ar nós Íosa
- Baineann Críostaithe úsáid as urnaí agus gníomhartha chun a gcreideamh i nDia a chleachtadh (ag maireachtáil/ag tabhairt fianaise don chreideamh)

Rúndiamhair Íosa Críost

- Ag a dheascabháil thug Íosa cúram a mhisean saolach do na haspail agus don Eaglais

Rúndiamhair an Spioraid Naoimh

- Ba thús ré na hEaglaise é bronntanas an Spioraid Naoimh um Chincís
- Cabhraíonn an Spiorad Naomh le Críostaithe Dea-Scéal Íosa a scaipeadh ar bhealaí difriúla
- Tugann an Spiorad Naomh grásta do phobal uile Dé
- Is é an grásta ná láithreach obair an Spioraid Naoimh ionainn. Teastaíonn bronntanas an ghrásta uainn agus faighimid é ar bhealach speisialta trí urnaí a dhéanamh agus nuair a ghlacaimid na sacraimintí

Rúndiamhair na hEaglaise/na Ríochta

- Tugann daoine fianaise do Ríocht Dé agus cabhraíonn siad leis fás trí aire a thabhairt do chruthú Dé, grá a thabhairt do dhaoine eile agus caitheamh leo ar bhealach atá ceart agus cóir
- Is ionann an Eaglais agus Pobal Dé aontaithe mar aon le duine amháin ag Íosa, pobal a roinneann a ghrá agus a shaol
- Féachaint ar bhealaí chun páirt a ghlacadh i saol agus in adhradh san eaglais: San eaglais teallaigh agus sa phobal (m.sh. ceiliúradh na hEocairiste, urnaí ar son daoine eile, gníomhaíochtaí eile sa pharóiste)
- Grúpaí Chríostaí sa phobal (m.sh. Cumann Naomh Uinseann de Pól, freastalaithe altóra, an cór srl)
- Is tionóil liotúirgeach í an Eaglais agus is pobal creidmheach í
- Taispeánann an Eaglais aghaidh Dé do dhaoine agus tugann sí grá Dé do chách (ChEC 780: An Eaglais

mar shacraimint na slánaithe; GS 3: An Eaglais mar shearbhónta)

- Is í an Eaglais an pobal a leanann ar aghaidh le misean Íosa chun an Dea-Scéal a fhógairt don domhan uile
- Tá a ról féin ag gach duine san Eaglais (eaglais an teallaigh agus áitiúil)
- Teastaíonn cúnamh phobal na hEaglaise uainn chun maireachtáil mar chara Dé/deisceabal Íosa
- Staidéar a dhéanamh ar phobail an pharóiste: adhradh, misean agus seirbhís
- Féachaint ar bhealaí chun páirt a ghlacadh i saol agus in adhradh san eaglais
- Obair na Misinéirí Éireannacha
- Eolas a chur ar shéipéil Chríostaí eile sa phobal áitiúil: m.sh. Eaglais na hÉireann, Meitidisteach agus Preispitéireach, Críostaithe ón Eaglais Cheartchreidmheach, Críostaithe Soiscéalacha, Eaglaisí ón Oirthear
- Is Chríostaí gach duine atá baistithe, a ghlacann le hÍosa mar Mhac Dé agus a chreideann ina Aiséirí
- Tugtar cuireadh do gach teaghlach Chríostaí Dia a adhradh agus freastal ar a bpobal mar a rinne Íosa

Muire

- Gríosann an Eaglais sinn chun paidreacha áille do Mhuire a rá: m.sh. An Choróin Mhuire, An Magnificat, An Memorare, 'S é do bheatha, a Mhuire, Fáilte an Aingil
- Íocóin agus Íomhánna de Mhuire (m.sh. Máthair Dé, Máthair na Síor Chabhrach, Muire as Guadalupe, Muire as Czestochowa)

Traidisiúin Reiligiúnacha Eile

- Iarrann Dia ar Chaitlicigh meas a bheith acu ar chreideamh dhaoine eile, ar shaoirse reiligiúnach, difríochtaí a cheiliúradh agus oibriú le chéile ar son aontachta
- Iarrtar ar Chaitlicigh comhrá a dhéanamh le pobail reiligiúnacha eile agus comhoibriú leo
- Iarrtar ar Chaitlicigh a bheith mar fhinnéithe dá gcreideamh féin i gCríost le briathar agus le gníomh



BRIATHAR DÉ

An Bíobla

- Cabhraíonn an Spiorad Naomh linn éisteacht le Briathar Dia agus é a thuiscint agus freagra a thabhairt air

An Scriptúr Naofa

Saol Poiblí Íosa

- Lúc 4:18-19 Misean Íosa

An Chincís

- Gníomh 2:1-13. An Chincís
- 1 Cor 12:4-7. Éagsúlacht bronntanais
- Eif 4:5-6. 'Níl ann ach aon chorp amháin ...' (éacúiméineachas)

LIOTÚIRGE AGUS URNAÍ

Urnaí

Urnaí Fhoirmeálta

- Glóir don Athair
- Cré na nAspal
- An Choróin Mhuire (Na Rúndiamhra Glórmhara)
- Paidir chuig an Spiorad Naomh (Tar, a Spioraid Naoimh...)
- Salm 23: Sé an Tiarna m'Aoire...

Paidreacha Breise

- Urnaí ar son aontacht na Críostaíochta
- Urnaí don mhisean
- Urnaí don domhan
- Freagraí an Aifrinn

Liotúirge

- Is é an liotúirge urnaí poiblí na hEaglaise, ina ndéantar ceiliúradh ar bhás agus Aiséirí Chríost - cúis ár slánaithe. Cabhraíonn an Spiorad Naomh linn urnaí a dhéanamh le hÍosa chun Dia ár nAthair rud a aontaímid le Dia agus lena chéile

An Bhliain Liotúirgeach

- Tá an bhliain Liotúirgeach roinnte i séasúir: An Cháisc
- Féilire na Cincise

MÓRÁLTACHT CHRÍOSTAÍ

Dínit an Duine

- Tugann Dia bronntanais agus tallanna dúinn le húsáid ar son a ghlóire, ár bhfás féin agus ar mhaithe le daoine eile agus chun aire a thabhairt don chruthú
- Nuair a úsáidimid na tallanna a thug Dia dúinn, tagann méadú ar an gcosúlacht atá againn le Dia

Láithreach ghrástúil agus Cúnamh Dé

- Tugann an Spiorad Naomh an neart dúinn grá a thabhairt do Dhia agus dá chéile

Teagasc Sóisialta na hEaglaise

- Tá sé de dhualgas orainn aire a thabhairt don chruthú, toisc gur bronntanas ó Dhia do na glúnta ar fad atá ann

OCG i gComhthéacs Críostaí

- De réir mar a fhásaim, athraím go spioradálta tríd an ngrá atá againn do Dhia agus ár gcomharsa agus tríd an bhfeasacht atá againn ar ár gcomhcheangal leis an gcruthú ar fad

ÓN GCROÍSHIOLLABAS DON OIDEACHAS REILIGIÚNACH

Tógtha ón gCroíshiollabas don Oideachas Reiligiúnach ón Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann (2007).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

CUSPÓIR FOGHLAMA 1

Foilsíú Dé

Beatha Íosa

h. An Deascabháil agus An Chincís.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí: Na scéalta a bhaineann leis na himeachtaí thíos a mheabhrú agus a phlé.

- An Chincís - Gníomhartha 2:1-13.

CUSPÓIR FOGHLAMA 2

An Eaglais Chríostaí

A. Tús agus fás.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- Machnamh agus athinsint a dhéanamh ar an méid a d'inis na haspail do dhaoine eile faoi Íosa.

B, Ón Luath-Eaglais go dtí an lá atá inniu ann.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- Plé a dhéanamh ar an dóigh ar tháinig forbairt ar ghné amháin dá bpobal Chríostaí áitiúil.

C. Adhradh agus Urnaí.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- A aithint gur féidir go mbíonn baint ag an urnaí agus ag an adhradh le hócáidí agus le háiteanna speisialta.

CUSPÓIR FOGHLAMA 3

An Mhóráltacht

A. Féinmheas.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar dhearcthaí dearfacha maidir lena dtallanna, a saintréithe agus a luachanna féin.

B. Meas ar a chéile.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- Fiosrú faoi na luachanna a bhíonn mar chuidiú le pobal a thógáil agus taithí a fháil orthu.
- Na grúpaí éagsúla lena mbaineann siad a aithint.

Ceacht 1: An Spiorad Naomh, Tabharthóir Tíolachtaí



SULA DTOSAÍONN TÚ

Gach bliain ar Lá na Deascabhála cuimhnímid agus déanaimid ceiliúradh ar Dheascabháil Íosa chun na flaithis. Sula ndeachaigh Íosa ar ais ar neamh, thug sé misean dá dheisceabail. Dúirt sé leo go raibh siad le bheith ina bhfinnéithe. Is ionann sin is a rá go raibh siad chun eisean a chur in aithne don domhan ar fad chomh maith le gach a rinne sé agus a dúirt sé nuair a bhí sé ar domhan; mar shampla, leigheas sé daoine a bhí tinn, mhaith sé peacaí, agus mhúin sé daoine faoi ghrá Dé do chách. D'iarr Íosa ar a lucht leanúna tionchar a bheith acu ar dhaoine eile tríd an tslí ina mhair siad. Tasc ollmhór a bhí sa mhéid seo, ach gheall Íosa go mbeadh sé leo i gcónaí (Mt 28:20). Dúirt Íosa freisin go gcuirfeadh sé an Spiorad Naomh chun cabhrú leo agus chun a bheith leo go deo (Gníomhartha 1:8). Ar Dhomhnach Cincise cuimhnímid agus ceiliúraimid teacht an Spioraid Naoimh ar dheisceabail Íosa den chéad uair. Seo lá breithe na hEaglaise.

Sa chlár *I nGrá Dé* roimhe seo d'fhoghlaim na páistí faoi theacht an Spioraid Naoimh ar an gCincis, agus scrúdaigh siad tine agus gaoth mar shiombailí den Spiorad Naomh. Tá paidreacha foghlamtha acu chuig an Spiorad Naomh freisin. Sa cheacht seo tabharfaidh siad cuairt arís ar scéal na Cincise, agus díreoimid ar an Spiorad Naomh mar bhronntóir bronntanas (tíolachtaí). In 1 Cor 12:4-7 insíonn Naomh Pól dúinn go dtugann an Spiorad Naomh cineálacha bronntanais spioradálta éagsúla dúinn ionas gur féidir linn seirbhísí éagsúla a dhéanamh do dhaoine eile. Chabhraigh bronntanais an Spioraid Naoimh le lucht leanúna Íosa maireachtáil mar a léirigh Íosa dóibh, díreach mar a chabhraíonn sé le lucht leanúna Íosa maireachtáil faoi láthair leis an Aithne Nua trí ghrá agus seirbhís a thabhairt dá chéile sa bhaile, ar scoil agus i bpobail áitiúla. Sa lá atá inniu ann, oibríonn lucht leanúna Íosa le chéile chun a mhisean a chur chun cinn mar chomhaltaí den Eaglais.

EOCHAIRFHOCAIL

Domhnach na Cincise: An lá nuair a cheiliúraimid teacht an Spioraid Naoimh ar dheisceabail Íosa den chéad uair. Seo é lá breithe na hEaglaise.

Buanna spioradálta (Tíolachtaí): Is iad seo na buanna a fhaighimid ón Spiorad Naomh chun cabhrú linn seirbhís a dhéanamh do Dhia agus maireachtáil ar an mbealach a theastaíonn ó Dhia.

Misinéir: Duine a chuireann misean Íosa chun cinn tríd an Dea-Scéala faoi ghrá Dé a thabhairt do dhaoine eile.

NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Páipéar A4 agus ábhair dhathúcháin do na páistí atá chun bróisiúir a dhéanamh ag úsáid páipéar
- Leathanach A4 do gach páiste

Féachaimis ...

AG COMHRÁ

MAIDIR LEIS AN BPOBAL INA MHAIRIMID

Déan comhrá leis na páistí faoin áit ina gcónaíonn siad. Seans nach bhfuil roinnt de na páistí ina gcónaí sa phobal ina bhfuil an scoil suite. Tá sé tábhachtach go gcuirfear freagraí na bpáistí sin san áireamh chomh maith. Cuir na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo orthu:

- Cá bhfuil tú i do chónaí? Cad is ainm don bhaile ... don tsráidbhaile ... don tsráid? An raibh cónaí ort san áit seo i gcónaí? Muna raibh, cá raibh cónaí ort roimhe seo?
- Ainmnigh na háiteanna ina gcruinníonn daoine le chéile i do phobal. Cén fáth a mbailíonn daoine sna háiteanna sin?
- An bhfuil aon áiteanna i do phobal inar féidir le daoine a mbronntanais agus a mbuanna a úsáid

chun cabhrú le daoine eile? Inis dúinn faoi na háiteanna sin.

- Cé na háiteanna i do phobal a dtugann tú cuairt orthu? Cad iad na clubanna a bhfreastalaíonn tú orthu? Cén fáth a dtéann tú go dtí na háiteanna sin?
- An bhfuil séipéil i do phobal? An bhfuil séipéal ann a dtéann tú chuige?
- An bhfuil aon ionad bia, brúnna nó ionaid phobail san áit ina chónaíonn tú? Cad a tharlaíonn sna háiteanna sin?

Dirigh aire na bpáistí chuig leathanach 64 dá leabhair.

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

BRÓISIÚR DON PHOBAL

Nóta: Beidh páipéar A4 agus ábhair dhathúcháin uait do na páistí.

- Tabhair cuireadh do na páistí bróisiúr a dhearadh ag cur síos ar a bpobal agus ag spreagadh daoine eile le teacht agus cónaí ann. Is féidir leis na páistí obair leo féin nó i ngrúpaí.
- Tabhair cuireadh dóibh teideal a chur ar a gcuid bróisiúr.
- Más gá, mol do na páistí na nithe seo a leanas a chur ina mbróisiúir: clubanna, páirceanna, séipéil, ionad pobail, ionad an pharóiste, srl.
- Nuair a bheidh an ghníomhaíocht críochnaithe, tabhair cuireadh do na páistí a gcuid bróisiúir a thaispeáint dá chéile.



- Is féidir na bróisiúir chriochnaithe a fhágáil sa spás urnaí.

PAIDIR

Nóta: Mura bhfuil an Phaidir chuig an Spiorad Naomh de ghlán mheabhair ag na páistí go fóill, iarr orthu a gcuid leabhar a oscailt ag leathanach 106 ag an am cuí.

Comhartha na Croise

Amhrán Oscailte: Can iomann/amhrán oiriúnach.

Múinteoir (ag lasadh an choinneal): Agus muid ag lasadh ár gcoinneal cuimhnimid go bhfuil Dia linn. Táimid bailithe le chéile faoi láthair chun ullmhú do fhéile na Cincise, nuair a chuimhnimid ar theacht an Spioraid Naoimh ar lucht leanúna Íosa den chéad uair. Faigheann lucht leanúna Íosa

bronntanas an Spioraid Naoimh den chéad uair, sa lá atá inniu ann, ag an mBaisteadh. Tá a fhios againn go gcabhraíonn an Spiorad Naomh linn grá a roinnt ar nós Íosa, maireachtáil ar nós Íosa agus guí ar nós Íosa. Guímis anois ag baint úsáid as an gcéad líne ón bPaidir chuig an Spiorad Naomh: 'Tar, a Spioraid Naoimh, líon croíthe na bhfíréan agus las ionainn tine do ghrá.'

Gach duine: Tar, a Spioraid Naoimh, líon croíthe na bhfíréan agus las ionainn tine do ghrá.

Múinteoir: A Spioraid Naoimh, gabhaimid buíochas leat as treoir a thabhairt dúinn inár saol. Guímid ar son an Phápa agus ar son ceannairí uile san Eaglais agus ar fud an domhain, go ndéanfa iad

a threorú i gcónaí sna cinntí a dhéanann siad. (Sos) Guímis.

Gach duine: Tar, a Spioraid Naoimh, líon croíthe na bhfíréan agus las ionainn tine do ghrá.

Múinteoir: A Spioraid Naoimh, gabhaimid buíochas leat as cuidiú linn ár gcaidrimh a bheith láidir agus fíor. Guímis.

Gach duine: Tar, a Spioraid Naoimh, líon croíthe na bhfíréan agus las ionainn tine do ghrá.

Múinteoir: Guímis anois an Phaidir chuig an Spiorad Naomh.

Gach duine: Paidir chuig an Spiorad Naomh (Tar, a Spioraid Naoimh, líon croíthe na bhfíréan agus las ionainn tine do ghrá...)

Comhartha na Croise

Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.



Foghlaimimis ...

AN SCRÍOPTÚR NAOFA

SCÉAL NA CINCÍSE

NÓTA DON MHÚINTEOIR: Leanann an Chincís féile na Deascabhála. Ceiliúrtar féile na Deascabhála ar an séú Domhnach Cásca (sé sheachtain tar éis Dhomhnach Cásca). Ceiliúrtar an Chincís ar an seachtú Domhnach tar éis na Cásca gach bliain. Is féastaí so-ghluaiste iad seo, mar go mbraitheann na dátaí ar a gceiliúrtar iad ar dháta na Cásca. Tabhair faoi deara an dáta ar a gceiliúrfar féile na Cincíse i mbliana agus abair leis na páistí é. Cé go gcuireann féile na Cincíse deireadh le séasúr na Cásca, is é Domhnach na Cincíse breithlá na hEaglaise.

- Tabhair chun chuimhne scéal chéad teacht an Spioraid Naoimh ar na haspail. Ba é seo breithlá na hEaglaise. Déanaimid an ócáid sin a thabhairt chun chuimhne agus a cheiliúradh ar Lá na Cincíse. Chuala na páistí an scéal seo cheana féin sa chlár *I nGrá Dé*. Tá sé os cionn dhá mhíle bliain ó tharla an ócáid iontach sin, ach leanann an obair chun an Dea-Scéala a scaipeadh ar aghaidh. Tugtar an Spiorad Naomh céanna, a tugadh do lucht leanúna Íosa ar an gcéad Cincís, dúinn inniu chun cabhrú linn maireachtáil mar a mhúin Íosa.
- **Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 65 dá leabhair** agus iarr orthu an cuntas faoin gCincís, mar atá sé le fáil i nGníomhartha na nAspal, a léamh go ciúin dóibh féin.
- Nuair a bheidh an Sliocht Scríoptúrtha léite ag na páistí, iarr orthu péirí a dhéanamh agus an ról-imirt a luaitear sa 'Gníomhaíocht' ar leathanach 65 dá leabhar a dhéanamh.
- Tabhair cuireadh do roinnt péirí a ndrúmaí a chur i láthair don chuid eile den rang.

AN SCRÍOPTÚR NAOFA

TÍOLACTHAÍ ÓN SPIORAD NAOMH

Scríobh Naomh Pól chuig na Corantaigh, na daoine a chónaigh sa Choraint, chun a insint dóibh faoi na tíolacthaí (na buanna) a thugann an Spiorad Naomh. Cuidíonn na tíolacthaí linn freastal ar Dhia agus maireachtáil ar an mbealach is mian le Dia dúinn maireachtáil. Tá an tseirbhís ar cheann de na buanna seo, agus cuireann sé ar chumas daoine freastal ar dhaoine eile.

Léitear litreacha Naomh Pól ag an Aifreann ionas gur féidir le lucht leanúna Íosa teachtaireacht Naomh Pól a chloisteáil freisin sa lá atá inniu ann. Éist anois leis an méid a scríobh Naomh Pól chuig na Corantaigh faoi thíolacthaí an Spioraid Naoimh.

Tíolacthaí ón Spiorad Naomh (1 Corantaigh 12:4-7)

Tá tíolacthaí difriúla ann ach an t-aon Spiorad amháin; tá feidhmeannais difriúla ann ach an t-aon Tiarna amháin; agus tá oibreacha difriúla ann ach is é an Dia céanna a bhíonn á n-oibriú go léir in gach ceann riamh acu. An léiriú a dhéantar ar an Spiorad in gach duine ar leith, is chun tairbhe an phobail mhóir é.





Tar éis duit an sliocht ón Scrioptúr a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- Cé chuige ar sheol Naomh Pól a litir faoi thíolacthaí an Spioraid Naoimh?
- Cad a dúirt Naomh Pól faoi fhreastal ar dhaoine eile?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Cá bhfaighfeá an sliocht seo ón Scrioptúr.
- Ar thug tú seirbhís do dhuine ar bith riamh trí do chuid buanna agus cumais a úsáid? Cé orthu ar fhreastal tú? Conas a bhraitheann tú nuair a bhíonn tú ag freastal?
- An ndearna aon duine seirbhís duit riamh? Cad a

rinne siad? Conas a bhraith tú?

- Cad iad na bronntanais a bheadh uait dá mbeifeá ag freastal ar dhuine tinn?
- Cad iad na bronntanais a bheadh uait dá mbeifeá ag cabhrú le duine chun a obair bhaile a dhéanamh?
- Cad iad na bronntanais a bheadh uait i do fhoireann áitiúil ... i do chlub snámha ... i do rang ceoil ... i ngrúpa Aifreann an teaghlaigh?
- Cad iad na bealaí ina bhféadfá freastal ar dhaoine eile sa bhaile, ar scoil, i do pharóiste agus i do phobal?

Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 64 dá leabhair.

GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a thógáil le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh anois sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh ... Smaoinigh ar an Spiorad Naomh ... Is siombail í an ghaoth don Spiorad Naomh ... Díreach mar a bhíonn cumhacht ag an ngaoth rudaí a bhogadh thart timpeall, bogann an Spiorad Naomh muid chun grá a léiriú ... chun roinnt le daoine eile ... chun cineáltas a thaispeáint ... chun maithiúnas

a thabhairt ... chun a bheith foighneach ... chun ár mbronntanais agus ár mbuanna a úsáid chun freastal ar dhaoine eile ... chun spraoi a bheith againn ... chun cairde a dhéanamh sa bhaile, ar scoil agus inár bparóiste agus inár bpobal ... Gabh buíochas leis an Spiorad Naomh as na bronntanais sin go léir ... Iarr ar an Spiorad Naomh tú a threorú chun na buanna go léir a tugadh duit a úsáid ar mhaithe le daoine eile agus ar mhaithe leis an gcruthú. Nuair atá tú réidh, is féidir na súile a oscailt.

DÁN

Cuir an dan seo in aithne na bpáistí:

An Chincís: Bhí Mé Ann

Bhí mé ann 's dhún Peadar an doras.
Chonaic mé na daoine – iad ciúin, gruama,
Gach péire súl brónach, briste, deorach
Gach croí cráite ag cuimhneamh ar an tuama.
Ansin dúirt Aindrias, 'Cuimhní ar an loch,
Cuimhní gur ghlaigh sé mo dheartháir
amach';
Agus dúirt Peadar, 'Nach orm a bhí an t-áthas,
Ach ar an uisce, nach mé a bhí eaglach.'
Agus timpeall an tseomra a scaip an chaint
Le scéalta á n-insint anonn is anall

Faoi lobhair á leigheas is na gortaithe slán,
Lá nua ag breacadh i súile an fhir dhail.
Faoi leanaí 's grá, sólás do shaighdiúir,
Áthas ar bhacach in ann siúl thar bráid.
Le croithe lán go barr le síocháin
Rith siad amach le Dea-Scéala don tsráid.
Chonaic mé a gcroí, dúnta go brónach,
'Gus bhí mé i láthair nuair a osclaíodh iad
freisin
Sa seomra uachtarach shuigh mé go ciúin.
'S ea. Bhí mé i láthair, agus i láthair Leis-sean.

Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 66 dá leabhair.

NÓTA DON MHÚINTEOIR: Tar éis an Aiséirí, thug na Críostaithe an teideal 'Tiarna' d'Íosa. Ghlaigh siad 'Tiarna', 'Ár d'Tiarna' agus 'an Tiarna' ar Íosa. Ciallaíonn 'tiarna' a bheith thar dhaoine eile. Thug Dhia cumhacht d'Íosa, agus nuair a bhí sé ar domhan thaispeáin Íosa dúinn conas a d'fhéadfai cumhacht a úsáid ní chun daoine a 'rialú' ach chun 'freastal' orthu, mar a rinne Íosa ag an Suipéar Déanach nuair a nigh sé cosa a dheisceabail.

GNÍOMHAÍOCHT THAIFEADACH

AG FREASTAL INÁR BPOBAIL

- Déan comhrá leis na páistí faoin 'Bróisiúr don Phobal' a chruthaigh siad.
- Iarr orthu breathnú arís ar a mbróisiúir agus na deiseanna atá ann do dhaoine chun freastal ar a chéile trí na himeachtaí agus na gníomhaíochtaí éagsúla a bhíonn ar siúl sa phobal. Cuir i gcuimhne na bpáistí gurb é an Spiorad Naomh a spreagann daoine chun cabhrú lena chéile ar bhealaí éagsúla trína gcuid buanna agus cumais a úsáid.
- Anois iarr ar na páistí díospóireacht a dhéanamh ina mbeirteanna agus chun a chlárú sa dialann don Oideachas Reiligiúnach trí bhealach inar féidir le daoine d'aois ghrúpaí éagsúla freastal ar dhaoine eile sna gníomhaíochtaí agus sna háiteanna a luaitear sa bhróisiúr.

NÓTA DON MHÚINTEOIR: Cuir i gcuimhne do na páistí nuair a nigh Íosa cosa a dheisceabal ag an Suipéar Déanach, gur iarr sé orthu freastal ar dhaoine eile faoi mar a rinne seisean.

LÉIGH AGUS DÉAN DÍOSPÓIREACHT

CÁSANNA SEIRBHÍSE

- Tabhair cuireadh do na páistí péirí a dhéanamh. Iarr orthu gach cás a léamh agus a shocrú cé atá ag freastal agus cé acu a bhfuil seirbhís á tabhairt dóibh, i ngach cás. Tabhair cuireadh dóibh a phlé lena chéile conas a d'fhéadfadh na gníomhartha seirbhíse difríocht a dhéanamh i ngach cás.

Cás 1: An Turas Siopadóireachta

Bhí mamaí Ben díreach ar ais ó bheith ag siopadóireacht agus thug Ben faoi deara go raibh sí an-tuirseach agus í ag tógáil na míreanna ón gcarr. Rith Ben amach agus dúirt, 'Fág iad siúd. Tabharfaidh mise isteach iad. Téigh isteach agus glac sos ar feadh tamaill. Tá sé sin tuillte agat tar éis siopadóireacht dúinn go léir.'

Cás 2: Aifreann an Teaghlaigh

Téann Beatrice chuig Aifreann an Teaghlaigh maidin Domhnaigh. Cabhraíonn sí leis na leanaí níos óige ina gcuid gníomhaíochtaí agus cuidíonn sí leo a bpaidreacha a fhoghlaim agus léann sí scéalta ón mBíobla dóibh.

Cás 3: Úps!

Bhí Bean Uí Bhriain ag siúl ar ais chuig a seomra ranga nuair a baineadh tuisle aisti agus scaoil sí na leabhair agus na leathanaigh go léir a bhí á n-iompar aici. Chonaic Seán agus Laura cad a tharla. Stop siad agus chabhraigh siad le Bean Uí

Bhriain na rudaí go léir a phiocadh aníos.

Cás 4: An Beárbaiciú

Lá breá grianmhar a bhí ann agus mar sin thug Bean Uí Mháille cuireadh dá comharsana teacht chuig beárbaiciú sa ghairdín. Chuidigh Aingeal agus Tomás léi an bord agus an bia a shocrú, agus rinne Dónall deimhin de go raibh rud éigin le n-ithe agus le n-ól ag na cuairteoirí nuair a bhí an beárbaiciú ar siúl.

Cás 5: Beir leat agus Ceannaigh

Bhí baill de Chomhairle Tréadach an Pharóiste ag bailiú bréagáin, cístí, leabhair agus aon rud eile a cheap siad a d'fhéadfaidís a dhíol don 'Beir leat agus Ceannaigh' ag an séipéal. Thug Tomás agus a theaghlach roinnt bréagán agus leabhar leo agus chabhraigh siad ar an lá.

Cás 6: Tae do Chách

Bhí cruinniú mór le bheith ar siúl san Ionad Pobal tráthnóna Dé hAoine le hullmhú do chomórtas na mBailte Slachtmhara. Shíl athair Moncha gur smaoineamh maith a bheadh ann tae agus brioscaí a sholáthar do gach duine tar éis an chruinnithe. D'iarr sé ar na comharsana cabhrú. Bhailigh go leor acu roimh an gcruinniú agus d'ullmhaigh siad na táblaí agus an bia. Leag siad na cathaoireacha amach don chruinniú, agus ina dhiaidh sin roinn siad na sólaistí amach.

MAIDIR LE FREASTAL AGUS FREASTAL Á DHÉANAMH ORT

Déan comhrá leis na páistí faoi fhreastal agus faoi fhreastal a bheith á dhéanamh orthu agus na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo á n-úsáid agat:

- An dóigh leat gur rud maith é freastal ar dhaoine eile? Cén fáth nó cén fáth nach rud maith é?
- An bhfuil amanna ann inar cóir dúinn ligean do dhaoine eile freastal orainn? Ainmnigh cuid de na hamanna sin.
- An mbíonn amanna ann nuair nach dteastaíonn ó dhaoine freastal a dhéanamh? Conas a tharlaíonn sé sin? Ar tharla sé riamh duitse?
- Cad a chuidíonn linn freastal ar dhaoine eile?



Mairimis ...

CAD A MHÚIN TÚ?

Ag an gCincís is cuimhin linn nuair a tháinig an Spiorad Naomh ar na haspail den chéad uair. Ba leantóir Íosa é Naomh Pól agus mhúin sé na Corantaigh faoi na tíolacthaí a thugann an Spiorad, ina measc, bronnánas na seirbhíse. Is iomaí bealaí éagsúla atá ann chun seirbhís a thabhairt. Thug na luath- Críostaithe an teideal 'Tiarna' d'Íosa tar éis an Aiséirí. Nuair a bhí sé ar domhan thaispeáin

Íosa do dhaoine conas a d'fhéadfaí cumhacht a úsáid ní chun 'rialú' a dhéanamh ar dhaoine eile ach chun 'freastal' orthu. Is féidir le gach duine a gcuid bronnánais uathúla a úsáid chun freastal ar bhealaí éagsúla ar mhaithe le cách. Tá Dia ag iarraidh orainn ár gcuid bronnánais a úsáid go laethúil sa bhaile, ar scoil agus sa chomharsanacht.

MACHNAMH AGUS CUMADÓIREACHT

AIBÍTIR A BHAINNEANN LE FREASTAL

Nóta: Beidh leathanach A4 ag teastáil uait do gach páiste.

- Déan comhrá leis na páistí faoi conas a dhéanann siad freastal ar dhaoine eile – na daoine sa bhaile, a gcomhdhaltaí ar scoil, agus iad siúd atá i ngátar sa pharóiste nó sa phobal. Iarr orthu cuid de na bronnánais atá acu a ainmniú a chuideoidh leo freastal ar dhaoine eile.
- Ansin tabhair bileog páipéir A4 do gach páiste agus iarr orthu an ceannnteideal 'Aibítir a bhaineann le Freastal' a scríobh ar bharr an leathanaigh.
- Tabhair cuireadh dóibh tosú leis an litir 'A' agus focal, briathar nó frása a scríobh a luann bealach amháin inar féidir leo freastal ar dhaoine eile, agus ansin leanúint ar aghaidh

le litreacha eile na haibítire, m.sh.


A ... An féidir liom cabhrú?

B ... Bailigh an bruscar sa chlós.

C ... Cabhraigh sa bhaile.

D ... Déan d'obair bhaile go luath.

- Nuair a bheidh an ghníomhaíocht críochnaithe ag na páistí, tabhair cuireadh do chuid acu a gcuid oibre a roinnt leis na rang.
- Iarr ar na páistí a mbileoga críochnaithe a chur sa spás urnaí.



PAIDIR

Ullmhúchán: Roghnaigh beirt léitheoir. Tá na sleachta le fáil thíos.

Comhartha na Croise

Amhrán Oscailte: Can iomann/amhrán oiriúnach.

Múinteoir: A Dhia ghrámhair, gabhaimid buíochas leat as an Spiorad Naomh a chur chugainn. Éistimis anois le litir Naomh Pól chuig na Corantaigh, ina luann sé bronnánais an Spioraid Naoimh.

Léitheoir 1: Sliocht as céad litir Naomh Pól chuig na Corantaigh.

Tá tíolacthaí difriúla ann ach an t-aon Spiorad amháin; tá feidhmeannais difriúla ann ach an t-aon Tiarna amháin; agus tá oibreacha difriúla ann ach is é an Dia céanna a bhíonn á n-oibriú go léir in gach

ceann riamh acu. An léiriú a dhéantar ar an Spiorad in gach duine ar leith, is chun tairbhe an phobail mhóir é. (1 Cor 12:4-7)

Briathar an Tiarna.

Gach duine: Buíochas le Dia.

Múinteoir: Guímis anois an Phaidir chuig an Spiorad Naomh.

Gach duine: Paidir chuig an Spiorad Naomh (Tar, a Spioraid Naoimh, líon croíthe na bhfíréan ...)

Múinteoir: Is é an freagra ar ár n-úrnaí ná: *Deonaigh dúinn sa Spiorad céanna a bheith críonna go fíor.*

Gach duine: Deonaigh dúinn sa Spiorad céanna a bheith críonna go fíor.

Múinteoir: Ag an gCincís cuimhnimid gur tháinig



an Spiorad Naomh ar na haspail den chéad uair. Chuidigh an Spiorad Naomh leo a fhios a bheith acu go raibh Dia ag tabhairt cuireadh dóibh Dea-Scéala a ghrá a thabhairt do dhaoine eile, mar a rinne Íosa, agus thug sé misneach dóibh é sin a dhéanamh. Guímid go gcabhróidh an Spiorad Naomh linn freisin grá Dé a thabhairt do dhaoine eile. Tóg sos ar feadh cúpla nóiméid agus smaoinigh ar na bealaí inar féidir leat do chuid bronntanais agus buanna a úsáid chun grá Dé a thabhairt do dhaoine eile. (Sos)

Gach duine: Deonaigh dúinn sa Spiorad céanna a bheith críonna go fíor.

Múinteoir: Gabhaimid buíochas le Dia as Naomh Pól a sheoladh chugainn, chun a chur in iúl dúinn conas grá a thabhairt do dhaoine eile mar a d'iarr Íosa orainn. Dúirt Naomh Pól linn go bhfuil bronntanais dhifriúla ag gach duine againn, ar féidir linn a úsáid chun freastal ar dhaoine eile. Glac sos ar feadh nóiméid agus smaoinigh ar bhronntanas amháin atá agat gur féidir leat a úsáid chun freastal ar dhaoine eile. (Sos)

Gach duine: Deonaigh dúinn sa Spiorad céanna a bheith críonna go fíor.

Múinteoir: Sa litir *Laudato Si'*, iarrann an Pápa Proinsias ar gach duine aire a thabhairt don timpeallacht, ár mbaile coitiann. Iarrann sé orainn a bheith eolach ar an damáiste atá á dhéanamh don domhan trí thruailliú agus a chuimhneamh go ndéanann sé dochar don domhan agus dochar do dhaoine eile freisin, ach go háirithe dóibh siúd atá bocht, dóibh siúd nach mbíonn go leor uisce acu le hól nó le cur ar a gcuid barraí.

Léitheoir 2: A Dhia ár gCruthaitheoir, tá tú i láthair sa chruthú ar fad, sna plandaí agus sna hainmhithe agus i ngach ní beo.

Tá grá agat do gach rud a chruthaigh tú.

Rinne tú an cruthú go léir a bheith idirnasctha agus idirghaolmhar.

Líon sinn go léir le do ghrá agus le do shíocháin ionas go mbeimid in ann freastal ort trí fhónamh ar a chéile agus trí chúram a thabhairt don domhan. Iarraimid é seo trí Íosa Críost ár dTiarna.

Amhrán Deiridh: Can iomann/amhrán oiriúnach.

Ceacht 2: Teaghlach aonta Dé is ea an Eaglais

SULA DTOSAÍONN TÚ

Rinne ceacht 1 den téama seo iniúchadh ar an Spiorad Naomh mar thabharthóir tíolacthaí. Faigheann gach duine bronnánais difriúla agus leibhéil éagsúla cumais. Tugtar gach bronnánas ar mhaithe le cách agus níl bronnánais nó cumais ar bith ag duine ar bith níos fearr ná mar atá ag aon duine eile. Rinne na páistí iniúchadh ar conas is féidir leo a gcuid bronnánais uathúla féin a úsáid chun freastal ar dhaoine eile.

Tá cur amach ag na páistí cheana féin ar choincheap an phobail. Faigheann siad taithí ar an gciall a bhaineann le bheith mar bhall de phobal trí bheith mar bhall de theaghlach, club, paróiste, srl. Bíonn taithí acu ar bheith mar bhall de phobal a fhreastalaíonn ar dhaoine eile trí bheith in Scoil Chaitliceach. I dTéama 5 d'fhoghlaim siad faoin gciall a bhaineann le bheith mar bhall de 'ghréasán na beatha' inár 'mbaile coiteann', an domhan, áit a bhfuil gach rud idirnasctha agus idirspleách.

Sa cheacht seo déanaimid iniúchadh ar an Eaglais mar theaghlach aonta Dé amháin. Cé go mbainfeadh Críostaithe le heaglaisí éagsúla, tá

na Críostaithe go léir aontaithe ina gcreideamh go bhfuil aon Dia amháin ann, gur mhair a Mhac, Íosa, inár measc agus gur aiséirigh sé ó mhairbh. Creideann Críostaithe go léir freisin gur chuir Dia an Spiorad Naomh le bheith linn chun sinn a threorú ar ár dturas chuig ár mbaile coiteann ar neamh.

Cabhraimid leis na páistí a fheiceáil gur fearr bheith ag obair mar bhall de fhoireann ná bheith ag obair leat féin. Cuidíonn oibriú i bhfoireann le haontacht a chothú i measc na mball. Tá sé seo fíor go háirithe maidir le baill na hEaglaise. Cuirimid aontacht Chríostaí os comhair na bpáistí i gcomhthéacs litir Naomh Pól do na hEifisigh (4:5-6), áit ar spreag sé na Críostaithe i gcathair Eifeasas a bheith ag obair le chéile i síocháin. Cuirimid béim ar conas a thagann ceannairí na gCríostaithe éagsúla le chéile inniu chun oibriú le chéile (éacúiméineachas); ceannairí ar nós Patrarc éacúiméineach Parthalán ó Eaglais Cheartchreidmheach an Oirthir, a mhol an Pápa Proinsias é in *Laudato Si'* de bharr an obair a rinne sé ar son na timpeallachta.

EOCHAIRFHOCAIL

Críostaithe: An t-ainm a thugtar orthu siúd atá baiste agus a chreideann in Íosa Críost, Mac Dé, agus ina Aiséirí.

Éacúiméineachas: An téarma a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar na hiarrachtaí a dhéanann Críostaithe chun aontacht a chothú i measc na nEaglaisí Críostaí éagsúla.

Déan aithrí: Brón a bheith orainn as ár bpeacaí agus maithiúnas Dé a lorg.

NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Cóip de theimpléad an chrainn (thíos) do gach páiste.

Féachaimis ...

AG COMHRÁ

MAIDIR LE HOIBRIÚ MAR FHOIREANN

Déan comhrá leis na páistí faoin gcaoi a bhfásann daoine níos dlúithe le chéile, agus faoi conas a bhaineann siad torthaí níos fearr amach, nuair a oibríonn siad mar fhoireann. Scrúdaigh a dtaithí féin ar obair foirne trí na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo a chur orthu:

- An ball d'fhoireann tú?
- An bhfuil spiorad foirne i do rang? Cad iad na focail a d'úsáidfeá chun cur síos a dhéanamh ar 'spiorad foirne'? Cén fáth go n-oibríonn baill foirne go maith le chéile?
- An foireann mhaith í do rang? Cén fáth nó cén

fáth nach ea? Cad iad na rudaí a d'fhéadfá a dhéanamh chun cabhrú le do rang oibriú níos fearr mar fhoireann?

- An dóigh leat go bhfuil cosúlacht ann idir foireann agus comhlúadar? Cad iad na focail a d'fhéadfá a úsáid chun cur síos a dhéanamh ar phobal maith?
- Cad iad na cineálacha rudaí a nascann daoine le chéile ar fhoireann nó i bpobal? An mbíonn baill de phobal ag brath ar a chéile? Cén fáth a cheapann tú é sin?

CLUICHE

TOLLÁN DAONNA

- Roinn na páistí i ndhá fhoireann, agus iarr orthu dhá líne a dhéanamh.
- Ar an bhfocal 'tosaigh', bogann baill gach foireann a gcosa óna chéile agus téann an chéad pháiste ar a lámha agus ar a g(h)lúine tríd an tollán de chosa go cúl na líne. Nuair a shroicheann an páiste seo deireadh an 'tolláin', seasann sé/sí taobh thiar den pháiste deireanach agus glaonn siad 'tollán' amach. Leanann an páiste ag tosach na líne leis an gcluiche.
- Is é an grúpa a bhuann ná an chéad cheann ina n-imríonn gach páiste.

Tar éis do na páistí an cluiche a imirt, déan iniúchadh ar 'fhoireann' mar choincheap ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- Cad a bhí go maith faoi d'fhoireann?
- An raibh tú ar an bhfoireann a bhuaigh nó ar an

bhfoireann a chaill? Conas a bhraith tú nuair a bhuaigh sibh ... nuair a chaill sibh?

- Cé chomh maith agus a d'oibrigh d'fhoireann le chéile, dar leat? An bhfuil aon rud ann a d'fhéadfá a dhéanamh chun éifeachtacht na foirne a fheabhsú?
- Cén chaoi a bheadh sé a bheith mar bhall d'fhoireann agus nár chomhoibrigh cuid de na baill le chéile?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Cad é mar a bhí sé a bheith ceangailte mar bhall de fhoireann? Ar mhothaigh tú a bheith ag brath ar a chéile? Ar mhothaigh tú go raibh freagracht ort do dhícheall a dhéanamh? Conas a rinne sibh cumarsáid lena chéile?

Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 67 dá leabhair.

DÍOSPÓIREACHT RANGA

FOIREANN MHÓR ATÁ SA SCOIL AGAINN

- Tosaigh agus a iarraidh ar na páistí na foirne éagsúla sa scoil a ainmniú, foirne ar nós foirne spóirt, foirne glasa, foirne díospóireachta, cór na scoile, Comhairle na dTuismitheoirí, srl.
- Tabhair cuireadh do na páistí an coincheap de chuimsiú a phlé agus an tábhacht a bhaineann le gach duine bheith ag obair le chéile chun cuspóir a bhaint amach, trí na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo a chur orthu:

- » Conas a mhothaíonn sé i bhfoireann nuair is cosúil nach bhfuil do ranníocaíocht chomh tábhachtach le ranníocaíocht duine eile?
- » Cad a tharlaíonn má easaontaíonn tú le tuairim is cosúil atá ag gach duine eile faoi rud éigin, nó má tá creidimh éagsúla agat agus atá ag an chuid is mó de na páistí eile? An mbraitheann tú saor chun do thuairimí a chur in iúl nó do thuairimí a roinnt? Conas a



bhraitheann tú nuair nach dtugtar luach nó meas ar do thuairimí?

- » Tá go leor foirne éagsúla sa scoil, ag déanamh go leor rudaí éagsúla, ach conas a d'fhéadfá a rá gur 'foireann mhór amháin' atá sa scoil? Cad iad na cuspóirí atá comónta ag gach ceann de na foirne scoile?
- Ansin iarr ar na páistí dhá ghrúpa a dhéanamh chun díospóireacht a dhéanamh ar an tairiscint: 'Is foireann mhór amháin í ár scoil.' Beidh

grúpa amháin ag argóint ar son na tairisceana agus an beidh an grúpa eile ag argóint ina choinne. Mínigh do na páistí nach gcaithfidh siad na hargóintí go léir a dhéanann an grúpa a chreidiúint. Is é cuspóir na díospóireachta ná a aithint cé chomh maith agus atá pobal na scoile ag obair mar fhoireann agus cad iad na nithe a chuidíonn nó a chuireann bac leis é seo a dhéanamh go maith.

PAIDIR

Comhartha na Croise

Múinteoir: A Dhia ghrámhair, gabhaimid buíochas leat as na bealaí go léir ina n-oibrímid agus a mhairimid agus a bhainimid le daoine eile. Mairimid laistigh dár dteaghlaigh. Bainimid le rang ar leith i scoil ar leith. Bainimid le pobal paróiste. Cabhraigh linn i gcónaí tuiscint a fháil ar na daoine eile sna pobail lena mbainimid. Is é an freagra ar ár n-urnaí ná: Glóir don Athair, agus don Mhac, agus don Spiorad Naomh.

Gach duine: Glóir don Athair, agus don Mhac, agus don Spiorad Naomh.

Múinteoir: A Dhia ghrámhair, is tusa Athair, Mac agus Spiorad Naomh. Cabhraigh linn maireachtáil i gcomaoin le daoine eile, faoi mar a mhaireann tú i gcomaoin ghrá sa Tríonóid Naofa.

Gach duine: Glóir don Athair, agus don Mhac, agus don Spiorad Naomh.

Múinteoir: A Dhia ghrámhair, gabhaimid buíochas leat as na cosúlachtaí agus na difríochtaí idir baill gach pobail lena mbainimid. Cabhraigh linn a fheiceáil go bhfuil níos mó ann a aontaíonn sinn ná

a mhalairt.

Gach duine: Glóir don Athair, agus don Mhac, agus don Spiorad Naomh.

Múinteoir: A Dhia ghrámhair, gabhaimid buíochas leat as an domhan iontach ina mhairimid. Molaimid thú as bronnánais an chruthaithe agus as na pobail, na cultúir, na custaim agus na creidimh éagsúla a thugann saibhreas don domhan ina mhairimid. Go gcaithimis le daoine eile mar deartháireacha agus mar deirfiúracha, daoine a bhfuil creidimh agus traidisiúin dhifriúla acu ina measc. Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna.

Gach duine: Áiméan.

Amhrán Deiridh: Can iomann/amhrán oiriúnach.

Comhartha na Croise

Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.

Foghlaimimis ...

AG COMHRÁ

MAIDIR LE HAONTACTH

Cuir coincheap na 'haontachta' i láthair trí a fhiafraí de na páistí an féidir leo focal eile a aimsiú laistigh den bhfocal 'aontacht' a chuireann síos ar dhaoine atá ag obair go maith lena chéile. Ansin déan iniúchadh ar choincheap na haontachta ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Conas a d'aithneofa aontacht i bhfoireann nó in aon ghrúpa daoine? Cad a mbeifé ag súil lena fháil i bhfoireann nó i ngrúpa daoine áit a bhfuil aontacht?
- Cén fáth a bhfuil aontacht tábhachtach d'fhoireann nó do phobal? Cad a cheapann tú

a tharlaíonn d'fhoireann nó do phobal nuair a bhíonn easpa aontachta ann idir na baill?

- Cad a chuidíonn le haontacht a thógáil, mar shampla, i seomra ranga, i scoil, i dteaghlach, i bpobal paróiste?
- Úsáidimid an focal 'aontaithe' chun cur síos a dhéanamh ar fhoireann nó ar

ghrúpa ina bhfuil aontacht. Uaireanta úsáideann foirne spóirt an focal 'Aontaithe' mar chuid den ainm atá acu. Cad iad na foirne atá ar eolas agat agus a bhfuil an focal 'Aontaithe' ina n-ainmneacha acu? Cad a cheapann tú is cúis leis an bhfocal seo a úsáid in ainm na foirne?

AONTACTH I nGNÍOMH

AG OBAIR LE CHÉILE CHUN FEABHAS A CHUR AR AN DOMHAN

- Tabhair cuireadh do na páistí grúpaí, cumainn, clubanna nó eagraíochtaí ina n-oibríonn daoine le chéile chun cabhrú le daoine eile a ainmniú. Is féidir leo seo a bheith ina gcuid paróistí nó pobail féin, nó b'fhéidir gur grúpaí iad a d'fhoghlaim na páistí fúthu ar scoil nó ar chuala siad fúthu sa bhaile nó ag an Aifreann na b'fhéidir go mbaineann páistí fiú le grúpaí nó clubanna dá leithéid iad féin.
- Tabhair cuireadh do na páistí a bhfuil ar eolas acu faoin obair na ngrúpaí seo a roinnt lena chéile.
- B'fhéidir gur mhaith leat do shamplaí féin a roinnt leat na páistí, mar shampla:
 - » *Cumann na Leanaí Misinéireachta*: Guíonn

baill ar son leanaí atá ag maireachtáil i mbochtaineacht agus le heagla agus spreagann siad leanaí eile roinnt lena deartháireacha agus lena deirfiúracha atá i ngátar.

- » *Cumann Naomh Uinseann de Pól*: Soláthraíonn na baill cúnamh do dhaoine atá ag maireachtáil le bochtaineacht.
- » *Trócaire*: Carthanas a oibríonn ar son na hEaglaise Caitlicí agus a chuidíonn le daoine atá ina gcónaí sna tíortha is boichte ar domhan.
- » *Pobal L'Arche*: Eagraíocht Chaitliceach a thugann tacaíocht do dhaoine atá faoi mhíchumas intleachta.

DÁN

Cuir an dán seo in aithne na bpáistí.

Sinn

Tá focal beag bídeach ar eolas agam –
Tá sé beag, ach tá sé iontach.
Sínfidh sé mórtimpeall a lán
É cosúil le banda leaisteach.

Síneann sé thar theaghlaigh,
Thar chomharsana agus cairde go deimhin,

Freastalaíonn sé ar náisiúin 's pobail,
Ó seo go dtí deireadh an domhain.

Síneann sé agus síneann sé go dtí –
Ó! An mbrisfidh sé le ping?
Ach ní dhéanann; ar ais leis arís
Go dtí a chruth bunaidh – SINN!

Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 69 dá leabhair.

GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a thógáil le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh anois sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh ... Déan machnamh ar na pobail lena mbaineann tú ... do theaghlach ... do rang ... do scoil ... do pharóiste ... do chlub spóirt ... do ghrúpa ceoil ... Smaoinigh

ar conas a mhothaíonn sé nuair a bhíonn tú leis na baill eile de na pobail seo ... ag roinnt leo do chuid buanna agus cumais ... agus ach go háirithe ag baint suilt as a gcuid cuideachta ... Smaoinigh cé chomh maith agus a mhothaíonn sé a bheith san áireamh, a bheith aontaithe lena chéile ... Go ciúin, gabh buíochas le Dia as na pobail go léir lena mbaineann tú. Nuair a bheidh tú réidh, oscail na súile.

AN SCRÍOPTÚR NAOFA

AONTACHT NA gCRÍOSTAITHE

Mínigh do na páistí gur aon teaghlach amháin iad na Críostaithe go léir - teaghlach Dé. Tá na Críostaithe go léir aontaithe ina gcreideamh go bhfuil aon Dia amháin ann, ar mhair a Mhac, Íosa, inár measc ar domhan agus a d'aiséirigh ó na mairbh. Cé gur féidir le Críostaithe a bheith ina mbail de theaghlach eaglaise éagsúla, creideann siad gur chuir Dia an Spiorad Naomh chugainn chun sinn a threorú ar ár dturas go dtí ár mbaile coiteann ar neamh.

Fiafraigh de na páistí an cuimhin leo céard a scríobh Naomh Pól ina litir chuig na Corantaigh faoi thíolacthaí an Spioraid Naoimh. Ansin abair leo gur scríobh Naomh Pól chuig grúpa eile Críostaithe freisin i gcathair Eifeasas, na hEifisigh, agus labhair sé leo faoin gcaoi ina bhfuil Críostaithe aontaithe lena chéile. Éistfimid anois le ráiteas ón litir sin.

Aontacht na gCríostaithe (Éif 4:5-6)

Níl ann ach aon Tiarna amháin, aon chreideamh amháin agus aon bhaisteadh amháin. Níl ann ach aon Dia amháin atá ina Athair ag cách: é os cionn cách agus ag gníomhú i gcách agus istigh i gcách uile.



Tar éis duit an sliocht ón Scríoptúr a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- Cad iad nithe a insíonn Naomh Pól dúinn a aontaíonn na Críostaithe go léir? (Tiarna amháin, creideamh amháin, baisteadh amháin; i bhfocail eile, is lucht leanúna Íosa iad na Críostaithe go léir; Creideann gach Críostaí in aon Dia amháin, agus tá na Críostaithe go léir baistithe.)

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Conas a oibríonn Dia 'i gcách'? (trí ghrásta a thabhairt dúinn, nó cabhair, chun an rud a iarrann sé orainn a dhéanamh)

- Conas a oibríonn Dia 'istigh i gcách uile'? (Tríd an Spiorad Naomh a thabhairt chun sinn a threorú)
- An mian le Dia go n-oibreodh gach duine againn mar an gcéanna agus na rudaí céanna á ndéanamh againn?
- Conas a oibríonn Dia ionat, dar leat?
- Insíonn Naomh Pól dúinn go bhfuil Dia 'ina Athair ag cách'. Cén chaoi a thugann Dia aire dúinn? Conas a thaispeánann Dia dúinn go bhfuilimid go léir uathúil agus go bhfuil grá aige do gach duine againn?

Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 68 dá leabhair.

GNÍOMHAÍOCHT IDIRGHNÍOMHACH

ÁITEANNA AR THUG NAOMH PÓL CUAIRT ORTHU

Tabhair cuireadh do na páistí féachaint ar an léarscáil a thaispeánann dhá cheann de na háiteanna ar thug Naomh Pól cuairt orthu. Iarr ar na páistí dá chathair a ainmniú ar thug Naomh Pól cuairt orthu.

NÓTA DON MHÚINTEOIR: Seans go bhfuil páistí sa rang ó Eaglais Cheartchreidmheach an Oirthir. Rugadh an Patrarc Éacúiméineach Parthalán, luaite ag an bPápa Proinsias in *Laudato Si'*, sa Tuirc sa bhliain 1940. Toghadh é sa bhliain 1991 mar an 270ú Ardeaspag ar an Eaglais, 2000 bliain d'aois, a bhunaigh Naomh Aindrias. Chabhraigh a thaithí

agus an t-oideachas a fuair sé le spéis agus caidreamh a chothú leis na hEaglaisí Críostaí eile. D'oibrigh sé gan staonadh ar son an athmhuintearais i measc na nEaglaisí Críostaí agus tá iarracht déanta aige chun cabhrú le daoine ar fud na cruinne tuiscint a fháil ar an ngó atá le cúram a thabhairt don timpeallacht.

- Tosaigh agus an litir *Laudato Si'* a thabhairt chun cuimhne. Sa litir d'iarr an Pápa Proinsias ar bhaill na nEaglaisí Críostaí, chomh maith le pobail chreidmheacha eile, a stíl mhaireachtála a athrú ionas go gcosnófar an domhan, a thug sé 'ár mbaile coiteann' air.
- Luaigh an Pápa Proinsias na hiarrachtaí a bhí á ndéanamh cheana féin ag na hEaglaisí Críostaí agus neamh-Chríostaí chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna go léir atá ag ár bplainéad mar thoradh ar iompar daonna. Thug an Pápa mar shampla an Patrarc Éacúiméineach Parthalán ó Eaglais Cheartchreidmheach an Oirthir, a léirigh imní mhór faoin mbealach ina raibh daoine ag déanamh dochar don chomhshaol. Luaigh an Pápa Proinsias cuid de na focail a d'úsáid an Patrarc Parthalán ina litir. Taispeánann sé seo conas is féidir le daoine a bhfuil creidimh éagsúla acu, nó a bhaineann le pobail chreidimh éagsúla, a bheith aontaithe fós thart ar chomhspríoc.
- Theastaigh ón bPápa Proinsias go mbeadh a fhios againn go raibh imní ar dhaoine as creidimh éagsúla faoin ngá atá ann cúram a thabhairt don domhan, agus is féidir linn a bheith aontaithe inár n-iarrachtaí chun an comhspríoc sin a bhaint amach.
- Seo iad cuid de na rudaí a dúirt an Patrarc Parthalán faoi chonas a chaitheann daoine leis an dtimpeallacht:

'Agus daoine ag truailliú uiscí an domhain, a thalamh, a aer, agus a bheatha – is peacaí iad seo, agus ní

mór do gach duine againn aithrí a dhéanamh faoi na bealaí ina ndearnamar dochar don phláinéad.' (LS, uimh. 8)

'Is peaca é coir a dhéanamh in aghaidh an domhain nádúrtha inár n-aghaidh féin agus in aghaidh Dé.' (LS, uimh. 8)

'Ní mór do dhaoine foghlaim conas tabhairt, seachas tabhairt suas. Is bealach grámhar é, bogadh ón méid atá uaim go dtí an méid a theastaíonn ó chruthú Dé' (LS, uimh. 9)

- Fiafraigh de na páistí cad a cheapann siad faoi Ráiteas an Phatrarc Parthalán gur peaca atá ann 'uiscí an domhain, a thalamh, a aer, agus a bheatha a thruailliú'.
- Fiafraigh de na páistí an bhfuil aithne acu ar aon duine as Eaglais nó creideamh eile a labhair amach faoin ngá atá ann le cúram a thabhairt don domhan, nó faoi aon cheisteanna eile a bhaineann le gach duine, is cuma cén creideamh atá acu.
- Mínigh do na páistí nuair a thagann Eaglaisí 'Críostaí' éagsúla le chéile chun obair i dtreo comhspríoc áirithe, go dtugaimid 'éacúiméineachas' air.

(Dírigh aire na bpáistí don phictiúr a léiríonn an Pápa Proinsias in éineacht le Kirill Mhoscó, Patrarc Ceartchreidmheach na Rúise ar leathanach 68 dá leabhair.)

Mairimis ...

CAD A MHÚIN TÚ?

Tógaimid aontacht nuair a oibrímid mar fhoireann. Bíonn na daoine a bhaineann le foireann aontaithe i gcomhchuspóir agus is féidir leo a gcuid bronnantais a úsáid ar bhealaí éagsúla chun an cuspóir sin a bhaint amach. Is Críostaithe iad daoine atá baistithe agus a chreideann in Íosa Críost, Mac Dé, agus ina Aiséirí. D'inis Naomh Pól do mhuintir Eifeasas go bhfuil Críostaithe aontaithe ina gcreideamh go bhfuil aon Tiarna amháin ann, aon chreideamh amháin agus aon bhaisteadh amháin ann. Tá saibhreas le fáil i muintearas agus trí a bheith ag maireachtáil i bpobal ina bhfuil cosúlachtaí agus difríochtaí i smaointe agus i dtuairimí a chéile.

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE


'TORTHAÍ' A BHAINNEANN LE BHEITH I DO CHRÍOSTAÍ

Nóta: Beidh cóip den teimpléad leis an gcrann uait (thíos) do gach páiste.

- Tosaigh trí a mheabhrú leis na páistí sainmharcanna le bheith i do Chríostaí: Creideann Críostaithe in aon Dia amháin; Is lucht leanúna Íosa, Mac Dé, iad na Críostaithe; Tá Críostaithe baistithe.
- Tabhair cuireadh do na páistí crann a shamhlú le go leor torthaí air, agus fréamhacha an chrainn ag síneadh go domhain thíos sa talamh. Cothaíonn na fréamhacha an crann agus cuidíonn siad leis na torthaí a tháirgeadh.
- Ansin iarr ar na páistí a shamhlú go seasann fréamhacha an chrainn d'Íosa Críost, agus go seasann an crann féin do Chríostaithe, agus gur ionann na torthaí leis na rudaí maithe a thairgeann Críostaithe nuair a mhaireann siad mar lucht leanúna Íosa.
- Tabhair cóip den teimpléad leis an gcrann do gach páiste (thíos). Tabhair cuireadh dóibh an

t-ainm 'Críost' nó 'Íosa' a scríobh thar fhréamhacha an chrainn, agus a n-ainmneacha féin ar stoc an chrainn, agus a scríobh ar na 'torthaí' ainmneacha na rudaí maithe a bhíonn le feiceáil i saol an duine a leanann Íosa m.sh. grá, áthas, síocháin, foighne, cineáltas, maithiúnas, maitheas, ceartas, srl.

- Ar deireadh, iarr ar na páistí a roinnt le páiste eile cuid de na bealaí ina n-úsáidfí siad na 'torthaí' seo sa bhaile, ar scoil, i bpobal an pharóiste agus sa timpeallacht.



PAIDIR BHREACAIREACHTA

Ullmhúchán: Tabhair bileog pháipéir, marcóirí daite, pinn luaidhe nó criáin do gach páiste. Seinn ceol machnamhach sa chúlra, chun atmaisféar suaimhneach a chruthú a chabhródh le machnamh.

Comhartha na Croise

Múinteoir: Inniu beimid ag guí ag baint úsáid as breacaireacht. Nuair a bhíonn breacaireacht ar siúl againn, déanfaimid cruthanna agus bainimid úsáid as dathanna éagsúla gan smaoineamh ar an méid atá á tharraingt againn nó ar na dathanna atá á úsáid againn. Inniu éistfimid le véarsa ón mBíobla a scríobh Naomh Pól. Agus muid ag éisteacht leis an véarsa, tugaim cuireadh daoibh breacaireacht a dhéanamh thart timpeall na bhfocal ar do leathanach.

Is é seo an véarsa a scríobh Naomh Pól chuig na hEifisigh faoi aontacht: 'Níl ann ach aon Tiarna amháin, aon chreideamh amháin agus aon bhaisteadh amháin. Níl ann ach aon Dia amháin atá ina Athair ag cách: é os cionn cách agus ag gníomhú i gcách agus istigh i gcách uile.'

I lár do leathanach, scríobh an focal AONTACHT.

Dúirt Naomh Pól, '**Níl ann ach aon Tiarna amháin**' ... Cad a thagann isteach i d'intinn nuair a smaoineann tú ar Íosa, ar thug na Críostaithe is túisce 'Tiarna' air? ... Roghnaigh an dath nó an cruth nó an dearadh is mian leat chun Íosa, ár dTiarna agus ár Slánaitheoir, a léiriú ... Bhí grá ag Íosa do gach duine, ba chuma céarbh iad ... nó cé mhéid airgid nó sealúchais a bhí acu ... Bhain Íosa



go háirithe leo siúd a bhí bocht agus tinn ... agus leo siúd nár cuireadh san áireamh ... agus thaitin páistí go mór leis ... Is mór an grá atá ag Íosa duit.

Dúirt Naomh Pól, **‘Níl ann ach aon chreideamh amháin’** ... Creidimid i nDia, ár gCruthaitheoir agus Cruthaitheoir na Cruinne. Creidimid gur chuir Dia Íosa chugainn le léiriú dúinn conas maireachtáil agus conas grá a thabhairt, agus gur chuir sé an Spiorad Naomh chun cabhrú linn maireachtáil mar a d'iarr Íosa orainn. Aontaíonn an ‘t-aon chreideamh amháin’ seo sinn le Críostaithe ar fud an domhain ... Iarrann ár gcreideamh orainn meas a thabhairt do gach rud a chruthaigh Dia ar mhaithe le gach duine. Roghnaigh cibé dath nó cruth nó dearadh is mian leat chun do chreideamh a léiriú ...

Dúirt Naomh Pól, **‘Níl ann ach aon bhaisteadh amháin’** ... Tá Críostaithe go léir baistithe ... Baistear le huisce iad in ainm na Tríonóide ... Athair, Mac agus Spiorad Naomh ... Mar Chríostaithe, táimid aontaithe in aon Tiarna amháin, aon chreideamh amháin agus aon bhaisteadh amháin ... Táimid aontaithe, ach táimid uathúil agus éagsúil ag an am chéanna ... Roghnaigh cibé dath nó cruth nó dearadh is mian leat chun do Bhaisteadh a léiriú ...

Dúirt Naomh Pól go bhfuil **‘[Dia] ag gníomhú i gcách agus istigh i gcách uile’** ... Samhlaigh go bhfuil Dia ag obair trí gach duine againn, ... é i ngach duine againn ... Conas a d'fhéadfá é sin a léiriú ar do leathanach? ... Cén chaoi a d'fhéadfadh an íomhá sin cabhrú leat do phictiúr a shní le chéile ... díreach cosúil leis an aontacht atá san Athair, Mac agus Spiorad Naomh ...

Tabhair roinnt ama do na páistí chun a gcuid pictiúr a chríochnú go ciúin. Ansin tabhair cuireadh do na páistí a n-ábhar ealaíne a chur ar leataobh agus fócasú ar a bpictiúr. Mínigh dóibh go bhfuil tú chun paidir a rá agus iarr orthu gach líne den phaidir a athrá i do dhiaidh. Inis dóibh gur paidir, dírithe chuig Críostaithe ar fad, atá sa phaidir seo, i dtreo is go mbeimid ar fad aontaithe i ngrá Dé.

Múinteoir: a Dhia atá cumhachtach, molaimid thú as do Mhac a sheoladh chugainn chun a bheith ar aon linn agus chun sinn a shábháil. Féach orainn le trócaire, mar táimid easaontaithe ar go leor bealaí, agus tabhair do Spiorad Naomh dúinn chun cabhrú linn a bheith aontaithe i ngrá. Iarraimid é seo trí Íosa Críost ár dTiarna.

Gach duine: Áiméan.

Múinteoir: Chun deireadh a chur leis an urnaí seo, éistimis leis na focail seo, a deir an sagart ag an Aifreann mar chuid den Phaidir Eocairisteach:

Is tríd agus leis agus ann a thugtar gach onóir agus glóir duitse, a Dhia, an tAthair uilechumhachtach, in aontacht an Spioraid Naoimh, trí shaol na saol.

Gach duine: Áiméan.

Amhrán Deiridh: Can iomann/amhrán oiriúnach.

Nóta: I ndiaidh an urnaí, tabhair cuireadh do na páistí a gcuid ‘paidreacha breacaireachta’ a fhágáil sa spás urnaí chun aontacht Chríostaí a thabhairt chun cuimhne.

Ceacht 3: Ag leanúint ar aghaidh le Misean Íosa inniu

SULA DTOSAÍONN TÚ

Gheall Íosa, roimh dhul ar ais go dtí a Athair ar neamh, go bhfanadh sé lena lucht leanúna go deo agus go gcuirfeadh sé an Spiorad Naomh chugainn chun sinn a theagasc agus a threorú i ngach ní a ba cheart a bheith ar eolas againn. Tugann an Spiorad Naomh céanna, a tháinig ar na haspail agus a bhí ag obair ar domhan ó thús, an grásta dúinn a theastaíonn uainn chun freastal ar dhaoine eile, chun maireachtáil in aontacht lena chéile agus chun leanúint ar aghaidh le misean Íosa. Beidh an Spiorad Naomh ag obair i gcónaí linn mar shábháilteacht Dé inár measc go dtí deireadh an ama.

An tseachtain seo foghlaimeoidh na páistí go n-úsáidtear an téarma ‘Eaglais’ chun cur síos a dhéanamh ar an bhfoirgneamh ina dhéanann Caitlicigh adhradh agus ag an am céanna an pobal de chreidmhigh, ar a dtugtar ‘Pobal Dé’ orthu freisin. Nuair a chruinníonn baill na hEaglaise le chéile chun Aifreann a cheiliúradh, tugtar an ‘tionól liotúirgeach’ orthu.

Comhroinneann Pobal Dé grá Íosa lena chéile agus leanann siad ar aghaidh lena mhisean tríd an Dea-Scéala faoi ghrá Dé don domhan ar fad a chraobhscaoileadh. Foghlaimeoidh na páistí go dtugtar misinéirí orthu siúd a roinneann Dea-Scéala ghrá Dé le daoine eile sa bhaile nó i dtíortha eile i gcéin. Foghlaimeoidh na páistí freisin gur féidir leo, a bheith ina misinéirí freisin sa bhaile, ar scoil agus sa phobal áitiúil. Tá na misinéirí uile, cibé acu in Éirinn nó thar lear iad, aontaithe i ngrá Dé. Tugann an Spiorad Naomh, a tugadh dúinn ag ár mBaisteadh, grásta do dhaoine de gach cultúr agus i ngach aois chun leanúint ar aghaidh le misean Íosa.

Faigheann na misinéirí a oibríonn thar lear tacaíocht ó mhuintir na hEaglaise. Cuirfear ar chumas gach páiste a ról féin mar mhisinéirí a aithint bíodh sé laistigh dá muintir féin, a dtugtar ‘Eaglais an teallaigh’ air, ar scoil, ina bparóistí féin agus sa phobal áitiúil.

EOCHAIRFHOCAIL

Misean: Tasc nó post a thugtar do dhuine nó do ghrúpa daoine.

Misean na hEaglaise: Is é misean na hEaglaise ná leanúint ar aghaidh leis an obair a thug Íosa dá dheisceabail. Thar aon rud eile, is é misean na hEaglaise ná Dea-Scéala ghrá Dé a roinnt le gach duine.

Misinéirí: Daoine a chuireann misean Íosa chun cinn tríd an Dea-Scéala a roinnt.

NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Bíobla amháin ar a laghad do gach grúpa páiste, ábhair ealaíne éagsúla agus, go hidéalach, go mbeadh na páistí in ann a gcuid PowerPoint ar ‘Misean Íosa’ a chur i láthair
- Léarscáil nó cruinneog a thaispeánann Nairobi agus Thigio sa Chéinia
- Cóip den teimpléad leis an lorg coise (thíos) le haghaidh gach páiste

Féachaimis ...

AG COMHRÁ

MAIDIR LE TIONÓIL AGUS CRUINNITHE

Tosaigh ag comhrá leis na páistí faoi thionóil agus cruinnithe, ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- Cá mbailíonn tú le daoine eile? Cén fáth go mbailíonn tú sna háiteanna seo?
- Cad í an áit is fearr leat le bailiú le daoine eile?
- Cad mar gheall ar an eaglais mar áit ina mbailíonn daoine le chéile? Cén fáth go dtagann daoine le chéile ina eaglais áitiúil?

Cuir an focal 'tionól' i láthair na bpáistí ag úsáid ceisteanna cosúil le:

- Ar chuala sibh an focal 'tionól' riamh, nó daoine ag caint faoi 'tionólú' chun rud éigin a bhaint

amach? An bhfuil brí an fhocail ar eolas agaibh? (cruinniú daoine)

- Bíonn 'tionóil' ag scoileanna áirithe go rialta. An mbíonn tionóil againn sa scoil seo? Cad a tharlaíonn ag na cruinnithe sin? Cé chomh minic is a bhíonn siad ar siúl?

Ansin mínigh do na páistí nuair a bhailíonn baill na hEaglaise le chéile chun Aifreann a cheiliúradh, go dtugtar 'tionól liotúirgeach' air. Tugtar 'Pobal Dé' ar bhaill na hEaglaise freisin.

Ansin léigh an scéal 'Deis Nua'.

SCÉAL

Deis Nua

Tráthnóna Dé Sathairn amháin ag deireadh laethanta saoire an tsamhraidh bhí an-spórt ag Shauna, Evan agus Erna sa ghairdín, agus ba bheag nár loit Daidí gach rud nuair a dúirt sé, 'Ní fada anois go dtí go mbeidh sibh ar ais ar scoil.' Ansin dúirt sé leo an cluiche a chríochnú toisc go raibh sé in am dul ar Aifreann.

'An gá dúinn?' arsa Evan ag gearán, agus thosaigh an bheirt eile ag gearán freisin.

Bhí a fhios ag Mam go raibh sé deacair ar na páistí a bheith díograiseach faoin Aifreann nuair a bhí siad i lár chluiche maith, ach bhí rud éigin aici le n-insint dóibh, a d'fhéadfadh a n-intinn a athrú. 'Chonaic mé i Nuachtlitir an Pharóiste an tseachtain seo caite, go mbeidh máthair Katie, atá ina ball de Chomhairle an Pharóiste, ag labhairt ag an Aifreann an tráthnóna seo agus go n-inseoidh sí dúinn faoi go leor rudaí nua atá le tarlú sa pharóiste i mbliana, agus dúirt sí go raibh rud éigin an-tábhachtach léi le rá le páistí an pharóiste.'

Spreagadh fiosracht na bpáistí agus stop siad ag gearán, cé go raibh siad fós aerach agus iad sa charr ag dul ar Aifreann.

Díreach roimh dheireadh an Aifrinn, d'iarr an sagart ar Bhean Grant a fógra a dhéanamh.

D'éist gach duine, a bailíodh sa séipéal, go géar nuair a mhínigh Bean Grant go



raibh go leor páistí agus daoine óga ag teastáil chun cuidiú leis na gníomhaíochtaí go léir, a bhí ar bun ag Comhairle an Pharóiste, a chur ar bun, do pháistí an pharóiste don bhliain a bhí amach rompu. Chuir sí i gcuimhne na bpáistí a bhí ag éisteacht, cé chomh tábhachtach agus a bhí siad i saol an pharóiste agus dúirt sí leo gurb é an bealach is fearr dóibh a chinntiú go mbeidis san áireamh sna himeachtaí a tharla sa pharóiste ná páirt a ghlacadh agus ról gníomhach a bheith acu. Lena chois sin, luaigh sí na réimsí ar fad a mbeadh meas mór ag ranníocaíochtaí na bpáistí iontu, mar shampla amhránaíocht nó seinm

...

...

ceoil ag Aifreann an Teaghlaigh, ag eagrú na ranganna, ag cabhrú le bailiú airgid, ag cur feachtas 'Paróiste Glas' ar bun chun muintir an pharóiste a spreagadh chun athchúrsáil a dhéanamh agus chun cúram a ghlacadh ar an dtimpeallacht áitiúil, nó gníomhaíochtaí spraoi a eagrú do na páistí óga, agus go leor eile. Ansin dúirt Bean Grant go raibh ríomhairí nua in ionad an pharóiste agus go raibh siad ar fáil le húsáid ag páistí agus ag daoine óga

le haghaidh gníomhaíochtaí a bhain leis an bparóiste. 'Ar ndóigh,' a dúirt sí, 'beidh daoine fásta ann i gcónaí ag maoirseacht na bpáistí.' Nuair a chríochnaigh sí, thug gach duine bualadh bos mór di.

Bhí na páistí an-spreagtha nuair a tháinig siad amach as an séipéal. D'iarr siad ar a dtuismitheoirí fanacht leo fad is a chuaigh siad chun a n-ainmneacha a chur leis an liosta de 'oibrithe deonacha paróiste' de chuid Bean Grant.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Conas a rinne máthair na bpáistí iad fiosrach faoi cad a bheadh ag tarlú ag an
- Aifreann?
- Cé a rinne fógra ag an Aifreann?
- Cén cineál gníomhaíochtaí a theastaigh ó Bhean Grant go gcuideodh na páistí leo sa pharóiste?
- Cén fáth go raibh na páistí ar bís tar éis an Aifrinn?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Ar chuala tú trácht ar Chomhairle Paróiste riamh roimhe seo? Cad atá ar eolas agat faoin obair a dhéanann baill de Chomhairle Paróiste?

Má tá aithne agat ar dhuine atá ina bhall den Chomhairle Paróiste i do pharóiste, b'fhéidir go bhféadfá ceist a chur orthu faoina gcuid oibre agus ansin roinn a bhfuil le rá acu leat leis an rang.

- Dá mbeifé i do bhall den pharóiste sa scéal, an mbeifé deonach clárú mar oibrí cosúil leis na páistí sa scéal?
- An bhfuil tú páirteach in aon gníomhaíochtaí i do pharóiste féin? Inis dúinn futhu.
- Cad iad na gníomhaíochtaí eile gur mhaith leat a bheith páirteach leo i do pharóiste? B'fhéidir gur mhaith leat moltaí a dhéanamh faoi gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh páistí cosúil leat féin a dhéanamh agus a chuirfeadh le saol do pharóiste, agus na moltaí sin a chur ar aghaidh chuig Chomhairle do Pharóiste.

PAIDIR

Nóta: Mura bhfuil an *Phaidir ó Chumann na Leanaí Misinéireachta de ghlan mheabhair ag na páistí, iarr orthu a gcuid leabhar a oscailt ar leathanach 108 ag an am cuí.*

Comhartha na Croise

Amhrán Oscailte: Can iomann/amhrán oiriúnach.

Múinteoir: A Dhia ghrámhair, guímid ar son an Phápa agus ceannairí na hEaglaise, go mbeidis treoraithe ag an Spiorad Naomh i gcónaí. A Thiarna, éist linn.

Gach duine: A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

Múinteoir: Guímid ar son Phobal Dé - an Eaglais, go dtreoraí an Spiorad Naomh gach duine againn chun ár gcuid bronnantais agus cumais a úsáid chun tairbhe a thabhairt do gach duine. A Thiarna, éist linn.

Gach duine: A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

Múinteoir: Guímid ar son na sagart agus pobal

ár bparóiste, go mbeidis uile dílis don ghlaó a fuair siad ag an mBaisteadh chun an Dea-Scéala a roinnt le daoine eile. A Thiarna, éist linn.

Gach duine: A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

Múinteoir: Guímid ar ár son féin, go dtabharfaidh an Spiorad Naomh an grásta dúinn chun fás inár gcaidreamh le Dia, le daoine eile agus leis an gcruthú go léir. A Thiarna, éist linn.

Gach duine: A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

Múinteoir: Cuirimis deireadh leis an urnaí anois agus an *Phaidir ó Chumann na Leanaí Misinéireachta* a rá le chéile.

(Mise ag Íosa, is Íosa agamsa ...)

Comhartha na Croise

Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.

Foghlaimimis ...

AN SCRÍOPTÚR NAOFA

MISEAN ÍOSA

Sula léann tú an sliocht ón Scríoptúr, tabhair cuireadh do pháiste amháin an sainmhíniú ar 'misean' a léamh os ard ó leathanach 70 dá leabhar. Ansin mínigh do na páistí gur sheol Dia Íosa ar domhan agus gur thug sé misean dó a insint do na daoine an Dea-Scéala faoi ghrá Dé agus chun a thaispeáint dóibh conas maireachtáil i ngrá

le Dia agus le daoine eile. Sular thosaigh Íosa ar an misean seo, chuaigh sé isteach sa tsionagóg ina bhaile dúchais Nazarat agus léigh sé roinnt focal os ard as leabhar Íseáia, fáidh. Chláraigh an Soiscéalaí Lúcas na focail seo ina chuntas sa Soiscéal. Éistfimid leis na focail sin anois.

Misean Íosa (Lúcás 4:18-19)

"Tá Spiorad an Tiarna orm, mar gur choisric le hola mé.
Chuir sé uaidh mé ag tabhairt an dea-scéil do na boicht,
ag fógart a scaoilte do bhránna
agus aiseag a radhairc do dhaill;
ag scaoileadh lucht géarbhroide saor;
ag fógart bhliain ghrásta an Tiarna"



"Tá Spiorad an Tiarna orm, mar gur choisric le hola mé.

Chuir sé uaidh mé ag tabhairt an dea-scéil do na boicht,
ag fógart a scaoilte do bhránna
agus aiseag a radhairc do dhaill;
ag scaoileadh lucht géarbhroide saor;
ag fógart bhliain ghrásta an Tiarna"

Tar éis duit an sliocht ón Scríoptúr a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- Cé a dúirt Íosa a roghnaigh é chun an rudaí a liostaítear sa sliocht seo a dhéanamh?
- Cé mhéad de na rudaí ar cuireadh Íosa chugainn

le déanamh gur féidir leat cuimhneamh orthu?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur ar nós:

- Cad iad na cineálacha rudaí, dar leat, a bhfuil 'Spiorad an Tiarna' ag iarraidh ort a dhéanamh ag an uair seo i do shaol?
- Cén t-ainm eile a d'fhéadfadh a bheith ar 'Spiorad an Tiarna'? (An Spiorad Naomh)
- An raibh tú riamh spreagtha chun gníomhú de réir rudaí a rinne nó a dúirt Íosa? Más ea, inis dúinn faoi sin.

Dirigh aire na bpáistí chuig leathanach 70 dá leabhair.

GNÍOMHAÍOCHT LEIS AN MBÍOBLA

MISEAN ÍOSA

Nóta: Beidh rogha de hábhair ealaíne ag teastáil ó na páistí agus, go hidéalach, seans chun PowerPointa úsáid, don ghníomhaíocht seo. Beidh ar a laghad Bíobla amháin ag teastáil ó gach grúpa freisin.

- Tosaigh agus comhrá a dhéanamh leis na páistí faoi mhisean Íosa. Tabhair cuireadh dóibh a thabhairt chun cuimhne cuid de na rudaí a rinne Íosa nuair a bhí sé ar domhan. Cabhraigh leo trí na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo a chur orthu:
 - » Cén fáth ar sheol Dia Íosa? Cén Dea-Scéala a theastaigh ó Dhia go dtabharfadh Íosa do na daoine?

- » An bhfuil a fhios agaibh cad is míorúilt ann? (Ba iad míorúiltí Íosa ná na rudaí neamhghnácha a tharla nuair a d'oibrigh cumhacht Dé trí Íosa). An féidir libh cuimhneamh ar aon cheann de mhíorúiltí Íosa? Conas a thaispeáin Íosa grá Dé do dhaoine trína chuid míorúiltí?
- » Ceann de na bealaí inar roinn Íosa an Dea-Scéala ná trí scéalta simplí a insint a d'fhéadfadh na daoine a thuiscint go héasca. Cad a thugtar ar na scéalta seo? Cad iad na parabail atá ar eolas agaibh?

- Ansin tabhair cuireadh do na páistí grúpaí a dhéanamh. Abair leo go bhfuil siad chun cur i láthair faoi mhisean Íosa a dhéanamh; is é sin le rá, faoin gcaoi ar roinnt Íosa an Dea-Scéala faoi ghrá Dé do dhaoine nuair a bhí sé ar domhan. Glacfaidh gach grúpa gné éigin de mhisean Íosa agus cuirfidh siad é i láthair don chuid eile den rang, pé bealach is mian leo.
- Go hidéalach, beidh seans ag na páistí PowerPoint a úsáid. Is féidir leo na nithe seo a leanas a úsáid freisin: cairt, dráma, amhrán, dán, ealaín srl. Spreag na páistí chun sleachta ón mBíobla a chur san áireamh freisin.
- Sula dtosaíonn na páistí, iarr orthu smaointe a

roinnt ar a chéile agus a shochrú ar ceanteidil a d'fhéadfaidís a úsáid chun a n-ábhar a chur i láthair, m.sh.

- » Cuireadh Íosa chun an Dea-Scéala a thabhairt (Lúcás 4:18-19)
- » Maith Íosa a bpeacaí do dhaoine (m.sh. Matha 6:14-15)
- » Leigheas Íosa daoine a bhí tinn (m.sh. Marcas 7:31-37)
- » D'oibrigh Íosa míorúiltí (m.sh. Matha 9:1-8)
- » D'inis Íosa parabail (m.sh. Matha 18:10-14)
- Nuair a bheidh na páistí réidh lena gcuid cuir i láthair, tabhair cuireadh dóibh a gcuid oibre a roinnt leis an gcuid eile den rang.

GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a thógáil le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh anois sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh ... Samhlaigh Íosa nuair a mhair sé ar domhan ... Chuir Dia Íosa chun Dea-Scéala a ghrá a scaipeadh ... Theastaigh ó Dhia go ndéarfadh Íosa le daoine go raibh siad an-luachmhar, go raibh grá aige do gach duine acu... Tá tusa ar dhuine de na

daoine sin... tá tú luachmhar in aghaidh Dé ... Le do ghuth istigh, b'fhéidir gur mhaith leat a rá leat féin 'Tá grá ag Dia dom' ... Abair na focail sin duit féin arís agus arís eile ... Tá grá ag Dia duit agus roghnaigh sé tú chun leanúint ar aghaidh leis an obair a rinne Íosa fad is a bhí sé ar domhan ... Smaoinigh ar conas is féidir leat gníomhartha grámhara a dhéanamh, mar a rinne Íosa, ag baint úsáid as na bronntanas agus na cumais a thug Dia duit ... Nuair a bhíonn tú réidh, oscail na súile.

AG COMHRÁ

MAIDIR LE CONAS A LEANANN AN EAGLAIS AR AGHAIDH LE MISEAN ÍOSA INNIU

NÓTA DON MHÚINTEOIR: Ag ár mBaisteadh, seolann Dia bronntanas an Spioraid Naomh chugainn, díreach mar a sheol sé an Spiorad Naomh ar na haspail a bhailigh sa seomra ag an gCincís, chun cabhair (grásta) agus misneach a thabhairt dúinn leanúint lena mhisean.

- Cuir i gcuimhne na bpáistí go leanann Críostaithe ar fud an domhain ar aghaidh leis an misean a thug Íosa dá dheisceabail, is é sin le rá an Dea-Scéala faoi ghrá Dé a roinnt. Abair leis an páistí go dtugtar misinéirí ar na daoine a leanann ar aghaidh le Dea-Scéala Íosa a roinnt, agus gur féidir le gach duine atá baiste, iad féin san áireamh, a bheith ina misinéirí.
- Ansin labhair leis na páistí faoin eolas atá acu ar Shacraimint an Bhaisteadh agus na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo a chur orthu:
 - » Cén fáth ar baisteadh thú?
 - » Conas atá a fhios agat gur baisteadh thú? (b'fhéidir gur thug roinnt páiste na nithe seo a leanas ar scoil leo: Teastas Baiste, coinneal Bhaiste nó cuimhneacháin eile ón a mBaisteadh)
 - » An féidir leat na daoine a bhí i láthair ag do Bhaisteadh a ainmniú?
 - » Cén fáth a raibh cairde as Críost agat ag do Bhaisteadh?
 - » Cén bronntanas a fuair tú ó Dhia ag do Bhaisteadh? Cad iad na cineálacha rudaí a d'fhéadfá a dhéanamh sa bhaile, ar scoil nó i do chlub nó paróiste má bhí baint agat le misean Íosa?
- Mínigh do na páistí gurb í an chéad áit ina bhfoghlaimimid faoinár gcreideamh ná inár dtithe féin. Sin é an fáth go dtugtar 'Eaglais an teallaigh' ar an dteaghlach. Is féidir linn misean Íosa a chur i gcrích inár dtithe tríd an Dea-Scéala a roinnt agus a mhaireachtáil lenár muintir.
- Mínigh do na páistí go gcabhraíonn go leor daoine le misean Íosa a scaipeadh, daoine ar nós – tuismitheoirí, caomhnóirí, dochtúirí, siopadóirí, garraíodóirí, glantóirí, cúramóirí, sagairt, easpaig srl. Bíonn Dia buíoch as an



obair a dhéanann gach duine, is cuma cé chomh beag nó mór is atá sé.

- Conas a d'fhéadfadh easpaig, sagairt agus deagánaigh leanúint ar aghaidh le misean Íosa?
- Cad iad na pobail reiligiúnacha atá ar eolas agat? An raibh do scoil bunaithe ag pobal reiligiúnach? Má bhí, an bhfuil aon eolas agat faoin bhunaitheoir? Cén sórt oibre a dhéanann baill de phobail reiligiúnacha chun freastal

ar dhaoine eile? An bhfuil aithne agat ar aon daoine reiligiúnacha a bhí ina misinéirí thar lear? Conas a lean siad ar aghaidh le misean Íosa?

Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 71 dá leabhair.

SCÉAL

Sula léann tú an scéal, mínigh do na páistí go roghnaíonn roinnt daoine misean Íosa a chur i gcrích trí dhul go háiteanna i gcéin, go háirithe go háiteanna ina mbíonn go leor daoine bochta ionas gur féidir leo grá Dé agus na bronntanais a thug Dia dóibh a roinnt leis na daoine sin. Tugtar

misinéirí ar dhaoine mar seo, díreach mar a thugtar misinéirí orthu siúd a leanann misean Íosa sa bhaile. Abair leis na páistí gur sliocht é seo thíos as irisleabhar Maura Lee, a chaith am ag obair sa Chéinia san Afraic mar mhisinéir tuata, agus a d'éirigh ina bean rialta ina dhiaidh sin.

Scéal Maura Lee

Thosaigh mo thuras go dtí an Chéinia in 2009 nuair a chuala mé gur oscail Iníonacha na Carthanachta Naomh Uinseann de Pól dhá ionad chun tacú le daoine a bhí ar an ngannchuid. Bhí mé ag iarraidh dul mar oibrí deonach agus mo scileanna cuntasáiochta a roinnt ...

I Nairobi, chuaigh mé go dtí plódcheantar ar a tugadh an Bhanglaidéis air. Ba as cúla feirmeoireachta mé, agus mar sin bhí an-aithne agam ar bholaithe na feirme, ach ní dóigh liom gur ullmhaigh aon rud mé, don méid a bhuaill mé leis ar mo chéad chuairt go dtí an Bhanglaidéis. Bhí na coinníollacha maireachtála go huafásach, le díonta galbhánaithe ar na tithe a bhí pacáilte go daingean le chéile, gan aon leithreas nó uisce reatha iontu, limistéar siúlóide caol idir na dtithe, na séaraigh oscailte, an clástrafóibe ina mhair na daoine – fásach na bochtaineachta – chuir sé déistin orm go raibh daoine eile, cosúil liom féin, ag maireachtáil mar seo. Tar éis mo chéad chuairt, áfach, stop mé ag díriú ar an dtimpeallacht, toisc ar gach ócáid, fuair mé fáilte ó chroí ó mhná agus ó pháistí le miongháire, agus as sin amach an rud is mó a thug mé faoi deara ná spiorad an chomhluidair a bhí i measc na ndaoine.

Ar mo thuras go dtí Thigio, chuaigh mé trí limistéar álainn le cnoic agus gleannata, ach ba é an rud ba mhó a thug mé faoi deara ná an gá práinneach a bhí ann le báisteach. Ba limistéar talmhaíochta é seo agus cuireadh barraí le súil go dtiocfadh báisteach, a raibh súil leis ó mhí Eanáir. Anois, lár mhí Márta a bhí ann

agus ní raibh teacht ar an mbáisteach fós. Nuair a leanann séasúr tirim mar sin cuireann sé ualach breise ar dhaoine a bhfuil deacrachtaí éagsúla acu cheana féin.

Maidin amháin, nuair a bhí mé ag dul síos go dtí an scoil, bhuaill mé le grúpa leanúnach de leanaí óga agus iad ag miongháire. Shiúil siad thar uair an chloig nó níos mó chun dul ar scoil. Tá an bealach a shiúil siad cosúil leis an gcéad chuid de Chruach Phádraig (aistear dian, fiú do dhuine aclaí!). Nuair a thiocfaidís ar an scoil, bheadh babhla leite ar fáil do na leanaí óga agus ina dhiaidh sin bheadh dinnéar maith ar fáil freisin – chuir an clár cothaithe seo feabhas suntasach ar shláinte na bpáistí seo.

Maidin eile, agus mé ar mo bhealach le cuairt a dhéanamh leis an altra pobail, chonaic mé buachaill beag ina shuí ar thaobh an bhóthair. Dúirt sé liom nach ligfeadh an múinteoir dó dul isteach ar scoil, toisc nár íoc a thuismitheoirí na táillí scoile. Díreach ansin, chualamar guthanna óga na leanaí ag súgradh sa chlós. Rith an buachaill beag chuig geataí na scoile agus chuir sé a cheann sa bhearna idir na barraí; theastaigh uaidh a bheith ar an taobh eile den gheata. Ní air a bhí an milleán nach raibh an t-airgead ag a thuismitheoirí chun na táillí a íoc. Go hiondúil, bhíodh obair acu ag baint fiailí d'fheirmeoirí ach toisc nár tháinig an bháisteach, ní raibh aon obair ná airgead acu.

Tá mo thaithí sa Chéinia tar éis mo chroí a inphriontáil le cuimhní iontacha agus le gealltanas filleadh ar ais inti.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cad iad na scileanna ar leith a bhí le tairiscint ag Maura sa Chéinia?
- Cad é mar a bhí na staideanna maireachtála ag na daoine a raibh cónaí orthu sa Bhanglaidéis, i Nairobi?
- Cé chomh fada agus a bhí ar an ngrúpa páiste scoile, ar bhuail Maura leo, a bheith ag siúil chun dul ar scoil? Agus cad an bhfuair siad nuair a shroich siad an scoil?
- Cén fáth nach raibh an buachaill beag, ar bhuail Maura leis taobh amuigh den scoil, ar scoil?
- Cén fáth nach raibh an t-airgead ag a thuismitheoirí chun é a sheoladh ar scoil?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Chuir na coinníollacha lena raibh na daoine ina gcónaí ionadh ar Maura, ach chuir an fháilte chroíúil agus an miongháire ar aghaidheanna

na bpáistí ionadh níos mó uirthi chomh maith leis an dtuiscint iontach ar phobal a bhí i measc na ndaoine. An mbeadh ionadh ort é seo a fháil i measc daoine a mhair ar an ngannchuid? Cad a insíonn sé seo duit faoi na rudaí a raibh meas ag na daoine seo orthu, os rud é nach raibh sealúchas nó airgead acu? Cén fáth a raibh na páistí chomh sásta sin, dar leat, cé go raibh fíorbheagán acu?

- Cén tionchar a bhí ag an easpa báistí ar shaol na ndaoine seo? Cén fáth nach mbíonn go leor báisteach ann in áiteanna ar domhan, mar shampla san Afraic?
- Ní féidir le páistí cosúil libhse dul chuig áiteanna i bhfad uainn mar mhisinéirí, faoi mar a rinne an tSr. Maura. Mar sin, an bhfuil aon rud eile gur féidir leat a dhéanamh chun cabhrú le daoine atá ag maireachtáil i gcúinsí bochta mar sin?

Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 72 dá leabhair.

GNÍOMHAÍOCHT

FOGHLAIM FAOIN GCÉINIA

- Taispeáin léarscáil nó cruinneog do na páistí agus iarr orthu an Afraic a aimsiú, agus ansin an Chéinia. Ansin féach an féidir leo teacht ar Nairobi agus ar Thigio.
- Iarr ar na páistí taighde a dhéanamh ar bhratach na Céinia agus cúig fhíric faoin gCéinia

a fháil. Iarr ar na páistí an bhratach a tharraingt ina gcóipleabhair don Oideachas Reiligiúnach agus an cúig fhíric a scríobh faoina bhun.

- Ar deireadh, iarr ar na páistí cuid de na fíricí a fuair siad amach faoin gCéinia, a roinnt leis an rang.

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

IS FÉIDIR LINN A BHEITH INÁR MISINÉIRÍ

- Tosaigh agus a rá leis na páistí gur féidir leo a bheith ina misinéirí freisin – sa bhaile, ar scoil agus ina bpobail; go deimhin, is féidir leo a bheith ina misinéirí áit ar bith agus ag am ar bith. Ní gá dóibh dul go háiteanna i bhfad uainn chun Dea-Scéala ghrá Dé a roinnt.
- Cuir i gcuimhne na bpáistí gurb é an chéad áit ina fhoghlaimimid faoin gcreideamh agus conas misean Íosa a chur chun cinn ná laistigh dár dteaghlaigh féin, in 'Eaglais an teallaigh'. Agus is féidir linn leanúint ar aghaidh le misean Íosa lenár dteaghlaigh féin linn féin.
- Caith cúpla nóiméad ag comhrá leis na páistí faoi na rudaí a d'fhéadfaidís a dhéanamh leo féin nó le baill dá dteaghlaigh nó lena gcairde chun leanúint ar aghaidh le misean Íosa faoi ghrá Dé a scaipeadh. Más gá, cabhraigh leo trí shamplaí cosúil leo seo a thabhairt dóibh:

Déan gníomhartha cineálta do dhaoine eile ...

Taispeáin meas do dhaoine eile, go háirithe dóibh siúd atá

'difriúil' uainn ar bhealach éigin...

Guigh le chéile ...

Déan athchúrsáil agus seachain dramhaíl

Cabhraigh leo siúd atá i ngátar...

Tabhair cuairt ar dhaoine atá ina gcónaí leo féin...

Léigh an Bíobla ...

Bíodh am agat do dhaoine eile

Cabhrú le hairgead a bhailiú do charthanacht...

- Ansin tabhair leathanach bán do gach páiste agus iarr orthu an teideal 'Is Féidir Linn a Bheith inár Misinéirí' a scríobh ag barr an leathanaigh. Iarr orthu a chlárú, ag baint úsáid as focail, íomhánna nó siombailí, cuid de na bealaí inar féidir leo a bheith ina misinéirí.
- Tabhair cuireadh do na páistí a saothar ealaíne a chur sa spás urnaí.

Mairimis ...

CAD A MHÚIN TÚ?

Úsáidtear an téarma 'Eaglais' chun cur síos a dhéanamh ar an bhfoirgneamh ina dhéanann Caitlicigh adhradh agus ag an am céanna an pobal de chreidimh, ar a dtugtar 'Pobal Dé' orthu freisin. Nuair a chruinníonn baill na hEaglaise le chéile chun Aifreann a cheiliúradh, tugtar an 'tionól liotúirgeach' orthu. Comhroinneann Pobal Dé grá Íosa lena chéile agus leanann siad ar aghaidh lena mhisean tríd an Dea-Scéala faoi ghrá Dé don domhan ar fad a chraobhscaoileadh.

Tugann an Spiorad Naomh an grásta do dhaoine chun leanúint ar aghaidh le misean Íosa. Is féidir le daoine a bheith mar mhisinéirí ar go leor bealaí éagsúla laistigh den Eaglais. Do Chríostaithe, is é an Baisteadh an tús pointe le bheith i do mhisinéir. Glaotar 'Eaglais an teallaigh' ar an dteaghlach, toisc gurb í an áit ina bhfoghlaímíonn daoine agus ina bhfaigheann siad an creideamh ar dtús. Tá cuntas pearsanta cloiste ag na páistí ar obair dheonach misinéir tuata sa Chéinia.


GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

COISCÉIMEANNA MISINÉIREACHTA

Nóta: Beidh cóip den teimpléad (thíos) le lorg na coise ag teastáil uait do gach páiste.

- Tabhair scéal Maura Lee chun cuimhne agus déan comhrá leis na páistí faoi mhisinéirí agus faoi a bheith i misinéir. Cuir i gcuimhne dóibh gur féidir le Críostaithe a bheith ina misinéirí sa bhaile chomh maith le bheith thar lear i dtíortha eile. Glaotar ar mhisinéirí a bheith páirteach go gníomhach san Eaglais, glaotar iad chun Briathar Dé a fhógairt, agus chun freastal ar an gcomharsa agus orthu siúd go léir atá i ngátar. Iarrann Íosa orainn leanúint lena mhisean ar domhan inniu cibé bealaí agus is féidir linn, ag baint úsáid as na bronntanais agus na cumais atá tugtha ag Dia dúinn.

- Tabhair cóip den teimpléad le lorg na coise do gach páiste agus iarr orthu focail aonair nó frásaí simplí a scríobh air. Tabharfaidh na focail nó na frásaí seo le fios conas is féidir leo a bheith ina misinéirí faoi láthair.
- Tabhair cuireadh do na páistí a 'gCéimeanna Misinéireachta' a thaispeáint mar 'cosán' timpeall balla an tseomra ranga nó i ndorchla na scoile, faoin teideal 'Coiscéimeanna Misinéireachta'.



PAIDIR

Ullmhúchán: Bailigh na páistí chomh gar agus is féidir lena gcosán 'Coiscéimeanna Misinéireachta'. Roghnaigh léitheoir amháin. Tá an sliocht ón Soiscéal ar fáil thíos.

Iomann Oscailte: Can iomann/amhrán oiriúnach.

Múinteoir: A Dhia ghrámhair, gabhaimid buíochas leat as do Mhac, Íosa, a chur chugainn chun Dea-Scéala do ghrá a roinnt linn. Táimid bailithe inniu mar mhisinéirí a leanann Íosa - an bealach, an fhírinne agus an bheatha. Éistimis anois le sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Lúcais, a insíonn dúinn faoi mhisean Íosa.

Léitheoir 1: Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh Lúcas.

Gach duine: (Agus Comhartha na Croise á ghearradh acu ar an éadan, na beola agus an t-ucht): Glóir duit, a Thiarna.

Léitheoir 1: "Tá Spiorad an Tiarna orm, mar gur choisric le hola mé. Chuir sé uaidh mé ag tabhairt an dea-scéil do na boicht, ag fógairt a scaoilte do bhránna agus aiseag a radhairc do dhaill; ag scaoileadh lucht géarbhroide saor; ag fógairt bhliain ghrásta an Tiarna" (Lúcas 4:18-19) Soiscéal an Tiarna.

Gach duine: Moladh duit, a Chríost.



Múinteoir: A Dhia ghrámhair, cuir do Spiorad Naomh chugainn ionas go mbeimid in ann ár misean in eaglais an teallaigh a aithint. Cabhraigh linn a bheith cineálta agus sásta cabhrú le daoine eile i gcónaí.

Tóg sos agus smaoinigh ar conas a d'fhéadfá misean Íosa a leanúint i do theaghlach féin. (Sos)

A Dhia ghrámhair, ag an mBaisteadh rinneadh páistí Dé dinn, nuair a bheannaigh an sagart sinn le huisce coisricthe agus le hola chríosa. D'iarr Íosa orainn a bheith mar mhisinéirí. Tá do ghrásta ag teastáil uainn an glao seo a fhreagairt inár saol.

Tóg sos agus déan machnamh ar an gcaoi a dtiocfadh an grásta sin, an cúnamh sin, ó Dhia. (Sos)

A Dhia ghrámhair, go mbeimis cosúil le Muire do mháthair, a chuaigh láithreach chun cuairt a thabhairt ar a col ceathrar, Eiliosaibeit, chun cabhrú léi nuair a chuala sí go raibh Eiliosaibeit ag iompar clainne. Go mbeimis réidh i gcónaí cuidiú lenár gcomharsana.

Tóg sos agus déan machnamh ar an gcaoi a dtiocfadh an grásta sin, an cúnamh sin, ó Dhia. (Sos)

A Dhia ghrámhair, creidimid ionat, Athair, Mac agus Spiorad Naomh, agus *Cré na nAspal* á rá againn.

Gach duine: *Cré na nAspal* (Creidim i nDia, an tAthair uilechumhachtach ...)

Comhartha na Croise

Ceacht 4: Ag Obair ar son Aontacht Chríostaí



SULA DTOSAÍONN TÚ

Léimid i nGníomhartha na nAspal gur i gcathair Aintíoch a glaoth ‘Críostaithe’ ar lucht leanúna Íosa den chéad uair (Gníomhartha 11:26). Foirmíodh an pobal creidmheach seo ag na deisceabail go luath i ndiaidh na Cincíse, agus ina dhiaidh sin d’fhás an luath-Eaglais. Tráth géarleanúna ar Chríostaithe a bhí ann, agus scaipeadh an pobal i gcéin is i gcóngar.

Le himeacht aimsire, scoilt lucht leanúna Íosa in Eaglaisí Chríostaí éagsúla de bharr cúiseanna éagsúla stairiúla agus diagachta. Tá go leor de na hEaglaisí agus na pobail fós roinnte inniu. Leanann an Eaglais ag guí go dtiocfaidh na pobail scaipthe seo go léir le chéile arís amach anseo. Cé go bhfuil roinnt rudaí ann lena bhfuil an Eaglaisí Chríostaí roinnte, tá go leor rudaí ann freisin lena bhfuil siad aontaithe. Is é sin an fáth a scríobh an Pápa Proinsias ina litir *Laudato Si’*, a sheol sé chuig gach duine ar domhan, gur ceart dúinn go léir a bheith aontaithe maidir lenár gcúram don chomhshaol.

Sa bhliain 325 ghlaoigh an Impire Constantín le chéile easpaig ó chúig ionad mhóra na Críostaíochta – An Róimh, Cathair Chonstaintín (Iostanbúl), Iarúsailéim, Aintíoch (An tSiria) agus Cathair Alastair. Ba é seo an chéad Chomhairle Éacúiméineach. De réir mar a tháinig siad ar chomhaontú maidir leis na rudaí is tábhachtaí ba cóir go gcreidfeadh Críostaithe, chuir siad Cré, nó ráiteas faoin gcreideamh, le chéile. Tugtar an *Chré Níce-Chathair Chonstaintín* ar an ráiteas seo agus úsáidtear í fós ag an Aifreann. Le himeacht ama, tharla scoilt idir an Eaglais san Oirthear agus an Eaglais san Iarthar. Tugtar an Eaglais

Cheartchreidmheach ar an Eaglais Chríostaí Thoir sa lá atá inniu ann.

Sa bhliain 1517 d’iarr Martin Luther go mbeadh leasuithe áirithe ann san Eaglais i réimsí cleachtais agus creideamh, rud ba chúis le haighneas idir é féin agus an Róimh, agus ar deireadh thiar go dtí an Reifirméisean Protastúnach. D’fhreagair an Eaglais Chaitliceach chuig na leasaitheoirí trí Chomhairle Trento a ghlaoh le chéile agus tús a chur lena Reifirméisean féin. Ag Comhairle Trento shocraigh an Eaglais Chaitliceach ar leasuithe áirithe. Faoin mbliain 1560 bhí dhá thraidisiún Chríostaí in Iarthar na hEorpa: an Traidisiún Caitliceach agus an Traidisiún Protastúnach.

Sa bhliain 1962 ghlaoigh an Pápa Eoin XXIII an Dara Comhairle na Vatacáine le chéile chun saincheisteanna tábhachtacha a phlé san Eaglais Chaitliceach, ina measc Aontacht Chríostaí. Dúirt an Dara Comhairle na Vatacáine (1962–65) cé go raibh difríochtaí ann idir na hEaglaisí Chríostaí, tá níos mó ann a cheanglaíonn na hEaglaisí le chéile ná a roinneann iad. Gach bhliain bíonn seachtain speisialta ag an Eaglais Chaitliceach chun urnaí a dhéanamh ar son na hAontachta Chríostaí (18–25 Eanáir).

Foghlaimíodh na páistí faoi na hEaglaisí Chríostaí seo a leanas atá aontaithe sa phobal Chríostaí: An Eaglais Chaitliceach, Eaglais na hÉireann, An Eaglais Mheitidisteach, An Eaglais Phreispitéireach agus An Eaglais Cheartchreidmheach. Breathnóidh na páistí freisin ar cheisteanna a chuireann imní ar Chríostaithe, an timpeallacht mar shampla.

EOCHAIRFHOCAIL

Críost: Ceann de na teidil a thugtar d’Íosa.

NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Cóip den teimpléad ‘Suirbhé Ranga’ (thíos) do gach beirt pháiste
- Bileog mhór páipéir agus cúig phíosa dronuilleogacha níos lú, pinn luaidhe, marcóirí agus/nó criáin
- Gliú
- Bileog mhór páipéir do gach grúpa páiste, pinn luaidhe agus ábhair dhathúcáin

Féachaimis ...

AG COMHRÁ

MAIDIR LENÁR RANG

Déan comhrá leis na páistí faoina rang, ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Conas a dhéanfa cur síos ar do rang?
- Cé mhéad páiste atá i do rang? An mbaineann na páistí go léir sa seomra leis an rang céanna, nó an bhfuil ranganna éagsúla sa seomra?
- Cén fáth a bhfuil ranganna éagsúla i ngach scoil?
- Cad is maith leat faoi do rang ... do scoil?

GNÍOMHAÍOCHT

SUIRBHÉ RANGA

Nóta: Beidh cóip den teimpléad leis an suirbhé ranga ag teastáil uait do gach beirt pháiste.

- Mínigh do na páistí go ndéanfaidh siad suirbhé anois ar na páistí ar fad ina rang chun na cosúlachtaí agus na héagsúlachtaí eatarthu a fháil amach.
- Tabhair cuireadh do na páistí oibriú ina mbeirteanna, agus tabhair cóip den teimpléad 'Suirbhé Ranga', dóibh. Iarrann an suirbhé orthu liosta a dhéanamh de na cosúlachtaí agus na difríochtaí atá ann idir na páistí sa seomra. Más gá, spreag iad le rudaí cosúil le haois, dath gruaige, dath craicinn, inscne, reiligiún, náisiúntacht, tír bhunaidh, áiteanna ina gcónaíonn siad, teangacha labhartha, spóirt a imríonn na páistí, uirlisí ceoil a sheinntear, srl., a chur san áireamh.
- Nuair a bheidh na bileoga críochnaithe ag na páistí, tabhair cuireadh dóibh a gcuid torthaí a roinnt leis an rang.
- Ar deireadh, tabhair cuireadh dóibh díospóireacht a dhéanamh agus na trí chosúlachtaí is mó eatarthu agus na trí difríochtaí is mó eatarthu a aithint.
- Tabhair cuireadh do na páistí a mbileoga críochnaithe a chur sa spás urnaí.

PAIDIR

Ullmhúchán: Roinn an rang i ndhá ghrúpa don urnaí seo. Tá focail Salm 23 ar fáil thíos.

Comhartha na Croise

Múinteoir: Inniu tabharfaimid moladh do Dhia as a bheith ina Aoire againn agus as aire a thabhairt dúinn. Déanaimis é seo agus véarsaí as Salm 23, 'Is é an Tiarna m'Aoire' a ghuí.

Grúpa 1: Is é an Tiarna m'aoire:

ní bheidh aon ní de dhíth orm.

Cuireann sé féin i mo luí mé

i móinéar féir ghlais.

Seolann sé ar imeall an uisce mé

mar a bhfaighim suaimehneas.

Grúpa 2: Seolann sé ar shlí na firéantachta mé mar gheall ar a ainm.

Fiú dá siúlfaínn i ngleann an dorchadais,

níor bhaol liom an t-olc

agus tú faram le do shlat is do bhachall

chun sólas a thabhairt dom.

Grúpa 1: Cóiríonn tú bord chun béile dom i láthair mo naimhde.

Ungann tú mo cheann le hola;

tá mo chupa ag cur thairis.

Grúpa 2: Leanfaidh cineáltas is buanghrá mé gach lá de mo shaol;

i dteach an Tiarna a mhairfidh mé go brách na breithe.

Gach duine: Glóir don Athair (Glóir don Athair, agus don Mhac...)

Comhartha na Croise

Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.

Foghlaimimis ...

AG COMHRÁ

MAIDIR LE CRÍOSTAITHE

NÓTA DON MHÚINTEOIR: Tagann an focal ‘Críost’ ó fhocal Gréigse a chiallaíonn ‘an té atá ungha’.

Déan comhrá leis na páistí faoin gciall a bhaineann le bheith i do Chríostaí, ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cén t-ainm atá le fáil san fhocal Críostaí? (Críost)
- Cad iad na hainmneacha eile ar Chríost atá ar eolas agat? (m.sh. Íosa, a Thiarna, Uain Dé, Slánaitheoir, Meisias, Slánaitheoir)
- An bhfuil an Baisteadh tábhachtach do Chríostaithe? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuil? Cad a tharlaíonn ag an mBaisteadh?
- Cé a thug na teagaisc a leanann Críostaithe? Cad a chreideann Críostaithe faoi Dhia? faoi Íosa? faoin Spiorad Naomh?
- Cad a chreideann Críostaithe faoin Aiséirí? Cathain a dhéanaimid an tAiséirí a cheiliúradh?
- An gcuirfeá síos ort féin mar Chríostaí? Cén fáth nó cén fáth nach gcuirfeá?

DÁN

Cuir an dán thíos in aithne na bpáistí.

Ag Cothú na Síochána

Ní éasca SÍOCHÁIN a chothú!
Tosóidh mé é le SÍ
Chun SÍOL a chur ag fás
Gach áit, gach lá, gach mí.
Seasann OCH don bhrón go minic –
Nuair nach mbíonn an tsíocháin ann;
Ach ina háit na cogái
A chuireann scrios is lot ar domhan.
Á is tús le hÁthas,
Ní hamháin don lá inniu ann,

Sa bhaile agus sa scoil
Le síocháin, tagann an greann.
Agus is don Iarann an I,
Miotal láidir atá coitianta,
Chun fód síochána a sheasamh,
Anois ‘s i rith na mblianta.
Naofacht – tosaíonn sé le N –
Tíolacadh an Spioraid amháin.
I mo chroí is i mo theaghlach,
A Thiarna, tabhair dom SÍOCHÁIN.

Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 73 dá leabhair.

AG COMHRÁ

MAIDIR LE HAONTACTH CHRÍOSTAÍ

Tosaigh ag fiafraí de na páistí cad a d’foghlaím siad faoi bhrí an fhocail ‘aontacht’. Spreag iad chun a thaispeáint go dtuigeann siad coincheap na haontachta trí na ceisteanna seo a chur orthu nó a leithéid de cheisteanna:

- Conas is féidir linn a thaispeáint do dhaoine eile go bhfuilimid aontaithe mar rang... mar scoil?
- Dá mbeimis ag imirt cluiche, conas a bheadh a fhios ag foireann eile go rabhamar aontaithe?
- Cén chaoi a bhféadfá a thaispeáint do dhaoine eile go raibh tusa agus do theaghlach aontaithe?

Ansin tochail níos doimhne le ceisteanna cosúil le:

- Conas a thaispeáin na deisceabail a mhair nuair a bhí Íosa ar domhan, agus a raibh aithne acu air agus a chuala é ag seanmóir, go raibh siad aontaithe?
- Conas is féidir linn a thaispeáint go bhfuilimid aontaithe mar dheisceabail d’Íosa?

Ansin inis do na páistí gach bliain, ó 18 go 25 Eanáir, go ndéanann na hEaglaisí Críostaí ar fud an domhain **Seachtain na hAontachta Críostaí** a cheiliúradh. I rith na seachtaine seo, guíonn Críostaithe ó Eaglaisí éagsúla ar son na haontachta

i measc na gCríostaithe go léir. Cuirtear i gcuimhne do Chríostaithe cé go bhfuil go leor difríochtaí idir na hEaglaisí Críostaí, tá go leor cosúlachtaí ann freisin agus thar aon rud eile, go bhfuilimid go léir aontaithe san aon teaghlach amháin i gCríost, in aon chlann Dé. Tabhair cuireadh do na páistí freagraí a thabhairt le ceisteanna cosúil le:

- An dóigh leat gur maith an rud é Seachtain na hAontachta Críostaí a bheith ann? Cén fáth nó cén fáth nach gceapann tú?
- Cad iad na saincheisteanna a bhféadfadh Críostaithe oibriú orthu le chéile? (m.sh. truailliú, easpa dídine, athrú aeráide)

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

CAIRT: NA HEAGLAISÍ CRÍOSTAÍ

Nóta: Beidh bileog mhór páipéir agus cúig phíosa dronuilleogacha níos lú ag teastáil uait don ghníomhaíocht seo. Beidh pinn luaidhe agus marcóirí agus/nó criáin ag teastáil uait freisin.

- Mínigh do na páistí go bhfuil siad chun oibriú le chéile mar fhoireann chun cairt bhalla a dhéanamh a léireoidh na hEaglaisí Críostaí a d'foghlaím siad futhu.
- Beidh go leor eilimintí difriúla sa chairt bhalla:
 - » Ar dtús, tarraingeoidh páiste amháin **cros mhór** i lár na bileoige móire páipéir.
 - » Ar na bileoga beaga dronuilleogacha, scríobhfaidh páiste **ainmneacha na nEaglaisí Críostaí**: An Eaglais Chaitliceach, Eaglais na hÉireann, An Eaglais Mheidisteach, An Eaglais Phreispitéireach agus An Eaglais Cheartchreidmheach.
 - » Ansin **maiseoidh** cúigear páiste eile na bileoga dronuilleogacha.
 - » Greamófar na buileoga dronuilleogacha ar an gcairt le linn an urnaí a leanann, mar sin tarraingeoidh cúigear páiste eile imlíne

le peann luaidhe ag taispeáint cá gcuirfear na píosaí dronuilleogacha sin le linn an urnaí.

- » Is féidir le páiste ar bith nár oibrigh ar an chairt go dtí seo **pictiúr nó íomhá a tharraingt** anois áit ar bith ar an gcairt ach amháin laistigh de na himlínte. Ba cheart go léireodh na pictiúir/íomhanna seo na cosúlachtaí agus na difríochtaí a d'aithin na páistí sa ghníomhaíocht níos luaithe thuas.

- B'fhéidir gurbh fhearr le cuid de na páistí na píosaí dronuilleogacha a ghreamú ar an gcairt le linn an urnaí a leanann.
- Iarr ar na páistí an chairt balla agus na bileoga dronuilleogacha a chur sa spás urnaí.



PAIDIR

Ullmhúchán: Cuir an chairt 'Na hEaglaisí Críostaí' sa spás urnaí nó in aice leis, go hidéalach ar bhord bheag. Roghnaigh cúigear páiste chun na píosaí páipéir dronuilleogacha a chur ar an gcairt bhalla nuair is gá. Is féidir leis na páistí seo na píosaí páipéir a choinneáil faoina suíocháin go dtí go mbeidh gá leo. Beidh gliú uait. Roghnaigh cúigear léitheoir. Tá na sleachta le fáil thíos.

Comhartha na Croise

Múinteoir: Cé go bhfuil gach duine againn uathúil, nílimid scartha ó chéile. Is baill sinn de rang amháin, de scoil amháin. Is mar an gcéanna é le Críostaithe uile: baisteadh gach Críostaí i gCríost; tá gach Críostaí aontaithe le chéile i gCríost; creideann gach Críostaí i nDia; guíonn gach Críostaí; roinneann gach Críostaí a gcreideamh ar a chéile; leanann gach Críostaí Íosa; tá grá ag gach Críostaí dá chéile; tugann gach Críostaí maithiúnas

dá chéile.

Tabhair chun cuimhne an méid a dúirt Naomh Pól do na hEifisigh, faoi mar atá gach Críostaí aontaithe le chéile: 'Níl ann ach aon Tiarna amháin, aon chreideamh amháin agus aon bhaisteadh amháin. Níl ann ach aon Dia amháin atá ina Athair ag cách: é os cionn cách agus ag gníomhú i gcách agus istigh i gcách uile.' (Eif 4:5-6).

Is é an freagra ar ár n-urnaí inniu ná: *Creidimid i nDia*.

Léitheoir 1: Meitidistigh, cé go bhfuilimid difriúil, baisteadh sinn i gCríost. Is Críostaithe sinn.

Páiste 1: Siúlann sé/sí go dtí an chairt bhalla agus greamaíonn an bhileog dhronuilleogach le 'Meitidistigh' scríofa air ar an gcairt.

Gach duine: Creidimid i nDia.

Léitheoir 2: Preispitéirigh, cé go bhfuilimid difriúil,

baisteadh sinn i gCríost. Is Críostaithe sinn.

Páiste 2: *Siúlann sé/sí go dtí an chairt bhalla agus greamaíonn an bhileog dhronuilleogach le 'Preispitéirigh' scríofa air ar an gcairt.*

Gach duine: Creidimid i nDia.

Léitheoir 3: Baill d'Eaglais na hÉireann, cé go bhfuilimid difriúil, baisteadh sinn i gCríost. Is Críostaithe sinn.

Páiste 3: *Siúlann sé/sí go dtí an chairt bhalla agus greamaíonn an bhileog dhronuilleogach le 'Eaglais na hÉireann' scríofa air ar an gcairt.*

Gach duine: Creidimid i nDia.

Léitheoir 4: Ceartchreidmhigh, cé go bhfuilimid difriúil, baisteadh sinn i gCríost. Is Críostaithe sinn.

Páiste 4: *Siúlann sé/sí go dtí an chairt bhalla agus greamaíonn an bhileog dhronuilleogach le 'Ceartchreidmhigh' scríofa air ar an gcairt.*

Gach duine: Creidimid i nDia.

Léitheoir 5: Caitlicigh, cé go bhfuilimid difriúil, baisteadh sinn i gCríost. Is Críostaithe sinn.

Páiste 5: *Siúlann sé/sí go dtí an chairt bhalla agus greamaíonn an bhileog dhronuilleogach le 'Caitlicigh' scríofa air ar an gcairt.*

Gach duine: Creidimid i nDia.

Múinteoir: Baisteadh sinn go léir i gCríost. Is Críostaithe sinn uile. Tá grá againn dá chéile agus tá súil againn go mbeimid aontaithe le chéile i ngrá Dé, amach anseo. Guimis *Cré na nAspal* le chéile anois.

Gach duine: *Cré na nAspal* (Creidim i nDia, an tAthair uilechumhachtach ...)

Comhartha na Croise

SCÉAL

Foghlaimíonn Ribeacá agus Séamas rud éigin nua!

Lá amháin, d'fhógair Iníon Uí Riain go raibh ceann de na páistí sa rang, Cyriaca, tinn agus go mbeadh sí as láthair ón scoil ar feadh roinnt seachtaine. Bhí brón ar na páistí go léir an nuacht sin a chloisteáil toisc go raibh Cyriaca an-ghreanmhar agus bhí an-tóir uirthi. Rinne an rang cárta do Cyriaca agus chuir ceann de na cairde, a bhí ina cónaí in aice léi, ina bosca litreach é.

Dhá sheachtain ina dhiaidh sin, fuair Ribeacá agus Séamas, beirt de chairde Cyriaca, téacs ó Cyriaca ag gabháil buíochas dóibh agus don rang as an gcárta agus ag thabhairt cuireadh don bheirt acu cuairt a thabhairt uirthi. Chuir Ribeacá glaoch ar Shéamas agus shocraigh siad ar cuairt a thabhairt ar Cyriaca ina teach an lá dár gcionn.

Nuair a tháinig Ribeacá agus Séamas ar árasán Cyriaca, d'fhreagair Cyriaca an doras. 'Ó, tá áthas orm sibh a fheiceáil,' a dúirt sí, agus thug sí barróg mhór dóibh beirt. 'Nach iontach tú a fheiceáil freisin,' arsa Ribeacá, 'is trua nach bhfuil tú ar scoil. Meas tú, an mbeidh tú ag filleadh sar i bhfad?'

'Beidh,' d'fhreagair Cyriaca, 'deir an dochtúir gur chóir dom a bheith in ann filleadh i gceann seachtaine eile, agus mar sin táim ag súil go mór leis sin. Bíonn sé beagán leadránach sa bhaile tar éis tamaill, creid é nó ná creid.'

Thug Cyriaca a cairde isteach sa seomra suí. Thug Ribeacá agus Séamas faoi deara go raibh pictiúir naofa sa halla agus sa seomra



suí chomh maith. 'Wow, tá na pictiúir sin go hiontach,' arsa Ribeacá, 'is cosúil go bhfuil do theaghlach an-reiligiúnach.'

'Ó,' arsa Cyriaca, le miongháire, 'ní pictiúir iad siúd, ach íocóin'.

'Shíl mé gurb iad íocóin na siombailí beaga a fheiceann tú ar ríomhaire,' arsa Séamas.

'Ó tá an ceart agat, is íocóin iad sin freisin, ach is cineál íocóin eile iad seo,' arsa Cyriaca. 'Úsáideann Críostaithe Ceartchreidmheacha íocóin agus iad ag guí. Breathnaímid ar íocón agus lasaimid coinneal. Nuair a fhéachann tú ar íocón, cuidíonn sé leat láithreach Dé a mhothú, díriú ar Dhia agus ar an scéal a léirítear san íocón. Tarraingíonn íocóin isteach thú agus cabhraíonn siad leat dearmad a dhéanamh ar gach rud eile.' Ansin chuir sí leis, 'Tá a fhios agat ar scoil nuair a lasann Iníon Uí Riain an

• • •

choinneal ag amanna urnaí agus nuair a deir sí, “lasaimid ár gcoinneal chun cuimhne go bhfuil Dia linn”, bheul, is mar an gcéanna é le híocón ... cuireann sé Dia i gcuimhne duit.’

‘Tá siad éagsúil ó phictiúir eile, go cinnte,’ a dúirt Ribeacá.

‘I ndáiríre scríobhtar íocóin,’ a mhínigh Cyriaca, ‘cé gur cosúil gur rinneadh iad a phéinteáil, agus is ar adhmaid a scríobhtar iad ar fad.’

‘Tá sin suimiúil,’ arsa Séamas. ‘Caithfidh tú an méid sin a insint don rang. Táimid ag foghlaim faoi Eaglaisí Críostaí eile, ó d’éirigh tú tinn agus tá nithe á lorg againn atá cosúil agus éagsúil idir na hEaglaisí, agus bheadh áthas ar Iníon Uí Riain an méid sin a chloisteáil uait faoi na Críostaithe Ceartchreidmheacha agus faoi íocóin.’

‘Is breá liom an tslí ina lasann tú

coinnte i do theach freisin,’ a dúirt Ribeacá, agus í ag faire ar na coinnte ag glioscarnaigh ina sealbhóirí ar leac na fuinneoige. ‘Bíonn coinnte i gcónaí ar lasadh in séipéil Chaitliceacha le linn an Aifrinn, agus cabhraíonn siad le hatmaisféar diaga a chothú.’

‘Lasaimid coinnte inár séipéal freisin chun a chur i gcuimhne dúinn gurb é Críost solas an domhain,’ arsa Séamas. ‘Sílim gur chóir dúinn cuairt a thabhairt ar eaglaisí a chéile, nuair a thagann biseach ar Cyriaca, féachaint céard eile a bheadh cosúil nó éagsúil iontu.’

‘Bheadh sé sin an-suimiúil,’ arsa Cyriaca, agus d’aontaigh Ribeacá léi. Díreach ansin, ghlaigh máthair Cyriaca orthu go léir teacht isteach sa chistin le haghaidh deochanna, agus ar aghaidh leo.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cad a rinne na páistí sa rang nuair a chuala siad nach mbeadh Cyriaca ar scoil ar feadh i bhfad?
- Cé a chuaigh chun cuairt a thabhairt ar Cyriaca ina teach?
- Cad a cheap Ribeacá agus Séamas a bhí suimiúil i dteach Cyriaca?
- An bhfaca tú íocón riamh? Inis dúinn faoi sin.

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur ar nós:

- An mbíonn Caitlicigh ag guí riamh le híocóin? (Bíonn. Úsáideann roinnt Caitlicigh íocóin chun

cabhrú leo guí, mar shampla *Íocón na Tríonóide* le Rublev, a d’fhoghlaim na páistí faoi i Rang a Trí/Bunscoil 5. Seans go gcuimhneoidh páistí áirithe, ón staidéar a rinne siad ar Leabhar Cheanannais agus ar Leabhar Darú i dTéama 2 den chlár seo, gur mhaisigh na scríobhaithe na leathanaigh sna leabhair sin le híocóin ildaite.)

- Cad atá foghlamtha agat ón scéal seo faoi chleachtais Chríostaithe in Eaglaisí eile nach raibh ar eolas agat cheana?
- An dóigh leat go bhfuil sé tábhachtach do Chríostaithe ó Eaglaisí éagsúla aithne a chur ar Eaglais amháin eile agus foghlaim faoi na cleachtais atá acu? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuil sé tábhachtach?

Mairimis ...

CAD A MHÚIN TÚ?

Tá na hEaglaisí Críostaí seo a leanas aontaithe sa phobal Críostaí: An Eaglais Chaitliceach, Eaglais na hÉireann, An Eaglais Mheitidisteach, An Eaglais Phreispitéireach agus An Eaglais Cheartchreidmheach. Díreach mar atá cosúlachtaí agus difríochtaí i measc na bpáistí sa rang, tá cosúlachtaí agus difríochtaí idir na hEaglaisí Críostaí. Is í an chosúlacht is mó idir na hEaglaisí

Críostaí ná go gcreideann siad go léir i nDia agus ina Mhac, Íosa Críost. Uair sa bhliain, tagann Críostaithe ó chultúir agus ó thraidisiúin éagsúla ar fud an domhain le chéile, Seachtain na hAontachta Críostaí, chun guí le chéile. D'fhéach na páistí ar úsáid íocón mar fhócas don urnaí san Eaglais Cheartchreidmheach.

MACHNAMH

DÁN ACRASTACH

Tabhair chun cuimhne na bpáistí an chiall a bhaineann le bheith i do Chríostaí. Ansin iarr ar na páistí dán acrastach a scríobh sa chóipleabhar don Oideachas Reiligiúnach ag baint úsáid as an bhfocal CRÍOSTAÍ.

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

Nóta: Beidh bileog mhór pháipéir ag teastáil ó gach grúpa páistí, chomh maith le rogha de phinn luaidhe agus ábhair dhathúcháin.

- Tabhair chun cuimhne an chairt bhalla a rinne na páistí air 'Na hEaglaisí Críostaí'.
- Ansin roinn na páistí ina ngrúpaí agus iarr orthu póstaer eile a dhéanamh, an uair seo ag díriú ar rudaí a chuireann isteach orthu. D'fhéadfadh go mbeadh cuid díobh seo san áireamh:
 - » Nach gcaitear go cothrom leo
 - » Gan gach duine a chur san áireamh i gcluichí
 - » Cibearbhulaíocht
 - » Aire a thabhairt don chomhshaol
- Iarr ar na páistí a chlárú ar an bpóstaer, ag baint úsáid as focail nó íomhánna, gníomhartha atá á ndéanamh nó a d'fhéadfadh iad féin agus daoine eile a dhéanamh chun déileáil leis na hábhair imní atá ainmnithe acu. Tabhair cuireadh do na páistí teideal a thabhairt dá bpóstaer.
- Nuair a bheidh a gcuid póstaer críochnaithe acu, tabhair cuireadh dóibh a gcuid oibre a roinnt agus labhairt faoi na saincheisteanna ar leag siad béim orthu.
- Tabhair cuireadh do na páistí a bpóstaer a chur sa spás urnaí.

Ullmhúchán:

- *Más féidir, bíodh na páistí ina suí thart nó gar don spás urnaí. Mura féidir é seo a dhéanamh, tabhair cuireadh dóibh a gcathaoireacha a chasadh i dtreo an spáis urnaí.*
- *Bíodh cros chéasta nó cros sa spás urnaí.*
- *Roghnaigh cúigear páiste chun na nithe seo a leanas a iompar go dtí an spás urnaí ag an am cuí i rith na seirbhíse: bróisiúir na bpáistí, an Bíobla Naofa, coinneal an ranga, cairt 'Na hEaglaisí Críostaí' na bpáistí agus léarscáil an domhain/brat glas/cruinneog.*
- *Roghnaigh cúigear léitheoir. Tá na léachtaí ar fáil thíos agus féadfar iad a thaispeáint, nuair is gá, ar an gclár bán idirghníomhach.*
- *Bíodh coinneal an ranga istigh i gcoimeádán daingean mar beidh sí á iompar timpeall an ranga i rith na seirbhíse.*

Comhartha na Croise

Iomann Oscailte: Can iomann/amhrán oiriúnach

Múinteoir: Inniu táimid ag ceiliúradh ról an Spioraid Naoimh inár saol. Ag an gCincís tháinig an Spiorad Naomh anuas ar na haspail don chéad uair. Guímis anois an *Phaidir chuig an Spiorad Naomh*.

Gach duine: *Paidir chuig an Spiorad Naomh* (Tar, a Spioraid Naoimh, líon croíthe na bhfíréan ...)

Múinteoir (ag lasadh an choineall): Agus muid ag lasadh ár gcoinneal ranga cuimhnímid go bhfuil Dia i láthair anseo inár measc. Fócas ar an gcoinneal lasta agus, nuair atá tú réidh, dún na súile ... Tóg d'aimsir chun a bheith socair agus ciúin ... ionas gur féidir linn cuireadh a thabhairt don Spiorad Naomh teacht isteach inár gcroíthe ... Tabhair aire 'dod' anáil ag dul isteach agus ag fágáil do chorp agus tú ag anáil go mall agus go socair ... Mothaigh tú féin a bheith socair agus ciúin ... Agus tú ag anáil isteach, abair an focal 'tar' le do ghuth taobh istigh ... agus nuair a bhíonn tú ag easanáil, abair na focail 'a Spioraid Naoimh' le do ghuth taobh istigh ... déanaimis é seo arís agus arís eile ... 'Tar' ... 'a Spioraid Naoimh' ... Nuair atá tú réidh, oscail na súile.

Páiste 1: *Ardaíonn sé/sí bróisiúir na bpáistí agus tógann go dtí an spás urnaí iad.*

Léitheoir 1: Cuireann na bróisiúir a rinneamar, na buanna agus na cumais atá ag gach duine inár bpobal paróiste i gcuimhne dúinn, agus conas is

féidir le gach duine na bronntanais sin a úsáid chun freastal ar dhaoine eile ar bhealach atá uathúil dóibh. Guímid go mbeimid flaithiúlach maidir leis na bronntanais agus na buanna sin a roinnt. Thug an Spiorad Naomh na bronntanais sin dúinn chun seirbhís agus gníomhartha grá a dhéanamh sa bhaile, sa scoil agus inár bpobal.

Páiste 2: *Ardaíonn sé/sí An Bíobla Naofa agus tógann go dtí an spás urnaí é.*

Múinteoir: Éistimis anois leis an méid a dúirt Naomh Pól le muintir na Corainte maidir le bronntanas na seirbhíse.

Léitheoir 2: Sliocht as céadlitir Naomh Pól chuig na Corantaigh.

Tá tiolachtaí difriúla ann ach an t-aon Spiorad amháin; tá feidhmeannais difriúla ann ach an t-aon Tiarna amháin; agus tá oibreacha difriúla ann ach is é an Dia céanna a bhíonn á n-oibriú go léir in gach ceann riamh acu. An léiriú a dhéantar ar an Spiorad in gach duine ar leith, is chun tairbhe an phobail mhóir é. (1 Cor 12:4-7)

Briathar an Tiarna.

Gach duine: Buíochas le Dia.

Amhrán: Can iomann/amhrán oiriúnach.

Páiste 3: *Tógann sé/sí coinneal an ranga, ardaíonn í agus tugann don mhúinteoir í. Tógann an múinteoir an choinneal timpeall an ranga agus ansin ar ais go dtí an spás urnaí.*

Léitheoir 3: Nuair a deirimid *Cré na nAspal*, fógraímid ár gcreideamh in aon Dia amháin. Tá a fhios againn go bhfuil Dia i láthair linn i gcónaí. Guímis *Cré na nAspal* le chéile anois.

Gach duine: *Cré na nAspal* (Creidim i nDia, an tAthair uilechumhachtach ...)

Páiste 4: *Ardaíonn sé/sí an chairt 'Na hEaglaisí Críostaí' agus tógann go dtí an spás urnaí í.*

Léitheoir 4: Ina litir chuig na Críostaithe i gcathair Eifeasas, spreag Naomh Pól iad chun bheith ag obair le chéile faoi shíocháin. Seo ráiteas amháin ón litir sin, ina labhraíonn sé faoin aontacht ba chóir a bheith idir Críostaithe:

Níl ann ach aon Tiarna amháin, aon chreideamh amháin agus aon bhaisteadh amháin. Níl ann ach aon Dia amháin atá ina Athair ag cách: é os cionn cách agus ag gníomhú i gcách agus istigh i gcách uile. (Eif 4:5-6)



Briathar an Tiarna.

Gach duine: Buíochas le Dia.

Léitheoir 5: Tá na Críostaithe go léir aontaithe ina gcreideamh in aon Dia amháin. Baisteadh gach Críostaí agus tugadh bronnantas an Spioraid Naoimh dóibh chun cabhrú leo maireachtáil mar dheisceabail Íosa. Freastalaíonn Críostaithe ar bhealaí éagsúla, de réir an tslí ina threoraíonn an Spiorad iad.

Páiste 5: *Ardaíonn sé/sí léarscáil an domhain/brat glas/cruinneog agus tógann go dtí an spás urnaí í.*

Múinteoir: Chruthaigh Dia an domhan agus gach rud atá ann. Glaonn an Pápa Proinsias ‘ár mbaile coitiann’ ar an domhan. Teastaíonn ón bPápa go dtabharfaimis aire don domhan ionas go mbainfeadh na glúine atá le teacht, taitneamh as bronnantais Dé. Guímis le chéile anois an phaidir, faoi chúram a thabhairt don domhan, a thug an Pápa Proinsias dúinn i *Laudato Si’*. Tugtar *Paidir don domhan atá againn* ar an urnaí seo.

Gach duine: A Dhia uile-chumhachtach, tá tú i láthair ar fud na cruinne ar fad agus sa chréatúr is lú a chruthaigh tú ... Doirt amach orainn cumhacht do ghrá, ionas go mbeimid in ann beatha agus áilleacht a chosaint.


Líon sinn le síocháin, ionas go mairfimid mar dheartháireacha agus deirfiúracha, gan dochar a dhéanamh do chách ... Múin sinn chun fiúntas gach rud a aimsiú ... agus chun go mbeadh a fhios againn go bhfuilimid aontaithe le gach créatúr agus sinn ag taisteal i dtreo do sholas gan teorainn. Gabhaimid buíochas leat as a bheith linn gach lá. Spreag sinn, guímid, agus sinn ag streachailt le haghaidh ceartais, grá agus síocháin.


Múinteoir: Sin é ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna.

Gach duine: Áiméan.

Amhrán deiridh: Can iomann/amhrán oiriúnach.

Comhartha na Croise





Suirbhé Ranga

I measc na gcosúlachtaí idir na páistí inár rang tá:

I measc na ndifríochtaí idir na páistí inár rang tá:

Téama 9: An Eaglais Oilithreachta

Ceacht 1: Oilithreachtaí sa bhaile agus thar lear.

Ceacht 2: Muire Guadalúip.

ÓN GCURACLAM

Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ

Rúndiamhair na hEaglaise/na Ríochta

- Tús na Críostaíochta in Éirinn
- Na Naoimh: Staidéar a dhéanamh ar Naomh Pádraig, Naomh Eoin Pól II
- Spioradáltacht Chríostaí agus Oilithreachta: Ionaid oilithreachta in Éirinn agus ar fud an domhain, m.sh. Gleann Dá Loch, Cnoc Mhuire, Fatima, Lourdes, séipéil cháiliúla, Crosa Ceilteacha

Muire

- Tugann an Eaglais grá speisialta do Mhuire an Mhaighdean Bheannaithe, Máthair Dé
- Is í Muire Máthair Dé agus Ár Máthair
- Treoraíonn Muire chuig Íosa sinn i gcónaí
- Gríosann an Eaglais sinn chun paidreacha áille do Mhuire a rá: m.sh. An Magnificat, An Memorare
- Íocóin agus Íomhánna de Mhuire

BRIATHAR DÉ

An Scriptor Naofa

Breith agus Óige Íosa

- Lúc 1:46-55. An Magnificat

LIOTÚIRGE AGUS URNAÍ

Urnaí

- Ionaid speisialta adhradh a bhfuil meas ag Caitlicigh orthu m.sh. mainistreacha Éireannacha, toibreacha beannaithe, láthaireacha oilithreachta

Urnaí Fhoirmeálta

- An Magnificat
- An Memorare
- Lúireach Phádraig

Paidreacha Breise

- Paidir chuig Muire Guadalúip

An Bhliain Liotúirgeach

- I rith na bliana Liotúirgí tugann ár nEaglais aitheantas do shaoil na naomh agus na mairtíreach agus déantar iad a cheiliúradh

MÓRÁLTACHT CHRÍOSTAÍ

Teagasc Sóisialta na hEaglaise

- Tugann Dia bronntanas na síochána dúinn agus iarrtar orainn a bheith inár gceann réitithe

ÓN GCROÍSHIOLLABAS DON OIDEACHAS REILIGIÚNACH

Tógtha ón gCroíshiollabas don Oideachas Reiligiúnach ón Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann (2007).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

CUSPÓIR FOGHLAMA 1

An Eaglais Chríostaí

b. *Ón Luath-Eaglais go dtí an lá atá inniu ann.*

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltai:

- Fáil amach faoin dóigh ar tháinig an Chríostaíocht go hÉirinn.
- Fiosrú faoin tábhacht a bhaineann le Críostaithe aitheanta áirithe ó thréimhsí éagsúla staire.

c. *Adhradh agus Urnaí.*

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltai:

- A aithint gur féidir go mbíonn baint ag an urnaí agus ag an adhradh le hócáidí agus le háiteanna speisialta.

- Machnamh agus fiosrú a dhéanamh ar an dearcadh gur féidir adhradh a thabhairt do Dhia gach uile áit.
- Taithí a fháil ar an adhradh agus ar an urnaí ar bhealaí éagsúla.

CUSPÓIR FOGHLAMA 3:

An Mhoráltacht

d. *Meas ar an dtimpeallacht.*

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltai:

- Plé a dhéanamh ar an mheas ba chóir a thabhairt don chruthú, a thug Dia dúinn mar thíolacadh.

Ceacht 1: Oilithreachtaí sa bhaile agus thar lear

SULA DTOSAÍONN TÚ

Tá iniúchadh déanta ag na páistí cheana féin ar an difríocht atá ann idir dul ar thuras agus dul ar oilithreacht. D'fhoghlaim siad faoi áiteanna oilithreachta a bhaineann leis an Mhaighdean Muire agus chuala siad scéalta faoi Lourdes agus faoi Chnoc Mhuire i Rang a Trí/B5 sa chlár *I nGrá Dé*. Sa cheacht seo foghlaimeoidh na

páistí faoi ghnéithe éagsúla den oilithreacht. Foghlaimeoidh siad faoi Chruach Phádraig, suíomh oilithreachta atá nasctha le Naomh Pádraig, agus faoi Lá Domhanda na nÓg. Más féidir, déanfaidh siad plean chun oilithreacht ghearr a thabhairt chuig suíomh oilithreachta áitiúil.

EOCHAIRFHOCAIL

Bliain na hIubhaile: Bliain Naofa a fhógraíonn an Pápa.

Oilithreacht: Turas a dhéanann daoine creidmheacha chuig áit naofa.

Oilithreacht Mhuire: Turas chuig áit naofa a bhaineann leis an Mhaighdean Bheannaithe Muire.

An Magnificat: An iomann buíochais a chan Muire nuair a thug sí cuairt ar a col ceathrar, Eiliosaibeit.

NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Liathróid bhog nó mála pónairí
- Cóip den chairt 'Laethanta Domhanda na nÓg' (thíos) agus Bíobla do gach péire nó grúpa páistí, agus cruinneog nó léarscáil den domhan

Féachaimis ...

AG COMHRÁ

MAIDIR LE HOILITHREACHTAÍ

Tabhair cuireadh do na páistí pé rud is cuimhin leo faoi oilithreachtaí Críostaí a roinnt agus na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo á n-úsáid agat:

- Cén difríocht atá ann idir oilithreacht agus turas? (Is turas í oilithreacht a dhéanann daoine creidmhacha chuig suíomh naofa. Le linn oilithreachta, is gnáth le daoine a bheith ag guí agus am a chaitheamh ag smaoineamh ar an saol agus ar a gcaidreamh le Dia.)
- Cén t-ainm a úsáidimid chun cur síos a dhéanamh ar dhuine atá ar oilithreacht? (oilithreach)
- Cathain a thosaigh oilithreachtaí Críostaí? (Tar

éis d'Íosa dul ar ais ar neamh, thosaigh daoine ag taisteal go Iarúsailéim agus chuig áiteanna eile a raibh baint acu le beatha Íosa.)

- Cén difríocht atá ann idir Oilithreacht Mhuire agus Oilithreachtaí Críostaí eile? (Turas chuig áit naofa a bhaineann leis an Mhaighdean Bheannaithe Muire atá in Oilithreacht Mhuire.)
- An féidir leat an dá Oilithreacht Mhuire, a d'fhoghlaim tú futhu i Rang a Trí/B5, a ainmniú? (Cnoc Mhuire agus Lourdes)

Dirigh aire na bpáistí chuig leathanach 76 dá leabhair.

GNÍOMHAÍOCHT SCÉALAÍOCHTA

'BÍ MÉ I LÁTHAIR!'

I NÓTA DON MHÚINTEOIR: Le go mbeadh na páistí in ann tabhairt faoin ngníomhaíocht seo, bheadh orthu an t-ábhar a bhaineann le Lourdes agus le Cnoc Mhuire sa chlár *I nGrá Dé* i Rang a Trí/Bunscoil 5, a bheith foghlamtha acu.

Nóta: Beidh liathróid bhog nó mála pónairí uait don ghníomhaíocht seo.

- Meabhraigh scéalta Mhuire Lourdes agus Mhuire Cnoc Mhuire leis na páistí.
- Tabhair cuireadh do na páistí ciorcal mór a dhéanamh agus scéal Lourdes agus/nó Cnoc Mhuire a athinsint ó dhearcadh duine ón sráidbhaile áitiúil ag an am ar tharla an taispeánadh.
- Cuirfidh an chéad páiste tús leis an scéal: 'Tharla lá amháin go raibh mé ag dul thart ...'

Ansin rollfaidh an chéad páiste an liathróid/caithfidh siad an mála pónairí go dtí páiste eile, a inseoidh an chéad phíosa eile den scéal agus ansin rollfaidh siad an liathróid/caithfidh siad an mála pónairí chuig páiste eile; agus leanfaidh na páistí ar an mbealach seo go dtí go n-insítear an scéal ar fad.

- Mura bhfuil aon pháiste in ann smaoineamh ar rud éigin le rá, is féidir leo an liathróid a rolladh/an mála pónairí a chaitheamh chuig páiste eile.

PAIDIR

Nóta: Dirigh aire na bpáistí chuig leathanach 107 dá leabhair, áit a bhfaighidh siad focail an Magnificat, Paidir ghlórmhar Mhuire do Dhia. Minigh go gciallaíonn an focal 'mórann' ná 'déanann mór'. Sa phaidir seo, thug Muire moladh mór do Dhia. Iarr ar na páistí a gcuid leabhar a choinneáil ar oscailt ionas gur féidir leo an phaidir a léamh os ard ag an am cuí le linn an urnaí.

Comhartha na Croise

Múinteoir: D'fhoghlaimíomar faoi thábhacht oilithreachtaí in onóir Mhuire. Tugann oilithreachtaí do shrínte Mhuire deis do dhaoine a iarraidh ar Mhuire cabhrú leo maireachtáil le creideamh agus le muinín i nDia, mar a rinne sí féin. Guífidh ag baint úsáid as urnaí moladh Mhuire do Dhia, an *Magnificat*. Bainfidh úsáid as focail Mhuire mar fhreagra: *Mórann m'anam an Tiarna*.

Gach duine: *Mórann m'anam an Tiarna*.



Múinteoir: Tugann Muire moladh do Dhia toisc go bhfuil grá mór aige di. Deir sí: **‘Óir dhearc sé le fabhar ar ísle a bhanóglaigh.’**

Guímis.

Gach duine: Mórann m’anam an Tiarna.

Múinteoir: Tá a fhios ag Muire go mbeidh a fhios ag na glúnta atá le teacht gur bheannaigh Dia í. Aithníonn sí cé chomh mór is atá Dia agus go ndearna sé rudaí móra di. Deir sí:

‘mar féach, déarfaidh na glúine uile feasta gur méanar dom.

Óir rinne an Té atá cumhachtach nithe móra dom agus is naofa a ainm.’

Guímis.

Gach duine: Mórann m’anam an Tiarna.

Múinteoir: Aithníonn Muire go léiríonn Dia a thrócaire do dhaoine i gcónaí. Tá Dia láidir ach tá barrfhabhair aige do na boicht. Deir Muire:

‘Agus tá a thrócaire ó ghlúin go glúin dóibh seo ar a mbíonn a eagla. Thaispeáin sé neart a láimhe:

scaip sé an dream a bhí uaibhreach i smaointe a gcroí.

Leag sé prionsaí óna gcathaoireacha, agus d’ardaigh sé daoine ísle; Líon sé lucht an ocrais le nithe fóna, agus chuir sé na saibhre uaidh folamh.’

Guímis.

Gach duine: Mórann m’anam an Tiarna.

Múinteoir: Aithníonn Muire an chabhair a thug Dia do na daoine a d’imigh roimpi, na hIosraeilítigh agus Abrahám agus a shliocht. Deir sí:

‘D’fhóir sé ar Iosrael a sheirbhíseach, ag cuimhneamh dó ar a thrócaire – de réir mar gheall sé dar n-aithreacha – d’Abrahám agus dá shliocht go brách.’

Guímis

Gach duine: (ag léamh ó leathanach 107 dá leabhair): An Magnificat (Mórann m’anam an Tiarna...)

Comhartha na Croise

Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.

Foghlaimimis ...

GNÍOMHAÍOCHT SCRÍBHNEOIREACHTA

PAIDIR/AMHRÁN MOLTA

- Tosaigh agus comhrá a dhéanamh leis na páistí faoi Mhuire agus na rudaí iontacha a rinne Dia di.
- Úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo chun scrúdú a dhéanamh ar an tuiscint atá ag na páistí ar mhaitheas Dé agus ar a ghrá dóibh agus do gach éinne:
 - » An dóigh leat gur thaispeáin Dia a mhaitheas duit? Do dhaoine eile? Conas?
 - » Conas a thaispeánfá do Dhia go n-aithníonn tú a mhaitheas? Conas is féidir leat buíochas agus moladh a ghabháil le Dia?
 - » Conas a ghabh scríbhneoirí na salm buíochas le Dia? An cuimhin leat frása ar bith a d'úsáid siad chun moladh agus buíochas a ghabháil le Dia?
- Ansin iarr ar na páistí a sailm féin a scríobh, a thugann moladh do Dhia, ina gcópleabhair don Oideachas Reiligiúnach. Lig dóibh oibriú ina n-aonar nó i mbeirteanna. Seans gur mhaith le páistí áirithe amhrán a chumadh a thugann moladh do Dhia, agus a d'fhéadfaidís canadh don rang.
- Tabhair cuireadh do na páistí a gcuid paidreacha nó amhráin molta a roinnt leis an rang.

SCÉAL

Nóta: Taispeáin an sleamhnán de Chruach Phádraig (ar líne) do na páistí agus tú ag insint an scéal faoi Chruach Phádraig dóibh.

Scéal Chruach Phádraig

Creidtear gur chaith Naomh Pádraig daichead lá an Charghais ar Chruach Phádraig i gContae Mhaigh Eo. Le linn an ama seo, rinne Pádraig aithrí agus ghuigh sé go leor, toisc go raibh sé ina fhear lán de chreideamh. Bhain sé a chlog chun daoine eile a ghlaoch chun urnaí. Ghuigh Pádraig, ach go háirithe, ar son mhuintir na hÉireann. Le himeacht aimsire freagraíodh paidreacha Phádraig. Tháinig aingeal chuige agus dúirt an t-aingeal leis

nach gcaillfeadh muintir na hÉireann bronnantas a gcreideamh Críostaí riamh. Gach bliain, ar an Domhnach deireanach i mí Iúil, bailíonn na mílte oilithreach ó gach cearn den domhan ag Cruach Phádraig. Tugtar 'Domhnach na Cruaiche' nó 'Reek Sunday' ar an lá seo. Dreapann go leor daoine an sliabh agus iad cosnócht. Lá do phaidreacha atá ann. Ceiliúrtar an tAifreann i rith an lae agus téann daoine chuig faoistin i Séipéal Naomh Pádraig.

Tar éis duit an t-eolas faoi Chruach Phádraig a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cá ndeachaigh Naomh Pádraig le linn an Charghais?
- Cén chaoi a bhfuil a fhios againn gur fear creidmheach ba ea Pádraig?
- Cad a tharla do Phádraig nuair a bhí sé ar Chruach Phádraig?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Cén fáth a bhfuil oilithrigh fós ag dreapadh Cruach Phádraig, sa lá atá inniu ann, dar leat?
- Ar dhreap tú Cruach Phádraig nó aon sliabh eile riamh? Inis dúinn faoi.
- An cuimhin leat focail *Lúireach Phádraig*, a thosaíonn: 'Críost liom'? (Tá na focail ar leathanach 107 de leabhair na bpáistí). An gceapann sibh gur paidir oiriúnach í seo chun oilithrigh a ghuí agus iad ag dreapadh Cruach Phádraig? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuil sí oiriúnach?

GNÍOMHAÍOCHT

AG ULLMHÚ CHUN DUL AR OILITHREACHT

- Tabhair cuireadh do na páistí a shamhlú go bhfuil siad ag dul ar oilithreacht go Cruach Phádraig lena dteaghlach ar Dhomhnach na Cruaiche (Reek Sunday). Seans go bhfuil siad ag dul ar thuras lae nó fanacht thar oíche. Tabhair cuireadh dóibh a scríobh sa chóipleabhar don Oideachas Reiligiúnach an méid a thógfaidh siad leo agus cad a cheapann siad a tharlóidh nuair a thagann siad ann.
- D'fhéadfá a mholadh dóibh na nithe seo a chur san áireamh: na héadaí agus an coisbheart a thógfaidh siad leo; an bia a thabharfaidh siad leo agus conas a dhéanfaidh siad é a iompar; na paidreacha a déarfadh siad agus iad ag dreapadh; an iompróidh siad bata leo mar thacaíocht, srl.
- Tabhair cuireadh do pháistí éagsúla an 'plean oilithreachta' a roinnt leis an rang.

COMHAD FÍRICÍ

LÁ DOMHANDA NA nÓG

- Ar Dhomhnach na Pailme, 1984, chuir an Pápa Eoin Pól II fáilte roimh os cionn 300,000 daoine óga chun ceiliúradh a dhéanamh ar Iubhaile Idirnáisiúnta na nÓg i gCearnóg Naomh Peadar sa Róimh. Thug an Pápa cros speisialta dóibh, ar tugadh 'Cros Lá Domhanda na nÓg' uirthi níos deanaí. Thug an Pápa íocón Lá Domhanda na nÓg den Mhaighdean Muire do na daoine óga freisin. Dúirt sé go mbeadh an íocón mar chomhartha de láithreacht Muire leo.
 - D'éirigh thar barr leis an gceiliúradh sin sa bhliain 1984 agus, ina dhiaidh sin, ceiliúradh an chéad Lá Domhanda na nÓg sa Róimh sa bhliain 1986. Ó shin i leith, glacann na milliúin daoine óga de gach creideamh as an domhan ar fad páirt san oilithreacht seo, a bhíonn ar siúl ar Dhomhnach na Pailme gach dara nó tríú bliain i gcathair éagsúil ar fud an domhain.
 - Taistealaíonn daoine óga i bhfad chun páirt a ghlacadh san oilithreacht seo, agus caitheann siad roinnt laethanta ag guí, ag bualadh le daoine óga eile agus ag roinnt scéalta futhu féin agus conas a mhaireann siad go creidmheach.
 - Freastalaíonn an Pápa ar an oilithreacht seo agus tugann sé teachtaireacht speisialta do na milliúin oilithrigh óga, agus fógraíonn sé dáta an chéad chruinniú Domhanda eile. Bíonn téama ar leith ag gach Lá Domhanda na nÓg, agus tagann na téamaí go léir ón mBíobla.
 - Nuair a d'fhreastail Naomh Eoin Pól II ar Lá Domhanda na nÓg i Toronto sa bhliain 2002, dúirt sé leis na daoine óga nuair a sé thosaigh sé Lá Domhanda na nÓg sa bhliain 1985, shamhlaigh sé 'nóiméad cumhachtach ina d'fhéadfadh le daoine óga an domhain teacht le chéile i gCríost, agus ina d'fhéadfaidís a fhoghlaim uaidh conas an Soiscéal a chraobhscaoileadh chuig daoine óga eile', agus mhol sé na daoine óga as a bheith níos tiomanta mar Chríostaithe.
- Tar éis duit an Comhad Fíricí faoi Lá Domhanda na nÓg a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:
- Cén Pápa a chuir tús leis an dtraidisiún a thugtar 'Lá Domhanda na nÓg' air? Cathain a tharla sé seo?
 - Cén fáth a raibh Naomh Eoin Pól II ag iarraidh daoine óga a bhailiú le chéile ar Lá Domhanda na nÓg?
 - An gcheapann tú gur smaoineamh maith é go mbeadh a n-oilithreacht féin ag daoine óga chun a gcuid creideamh féin a cheiliúradh? Cén fáth nó cén fáth nach maith an smaoineamh é?
- Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 77 dá leabhair.**

GNÍOMHAÍOCHT

LÁ DOMHANDA NA nÓG

Nóta: Beidh cóip den chairt 'Laethanta Domhanda na nÓg' (thíos) ag teastáil uait agus Bíobla do gach beirt nó grúpa de pháistí. Beidh léarscáil an domhain nó cruinneog ag teastáil uait freisin.

- Tabhair cuireadh do na páistí oibriú i mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga, agus tabhair cóip den chairt 'Laethanta Domhanda na nÓg' (thíos) do gach grúpa.
- Roghnaigh páistí éagsúla leis na láithreacha a aimsiú, ar an léarscáil nó ar an gcrúinneog, inar ceiliúradh Lá Domhanda na nÓg.
- Ansin tabhair Lá Domhanda na nÓg amháin do gach péire nó grúpa agus iarr orthu an téama ón mBíobla don bhliain sin a aimsiú agus aon fhíricí spéisiúla eile is féidir leo a fháil.
- B'fhéidir gur mhaith le páistí áirithe tráth na gceist a chumadh faoi Lá Domhanda na nÓg.

GLAC NÓIMÉAD

Ag baint úsáid as na focail seo nó focail cosúil leo, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a thógáil le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh ... ba bhreá leis an bPápa Eoin Pól II taisteal ar fud an domhain chun bualadh le daoine, chun guí leo agus chun iad a spreagadh ina gcuid creideamh. Cuid dá oidhreacht rathúil is ea Lá Domhanda na nÓg. Rinneadh naomh de sa bhliain 2014 ... Le do guth

istigh, gabh buíochas le Dia as Naomh Eoin Pól II ... A naoimh Eoin Pól, tabhair dúinn do bheannacht! Beannaigh an Eaglais a raibh grá agat di agus a threoraigh tú í mar seirbhíseach ... Iarraimid ort guí ar ár son féin, ar son ár dteaghlaigh agus ar son an domhan ar fad ... go ndéanfar cogadh, fuath agus foréigean a shárú le grá ... ionas go bhféadfadh gach duine maireachtáil faoi shíocháin. Iarraimid ort ár bpaidreacha a thabhairt i láthair Dé ár nAthair, trí Chríost ár dTiarna ... Nuair atá sibh réidh, oscail na súile.

Mairimis ...

CAD A MHÚIN TÚ?

Deirtear gur chaith Naomh Pádraig daichead lá an Charghais ar Chruach Phádraig i gContae Mhaigh Eo. D'fhoghlaim na páistí go dtagann na mílte oilithreach ó gach cearn den domhan le chéile ar Chruach Phádraig gach bliain i mí Iúil i gcomhair 'Domhnach na Cruaiche'. D'fhoghlaim na páistí freisin faoi Lá Domhanda na nÓg, a thosaigh Naomh Eoin Pól II sa bhliain 1985.

GNÍOMHAÍOCHT

OILITHREACTH ÁITIÚIL A PHLEANÁIL AGUS A DHÉANAMH

- Tabhair cuireadh do na páistí áiteanna oilithreachta áitiúla a aithint, mar shampla tobar beannaithe, sliabh, Cros Cheilteach, séipéal nó ardeaglais. Iarr orthu ceann de na háiteanna seo ar mhaith leo cuairt a thabhairt air a roghnú agus taighde a dhéanamh air mar ullmhúchán do chuairt ranga ar an suíomh.
- Roinn na tascanna. D'fhéadfadh grúpa páiste amháin oibriú le chéile chun (1) eolas a fháil agus a chlárú faoi stair na láithreach oilithreachta; (2) an duine lena bhfuil sé tiomnaithe a shainaithint agus cúpla fíricí a chlárú fúthu; agus (3) aon phaidreacha nó deasghnátha a bhaineann leis an suíomh a chlárú.
- D'fhéadfadh grúpa eile páiste clár don oilithreachta a chur le chéile, agus d'fhéadfadh le páistí eile paidir a scríobh le húsáid le linn na hoilithreachta.
- Más féidir, b'fhéidir gur mhaith leat cuireadh a thabhairt do dhuine éigin ón gceantar atá eolach ar an suíomh a bheith in éineacht na bpáistí ar oilithreachta ghairid.
- Ina dhiaidh sin, iarr ar na páistí a gcuid machnaimh faoin oilithreachta a chlárú, m.sh. cad a chonaic siad, na paidreacha a dúirt siad, na daoine ar bhuaill siad leo, cad a cheap siad faoin rud ar fad, cad d'fhoghlaim siad faoin bhfáth ar roghnaíodh an áit mar shuíomh oilithreachta, srl.

PAIDIR

Comhartha na Croise

Iomann Oscailte: Can iomann/amhrán oiriúnach

Múinteoir: Molaimid agus gabhaimid buíochas le Dia inniu le Muire as na rudaí iontacha a rinne Dia dúinn. Is é an freagra ná: *Óir rinne an Té atá cumhachtach nithe móra dom agus is naofa a ainm.* Guímis.

Gach duine: Óir rinne an Té atá cumhachtach nithe móra dom agus is naofa a ainm.

Múinteoir: As bronntanas an domhain agus gach ní cruthaithe. Guímis.

Gach duine: Óir rinne an Té atá cumhachtach nithe móra dom agus is naofa a ainm.

Múinteoir: As Naomh Pádraig agus bronntanas an chreidimh. Guímis.

Gach duine: Óir rinne an Té atá cumhachtach nithe móra dom agus is naofa a ainm.

Múinteoir: As an deis dul ar oilithreachtaí agus éisteacht le Dia. Guímis.

Gach duine: Óir rinne an Té atá cumhachtach nithe móra dom agus is naofa a ainm.

Múinteoir: As na daoine a eagraíonn oilithreachtaí chuig Lourdes, Cnoc Mhuire, Cruach Phádraig agus Laethanta Domhanda na nÓg. Guímis.

Gach duine: Óir rinne an Té atá cumhachtach nithe móra dom agus is naofa a ainm.

Múinteoir: Ar son siúd a fuair bás. Go mbeadh suaimhneas síoraí acu. Guímis.

Gach duine: Óir rinne an Té atá cumhachtach nithe móra dom agus is naofa a ainm.

Comhartha na Croise

Ceacht 2: Muire Guadalúip



SULA DTOSAÍONN TÚ

Sa chlár *I nGrá Dé* i Rang a Trí/B5 chuala na páistí scéalta faoi thaispeántaí

Mhuire do Bernadette Soubirous i Lourdes sa bhliain 1858 agus do mhuintir na háite i gCnoc Mhuire, Contae Mhaigh Eo sa bhliain 1879.

Sa chlár *I nGrá Dé* chuir na páistí aithne ar Mhuire mar bhean chreidmheach a bhí caomhnaithe go speisialta ag Dia ó gach peaca, a d'admhaigh í féin mar seirbhíseach Dé ag Teach an Aingil, a thug cuairt ar a col ceathrar

Eiliosaibeit in Iúdáia, a shaolaigh Íosa, a bhí ina cónaí i Nazarat le Iósaef agus Íosa, a chuaigh in éineacht le hÍosa ar a thuras go Calvaire, a deastógáladh ar neamh agus atá anois ina Banríon ar Neamh agus ar an Domhan agus ina Máthair againn.

Sa cheacht seo cuirimid Muire Guadalúip in aithne na bpáistí agus insimid an scéal faoi conas a thaispeáin sí í féin do Juan Diego sa bhliain 1531.

EOCHAIRFHOCAIL

Taispeánadh: Teach i láthair gan choinne.

Idirghuí: Achainí thar ceann duine eile.

Dúchasach: Ag baint le háit ar leith.

Memorare: Ceann de na paidreacha is ársa do Mhuire.

NITHE A BHEIDH AG TEASTAIL UAIT

- Póstaer uimh. 9
- Bíleog mhór páipéir, páipéar A4, ábhair dhathúcháin, gliú agus siosúr do gach grúpa páiste
- Cruinneog nó léarscáil den domhan le haghaidh gach grúpa
- Páipéar A4 agus ábhair dhathúcháin do gach páiste

Féachaimis ...

AG COMHRÁ

MAIDIR LE HÍOMHÁNNA AGUS GRIANGHRAIF

Déan comhrá leis na páistí faoi íomhánna agus grianghraif díobh féin, dá dteaghlaigh agus dá gcairde, ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- An bhfuil grianghraif agat a tógadh ag céimeanna ar leith i do shaol? An bhfuil aon ghrianghraif nó íomhánna agat de do chéad lá ar scoil, de laethanta saoire teaghlaigh, den uair a bhfuair tú sacraimint an Bhaiste, An tAthmhuintearas agus an Chéad Eocairist? Déan cur síos ar an ngrianghraif is fearr leat.
- Cén fáth a bhfuil íomhánna agus grianghraif

tábhachtach? Ansin cuir na páistí in aithne le póstaer uimh. 9, a thaispeánann íomhánna de Mhuire Lourdes, Muire Cnoc Mhuire agus Muire Guadalúip. Chuala na páistí na scéalta cheana féin faoi Mhuire Lourdes agus faoi Mhuire Cnoc Mhuire. Mínigh dóibh go gcloisfidh siad faoi Mhuire Guadalúip sa cheacht seo.

Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 79 dá leabhair.

GNÍOMHAÍOCHT ATHGHAIRME

AG CUIMHNEAMH AR MUIRE

- Tabhair cuireadh do na páistí grúpaí beaga a dhéanamh.
- Iarr orthu an oiread eolais atá acu faoi Mhuire a roinnt ar a chéile agus é a chlárú faoi mar is toil leo féin.
- Beidh na sonraí seo a leanas cloiste acu faoi Mhuire cheana féin:

Bhí Muire caomhnaithe go speisialta ag Dia ó gach uile pheaca.
D'aontaigh Muire le plean Dé ag Teachtaireacht an Aingil.
Thug Muire cuairt ar a col ceathrar Eiliosaibeit

in Iúdáia.
Nuair a bhuaill sí le hEiliosaibeit, ghuigh Muire *An Magnificat* chun buíochas a ghabháil le Dia as na rudaí iontacha a rinne sé ar a son.
Thug Muire Íosa ar an saol.
Chónaigh Muire i Nazarat in éineacht le Iósaef agus Íosa.
Chuaigh Muire in éineacht le hÍosa ar a thuras deiridh go Calvaire.
Deastógáladh Muire thuas ar neamh agus tá sí anois ina Banríon Neimhe agus Banríon an Domhain agus ina Máthair againn.

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

IS FERR PICTIÚR NÁ NA MÍLTE FOCAL

Nóta: Beidh bileog mhór páipéir uait, billeoga de pháipéir A4, ábhair dhathúcháin, gliú agus siosúr do gach grúpa páiste.

- Tabhair cuireadh do na páistí grúpaí a dhéanamh. Tabhair bileog mhór páipéir do gach grúpa, roinnt ábhar ealaíne agus roinnt billeoga páipéir A4.
- Iarr ar na páistí líníocht, péinteáil nó íomhánna de Mhuire a íoslódáil agus colláis a dhéanamh. Tabhair cuireadh dóibh smaoineamh ar theideal dá gcolláis.
- Nuair a bheidh na colláis críochnaithe acu, tabhair cuireadh dóibh a obair a roinnt leis an

rang. Spreag iad le machnamh a dhéanamh ar an méid a d'fhoghlaim siad ón ngníomhaíocht seo, agus na ceisteanna seo a n-úsáid agat nó ceisteanna cosúil leo:

- » Cad a thug tú faoi deara faoi na híomhánna éagsúla de Mhuire?
- » An raibh íomhá amháin ann a thaitin go mór leat? Cén fáth?
- » An dóigh leat gur maith an rud é íomhánna éagsúla de Mhuire a bheith againn? Cén fáth nó cén fáth nach maith an rud é?
- Iarr ar na páistí a gcuid colláis a thaispeáint in aice nó sa spás urnaí.

Comhartha na Croise

Múinteoir: Tagann ár bhfreagra inniu ó urnaí molaidh Mhuire, an *Magnificat*. Deir Muire sa phaidir go bhfuil gairdeas uirthi toisc go bhfuil Dia ina Slánaitheoir. Chuir Dia Íosa chugainn mar Slánaitheoir freisin, ionas gur féidir linn gairdeas a dhéanamh le Muire. Guímis: *Rinne mo spiorad gairdeas i nDia mo Shlánaitheoir.*

Gach duine: Rinne mo spiorad gairdeas i nDia mo Shlánaitheoir.

Múinteoir: A Dhia ghrámhair, gabhaimid buíochas leat as sinn a chruthú. Cabhraigh linn fás i do ghrá i gcónaí. Guímis.

Gach duine: Rinne mo spiorad gairdeas i nDia mo Shlánaitheoir.

Múinteoir: A Dhia ghrámhair, gabhaimid buíochas leat as áthas an lae inniu, nuair a d'fhéachamar ar ais ar na grianghraif agus íomhánna go léir a thaithníonn linn. Guímis.

Gach duine: Rinne mo spiorad gairdeas i nDia mo Shlánaitheoir.

Múinteoir: A Dhia ghrámhair, guímid ar son na haoiseanna agus na daoine a gcuireann ár gcuid grianghraif agus íomhánna i gcuimhne dúinn. Guímid ar son na daoine go léir atá go deas linn.

Gach duine: Rinne mo spiorad gairdeas i nDia mo Shlánaitheoir.

Múinteoir: A Dhia ghrámhair, gabhaimid buíochas leat as na cuimhní cinn a thugann na grianghraif agus na híomhánna dúinn. Guímis.

Gach duine: Rinne mo spiorad gairdeas i nDia mo Shlánaitheoir.

Gach duine: Iomann Deiridh: Can iomann/amhrán oiriúnach.

Comhartha na Croise

Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.

Foghlaimimis ...

AG COMHRÁ

MAIDIR LE MUIRE

Tabhair chun cinn leis na páistí an méid is cuimhin leo faoi Mhuire, ag baint úsáid as na ceistanna seo nó ceistanna cosúil leo:

- An cuimhin leat an chéad scéal a chuala tú faoi Mhuire? Cén scéal a bhí ann?
- Conas a d'fhreagair Mhuire do ghlaoch Dé uirthi le bheith ina Máthair d'Íosa?
- Cad iad na paidreacha atá ar eolas agat gur

féidir linn a rá chuig Mhuire?

- Cad é an rud is tábhachtaí, i do bharúil, faoi Mhuire?
- An cuimhin leat cad is taispeánadh ann? Cé acu de thaispeántaí Mhuire an féidir leat a ainmniú?
- Cad is oilithreacht ann? Cad a thugaimid ar oilithreachtaí chuig láithreacha a bhaineann le Mhuire?

SCÉAL

Taispeánadh Mhuire Guadalúip

Ar ais sa bhliain 1531, tháinig taiscéalaithe Eorpacha isteach i Meiriceá Theas. Thosaigh cuid acu ag iarraidh saibhreas a fháil, agus thosaigh cuid eile ag craobhscaoileadh scéal Íosa do na daoine áitiúla. Ceann de na daoine a chuala scéal Íosa, agus a bhí ag iarraidh a bheith ina bhall de lucht leanúna Íosa, ná Astacach meánaosta darbh ainm Juan Diego. Bhí sé ina chónaí in áit a dtabharfaí Guadalúip air, i Meicsiceo, i Meiriceá Láir. Ag an am sin thug na hAstacaigh adhradh do dhéithe bréagacha. Ach, sar i bhfad, bheadh Juan ina Chaitliceach.

Lá amháin bhí Juan Diego ag siúl thar Chnoc Tepeyac ar a bhealach chun Aifrinn nuair a chonaic sé bean álainn ina seasamh ar an gcnoc. Bhí ciorcal de sholas na gréine mórthimpeall uirthi. Labhair sí le Juan ina theanga dhúchais féin agus dúirt sí: 'A mhic mhuirne, tá grá agam duit. Ba mhaith liom go mbeadh aithne agat orm. Is mise Mhuire síor-ógh, Máthair Dé a thugann beatha do gach rud beo. Chruthaigh sé gach rud. Tá sé i ngach áit. Tá sé ina Thiarna ar neamh agus ar talamh. Ba mhaith liom go dtógfaí séipéal san áit seo inar féidir le do mhuintir teacht chun guí a dhéanamh agus chun m'atrua a fháil. Is féidir le gach duine a thagann anseo mo chabhair a iarraidh dá gcuid oibre agus dá ndóláis. Cabhróidh mé leo faoi mar a chabhraíonn máthair lena cuid leanaí. Mar sin, rith anois chuig Tenochtitlan agus inis don easpag an méid a chonaic tú agus a chuala tú.'

Láithreach, d'imigh Juan go Tenochtitlan. D'iarr sé cruinniú leis an easpag, Fray Juan de Zumárraga. Ach, bhí an t-easpag agus a sheirbhísigh amhrasach faoi scéal Juan. D'iarr siad ar Juan comhartha a thabhairt ar ais ón bhean mar chruthú ar cérbh í.

Gheall Mhuire comhartha a thabhairt don easpag, ach d'iarr sí ar Juan Diego teacht ar ais chun bualadh léi an lá dár gcionn. Ach mo léan, ní raibh Juan in ann filleadh ar an gcnoc an lá dár gcionn toisc go raibh sé ag tabhairt aire dá uncail a bhí go dona tinn. Tar éis dhá lá d'imigh Juan chun sagart a fháil toisc go raibh a uncail ag fáil bháis. Bhí náire air toisc nach ndeachaigh sé chun bualadh le Mhuire, faoi mar a d'iarr sí, agus mar sin ghlac sé bealach difriúil chun í a sheachaint. Ach, mar sin féin, bhuail Mhuire leis agus d'iarr sí air cá raibh sé ag dul. Mhínigh Juan di an méid a tharla agus dúirt Mhuire leis nach mbeadh sagart ag teastáil óna uncail mar go dtiocfadh biseach iomlán air. Dúirt sí na focail seo freisin leis, focail atá inscríofa anois thar dhoras na Baislice i nGuadalúip: 'Nach anseo atá mé, mise atá mar mháthair agaibh?' Ansin, d'iarr Mhuire ar Juan roinnt bláthanna, a bhí ag fás ar bharr an chnoic, a bhailiú agus a thabhairt di.

In ainneoin an aimsir fuar ar an gcnoc, tháinig Juan ar neart rósanna Caistíleacha a bhí faoi bhláth. Bhailigh sé na bláthanna sa *tilma* aige, fallaing cosúil le painseó déanta as snáithín cachtais, agus thug sé chuig Mhuire iad. Chuir Mhuire eagar ar na bláthanna agus d'iarr sí ar Juan iad a thabhairt chuig an easpag. Ba é seo an comhartha a roghnaigh sí le bheith ag an easpag. D'iarr sí arís ar an easpag go ndéanfaí séipéal a thógáil ar Chnoc Tepeyac.

D'fhill Juan ar ais ar an easpag agus chuir sé a tilma ina láthair leis na rósanna. Nuair a d'oscail sé an tilma, thit na bláthanna ar an talamh agus nochtadh íomhá den Mhaighdean Mhuire, díreach mar a bhí feicthe ag Juan, ar



• • •

an tilma. Láithreach, thit an t-easpag agus a sheirbhísigh ar a gcuid glúine.

An lá dár gcionn, bhail Juan lena uncail, agus é i mbarr a shláinte. Dúirt a uncail leis go raibh fíis aige freisin, ar bhean álainn a dúirt go dtabharfaí *Santa Maria de Guadalupe* ar an íomhá.

Sé bhliain tar éis na n-imeachtaí seo, bhí sé mhíle Astacaigh ina lucht leanúna Íosa. Is í Muire Guadaluíp Éarlamh Mheicsiceo agus Críocha Mheiriceá. Tugann Meiriceánaigh Dúchasacha urraim di freisin. Gach bliain, téann suas le fiche milliún oilithrigh, ó gach cearn den domhan, chun cuairt a thabhairt ar an scrín ag Guadaluíp. Ceiliúrtar féile Mhuire Guadaluíp i Stáit Aontaithe Mheiriceá ar 12 Nollaig.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cá bhfaca Juan Diego fíis Mhuire?
- Cad a dúirt Muire le Juan? Cad a dúirt sí a bhí ag teastáil uathí? Cár theastaigh uathí go dtógfaí an séipéal?
- Ar dtús níor chreid an t-easpag scéal Juan. Cad a d'iarr an t-easpag mar chruthú go raibh an scéal fíor?
- Cad a d'iarr Muire ar Juan a bhailiú ó bharr an chnoic? Cár chuir Juan na bláthanna?
- Cad a tharla nuair a d'oscail Juan a tilma chun na bláthanna a thaispeáint don easpag?

- Cérbh é an chéad duine ar insíodh ainm Íomhá Mhuire dó?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Cén fáth, dar leat, nár chreid an t-easpag scéal Juan ar dtús? An gcreidfeá é ar dtús?
- Cén fáth a dtéann daoine ar oilithreach go dtí Guadaluíp?

Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 80 dá leabhair.

GNÍOMHAÍOCHT

RÓL-IMIRT

Tabhair cuireadh do na páistí péirí a dhéanamh agus an comhrá a d'fhéadfadh a bheith ann idir Juan Diego agus a uncail tar éis biseach a theacht air, a chruthú.

COMHAD FIRICÍ

AN ÍOMHÁ AR TILMA JUAN DIEGO

Léigh amach na fíricí spéisiúla agus mistéireacha seo faoin íomhá de Mhuire a bhí le feiceáil ar tilma, nó clóca Juan Diego. Agus seo á dhéanamh agat, taispeáin an íomhá (ar líne) agus tóg sos anois agus arís chun seans a thabhairt do na páistí scrúdú a dhéanamh ar na sonraí atá á gcur i láthair.

- Ón am a bhí an íomhá de Mhuire Guadaluíp le feiceáil den chéad uair ar tilma Juan Diego, bhí baint aige le roinnt tionóiscí nádúrtha agus tubaistí, cosúil le tinte, tuilte, buamáil agus turgnaimh taighde iomadúla, ach tá sé fós gan damáiste a bheith déanta di. Sa bhliain 1921 cuireadh buama sa séipéal ina raibh an tilma coinnithe. In ainneoin an scrios a deineadh de bharr an buama, bhí an tilma gan dochar.
- Sa bhliain 1977 scrúdaíodh an tilma le trealamh speisialta, ach tá an modh ina rinneadh an íomhá ar an tilma fós ina rúndiamhair. Ní raibh aon fhianaise le fáil go bhfuil an íomhá ar an tilma péinteáilte.
- Ba cheart go mbeadh meath tagtha ar an tilma le blianta fada ó shin, ach tá sé fós caomhnaithe

go foirfe. Inniu, tá an tilma ar taispeáint in ardeaglais mhór a tógadh chun freastal ar na mílte oilithrigh a thagann.

- Léiríonn aghaidh Mhuire ar an tilma ton craiceann dorch. Aghaidh chailín mestiza (de chine measctha, de ghnáth gur Meiriceánach Indiach agus Spáinneach iad a tuismitheoirí) atá le feiceáil. Nuair a tharla an taispeánadh ní raibh aon déagóirí mestiza i Meicsiceo. Creidtear go raibh Muire ag cur an bhéim ar na deacrachtaí a bheadh ag na mestiza, a bheadh diúltaithe ag na hIndiaigh agus ag concairí na Spáinne araon. San íomhá, tá lámh dheas Mhuire níos gile agus níos míne ná a lámh eile. Tá a lámh chlé níos dorch agus níos tibhe. Siombail é seo d'aontas dhá chine éagsúla





daoine. Cuireann sé i gcuimhne dúinn go bhfuilimid go léir mar an gcéanna i súile Dé.

- Chaith Muire gúna Giúdach ó dhá mhíle bliain ó shin. Seasann dath an róis don talamh. D'fhéadfadh dhá chiall a bheith le seo: breacadh de ré nua sa stair, nó comhartha mairtíreachais don chreideamh.
- Seasann an dearadh óir ar chulaith Mhuire do léarscáil le línte a thaispeánann gnéithe fisiciúla de shléibhte, aibhneacha agus locha i lár Meicsiceo.
- Is comhartha iad na réaltaí ar an gclóca go bhfuil sibhialtacht nua ag tosú. Thug na hIndiaigh adhradh do na réaltaí. Anseo, tá Muire ag tabhairt le fios go bhfuil a Dia níos cumhachtaí ná na réaltaí. Léiríonn na réaltaí ar

a clóca seasamh na réaltaí sa spéir, mar a bhí siad le feiceáil, le linn di í féin a thaispeáint do Juan Diego ar Dé Máirt, 12 Nollaig, 1531.

- Tá bláth amháin le ceithre pheitil, a dtugtar an *nahui ollin* air, ar chulaith Mhuire. Léiríonn sé lár na cruinne, áit a gcreideann na hAstacaigh go bhfuil Dia le fáil.
- Tá Muire timpeallaithe ag solas geal, í ina seasamh ar an ngealach agus réaltaí ar a clóca. Luíonn an íomhá seo leis an sliocht as leabhar Apacailipsis Eoin sa Bhíobla: 'Ansin thaibhsigh an comhartha mór sa spéir, bean a raibh an ghrian mar bhrat uimpi agus an ghealach faoina cosa agus coróin de dhá réalta déag ar a ceann' (Apac 12:1).

GLAC NÓIMÉAD

Ag baint úsáid as na focail seo nó focail cosúil leo, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a thógáil le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid ... Is féidir libh na súile a dhúnadh ... Smaoinigh ar an íomhá de Mhuire Guadalúip a bhí le feiceáil ar tilma Juan Diego ... Nuair a dhéanaimid machnamh ar Mhuire, Máthair Dé, cuimhnímid gur mian léi sinn a threorú chuig a

Mac, Íosa ... Tóg beagán ama le machnamh a dhéanamh ar an méid a tharla do Juan Diego ... Gnáth lá ina shaol a bhí ann agus bhí sé ar a bhealach chuig an Aifreann nuair a casadh Muire, Máthair Dé, air ... dúirt Muire leis go raibh grá aici dó agus gur thug sí aire dó ...

Samhlaigh Muire ag rá na rudaí céanna leat inniu ... Conas a thabharfá freagra uirthi? ... Nuair atá tú réidh, oscail na súile.

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE AGUS URNAÍ

MUIRE GUADALÚIP

- Tabhair cuireadh do na páistí a n-íomhá féin de Mhuire Guadalúip a tharraingt sa chóipleabhar don Oideachas Reiligiúnach.
- Ansin tabhair cuireadh dóibh an urnaí chuig Muire Guadalúip a rá. Mínigh do na páistí nuair a ghuíonn siad an phaidir seo, go mbíonn siad ag guí ar son na síochána agus na haontachta ar domhan.

Paidir chuig Muire Guadalúip

A Dhia na cumhachta agus na trócaire,
bheannaigh tú tíortha
Mheiriceá ag Tepeyac le láithreach na

Maighdine Mhuire ag Guadalúip.

Go gcabhródh a cuid paidreacha le gach fear agus bean

glacadh lena chéile mar dheartháireacha agus deirfiúracha.

Trí do cheartas i láthair inár gcroíthe go raibh do shíocháin i réim ar fud an domhain. Iarraimid é seo trínár dTiarna Íosa Críost, do Mhac, a mhaireann agus a rialaíonn leatsa agus leis an Spiorad Naomh, aon Dia amháin, go brách. Áiméan.

AG COMHRÁ

MAIDIR LE CABHAIR A IARRAIDH AR MUIRE

Tosaigh ag comhrá leis na páistí faoi cad a dhéanann siad nuair a theastaíonn uathu rud éigin a dhéanamh nó nuair ba mhaith leo rud éigin a dhéanamh ach go mbíonn cead ag teastáil, ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cé uathu a iarrann tú na rudaí a bhíonn uait de ghnáth? An bhfaigheann tú a mbíonn uait i gcónaí?
- Cé a déarfadh 'ní hea' leat agus rud éigin á iarraidh agat? Cén fáth a déarfadh siad amhlaidh?
- Cé a d'iarr rud éigin ort le déanaí? Ar thug tú dóibh an méid a d'iarr siad ort? Cén fáth nó cén fáth nár thug tú?
- An bhfuil duine éigin ann, a bhfuil aithne agat orthu, gur féidir leat cabhair a iarraidh orthu agus go bhfaighidh tú i gcónaí í?

Ansin cuir i gcuimhne na bpáistí gur féidir linn casadh i gcónaí chuig Muire, ár Máthair, agus an méid atá uainn a iarraidh uaithi. Bíonn Muire i gcónaí ag faire amach dúinn. Teastaíonn uaithi an rud is fearr do gach duine againn a fháil dúinn. Creidimid go gcloiseann Muire ár bpaidreacha agus go dtugann sí chuig a Mac, Íosa, iad.

Abair leis na páistí gur urnaí an-aosta chuig Muire í an *Memorare*, trínar féidir linn an méid atá uainn a iarraidh ar Mhuire. Tabhair cuireadh do na páistí an phaidir seo a léamh in éineacht leat ó leathanach 81 nó leathanach 107 dá leabhair. Seans go mbeidh ort a chur i gcuimhne na bpáistí ar dtús an bhrí a bhaineann leis an bhfocal 'idirghuí'; gheobhaidh siad míniú ar 'idirghuí' san 'Eochairfhocail' ar leathanach 79 dá leabhair.

An Memorare

Cuimhnigh, a Mhaighdean Mhuire róghrámhar,
nár chualathas trácht ar éinne
riamh a chuir é féin faoi do choimirce
ná a d'iarr cabhair ort
ná a d'impigh d'idirghuí is gur theip tú air.
Lán de mhuinín asat, dá bhrí sin, rithimse
chugat,
a Mhaighdean na maighdean is a Mháthair.
Is chugatsa a thagaim, is os do chomhair a
sheasaim,
i mo pheacach bocht atuirseach.
Ó a Mháthair an Aonmhic, ná diúltaigh do
m'urnaithe
ach éist leo go trócaireach agus freagair iad.
Áiméan.

GNÍOMHAÍOCHT

CÁ AR DOMHAN?

- Roinn na páistí i ngrúpaí. Beidh léarscáil den domhan nó cruinneog ag teastáil ó gach grúpa.
- Iarr ar na páistí na háiteanna éagsúla inar thaispeáin Muire í féin a ainmniú agus na háiteanna sin a aimsiú ar an léarscáil nó ar an gcruinneog:
 - » Lourdes, an Fhrainc
 - » Fatima, an Phortaingéil
 - » Cnoc Mhuire, Éire
 - » Guadalúip, Meicsiceo
- Ansin iarr ar na páistí bratacha na dtíortha sin a tharraingt sa chóipleabhar don Oideachas Reiligiúnach.

Mairimis ...

CAD A MHÚIN TÚ?

Sa bhliain 1531 thaispeáin Muire í féin do Juan Diego i nGuadalúip, Meicsiceo agus ó shin i leith is áit mhór oilithreachta í. Dúirt Muire le Juan gur ise Máthair an Fhíor-Dhé a chruthaigh an uile ní, a thugann beatha do gach ní, atá i ngach áit agus atá ina Thiarna ar neamh agus ar talamh. Dúirt Muire leis go bhféadfadh gach duine dul chuici

chun cabhair a fháil uaithi, agus go gcabhróidh sí leo faoi mar a chuidíonn máthair lena clann. Nuair a ghuímid chuig Muire le creideamh, is féidir linn a bheith cinnte go n-éistfidh sí lenár nguí. Chuireamar an *Memorare* in aithne na bpáistí. D'fhoghlaim na páistí faoi íomhá Mhuire ar tilma Juan Diego freisin.

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

FÓGRA OILITHREACHTA

Nóta: Beidh bileog páipéir A4 agus ábhair dhathúcháin ag teastáil do gach páiste.

- Iarr ar na páistí comhrá a dhéanamh faoi cén fáth gur mhaith le daoine dul ar oilithreacht in onóir Mhuire.
- Ansin iarr ar na páistí ceann de Scrínte Mhuire, a chuala siad futhu, a rogha agus chun

leathanach a dhearadh a bheadh oiriúnach le cur in irisleabhar paróiste nó nuachtlitir ag tabhairt spreagadh do dhaoine dul ar oilithreacht.

- Tabhair cuireadh do na páistí a gcuid oibre a thaispeáint don chuid eile den rang sula gcuirtear sa spás urnaí é.



Ullmhúchán:

- *Más féidir, bíodh na páistí ina suí thart nó gar don spás urnaí. Mura féidir é seo a dhéanamh, tabhair cuireadh dóibh a gcathaoireacha a chasadh i dtreo an spás urnaí.*
- *Bíodh cros chéasta/cros, coinneal agus an Bíobla Naofa sa spás urnaí.*
- *Bíodh sleamhnáin de Chnoc Mhuire, Lourdes, Guadalúip agus cruinniú de Lá Domhanda na nÓg ullamh agat le taispeáint ag an am cuí i rith na seirbhíse.*
- *Tabhair cuireadh do na páistí a leabhair a oscailt ar leathanach 81 nó 107 chun na focail den Memorare a léamh.*

Comhartha na Croise

Iomann Oscailte: Can iomann/amhrán oiriúnach in onóir Mhuire

Múinteoir: Inniu cuimhnímid ar gach rud a chualamar faoi oilithreachtaí agus faoi na daoine a théann ar oilithreachtaí. Téann daoine ar oilithreachtaí chun am a chaitheamh ar shiúl óna ngnáthghníomhaíochtaí ionas gur féidir leo smaoineamh ar a saol agus ar a gcaidreamh le Dia.

Cuimhnímid ar an scéal a bhaineann le taispeánadh Mhuire ag Cnoc Mhuire. (*Taispeáin sleamhnán de Chnoc Mhuire*) Iarraimid ar Mhuire éisteacht le paidreacha gach duine a théann ar oilithreachtaí go Cnoc Mhuire. Guímís le chéile: *A Mhuire, Chnoc Mhuire, guigh orainn.*

Gach duine: A Mhuire, Chnoc Mhuire, guigh orainn.

Múinteoir: Cuimhnímid ar scéal taispeánadh Mhuire ag Lourdes. (*Taispeáin sleamhnán de Lourdes*) Smaoinímid ar na daoine go léir a chuaigh go

Lourdes thar na blianta. Smaoinímid orthu siúd ar fad a leigheasadh i Lourdes. Guímís go mbeidh leigheas ar fáil ag gach duine a thugann cuairt ar Lourdes. Guímís le chéile: *A Mhuire Lourdes, guigh orainn.*

Gach duine: A Mhuire Lourdes, guigh orainn.

Múinteoir: Cuimhnímid ar an méid a chualamar faoi Lá Domhanda na nÓg. Smaoinímid ar na mílte daoine óga a théann ó gach aird den domhan le bheith i láthair ag Lá Domhanda na nÓg. (*Taispeáin sleamhnán de Lá Domhanda na nÓg*) Smaoinímid ar Naomh Eoin Pól II a ghlaoigh an chéad Lá Domhanda na nÓg le chéile. Iarraimid ar Naomh Eoin Pól II a iarraidh ar Dhia gach duine óg a bheannú, cibé áit ar domhan a bhfuil siad. Guímís le chéile: *A Naoimh Eoin Pól II, guigh orainn.*

Gach duine: A Naoimh Eoin Pól II, guigh orainn.

Múinteoir: Cuimhnímid ar scéal taispeánadh Mhuire le Juan Diego i Meicsiceo. (*Taispeáin sleamhnán de íomhá Mhuire ar chlóca Juan Diego*) Smaoinímid ar na daoine go léir a théann chuig Guadalúip gach bliain chun guí chuig Muire Guadalúip. Iarraimid ar Mhuire Guadalúip éisteacht lenár gcuid paidreacha. Guímís le chéile: *A Mhuire Guadalúip, guigh orainn.*

Gach duine: A Mhuire Guadalúip, guigh orainn.

Múinteoir: Le críoch a chur lenar seirbhís urnaí guímís an *Memorare* le chéile. Tá na focail ar fáil ar leathanach 81 nó ar leathanach 107 ded' leabhar.

Gach duine: *An Memorare* (Cuimhnigh, a Mhaighdean Mhuire róghrámhar ...)

Amhrán deiridh: Can iomann/amhrán oiriúnach in onóir Mhuire.

Laethanta Domhanda na nÓg

Bliain/Láthair

Téama

1986 An Róimh, an Iodáil	1 Pdr 3:15
1987 Buenos Aires, an Airgintín	1 Eoin 4:16
1989 Santiago de Compostela, an Spáinn	Eoin 14:6
1991 Czestochowa, an Pholainn	Ró 8:15
1993 Denver, SAM	Eoin 10:10
1995 Mainile, Na hOileáin Philipíneacha	Eoin 20:21
1997 Páras, an Fhrainc	Eoin 1:38-39
2000 An Róimh, an Iodáil	Eoin 1:14
2002 Toronto, Ceanada	Mt 5:13, 14
2005 Köln, an Ghearmáin	Mt 2:2
2008 Sydney, An Astráil	Achtanna 1, 8
2011 Maidrid, an Spáinn	Col 2:7
2013 Rio de Janeiro, an Bhrasaíl	Mt 28:19
2016 Krakow, an Pholainn	Mt 5:7

Téama 10: Athmhuintearas

Ceacht 1: Tugann Dia maithiúnas dúinn.

Ceacht 2: Iarrann Dia orainn maithiúnas a thabhairt do dhaoine eile.

ÓN GCURACLAM

Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ

Rúndiamhair Dé

- Tá grá ag Dia dom agus tá aithne phearsanta aige orm
- Chuir Dia Íosa chugainn chun sinn a shábháil ónár bpeacaí

Rúndiamhair Íosa Críost

- D'iarr Íosa ar dhaoine aithrí a dhéanamh agus an Dea-Scéal a chreidiúint, is é sin, teacht Ríocht Dé
- Chabhraigh Íosa le daoine athrú agus 'bláthú' (iompú)

Rúndiamhair an Spioraid Naoimh

- Is é an grásta ná láithreach obair an Spioraid Naoimh ionainn. Teastaíonn bronntanas an ghrásta uainn agus faighimid é ar bhealach speisialta trí urnaí a dhéanamh agus nuair a ghlacaimid na sacraimintí

Cruthú an domhain

- Bhí an oiread sin grá ag Dia dúinn gur chruthaigh sé an domhan agus sinne inár gcónaí ann le go mbeimid in ann a shaol agus a ghrá a roinnt (Eif 1:5-6)

Rúndiamhair na hEaglaise/na Ríochta

- Taispeánann an Eaglais aghaidh Dé do dhaoine agus tugann sí grá Dé do chách
- Is é an Pápa ionadaí Íosa mar cheannaire na hEaglaise ar talamh, mar chomharba ar Naomh Peadar, ceannaire na nAspal

Muire

- Déanann Muire agus na naoimh idirghuí ar ár son le Dia

BRIATHAR DÉ

An Scrioptúr Naofa

Plean grámhar Dé don Slánú

- Salm 116

Saol Poiblí Íosa

- Lúc 15:4-7. Parabal na caorach a bhí imithe amú
- Lúc 15:8-10. Parabal an bhoinn a bhí imithe amú
- Lúc 19:1-10. Íosa agus Zacháias
- Mth 5:38-48. Gráigh do naimhde
- Mth 5:44. Grá do Naimhde
- Mth 18:21-35. An Féicheamh a bhí Dian san Éileamh

LIOTÚIRGE AGUS URNAÍ

Urnaí

Urnaí Fhoirmeálta

- Comhartha na Croise
- Gníomh Dóláis
- An Fhaoistin Choiteann

Paidreacha Breise

- Freagraí an Aifrinn
- Salm 116:5
- Paidir ag iarraidh Maithiúnais
- Paidir tar éis Maithiúnais

Na Sacraimintí

- Thug Íosa maithiúnas do pheacaigh agus thug sé ar ais dá bpobal iad
- Léiríonn Críostaithe a gcreideamh in Íosa trí mhaithiúnas a thabhairt agus trí ghlacadh le maithiúnas
- Iarrann Íosa ar a lucht leanúna: 'an té a thugann buille sa leiceann dheas duit, iompaigh chuige an leiceann eile freisin; agus an té a chuirfeadh an dlí ort chun do léine a bhreith uait, scaoil leis do bhrat chomh maith'
- Dlí an mhaithiúnais
- Deir Íosa lena lucht leanúna maithiúnas gan teora a thabhairt
- Leanann Sacraimint an Athmhuintearais ar aghaidh le hobair an mhaithiúnais agus athmhuintearais a thosaigh Íosa
- I Sacraimint an Athmhuintearais casaimid le hÍosa Aiséirithe
- Peaca: aon rud ar a smaoiníonn tú, a dhéanann tú, a deir tú nó aon rud ar chóir duit a dhéanamh agus nach ndéanann tú agus a mhíleann nó a bhriseann do chairdeas le Dia, le



daoine eile nó leis an gcruthú (peacaí faillí agus peacaí a dhéanamh trí ghníomh)

- Déanaimid peaca nuair a dhiúltaímid grá a thabhairt do Dhia agus dár gcomharsa agus nuair nach dtaispeánaimid meas ar chruthú Dé mar a mhúin Íosa dúinn a dhéanamh
- Is ionann peaca agus aon rud a bhriseann dlí ghrá Íosa
- Cé go gcuireann gach peaca díomá ar Dhia, tá roinnt peacaí nach bhfuil chomh tromchúiseach (peacaí solathacha) agus tá roinnt peacaí atá an-tromchúiseach (peacaí marfacha)

An tAifreann

- Struchtúr an Aifrinn
- Gníomh Aithrí

MÓRÁLTACHT CHRÍOSTAÍ

Saoirse agus Freagracht an Duine

- Teastaíonn cabhair Dé (grásta) uainn chun an saoirse sin a úsáid ar bhealach freagrach
- Tá grásta Dé ag teastáil uainn chun an ceann is fearr a fháil ar an gcathú agus chun an peaca a sheachaint

ÓN GCROÍSHIOLLABAS DON OIDEACHAS REILIGIÚNACH

Tógtha ón gCroíshiollabas don Oideachas Reiligiúnach ón Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann (2007).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

CUSPÓIR FOGHLAMA 1

Foilsíú Dé

Dia agus an Bíobla

b. Cruthú agus Titim.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- Fiosrú faoin dóigh a mbaineann daoine mí-úsáid as a gcumhacht chruthaitheach.

c. Conradh Dé lena chine tofa.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a cur ar fáil do dhaltaí:

- Éisteacht le scéalta a nochtann buanchúram Dé i leith riachtanais, ábhair imní agus deacrachtaí an duine, agus plé a dhéanamh orthu.

Beatha Íosa

f. Ministreacht Íosa.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- Iarmhairtí agus impleachtaí chaidreamh Íosa le daoine a fháil amach, a phlé agus a fhorbairt.
- Staidéar a dhéanamh ar theagasc Íosa bunaithe ar pharabail agus ar ráitis thábhachtacha ón tSeanmóir ar an Sliabh go háirithe, agus an bhaint atá acu le saol an lae inniu a thaispeáint – Lúcas 15; Matha 5:1-12.

CUSPÓIR FOGHLAMA 2

An Eaglais Chríostaí

c. Adhradh agus Urnaí.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- A aithint gur féidir go mbíonn baint ag an urnaí agus ag an adhradh le hócáidí agus le háiteanna speisialta.

CUSPÓIR FOGHLAMA 3

An Mhóráltacht

a. Féinmheas.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- A aithint gur indibhidí iad a bhfuil grá agus meas orthu.
- Forbairt a dhéanamh ar a scileanna fisiceacha, spioradálta, morálta, mothúchánacha agus sóisialta féin.
- Tosú ar a laigí féin a aithint agus glacadh leo.

Ceacht 1: Tugann Dia maithiúnas dúinn



SULA DTOSAÍONN TÚ

Sa cheacht seo tugaimid deis do na páistí machnamh a dhéanamh ar ghrá agus ar mhaithiúnas Dé. Foghlaimeoidh siad go mbíonn Dia réidh i gcónaí bronntanas an mhaithiúnais a thabhairt do dhaoine. Maitheann Dia gach peaca, idir mór (marfach) agus beag (solathach). Baineann go leor brí leis an bhfocal 'peaca'. Sa cheacht seo foghlaimeoidh na páistí go ndéanann gach peaca damáiste dar gcaidreamh le Dia agus le daoine eile.

Beidh deis ag na páistí freisin a thabhairt chun cuimhne a bhfuil foghlamtha acu cheana féin faoi mar a tháinig Íosa chun grá

Dé a thaispeáint dúinn agus cén chaoi atá ar mhaithiúnas Dé. Inniu, leanann Íosa ag maitheamh peacaí ar bhealach an-speisialta trí fhocail agus gníomhartha an tsagairt ag an Aifreann (an Gníomh Aithrí) agus trí Sacraimint an Athmhuintearais a cheiliúradh.

Tá an ceacht seo rithábhachtach chun tús a chur le tuiscint níos doimhne a bheith ag na páistí ar ghrá agus ar mhaithiúnas Dé. Má ghlacann siad go fírinneach le grá Dé dóibh is ea is mó a thuigfidh siad go mbíonn Dia réidh i gcónaí chun maithiúnas a thabhairt dóibh.

EOCHAIRFHOCAIL

Peaca: Rud ar bith a dhéanaimid nó a deirimid a bhriseann dlí ghrá Íosa agus a lagaíonn nó a dhéanann dochar dár gcairdeas le Dia.

Peaca Marfach: Is peaca tromchúiseach é seo a mhileann ár gcairdeas le Dia.

Peaca Solathach: Is peaca é seo nach bhfuil chomh tromchúiseach le peaca marfach. Ach d'fhéadfadh a lán peacaí solathacha an-dochar a dhéanamh dár gcaidreamh le Dia.

Grá agus maithiúnas Dé: Tá maithiúnas Dé níos mó ná peaca ar bith.

Grá Neamhchoinníollach: Is grá é seo nach bhfuil aon choinníoll ag baint leis. Tá grá Dé neamhchoinníollach. Beidh grá i gcónaí ag Dia dúinn.

NITHE A BHEIDH AG TEASTAIL UAIT

- Cóip de theimpléad an chroí (thíos) do gach páiste, dathanna (nach marcóirí iad), siosúr, pollaire, sreangán, agus ceann amháin nó níos mó crochairí éadaí.

Féachaimis ...

AG COMHRÁ

MAIDIR LE GRÁ AGUS MAITHIÚNAS DÉ

NÓTA DON MHÚINTEOIR: Ní mór eolas faoi pheacaí a mhúineadh I gcomhthéacs ghrá neamhchoinníollach Dé.

- Tosaigh agus iarraidh ar na páistí an sainmhíniú ar 'grá neamhchoinníollach' san 'Eochairfhocail' ar leathanach 82 dá leabhair a léamh.
- Ansin iarr ar na páistí smaoineamh ar na coincheapa a bhaineann le grá neamhchoinníollach agus an peaca. Cuir ceistanna orthu cosúil le: Conas a chuirfeá síos ar ghrá neamhchoinníollach? An gceapann tú go bhfuil grá neamhchoinníollach ag éinne duitse? (tuismitheoirí/caomhnóirí, Dia) Conas a bheadh a fhios agat go raibh grá neamhchoinníollach ag duine éigin duit?
- Chuir Dia Íosa ar domhan chun a thaispeáint do dhaoine cén chaoi a bhí ar ghrá Dé agus chun a insint dóibh go mbeadh grá ag Dia i gcónaí dóibh. Conas a bhraitheann tú grá neamhchoinníollach Dé i do shaol? Conas atá a fhios agat go bhfuil grá ag Dia duit?
- Iarr ar na páistí smaoineamh ar cad is brí leis an bpeaca. Cad is peaca ann? Ansin iarr ar na páistí an sainmhíniú ar 'pheaca' a léamh ón 'Eochairfhocail' ar leathanach 82 dá leabhair.
- Nuair a theipeann orainn maireachtáil mar is mian le Dia dúinn, is féidir linn filleadh ar Dhia i gcónaí. Níl le déanamh againn ach brón a bheith orainn agus maithiúnas a iarraidh ar Dhia. Tá Dia réidh i gcónaí chun maithiúnas a thabhairt dúinn.

SCÉAL

Leanfar ar aghaidh leis an scéal seo sa chéad ceacht eile.

Jodi agus a hAthair (Cuid 1)

Bhí athair Jodi ar buile toisc go raibh Jodi tar éis a ríomhaire glúine a úsáid, gan a chead, agus scrios sí doiciméad tábhachtach, a raibh sé ag obair air, chun spás a dhéanamh dá tionscadal scoile féin.

'Dúirt mé leat cead a lorg i gcónaí sula n-úsáideann tú mo ríomhaire glúine,' a dúirt a hathair, 'agus ní féidir liom a chreidiúint gur scrios tú mo dhoiciméad gan seiceáil liom go raibh sé ceart go leor é sin a dhéanamh. Níl a fhios agat cé chomh tábhachtach is a bhí an comhad sin ó thaobh mo chuid oibre de.'

'Bhuel, ní raibh tú anseo, mar sin ní raibh mé in ann ... agus thug an tUasal Ó Murchú rabhadh dúinn ár gcuid tionscadal a bheith críochnaithe againn inniu,' a dúirt Jodi.

'D'fhéadfá téacs a chur chugam nó fanacht go dtí gur tháinig mé abhaile,' d'fhreagair a hathair, 'agus ní bhfuair tú an tionscadal inné ... luaigh tú linn é an tseachtain seo caite, agus is cosúil gur fhág tú go dtí an nóiméad deireanach é chun é a dhéanamh, mar is gnách. Anois, caithfidh mé mo thuairisc a athscríobh agus an aga moille a mhíniú do mo cheannasaí ... é seo go léir mar gheall ar an méid a rinne tú.'

'Bhuel, tá an locht ar an sean ríomhaire glúine sin ... ní mór dúinn ceann nua a fháil,'

arsa Jodi ag gearán. 'Agus shíl mé gur choinnigh tú cóipeanna de gach rud a rinne tú ... is é sin an rud a insíonn tú domsa a dhéanamh ... agus mar sin shíl mé go bhféadfainn an doiciméad a scriosadh chun cuimhne a shaoradh!'

'Sean ríomhaire glúine atá ann ceart go leor,' a dúirt athair Jodi go suaimhneach, 'agus is trua nach raibh cóip déanta agam. Ach tá damáiste tromchúiseach fós déanta agat.'

'Ní féidir liom aon rud a dhéanamh faoi anois,' bhéic Jodi, agus d'fhéadfadh sí an tuin ghéar a chloisteáil ina guth féin. 'Ní féidir liom é a fháil ar ais, mar sin an féidir linn dearmad a dhéanamh air?'

'Tá an ceart agat, ní féidir leat é a fháil ar ais,' d'fhreagair a hathair. 'Ach ní mór duit freagracht a ghlacadh as an méid atá déanta agat agus a rá gur mícheart an méid a rinne tú.'

Dhiúltaigh Jodi súile a hathair a bhaint amach.

'Is féidir liom a fheiceáil go bhfuil sé an-deacair ort an méid sin a dhéanamh anois, ach tá sé tábhachtach,' lean a hathair, 'agus b'fhéidir, le himeacht aimsire, go mbeidh tú in ann a rá go bhfuil brón ort. B'fhéidir gur mhaith leat smaoineamh ar an méid sin agus pléimid cúrsaí amach anseo.' Agus leis sin, thóg athair Jodi a ríomhaire glúine in airde agus dhírigh sé ar a dheasc.



Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cad a rinne Jodi a chuir isteach ar a hathair?
- Cad é mar a d'fhreagair Jodi nuair a thaispeáin a hathair di na hiarmhairtí tromchúiseacha a bhain lena gníomh?
- Cad a bhí athair Jodi ag iarraidh uirthi a dhéanamh?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- An dóigh leat go raibh sé mícheart ag Jodi comhad a hathar a scriosadh gan a chead? Cén fáth nó cén fáth nach raibh sé mícheart?
- Cad a cheapann tú faoin mbealach inar fhreagair Jodi nuair a labhair a hathair léi?

- Cad a cheapann tú faoin méid a dúirt athair Jodi léi faoin méid gur cóir di a dhéanamh? An aontaíonn tú leis?
- Cad iad na focail a d'úsáidfeá chun cur síos a dhéanamh ar athair Jodi – an cineál duine a bhí ann?
- Conas a d'fhreagródh athair Jodi dá mbeadh brón uirthi faoin méid a rinne sí?
- An dóigh leat, b'fhéidir, gur cheart do Jodi labhairt le Dia freisin? Cad ba chóir di a rá le Dia, dar leat? Agus conas a d'fhreagródh Dia, dar leat?
- Cad a dhéanfa dá mba tusa Jodi?

Dirigh aire na bpáistí chuig leathanach 82 dá leabhair.

PAIDIR

Comhartha na Croise

Múinteoir: Gabhaimid buíochas le Dia as a ghrá neamhchoinníollach, a thrócaire agus a atrua. In ár n-urnaí inniu, úsáidfidimid na focail seo ó Salm 116 mar fhreagra: Is ceansa an Tiarna agus is cóir.

Gach duine: Is ceansa an Tiarna agus is cóir.

Múinteoir: A Thiarna, tá gach rud fúinn ar eolas agat agus is breá leat sinn mar atáimid.

Gach duine: Is ceansa an Tiarna agus is cóir.

Múinteoir: A Thiarna, tá ár gcuid smaointe, ár n-aisling, ár n-dóchas agus ár n-eagla ar eolas agat.

Gach duine: Is ceansa an Tiarna agus is cóir.

Múinteoir: A Thiarna, tá a fhios agat go mbíonn sé deacair uaireanta maireachtáil mar a mhúin Íosa dúinn, ag tabhairt grá duit féin, dúinn féin agus dár gcomharsana. Cabhraigh linn maireachtáil ar an mbealach ar mhian leat.

Gach duine: Is ceansa an Tiarna agus is cóir.

Múinteoir: A Thiarna, i do thrócaire maitheann tú sinn nuair a dhéanaimid peaca agus nuair a théimid ar shiúl ó bhealach an ghrá.

Gach duine: Is ceansa an Tiarna agus is cóir.

Múinteoir: A Thiarna, tá tú gar dúinn nuair atáimid caillte agus nuair a bhíonn cabhair de dhíth orainn. Go bhfaighimis bealach ar ais ónár bpeacaí, chuig do thrócaire agus do ghrá. Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna.

Gach duine: Áiméan.

Comhartha na Croise

Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.

Foghlaimimis ...

GLAC NÓIMÉAD

Ag baint úsáid as na focail seo nó focail cosúil leo, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a thógáil le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh ... Smaoinigh ar ghrá neamhchoinníollach Dé duit ... tá grá ag Dia duit i gcónaí ... is cuma cad a rinne tú ... chruthaigh Dia tú as méid a ghrá duit ... agus tá a fhios ag Dia faoi gach aon ní fút ... tá do láidreachtaí agus do laigí ar eolas aige ... tuigean Dia go bhfuil laigí againn go léir ... Uaireanta gníomhaimid ar bhealaí nach bhfuil ag teacht leis

an mbealach atá Dia ag iarraidh orainn ... nó leis an gcineál duine a chruthaigh Dia go mbeimid ... agus déanaimid peaca ... ach leanann Dia ag tabhairt grá dúinn ... tugann Dia cuireadh dúinn brón a bheith orainn nuair a dhéanaimid peaca ... agus bíonn sé ag iarraidh maithiúnas a thabhairt dúinn as an éagóir atá déanta againn ... iarrann Dia orainn freisin maithiúnas a thabhairt do dhaoine eile, díreach mar a mhaitheann sé sinn ... Gabh buíochas le Dia, le do ghuth istigh, as a ghrá neamhchoinníollach agus as a mhaitiúnas duit ... Nuair atá tú réidh, oscail na súile.

AG COMHRÁ

MAIDIR LE PEACAÍ ÉAGSÚLA

- Cuir i gcuimhne na bpáistí gurb ionann 'peaca' agus rud ar bith a dhéanaimid nó a deirimid a bhriseann dlí ghrá Íosa agus a lagaíonn nó a dhéanann dochar dár gcairdeas le Dia. Ansin mínigh do na páistí go bhfuil roinnt peacaí níos tromchúisí ná a chéile.
- Mínigh go ndéanaimid **peaca marfach** nuair déanaimid rud éigin a scriosann ár gcairdeas le daoine eile agus le Dia. Chun peaca marfach a dhéanamh ní mór dúinn a fhios a bheith againn go bhfuil an méid atá á dhéanamh againn mícheart agus go socraímid ar é a dhéanamh ar aon nós.
- Mínigh go ndéanaimid **peaca solathach** nuair déanaimid rud éigin a dhéanann *dochar* dár gcuidreamh le daoine eile agus le Dia. Níl peacaí solathacha chomh tromchúiseach le peacaí marfacha, ach is féidir le a lán peacaí solathacha an-dochar a dhéanamh dár gcuidreamh le Dia.
- Tabhair cuireadh do na páistí samplaí a thabhairt de pheacaí a cheapann siad atá an-tromchúiseach (peacaí marfacha) agus peacaí go gcreideann siad nach bhfuil chomh tromchúiseach le peacaí marfacha (peacaí solathacha).
- Cuir na páistí ar a suaimhneas go bhfuil Dia réidh i gcónaí ár bpeacaí a mhaitheamh dúinn, is cuma cé chomh tromchúiseach is atá siad, nuair a deirimid go bhfuil brón orainn agus go bhfuil maithiúnas á lorg againn.
-

SCÉAL

An Chloch Mhaiteach

Thug beirt fhear cuairt ar fhear naofa uair amháin chun a chomhairle a iarraidh. 'Tá rud éigin mícheart déanta againn,' a dúirt siad, 'agus tá ár gcoinsiasaí i dtrioblóid. An féidir leat a insint dúinn cad is gá dúinn a dhéanamh ionas go mbeidh maithiúnas againn agus nach mbeimid ciontach a thuilleadh?'

'Céard a rinne sibh,' arsa an sean-fhear. Dúirt an chéad fhear, 'Tá peaca mór marfach déanta agamsa.'

'Cad mar gheall ortsa?' D'iarr an sean-

fhear ar an dara ceann. 'Ó,' a dúirt sé.

'Rinne mé go leor atá mícheart, ach tá siad uile beag, agus níl tábhacht ag baint leo.'

Smaoinigh an fear naofa ar feadh tamaill. 'Ní mór daoibh é seo a dhéanamh,' a dúirt sé ar deireadh. 'Caithfidh an bheirt agaibh dul agus cloch a thabhairt ar ais chugam le haghaidh gach rud mícheart a rinne sibh.'

Ar aghaidh leis an mbeirt acu, agus i gcionn tamaill tháinig an chéad fhear ar ais, ag tuisliú





le carraig ollmhór, a bhí chomh trom sin nach bhféadfadh leis í a ardú, agus chuir í ag cosa an fhir naofa. Ansin tháinig an dara fear, agus mála de phúróga beaga á iompar go háthasach aige. D'fhág sé na púróga ag cosa an naoimh freisin.

'Anois,' arsa an fear naofa, 'tógaigí na clocha sin uile agus cuir ar ais iad san áit ina bhfuair sibh iad.'

D'ardaigh an chéad fhear a charraig arís, agus d'imigh sé ar ais go dtí an áit ina bhfuair sé í. Ach ní raibh an dara fear in ann cuimhneamh cá bhfuair sé na púróga go léir. Tar éis tamaill, tháinig sé ar ais, agus dúirt sé go raibh an tasc ró-dheacair.

'Bíodh a fhios agat, a mhac,' arsa an sean-fhear, 'tá ár bpeacaí cosúil leis na clocha seo.

Má tá peaca mór déanta ag duine, tá sé mar chloch throm ar a choinsias féin, ach



má tá fíorbhrón ann, bíonn maithiúnas le fáil agus tógtar an t-ualach de/di. Ach má bhíonn duine i gcónaí ag déanamh rudaí beaga atá mícheart, ní bhraitheann sé nó sí aon ualach mór ciontachta, agus dá bhrí sin ní bhíonn brón orthu, agus fanann siad mar pheacaigh. Feiceann sibh, más ea, go bhfuil sé tábhachtach droch-bhearta beaga a sheachaint chomh maith le cinn mhóra.'

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cén fáth a ndeachaigh an bheirt fhear chun bualadh leis an bhfear naofa?
- Cad a d'iarr an fear naofa orthu a bhailiú?
- Cad a dúirt an fear naofa leo a dhéanamh i ndiaidh dóibh na clocha a thabhairt chuige?
- Cad a bhí léirithe ag na clocha?
- Cén cineál peaca a léirigh an charraig ollmhór?
- Cén cineál peacaí a léirigh na púróga?

Ansin tochailt níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Cad a bhí an fear naofa ag iarraidh a mhúineadh don bheirt fhear, meas tú?

- An aontaíonn tú leis an bhfear naofa? Cén fáth nó cén fáth nach n-aontaíonn tú leis?
- An gceapann tú go bhfuil aon duine ann atá go hiomlán gan locht nó laige? I bhfocail eile, an bhfuil aon duine ann nach ndéanann peaca?
- Conas a mhothaigh an chéad fhear ag deireadh an scéil?
- Conas a mhothaigh an dara fear ag deireadh an scéil, dar leat?
- Cad a chaithimid a dhéanamh má táimid chun taithí a fháil ar mhaithiúnas? (Bíodh fíorbhrón orainn, glac leis gur peacaigh sinn, agus maithiúnas a lorg)

Dírigh aire na bpáistí chuig 'Cuimhnigh agus Pléigh' ar leathanach 82 dá leabhair.

GNÍOMHAÍOCHT ATHGHAIRME

SACRAIMINT AN ATHMHUINTEAR AIS

- Cuir i gcuimhne na bpáistí go maitheann Dia ár bpeacaí trí bhriathra agus gníomhartha an tsagairt i Sacraimint an Athmhuintearais.
 - Tabhair cuireadh do na páistí oibriú go neamhspleách nó le pairtnéir. Iarr orthu a chur in ord an méid a dhéanaimid nuair a cheiliúraimid Sacraimint an Athmhuintearais.
1. Tabhair chun cuimhne a bhfuil déanta againn atá mícheart agus brón a bheith orainn.

2. Abair go bhfuil brón orainn. Ár bpeacaí a admháil do Dhia, tríd an sagart.
3. Breithiúnas aithrí a ghlacadh agus Gníomh Dóláis a rá.
4. Maithiúnas a fháil ó Dhia tríd an urnaí a ghuíonn an sagart.
5. Imigh leat agus iarracht a dhéanamh maireachtáil cosúil le hÍosa trí ghrá a thaispeáint agus maithiúnas a thabhairt do dhaoine eile.

Nóta: *Iarr ar na páistí a gcuid leabhar a bheith leo don urnaí seo.*

Comhartha na Croise

Múinteoir: Gach uair a thagaimid le chéile chun an t-Aifreann a cheiliúradh, tógaimid tamall le hullmhú don méid atá le déanamh againn. Tosaímid ag cuimhneamh nach ndéanaimid i gcónaí mar ba cheart dúinn, agus glacaimid go bhfuil peacaí déanta againn.

Adhmaimid le Dia gur pheacaíomar nuair a ghuímid an *Confiteor* agus iarraimid ar na daoine, bailithe linn, guí ar ár son. Guifimid anois focail an *Confiteor* le chéile, atá le fáil ar leathanach 108 de do leabhar.

Gach duine: *Confiteor* (Adhmaim do Dhia uilechumhachtach ...)

Múinteoir: Féach ar fhocail an *Confiteor* arís agus féach an féidir leat teacht ar an áit ina luaitear na ceithre bealaí ina ndéanaimid peaca. (Sos) Peacaimid trínár gcuid smaointe, trínár bhfocail, trí na rudaí a dhéanaimid (ár ngníomhartha) agus tríd an méid a theipeann orainn a dhéanamh (ár neamhghníomhartha). Tugaim cuireadh daoibh anois bhur súile a dhúnadh ar feadh nóiméid.

Smaoinigh ar conas a d'fhéadfadh le duine peaca a dhéanamh trína gcuid smaointe. (Sos)

Smaoinigh ar an dóigh a d'fhéadfadh le duine peaca a dhéanamh trína gcuid focal. (Sos)

Smaoinigh ar conas a d'fhéadfadh le duine peaca a dhéanamh trína gcuid gníomhartha, tríd an méid a dhéanann siad. (Sos)

Smaoinigh ar an dóigh a d'fhéadfadh le duine éigin peaca a dhéanamh trí gan rud éigin a dhéanamh, trí neamhghníomh. (Sos)

Nuair atá sibh réidh, oscail na súile.

Féach arís ar fhocail an *Confiteor*.

Cé orthu a iarraimid guí ar ár son toisc gur pheacaigh sinn? (*Lig do na páistí na línte a aimsiú agus an freagra a thabhairt:* Muire; na haingil agus na naoimh go léir; agus ár ndeartháireacha agus ár ndeirfiúracha, an pobal atá bailithe le chéile linn)

Múinteoir: Tar éis an *Confiteor* tugann an sagart cuireadh dúinn Gníomh Aithrí a dhéanamh. Guimis 'Gníomh Aithrí B' atá ar leathanach 108 de do leabhar le chéile.

Múinteoir: Taispeáin dúinn do thrócaire, a Thiarna.

Gach duine: Agus tabhair dúinn do shlánú.

Múinteoir: Leanann an *Kyrie* (A Thiarna, déan trócaire) é seo ag an Aifreann. Iarraimid trócaire ar Dhia nuair a chanaimid/ghuímid 'A Thiarna, déan trócaire'. Guimis na focail sin le chéile anois, díreach mar a dhéanaimid ag an Aifreann. Tá siad ar leathanach 108 freisin.

Múinteoir: A Thiarna, déan trócaire.

Gach duine: A Thiarna, déan trócaire.

Múinteoir: A Chríost, déan trócaire.

Gach duine: A Chríost, déan trócaire.

Múinteoir: A Thiarna, déan trócaire.

Gach duine: A Thiarna, déan trócaire.

Amhrán deiridh: A Thiarna, déan trócaire.

Comhartha na Croise

Mairimis ...

CAD A MHÚIN TÚ?

Is ionann Dia agus an grá. Chruthaigh Dia sinn, tá aithne ag Dia orainn agus tá grá neamhchoinníollach ag Dia dúinn. Maitheann Dia gach uile pheaca, idir pheacaí tromchúiseacha agus peacaí solathacha, nuair a bhíonn brón orainn agus nuair a dhéanaimid aithrí. Thug Íosa grásta agus maithiúnas Dé do chách. Inniu, leanann Íosa ag

tairiscint grá, trócaire agus maithiúnas Dé dúinn ag an Aifreann agus i Sacraimint an Athmhuintearais. Is é an rud is tábhachtaí a mheabhru ná go gcuireann peaca ar bith constaic idir sinn agus grá Dé. Nuair a bhíonn brón ó chroí orainn, bíonn trócaire agus grá Dé i mbun oibre, agus faighimid maithiúnas ó Dhia.

GNÍOMHAÍOCHT

MÓIBÍLÍ LE CROÍTHE

Nóta: Beidh cóip den teimpléad leis an gcroí uait (thíos) do gach páiste, ábhair dhathúcháin (gan marcóirí i gceist), síosúr, pollaire, sreangán, agus crochairí éadaí.

- Tabhair cóip den teimpléad leis an gcroí do gach páiste agus iarr orthu cruth an chroí a ghearradh amach. Úsáidfí siad taobh amháin don chéad chuid den ghníomhaíocht, agus an taobh eile don dara cuid.
- Mínigh do na páistí go bhfuil an croí roinnte i gceithre chuid chun codanna éagsúla an chroí a léiriú.

Taobh 1: Croí Crua

- Iarr ar na páistí smaoineamh ar chroí atá caillte ó Dhia, ó ghrá ... cad iad na focail, na mothúcháin agus na dathanna an bhfuil baint acu lena leithéid de chroí? Inis do na páistí gur úsáid Íosa an focal 'crua' chun cur síos ar a leithéid.
- Tabhair cuireadh do na páistí dath a chur ar thaobh amháin den teimpléad chun croí 'crua' a léiriú. Iarr orthu a léiriú i ngach ceann den cheithre 'sheomra' ceann den cheithre shlí ina ndéanaimid peaca atá ainmnithe san *Confiteor*, i. trínár *smaointe*, *focail*, *gníomhartha* agus *faillí*.
- Sula gcríochnaíonn siad an chéad chuid den ghníomhaíocht, tabhair cuireadh do na páistí beagán ama a ghlacadh chun machnamh a dhéanamh ar amanna ina saoil nuair nár ghníomhaigh siad le grá. Ansin tabhair cuireadh dóibh ceithre fhocal nó siombail a chlárú a léiríonn smaointe, focail, gníomhartha agus faillí

óna gcuimhní cinn, nach raibh grámhar, i ngach seomra faoi seach.

Taobh 2: Croí Grámhar

- Tabhair cuireadh do na páistí a súile a dhúnadh agus chun íomhá den chroí cruaidh sin atá ag lorg trócaire agus grá Dé a shamhlú ... Cad a tharlóidh do chruas an chroí seo? An athróidh sé? ... An mbrisfidh sé ar oscailt chun trócaire grámhar Dé a ligean isteach?
- Iarr ar na páistí dath a chur ar chúl an teimpléid leis an gcroí chun croí maith a léiriú ... croí atá grámhar seachas cruaidh. Iarr orthu a léiriú i ngach ceann den cheithre sheomra smaointe, focail agus gníomhartha a bhíonn i gcroí grámhar.
- Ansin iarr ar na páistí poll a pholladh sna teimpléid, ionas go mbeidh siad in ann iad a cheangail leis na crochairí éadaí mar móibílí *tar éis an urnaí*.
- Tabhair cuireadh do na páistí na teimpléid a chur sa spás urnaí.



PAIDIR

Ullmhúchán: *Tabhair cuireadh do na páistí seasamh i gciorca, agus a gcuid teimpléad croí ina lámha acu.*

Comhartha na Croise

Amhrán Oscailte: Can iomann/amhrán oiriúnach

Múinteoir: Bailimid le chéile le buíochas a ghabháil le Dia as a ghrá dúinn. Chuir Dia Íosa chugainn chun sinn a mhúineadh faoi ghrá agus faoi mhaithiúnas. Féach ar an dtaobh 'crua' de do theimpléad croí agus *An Gníomh Dóláis* á rá againn.

Gach duine: *An Gníomh Dóláis* (A Dhia, gabhaim buíochas leat as ...)

Múinteoir: Tá aithne ag Dia orainn agus tá grá aige dúinn i gcónaí. Bíonn a fhios aige nuair a bhíonn brón orainn as na rudaí go léir atá inár gcroíthe a chuireann bac orainn grá a thabhairt dó féin agus dá chéile. Féach ar an dtaobh eile de do theimpléad croí, an croí 'maithithe, grámhar', agus an *Paidir tar éis Maithiúnais* á rá againn le chéile.

Gach duine: *Paidir tar éis Maithiúnais* (A Dhia, ár nAthair, go raibh maith ...)

Múinteoir: Go raibh maith agat, a Dhia, as do thrócaire agus do ghrá a mhothú inár gcroíthe. Tá a fhios againn go bhfuil grá agat dúinn agus go bhfuil tú réidh i gcónaí chun maithiúnas a thabhairt dúinn nuair a dhéanaimid peaca. Spreag sinn chun cuimhne gur as an ngrá a chruthaigh tú sinn, chun taithí a fháil ar do ghrá agus chun do ghrá a thabhairt don domhan. Tabhair misneach dúinn glacadh le bronntanas do mhaithiúnais agus a roghnú a bheith saor ón bpeaca. Cabhraigh linn na bronntanais seo, do ghrá agus do mhaithiúnas, a roinnt le daoine eile. Iarraimid é seo trí Íosa Críost, do Mhac, ár dTiarna. Áiméan. (Sos)

Tugaim cuireadh daoibh anois na súile a dhúnadh ... bíodh do chorp socair ... agus cuir na lámha thar an chroí ... Mothaigh grá Dé laistigh díot ... Agus tú ag anáilú isteach, abair le do ghuth taobh istigh, 'A Dhia, tá a fhios agam go bhfuil grá agat dom' ... agus nuair a bhíonn tú ag easanálú, abair 'agus go dtugann tú maithiúnas dom' ... (*Déan arís agus arís eile*) Nuair atá sibh réidh, oscail na súile.

Gach duine: Buíochas le Dia.

Amhrán Deiridh: 'Kyrie' (A Thiarna, déan trócaire)

Comhartha na Croise

Ceacht 2: Iarrann Dia orainn maithiúnas a thabhairt do dhaoine eile



SULA DTOSAÍONN TÚ

Sa cheacht roimhe seo tugadh deis do na páistí machnamh a dhéanamh ar ghrá agus maithiúnas Dé. Tá grá Dé seasmhach agus neamhchoinníollach. Tá trócaire Dé ag fanacht i gcónaí le bronnantas maithiúnais a thabhairt nuair a théimid ar strae ó ghrá dó féin agus ó ghrá do dhaoine eile.

Sa cheacht seo leanaimid ag cabhrú leis na páistí glacadh leis go bhfuil grá Dé dóibh gan choinníoll. Laistigh den chomhthéacs sin cabhraimid leo a thuiscint go mbíonn gá le maithiúnas acu. Is cuma cad a dhéanann siad,

bíonn maithiúnas Dé ag fanacht i gcónaí dóibh nuair a léiríonn siad brón as a bhfuil déanta acu agus nuair a iarrann siad maithiúnas.

Treoraímid na páistí chun a thuiscint nuair a ghlacaimid go bhfuil gá againn le maithiúnas agus nuair a fhaighimid é, is féidir linn tosú agus bronnantas an mhaithiúnais a roinnt le daoine eile. Cabhraímid leis na páistí chun an dúshlán atá i gceist a thuiscint, maithiúnas a thabhairt do dhaoine eile agus an cumas sin a fhorbairt - daoine eile a mhaitheamh. Seo mar a d'iarr Íosa ar a lucht leanúna a dhéanamh.

EOCHAIRFHOCAIL

Fiacha: Sa lá atá inniu ann, is minic a úsáidtear an focal seo maidir le hairgead a bheith dlite do dhuine eile. In *An Phaidir*, áfach, tagraíonn sé do ghníomhartha atá mícheart nó do pheacaí. Guímid: '... agus maith dúinn ár bhfiacha, mar a mhaithimidne dár bhféichiúna féin.'

Grásta: Bronntanas neamhchoinníollach Dé.

NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Leabhar gearrthóg nó leabhar cosúil leis
- Cóip den teimpléad 'Lámh' (thíos) do gach páiste

Féachaimis ...

AG COMHRÁ

MAIDIR LE MAITHIÚNAS A THABHAIRT DO DHAOINE EILE

Déan comhrá leis na páistí faoi conas a bhíonn sé deacair uaireanta maithiúnas a thabhairt dóibh siúd a ghortaíonn muid lena bhfocail nó lena ngníomhartha, ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- An mbíonn sé deacair agat maithiúnas a thabhairt dóibh siúd a chaitheann go dona leat lena bhfocail nó lena ngníomhartha? Smaoinigh ar shamplaí de chásanna ina mbíonn sé deacair maithiúnas a thabhairt.
- An mbíonn amanna ann nuair a chuireann

daoine eile trína chéile muid, cé nach ndearna siad aon rud mícheart? Amhail a tharla i gcás Jodi agus a daid! An féidir leat smaoineamh ar shamplaí eile mar sin?

- Cad é an rud is éasca le déanamh nuair a chuireann duine eile isteach ort?
- An cuimhin leat aon rud a mhúin Íosa faoi conas ba cheart dúinn freagairt dóibh siúd a chaitheann go dona linn?
- Cé a bhíonn réidh i gcónaí maithiúnas a thabhairt do dhaoine eile? (Dia)

SCÉAL

Ar dtús, iarr ar na páistí cuimhneamh ar cad a tharla i gCuid 1 den scéal, ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Cad a rinne Jodi?
- Cén fáth a raibh athair Jodi trína chéile?
- Cad é mar a d'fhreagair Jodi dá hathair?
- An dóigh leat go raibh Jodi sásta ag deireadh an

scéil? Cén fáth nó cén fáth nach raibh sí?

- Cad iad na focail a d'úsáidfeá chun cur síos a dhéanamh ar conas a bhraith Jodi?
- Cad a cheapann tú a gcaithfeadh a tharlú chun athrú a theacht ar Jodi?

Ansin léigh an chuid eile den scéal.

Jodi agus a hAthair (Cuid 2)

Go déanach san oíche, d'fhéadfadh Jodi a hathair a chloisteáil sa staidéar. Bhí a fhios aici go raibh sé ag obair ar a dhoiciméad. Bhí brón uirthi faoin méid a tharla, ach bhí sí tuirseach, agus d'éirigh léi dearmad a dhéanamh air agus thit sí a chodladh.

An mhaidin dar gcionn, nuair a d'fhág daidí Jodi ag an scoil, d'fhéadfadh sí na ciorcail dhórcha a fheiceáil faoina shúile. Sula ndeachaigh Jodi as an gcarr, ghuigh a hathair rath uirthi ó thaobh a cuid tionscadal.

'Tá súil agam go n-éireoidh go geal leat!' A dúirt sé, le gáire.

'Go raibh maith agat, daidí!' D'fhreagair Jodi.

'Mo ghrá thú!' A ghlaigh Daidí, fad is a dhún Jodi doras an chairr.

I rith an lae, mhothaigh Jodi brónach as an méid a rinne sí. Smaoinigh sí ar an tslí a labhair sí lena hathair, agus conas a bhí sí ag gníomhú amhail is nár cuma léi. Ach ba chuma léi ...

bhí grá aici dá hathair agus bhí brón uirthi

faoin méid a tharla. Agus bhí a fhios aici go raibh grá fós aige di ... fiú tar éis na trioblóide go léir a rinne sí. Thuig Jodi anois go raibh sí mícheart agus bhí brón uirthi. Ní raibh sí in ann fanacht go dtí go raibh an scoil thart ionas go bhféadfadh sí dul abhaile agus a rá lena hathair cé chomh brónach is a bhí sí.

Bhí an tUasal Ó Murchú sásta le tionscadal Jodi, agus go tobann níor bhain tábhacht leis a thuilleadh. An t-aon smaoineamh amháin a bhí ag Jodi ná gur theastaigh uaithe athmhuintearas a dhéanamh lena hathair agus leithscéal a ghabháil as a droch-iompar.

Chuaigh Jodi suas staighre go dtí a seomra chomh luath agus a tháinig sí abhaile. Dúirt sí lena Mam go raibh rud éigin tábhachtach le déanamh aici agus go dtiocfadh sí anuas tar éis tamaill. Leath uair an chloig ina dhiaidh sin chuala sí doras an tí á oscailt nuair a d'fhill a

...

...

hathair ón obair. Chuaigh Jodi thíos staighre agus thug sí clúdach litreach dó gan aon ní a rá.

D'oscail athair Jodi an clúdach litreach go mall agus thóg cárta croí-chruthach amach. Ar aghaidh an chroí bhí líníocht de aghaidh bhrónach.

'Féach ar an taobh eile, Daid,' a dúirt Jodi. 'Is ansin atá an rud is tábhachtaí.'

I litreacha móra daite bhí na focail 'TÁ BRÓN ORM. TABHAIR MAITHIÚNAS DOM LE DO THOIL'.

Gháir athair Jodi. 'Tá tú maite,' a dúirt sé, agus chuir sé a lámha mórthimpeall uirthi agus thug sé barróg di.

'Agus seo rud sa bhreis,' a dúirt Jodi, agus thug sí mála beag dá hathair ina raibh a cuid airgid phóca. 'B'fhéidir go gcabhróidh sé seo más gá duit ríomhaire glúine nua a fháil.'

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Conas a thaispeáin Jodi go raibh brón uirthi faoin rud a rinne sí?
- Conas a d'fhreagair a hathair di?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Cén fáth, dar leat, ar tháinig aiféala ar Jodi faoin méid a rinne sí agus faoin mbealach inar labhair sí lena daidí?
- Dúirt athair Jodi léi go raibh grá aige di, fiú sula ndúirt sí go raibh brón uirthi. Conas a cheapann tú a bhraith Jodi nuair a thuig sí go raibh grá

neamhchoinníollach ag a hathair di? An dóigh leat go raibh a fhios aici go dtabharfadh sé maithiúnas di?

- Conas a mhothaigh Jodi, dar leat, nuair a thug a hathair barróg di agus nuair a dúirt sé léi gur thug sé maithiúnas di?
- An gcuireann sé seo duine eile i gcuimhne duit, atá réidh i gcónaí chun maithiúnas a thabhairt dúinn?
- Conas a mhothaigh athair Jodi ag deireadh an scéil, dar leat?
- Conas a mhothaíonn Dia, dar leat, nuair a deirimid go bhfuil brón orainn tar éis dúinn peaca a dhéanamh agus a mhaithiúnas a iarraidh?

GLAC NÓIMÉAD

Ag baint úsáid as na focail seo nó focail cosúil leo, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a thógáil le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh ... Tabhair scéal Jodi agus a hathair chun cuimhne ... Mhothaigh Jodi go dona nuair a smaoinigh sí ar an dóigh ina d'iompar sí í féin ... agus faoi mhéad grá a hathair di, fiú nuair a d'iompar sí go dona ... Thuig sí go raibh rud éigin déanta aici a rinne damáiste dá caidreamh lena hathair agus theastaigh uaithi é sin a chur i gceart... Bhí brón uirthi as an méid a bhí déanta aici agus bhí a fhios aici go raibh sé mícheart ... Mar sin dúirt sí go raibh brón uirthi agus d'iarr sí maithiúnas óna hathair ... Agus bhí a hathair, a raibh grá aige di, réidh agus ag fanacht le maithiúnas a thabhairt di ... Léiríonn grá athair Jodi di an grá atá ag Dia dúinn uile ... ach amháin

go bhfuil grá Dé dúinn níos mó fós ... Nuair a pheacaímid, nuair a dhéanaimid rudaí a dhéanann damáiste dár gcaidreamh le Dia, teastaíonn ó Dhia maithiúnas a thabhairt dúinn ... Níl le déanamh againn ach brón a bheith orainn agus maithiúnas a iarraidh uaidh ... Agus nuair a dhéanann daoine eile rudaí a ghortaíonn sinn, ní mór dúinne, freisin, a bheith réidh agus in ann maithiúnas a thabhairt ... díreach mar a mhaith athair Jodi í ... Tá Dia ag iarraidh orainn maithiúnas a thabhairt do dhaoine eile díreach mar is mian linn maithiúnas a fháil ... Nuair a bhíonn tú réidh, oscail na súile.

Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.

Foghlaimimis ...

GNÍOMHAÍOCHT ATHGHAIRME

MAITHIÚNAS AGUS AN PHAIDIR

Déan comhrá leis na páistí faoi na focail seo ón *Phaidir*: 'Maith dúinn ár bhfiacha, mar a mhaithimidne dár bhféichiúna féin', agus na ceisteanna seo á n-úsáid agat nó ceisteanna cosúil leo:

- Cad is brí leis an bhfocal 'fiacha'? (Féach ar sainmhíniú an fhocail faoin 'Eochairfhocal' ar leathanach 85 de leabhar na bpáistí)
- Cad iad na rudaí a d'fhéadfaimis a iarraidh ar

Dhia a mhaitheamh?

- Chomh maith le maithiúnas a iarraidh ar Dhia, tugann na focail thuas dúshlán *dúinn* rud éigin a dhéanamh. Cén dúshlán atá i gceist?
- An bhfuil sé cothrom a bheith ag súil go maithfeadh daoine eile muid muna bhfuilimid sásta maithiúnas a thabhairt dóibh? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuil sé cothrom?

AN SCRÍOPTÚR NAOFA

TEAGASC ÍOSA FAOIN MHAITHIÚNAS

Ba é misean Íosa ná an Dea-Scéala faoi ghrá Dé a insint do dhaoine. Teastaíonn ó Dhia fáilte a chur roimh gach duine againn a rinne peaca ar ais go dtí caidreamh grámhar leis féin agus le daoine eile. Tugann trócaire Dé cuireadh dúinn aithrí dár bpeacaí a dhéanamh agus maithiúnas Dé a fháil.

Ach tugtar dúshlán dúinn maithiúnas a thabhairt dá chéile freisin, díreach mar a thugann Dia maithiúnas dúinn. Cloisfimis anois an méid a dúirt Íosa nuair a chuir Peadar ceist air maidir le daoine eile a mhaitheamh.

Múineann Íosa faoi mhaithiúnas (Matha 18:21-22)

Tháinig Peadar chuige ansin agus dúirt leis: "A Thiarna, cé mhéad uair ba cheart dom pardún a thabhairt do mo bhráthair nuair a chiontaíonn i m'aghaidh? Go dtí seacht n-uaire?" Dúirt Íosa leis: "Ní go dtí seacht n-uaire a deirimse leat ach go dtí seacht n-uaire seachtód."



Tar éis duit an sliocht ón Scríoptúr a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- Dúirt Íosa le Peadar gur cheart dó maithiúnas a thabhairt 'go dtí seacht n-uaire seachtód'. Cad atá i gceist anseo? An mbeadh sé indéanta comhaireamh a choinneáil ar an líon uaireanta a thug tú maithiúnas do dhaoine eile i rith do shaol?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur ar nós:

- An dóigh leat go bhfuil na huimhreacha a luaigh Íosa sa sliocht seo tábhachtach, nó an raibh sé á úsáid chun rud éigin faoi mhaithiúnas a mhúineadh dúinn? Cad a cheapann tú a bhí Íosa ag múineadh dúinn anseo faoi mhaithiúnas a thabhairt do dhaoine eile?
- Dá ndéarfadh Íosa na focail chéanna libh inniu, cad a cheapfadh sibh? An mbeadh sé deacair oraibh a bheith réidh i gcónaí chun maithiúnas a thabhairt do dhaoine eile?

Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 85 dá leabhair.

Múineann Íosa faoin dúshlán a thugtar dúinn maithiúnas a thabhairt do dhaoine eile, díreach mar a thugann Dia maithiúnas dúinn. Tá an teagasc seo ar fáil sa pharabal faoin Seirbhíseach Do-Mhaiteach.

Parabal: An Seirbhíseach Do-Mhaiteach (Matha 18:23-35)

[Dúirt Íosa] ‘...agus dá réir sin is iad dála ríocht na bhflaitheas mar a bhí ag rí arbh áil leis cuntais a réiteach lena chuid seirbhíseach. Agus i dtosach an réitigh dó, tugadh chuige duine a raibh deich míle tallann amuigh air. Agus ó tharla gan an t-íoc a bheith aige, d’ordaigh an máistir é a dhíol, agus a bhean agus a chlann agus a raibh aige, agus an t-íoc a dhéanamh. Mar sin, chaith an seirbhíseach é féin ar lár, agus ag umhlú dó dúirt: ‘Bíodh foighne agat liom a mháistir, agus íocfaidh mé an t-iomlán leat.’ Agus le barr trua, scaoil máistir an tseirbhísigh sin uaidh é agus mhaith na fiacha dó.

Ag dul amach don seirbhíseach sin, casadh air duine dá chomhsheirbhísigh a raibh céad déanar aige féin air, agus rug sé greim scoige air ag rá: ‘Íoc a bhfuil amuigh ort!’ Mar sin, chaith a chomhsheirbhíseach é féin ar lár ag achainí air: ‘Bíodh foighne agat liom,’ ar seisean, ‘agus íocfaidh mé leat é.’ Ach níorbh áil leis siúd é gan dul agus é a theilgean i bpríosún nó go n-íocfadh sé na fiacha. Nuair a chonaic a chomhsheirbhísigh an méid sin, ghabh



buaireamh mór iad, agus chuaigh siad ag insint an scéil ar fad dá máistir. Chuir an máistir fios air: ‘A sheirbhísigh mhallaithe,’ ar seisean, ‘mhaith mé féin duitse na fiacha úd ar fad mar go ndearna tú achainí orm. Nár cheart go ndéanfá mar an gcéanna

trócaire ar do chomhsheirbhíseach faoi mar a rinne mise trócaire ort?’ Agus le barr feirge thug a mháistir suas do na céastúnaigh é nó go n-íocfadh sé na fiacha leis go hiomlán.

Sin é freisin mar a dhéanfaidh m’Athair neamhaí libhse ach mura maitheann gach duine agaibh dá bhráthair féin ó chroí.’

Tar éis duit an sliocht ón Scríoptúr a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí na ceisteanna seo a chur orthu nó ceisteanna cosúil leo:

- Cén fáth ar ordaigh an rí go ndíolfaí a sheirbhíseach mar sclábhaí?
- Conas a d’fhreagair an seirbhíseach?
- Cén freagra a thug an rí ar a sheirbhíseach nuair a d’iarr sé trócaire air?
- Conas a d’fhreagair an fear nuair a d’iarr duine dá chomhsheirbhísigh trócaire air?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Cad a cheapann tú faoin bhfear nár thaispeáin trócaire dá sheirbhíseach, tar éis dó féin trócaire a fháil ón rí?

- Cén teagasc sa *Phaidir* nach raibh á leanúint ag an seirbhíseach do-mhaiteach?
- An dóigh leat go raibh an ceart ag an rí a bheith feargach ag deireadh an scéil? Cén fáth nó cén fáth nach raibh an ceart aige?
- Mhúin Íosa dúinn go gcaithimid gach duine a mhaitheamh ‘ó chroí’. Cad is brí le sin? An bhfuil sé éasca i gcónaí maithiúnas a thabhairt? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuil sé?
- Cad is gá dúinn cuimhneamh air nuair a iarrann duine éigin maithiúnas orainn?
- Cé atá in ann cabhrú linn nuair a bhíonn sé deacair orainn maithiúnas a thabhairt do dhaoine eile?

Dirigh aire na bpáistí chuig leathanach 86 dá leabhair.

GLAC NÓIMÉAD

Ag baint úsáid as na focail seo nó focail cosúil leo, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a thógáil le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh ... Is minic a bhíonn sé deacair orainn maithiúnas a thabhairt. I spás ciúin do chroí, cuir an cheist seo ar Íosa: 'Cén fáth ar chóir dom maithiúnas a thabhairt?' ... Oscail do chroí agus do chluasa chun a fhreagra

a chloisteáil ... Cad a deir Íosa leat? ... Glac sos agus smaoinigh ar rud éigin mícheart a rinne tú ... Thug Dia bronnantas an mhaithiúnais go fial duit i gcónaí ... Uaireanta glaoitear ort an bronnantas speisialta seo a roinnt le daoine eile, fiú nuair atá sé deacair é sin a dhéanamh ... Go ciúin, iarr an grásta ar Íosa ... an chabhair atá uait ... chun maithiúnas a thabhairt do dhaoine eile nuair a bhíonn sé deacair é sin a dhéanamh ... Nuair a bhíonn tú réidh, oscail na súile.

GNÍOMHAÍOCHT THAIFEADACH

LEABHAR MAITHIÚNAIS AN RANGA

- Mínigh do na páistí go bhfuil an rang chun Leabhar Maithiúnais a dhéanamh, a bheidh ina bhailiúchán de scéalta faoi mhaithiúnas bunaithe ar eispéiris na bpáistí féin.
- Iarr ar gach páiste a scéal féin faoi mhaithiúnas a chlárú; b'fhéidir gur scéal é faoi conas a thug siad maithiúnas do dhuine éigin, nó scéal maithiúnais a bhaineann le duine den teaghlach nó le cara acu.
- Bailigh scéal amháin dá leithéid ó gach páiste agus cuir iad sa leabhar gearrthóg.
- Lig do na páistí teideal a roghnú don leabhar gearrthóg. B'fhéidir gur mhaith leo na leathanaigh a uimhriú agus leathanach innéacs a chur ann.
- Cuir an leabhar críochnaithe sa spás urnaí. Cuir i gcuimhne na bpáistí go bhfuil sé ar fáil d'aon duine acu le léamh agus machnamh a dhéanamh air nuair a bíonn sé deacair orthu maithiúnas a thabhairt do dhaoine eile.

Mairimis ...

CAD A MHÚIN TÚ?

Ba é misean Íosa ná an Dea-Scéala faoi ghrá Dé dóibh a chur in iúl do dhaoine. Bhain cuid mhór de theagasc Íosa le grá agus le maithiúnas Dé. Is féidir leis an ngníomh mhaithiúnais a bheith fiordheacair ar dhaoine áirithe. Tá grá ag Dia dúinn agus tá sé réidh i gcónaí le bronnantas maithiúnais a thabhairt dúinn. Ar an mbealach céanna, iarrtar orainne, Pobal Dé, grá a thaispeáint agus bronnantas an mhaithiúnais a roinnt le daoine eile. Is féidir linn a iarraidh ar Íosa, Muire, ar na haingil agus ar na naoimh cabhrú linn nuair a bhíonn sé deacair orainn maithiúnas a thabhairt.

AG COMHRÁ

FAOI CONAS FREAGRA A THABHAIRT I GCÁSANNA DEACRA

Mínigh do na páistí nuair a dhúnaimid an dorn, go gcruthaímid cruth agus méid a oireann don gcroí. Iarr ar na páistí breathnú ar a dhorn dúnta le bos na láimhe gar don chorp. Faraor, is féidir le dorn dúnta a úsáid chun díobháil a dhéanamh do dhaoine eile. Siombail den díoltas is féidir a bheith ann freisin. Ansin cabhraigh lena machnaimh féin ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- Conas is féidir le dorn dúnta a bheith ina shiombail den díoltas? An bhfaca nó ar chuala tú riamh faoi aon duine a bhain úsáid as a dhorn dúnta chun díoltas a bhaint amach? An dóigh leat gur rud maith a bhí ann a leithéid a

dhéanamh? Cén fáth nó cén fáth nár rud maith a bhí ann?

- Smaoinigh ar am nuair a ghortaigh duine tú nó a chaith go dona leat agus gur bhraith tú an rud céanna a dhéanamh dóibh, b'fhéidir fiú ag baint úsáid as do dhorn chun iad a ghortú go fisiciúil. Cad a chabhródh leat an rud ciallmhar a dhéanamh i gcásanna mar sin?

Tabharfaidh an ghníomhaíocht seo a leanas deis do na páistí a aithint conas a d'fhéadfaidís úsáid a bhaint as an straitéis 'STOP, SMAOINIGH agus FREAGRA' chun déileáil le cásanna a gcastar orthu ina saoil féin.

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

LÁMH AN MHAITHIÚNAIS

Nóta: Beidh cóip den teimpléad láimhe ag teastáil uait (thíos) do gach páiste.

- Tabhair cuireadh do na páistí a lámha a oscailt agus a shíneadh amach. Cén fáth a d'fhéadfadh lámh sínte a bheith ina siombail de mhaithiúnas? (m.sh. baintear úsáid as lámh oscailte chun lámha a chroitheadh)
- Tabhair cóip den teimpléad láimhe (thíos) do gach páiste agus tabhair cuireadh dóibh clárú a dhéanamh ar a n-uirlisí STOP, SMAOINIGH agus FREAGRA féin a bheidh in úsáid acu féin ag amanna nuair a thugtar dúshlán dóibh maithiúnas a thabhairt do dhaoine eile.
- D'fhéadfadh na páistí na ráitis seo a leanas a

chríochnú lena gcuid moltaí féin faoi cad a cheapann siad gur chóir a dhéanamh i gcásanna mar seo:

STOP roimh ...

SMAOINIGH ar

dtús faoi ...

Freagair go maith trí ...

- Tabhair cuireadh do na páistí a 'Lámha Maithiúnais' a chur sa spás urnaí.



Ullmhúchán:

- *Más féidir, bíodh na páistí ina suí thart nó gar don spás urnaí. Mura féidir é seo a dhéanamh, tabhair cuireadh dóibh a gcathaoireacha a chasadh i dtreo an spáis urnaí.*
- *Bíodh cros chéasta/cros, coinneal, an Bíobla Naofa, 'Leabhar Maithiúnaís an Ranga' agus na 'móibílí croí' sa spás urnaí.*
- *Roghnaigh páiste amháin chun an Bíobla Naofa a iompar go dtí an spás urnaí ag an am cuí i rith na seirbhíse.*
- *Roghnaigh léitheoir amháin. Tá an sliocht ar fáil ar líne.*
Iarr ar na páistí a leabhair a bheith leo i dtreo is gur féidir leo Gníomh Aithrí A a léamh, mura bhfuil sé de ghlan mheabhair acu.

Comhartha na Croise

Iomann Oscailte: Can iomann/amhrán oiriúnach

Múinteoir (ag lasadh an choinneal): Agus muid ag lasadh ár gcoinneal ranga cuimhnimid go bhfuil Dia anseo linn. Glacaimis sos ar feadh nóiméid chun smaoineamh ar mhéid an ghrá atá ag Dia dúinn. Tá grá Dé seasmhach agus neamhchoinníollach. Uaireanta téimid ó ghrá Dé, ach bíonn grá ag Dia dúinn i gcónaí. Ceadáíonn trócaire Dé dúinn, a mhaithiúnaí a lorg agus glacadh leis. Is cuma cén pheaca a dhéanaimid, maithfidh Dia sinn má deirimid go bhfuil brón orainn agus má iarraidimid maithiúnaí air. Guímis anois an *Fhaoistin Choiteann* (Gníomh Aithrí A) le chéile. Tá na focail ar leathanach 108 de do leabhar.

Gach duine: An *Fhaoistin Choiteann* (Admhaím do Dhia uilechumhachtach ...)

Múinteoir: Gabhaimis buíochas le Dia anois as a ghrá, a thrócaire agus a mhaithiúnaí.

Gach duine: Buíochas le Dia.

Múinteoir: Uaireanta bíonn sé deacair maithiúnaí a thabhairt do dhuine a chaitheann go dona linn. Cuimhnimis i gcónaí go bhfuil grá ag Dia dúinn agus go maítheann sé sinn, agus iarrtar orainn an grá agus an maithiúnaí céanna a thaispeáint do dhaoine eile. Tugann Íosa dúshlán dúinn maithiúnaí a thabhairt. Guímis an *Paidir ag iarraidh Maithiúnaí* le chéile anois.

Gach duine: *Paidir ag iarraidh Maithiúnaí* (A Dhia,

ár nAthair cabhraigh liom...)

Léitheoir: Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh Matha.

Gach duine: (Agus Comhartha na Croise á ghearradh acu ar an éadan, na beola agus an t-ucht): Glóir duit, a Thiarna.

Léitheoir: [Dúirt Íosa] 'Chuala sibh go ndúradh: 'Bíodh grá agat do do chomharsa agus fuath agat do do namhaid.' Ach is é a deirimse libh, bíodh grá agaibh do bhur naimhde agus guígí ar son bhur ngéarleantóirí; sin mar a bheidh sibh in bhur gclann ag bhur nAthair atá ar neamh.' (Matha 5:43-45) Soiscéal an Tiarna.

Gach duine: Moladh duit, a Chríost.

Múinteoir: Dúnaigí na súile agus gabh buíochas le Dia as a ghrá agus a mhaithiúnaí ... Cuimhnigh ar scéalta an mhaithiúnaí atá againn i *Leabhar Maithiúnaí an Ranga* ... Cuimhnigh ar conas a dúirt Íosa dá dheisceabail go gcaithfimis maithiúnaí a thabhairt dóibh siúd a dhéanann sinn a ghortú nó a chiontú, 'Ní go dtí seacht n-uaire ... ach go dtí seacht n-uaire seachtód'. Deir Íosa na focail chéanna leat anois ... Iarr ar Íosa go ciúin an misneach agus an neart a thabhairt duit chun grá a thabhairt do dhaoine eile ... ach go háirithe dóibh siúd a chaitheann go dona leat ... Le do ghuth taobh istigh, abair paidir dóibh siúd ar fad a fhaigheann tú deacair maithiúnaí a thabhairt dóibh.

Bíodh aga anois le haghaidh machnaimh.

Múinteoir: Tabharfaimis chun cuimhne anois roinnt de na daoine a chaith go dona linn nó a chur sinn trína chéile... agus tabharfaimis maithiúnaí dóibh inár gcroíthe. Tugaim cuireadh daoibh na súile a dhúnadh ... Smaoinigh ar dhuine atá cairdiúil leat, b'fhéidir cara nó ball den teaghlach, a chuir isteach ort nó a d'fhág tú míshásta. Tóg nóiméad anois chun grá agus maithiúnaí a chur chucu ... (Sos)

Anois smaoinigh orthu siúd a threoraíonn tú, a mhúineann tú agus a thugann aire duit. Smaoinigh ar dhuine éigin sa ghrúpa seo a rinne dochar duit. Tóg nóiméad anois chun grá agus maithiúnaí a chur chucu ... (Sos)



Anois smaoinigh ar na daoine atá i bhfeighil na tíre agus orthu siúd ar fud an domhain a dhéanann cinntí a théann i bhfeidhm ar ár saol ... Smaoinigh ar na cinntí a rinne ár gceannairí, agus go ndearna na cinntí sin dochar duit féin, do dhaoine eile nó don timpeallacht ... Samhlaigh cruinneog a léiríonn na tíortha go léir ar fud an domhain, Éire ina measc ... Tóg nóiméad anois chun grá agus maithiúnas a chur chuig ceannairí na hÉireann agus chuig ceannairí an domhain ... (Sos)

Anois smaoinigh ort féin ... agus iarr ar Dhia cuidiú leat grá agus maithiúnas a thabhairt do dhaoine eile, go háirithe nuair a bhraitheann tú gortaithe


nó trína chéile agus go bhfuil sé deacair ort maithiúnas a thabhairt ... (Sos) Nuair atá tú réidh, oscail na súile.

Múinteoir: Guímis an *Paidir tar éis Maithiúnais* le chéile anois.

Gach duine: *Paidir tar éis Maithiúnais* (A Dhia, ár nAthair, go raibh maith agat...)

Amhrán deiridh: Can iomann/amhrán oiriúnach

Comhartha na Croise



Téama 11: An tAifreann

Ceacht 1: Gabhaimid buíochas ag an Aifreann.

Ceacht 2: Téimid ón Aifreann chun maireachtáil mar a mhair Íosa.

ÓN GCURACLAM

Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ

Rúndiamhair Dé

- Is é Dia an tAthair, an Mac agus an Spiorad Naomh

Rúndiamhair Íosa Críost

- Is é Íosa an Dara Pearsa Diaga den Tríonóid Ró-Naofa. Tháinig Íosa, Mac Dé, ar an saol chun sinn a shábháil. Is é ár Slánaitheoir é, a tháinig chugainn le grá, chun ár bpeacaí a mhaitheamh. Tugann Íosa cuireadh dúinn glacadh le grá an Athar agus ansin ár saol a chaitheamh dá réir
- Tugtar ‘Slánaitheoir’ ar Íosa de bhrí gur shaor sé sinn ó pheaca lena shaol, a bhás agus a Aiséirí
- Tugtar ‘An Tiarna’ ar Íosa, mar i gcomhpháirt leis an Athair tugann sé beatha do gach rud agus cuireann sé ar ár gcumas caidreamh a bheith againn leis an Athair
- Bhí Íosa toilteanach fulaingt agus bás a fháil le méid a ghrá do Dhia a Athair agus dúinne a léiriú
- D’ofráil Íosa é féin do Dhia ag an Suipéar Déanach agus ar Chalvaire
- Tar éis an Aiséirí, chuaigh Íosa suas ar neamh chun áit a ullmhú dúinne
- Is é Íosa ceann na hEaglaise, an Té a threoraíonn Pobal Dé

Cruthú an Domhain

- Coinníonn Dia gach rud sa bheithsine

Rúndiamhair na hEaglaise/na Ríochta

- Déanann na naoimh idirghuí ar ár son le Dia

Muire

- Déanann Muire agus na naoimh idirghuí ar ár son le Dia

An Bheatha Shíoraí

- Mairfidh Ríocht Dé, a thosaigh ar talamh, go deo
- Tá Dia ag iarraidh go mairfimid go sona, leis féin, sna flaithis go deo, trí shlánú Íosa

- D’aiséirigh Íosa ó mhairbh ina chorp féin agus chuaigh suas ar neamh le go mbeimid in ann a bheith ina theannta lá éigin agus an bheatha shíoraí a roinnt leis
- Dúirt an Tiarna Íosa: ‘Cibé a chreideann ionamsa beidh an bheatha shíoraí aige agus ardóidh mé suas é ar an Lá Deireanach’. Creideann Críostaithe agus tá dóchas acu go mbeidh saol nua aiséirithe acu le hÍosa aiséirithe. Tugtar an bheatha shíoraí ar seo
- ‘Díreach mar atá Críost aiséirithe agus ag maireachtáil go deo, aiséireoidimid ar an lá deireanach’
- Creideann Críostaithe go mbeidh siad le Críost agus go bhfeicfidh siad Dia nuair a gheobhaidh siad bás
- Íomhánna de na Flaithis: solas

BRIATHAR DÉ

Plean grámhar Dé don Slánú

- Salm 9, 37:1-9, 23-24

Saol Poiblí Íosa

- Eoin 13:34-35. Aithne Nua

Páis agus Bás Íosa

- Lúc 22:13-23. An Suipéar Déanach

Aiséirí agus Deascabháil Íosa

- Eoin 20:1-9. Peadar agus Eoin ag an tuama

LIOTÚIRGE AGUS URNAÍ

Urnaí

- Gheall Íosa go mbeidh sé i láthair gach uair a bhailíonn daoine le chéile ina ainm

Urnaí Fhoirmeálta

- Comhartha na Croise
- An Ghlóir

Paidreacha Breise

- Freagraí an Aifrinn; Paidir Eocairisteach II; Na Deasghnátha Deiridh
- Salm 138:1

Liotúirge

- Is é an liotúirge urnaí poiblí na hEaglaise, ina ndéantar ceiliúradh ar bhás agus Aiséirí Chríost-cúis ár slánaithe. Bailíonn baill na hEaglaise



le chéile, go hiondúil i séipéal, chun páirt a ghlacadh sa liotúirge le chéile. Cabhraíonn an Spiorad Naomh linn urnaí a dhéanamh le hÍosa chun Dia ár nAthair rud a aontaimid le Dia agus lena chéile. Is féidir le comharthaí, siombail, focail agus gníomhartha, amhráin agus ceol agus ealaín sacráilte a bheith mar chuid den cheiliúradh liotúirgeach

- Is é Íosa Críost, ár Slánaitheoir, a threoraíonn an liotúirge
- Tógann na heaspaig, na sagairt agus na deochaine áit Chríost ag treorú urnaí agus adhradh

An Bhliain Liotúirgeach

- Le linn na Seachtaine Móire cuimhnímid gur roinn Íosa é féin ar ár son: Ag an Suipéar Déanach/ar an gcrois
- Cuireann an chrois chéasta i gcuimhne do Chríostaithe an méid a d'fhulaing Íosa agus an grá a bhí aige don Athair agus dúinne
- Guíonn an Eaglais, i rith an Aifrinn, ach go háirithe, ar son na marbh
- Rudaí sa séipéal: an taibearnacal, an altóir, cuach abhlann, bosca abhlainne

Na Sacraimintí

- Ceann de sheacht sacraimint na hEaglaise Caitlicí is ea An Eocairist
- Is comharthaí ó Íosa iad na sacraimintí chun grásta, a shaol féin agus a ghrá a thabhairt dúinn
- Is coinne speisialta le hÍosa aiséirithe í an sacraimint
- Is grásta speisialta ón Spiorad Naomh é an 'grásta sacraimintiúil' a thugann Críost dúinn i ngach sacraimint
- I dteannta Ungadh na n-Easlán, tugann an Eaglais an Eocairist mar Viaticum dóibh siúd atá ar tí bás a fháil, le neart a thabhairt dóibh an píosa deireanach den aistear tríd an mbás a dhéanamh
- Tagann grásta an mhaithiúnais i Sacraimint an Athmhuintearais ó bhás slánaitheach agus Aiséirí Íosa

An tAifreann

Láithreachta na hEocairiste

- Tá an Tiarna Íosa i láthair ar bhealach speisialta tar éis an Choisreacain, nuair a dhéantar a chorp agus a chuid fola den arán agus den fhíon.
- Déantar Corp agus Fuil Íosa Críost den arán agus den fhíon
- Achainíonn an sagart ar an Athair an Spiorad Naomh a sheoladh chugainn, le go ndéanfar Corp agus Fuil Chríost den arán agus den fhíon

Íobairt Chuimhneacháin

- Tá íobairt Íosa Críost ar Chalvaire beo i gceiliúradh na hEocairiste a thugann na grástaí ar fad dúinn

Moladh agus Buíochas

- Ceiliúraimid an Eocairist lenár mbuieochas a chur in iúl do Dhia an tAthair as ucht bronntanas sainiúil an tslánaithe a thug Íosa dúinn ar an gcrois agus ag an Aifreann

Comaoineach

- Ag an Aifreann tugann Íosa Críost a Chorp agus a chuid Fola dúinn, lena shaol a roinnt linn agus chun cabhrú linn ár gcairdeas le Dia agus le daoine eile a mhéadú
- Nuair a ghlacaimid Íosa Críost, 'Arán na Beatha', tugann sé misneach agus neart dúinn Íosa a ghráú agus seirbhís a thabhairt dó

Gealltanas na Beatha Síoraí

- Cothaíonn an Eocairist Naofa ár n-anamacha le grásta agus cabhraíonn sé linn Dia a ghráú agus seirbhís a thabhairt dó agus do dhaoine eile ar an saol seo agus a bheith sona leis go deo ar neamh

Struchtúr an Aifrinn

- Bunús Liotúirge an Bhriathair agus Liotúirge na hEocairiste i ngníomhartha Íosa
- Tá dhá chuid san Aifreann: Liotúirge an Bhriathair agus Liotúirge na hEocairiste
- Tugann Liotúirge na hEocairiste cuireadh dúinn ár mbronntanais a thabhairt chun na haltóra, buíochas a ghlacadh, íobairt a ofráil, cuimhniú, béile a roinnt agus tugtar dúshlán dúinn ár saol a chaitheamh ag tabhairt seirbhíse do Dhia
- Sa Chomaoineach, glacaimid Corp agus Fuil Chríost, a d'ofráil é féin ar son 'bheatha an tsaoil'
- Ag na Deasghnátha Deireanacha iarrtar orainn imeacht agus leanúint ar aghaidh le misean Chríost ar domhan
- Tá sé de dhualgas ar chreidmhigh freastal ar Aifreann an Domhnaigh agus ar roinnt Laethanta Beannaithe (Giniúint Mhuire gan Smál, An Nollaig, Féile na hEipeafáine, Lá Fhéile Pádraig, Deastógáil na Maighdine Muire, Féile na Naomh Uile) agus an Eocairist a ghlacadh ar a laghad uair amháin sa bhliain, faoi Cháisc más féidir. Molann an Eaglais go ndéanfaí freastal ar an Aifreann agus go nglacfaí an Chomaoineach Naofa níos minicí, gach lá fiú

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

CUSPÓIR FOGHLAMA 1

Foilsíú Dé

Dia agus an Bíobla

a. Briathar Dé.

- Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltai:
- Eolas a fháil ar na háiteanna a n-úsáidtear an Bíobla agus a mbíonn sé faoi urraim.

Beatha Íosa

d. Mac Dé.

- Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltai:
- Iniúchadh a dhéanamh ar na dóigheanna a gcreideann Críostaithe gurb é Íosa an Slánaitheoir - Íseáia 9:6-7.

f. Ministreacht Íosa.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltai:

- Iarmhairtí agus impleachtaí chaidreamh Íosa le daoine a fháil amach, a phlé agus a fhorbairt.

g. Páis, bás agus aiséirí Íosa.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltai:

- An Suipéar Déanach - Lúcas 22:7-20.

CUSPÓIR FOGHLAMA 2

An Eaglais Chríostaí

a. Tús agus fás.

- Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltai:

- Machnamh agus athinsint a dhéanamh ar an méid a d'inis na haspail do dhaoine eile faoi Íosa.

b. Ón Luath-Eaglais go dtí an lá atá inniu ann.

- Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltai:
- Plé a dhéanamh ar an dóigh ar tháinig forbairt ar ghné amháin dá bpobal Chríostaí áitiúil.

c. Adhradh agus Urnaí.

- Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltai:
- A aithint gur féidir go mbíonn baint ag an urnaí agus ag an adhradh le hócáidí agus le háiteanna speisialta.
- A aithint go bhfuil ionaid adhartha ar leith ann nach mór urraim a bheith againn dóibh.
- Taithí a fháil ar an adhradh agus ar an urnaí ar bhealaí éagsúla.

CUSPÓIR FOGHLAMA 3

An Mhóráltacht

b. Meas ar a chéile.

- Ba chóir don mhúinteoirí deiseanna a chur ar fáil do dhaltai:
- Fiosrú faoi na luachanna a bhíonn mar chuidiú le pobal a thógáil agus taithí a fháil orthu.
- Na grúpaí éagsúla lena mbaineann siad a aithint.

Ceacht 1: Gabhaimid buíochas ag an Aifreann

SULA DTOSAÍONN TÚ

Chuir na páistí aithne ar an Aifreann sa chlár *I nGrá Dé* roimhe seo. I Rang a Trí/B5 tugadh isteach iad ar an dá phríomhchuid den Aifreann, Liotúirge an Bhriathair agus Liotúirge na hEocairiste. D'fhoghlaim siad go bhfuil an Eocairist ar cheann de seacht sacraimint na hEaglaise Caitlicí agus gur comharthaí iad na sacraimintí a bhunaigh Íosa lena shaol agus a ghrá a roinnt linn. Tuigeann na páistí gur cruinniú speisialta le hÍosa Aiséirithe atá i sacraimint agus is trí na sacraimintí a thugtar 'grásta sacraiminte' dóibh siúd a ghlacann páirt sa cheiliúradh.

Chuala na páistí cheana na cuntais faoi Pháis, Bás agus Aiséirí Íosa sa chlár *I nGrá Dé* roimhe seo freisin.

Díreoidh an ceacht seo ar an Aifreann, ar an Phaidir Eocairisteach. Paidir speisialta buíochais atá sa Phaidir Eocairisteach. Déanfaidh go leor den ábhar sa cheacht seo athbhreithniú ar an méid atá foghlamtha ag na páistí cheana féin faoi bhuíochas a ghabháil, faoi chuimhneamh, faoi bhéile a roinnt agus faoin dúshlán atá ann chun saol seirbhíse a chaitheamh. Sa cheacht seo tabharfaimid aire do Phaidir Eocairisteach II.

EOCHAIRFHOCAIL

Eocairist: Tagann an focal 'Eocairist' ó fhocal Gréigse a chiallaíonn 'buíochas'. Is ceann de sheacht sacraimint na hEaglaise í an Eocairist. Is minic a úsáidtear an focal chun 'Aifreann' a chur in iúl freisin.

Paidir Eocairisteach: Croílár Liotúirge na hEocairiste, cuid lárnach den Aifreann. Paidir speisialta buíochais atá inti chuig Dia an tAthair. Guíonn an ceiliúraí (easpag nó sagart), a sheasann in áit Chríost, an phaidir seo thar ceann na ndaoine go léir.

An tSácráil: An t-ainm atá ar an gcuid sin den Aifreann ina n-athraítear an t-arán agus an fíon go Corp agus Fuil Íosa Críost.

Slánaitheoir: Teideal d'Íosa. An chiall atá leis an bhfocal ná 'duine a shábhálann'. Cuireann an teideal seo i gcuimhne dúinn go bhfuair Íosa bás ar ár son.

NITHE A BHEIDH AG TEASTAIL UAIT

- Leathanaigh mhóra de pháipéar ealaíne agus ábhair dhathúcháin do gach grúpa de pháistí
- Cárta bán agus ábhar ceardaíochta do gach páiste
- Cóip den teimpléad 'cailís' (thíos) do gach páiste

Féachaimis ...

AG COMHRÁ

MAIDIR LE BHEITH BUÍOCH

Déan comhrá leis na páistí faoi bheith buíoch, ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Ar ghabh tú buíochas le haon duine inniu? Ar ghabh aon duine eile buíochas leatsa inniu? Cén fáth a ndeir daoine ‘go raibh maith agat’?
- Ar ghabh tú buíochas le Dia riamh? Cén fáth go ndéanfá buíochas a ghabháil le Dia? Conas a ghabhann daoine buíochas le Dia?

- An dóigh libh go mbíonn rud éigin ann i gcónaí gur cóir dúinn a bheith buíoch as? An bhfuil sé tábhachtach go mbeifeá buíoch? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuil sé?
- Ainmnigh cuid de na rudaí a bhfuil tú buíoch astu.

Ansinn iarr ar na páistí an dán ‘Buíochas’ a léamh ó leathanach 90 dá leabhar.

SCÉAL

Gabhann Jayden agus Sadhbh buíochas

Faoi dheireadh, bhí lá breithe an chúpla tagtha agus níorbh fhéidir le Jayden agus Sadhbh fanacht leis an gcóisir ar an Aoine. Bhí go leor ama caite acu ag pleanáil gníomhaíochtaí, ag scríobh cuirí agus ag smaoineamh ar na bronntanais a d’fhéadfaidís a fháil!

Faoi dheireadh, tháinig an Aoine. Bhí an-spraoi acu ag an gcóisir agus d’imir siad na cluichí go léir a bhí beartaithe acu. Thóg comharsa, Bean Uí Sionnaigh, a hamharclann phuipéad léi, agus thaitin sí go mór le gach éinne. Mar iontas, thug seanathair an chúpla cuireadh do siamsóir – múnlóir balún a bhí ann. Fuair na leanaí go léir balún, agus iad ag dul abhaile, i gcruth an ainmhí a thaitin leo. Bhí an bia go hiontach agus thaitin an ciste mór, a dhearbhaigh agus a mhaisigh an cúpla féin, le gach duine.

Anois bhí an lá mór thart. D’oscail an cúpla a gcuid bronntanais agus cártaí agus bhí siad an-sásta. Agus í ag féachaint ar na bronntanais go léir, dúirt Jayden, ‘Ba chóir dúinn buíochas a ghabháil as na bronntanais álainn seo go léir.’

Bhí Sadhbh beagán trí chéile agus d’iarr sí, ‘Ach nár ghabhamar buíochas le gach duine nuair a bhí siad ag dul abhaile?’

‘Ceart, tá a fhios agam go



ndearnamar,’ d’fhreagair Jayden, ‘ach cén fáth nach ndéanaimid “cártaí buíochais” chun a léiriú do gach duine cé chomh buíoch is atáimid? Fuair mé roinnt greamáin agus nithe ceardaíochta eile mar bhronntanas, a d’fhéadfaimis a úsáid chun na cártaí a dhéanamh.’

‘Cén fáth nár smaoinigh mé ar sin?’

D’fhreagair Sadhbh ag gáire, ‘tá smaointe iontacha agat i gcónaí!’

‘Is moladh an-mhaith é sin,’ arsa Daideo, agus d’aontaigh a máthair.

Bhailigh an cúpla a n-ábhar ealaíne go léir le chéile agus thosaigh siad ag obair.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cé acu den chúpla a mhol cártaí buíochais a dhéanamh ar dtús?
- Cé a dúirt gur maith an rud é cártaí buíochais a dhéanamh?

Ansinn tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur ar nós:

- Cén fáth ar cheap Daideo gur bhreá an rud é

cártaí buíochais a dhéanamh?

- Cén fáth a raibh an cúpla buíoch?
- An frása tábhachtach duit é ‘go raibh maith agat’? Cén fáth? An cuimhin leat an uair dheireanach a dúirt tú ‘go raibh maith agat’ le duine éigin? Inis dúinn faoi sin.
- Conas a mhothaíonn tú nuair a deir duine éigin ‘go raibh maith agat’ duit?

Dirigh aire na bpáistí chuig leathanach 88 dá leabhair.

COMHAD FÍRICÍ

LÁ AN ALTAITHE

- Is lá saoire poiblí tábhachtach é Lá an Altaithe i Stáit Aontaithe Mheiriceá, nuair a ghlacann a lán daoine sos chun ceiliúradh a dhéanamh lena dteaghlaigh agus lena gcairde. Bíonn sé ar siúl gach bliain ar an gceathrú Déardaoine i mí na Samhna i SAM agus ar an dara Luan i nDeireadh Fómhair i gCeanada.
- Ceaptar go dtéann Lá an Altaithe siar go dtí féasta fómhar a cheiliúr na coilínithe Sasanacha sa bhliain 1621. Ceiliúradh traidisiúnta a bhí ann chun bailiú barraí an fhómhair a cheiliúradh chomh maith le beannachtaí eile na bliana a bhí caite.
- Inniu, tá Lá an Altaithe ar cheann de na laethanta is gnóthaí i rith na bliana sna Stáit Aontaithe, nuair a thaistealaíonn daoine i bhfad chun teacht le chéile arís lena dteaghlaigh agus lena gcairde. Itear bianna traidisiúnta cosúil le turcaí, búiste, prátaí, agus pióg phuimcín don bhéile speisialta ar Lá an Altaithe.
- Sula dtosaíonn an béile, glacann teaghlaigh nó cairde am de ghnáth chun buíochas a ghabháil as a gcuid beannachtaí agus as an áthas a bhíonn orthu a bheith le chéile ar an ócáid bhuíochais seo.

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

PÓSTAER BUÍOCHAIS

Nóta: *Beidh bileoga móra de pháipéar ealaíne agus rogha ábhar dathúcháin ag teastáil do gach grúpa páiste.*

- Tabhair cuireadh do na páistí oibriú i ngrúpaí beaga. Tabhair bileog mhór de pháipéar ealaíne do gach grúpa agus ábhair dhathúcháin.
- Tabhair cuireadh do na páistí póstaer a

- dhearadh ag cuimhniú le daoine buíochas a ghabháil. Ba chóir do na póstaer a chur i gcuimhne do dhaoine roinnt de na cúiseanna gur cóir dóibh buíochas a ghabháil agus bealaí éagsúla inar féidir leo é sin a dhéanamh.
- Tabhair cuireadh do na páistí na póstaer críochnaithe a chur sa spás urnaí.

PAIDIR

Nóta: *Mura bhfuil focail an Gloria ar eolas de ghlan mheabhair ag na páistí go fóill, iarr orthu a gcuid leabhar a oscailt ar leathanach 108 ag an am cuí.*

Comhartha na Croise

Múinteoir: Táimid bailithe le chéile inniu chun buíochas a ghabháil le Dia. Tá ár bhfreagra ó Salm 138: A Thiarna, gabhaim buíochas leat ó chroí.

Gach duine: A Thiarna, gabhaim buíochas leat ó chroí.

Múinteoir: A Dhia ghrámhair, gabhaimid buíochas leat as bronntanas na beatha agus as do mhaitheas a léiríonn tú dúinn i gcónaí. Tógfaimis nóiméad anois chun machnamh a dhéanamh go ciúin ar do mhaitheas. (Sos) Guímis.

Gach duine: A Thiarna, gabhaim buíochas leat ó chroí.

Múinteoir: A Dhia ghrámhair, gabhaimid buíochas leat as na deiseanna atá againn chun ceiliúradh a dhéanamh ag amanna speisialta inár saol. Is cuimhin linn laethanta breithe, baistean, comórthaí, amanna nuair a cheiliúrtar cluichí nó imeachtaí speisialta sa scoil againn ... Tógfaimis nóiméad anois chun machnamh a dhéanamh go ciúin ar na hócáidí sin. (Sos) Guímis.

Gach duine: A Thiarna, gabhaim buíochas leat ó chroí.

Múinteoir: A Dhia ghrámhair, gabhaimid buíochas leat as do láithreacht linn i gcónaí. Tógfaimid nóiméad anois le machnamh a dhéanamh ar do láithreacht linn ... agus ar do láithreacht i ngach duine agus i saol an dúlra. (Sos) Guímis.

Gach duine: A Thiarna, gabhaim buíochas leat ó chroí.

Múinteoir: A Dhia ghrámhair, gabhaimid buíochas leat as na daoine go léir a ghuíonn ar ár son. Ach go háirithe, guím ar son ár dtuismitheoirí, ár seantuismitheoirí agus ár sin-seantuismitheoirí.

Gach duine: A Thiarna, gabhaim buíochas leat ó chroí.

Múinteoir: Tugaimis glóir do Dhia agus an Gloria a rá le chéile.

Gach duine: *Gloria* (Glóir do Dhia sna harda ...)

Comhartha na Croise

Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.

Foghlaimimis ...

AG COMHRÁ

MAIDIR LEIS AN AIFREANN

Tabhair chun cuimhne téama an bhuíochais ó thús an cheachta. Ansin déan comhrá leis na páistí faoina dtaithí ar dhul ar Aifreann trí na ceisteanna seo a chur orthu nó ceisteanna cosúil leo:

- Cad iad cuid de na rudaí a dhéanaimid ag an Aifreann?
- Cén t-ainm eile atá ar an Aifreann? (An Eocairist). An bhfuil a fhios ag éinne cad is brí leis an bhfocal 'Eocairist'? (Buíochas).
- Cad as a dtugaimid buíochas ag an Aifreann?
- Ainmnigh cuid de na rudaí a dhéanann an sagart ag an Aifreann.
- Cad is ainm don eaglais ina dtéann do theaghlach ar Aifreann? Conas a dhéanfá cur síos ar an eaglais sin?

GNÍOMHAÍOCHT IDIRGHNÍOMHACH

CODANNA AN AIFRINN

- Tabhair cuireadh do na páistí cuimhneamh ar a bhfuil ar eolas acu faoin Aifreann ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:
 - » Cad iad an dá phríomhchuid den Aifreann? (Liotúirge an Bhriathair agus Liotúirge na hEocairiste)
 - » Cén ról atá ag an léitheoir?
 - » Cad is Leicseanár ann? Cá mbíonn an leicseanár suite? Cén fáth go bhfuil leicseanár ann?
- » Cén ról atá ag Ministir na Eocairiste?
- Cad a dhéanann na freastalaithe altóra ag an Aifreann? An bhfuil aithne agat ar aon fhreastalaithe altóra?
- Ainmnigh cuid de na bealaí inar féidir linn a bheith rannpháirtithe go gníomhach ag an Aifreann.

AG COMHRÁ

MAIDIR LE RÓL AN TSAGAIRT AG AN AIFREANN

Tosaigh ag comhrá faoin bparóiste agus faoi na sagairt sa pharóiste, ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cén t-ainm atá ar do pharóiste? Cathain a thug tú cuairt ar eaglais an pharóiste le déanaí? Cén ócáid a bhí ann?
- Cé hé an sagart paróiste? An bhfuil sagairt eile sa pharóiste? Cad iad cuid de na rudaí a dhéanann sagairt?
- Déan comhrá ansin faoi ról an tsagairt ag an Aifreann ag cur ceisteanna cosúil le:
 - Cad a thugann tú ar na héadaí speisialta a chaitheann an sagart ag an Aifreann? (éide)
 - Cén fáth go bhfuil éidí ann le dathanna difriúla acu?
 - Cad a dhéanann an sagart leis na bronntanais den arán agus den fhíon ag an Aifreann?
 - Cé dó a sheasann an sagart ag an Aifreann?

GLAC NÓIMÉAD

Ag baint úsáid as na focail seo nó focail cosúil leo, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a thógáil le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh ... Tabhair chun cuimhne gach rud ba chóir duit a bheith buíoch as i do shaol ... na daoine agus na rudaí go léir agus na deiseanna agus na bronntanais a thug Dia duit ... Le do ghuth istigh, gabh buíochas le Dia

as na rudaí sin go léir ... Nuair a bhíonn tú réidh, oscail na súile.

Molfaimid Dia le chéile anois ag baint úsáid as focail an *Sanctus*, an phaidir a deirimid ag an Aifreann: 'Is Naofa, Naofa, Naofa thú, a Thiarna Dia na Slua'...

Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 89 dá leabhair.


GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

CÁRTA BUÍOCHAIS

Nóta: Beidh cárta bán agus ábhair ealaíne ag teastáil uait do gach páiste.

- Dáil an cárta agus na hábhair ealaíne ar na páistí.
- Meabhraigh leis na páistí an tábhacht a bhaineann le buíochas a ghabháil le Dia. Ansin tabhair cuireadh dóibh cárta buíochais a dhéanamh do Dhia, ag gabháil buíochais leis as bronntanas speisialta éigin ina saol.
- Spreag na páistí lena gcuid paidir bhuíochais féin a scríobh ar a gcárta.

- Nuair a bhíonn an gníomhaíocht seo críochnaithe ag na páistí tabhair cuireadh dóibh comhrá a dhéanamh faoina gcártaí.
- Tabhair cuireadh do na páistí a gcuid cártaí buíochais a chur sa spás urnaí.



Mairimis ...

CAD A MHÚIN TÚ?

Gabhaimid buíochas ag an Aifreann. Is í an Phaidir Eocairisteach an phaidir bhuíochais a deirtear ag gach Aifreann. Paidir mhór bhuíochais na hEaglaise chuig Dia atá ann as na bronntanais go léir a thug sé dúinn. Seasann an ceiliúraí, sagart nó easpag, in áit Chríost, agus deir sé an Phaidir Eocairisteach ar son na ndaoine go léir atá i láthair. Éistean

na daoine ina dtost agus an sagart ag gabháil
 buíochais le Dia, ar a son, as a bhronntanas go léir,
 agus ach go háirithe as Íosa a sheoladh chugainn
 chun a thaispeáint dúinn conas maireachtáil agus
 conas grá a roinnt mar a dheisceabail. Guíonn na
 daoine na freagraí cuí tar éis na Sácrála agus nuair
 a bhíonn an Phaidir Eocairisteach thart.

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

CAILÍSÍ BUÍOCHAIS

Nóta: Beidh cóip den teimpléad leis an chailís uait (thíos) do gach páiste.

- Tabhair chun chuimhne leis na páistí líne tosaigh na Preafáide don Phaidir Eocairisteach: *‘Is ceart agus is cóir dúinn, go deimhin, is cuí agus is tairbheach, buíochas a ghabháil leat de shíor agus i ngach áit, a Thiarna, a Athair naofa.’*
- Ansin tabhair cóip den ‘chailís’ ar an dteimpléad, do gach páiste agus iarr orthu an chailís a ghearradh amach.
- Tabhair cuireadh do na páistí líne tosaigh na Preafáide a scríobh ar thaobh amháin den chailís; *‘Is ceart agus is cóir dúinn, go deimhin, is cuí agus is tairbheach, buíochas a ghabháil leat de shíor agus i ngach áit, a Thiarna, a Athair naofa.’*

- Ar an dtaobh eile den chailís tabhair cuireadh dóibh na nithe seo a leanas a chlárú: na háiteanna agus na hamanna a ghabhann siad buíochas le Dia as an méid a rinne sé dóibh.
- Tabhair cuireadh do na páistí a gcuid ‘Cailís Buíochais’ a chur sa spás urnaí.



PAIDIR

Comhartha na Croise

Múinteoir: Tosaímid ar ár n-urnaí inniu ag guí Dialóg na Preafáide.

Múinteoir: Go raibh an Tiarna libh.

Gach duine: Agus le do spiorad.

Múinteoir: Tógaigí bhur gcroíthe in airde.

Gach duine: Tá siad tógtha in airde chun an Tiarna againn.

Múinteoir: Gabhaimis buíochas lenár dTiarna Dia.

Gach duine: Is ceart agus is cóir sin.

Múinteoir: A Dhia ár nAthair, gabhaimid buíochas leat as do Mhac, Íosa, a chur chugainn. Creidimid gurb é Íosa ár Slánaitheoir. Tugaimid buíochas leat leis an bhfeara seo: *Is ceart agus is cóir sin.*

Gach duine: Is ceart agus is cóir sin.

Múinteoir: A Dhia ár nAthair, gabhaimid buíochas leat as bronntanas do chruthú, don domhan nádúrtha agus do na créatúir bheo uile, a léiríonn do ghrá agus do chúram dúinn. Gabhaimis buíochas leis an dTiarna Dia.

Gach duine: Is ceart agus is cóir sin.

Múinteoir: A Thiarna Íosa, gabhaimid buíochas leat as an méid a rinne tú ag an Suipéar Déanach. Bhailigh tú d'aspail le chéile agus thug tú, tú féin mar bhronntanas dóibh. Déanann tú an rud céanna dúinn i ndealramh an aráin agus an fhíona. Gabhaimis buíochas leis an dTiarna Dia as na bronntanais sin.

Gach duine: Is ceart agus is cóir sin.

Múinteoir: A Spioraid Naoimh, gabhaimid buíochas leat as do bheannacht a chur chugainn agus ar ár mbronntanais aráin agus fíona, a



ndéantar Corp agus Fuil Chríost astu. Gabhaimis buíochas leis an dTiarna Dia.

Gach duine: Is ceart agus is cóir sin.

Múinteoir: A Dhia ár nAthair, gabhaimid buíochas leat as na daoine go léir a chuidíonn linn foghlaim fút, ach go háirithe ár dtuismitheoirí, múinteoirí, seantuismitheoirí agus sagairt. Gabhaimis buíochas leis an dTiarna Dia.

Gach duine: Is ceart agus is cóir sin.

Múinteoir: Seasaimis, agus le chéile guímis an chuid dheireanach den bPáidir Eocairisteach.

Gach duine: Is tríd agus leis agus ann a thugtar gach onóir agus glóir duitse, a Dhia, an tAthair uilechumhachtach, in aontacht an Spioraid Naoimh, trí shaol na saol. Áiméan.

Amhrán deiridh: Ithigí an t-Árán Seo.

Comhartha na Croise

Ceacht 2: Téimid ón Aifreann chun maireachtáil mar a mhair Íosa



SULA DTOSAÍONN TÚ

I gCeacht 1 den téama seo thugamar na páistí isteach ar an bPaidir Eocairisteach, atá ina phaidir bhuíochais a ghuítear ag gach Aifreann. Sa cheacht seo dírimid ar Dheasghnáth na Comaoineach, áit ina dtugtar cuireadh dóibh siúd atá bailithe le chéile, Corp agus Fuil Chríost a ghlacadh. Tar éis na Comaoineach, ag na Deasghnátha Deiridh, seoltar amach iad siúd atá bailithe le chéile chun leanúint ar aghaidh le misean Chríost ar domhan. Déanfaidh na páistí iniúchadh ar go leor de na bealaí inar féidir leo páirt a ghlacadh sa mhisean sin.

Cuirimid i gcuimhne na bpáistí freisin go bhfuil Íosa i láthair i gcónaí sa Sacraimint Bheannaithe, in áirithe sa taibearnacal. Nuair a bhíonn an séipéal oscailte, tá fáilte roimh chách roinnt ama a chaitheamh os comhair an taibearnacail ag tabhairt moladh agus buíochas le hÍosa, atá i gcónaí ann. Tá an tSacraimint Bheannaithe in áirithe sa taibearnacal ionas go mbeidh sí le fáil ag daoine atá tinn agus nach mbíonn ar a gcumas freastal ar an Aifreann.

EOCHAIRFHOCAIL

Ceiliúraí: An duine a threoraíonn an pobal i gceiliúradh na sacraimintí. Ag an Aifreann, is é an ceiliúraí is coitianta ná easpag nó sagart, ach is féidir le deochain cuid áirithe den Aifreann a cheiliúradh freisin.

Deochain: Ministir oirnithe san Eaglais nach sagart é ach a bhfuil cead aige dualgais áirithe a dhéanamh, mar shampla cuidiú leis an easpag nó leis an sagart i gceiliúradh na hEocairiste. Sula ndéantar sagart d'fhear, bíonn sé ina dheochain.

Deasghnáth: Gníomh tábhachtach a tharlaíonn sa séipéal agus a dhéantar ar an mbealach céanna i gcónaí. De ghnáth, bíonn focail agus gníomhartha i gceist sna deasghnátha éagsúla a dhéantar ag an Aifreann.

NITHE A BHEIDH AG TEASTAIL UAIT

- Páipéar ealaíne A3, pinn luaidhe agus ábhair dhathúcháin do gach páiste; ceol machnamhach (roghnach)
- Cárta A5 agus péinteanna póstaer le haghaidh gach páiste

Féachaimis ...

AG COMHRÁ

MAIDIR LE TABHAIRT AGUS FÁIL

Déan comhrá leis na páistí faoi thabhairt agus fáil, ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cad a fhaigheann tú gach lá? Cad a thugann tú?
- An 'rudaí' amháin is féidir linn a thabhairt agus a fháil – nó an féidir linn nithe éigin eile a thabhairt? (m.sh. grá, buíochas, ár maithiúnas, ár gcuid ama)
- Cén ceann a cheapann tú a dhéanann tú is mó – tabhairt nó fáil?
- An bhfuil sé níos éasca rud a thabhairt nó a fháil? Cén fáth a gceapann tú sin?
- An bhfuil aithne agat ar dhuine atá an-fhlaitiúil – a thugann go leor? Inis dúinn faoin duine sin.
- An mbíonn tú ag súil go hiondúil le rud éigin a fháil ar ais nuair a thugann tú rud éigin do dhuine? An bhfuil sé éasca rud éigin a thabhairt

gan rud ar bith a fháil ar ais? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuil sé?

- Cén fáth go bhfuil sé tábhachtach tabhairt agus fáil?
 - Cad is ciall, dar leat, leis an ráiteas 'tú féin a thabhairt'?
 - Nuair a bhíonn duine ina bhall d'fhoireann, cad iad na bealaí ina thugann agus ina fhaigheann siad? An raibh taithí riamh agat ar thabhairt ar fhoireann nó i ngrúpa?
- An raibh taithí riamh agat ar fháil ar fhoireann nó i ngrúpa? Cén chaoi a raibh sé?
- Cén chaoi mar atá tabhairt agus fáil i do rang? I do scoil? Sa bhaile?

Dirigh aire na bpáistí chuig leathanach 91 dá leabhair.

GNÍOMHAÍOCHT MHACHNAMHACH

BRONNTANAS LÁMH

Nóta: Beidh bileoga A3, pinn luaidhe agus ábhair dhathúcháin de dhíth ort do gach páiste.

- Tabhair cuireadh do na páistí breathnú ar a lámha go cúramach. Iarr orthu breathnú ar a n-ingne, a gcuid craiceann, a méara aonair agus a mbosa.
- Ansin treoraigh na páistí, ag baint úsáid as na nótaí seo a leanas, le smaoineamh ar na bealaí ina n-úsáidimid ár lámha chun tabhairt agus fáil:
 - » Sín amach do lámh amhail rud éigin a thabhairt ... Smaoinigh ar chuid de na rudaí a thugann tú de ghnáth sa bhaile agus ar scoil.
 - » Sín amach do lámh amhail rud éigin a fháil ... Smaoinigh ar an iliomad rudaí a fhaigheann tú ó dhaoine eile.
 - » Croith lámha leis an duine in aice leat ... Cad a thugann tú nuair a chroitheann tú lámha? (m.sh. fáilte, comhghairdeas, maith thú, slán)
 - » Croith do lámha ... Nuair a chroitheann tú do lámha, cad atá á tabhairt agat? (m.sh. tacaíocht do rud atá déanta ag duine; comhartha fáilte/beannachta)
 - » Bí ag bualadh bos ... Cad a thugann tú leis an gcomhartha seo (m.sh. tacaíocht, comhghairdeas)



- Don chéad chuid eile den chleachtadh, b'fhéidir gur mhaith leat ceol ciúin a sheinm sa chúlra fad is a bhíonn na páistí ag machnamh ar a lámha. Tabhair cuireadh do na páistí suí ina suíocháin go socair agus go ciúin fad is a threoraíonn tú iad ag machnamh, ag baint úsáid as na focail seo nó focail cosúil leo:

Féach ar do lámha. Is lámha gnóthacha iad ... Is féidir le do lámha cabhrú le daoine eile ... sa bhaile ... ar scoil ... i do chlub ... i do phobal ... Is féidir leo breith ar lámha duine eile ... Is féidir leat do lámha a úsáid chun rudaí eile a ardú ... chun d'obair bhaile a dhéanamh ... chun ealaín a dhéanamh ... chun matamaitic a dhéanamh ... Is féidir le do lámha



scéalta a scríobh ... is féidir leo an ríomhaire a oibriú ... Is féidir leat do lámha a chur le chéile chun guí ... Is féidir leat úsáid a bhaint as do lámha le n-ithe ... le n-ól ... le roinnt ... le rudaí a dhéanamh ... Is féidir leat do lámha a úsáid chun cluichí a imirt ... chun uirlis cheoil a sheinm... Bronntanas ó Dhia iad do lámha ... Is féidir leat do lámha a úsáid chun a bheith cineálta ... nó chun a bheith gránna ... Le do lámha is féidir leat tabhairt agus fáil ... Gabh buíochas le Dia, le do ghuth istigh, as bronntanas do lámha ... agus iarr ar Dhia cabhrú leat i gcónaí úsáid a bhaint as do lámha chun a bheith cineálta agus chun tabhairt do dhaoine eile ...

- Anois tabhair bileog pháipéir A3 do gach páiste agus iarr orthu imlíne den dá lámh acu a tharraingt. Iarr orthu TABHAIR a scríobh ar lámh amháin agus FÁIL ar an lámh eile. Tabhair cuireadh dóibh a chlárú ar an láimh TABHAIR na rudaí go léir a thug siad do dhaoine eile an tseachtain seo, agus a chlárú ar an láimh FÁIL na rudaí go léir atá faighte acu an tseachtain seo.
- Nuair a bheidh an ghníomhaíocht seo críochnaithe ag na páistí, tabhair cuireadh dóibh a gcuid obair a roinnt leis an rang.
- Iarr ar na páistí a gcuid bileoga a fhágáil sa spás urnaí.

PAIDIR

Comhartha na Croise

Múinteoir: Inniu déanfaimid machnamh ar ár lámha agus gabhaimid buíochas le Dia astu. Cuirimis ár lámha le chéile agus sinn ag guí. Is é ár bhfreagra ná: *Beannaigh obair ár lámha.*

Gach duine: Beannaigh obair ár lámha.

Múinteoir: Cuimhnímid ar shaol Naomh Treasa Calcutta (nó Kolkata) agus an méid a dúirt sí faoi lámha. Dúirt sí, 'Tabhair do lámha chun freastal agus do chroí chun grá a roinnt.' Bí ag machnamh anois ar feadh nóiméid ar an gcaoi a d'úsáid tú do lámha chun gníomhartha grá a dhéanamh inniu. (Sos) Guímis.

Gach duine: Beannaigh obair ár lámha.

Múinteoir: D'úsáid Naomh Pádraig na focail seo a leanas nuair a ghuigh sé: 'Bíodh Críost ar mo lámh dheas. Bíodh Críost ar mo lámh chlé.' Iarraimis anois ar Íosa Críost a bheith linn nuair a úsáidimid ár lámha. Guímis.

Gach duine: Beannaigh obair ár lámha.

Múinteoir: Labhair Naomh Proinsias faoi lámha freisin. Dúirt sé, 'An duine a oibríonn lena lámha is sclábhaí é/í. An té a oibríonn lena lámha agus

lena cheann is ceardaí é/í. Is ealaíontóir é/í an té a oibríonn lena lámha agus lena cheann agus lena chroí.' Déan machnamh anois ar feadh nóiméid ar an obair a dhéanann lucht saothair, ceardaithe agus ealaíontóirí ... agus gabh buíochas le Dia go ciúin as an mbealach a úsáideann na daoine seo a gcuid scileanna agus cumais ar mhaithe le daoine eile ... (Sos) Guímis.

Gach duine: Beannaigh obair ár lámha.

Múinteoir: A Dhia ár gCruthaitheoir, gabhaimid buíochas leat as obair ár lámha. Spreag sinn chun ár lámha, ár gcroíthe agus ár scileanna go léir a úsáid mar chomhchruthaitheoirí leatsa ar domhan. Iarraimid é seo trí Íosa Críost ár dTiarna.

Gach duine: Áiméan.

Amhrán Deiridh: Can iomann/amhrán oiriúnach

Comhartha na Croise

Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.

Foghlaimimis ...

GNÍOMHAÍOCHT ATHGHAIRME

TÁ ÁR LÁMHA UATHÚIL

Tabhair chun cuimhne na bpáistí bronnantas na lámha atá acu agus an chaoi a n-úsáidimid ár lámha le tabhairt agus fáil. Cuir i gcuimhne na bpáistí freisin go bhfuil ár lámha uathúil, díreach mar atáimid féin. Tá bealach ar leith ag gach duine aginn ár lámha a úsáid agus freastal ar dhaoine eile lenár lámha.

AG COMHRÁ

MAIDIR LE DEASGHNÁTH NA COMAOINEACH

Tabhair cuireadh do na páistí a thabhairt chun cinn a bhfuil ar eolas acu faoi Liotúirge na hEocairiste, ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- An cuimhin leat an méid a tharlaíonn ag

Liotúirge na hEocairiste?

- Cathain a dhéanann an sagart na focail a dúirt Íosa ag an Suipéar Déanach a athrá?
- An bhfuil ainm eile ar eolas agat ar Chorp Chríost? (Comaoineach Naofa)

AG COMHRÁ

MAIDIR LEIS AN GCOMAOINEACH NAOFA

NÓTA DON MHÚINTEOIR: Molann an Eaglais gur cheart dúinn troscadh ar feadh uair an chloig roimh an Chomaoineach Naofa a fháil. Ní hionann an troscadh seo agus an troscadh a iarrann an Eaglais orainn a dhéanamh le linn an Charghais nó ba ghnách le Caitlicigh a dhéanamh ar an Aoine. Déanaimid troscadh roimh an Chomaoineach Naofa a fháil chun muid féin a oscailt nó a fholmhú roimh Chorp Chríost a ghlacadh san Eocairist.

Bain úsáid as na nótaí seo mar threoir agus tú ag comhrá leis na páistí faoin Chomaoineach Naofa:

- Iad siúd ar mian leo Comaoineach Naofa a fháil déanann siad troscadh ar feadh uair an chloig mar ullmhúchán. Is féidir le duine an Chomaoineach Naofa a fháil ar an láimh nó ar an teanga. Nuair a fhaigheann duine an Chomaoineach Naofa ar an láimh, ba chóir dóibh a lámh chlé a chur ar bharr a láimhe deise.
- De ghnáth téann daoine suas go dtí an altóir chun an Chomaoineach Naofa a fháil. Tairgeann an ceiliúraí nó ministir na hEocairiste an Eocairist do gach duine, fad is a deir siad:

Corp Chríost.

Freagraíonn an duine: **Áiméan.**

- Is féidir le daoine atá breoite nó atá gafa sa teach Corp Chríost a ghlacadh freisin.

Tógann an sagart nó ministir na hEocairiste an Chomaoineach Naofa dóibh i soitheach beannaithe a dtugtar pioscas (pyx) air.

- Cuireann an Eaglais Comaoineach Naofa ar fáil freisin dóibh siúd atá ar tí bás a fháil. Tugtar Viaticum ar seo. An bhrí litriúil a bhaineann leis an bhfocal 'Viaticum' ná 'in éineacht leat ar an mbealach'. Tugann Viaticum neart don duine dá dturas tríd an mbás.
- Críochnaíonn Deasghnátha na Comaoineach leis an Phaidir Iarchomaoineach.
- Cuireann an sagart nó ministir na hEocairiste na habhlanna coisricthe, (Corp Chríost), sa taibearnacal. Nuair a bhíonn lampa an sanctóra ar lasadh, léiríonn sé go bhfuil abhlanna coisricthe, (Corp Chríost) sa taibearnacal. Is maith le roinnt daoine teacht agus guí chuig Íosa sa Sacraimint Bheannaithe agus am a chaitheamh le hadhradh agus le buíochas.

GNÍOMHAÍOCHT SCRÍBHNEOIREACHTA

PAIDIR CHUIG ÍOSA

NÓTA DON MHÚINTEOIR: Tugtar ‘arán na beatha’ ar an arán coisricthe a bheannaíonn an sagart ag an Aifreann. Tugtar ‘Corp Chríost’ agus ‘Comaoineach Naofa’ air freisin. Ghlaigh Íosa ‘arán na beatha’ air féin. Dúirt sé, ‘Mise arán na beatha’ (Eoin 6:35).

- Mínigh do na páistí go bhfuil go leor teidil ann d’Íosa. Scríobh síos na teidil seo a leanas d’Íosa ar an gclár bán:
 - » A Thiarna Íosa
 - » Slánaitheoir
 - » Mac Dé
 - » Slánaitheoir
 - » Arán na Beatha
 - » Uain Dé
- Tabhair cuireadh do na páistí a rá cé acu is fearr leo mar ainm ar Íosa.
- Iarr ar na páistí paidir a scríobh chuig Íosa sa chóipleabhar don Oideachas Reiligiúnach ag baint úsáid as an dteideal is fearr leo, agus an leathanach a mhaisiú ansin.

GLAC NÓIMÉAD

Ag baint úsáid as na focail seo nó focail cosúil leo, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a thógáil le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh ... Ag baint úsáid as an dteideal is fearr leat d’Íosa, b’fhéidir gur mhaith leat a iarraidh ar Íosa, le do

ghuth istigh, cabhrú le duine atá uaigneach ... nó tinn ... nó buartha ... nó brónach ... B’fhéidir gur mhaith leat buíochas a ghabháil le hÍosa as na beannachtaí go léir a thugann sé duit ... Nó b’fhéidir go mba mhaith leat buíochas a ghabháil leis as a ghrá duit agus as a bheith in éineacht leat i gcónaí ... Nuair a bhíonn tú réidh, oscail na súile.

AG COMHRÁ

MAIDIR LE DEASGHNÁTH AN SCAOILTE

- Tosaigh ag comhrá leis na páistí faoi dheireadh lae scoile, ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna: Cad a tharlaíonn i do rang nuair a bhíonn sé in am dul abhaile? Cad a dhéanann tú le do leabhair, do chathaoir, do mhála scoile, do sheaicéad? An ndeireann tú paidir sula n-imíonn tú? An ndeireann an múinteoir aon rud speisialta leat agus tú ag imeacht abhaile? An ndeireann tú aon rud leis an múinteoir?
- Mínigh ansin go dtugann an sagart beannacht do na daoine ag deireadh an Aifrinne agus cuireann sé amach iad chun maireachtáil mar a iarrann Íosa orthu. Tugtar ‘Deasghnáth an Scaoilte’ air seo. Ag an bpointe seo den Aifreann, bíonn an Dea-Scéala cloiste ag daoine ón leicseanár. Tá Corp Chríost glactha acu agus anois seoltar amach iad chun an Dea-Scéala sin a roinnt agus tús a chur lena gcuid oibre ag freastal ar an Tiarna trí ghníomhartha grá a dhéanamh agus tríd an Aithne Nua a leanúint.

Mairimis ...

CAD A MHÚIN TÚ?

Le linn Deasghnáth na Comaoineach ag an Aifreann, tugtar cuireadh do na daoine atá le chéile an Eocairist, Corp Chríost, a fháil. Guíonn na daoine go buíoch. Ag deireadh an Aifrinn tugann an sagart beannacht agus cuireann sé na daoine chun siúil chun teagasc Íosa don domhan a leanúint. Tugtar 'Deasghnáth an Scaoilte' air seo. Cuirtear na daoine amach chun an Dea-Scéala atá cloiste acu sna sleachta a roinnt agus chun tús a chur lena gcuid oibre ag freastal ar an Tiarna trí ghníomhartha grá a dhéanamh agus an Aithne Nua a leanúint.

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

'IMÍGÍ FAOI SHÍOCHÁIN'

Nóta: Beidh cárta A5 ag teastáil uait do gach páiste agus péinteanna póstaer do na loirg ordóige.

- Cuir i gcuimhne na bpáistí nuair a scaoiltear amach sinn ón Aifreann, iarrtar orainn imeacht 'faoi shíocháin' agus maireachtáil de réir Aithne Nua an ghrá a mhúin Íosa dá dheisceabail. Tá orainn aire a thabhairt do dhaoine eile díreach mar a thug Íosa aire dóibh. Comhlíonann gach duine againn an misean seo i mbealach uathúil.
- Mínigh do na páistí go ndéanfaidh siad a chlárú sa ghníomhaíocht seo na bealaí uathúla ina leanfaidh siad misean Íosa go laethúil.
- Sula dtosaíonn siad, tabhair cuireadh do na páistí smaointe a roinnt ar conas a d'fhéadfaidís 'imeacht faoi shíocháin' agus leanúint ar aghaidh le misean Íosa. Más gá, spreag iad trí roinnt samplaí a scríobh ar an gclár bán:

Bí cairdiúil le daoine a mbíonn deacair ort a bheith cairdiúil leo ...

Roinn le daoine eile ...

Guigh gach lá ...

Bí buíoch as bronntanais Dé...

Léigh an Bíobla ...

Tabhair cabhair sa bhaile ...

Tabhair cúram don dtimpeallacht ...

Scaipigí Dea-Scéala Dé le daoine eile...

Inis an fhirinne

Seas suas le haghaidh an méid atá cóir

Ná déan goid

Bíodh meas agat ar dhaoine eile

Gabh buíochas le hÍosa as teacht chugat sa

Chomaoineach Naofa ...

Tabhair grá dod' chomharsa...

- Anois tabhair píosa cárta A5 do gach páiste agus tabhair cuireadh dóibh a chlárú air roinnt bealaí ina leanfaidh siad ar aghaidh le misean Chríost ar fud an domhain. Iarr orthu an cárta a mhaisiú lena n-ordóga tumtha i bpéint póstaer, chun nádúr pearsanta uathúil an mhisin seo a léiriú.
- Iarr ar na páistí na cártaí críochnaithe a chur sa spás urnaí.
- Críochnaigh an cleachtadh seo trí chuireadh a thabhairt do na páistí na Paidreacha tar éis Comaoineach Naofa, a gheobhaidh siad ar leathanach 107 dá leabhair, a rá le chéile.

Ullmhúchán:

- Más féidir, bíodh na páistí ina suí thart nó gar don spás urnaí. Mura féidir é seo a dhéanamh, tabhair cuireadh dóibh a gcathaoireacha a chasadh i dtreo an spáis urnaí.
- A chinntiú go n-áirítear cros chéasta/cros, coinneal, agus an Bíobla Naofa sa spás urnaí.
- Roghnaigh cúigear léitheoir. Tá na léachtaí ar fáil thíos agus féadfar iad a thaispeáint, nuair is gá, ar an gclár bán idirghníomhach.

Comhartha na Croise

Iomann Oscailte: Can iomann/amhrán oiriúnach.

Múinteoir: Fáilte chuig ár seirbhís urnaí. Inniu déanfaimid machnamh ar an Aifreann, a dtugtar ceiliúradh na hEocairiste air uaireanta. Ar dtús, suifimid agus bímis socair agus ciúin. Is cuimhin linn go bhfuil Dia i láthair agus ár gcoinneal á lasadh againn. (Lasann an múinteoir an choinneal.) Fócas ar an gcoinneal lasta agus ansin b'fhéidir gur mhaith leat na súile a dhúnadh. Bí eolach ar láithreach Dé agus tú ag díriú aire ar anáil na beatha, bronntanas Dé, ag dul isteach trí do shrón agus ag teacht amach trí do bhéal. Tá do anáil ar cheann de na bronntanais go léir a thugann Dia duit ... Tá an tAifreann ar cheann eile de bhronntanais iontacha Dé ... Agus tú i do shuí go ciúin, an bhfuil bronntanais eile ann ar mhaith leat buíochas a ghabháil le Dia astu anois le do ghuth taobh istigh ... Agus na súile á oscailt agat, fócas ar sholas na coinne.

Léitheoir 1: Ag an Suipéar Déanach thug Íosa bronntanas a Choirp agus a chuid Fola do na deisceabail. Ansin dúirt sé: 'Déanaigí é seo i gcuimhne ormsa.' Seasaimis agus éistimis leis an scéal.

Léitheoir 1: Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh Lúcas.

Gach duine: (Agus Comhartha na Croise á ghearradh acu ar an éadan, na beola agus an t-ucht): Glóir duit, a Thiarna.

Léitheoir 1: Agus ghlac [Íosa] cupa, agus ar altú dó dúirt: "Togaigí é seo agus roinnigí eadraibh é; óir deirim libh, ní ólfaidh mé as seo amach de shú na fíniúna nó go mbeidh ríocht Dé tagtha." Ansin, thóg sé arán, agus ar altú dó, bhris, agus thug dóibh é ag rá: "Is é seo mo chorp atá le tabhairt ar bhur son. Déanaigí é seo mar chuimhne orm." Agus mar an

gcéanna an cupa, tar éis na proinne, ag rá: "Is é an cupa seo an tiomna nua i m'fhuil atá le doirteadh ar bhur son. (Lúcas 22:17-20)

Soiscéal an Tiarna.

Gach duine: Moladh duit, a Chríost.

Roinn an rang i ndhá ghrúpa chun an salm seo a leanas a léamh.

Múinteoir: Suimis agus molaimid Dia as a chuid maitheasa, agus roinnt véarsaí ó Salm 37 á rá againn.

Grúpa 1: Ná bíodh buairt ort faoi lucht an drochiompair;

ná bí in éad le lucht déanta na hurchóide;
óir dreofaidh siad go luath ar nós an fhéir
agus feofaidh siad amhail luibheanna glasa.

Grúpa 2: Cuir do dhóchas sa Tiarna agus déan an mhaith,
agus mairfidh tú sa tír go sábháilte.
Má thugann tú taitneamh don Tiarna
tabharfaidh seisean duit mian do chroí.

Grúpa 1: Taobhaigh do shlí leis an Tiarna;
cuir do dhóchas ann agus déanfaidh sé beart duit.

Grúpa 2: Glac suaimhneas sa Tiarna agus foighnigh leis:
ná bíodh ceist ort faoin té ar a mbíonn an séan,
ná faoin duine a chleachtann an choirpeacht.

Grúpa 1: Ná bí i bhfeirg,
óir ní thiocfaidh di ach dochar;
Óir disceofar lucht déanta an oilc
agus gheobhaidh lucht na foighne an talamh.

Grúpa 2: Stiúrann an Tiarna coiscéimeanna an duine
agus déanann slí an té is geal leis sábháilte.
Má thuislions sé ní leagfar ar lár é,
ós é an Tiarna é féin a thaca.

Gach duine: Glóir don Athair (Glóir don Athair, agus don Mhac...)

Múinteoir: Seasaimis anois agus guimis ar son riachtanas an domhain, faoi mar a dhéanaimid gach Domhnach ag an Aifreann nuair a ghuimid 'Guí an Phobail'.

Léitheoir 2: Guimis ar son an Phápa agus ceannairí na hEaglaise, go mbeidis spreagtha i



gcónaí chun lúcháir agus dóchas an Dea Scéil a thabhairt do gach duine. A Thiarna, éist linn.

Gach duine: A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

Léitheoir 3: Guímis ar son na seandaoine inár bpobal, agus ach go háirithe ar son seantuismitheoirí, go mbeidh sláinte mhaith agus go leor beannachtaí ina saol acu. A Thiarna, éist linn.

Gach duine: A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

Léitheoir 4: Guímis ar son gach duine, go mbeidis ag obair le chéile chun an domhan, an fharraige agus an spéir a chosaint, ionas go mbeidh acmhainní an chruthaithe i riocht maith do na glúnta atá le teacht. A Thiarna, éist linn.

Gach duine: A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

Léitheoir 5: Guímis ar son na marbh, go mbeadh solas na bhFlaitheas le feiceáil acu. A Thiarna, éist linn.

Gach duine: A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

Múinteoir: A Dhia ghrámhair, tá tú flaithiúil leis na rudaí maithe a thugann tú dúinn. Múin sinn a bheith sásta leis an méid atá againn agus a bheith flaithiúil sa tslí ina roinnimid le daoine eile. Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna.

Gach duine: Áiméan.

Múinteoir: Seasaimis agus tabharfaimis comhartha síochána dá chéile.

Agus comhartha síochána á thabhairt deirtear: 'Síocháin leat'.

Múinteoir: Seasaimis anois agus chun críoch a chur leis an urnaí bainimid úsáid as an méid a deir an sagart ag deireadh an Aifrinn. 'Imigí faoi shíocháin'.

Gach duine: Buíochas le Dia.

Amhrán: Can iomann/amhrán oiriúnach

Comhartha na Croise

